Focal Tosaigh

Imeasc na sléibhte i ndúthaigh Shliabh gCua atá Gleann Chárthainn, acht má theigheann an léightheoir ar a lorg is beag an mhaith dho a bheith 'ghá fhiafruighe “Cá'il Gleann Cárthainn annso?” mar níl 'san ainm seo acht ainm tacair, ar an ngleann in ar rugadh agus tógadh mé, agus in ar chaitheas mo shaoghal. Gheobhadh a bheith leis go n-aimseóchadh an léightheoir mo ghleann dúthchais agus ná h-aithneóchadh sé é ó'n cur síos atá déanta annso agam air; mar is dócha, mar is dual do scéalaidhe dem shórt, gur chuireas na dathanna ró-thiugh agus ró-lonnrach ar an bpeictiuir, agus gur leigeas an iomarca de'n srian leis an romansaidheacht im chur síos ortha súd a bhí ag áitreamh ann le linn m'óige, agus ar a gcúrsaí.

Acht, cé go bhfuil a bheag nó a mhór de'n bhfírinne sa tuairm seo, táim 'ghá dheimhinniughadh annso go bhfuil bunadhas fírinne i ngach aon eachtra atá curtha síos agam, agus dá aite iad cuid díobh súd atá luaidhte ins na h-eachtraí seo go raibh a lethéidí ann.

An Gleann
is a raibh ann.
.1.

Sean-fhear ag dul siar ar a smaointe.

Meascra eachtraí ag cur síos ar an saoghal i ngleann Chárthainn le linn m’óige.

An cuimhne is sia siar im cheann.

Is é atáim a chur romham annso, má's toil le Dia é, mile buidheachas leis, an uain a thabhairt dom agus mo mheabhair agus mo chuimhne d'fhagaint agam, ná scéal Ghleann Chárthainn agus na ndaoine a bhí ag áitreamh ann le linn m'óige a bhreacadh ar phár chomh maith agus is féidir liom san a dhéanamh. Tá saol fada caithte agam. Tá clann mo chlainne eirighthe suas in a bhfearaibh agus in a mnáibh. Is leor chun a chur i n-iuil gur iomdha Samhradh seimh agus Geimhreadh garbh atá feicithe agam ó'n lá a baisteadh mé thuaidh i seipéal Bhaile na h-Abhann.

Is mé an duine is sine dá bhfuil i a mbeatha sa nGleann annso anois, acht amháin mo shean-dhuine muinnteardha Dic Ó Siadhaile, siuinéir, agus tá sé sin trí ráithe níos sine na mé. Agus ó's rud é go rinneas tagairt do Dhic Ó Siadhaile, caithfead a rádh gurab é a shéid fúm tabhairt fé an obair atá fé láimh annso agam. Dá shon san, más obair gan éifeacht atáim ag tarraingt orm féin, bíodh cuid de'n milleán air sin chomh maith agus bheidh orm féin. Mar ta ráidhte cheana agam, tá Dic trí ráithe níos sine na mé, agus ó'n chéad lá chuadhas ar scoil go Baile an Droichid ni raibh aon triúr níba mhuinnteardha lena chéile na é féín agus mé féin agus Seán Baróid. Go ndéine Dia trócaire ar Sheán bocht; tá sé imthighthe ar shlighe na fírinne le fada de bhliantha; acht bead ag trácht go minic air ins na h-eachrtaí seo.

Níor chaitheas leath-bhliadhain dem shaoghal taobh ismuigh de'n ngleann annso agus pé cuairdeanna a thugas as, i rith mo shaoghail go léir, a chur le chéíle; dá shon san is beag a thárla ann lem linn nár chonnacas nó nár airigheas gach aon rud mar gheall air. Is aoibhinn liom anois, agus mé im shean-fhear caithte críona, dul siar ar mo smaointe agus cuimhneamh arís ar na daoine ghrádhmhara lághaca a bhí annso sa nGleann le linn m'óige, agus ar na laetheanta suairce a chaitheas ann nuair a bhíos óg, sár a fuaireas fios ceannuigh ar mhí-ádh agus ar chiapadh agus ar thrioblóidí an tsaoghail seo.

Má gheibheann aoinne a léighfidh an scéal so im dhiaidh aon phléisiúr nó sásamh ann, ní iarraim mar chúiteamh acht guidhe a chur

le anmain an scríbhneora, mar ní leagfaidh aoinne súil air go mbead-sa sínte sa chúinne thoir de'n Chill Dhubh le cliathán mo chéile Sibéal, an t-é b'ionmhaine liom dá raibh riamh ar an saoghal so.

Acht ná bíodh aoinne ag tnúth uaimse le scéal fuinte fighte, mar níl ionnam acht bromach maidir le céird an scéalaidhe. Bromach a thugann Dic Ó Siadhaile ar gach milleadh maide saoir adhmuid nár chuaidh le céird riamh. Agus sin é díreach mo dháltha -sa é, maidir leis an obair atáim a chur romham annso. Is ró-annamh a bhí an peanna im dhóid riamh agam. B'acillidhe go mór a bheinn ag gabháil do rámhainn nó sluasad nó le h-annlaí céachta. Acht déanfad mo dhícheall, pé cuma é, agus níor bh'feidir le Mór a dhéanamh acht san.

Is é an chuimhe is sia im cheann ná a bheith i mbaclainn mo mham agus scannradh orm ag féachaint ar theine mhór agus na lasracha ag imtheacht san aer aiste. Ní rabhas chúig bliadhna d'aois an uair úd acht tá cuimhne na teine go soiléir im cheann fós. Ár scioból-ne a bhí trí theine. M'áintín Máire ba chionntach leis an teine úd agus níor mhaith sí riamh di féin an buntáiste rugadh uirri. Bean iongantach b'eadh m'aintín Máire. Shíleas san nuair bhíos im leanbh, agus sílim fós é. bhí sí faid-ceannach, stuamdha agus ciallmhar thar aon bhean eile dem aitheantas i rith mo shaoghail go léir, agus is mór an focal é sin. Ba sin é an chúis is dócha gur chuir sé a leithéid sin de chorrbhuais uirthe a shimplídheacht agus chuir sí teine sa scioból. Bhí sí ag dul amach le dhá bhuicéid praisce go dtí ál banbhaí a bhí sa mbothán. D'airigh sí cearc ag glaodhach ar chlaidhe an gháirdín istig fé'n bhfál sceach a bhí ag fás air. Leag sí síos an dá bhuicéid sa macha agus seo fé dhéin na circe í ar lorg an nid. Bhí gach aon rud chomh tirim le piobar, mar lár an tSamhraidh a bhí ann agus níot thuit braon fearthanna le trí seachtmhaine roimhe sin. D'réir deallraimh nuair bhí sí ag cur na praisce ins na buicéidí as an gcorcán mór ar an teinteán, chuaidh spréach dhearg i n-acrann i slíghe éigin i dtóin ceann desna buicéidí, agus nuair leag sí ar an talamh sa macha é, seo an teine ó bhrobh go brobh treasna an

mhacha, agus isteach i gcarnán aitinn feoite a bhí caithte suas le falla an sciobóil. Nuair chas m'aintín Máire ó bheith ar thóir na circe, bhí an teine i gcleitín an sciobóil chinn tuighe, agus ní chuirfeadh arm Rí Liam as í. Dóghadh meaisín cáithte agus roinnt giúirléidí eile a bhí istig sa scioból. Ní gádh dom a rádh ná cuimhnighim-se ar na rudaí seo go léir. Níl im cuimhne acht an teine mhór agus an scannradh a bhí orm; acht ba an-mhinic in a dhiaidh san d'airigheas an scéal, go mór-mhór óm' áintín Máire féin, agus níor innis sí riamh é gan locht d'fháil uirthe féin i dtaobh chomh amalach agus bhí sí.

Ní cuimhin liom m'athair bocht ar aon chor. D'éag sé nuair ná rabhas acht bliadhain d'aois. Chuaidh se amach oidhche i mí na Feil' Brighde ag féachaint ar na caoirigh. Bhí cúpla ceann aca ag breith agus d'fhan sé an fhaid sin amuigh, agus é ag cur flich-sneachta, go

bhfuair sé an-leatha. Fuair sé fuacht millteach as a luigh ar a scartacha agus níor mhair sé acht deich lá. Bean de mhuinntir Fhógarta ó'n Leacain ar an taobh thuaidh desna sléibhte b'eadh mo mháthair. Ní raibh sí annso i Lios na Faille acht dha bhliadhain agus ghoill bás m'athar chomh mór san uirri go raibh sí lag-sprideadh gan mórán spleodair innte as san amach, cé gur mhair sí go raibh aos maith aici.

Mo shean-athair, m'áintín Máire agus mo mháthair agus mé féin a bhí sa tigh nuair bhíos im leanbh. M'áintín ba mhó a bhíodh thimcheall gnótha an tighe i gcomhnuidhe. Bhíodh mo mham ag fuaghail agus ag cniotáil agus ag gabhail do rudaí mar sin, gur is

cuimhin liom gur minic ag bhrathas na deora in a súile agus i ag obair. Deirbhsiúr dom athair b'eadh m'áintín Máire. Is minic d'airgheas í 'ghá rádh go raibh sí deich mbliadhna níos óige ná m'athair. Bhí triúr idir m'athair agus í féin agus fuaireadar bás in aon seachtain amháin leis an bhfiabhras dearg - “slán gach áit in a 'nistear é” mar deireadh na sean daoine. bhí sí seacht mbliadna níos óige ná mo mháthair, acht má bhí féin ba mhó go mór a ghéilinn-se dhi námar dhéininn dom mháthair agus ba mhó ar fad an eagla bhíodh orm roimpi ná mar bhíodh orm roimh mo mham bocht. Bhíodh sí ag síor-rádh lem mháthair go raibh sí im mhilleadh lena cuid peataireachta, acht is dóigh liom dá leagfainn an tigh ná leagfadh sí sin barr

méire orm. Acht dá mhéid é an smacht a bhí ag m'áintín Máire orm, bhí an-chion agam uirthi, agus nuair bhínn i bponc nó i dtrioblóid éigin neamh-ghnáthach is chúiche a rithinn lem scéal agus ní chun mo mháthar. I slighe éigin thuigeas, cé ná raibh ionnam acht leanbh, go raibh a daethen de thrioblóid ar mo mháthair cheana féin gan mise a bheith ag cur mo thrioblóidí féin uirthe chomh maith. Ní raibh focal crosta riamh im chuimhne-se idir mo mháthair agus m'áintín Máire mar gheall orm-sa, ná aon rud eile. Thuig mo mháthair go maith gur ag m'áintín a bhíodh an ceart.

B'iongantach an bhean í m'áintín chun gnótha tighe a dhéanamh. Bheadh rud déanta aici fhaid agus bheadh duine eile ag féachaint air. Agus dá mba amuigh sa ngort féin é, ag ceangal arbhair, nó ag cur sciolthán in iomairí báin – céird atá imthighthe ar ceal anois - bhí sí ábalta ar cheann cuinge a choimeád le aon fhear. Ní gádh dhom acht mo shúile a dhúnadh agus chím arís í, dar liom, síos agus suas sa sean-chistin annso mar a bhfuilim im shuidhe anois ag scríobh, í chomh díreach le fuip, ceann ciar-dubh gruaige uirri srón díreach uirri, í go geal-gháireach agus a fiacla chomh geal le lítis agus sála a bróg a baint fuaime as leachaca an úrláir, leis a bhfuinneamh a bhíodh fúithe de gnáth.

B'uaigneach an saoghal a bhí agam nuair bhíos im leanbh sar a chuadhas ar scoil, agus níor cuireadh ar scoil mé go rabhas sheacht mbliadna d'aois. Ní raibh deartháir ná deirbhshiúr agam ná aon leanbh eile gairid dom a bheadh ag sugradh im fhochair. Bhínn ag sugradh im aonar. Bhí srutháinín ag rith síos le cliathán an bhóithrín a bhí ag dul thar an ngeata, agus b'iomdha uair a' chloig a chaitheas ag gabhail do, ag cur coraí leis, ag déanamh droichidíní agus linndéirí thairis, ag d'iarradh breith ar na bricíní agus ar na cailleacha ruadha agus ar na h-eascúin deamhain a bhíodh ann, cé go mbíodh eagla orm roimh na h-eascúin deamhain. Bhíodh ribí deamhain sa sruthán, rudaí mar ribí as mhuing nó earball capaill acht beatha a bheith ionnta. Dheireadh Liam Beilbí gur ribí de rón capaill iad agus go dtagadh beatha ionnta nuair bheidís an fhaid sin aimsire san uisce. Chuireas féin ribí as earball na lárach báine fé chloich sa sruthán agus bhíos ag faire ortha ó lá go lá, acht dá bhfanfainn ag

faire ortha ó shoin ní thiocfadh aon bheatha ionnta. Dá óige bhíos an uair úd, rith sé liom go raibh breall ar Liam Beilbí maidir leis na ribí deamhain. Dúbhairt sé liom nuair a bheinn ag siubhal cos

nochtaithe san uisce aireachas a thabhairt dom féin ar a gconach, rud a bhí san uisce a raghadh in achrann im chois agus a shúmfadh mo chuid fola. Ní feachas an conach riam sa srutháinín. Mar a fuaireas amach i bhfad in a dhiaidh san, is dócha gurab é an rud a bhí Liam Beilbí ag tagairt do ná rud ar a nglaodhtar “Leech” i mBéarla.

Chuirinn árd-shuim ins na h-éin a bhíodh ar fuaid na h-áite: gealbháin, agus spiodóga, smólaigh agus lona dúbha, dreoilíní agus siobháiníní glasa agus éiníní na fearthanna, agus ins an nGeimhreadh druideanna, agus seacáin seaca agus pilibíní míoc, agus na fáinleoga agus na fuiseoga sa Samhradh. M'áintín Máire a mhúin na h-ainmneacha go léir dom. Rinn' Liam Beilbí cléibhín dom chun breith ar na h-éanlaithe. Thaisbeáin sé dhom cionnus an “baitín bradach” a chur ar inneall. Bhíodh sé curtha suas agam le linn seaca sa ngáirdín agus spiodóga agus gealbháin ba mhó theigheadh ann. Rugas ar cúpla lon dubh agus bhí uaim cás d'fhághail chun iad a chur isteach ann, acht chuireadh m'aintín Máire d'fhiachaibh orm gach aon éan beag agus mór, a mbíodh beirthe ortha sa chleibhín, a scaoileadh chun siúbhail arís. Bhíodh sí 'ghá rádh i gcomhnuidhe nár cheart

priosúnach a dhéanamh d'aon éan bocht agus cead a sciathán a bhaint de, gur ab fhearr é a

mharbhughadh. Chuir sí an ceacht san i bhfeidhm ionnam-sa go maith mar riamh ó shin is gráin liom éan d'fheicsint i gcás.

B'iongantach liom nuair d'airighinn an chuach dho'n chéad uair san Earrach. D'aireochá ag glaodhach í gach aon lá rith an tSamhraidh annso sa nGleann. Bhí cuid maith crann idir coillte is eile sa nGleann agus taithnigheann áit mar sin leis an gcuach. D'innis m'áintín Máire dhom cionnus mar ná déineann an chuach aon nead dá cuid féin, agus mar bheireann sí a h-ubh i nead éin eile. Bhínn ag síor-thnúth agus mé im gharsún, nead d'fhaghail a mbeadh cuach óg ann acht níor eirigh liom go rabhas im fhear meadhon aosta, nuair fuaireas cuach óg i nead gealbhan fáil i gclaidhe na h-iothlann. “Buachaill an Dreoilín” a ghlaodhtar ar gealbhán fáil annso sa nGleann.

Ba mhinic a bhíodh sean-Risteard Ó Siadhaile siuinéir, athair Dhic, ag cuardaigheacht againn sa nGeimhreadh nuair bhíos im leanbh. Bhíodh sé féin agus mo shean-athair agus Liam Beilbí an fear oibre a bhí againn ag seanchus cois na teine. B'é ba mhó a bhíodh ar siubhal ag sean Risteard ná scéalta i dtaobh sprideanna agus rudaí mar sin, agus b'é a bhí ábalta ar shlacht a chur ar scéal. Is cuimhin liom go mbíodh m'áintín Máire ag déanamh magaidh dá chuid scéalta i dtaobh na sprideanna agus na bpúcaí. Dheireadh sí nár bhféidir léithe a thuigsint gur ag teacht ó'n tigh tábhairne a chíodh gach aoinne na sprideanna agus ná feiceadh aoinne iad ar a shlighe chuige. Níor thuigeas-sa ar dtúis gur ag tagairt a bhíodh sí gurab é an t-ól ba chionntach leis na sprideanna a chídhtí ag teacht abhaile ó'n tigh tábhairne.

Bhínn-se ag eisteacht le scéalta shean-Risteird agus mé taobh istig de'm' shean-athair sa chúinne agus gan cniug asam. Chreidinn gach aon fhocal díobh, pé magadh a dheineadh m'áintín Máire dhíobh, agus bhíodh a leithéid sin d'eagla orm go mbéarfadh “Petticoat Loose” ar chul cinn orm ná raghainn taobh ismuigh de'n doras, aon uair amháin a bheadh an oidhche tuitithe, ar a raibh d'ór a bhí ag Déamar. Taréis báis mo shean-athar ní thagadh Risteard aníos chúgainn ag cuardaigheacht; agus nuair a bhíos ag eirighe suas ba mhinic a theighinn síos go tigh Siadhaile san oidhche i rith an Gheimhridh. B'an-áit cuardaigheachta tigh Shiadhaile. Bhíodh daoine ó'n chúrsanacht ann gach aon oidhche agus bhíodh na scéalta céadna ar siubhal ag sean-Risteard de ghnáth. Ba mhinic drithirníní i gcnámh mo dhroma leis an eagla nuair bhínn ag teacht abhaile aníos an bóithrín, taréis a bheith ag éisteacht leo. Bhíos eirighthe suas go maith sár a fhéadas an eagla a bhíodh orm roimh doircheadas na h-oidhche a cur díom, agus ar scéalta shean-Risteird Uí Shiadhaile tá a mhilleán agam. Ní ceart a bheith ag innsint scéalta de'n sórt san in aon áit a mbíonn leanbhaí. Níl muinntir na tuaithe chomh tabhartha do scéalta i dtaobh sprideanna agus púcaí agus bhídís fad ó nuair bhíos-sa ag eirighe suas, cé go bhfuil cuid de mhuinntir an Gleanna annso dona go leor sa t-slighe sin fós; acht is dócha gur buan beatha do shean- nósanna in áit iargcúlta mar Gleann Chárthainn.

Tá sléibhte mór-thimcheall an Ghleanna, iad árd ar an dtaobh

thiar agus thuaidh agus gan a bheith chómh árd san ar an taobh thoir agus theas. Tá radharc ó fhuinneog na cistine annso ar Chruachán agus an dá Mhaoil. Is iad san na sléibhte is aoirde atá thimcheall an Ghleanna. Nuair a bhíonn fearthainn ag druidim linn is é chéad chomharta a chídhfá, ná an ceo ag teacht aniar aindeas thar ghualainn Chruacháin. Tagann an ceo ar dtúis in a síoganna i ndiaidh a chéile. Ba iomdha scathamh fada a thugas ag luighe ar bhórd na cistine, mo dhá uillinn ar bhonn na fuinneoige agus mo dhá láimh fém' ghiall agam agus mé ag féachaint uaim suas ar na sléibhte. Nuair chídhinn na síoganna ceo úd ag teacht i ndiaidh a chéíle, shamhluighinn dom féin gur marcaigh ar chapaill bána iad ag gluaiseacht ar chos-ináirde. Cad as a thángadar? Cá raibh a dtriall? Cad in a thaobh an fuadar a bhí fútha? B'shin iad na fadhbanna a bhínn d'iarradh a réidhteach im aigne féin. Thagadh na síoganna ceo níos mire agus níos mire, agus níos giorra dá chéile, go dtí go mbíodh an cnoc go léír foilithe le ceo sa deire.

Shamhluighinn dom féín go raibh anam sa chnoc. Bhínn ag cuímhneamh ní fheadar an raibh uaigneas air amuigh annsúd, mar bhíodh orm féin uaireanta. Sa deire saghas duine muinntearda dhom b' eadh Cruachán. B'é an chéad rud a chinn nuair a theighinn go fuinneooig an t-seombra gach aon mhaidean tar éis eirighe as an leaba dhom. Agus ins na laethanta bréaghta sa Samhradh ba iomdha smaoineamh a bhíodh ag rith im cheann in a thaobh. Cad a bhí le feiscint ó n-a mhullach? Cad a bhí ar an taobh thiar de? D'airighinn mo dhean-athair a chur síos ar Thír na n-Óg agus cé nár thuigeas ró-mhaith gach a bhíodh sé ag innsint, i dtaobh na tíre iongantaighe úd, bhínn ag shamhlagadh dom féin gur bhféidir í d'fheicsint uaim san imigéin ó mhullach Chruacháin. Mé a bheith im aonar, gan aon leanbh eile im chuideachta, ba chúis do smaointe mar sin a bheith rith im aigne. Is é mo thuairim gur olc an rud leanbh a thógaint mar sin. Bíonn an iomarca taithighe aige ar a bheith ag féachaint siar isteach in a aigne féin, agus ag déanamh, mar a dhéarfá, saoghal dá chuid féin istig in a aigne agus in a chuimhne, agus leanann iarsmaí de'n tréith sin é rith a saoghail go léír. Bíonn an t-samhluigheacht ró láidir ann agus bíonn rudaí a déanamh buadhartha dó nár thárla

riamh agus ná tárlóchaidh choídhche. Ní nach ionga níor thuigeas na rudaí seo nuair bhíos im leanbh ná gi dtí bliadhanta in a dhiaidh san.

Nuair a sheasuighinn ar an strapa a bhí ag dul isteach sa pháirc ar an taobh thall de'n mbóithrín, chídinn síos uaim Búrcaigh Óga na Mónach Buidhe ag súgradh sa pháirc taobh thiar de'n tigh; ceathrar aca a bhíodh ann beirt gharsún agus beirt ghearrchailí, agus d'airíghinn ag liuirigh agus ag gáire iad. Ba mian lem chroidhe bheith in a bhfochair; agus bhínn 'ghá rádh liom féin gur bhreagh dhóibh é an saoghal a bhí aca seachas an saoghal uaigneach a bhí agam-sa. Acht níor rith sé amháin liom dul síos chúcha. Ní raibh idir á dtig-ne ag a dtig súd acht leithead ceithre pháirc agus an Fhaghair Ghlas, acht ón chéad lá a tháinigh ciall dhom thuigeas ná raibh aon bhaint againn-ne annso i Lios na Faille le Búrcaigh na Mónach Buidhe. Búrcaigh iseadh sinne leis - Búrcaigh an Leasa - agus Séamus de Búrc is ainm agus sloinne dhomh-sa. Bhí gaol i bhfad amach ag an dá mhuinntir lena chéile; acht nuair bhíos-sa im leanbh agus go dtí i bhfad in a dhiaidh san, ní rabhamar muinnteardha lena chéile. Ní raibh aon eolas agam-sa ar cad ba chúis leis an tuitim amach so gur innis Risteard Ó Siadhaile dhom é nuair bhíos eirighthe suas im fhear.

Mo chéad chulaith éadaigh

Bhíos níos mó ná seacht mbliadna d'aois sár a cuireadh ar scoil mé. B'é an chéad rud a chaitheadh a dhéanamh ná culaith nua dhfágail dom. Ní raibh aon bríste orm riamh go dtí so. Ní chuirtí aon bhríste ar gharsún annso sa nGleann san am úd de'n saoghal go dtí go mbeadh sé a seacht nó a h-ocht de bhliadhanta d'aois. Cótaí bhíodh ar na garsúin óga díreacht mar bhíodh ar na gearrachailí. Is mór idir an am úd agus an lá tá indiu ann maidir le na h-éadaighe a bhíonn ar gharsúin óga; ní

luaithe as an gcliabhán iad anois ná cuirtear brístí ortha. Ní ar gach aon leanbh a bhíodh bróga ná stocaí an uair úd acht an oiread. Is cuimhin garsún a bhíodh ag dul ar scoil im fhochair agus, le linn seaca féin, ní bhíodh bróg ná stoca air. Is cuimhin liom é d'feicsint ag siubhal cosnochtaithe ar an aiteann a bhíodh mar easair sa macha ag a athair. Bhí an croiceann a bhí ar bhuinn a chos chomh tiugh agus chomh ríghin sin agus ná faghadh na deilginí dul tríd. Acht níorbh é sin mo dhálta san é mar bhíodh bróga agus stocaí orm i gcomhnuidhe. Bhaininn díom iad anois is arís sa Samhradh acht ní raibh aon mhaith ionnam chun siubhal cosnochtaithe a dhéanamh. Ní raibh mo dhaethen taithighe agam air gus bhí buinn mo chos ró thindearálta.

B'amhlaidh thagadh an táilliuir go dtí na tighthe ag obair 'san am úd de'n saoghal. Ruaidhrí Eoghain an táilliuir a rinn' mo chéadh culaith éadaig. Is maith is cuimhin liom é mar ba mhinic a bhíodh sé ag obair ar ár dtigh-ne. Fear beag buidhe scrubanta do b'eadh é, féasóg scáinneach liath air, ciscéim bhacaidhe ann agus bata siubhail aige i gcomhnuidhe. Ruaidhrí Ó Corbáin do b'ainm agus sloinneadh do, acht ní ghlaodhtaí riamh air acht Ruaidrí Eoghain nó an táilliuir bacach; acht taobh thiar dá dhruim a ghlaodtaí an leas-ainm sin air. B'eadh eagla air aoinne é a ghlaodhach air suas lena aghaidh mar bheadh sé i gcontabhairt go bhfaigeadh sé buille dá bhata treasa na slinneán, nó bearradh a chuimneóchadh sé air. Dá shon san bhíodh bleagárdaí an bhaile 'gha árdacht nuair gheibhidís an chaoi chuige. Seo scéal in a thaobh d'airigheas go minic : le linn an chogaidh idir na Franncaigh agus na Prúisigh bhí sé ag ól i dtigh thábhairne Mhairtí i mBaile an Droichid. Bhí sé an-nimhneach i gcoinne na bPrúiseach. Nuair bhí sé fágaint an tighe tábhairne agus é ar leath-mheisce bhí Peaid na Brídighe

agus Tomás Dhomhnaill – beirt áithleoir ná raibh a leithéidí eile sa pharóiste – bhíodar taobh istig den chlaidhe ar an taobh eile de'n mbóthar. Nuair bhí sé imtighthe suas an bóthar leath-chéad slat nó mar sin liúghadar cómh árd a gcinn. "Shid e an Prúiseach!" Stad Ruaidhrí agus liúgh sé "id an Franncach!" agus anuas leis go dtí an áit ar airigh sé an chéad liúgh. Liugh sé arís agus arís eile 'Shid é an Franncach!" acth ní fheaca sé aoinne agus sa deire d'imthigh sé leis suas an bóthar arís. Leigeadh luigh eile thíos "Shid é an Prúiseach". d'fhreagair Ruaidrí an liugh agus anuas leis arís agus liugh sé 'Shid é an Franncach" trí nó ceathair d'uaireanta agus raid sé a hata ar an mbóthar agus cuaidh sé de léim sa mullach air agus d'fhógair sé cath fuilteach d'aoinne thogfad páirt na bPrúiseach. Acht chaith sé imtheacht gan aon sásamh d'fhághail. Bhí sé leath-chéad slat suas an bóthar nuair leigeadh an liugh arís. 'Shid an Prúiseach" agus thar n'ais leis arís. Choimeádadar síos agus suas an bóthar mar sin é ar feadh níos mó ná leath-uaire, lena chois bacach is eile, sar ar eirigheadar as.

Cheannuigh m'áintín Máire adhbhar mo chulaith nua i gCluainmeala agus bhí sé istig i bpáipear ar bharr an chubaird ar feadh cúpla seachtmhain sar a tháinigh an táilliúr. Bhínn féin ag féachaint suas air agus ag tnúth leis an dtáilliúir gach aon mhaidean. Is cuimhin liom go maith an mhaidean a bhuail sé isteach chúghainn. Tá an glór mór garbh in ar bheannuigh sé dúinn isteach ó'n tairsing im chuimhne go soiléir fós. Dá n-aireóchadh duine ag cainnt é, gan é a fheiscint, badh dóigh leis gur fathaigheach mór a bheadh ann. Ní h-amhlaidh san ar aon chor a bhí an firín bocht, mar b'ar éigin a bhí sé na chúig troighthe, agus ní raibh sé mar seo ná mar siúd ann, mar in fhochair é a bheith íseal bhí sé tanuighe scrubanta. Ní raibh a ghuth agus a cholainn d'réir a chéile gan aon amhras.

Nuair a bhí a bhreacfast ithte aige chuir sé mé im sheasamh ar lár an úrláir chun mo thuise a thógaint. Bhí sé im mholadh agus ag rádh gur árd gharsún mé agus go raibh an-dheallramh agam lem athair bocht. Lean sé air ag cainnt lem shean-athair gan aon stad agus é ag tógaint mo thuise. Dheireadh sé gach aon tomhas leis féin ós íseal tríd an gcainnt – ocht n-órlach go leith, ceithre órlach déag agus mar sin. Is in a dhiaidh sin a thuigeas brígh na bhfocal san

agus bhínn ‘ghá rádh liom féin cionnus a chuimhnigheadh sé ar na tuisí gan iad a scríobh síos. Acht dar ndóigh is dócha nach ró-shoiléir a chuimhnigheadh an fear bocht ortha. Is dócha sa saoghal úd fad ó, go mór-mhór in áit iargcúlta mar Gleann Cárthainn gur chuma le daoine órlach sa mbreis annso nó annsúd i gculaith éadaigh. Ní dhéanfadh san an gnó do ghaigí an lae indiu.

Nuair a bhí mo thuise tógtha aige leath sé an píosa éadaigh amach ar an mbórd, tharraing sé lintí air le píosa cailce agus ghearraigh sé é le siosúr mór a bhí aige in a phóca agus mise ag baint lán mo shúl as an obair go léir. Nuair a bhí an t-éadach gearrtha aige chaith sé dhe a bhróga agus seo in áirde ar an mbórd é agus thosnuigh sé ag fuaghail. Bhíos ag déanamh iongantais de’n slighe bhí a chosa fillte isteach fé aige. Bhínn d’iarraidh suidhe mar sin in a dhiaidh san, acht ní bhfuighinn mo chosa a choimeád casta mar bhídís ag an dtáilliuir. Thagadh crampaí ionnta.

Ní raibh aon mheaisín fuaghailte ag Ruaidhrí bocht ná aon trácht ar a leithéid de ghléas san am úd de’n saoghal. Lena láimh a dheineadh sé an fhuaghail go léir. Is cuimhin liom gur thugas fé ndear an méaracán gan tóin a bhí aige, agus gur chuaidh sé thar m’aintín Máire a mhíniughadh dhom cad in a thaobh gan aon tóin a bheith i méaracán táilliúra.

Níor chuaidh aon lagadh ar an dtáilliuir an fhaid a bhíodh sé ag obair acht ag cainnt. Bhíodh scéalta an pharóiste go léir aige, agus nuair ná bhíodh aoinne láithreach a bheadh ag eisteacht leis bhíodh sé ag crónán amhráin, cé gur neamh-bhinn an t-amhránaidhe é, mar bhí an guth ró gharbh aige. “Seán an bhríste leathair ” agus “Aonach Beárna Gaoithe” an dá amhrán a bhíodh ar siubhal aige i gcomhnuidhe.

Is dócha nach, nuair a bhí sé ag déanamh mo chéad chulaith nua, a bhrathas a thréithe go léir, mar ba mhinic a bhíodh sé ag obair in ar dtigh-ne le linn m’óige. Taobh thuaidh den chnoc, sa Leacain, a bhí sé in a chomhnuidhe agus pé áit sa nGleann annso a bhíodh sé ag obair bhuaileadh sé isteach ag cuardaigheacht chugainn ar a slighe abhaile dho. Theigeadh sé abhaile an t-ait-ghearr treasna treasna an chnuic i gcomhnuidhe agus ní bhíodh leisce ná eagla air tabhairt fé san oidhche lena chois bhacach is eile. Ní cuimhin ‘dé’n fhaid a bhí se ag déanamh mo chulaith

nua, ná ní cuimhin liom é a bheith sa tigh roimhe sin, cé gur dócha go raibh.

Nuair cuireadh mo chulaith nua orm deirim leat gur mé bhí go taidhbhseach. Acht bhrathas mé féin an-ait. Bhíos fáiscithe suas agus ní raibh cead mo chos agam leath chomh maith agus bhíodh agam ins na cótaí. Acht bhíos lán-toiltinneach cur suas leis na deacraí seo. Bhíos im fhear anois. Nuair chuireas mo dhá láimh i bpócaí mo bhríste bhíos chomh mór ionnam féin le Domnall Ó Briain. Ba shin cúiteamh i pé cosc a chuir mo chulaith nua ar mo chosa.

Ní cuimhin liom 'dé'n dath a bhí ar a gculaith éadaigh iongantach acht is cuimhin liom an boladh a bhí ó'n éadach. Agus is ait an rud le rádh é, gur minic go dtí an lá tá indiu ann nuair a bhím i siopa ag ceannach ball éadaigh nó a adhbhar, nuair a gheibhim boladh an éadaigh nua teighim siar ar mo smaointe i gan fhios dom féin, de phreib, agus chím arís an tsean-chistin seo mar a bhfuilim ag scríobh agus an tailliuir ináirde ar an mbórd ag fuaghail, agus mé fein agus mo chulaith nua orm, agus mothuighím arís ar feadh leath-nómant an mhór-chúis agus an taidhbhse a bhí orm an lá úd fad ó riamh.

Is ait mar leanann rudaí mar sin i gcuímhne duine, rudaí suaracha go minic, agus mar imthigheann rudaí tábhachtacha a bhain do, as a chuimhne sa slighe ná bíonn ionnta acht mar bheadh taidhbhreamh. Agus is ait leis mar a chuireann rud beag eile, rud beag éigin simplidhe mar blas, nó boladh nó port ceoil, i gcuímhne do dhuine rud eile a tharla bliadhanta ó shoin, chomh soiléir agus dá mba indé a thuit sé amach.

Nuair bhíos thimcheall deich mbliadna d'aois chuaidh Dic Ó Siadhaile agus Seán Baróid agus mé féin soir go dtí an Chúil-Mhóin ag piocadh fraochán. An-áit fraochán do b'eadh an taobh cnuic ar a nglaodtar an Chúil-Mhóin sa taobh thoir-theas de'n nGleann, agus is eadh fós. Bhí ceanastar stáin an duine againn. Líonamar iad gan mórán duaidh agus d'itheamar ár lán-daethen desna fraochháin. Is iongantach iad fraocháin chun ocras a chur ar dhuine. Táid chomh dona leis an bhféar gorta bhíonn ar na sléibhte. Dá shon san bhí an triúr againn ag luasadh leis an ocras nuair rangamar ag tigh na mBaróideach. Bhí sé le linn luighe gréine agus bhí máthair Sheáin

ag nighe ime ar an steilling taobh istig de dhoras an “dairy”. Bhí sí taréis cuigne a dhéanamh. Thuig sí ár gcás láithreach.
“Dhéarfainn go bhfuil ochras orraibh a gharsúna” ar síse “agus ná cuirfeadh sibh i gcoinne caidhte aráin is ime.”

Chuaidh sí isteach sa chistin agus thug sí amach léithe trí chaidhte móra de chíste pliúr agus scian. Chuir sí an t-im ortha as an tobán go breagh tiugh agus shín sí chúgainn iad. Níor bhlaiseas riamh im shaoghal, dar liom, aon bhiadh ba dheise ná an caidhte aráin úd agus an t-im friseáilte air. Tá a bhlastacht agus bhí sé im chuimhne go dtí an lá tá indiu ann; agus is minic ó shoin nuair a bhlaisim im friseáilte go bhfeicim os comhair súl mo chuimhne, máthair Sheáin agus a muinirtlí fillte suas aici ag í ag obair ar an im sa tobán leis an scimín, Seán féin in a sheasamh suas le ursain an dorais agus solus dearg na gréine ar a aghaidh, Dic Ó Siadhaile in a shuidhe ar an dtairsing ag a chosa, agus mé fein im shuidhe ar leath-laidhe na trucaille os a gcomhair amach, agus an triúr againn ag cogaint ar ár ndicheall agus gan focal asainn. Is iomdha bliadhain fhada ó shoin. Is iomdha cáirt uisce atá taréis gabhail síos fé Dhroichead na Cille agus is iomdha Geimhreadh garbh agus Samhradh séimh a chonnacas, acht tagann an pictiuir úd os comhair mo chuimhne chomh soiléir, chomh beo san, agus dá mba ná beadh acht seachtmhain ó bhíomar ag piocadh na bhfraochán agus ag ithe an aráin agus ime an tráthnóna gréine úd fad ó

Bhíos i dtaithighe mo chulaith nua taréis bheith ‘ghá caitheamh ar feadh cúpla lá, agus bhí se leagaithe amach go raghainn ar scoil go Baile an Droichid ar an Luan a bhí chúgainn. Tá Baile an Droichid dhá mhíle ó’n tigh seo againne. Bhí aithne mhaith agam ar an áit mar ba mhinic a ghabhas thairis ag dul chun an Aifrinn i mBaile na h-Abhann, atá trí mhíle eile ó thuaidh uaidh. Ba bheag Domhnach le cúpla bliadhain roimhe sin nár tugadh chun an Aifrinn mé i bhfochair mo mham agus m’áintín Máire. An láir bhán agus an trucaill a bhíodh againn agus mála tuighe mar shuidheachán; ní raibh aon trácht ar chearranna sa nGleann an uair úd. Is cuimhin liom go maith nuair

fuair Seán Mór Breathnach an “side-car” nua, an chéad gléas iomchuir dá shórt a bhí riamh i nGleann Chárthainn.

Ba ghráin liom a bheith ag cuimhneamh ar dhul ar scoil. Mar atá ráidhte cheana agam ní raibh aon taithighe agam ar leanbhaí eile agus bhí scáth agus eagla orm dul imeasc scata mór de gharsúin strainséartha. Ní bhfuighinn a thuigsint ‘dé an gádh bhí le scoileanna ar aon chor. Shíleas gur bhreágh an saoghal dom é dá bhfaghainn leanamhaint orm im aonar mar bhínn go dtí so, ag lorg nead éan, ag gabhail do’n srutháinín ar taobh an bhóithrín agus ag féachaint amach ar na sléibhte ó fhuinneoig na cistine. Ba mhinic roimhe sin nuair chídhinn Búrcaigh óga na Monach Buidhe, agus iad ag sugradh sa pháirc taobh thiar dá dtig, go dtabharfainn an saoghal go léir a bheidh thíos in bhfocair. Bhí áthrúghadh aigne agus meoin tar éis teacht orm. Bheinn sásta fuireach im aonair go deo na ndeo acht gan mé a chur ar scoil. Acht dar ndóigh is minic a thagann malairt meoin ar shean-duine críona gan trácht é a theacht ar leanbh seacht mbliadhna d’aois. Is minic leis buaidhirt agus trioblóid i gcroidhe leinbh nach féidir leis a nochtadh le h-aoinne mar ná tuigeann aoinne é. Nuair bhínn-se ag rádh gur bhfearr liom go mór fuireach sa mbaile i gcomhnuidhe seachas bheith ag dul ar scoil, b’amhlaidh bhídís ag magadh fúm. Ní raibh dada le déanamh agam acht brúghadh fúm chomh maith agus d’fhéadfainn. An rud a bhí romham chaithfinn dul tríd cé gur briseadh croidhe dhom é

Mo Chéad Lá ar Scoil

Nuair bhíomar cois na teine istoidhche Dé Domhnaigh roimh an Luan uathbhásach úd bhí aragóint idir mó mháthair agus m'áintín Máire i dtaobh cé aca a raghadh liom go dtí an scoil ar na bháireach. Dúbhairt m'áintín gurabh é ceart mo mháthar dul liom acht sa deire thiar thall chaith sí géilleadh dom mháthair go raghadh sí féin liom. Mheall mo mham le bladhar í agus shásuigh an socrúghadh san mise, mar b'fearr liom m'áintín a bheith im fochair in ócáid dá leithéid ná mo mháthair. Ba mhó an muinighin a bhí agam aiste agus ba mhóide mo mhisneach í a bheith im fhochair.

Ba bheag a chodailigheas an oidhche úd. Tháinigh an mhaidean. Chuireadh mo chulaith nua orm agus taréis mo bhreacfaist nígheadh agus glanadh mo lámha agus m'aghaidh agus cíoradh mó ghruaig. Chuireadh mo mháilín thar mo ghualainn agus seo chun bóthair sinn, mé féin agus m'áintín. Ghabhamar síos an bóithrín go dtí an bóthar mór. Cúpla céad slat ó'n gcúinne, mar a dteigheann an bóithrín amach ar an mbóthar mór, bhí tigh Risteird Uí Siadhaile siuinéir. Tá an tigh ann fós gan mórán de áthrúgadh air taréis na mbliadhanta go léir. Bhí Dic, mac Risteird, comhnaois liom féin, ag fuireach linn ar an mbóthar. Dúbhairt mo mham leis fuireach linn agus í ag teacht ó'n Aifreann an lá roimhe sin. Bhí Dic ag dul ar scoil le bliadhain romham-sa. Ba mhinic a chídhinn é agus sinn ag teacht ó'n Aifreann agus ba mhinic a thugamar marcuigheacht do féin agus dá mháthair nuair bhímís ag dul chun an Aifrinn nó ag teacht abhaile. Acht ní rabhas ró-dhána air in a taobh san. Bhínn strainséartha i gcomhnuidhe, agus bhíos rith mo shaoghail, le daoine ná beadh aithne mhaith agam ortha. Ba mhinic, dá shon san, gur casadh liom go rabhas dorcha neamh-lághach agus mór ionnam féin. Acht is dócha ná bíonn neart ag duine ar a mheoin.

D'imthigheamar linn, an triúr againn, agus Dic ag síor-chur cainnte orm féin acht bhí mo chroidhe bocht ró-dhubrónach an mhaidean úd agus ba bheag an fonn cainnte bhí orm. Shíleas ná rabhamar cúig nómantaí ar an mbóthar go dtí go rabhamar ag gabhail tar an droichead agus ag déanamh ar an scoil annsúd ar thaobh an bhóthair.

Tigh mór árd mar muileann do b'eadh an scoil i mBaile an Droichid. Bhí an bheann leis an mbóthar agus ins an mbinn sin bhí an doras ag dul isteach go scoil na mbuachaillí. Bhí ainm na scoile i mBéarla scribhte le péint bhán ar chlár dubh cúpla troigh os cionn an dorais. Bhí scoil na ngearrachailí ináirde staighre, agus a doras san sa mbinn eile agus staighre cloiche ag dul suas chúige. Níl rian na sean-scoile i mBaile an Droichid anois. Thógadh scoil nua ann bliadhanta ó shoin. Ní gádh dhom a luadh nárbh' é ar mo chéad lá ar scoil a thugas fé ndear na rudaí seo go léir.

D'oscail Dic Ó Siadhaile an doras agus chuaidh sé isteach. Chuir an geon a tháinigh amach nuair d'oscail sé an doras uamhan orm. I gceann cúpla nómant tháinigh an maighistir amach go dtí an doras agus chroth sé lámh lem áintín agus dhún sé an doras in a dhiaidh agus sheasuigh sé taobh ismuigh de ag cainnt léithe. Fear teann téagartha cuíbheasach árd do b'eadh an maighistir. Bhí féasóg ghairid dhubh air agus fo-ribe liath tríthe. Seán de Paor do b'ainm agus sloinne do, cé ná tugadh na scoláirí riamh air acht an Paorach. Ba shin é a tugadh an pobal air leis nuair bhídís ag trácht air taobh thiar de.

Bhí sé féin agus m'áintín Máire ag seanchus ar feadh tamaill agus mise im sheasamh go cuthail lena taobh agus greim docht agam ar a gúna. Annsan d'innis sí m'ainm agus mo shloinne ag m'aois do agus ghabh sí a leath-scéal i dtaobh gan mé a chur ar scoil níos túisce, acht ná rabhas ró láidir go dtí so. Nuair a bhí deire ráidhte aici leis an maighistir, d'fhág sí slán agam-sa agus dúbhairt sí liom a bheith im bhuachaill mhaith agus d'imthigh sí. Nuair chuaidh sí as mo radharc timcheall an chúinne tháinigh ualach agus scamall ar mo chroidhe agus shíleas ná feicfinn lá geal go bráth arís. Rug an maighistir ar láimh orm agus thionnlacan sé isteach sa scoil mé. Badh dóigh le duine go raibh dhá cheann orm an t-slighe bhí na scoláirí go léir ag baint lán a súl asam, agus tháinigh lasadh im aghaidh le náire. Thug an maighistir leis mé agus chuir sé im shuidhe mé taobh le Dic Ó Siadhaile. Ní ró-chruinn a chuimhnighim ar cad a thárla as san go dtí gur leigeadh amach ag sugradh sinn um eadarach. Bhí na garsúin mhóra ag ciceáil caid istigh i bpáirc taobh thiar de'n scoil. Bhí na garsúin bheaga

agus na gearrchailí ag sugradh ar an mbóthar. Bhí cúpla caidhte aráin agus ime im mháilín acht ba bheag an fonn ithte a bhí orm. Ba bheag de sna scoláirí a bhíodh ag dul go scoil Bhaile an Droichid an uair úd a mbíodh im ar an arán aca. Arán tur a bhíodh ag a urmhór. Cheannuigheadh aoinne a mbíodh leath-phingin aige leath-bhríc aráin friseáilte i siopa Mháire an t-Shuíbhnigh, ach ní ró-fhairsing a bhíodh na leath-phinginí ag scoláirí scoile an tráth úd de'n saoghal. Bhíos féin im fhear saidhbhir an lá úd. Bhí ceithre pingne im phóca agam; fuaireas dhá phingin ó'm mháthair agus mé ag fágaint an tighe ar maidin, agus thug Liam Beilbí, an fear oibre a bhí againn, pingin dom agus tug mháthair Dhic pingin eile dom ag mé ag teacht ó'n aifreann indé roimhe sin. Thug Dic isteach i siopa Mháire an t-Suibhnigh mé agus cheannuigheas luach dhá phingin de mhilseán ar a nglaodtaoí "steótar" Geobhfá dhá chána ramhra dhe ar phingin. Bhi dath ruadh air a bhí sé an-mhilis. Bhí chuid de sna scoláirí ag iarradh greamanna de orm, agus thabharfainn é go léir dhóibh go bog, mar bhi scáth orm an t-eiteach a thabhairt dóibh, acht ní leigfeadh Dic Ó Siadhaile dhom greim a thabhairt d'aoinne acht do bheirt nó triúr dá dhaoine muinnteardha féin. Bhí Seán Báróid ar dhuine aca. B'é an chéad uair agam é 'ghá fheicsint agus ó'n lá san amach bhíos an-mhuinnteardha leis féin agus Dic Ó Siadhaile. Dá óige bhí Dic an uair úd bhí an spleódhar agus an faobhar ann, agus a bhí ann rith a shaoghail go dtí an lá atá indiu ann. Bhagair sé cath fuilteach an lá úd ar aoinne a chuirfeadh isteach ná amach orm-sa.

Ghlaodhadh isteach orrainn. Ní cuimhin liom ró-shoiléir mórán eile de ghnótha an lae úd. Tá sé go léir im chuimhne mar a bheadh taidhbhreamh nuair a dhúiseochá ar maidin. Níor chuireadh ag foghluim aon cheacht mé. Fágadh i bhfochair Dhic mé gur leigeadh abhaile sinn. Nach orm a bhí an t-áthas cead mo chos a bheith agam arís. Chaitheas an dá phingin a bhí fágaithe agam ar mhilseáin agus d'itheas féin agus Dic Ó Siadhaile agus Seán Báróid iad ar ár slighe abhaile. Thugas an oidhche ag cur síos ar eachtraí an lae. Bhidhtí ag magadh fúm ar feadh tamaill in a dhiaidh san i dtaobh a rádh ghur ghreannmhar an tigh an scoil gan driosúr ná corcán ná bórd ann.

Chuireadh a foghluim mé ar na bháireach. Bhíodh m'áintín Máire

agus mo mháthair im mhúineadh ar feadh tamaill mhaith roimhe sin agus nuair a chonnaic an maighistir go rabhas ábalta ar an chuid is mó de'n chéad leabhar ag leigheamh chuir sé sa chéad rang láithreach mé i bhfochair Dhic agus Sheáin, agus ba mhór an sásamh dom é sin. Bhí Seán in a scoláire mhaith acht ní raibh Dic bocht acht leath-chuibheasach gach ao lá riam maidir le eolas d'fhoghluim as leabhar, acht bhí sé faid-cheannach agus tuigsionach agus b'iongantach an t-eolas a bhí aige ar ainmhithe agus éanlaithe fiadhaine agus rudaí mar sin. Ní raibh dul de maidir le céird siuinéara; ní raibh céardaidhe níos fearr ná é sa cheanntar. Tá peidhre roth trucaille annseo i Lios na Faille fós, a rinne sé ocht mbliadhna agus dachad ó shoin agus táid chomh maith indiu agus bhíodar an lá a rinneadh iad.

Chuadhas i dtaithighe na scoile in áit a chéile agus ní raibh uaim fuireach ag baile aon lá dem dheoin fein. Níor chuir na leabhartha mórán de dhuadh orm riamh, 'sé sin dá gcuirfinn m'aigne agus m'intinn san obair; acht bhíos tabhartha do'n leisce rud beag, agus fonn orm rudaí a chur ar an mhéar fhada. Acht níorbh' aon trioblóid dom coimeád suas leis an rang agus sin a raibh uaim.

Béarla ar fad a úsáidtí agus a mhúintí sa scoil. Ní raibh aon trácht ar Ghaoluinn a mhúineadh in aon scoil an uair úd. Bhí an Ghaoluinn ar a dtoil ag m'áintín Máire agus ag mo shean-athair agus ag Liam Beilbí. Ní raibh mo mháthair chomh líomhtha innte agus bhíodar san. Bhí sí ag gach aoinne sa nGleann. B'í a labharadh gach aoinne acht amháin cuid de'n aos óg a bhíodh ag dul ar scoil; acht bhí droich-bhéas ag teacht isteach in áit a chéile. Bhí na daoine fásta ag tosnúghadh ag labhairt Béarla leis na leanbhaí. Níor chabharuigh aon rud eile níos mó ná an béas so le marbhúghadh na Gaoluinne. Nuair a bhíodh mo mháthair agus mo shean-athair agus m'áintín ag comhrádh eatorra féin Gaoluinn a labharaidís i gcónaí go mór mhór nuair bhídís ag trácht ar rud éigin ná bíodh uatha go mbeadh fios agam-sa air; acht bhíodh breall ortha mar thuiginn-se gach aon fhocal a dheiridís.

Bhíodh scéal ag Liam Beilbí i dtaobh nuair a thuiteas anuas de'n strapa. Gearradh cúl mo chinn agus bhí fuil liom. Bhí Liam sa macha agus rith sé chugam nuair d'airigh sé mo

ag béiceadh.

“In ainm Dé cad a bhain duit?” Arsa Liam.

“Ó dar cnísc!” arsa mise “Thá mé marbh.”

Ba sin eascaine bhíodh ag liam i gcomhnuidhe agus phiocas suas uaidh í. Cé go bhfuil an gheadainn i gcul mo chinn fós ní chuimhnighim ar aon chor ar an dteipigint úd. Is dócha nach aon iongna san mar ní rabhas acht ceithre bliadna d'aois.

Ba dhona an meon a bhí ins na Gaedhil san am úd de'n saoghal maidir le labhairt na Gaoluinne. Is cuimhin liom cúpla lá roimh mo dhul ar scoil do'n chéad uair, mo mháthair agus mo shean-athair agus m'áintín Máire a bheith ag seanchus mar gheall orm cois na teine, agus is cuimhin liom mo shean-athair ag rádh na bhfocal so: “Déanfaidh sé sin seo dhínn ag labhairt Gaoluinne sa scoil.”

Nuair fhéachaim siar ortha anois is é mo thuairm gurab iad na bliadhanta a thugas ag dul go scoil Bhaile an Droichid na bliadhanta b'aoibhinne de'm shaoghal cé nár shíleas san an uair úd. Thug Dia meabhair cinn mhaith dom, míle buidheachas leis, agus níorbh aon trioblóid mhór dom mo cheachta d'foghluim. Tá sé le rádh agam dá chrostacht a bhí an Paorach nár leag sé barr slaite riamh orm i dtaobh gan mo chuid ceacht a bheith agam. Ní dheireann san nár thug sé léasadh dhom i dtaobh rudaí eile.

Bhí an Paorach crosta, canncarach nuair a bhíodh buile air. Ba mhinic a thugadh cúis do a bheith crosta mar bhí cuid de sna bleagárdaí ba mhó a shiúbhail an mhóin riamh ag dul go scoil Bhaile an Droichid lem linn-se. Is cuimhin liom ceathrar nó cúigear aca agus ní raghadh aon rud thársta; agus muna gcoimeádfaí smacht ortha ní fios cá stadfaidís. Acht theigheadh sé fhada leis an scéal uaireanta. Bhíodh sé an-dhian ar fad ar aoinne a bhíodh ar seachrán ó'n scoil. Ba bheag ná go marbhuigheadh sé na diabhail ghránna nuair gheibheadh sé greim ortha. Chuireadh sé ináirde ar dhruim gharsúin eile iad chun go mbeadh deis aige an baothán a théigheamh go maith dhóibh; agus annsan tharrainghíodh sé chuige an briste lena láimh clé chun go luigfeadh an tslait go ceart ortha. Ba mhinic píosaí agus paistí os cionn a chéile ar thóin bríste scoláire d'aon gnó chun

an nimh a bhaint as bhuille na slaite.

Bhí bean an Phaoraigh ag múineadh i scoil na ngearrchailíináirde staighre. Bean shéimh chneasta do b'eadh í agus an-chion ag a cuid scoláirí uirri mar b'annamh riamh a leagadh sí barr méire ortha. Bhaineadh cuid de sna cuirpigh a bhíodh fé phionós ag an bPaorach feidhm as trua a mhná, chun fuascail d'fhághail. Leigidís gach aon scréach allta asta d'aireochá so domhain thoir, agus nuair d'airigheadh an mhaighistreás a liuirigh ritheadh sí anuas i gcabhair dhóibh. Nuair chíodh an Paorach í ag gabhail tar an bhfuinneoig bhíodh deire leis an sciúrsáil láithreach.

Seo rud a tharla lá a chuirfidh i dtuigsint níos fearr an mianach a bhí sa Phaorach: bhí beirt gharsún taréis a bheith roinnt laetheanta ar seachrán ó'n scoil. Peatsaí Buitléir agus Tomás Ó Muirgheasa. Is cuimhin liom go maith an bheirt aca. Bhí a leithéid sin de ghráin ag Peatsaí ar an scoil agus go rinne sé iarracht ar a chois a briseadh i roth na trucaille chun ná beadh sé ábalta ar dhul ar scoil ar aon chor. Tháinigh a athair, Séamus Mór, leis an mhaidean so agus e ceangailte le téad agus istig i drucaill na miúlach. Fear mór garbh do b'eadh Séamus Mór. Bhí sé ar dearg-bhuile, agus taréis Peatsaí a scaoileadh, tug sé ar chluais é isteach sa scoil agus dúbhairt sé le binb ná fágfadh sé an láthair go bhfeicfeadh sé an maighistir ag baint an chroicinn anuas de leis an slait. Chuir an maighistir Peatsaí in a shuidhe agus ghlaodhaigh sé taobh ismuig de dhoras ar a athair. Bhain sé le deallramh gur chuir sé suaimhneas ar Shéamus Mór mar d'imthigh sé leis gan an sciúrsáil d'fheicsint.

Ní raibh sé imthighthe thar chuig nómant nuair a tháinigh máthair Thomáis Uí Mhuirgheasa agus greim aici ar láimh ar Thomás. Thosnuigh sé ag bladar leis an maighistir 'ghá iarradh air a phárdún a thabhairt do Thomáisín bocht an babhta so agus go mbeadh sé in a bhuachaill maith feasta. Níor thug sé aon gheall di agus d'imthigh sí sa deire. Ní raibh sí céad slat ó'n scoil nuair thug sé sciúrsáil do Thomás bocht; agus bhí an méid sin de'n mí-adh air nár tháinigh aoinne i gcabhair do dá mhéid a scréach sé. Níor airigh an maighistreas ar aon chor é. Níor leag sé barr méire ar Pheatsaí.

Acht b'fhéidir go raibh fios a ghnótha féin aige agus nach le contráltacht a rinn' sé, mar a rinn' sé, mar ní cuimhin liom Peatsaí na Tomás a dhul ar seachrán ó'n scoil as san amach.

Múinteoir an-mhaith do b'eadh an Paorach. Chuirfeadh sé rud isteach id cheann de d'aindeoin. An duine ná beadh sé ábalta ar é a mhúineadh ní mhúinfeadh aoinne é. Mhíneochadh sé rud dhuit fiche uair dá mba dhóigh leis nár thuig tú é. Acht dá ndéarthá gur thuig tú rud éigin agus go bhfuair sé amach in a dhiaidh san nár thuig tú é, scalladh teangan a chuimhneochá air ar feadh tamaill an rud ba lugha a bhí i ndán duit. Agus deirim-se leat gurab é a bhí i n-iuil ar dhuine a aoradh. Chuaidh cuid mhaith dá chuid scoláirí chun cinn go maith sa saoghal, i mbaile agus i gcéin agus d'airigheas ó chuid aca in a dhiaidh san gur ar a fhoghluimigheadar ag scoil Bhaile an Droichid a bhí a bhuidheachas aca.

Mar dúbhras cheana ní mhúintí aon Ghaoluinn i Scoil Baile an Droichid san tráth úd de'n saoghal agus pé eolas atá agam-sa ar léigheamh agus scríobh na Gaoluinne ní sa scoil sin a fuaireas é.

Mo chéad thurus go Cluainmeala.

Bhí sé geallta dhom go leigfí go Cluainmeala mé nuair bheinn ag dul ar scoil. Bhíos ag dul ar scoil ar feadh cúpla mí nuair cóimhlíonadh an gheallamhaint sin. Bhí mo shean-athair ag dul ann ag cur peidhre bróg dá ndéanamh. Bhí m'áintín Máire agus mo mháthair, mar ba ghnáthach ag cur an scéil trí na chéile féachaint cé aca a ragadh i bhfochair mo shean-athar; acht rinn' mo mháthair gach aon sórt leith-scéil i gcoinne dul go dtí an baile mór agus chaith m'áintín géilleadh dhi. Muna mbeadh práidhinn mhór ann, níor theasuigh óm mham bocht riamh dul go dtí Cluainmeala.

Bhí a fhios agam féin ar feadh seachtmhaine roimhe sin go mbeinn ag dul ann ar an Satharn a bhí in ár gcionn. Bhínn ag maoidheamh as lem chomrádaithe beaga sa scoil, agus dúbhairt Dic Ó Siadhaile go mbeadh sé féin ag dul ann i bhfocair a athar an lá chéadna. Bhí a athair ag dul fé dhein ualach adhmuid agus chaithfeadh Dic greim a choimeád ar an mhiuil an fhaid a bheadh a athair ag fághailt an adhmhuid ag an muileann, mar chuirfeadh fuaim na sáibhéirachta eagla uirri ag rithfeadh sí. Bhí Dic i gCluainmeala go minic roimhe sin. Taistealaidhe eolach do bheadh é seachas mise.

Thug Liam Beilbí agus athair Dhic pingin an duine dhom chun bollóige a cheannach do mhadra an Mhéara. Bhí mo shean-athair agus m'áintín Máire ag cur síos dom ar mhadra an Mhéara leis, agus 'ghá rádh liom go gcaithfeadh gach aoinne bollóg aráin a thabhairt do nuair raghaidís go Cluainmeala do'n chéad uair. Dúbhairt an bleagárd Dic go raibh sé chomh mór le laogh agus muna mbeadh an bhollóg agam do go n-íosfadh sé mé féin. Bhí uaim-se bollóg a thabhairt liom ón dtigh, acht dúbhairt m'aintín Máire ná déanfadh san an gnó ar aon chor, go gcaithfinn an bhollóg a cheannach sa mbaile mór.

D'eirigheamar go doich an mhaidean Sathairn úd. Is dóigh liom nach mórán a chodailigheas-sa an oidhche roimhe sin, bhí a leithéid sin de chorruighe orm. Maidean áluinn a bhí ann gan scamall sa spéir

Bhíomar ag fágaint an tighe ar a h-ocht a chlog. Bhí an láir bán fé'n dtrucaill ag Liam Beilbí agus mála tuighe treasna i lár na trucaille mar shuidheachán. Ar an mála tuighe a bhí m'áintín Máire in a suidhe agus shuidheas féin os comhair mo shean-athar agus mo chosa ar liobarnadh amach. Bhí uaim radharc maith a bheith agam ar gach aon rud, agus is dócha gur shíleas leis gur fhearamhla suidhe i dtosach na trucaille mar mo shean-athair, ná suidhe ar an mála tuighe i bhfocair m'áintín Máire.

Síos linn an bhóithrín, agus an láir bhán ag sodar leíthe go bríoghmhar, agus amach ar an mbóthar mór. Bhí mo chroidhe ag léimrigh le h-áthas. Bhíos ar an mbóthar go Cluainmeala sa deire. Ar ár ngabhail thar tigh Shiadhaile dúinn dúbhairt Maighréad linn go raibh Dic agus a athair imthighthe le uair a chloig. Bhí áthas orm féin Dic a bheith imthighthe; nuair a thangbheóchainn air sa mbaile mór bheadh an-lá againn i bhfochair a chéile. Acht nár bhréagh do Dhic gan gan madra tubaisteach úd an Mhéara a bheith ag déanamh aon tinnis do mar bhí sé ag déanamh dhom-sa. Síos linn go bun an ghleanna acht amach Beárna an Mhadra agus as san cois na Tonnóige go Baile an Droichid. Bhí an tsean-scoil ag féachaint gan an-chiuin, gan duine le feicsint thimcheall na h-áite acht Seáinín Ó Deágh agus é in a sheasamh i ndoras an t-siopa agus a ghualainn leis an ursain aige. Bhí an gabha ag deargaint na teine sa cheárdtain. Bhí búthaire mór dataigh ináirde díreach as an siminé agus bhí an bolg ag srannadhghail; agus sin ag gabhail thar an doras connacas Jim a' ghabha istig ag an teine agus an lasair dhearg ar a aghaidh.

Leanamar orrainn go Baile na h-Abhann agus b'adhbhar aoibhnis dom gach aon phéirse dhen mbóthar agus gach tor agus crann a bhí ar a thaobh, bhí a leithéid sin d'áthas agus de chorruighe im chroidhe. Bhí sean-aithne agam ar an mbóthar comh fada le Baile na h-Abhann mar ghabhas ann chun an aifrinn gach aon Domhnach le cúpla bliadhain roimhe sin; acht nuair ghabhamar thar an droichead mór bhíos i dtír iasachta. Ní ghabhas thar an droichead riamh roimhe sin. Ba mhinic a bhínn ag déanamh iongantais de'n méid súl a bhí ann seachas droichead Bhaile an Droichid, agus Droichead na Cille annso sa ngleann, agus gan ionnta acht an t-aon t-súil amháin. Bhí radharc cliathánach ar an Droichead Mór

ó Ard an t-Sean Phóna ag dul isteach go Baile na h-Abhann agus ba fhuiris na cúig súile a bhí ann a chóimhreamh.

B'iongantach an t-suim a bhíos a chur i ngach aon rud - na tighthe, na páirceanna móra, na crosairí, pompa ar thaobh an bhóthair ba chúrsaí iongantais iad go léir, go mór-mhór an pompa mar ní raibh a leithéid sa nGleann ná gádh leis. Bhí m'áintín Máire agus mo shean-athair cráidhte agam leis na ceisteanna a bhíos a chur ortha i dtaobh gach aon rud a chonnachas. Acht ni dh'iarrfadh mo shean-athair aon rud níos fearr ná a bheith ag cur síos ar rudaí mar sin go mór-mhór ar aon rud a bhain leis an sean-saoghal. Bhí sé ag miniúghadh gach aon rud dúinn, níos mó dom áintín ná dom-sa mar dar ndóigh ní rabhas thar seacht mbliadhna an lá úd. Bhí an iomarchadh corruighe ar mo chroidhe chun cuimhneamh ar gach aon rud d'innis sé dhúinn, acht b'mhinic d'airigheas trácht ortha in a dhiaidh san agus déanfad tagairt dóibh annso.

Thaisbeáin sé tigh mór dúinn a bhí cúpla páirc isteach ón mbóthar agus "avenue" ag dul isteach chuighe. Bhí deallramh na h-aindeise ar an tigh mór agus ar na tighthe eile thimcheall air. Ní raibh in a leath acht fothraigh gan cheann. Ní raibh aoinne in a chomhnuidhe san áit. Dúbhairt sé, an mhuinntir gur leo an áit sin ar dtúis, go mbíodh ceithre capaill fe'n a gcóiste aca. Bíodh conairt fiadhaigh dá gcuid féin aca agus na céadta acra talmhan. B'iad a thóg an falla a bhí ar feadh míle ar an taobh thoir de'n mbóthar. Bhí ceann cloiche ar déantús leath-liathróide móire ar bharra gach aon ceann desna pilléir a bhí leis na gearraí iarrainn a bhí ag dul isteach ins na páirceanna. Bhí na fallaí an lá úd agus an bhuaic imthighthe dhíobh agus bearnaí leagaithe ionnta. Bhí na clocha cinn imthighthe de'n chuid is mó desna pilléir agus claidhe déanta de chlocha fuara tógaithe eatorra in áit na ngeataí. Muinntir "Bhutler-Lowe" gur leo an áit sin ar dtúis. Bhíodar scléipeach, caithteach agus briseadh sa deire iad, agus chailleadar a raibh aca fé'n "Encumbered Estates Act". Bhí fear breágh óg ortha a liostáil san arm mar shaighiuir singil. Nuair a bhídhtí ag glaodhach an rolla ní fhreagaróchadh sé do "Richard Lowe" agus ba iomdhá pionós d'fulaing sé in a thaobh; acht sa deire d'airigh an cornail an scéal agus thug sé árdúghadh a ainm iomlán

“Richard Butler Lowe” a ghlaodhach air feasta.

Nuair a bhí an scéal so inniste ag mo shean-athair, theasbáin geata iarrainn dúinn ar an taobh thiar de’n mbóthar agus céimeanna cloiche ag dul suas go strapa a bhí ar thaobh de. Dúirt sé go mbíodh sprid ag an ngeata san agus gurab í a bhris cos Mhicil Mhártain, nuair d’fhógair sé troid uirri oídhche, agus é ag teacht ó’n aonach. Bhí aithne agam ar Mhicil Mhártain. Bhíodh bata aige i gcomhnuidhe agus bhí sé bacach. Ní raibh a fhios agam go dtí an lá úd cad a rinn’ bacach é, cé gur chuimhin liom sean-Risteard Ó Siadhaile a bheith ag cur síos ar sprid Geata na Staighridhe.

Tigh mór thighearna Chnoc Lochta an chéad tigh mór eile a chonnacamar. Bhí sé rud beag isteach ó’n mbóthar ar phort na h-abhann. Bhí caisleán mór os a choinne ar an dthaobh thall de’n abhainn imeasc mothar mór crann. Dúbhairt mo shean-athair gur le tighearnaí Chnoclochta an caisleán san anois acht an mhuinntir gur leo é ar dtúis go rabhadar i bhfad ní ba shaidhbhre ná tighearnaí Chnochlochta acht mar a rinn’ urmhór de uaislí na nGall in Éirinn chaitheadhar a raibh aca le scléip agus ragairne. An fear deireannach dhíobh a raibh an caisleán in a sheilbh Cornail Green chuirfeadh míle púnt síos ar cluiche cártaí ar ar chapall ráis. Bhíodh mac leis in a dhiaidh san ag seasamh le capaill ag an tigh ósta sa mbaile mór, agus bhíodh paca cártaí aige ag na ráiseanna.

Ghabhamar thar droicead mór eile annsan – Droichead Áth na Scairbighe- agus isteach taobh leis an abhainn ar Bhóthar na Coille. Bhí an bóthar ag dul trí coill mhór ar feadh trí mhíle nó mar sin, agus bóthar an-uaigneach iseadh é. Tá bóthar eile ó Chnoclochta go Cluainmeala ar an dtaobh thuaidh de’n abhainn. Bóthar na Mainistreach a thugtar ar an mbóthar san. Bhí mainistir mhór ar taobh an bhóthair sin fad ó acht leag na Sasanaig í. Ní h-é mo shean-athair d’innis é seo dhom. Ní raibh fios dada aige mar gheall air is dóigh liom. Ní bhfuaireas féin eolas air go ceann bliadhanta in a dhiaidh san. Níor múineadh dada dhúinn sa scoil i dtaobh an t-sean-saoghail in Éirinn.

Is cuimhin liom na h-ainmeacha bhí ar dhá thigh ar taobh bóthar

na Coille “Tigh na dtrí dhoras” agus “Tigh beag na Coille”

Tigh mór fada bhéad an chéad ceann. Bhí trí dhoras ann agus trí mhuinntir in a gcomhnuidhe ann. Tá sé in a sheasamh fós acht ní ann anois acht dhá doras. Bhí an tigh seo idir an choill agus an droichead. Bhí an dara tigh, mar a chuireann a ainm i n-iuil dúinn, ar taobh an bhóthair i lár na coille. Áit an-uaigneach do b’eadh é mar ní raibh aon tigh eile i bhfuigseacht cúpla míle dho ar aon taobh. An fear a bhíodh i bhfeidhil na coille a bhíodh in a chomhnuidhe ann. Níl fágtha de anois acht píosa de fhalla íseal.

Thomáineamar linn. Spuaic séipéil an chéad chuid de’n mbaile mór a chonnacas, agus nuair dhuideamar isteach níos ghiorra do chonnacas na céadta ceann tighe slinne. Bhí mo radharc ag leathadh orm d’iarradh lán mo shúl a bhaint as gach aon rud, go mór-mhór nuair bhíomar ag gabhail síos an t-sráid. B’ait liom cá raibh na daoine go léir ag dul; bhíodar ag gabhail soir siar, síos agus suas, na sluaighe dhíobh dar liom. Ghabhamar fé áirse mhór, agus bhíomar i sráid mhóir Chluainmeala. Thiomáin mo shean-athair an láir bán isteach fé áirse chúmang ar thaobh na sráide, agus thúirlingeamar istig i macha mór agus stáblaí ar gach taobh de. Scuir mo shean-athair an láir agus chuir sé isteach i stábla í agus tug m’áintín Máire mise léithe, síos an t-sráid agus greim docht agam ar a láimh. Ní raibh focal asam, acht mé ag féachaint ar gach aon rud mar a bheadh duine ag féachaint ar aisling. D’iompuig m’áintín Máire cúinne agus cúinne eile agus bhí sé ag rith im aigne ná féadaimís ár slighe a dhéanamh thar nais go dtí an áit ar fhágamar an trucaill. Bhúail sí ag doras agus leigeadh isteach sinn. Bean a bhíodh ag déanamh éadaigh agus hataí ban a bhí sa tigh sin. Chuir sí an-fháilte roimh m’áintín agus mhol sí mise agus dubhairt sí go rabhas an-dheallramhach lem athair. Ní cuimhin liom cad é an gnó a thug m’áintín chúiche acht is cuimhin liom go raibh éan mór glas agus gob cam air in a sheasamh ináirde ar bhata i gcúinne an t-seombra agus slabhra ar a chois. Acht chuir sé iongantas orm thar aon rud a chonnacas riamh, bhí sé ábalta ar labhairt. Bhí an bhean ag cur cainnte

air agus é ‘ghá freagairt. Chuir sé uathbás orm. Chonnacas pearóidí cúpla uair ó shoin agus d’airigheas ag labhairt iad acht cuimhneochadh go deo ar an iongantas a chuir an phearóid úd orm ar mo chéad turus go Cluainmeala.

Tháinigh m’áintín agus mé féin aníos an t-sráid arís agus thángbhuineamar ar mo shean-athair. Bhí Risteard Ó Siadhaile agus Dic in a fhochair. Cheannuigh m’áintín Máire cácaí milse a raibh cuirríní ar a mbarra dhom féin agus do Dic agus chuaidh mo shean-athair agus Risteard isteach i dtigh tabhairne. Chuaidh m’áintin síos an tsráid agus dubhairt sí liom-sa agus le Dic fanamhaint mar a rabhamar go dtiocfadh an bheirt eile amach as an tigh tabhairne. Ní raibh sé ró-fhada go dtángadar amach agus dúbhairt mo shean-athair go gcaithfeadh sé féin dul siar go dtí an Baile Gaedhealach ag cur peidhre bróg dá ndéanamh. Dúbhairt sean-Risteard go dtabharfadh sé Dic agus mé féin suas go dtí an stáisiún go bhfeicfinn-se an traen. Bhí Dic ag an stáisiún cúpla uair cheana agus ar ár slighe suas dúinn bhí sé d’iarradh a mhíniúgadh dhom-sa ‘de’n sórt rud an traen acht, is baoghal liom nach mórán suime a chuireas in a chuid cainnte. Bhí a chonnacas de rudaí neamh-coitchianta ag dul sa muileann orm.

Rangamar ag an stáisiún agus chuadhmar amach ar an árdán. Bhí Risteard ag miniúghadh dhom cionnus mar ritheann an traen ar na ráileanna iarrainn, acht mar dúbhras, bhí sé ag dul thar m’acfuinn na rudai nua go léir a bhíos a fheicsint a thuigsint, agus ní mórán suime a chuireas in a chuid cainnte. Is cuimhin liom gur thaisbáin sé clár bán dom sínte amach direach ó bhárr cuaile áird agus dúbhairt sé liom mo shúil a choimeád air mar go dtuitfeadh sé anuas nuair bheadh an traen ag teacht gairid do’n stáisiún. As san amach níos thógas mo shúil de’n chlár úd. Thuit sé anuas sa deire, Bhuail clog agus d’airigheas mar a bheadh tóirneach bodhar agus bhrathas an talamh ag crith fém’ chosa agus ba ghairid gur chonnacas chúgam an rud b’uathbasaighe dár chonnacas riamh. Leig sí scréach a chuir cling im chluasa agus isteach léithe sa stáisiún agus dathach agus gal ‘ghá gcur uaithe aici. Stad sí os ár gcomhair amach. Ní ró-shoiléir atá sé im chuimhne cad a thárla annsan, acht d’oscailigheadh dóirse, tháinig daoine amach aiste, chuaidh daoine isteach innte plabadh dóirse, leig sí scréach eile

aiste agus seo chun siúbhail arís í agus í ag cur puthanna móra dataigh aiste. Bhíos ar feadh tamaill agus ní raibh ionnam labhairt leis an uamhan a bhí orm. Acht b'adhbhar cainnte dhom, ar feadh i bhfad in a dhiaidh san ag baile, na h-iongantaisí a chonnacas ag stáisiún na dtraeneach.

Nuair thángamar anuas ó'n stáisiún, thangbhuigheamar ar mo shean-athair agus m'áintín Máire agus chuaidh an triúir againn ag ithe ár ndinnéar síos i soiléar a bhí thíos fé leibhéal na sráide. Ní cuimhin liom cad a bhí againn le n-ithe acht is dócha leis an iongantas agus an corruighe a bhí orm ag féachaint ar gach aon rud gur beag an t-suim a chuireas i mbiadh. Bhí soiléir fé urmhór na dtighthe i sráideanna Chluainmeala fad ó. Bhíodh biadh le fághail i gcuid aca agus bhíodh tuinncéirí agus gréasaidhthe agus daoine eile mar iad ag obair ina thuille aca. Ní déantar úsáid desna soiléir anois. Táid go léir dúnta suas ach b'fhéidir fo cheann fé tigh tábhairne mar a gcuirtear barraillí leanna.

Taréis an dinnéir thangbhuigh mé ar Dhic arís agus dúbhairt a athair leis mé a tabhairt síos go dtí an cé agus na báid a thaisbeáint dom. Ní raibh i bhfad le dul againn nuair a shroiseamar port na h-abhann. Bhí dhá bhád mhóra le cliathán an ché – sin é an ainm a dúbhairt Dic liom a bhí ar an bport árd a bhí déanta leis an abhainn – Chuireadar iongantas orm, mar ní feacaigheas bád beag ná mór riamh roimhe sin. Bhí gasra fear ag tógaint guail as cheann aca agus gasra eile ag tógaint málaí lána as an gceann eile agus bhíodar ag cur an ghuail agus na málaí isteach ins na tighthe móra árda a bhí ar an taobh thall de'n mbóthar. Bhí daoine isteach is amach ins na tighthe seo agus capaill agus trucailí ag teacht is imtheacht agus árd ghléithreán ar fad ins an áit. Shiúbhalas i bhfochair Dhic síos port na h-abhann. Bhí cárna móra adhmaid ann, agus bhí Dic 'ghá rá liom go bhfeaca sé, an uair dheireannach a bhí sé ar an gcé, go bhfeaca sé iad ag líonadh an adhmaid isteach i gceann desna báid. Bhíomar gairid do dhroichead mór árd a bhí ann, nuair chonnacas iongantas eile. Bhí thimcheall fiche capall ag siúbhal aníos port na h-abhann fé shúil an droichid agus bád mór, mar an dá bhád eile, 'gha tharraingt aca. Bhí aon fhear amháin in a

sheasamh istigh sa mbád agus greim aige ar chuaille fhada a bhí ceangailte i ndeire an bháid. Thuigeas in a dhiaidh san gur ag stiúrugadh an bháid a bhí sé, 'ghá coimeád i lár na h-abhann, acht is baoghal liom gur beag a thuigeas i dtaobh na h-iongantaisí go léir a chonnacas an lá úd fad ó.

Ghabhas síos Cé Chluainmeala cúpla bliadhain ó shoin agus chuir an deallramh a bhí ar an áit brón agus uaigneas orm nuair chuimnigheas ar chomh gnóthach agus bhídhtí ann lá dá raibh. Bhí féar glas ag fás ar an gcé. Bhí urmhór na dtighthe taobh leis dúnta suas, cláracha ins na fuinneoga i gcuid aca, agus gan in a thuille aca acht puill mhóra dhubha fholamha. Níor tháinigh aon cheann desna báid mhóra úd go dtí an áit leis na cianta, agus níl de rian ann, go dtagadh a leithéidí ann, acht na feacanna atá geárrtha ar na galláin cloiche ag na téada a bhíodh 'ghá gceangal. Is dócha go rabhadar ró-mhall, ró-amalach do'n saoghal atá anois ann.

Nuair chasas féin agus Dic bhí mo shean-athair ag gabhail na lárach agus sean-Risteard ag gabhail na miúlach fé'n ualach adhmuid, agus flúirse caint ag an mbeirt aca seachas mar ba gnáthach leo. Dá óige a bhíos thuigeas go maith cionnus mar bhí an scéal aca mar ba mhinic a chonnacas Liam Beilbí súgach, nó "maith go leor" mar deirtear annso sa nGleann, nuair a bhíodh sé ag an aonach. Cheannuigh m'áintín "púits" milseán an duine dom féin agus do Dhic, agus nuair a bhí gach aon rud i gcóir shuidheamarináirde agus thugamar an bóthar abhaile orrainn. Bhíos féin im shuidhe ar an mála tuighe i bhfochair m'áintín, agus ba ghairid a bhíomar ar bóthar nuair bhrathas mo súile ag dúnadh dem aindeoin. Leagas mo cheann in a binn agus thuiteas im shuan mharbh codlata, agus níor dhúisigheas go dtí gur dhúisigh cnagadh na roithe mé ag gabhail aníos an bóithrín i bhfuigseacht cúpla céad slat de'n tigh.

Bhí Liam Beilbí sa macha agus thóg sé an láir bhán óm' sean-athair.

"Seadh,a Sheamuisín" ar sé sin liom-sa "ar thug tú an bhollóig do mhadra an Mhéara?"

Is deacair a chreideáil é, acht cuimhne dá luighead ar an madra tubaisteach úd níor rith im cheann rith an lae go léir go dtí an

nómant san, dá mhéid tinnis agus buadhartha a bhí sé ag déanamh dom ar feadh na seachtmhaine roimhe sin. Chuir na h-iongaistí go léir a chonnacas, glan as mo mheabhair é. Fuaireas amach in a dhiaidh san ná raibh i madra an Mhéara agus a bhollóg aráin, acht magadh is ghnáthach a dhéanamh fé gharsúin óga ar a gcéad thurus go Cluainmeala, acht is nós é atá imthighthe ar ceal le fada.

Is dócha ná raibh taistealaidhe riamh a tháinigh a bhaile ó Mheirice nó ó'n Astraoile a raibh a leithéid d'eachtraí aige agus bhí agam-sa ar feadh seachtmhaine, nó níos mó, in a dhiaidh san, dom mham agus dom chomrádaithe beaga sa scoil. Shiúbhalas cuid mhaith de thalamh na h-Éireann ó soin, cé ná rabhas riamh thar farraige, agus is iomdha radharc áluinn a chonnachas acht níor dhada iad go léir, dar liom, seachas mo chéad thurus go Cluainmeala.

Bás mo shean-athar

Bíos thimcheall bliadhain go leith ag dul ar scoil nuair fuair mo shean-athair bás. B'é mo chéad eolas ar an mbás é. Níor thuigeas mórán in a thaobh dar ndóigh. Ní raibh ann acht adhbhar iongantais dom mar ní raibh ionnam acht leanbh. Acht faríor, tá a lán eolais faighte agam ar an mbás ó shoin. Is iomdha buachaill bríoghmhar agus cailín cannta i mbláth na h-óige sciob sé leis as an nGleann annso lem linn gan trácht ar aon chor ar na seanóirí caithte críona gur dhéirc dóibh suaimhneas taréis tubaiste agus annró an tsaoghail. Thóg sé leis gaolta agus cáirde b'ionmhuin liom agus níl fágtha dhíobh súd go léir d'éirigh suas im fhochair acht Dic OSiadhaile agus mé féin. Tá an bheirt againne anois mar Oisín i ndiaidh na Féinne. Táimíd as port, mar a dhéarfá, leis an saoghal thimcheall orrainn. Ní thuigimíd é ná ní thuigeann sé sinne.

Is cuimhin liom mo shean-athair a bheith tugtha do'n leaba ar fad roinnt laethanta roimh Nodlaig. Níor chuimhin liom é a bheith tinn riamh roimhe sin.Tháinigh an sagart chuige agus is cuimhin liom muinntir an tighe agus beirt nó triúr desna chomharsain a bheith suas thimcheall air ar feadh dó nó trí oidhcheannta; chuirtí mise a chodhla. Is cuimhin liom an oidhche seo gur dhúisigheas im leaba thuas ar an lochta. D'airígheas mar bheadh geon cainnte thíos fúm. Chuireas cluas orm féin. Ag padaireoireacht a bhíodar, agus b'iongna liom é. Bhí doras an t-seombra leath-oscailte agus bhí solus aníos an staighre ón gcistin. D'eirigheas agus síos an staighre liom im léine. Ní raibh aoinne sa chistin agus d'éaluigheas go doras an t-seombra mar a raibh mo shean-athair. Bhí mo mháthair ag léigheamh ós árd as an leabhar úrnaighthe a bhíodh ag m'áintín Máire ag an Aifreann agus bhí sí sin agus coinneal lasta aici 'ghá coimeád i ndoirn mo shean-athar. Bhí sean-Risteard Ó Siadhaile agus é ag crothadh uisce coisrichthe as bhuidéal agus Liam Beilbí ar a ghlúine ag cos na leapthan ag iad ag freagairt na liodáin a bhí mo mháthair ag léigheamh as an leabhar. I mBéarla a bhí mo mham ag léigheamh as an leabhar acht is cuimhin liom go maith Liam Beilbí agus "déin trócaire air, déin trócaire air" aige 'ghá freagairt i nGaolainn. Ní cuimhin liom 'dé'n tslighe bhí an chuid eile'ghá

freagairt. Níor thug aoinne fé ndear mé ag an dorus. Chuir mo mháthair deire leis na paidreacha agus sheasuigh m'áintín suas agus an choinneal lasta in a láimh. Ní raibh cniug sa seombra. Bhíos ag inniúcadh mo shean-athar. Ní raibh cor as. Shíleas gur in a chodhla bhí sé. Annsan thosnuigh sé ag piocadh clúdaighe na leapthan lena mhéaracha. Taréis cúpla nómant bhain sé searradh as féin ag shín sé é féin. Ní raibh cor as aoinne ar feadh tamaillín, annsan d'oscail sé a bhéal agus a shúile agus d'fhanadar mar sin.

“Thá sé imthighthe” arsa Liam Beilbí.
Tháinig uamhan agus uathbhás orm féin. Síos sa chistin liom agus ináirde staighre agus isteach fé sna clúdaighe sa leaba agus mo cheann foilighthe agam agus mé ag crith le scannradh nár thuigeas. D'airigheas ar feadh i bhfad daoine isteach is amach thíos fúm, acht thuit mo chodla orm sa deire agus bhí sé in a lá gheal nuair dhúisigheas.

Nuair a chonnachas mo shean-athair ar maidin bhí sé sínte ar an leaba ag aibíd dhonn air. B'ait liom é sínte annsúd gan cor as, é siúd a bhíodh chomh bíodhgamhail chomh bríoghmar san i gcomhnuidhe. Ní bhfaghainn a thuigsint cionnus mar bhí an scéal; chuaidh sé thar acfuinn m'intinne.

Chuaidh m'áintín Máire agus Risteard Ó Siadhaile go Cluainmeala leis an láir bhán agus an bosca colmais fé dhéin cóir tórraimh. Bhí na comharsain isteach is amach rith an lae go léir; na mná b'iomdha a tháinig. Is dóigh liom ná raibh bean tighe sa ngleann nár tháinig go dtí an tórramh am éigin i rith an lae sin. Bhí crónúgadh na h-oidhche go maith ann nuair a tháinig Risteard agus m'áintín ó'n mbaile mór. Bhí an bosca colmais lán aca agus thugas fé ndear roinnt cláracha ar bharra an ualaigh. Ní raibh a fhios agam cad chuige na cláracha. Ba ghairid gur thosnuigh na daoine ag líonadh isteach. Fir, agus mná óga, a bhí ar an gcuid ba mhó desna daoine a bhí ag an tórramh san oidhche. Bhíos féin agus Dic Ó Siadhaile ag tabhairt isteach uisce, agus scrathacha móna agus blocanna adhmuid i gcomhair na teine. Bhí bórd taobh thiar de'n doras i seombra an tórraimh agus bhí Micil Mártain in a shuidhe taobh thiar de

agus é ag gearradh tobac agus ag líonadh píopaí cailce leis, chun iad a riaradh ar raibh ann – sin é, ar na fearaibh mar bhí pláta snaoisín ann do sna mná. Ba ghairid go raibh an chistin go léir lán de dhatach na bpíopaí. Riartaí an snaoisín ar na mná istigh i seombra an tórraimh anois is arís. Ní raibh aon tórramh le linn m'óige sa nGleann nárbh é Micil Mártáin a bhíodh “os cionn cláir ann” 'sé sin gurab é a bhíodh ag gabhail do'n tobac agus na píopaí. Sin sean-nós atá imthighthe ar fad anois annso sa nGleann féin – tobac agus píopa a riaradh ar thórramh. Ba dheas an nós é dom dhóigh-se, acht is dócha gurab é daoireacht an tobac sa lá atá indiu ann a mharbhuigh é.

Ní rabhadh (rabhthas) ag imirt aon chleas ag tórramh mo shean-athar. Ba mhinic d'airigheas nuair bhíos im gharsún i dtaobh cleasa ag tórraimh annso sa nGleann. Bhíodh amhráin féin ar siúbhal aca. Acht bhí an nós ag dul ar ceal an uair úd féin. Ní bhíodh aon chleasa ar siúbhal ag tórramh aoinne gur chreach é; agus cé go raibh aos mór ag mo shean-athair, creach mhór do b'eadh é, mar fágadh an fheirm i dtaobh le beirt bhan agus leanbh. Ní gádh dhom a luadh gur i bhfad in a dhiaidh so a thuigeas na rudaí seo go léir.

Ní raibh suidhe shosa orm féin ná ar Dhic Ó Siadhaile rith na h-oidhche úd. Bhíomar d'iarradh a bheith annso agus annsúd ag féachaint ar gach aon rud agus ag eisteacht le gach aon rud. Acht is amuigh sa scioból a chaitheamar an chuid is mó de'n oidhche mar bhí Risteard an siuinéir ag déanamh an choifín ann. Chuige sin b'eadh na cláracha. Bhíodh roinnt fear in a fhocair ann i gcomhnuidhe mar bhíodh i bhfad níos mó suilt ann ná bhíodh istig sa chistin. Nuair a bhíodh cúpla braon ólta ag Risteard thabharfadh sé deas-chainnt do phobal an aifrinn. Bhíodh sé féin agus iad súd a bhíodh láithreach ag cur ar a chéile, féachaint cé aca abfhearr, ag déanamh deas-chainnte agus ag innsint scéalta greannmhar.

Riaradh fuiscí do nó trí uaireanta rith na h-oidhche. Beirt a bhíodh 'ghá riaradh; bhíodh coinneal ag duine aca agus crúsca agus gloine ag an duine eile. Bhíodh an choinneal aca chun solus a thabhairt do fhear an crúsca ar an ngloine a líonadh istigh ins na cuinní. Nuair a thógadh gach duine an gloine deireadh sé paidir: “Go ndéine trócaire ar an t-é

atá imthighthe” nó “Beannacht na ngrást le hanmhain na marbh” nó paidir eile mar sin sár a chaithfeadh sé siar é. Fuair gach aoinne a bhí ag an tórramh té leis, cé ná bhíodh sé leath chomh fairsing ag na daoine san tráth úd de'n saoghal agus tá sé anois. Chuireadh daoine go minic ualach fiadhacha sa chruit ortha féin chun fairisinge a bheith aca nuair a bhíodh duine leo 'ghá chur. Ní thabharfaidís le rádh nár cuireadh go galánta é nó í. Acht dar ndóigh táthar 'ghá dhéanamh san fós agus beithfar an fhaid agus bheidh uabhar sa chine daona.

Oidhche Nodlag a bhí mo shean-athair 'ghá thórramh. Thimcheall a deich a chlog nuair a bhí na daoine go léir bailighthe thosnuigh an fhearthainnn, agus as san go dtí raibh sé in a mhaidin gheal bhí an fhearthainn chomh trom agus bhí an oidhche chomh dorcha agus na fuigheadh aoinne an tigh d'fhágaint. Ba mhinic in a dhiaidh san d'airigheas trácht ar sin sa mbaile.

Bhíodh aifreann, nó b'fhéidir dhá aifreann, sa tigh in a mbíodh duine taréis báis sár a chuirtí é. Maidean lae na sochraide bhíodh an t-aifreann ann. Ní raibh aon aifreann ar mo shean-athair an lá cuireadh é mar cur lae Nodlag a bhí air. Chreid na daoine gur mhaith an rud cur lae Nodlag a bheith ar duine, go mba chomhartha é go raibh a chúrsa réidh ar an saoghal eile. Ba mhaith leo leis cur an Domhnaigh a bheith ar dhuine mar bheadh sochraid mhór aige.

Nuair d'fhág an tsochraid an tigh taréis eadaraigh lá Nodlag fágadh Peigí Bheag agus bean an t-siuinéara i bhfeidhil an tighe. Níor leigeadh mise go dtí an t-sochraid agus d'fhan Dic Ó Siadhaile im fhochair. Bhí an-lá againn gan éinne ag cur isteach ná amach orrainn. Ba bheag an t-suim a bhíos-sa ag cur sa té a bhí imthighthe, an lá úd. Acht dar ndóigh is mar sin is dual don' óige agus ní ceart san a thógaint uirri. Luighfidh tubaiste agus brón an t-saoghail uirri luath go leor.

Fuaramar píosa de chlár sa scioból ar déantús gunna, a tháínig as ghualainn an choifín. Chuir Dic slacht air le plána agus siséal le n-a athair a bhí ann, agus chuir sé spíce mar thricear

ann. Bhí se mar ghunna ar feadh í bhfaid ina diaidh san. Is cuimhin i dtaobh an gunna bréige úd i bhfad níos soiléire ná aon rud eile a bhain le tórramh mo shean-athar.

Oidhche an tórraimh do ghoid me féin agus Dic Ó Siadhaile píopa nua cailce de thobac. Dúbhramar le Micil Mhártain gur theastuigh sé ó dhuine éigin agus thug sé dhúinn é gan cheist. Chuireamar i bhfolach sa scioból é agus scathamh taréis imtheacht na sochraide fuaramar é. Bhí Peigí Bheag agus Máirghréad an t-siuiréara ag an teine thuas sa tseombra agus bhí an chistin fúinn féin againn. Mise a bhain an chéad thriail as an bpíopa. Chuireas spréidh air mar chidhinn Liam Beilbhí 'ghá dhéanamh agus bhí gach aon phuth mór agam 'gha tharraingt. Ní fada gur bhrathas rud éigin ait ag teacht orm. Thosnuigh an chistin, shíleas, ag casadh thimcheall orm agus an t-úrlár ag luascadh síos agus suas; tháinigh fuar-allus amach tríomh. Bhrath Dic cionnus mar bhíos agus rug se orm ag thug sé leis amach mé. Chaith sé greim daingean a choimeád orm nó thuitfinn. Thug sé leis síos san iothlainn mé agus chaitheas me féin ag bun na cruaithe, agus shíleas go rabhas ag fághail bháis. Acht i gcionn tamaill d'aiseagaigheas a raibh ar mo ghoile agus bhrathas mé féin i bhfad níos fearr. Thángas chúgam in áit a chéile acht cuimhneochad go lá mo bháis ar an dtinneas gránna déisteannach a bhí orm. Tháinigh aon mhaith amháin as; mar dhá bharra níor chuireas píopa im bhéal ó'n la úd go dtí an lá tá indiu ann.

Is cuimhin liom fós chomh h-uaigneach agus bhíodh an tigh ar feadh i bhfad i ndiaidh báis mo shean-athar. B'ait liom a shuidheachán follamh sa chúinne mar a mbíodh sé ina shuidhe gach aon oidhche. Bhíodh an poll beag a bhí 'san iarta taobh leis lán de phíosaí páipéir casta, chun a phíopa a dheargaint. Ní chuireadh sé spréidh dhearg as an teine riamh ar a phíopa mar chuireadh Liam Beilbí. Bhí an píopa agus na páipéir annsúd sa pholl agus fágadh ann iad ar feadh i bhfad in a dhiaidh san.

Bhíodh m'áintín Máire agus mo mháthair ag rádh liom go raibh mo shean-athair ins na flaithis i bhfocair Dé agus na Maighdine Ghlórmhaire acht i slighe éigin níor chuaidh an réidhteach san ar an scéal i bhfeidm im' intinn, mar b'amhlaidh a bhínn d'iarradh a réidhteach im aigne cionnus a bhí sé thíos sa pholl úd sa Chill Dhubh. An raibh uaigneas air

in ár ndiaidh díreach mar bhí orrainne in a dhiaidh sin; nó an amhlaidh bhí sé mar duine a bheadh in a shuan mharbh chodhlata gan mothúgadh ná cuímhneamh ar dhada aige. Ba mhinic smaointe de'n t-sórt ag rith im cheann, smaointe ná leigfeadh an náire dom a nochtadh le aoinne, mar bhíodh eagla orm gur amhlaidh bheidhfí ag magadh fúm dá mbárr. Níor thuigeas 'de r'd é an bás agus bhíos d'iarradh mo réidhteach féin dhéanamh ar an fhadhb gan mórán thoraidh dá fhágailt agam as mo shaothar.

Acht mar is dual do ógánach ní ró-fhada a luigh an brón orm. Scaip sé in áit a chéile d'réir mar bhí an t-am ag imteacht, agus bhí beo-chuimhne mo shean-athar ag dul i luighead ó lá go lá, go dtí gur ró-annamh a chuimnighinn ar aon chor air, agus nuair a chuimnighinn ní bhíodh an t-uaigneas orm ná an folamhas im chroidhe fe' mar bhíodh ar feadh cúpla seachtmhain nó trí taréis a bháis.

Lá an Phátrúin i mBaile na h-Abhann.

Ar lá Fhéil' Mhuire sa bhFoghmhar a bhíodh an pátrún i mBaile na h-Abhann. Is deimhneach go raibh turais agus cleachta eile diadhanta ag gabháil leis an bpátrún fad ó, ach bhíodar go léir imthighthe as cuimhne an phobail agus dearmhadaithe agus le linn m'óige ní raibh ann acht lá spóirt agus óil. Bhíodh sluagh mór bailighthe ann. Bhídís ann ó gach áird ar feadh chúig nó sé de mhílte mór-thimcheall.

Is cuimhin liom go mbínn ag bailiughadh pinginí i gcomhair an phátrúin ar feadh mí roimh ré, agus dá mbeadh an scilling slán agam ag dul ann ba dhóigh liom go mbeinn im fhear saidhbhir. Bheadh luach mo dhá dhaethen de mhilseáin agus de bhrioscaí agam agus b'fhéidir buidéal liomainéid. Bhíodh lucht steandingí ar an tsráid roimh an chéad aifreann ag a naoi a chlog. Bhíodh ceann aca gach aon bliadhain san ionad céadna, suas le linn binn tighe Sheáin an Bhácúis, agus b'é an steanding ba bhreághtha a bhíodh ann é. Ón mbaile mór a thagadh sé agus Maire na gCártaí, a thugadh muinntir Baile na h-Abhann ar an mbean gur léithe é. Bean mhór ramhar, an-shultmhar a bhí innte agus is maith is cuimhin liom í féin agus a steanding iongantach. Bhíodh ceann cnafáis air agus gan beann aige air pé fearthainn a thuitfeadh. Agus a mhic ó, leathadh a súile agus thagadh uisce ó fhiacla na n-ogánach gan acht féachaint amháin ar na rudaí iongantacha a bhíodh le feicsint ann, ag cur conncaisí ortha – milseáin ioldathacha i bprócaí gloine, cánaí de'n milseán sa ar a nglaodtaí "steotar" le linn m'óige, idir ruadh agus bán agus síogach i bprócaí gloine leis, plumaí móra méithe, ubhla dearga, oráistí órdha, pacáistí rúnda, buidéil liomainéid agus deochanna eile de'n t-sórt san agus a lán rudaí eile nach cuimhin liom anois.

Ba mhór an t-suim a chuirimís go léir ins na pacáistí rúnda úd. Bhíodh roinnt milseán agus féirín de shórt éigin istigh i ngach ceann aca. Leigfí dhuit an pacáiste a mheádh id láimh sar a cheannochá é. B'é a dtuairm súd a bhíodh eolach maidir le pacáistí gur ins na ceannaibh éadhtroma a bhíodh na féiríní is fearr. Annsan nuair a cheannuigheadh duine éigin ceann aca bhíodh cúigear nó seisear bailighthe thimcheall air féachaint cad a bhí

ann; agus mo bhrón bhíodh na pacáistí mar gach aon rud eile ar an saoghal so, agus ba ró-annamh, nuair d'oscailítí é, nách mí-shásta a bhíodh an t-é a cheannuigh é.

Bhíodh steandingí beaga agus lucht bascaed annso is annsúd. Bhíodh fear na méarcán ann, fear na dtrí cháirt, fear agus cleas na lúibe aige, fear agus trí chipín agus liathróid aige, fear agus ag cipín beag in a sheasamh ar phíosa puittí aige agus píosa trí pingine ar a bharra. Bhíodh scata eile sa chúinne atá taobh leis an droichidín agus comhlucht thimcheall ortha ag caitheamh bataí le buidéil d'iarradh iad a bhriseadh; bheadh trí bhata le fághail ar phingin agat agus dá mbristheá buidéal leo bheadh trí urchar eile le fághail agat agus mar sin de. Bhíodh cuid desna fearaibh a bhíodh ag crústáil leis na buidéil ar leath-mheisce agus ní bhuailfidís beann tighe. Bhíodh fear ann agus gunna aige a caitheadh saighead beag agus marc ar chlár aige agus cóimhthionól thimcheall air agus iad i gcomórtas lena chéille ag aimsiúghadh an mháirc. Agus bhídís go léir ag luirigh comh-árd a gcinn ag glaodach ar na daoine teacht chúcha féin. Ba mhór an rí rá é. B'iongantach leat siubhal thimcheall ag cogaint milseáin nó úbhaill ag féachaint ar gach aon rud. B'aoibhinn an uain d'ógánach é.

Bhíodh an dá tigh tábhairne i mBaile na h-Abhann lán go tairsing le lucht óil lá an phátrúin; agus dá mb'é gáirdín Pheaid Mhór féin é bhíodh cuideachtaí in a suidhe annso agus annsúd fé sna crainn ann, agus leath-ghalúin pórtair aca. Nuair a bhíodh sé ag druidim leis an tráthnóna d'aireochá scoil amhráin istigh i ngach tigh aca. Agus ba ró-mhinic achrann agis bruíghean ar an tsráid agus ins na tighthe tabhairne nuair d'eirigheadh an t-ól ar bhleagárdaí an bhaile. Ba mhinic ag plabadh a chéile ar an mbóthar abhaile dhóibh iad agus anois is arís fuair fear mairc a lean de go lá a bháis. Chonnachas féin sean-Chruthúr Garbh lá pátrúin, agus é caithte ar an dtalamh le h-ais an fhalla taobh ismuigh de thigh tábhairne Pheaid Mhóir, agus gearradh treasna a éadain a bhí os a cionn ceithre órlach i bhfaid agus a aghaidh go léir dearg le fuil. Shíleas féin go raibh sé marbh mar ní raibh miam ann. Buile de thóin leath-

ghalúin stáin a fuair sé, agus is dócha gurab é féin ba chionntach leis mar ba mhinic d'airigheas go raibh sé an-chontarálta nuair bhíodh sé ar meisce. Is cuimhin liom gur thangbhuigheas air taobh istig de sheachtmhain in a dhiaidh san, agus ní raibh baindeal ar a cheann aige ná aon rian eile catha air acht an gearb a bhí ar a éadan. Thabharfadh duine de mhuinntir an lae indiu coicígheas san óspidéal le gearradh mar é siúd.

Bhí Sean-Cruthúr garbh os cionn deich mbliadhna agus trí fichid 'san am úd, acht bhí sé chomh folláin le breac. Bhí sé in a chomhnuidhe sa sean-bhearraic, an tigh ba siadh ó dheas sa nGleann, gairid do Bharra an Bealaigh mar a theighean an bóthar treasna an tsléibhe. Bhí triúr mac aige agus bhídís in aimsir isteach sa tuaith, acht thagaidís abhaile go dtí an Gleann gach aon lá saoire, agus theighdís féin agus a n-athair ag ól. Bhíodar go léir an-thabhartha do bhruighean agus d'achrann, agus ar a slighe abhaile ón tigh tábhairne dhóibh, agus iad ar meisce, muna mbeadh aoinne eile ann chun a bheith ag troid leis d'eirighdís ag pleanncadh a chéile.

B'iomdha uair a chloig ar thug Nóra, bean Chruthúir, in a suidhe ar chloich mhóir a bhí taobh ismuigh de philléar an gheata agus a croidhe in a béal, agus cluas uirri ag éisteacht féachaint an aireóchad sí liúgh nó glaodh ó n-a céile agus a triúr mac ag teacht aníos an bóthar.

Bhíodh tuinncéirí an cheanntair bailighthe ag an bpátrún i mBaile na h-Abhann, agus a gcuid ban agus asal in a dteannta, agus ba bheag lá pátrúin d'imigh gan buinneáin fuinnseoige agus iarranaí sádarálta a bheith 'ghá gcur abhaile ar a chéile aca. Ba mhinic cogadh craorach idir an dá shliocht na Cárrthaigh agus na Leannánaigh, agus caitheadh na "pílears" iad a ruagadh soir agus siar as an t-sráid agus ní gan dhuadh a deinidís é. Bhí sean-eascairdeas idir an dá treibh seo agus aon uair a thangbhuidís ar a chéile ar aonach nó ar mhargadh, nó aon ócáid eile dá leithéid, bhíodh sé in a chogadh eatarra.

Tráthnóna lae pátrúin taréis do sna "pílears" na Leannánaigh a chur soir an bóthar as an t-sráid, agus na Cárrthaig a chur

siar, tháinig scéala go dtí an bhearraic go raibh na Carrthaig féin ag marbhúghadh a chéile thiar ag an sean-theampoll. Chuaidh an sáirsint féin siar chúcha. Díreach agus é ag druidim leo chonnaic sé An Cárrthach Mór ag aimsiughad a mhná le buille de bhuinneán fé bhun na cluaise. Thuit sí in a meaig ar an dtalamh.

“Tá sí marbh agat anois” arsa an sáirsint
“Díthchéille a sháirsint” arsa an Cárrthach Mor “Tá's agam-sa go dtí leithead dub d'iongan an meid is acfuinn di.”
B'fhíor do. Taobh istigh de chúpla nómant bhí sí in a suidhe suas ar an mbóthar agus í ag tabhairt scalladh béil dá fear croideach arís.
An sáirsint féin d'inniseadh an scéal so.

Acht cuir an troid agus an t-acrann deire leis an pátrún sa deire. Bhíos ann nuair bhíos thimcheall dhá bhliadhain déag agus chonnachas an cath deirreannach a cuired ag Pátrún Baile na h-Abhann. Bhí mac le Cruthúr garbh ag dul thimcheall na sráide imeasc na ndaoine agus é a liuirigh agus ag fógairt troda ar gach aoinne a thagadh in a threo. Tháinig beirt desna “pílears” anuas ó'n mbearraic agus ghabhadar é. Acht nuair d'airigh Cruthúr agus a bheirt mac eile cad a bhí ar siubhal, siúd amach as an tigh tabhairne iad, ins an mullach ar an dá phílear. Chaitheadar san a bpríosunach a scaoileadh uatha agus a mbaitíní a bheartughadh, bhí an cath ag dul chomh trom san ortha. Siúd sa troid annsan beirt bhuachaillí desna na Condúnaig ó Bhaile an Droichid a raibh gaol gairid aca le bean Chruthúir. Acht tháinig an ceathrar eile desna “pílears” a bhí sa mbearraic ar chongnamh dá gcomrádaithe agus taréis mórán tranglaim agus achrainn tugadh an seisear go dtí an bhearraic sa deire agus cuireadh fé ghlas iad. Fuair an dá Chondúnach agus triúr mac Chruthúir da mhí príosúin an duine. I dtaobh aois Chruthúir níor gearradh air acht mí, agus níor mhair sé acht thimcheall leat-bliadhain taréis teacht amach do.

Ag aifreann an Domhnaigh i ndiaidh an Phátrúin úd thug an sagart paróiste soiscéal millteach uaidh, i dtaobh cad a thuit amach ag an bPátrún. Dúbhairt sé gur in onóir do'n

Mhaighdean Ghlórmar a bhíodh an pátrún ann ag ár seacht sinnsear romhainn, acht gurab' amhlaidh bhí muinntir an pharóiste sa lá tá indiu ann ag tabhairt easonóir agus masla dhi le ól agus achrann; agus dá mba thoil le Dia é féin a bheith in a bheatha an bhliadhain seo chúghainn, ná beadh aon phátrún i mBaile na h-Abhann, ná aon bhliadhain eile an fhaid agus bheadh sé sa pharóiste.

Ba fhíor do. Ar an Domhnach roimh lá an Phátrúin, an bhliadhain in a dhiaidh san d'fhógair sé do'n bpobal dul abhaile díreach taréis an aifrinn ar an lá saoire, agus gan aon mhoill a dhéanamh sa sráid. Bhí sé féin i mBaile na h-Abhann uair a chloig roimh an aifreann agus chuir sé ruaig ar pé lucht steandingí agus cearrabaigh a bhí ag bailiúghadh ann. An fhaid agus mhair sé ní raibh aon phátrún i mBaile na h-Abhann. Taréis a bháis tháinigh aith-bheochaint bheag ann ar feadh roinn bliadanta, acht ní bhíodh ann acht an scáth seachas mar bhíodh sé fad ó, agus bhíodh sé ag dul i luigeadh is i luigeadh ghach aon bhliadhain go dtí gur chuaidh sé in éag ar fad sa deire, agus níl a chuimhne amháin anois ann le fada de bhliadhanta.

Sár a chuirfead deire leis an eachtra so caithfead a innsint i dtaobh an méid airgid a rugas féin agus Dic Ó Siadhaile ag an bPátrún uair. B'é an lá céadna é a raibh an t-achrann idir na Cruthúraig agus na “pílears.” Bhí cearrbhach ann an lá san agus bhí bórd beag aige agus páipéar bán tiugh ceangailte ar a bharra le teaiceanna beaga. Bhí ocht gceárnóga tarrainghthe amach ar an bpáipear, agus bhí aon hart, aon muilleat, aon triuth agus aon spéarat dealbhuighthe ar cheithre cinn eile. Bhí trí díslighe aige a bhí thimcheall chomh mór le órlach ciúbach, agus bhí na rudaí céadna dealbhuighthe ortha san, ceann ar gach aghaidh de'n dísle. Chuirtheá síos do phingin ar do rogha ceárnóige – ar aon spéarat cuir i gcás – agus dá n-iompóchadh aon spéarat, taréis do na díslí a chrothadh istig sa piúnta beag stáin a bhí aige, agus a chur ar an gclar, bhí pingin eile le fághailagat i bhfochair do phingine féin. Dá n-iompóchadh trí aon spéarat bead trí pingine le faghail agat agus do phingin féin.

Bhíos féin agus Dic Ó Siadhaile ag féachaint ar an gcluiche seo ar feadh tamaill. Bhí cuid mhaith idir bheag is mhór thimcheall ar fhear na ndíslí. Bhí cuid aca ag imirt, acht ní raibh urmhór a raibh ann, mar Dic agus mé féin ag déanamh dada acht ag gliuicéireacht. Taréis scaithimh thug Dic cogar dom.

“Druid amach annso” ar sé sin liom.

Bhrúghamar amach trí sna daoine go rabhamar linn féin.

“A leithéid seo” arsa Dic “Bhí mé ag infiúchadh na ndíslí sin agus thug mé fé ndear go bhfuil aon hart agus aon muilleat os comhair a chéile ar gach dísle, agus aon triuch agus aon spéarat sa t-slighe céadna. Thá mise beag agus nuair a bhíonn sé ag iompódh an phiúnta béal fé taréis é a chrothadh, is féidir liom súil-fhéachaint a fhághail ar na díslí istig ann. Má chídhim aon hart beidh aon muilleat iompuighthe suas agus má chídhim aon triuch beidh aon spéarat iompuighthe. Ní bhacfaimíd leis na rudaí eile sin. Raghad-sa thaobh leis an bhfear agus teighir-se go dtí an taobh thall de'n chlár agus aon rud a gcuirim-se mo phingin air cuir-se do phingin air chomh maith.”

Ní rabhas féin ró-dheimhineach go n-eireochadh leis an seift seo a cheap Dic chun buadhchaint ar an gcearrbhach, acht dúbhras go ndéanfainn mar dúbhairt sé, agus chuaidh an bheirt againn isteach trí sna daoine arís agus sheasuigheamar duine againn ar gach taobh de'n chlár agus Dic taobh leis an gcearrbhach. Bhí sé sin ag liuirig agus ag maoidheamh as an gcluiche a bhí aige agus ag glaodhach ar na daoine teacht chuige, agus 'ghá ngríosadh súd a bhí thimcheall air a bpinginí a chur síos. Chrothadh sé na díslí istig sa phiúnta agus bhuaileadh sé an piúnta béal fé ar an gclár. Bhí cead ag cách a bpinginí a chur síos go dtí go dtógfadh sé an piúnta desna díslí. Ní chuireadh Dic síos a phingin go mbíodh an piúnta ar an gclár, agus na díslí feicithe aige ag teacht anuas. Chuir sé síos pingin agus cuireas-sa mo phingin ar an dath céadna. Rugamar mar sin trí h-uaire i ndiaidh a chéile, agus theip orrainn annsan aon uair amháin. D'eirig liom fé dhó agus theip orrainn arís. Chuir Dic síos dhá pingin an babhta so ar aon muilleat. Chuireas-sa

síos mo dhá phingin. D’iompaigh dhá aon muilleat. Nuair a chíodh Dic dá cheann d'aon dath chuireadh sé síos dhá phingin mar bhíodh sé deimhineach go n-iompóchadh ceann aca, agus ba mhinic d'iompaigh an dá cheann. Lean an t-ádh linn agus níor tuigh fear na ndíslí cionnus mar bhí an scéal.

“ Is sibh an dá dhiabhailín is ádhbharaide dá a bhfeaca -sa riamh” a dheireadh sé.

Acht caithead deire a chur lem scéal. Tá sé ró-leadránach cheana féin. Taréis póit a chur orm féin leis an méid cácaí agus oráistí agus eile d'itheas, agus trí cinn de bhuidéil liomoinéid d'ol bí deich scillinge agus trí pingine agam nuair thangas abhaile. Bhí isteach is amach leis an oiread céadna ag Dic Ó Siadhaile .

Ba mhinic nuair d'eirigeas suas im fhear a bhínn 'gá rádh le Dic ní fheadar an cóir macánta an t-slighe a rugamar an an t-airgead ón gcearrbhac. Acht b'amhlaidh dheineadh Dic magadh de.

Hut! a'mhadáin “ a dheireadh sé “ná h-imireochadh sé siúd an cleas céadna ortsa dá bhfuigheadh sé an chaoi. Nach le cleasuidheacht a mhaireann a leithéidí siúd, agus ní aon díogbháil ar domhain cleas d'imirt ortha”.

B'féidir go raibh an ceart aige , agus annsan arís b'fhéidir ná raibh.

Séan Mac Craith.

Tráthnóna áluinn foghmhair bhíos im shuidhe ar an strapa os comhair an gheata agus mé ag féachaint uaim síos an gleann. Bhíos taréis teacht abhaile ón bpátrún i mBaile na h-abhann, an lá céadna a raibh an bacharm ag na Cruthúraig agus na Condúnaig, agus a rug Dic Ó Siadhaile agus mé féin an t-airgead ó'n gcearrbhach. Bhí póit orm taréis a raibh ithte de mhilseáin agam rith an lae agus bhíos tuirseach taréis a bheith ag siubhal anonn is anall ar fuaid na sráide, agus na cúig mhíle a siúbhal abhaile ó Bhaile na h-abhann. Fuaireas féin agus Dic marcaigheacht ann ar thriucail na miúlach ó shean-Risteard, acht níor thángamar abhaile leis, mar chuaidh sé sin abhaile timcheall a cheathair a chlog agus bhí san ró luath dúinne, Rud eile bhí scata mór againn ón nGleann ag teacht abhaile i bhfocair a chéile agus níor airigheamar an bóthar. Shiúbhaladh garsúin agus gearrchailí deich mbliadna d'aois nó níos lugha go dtí an Pátrún agus abhaile arís go minic san am úd. Ní dóigh liom go ndéanfadh ógánaigh dá léithéidí a fhaid sin de turus ar chois sa lá tá indiú ann.

Mar dúbhras bhí an tráthnóna go h-aluinn. Bhí an ghrian íseal sa spéir taobh thiar de Cruachán agus í chomh dearg le fuil. Pé féachaint a thugas chonnacas fear ag gabhail anuas Bóthar na Faille. Suas amach trí Ghleann na Faille a ghabhann an bóthar san. Níl ann acht bóthar garbh sléibhe acht téigheann sé trí Bhearna na Faille agus annsan iompuigheann sé ó dheas trí Bhearna an Bhainbh idir an dá Mhaoil agus go dtí an talamh leibéaltha ar an taobh theas desna sléibhte. B'é an bealach coitianta é tar na sléibhte fadó riamh sár a rinneadh an bóthar trí Ghleann Chárthainn.

Bhíos ag faire ar an bhfear agus é ag druidim liom.,acht ní ró-shoiléir a bhíos ábalta ar é thabhairt fé ndear mar bhíos ag féachint i gcoinne na gréine. Nuair tháinig sé gairid dom bhrathas go raibh traidín cuibeasach mór fillte i gcnafás riach fé'n-a ascaill aige agus bata siubhail in a láimh eile. Sheasuigh sé os mo comhair amach agus bhain sé dhe a hata

agus cimil sé a éadan le hainciosúr dearg. Fear cumasach do bheadh é, é cuibheasach árd agus féachaint an lághach an-shéimhialta in a aghaidh agus in a shúile. Bhí sé glan-bheárrtha agus folt a chinn chomh dubh le daol agus ribí liatha tríd annso is annsúd.

"Dia dhuit a bhuachaill mhaith" ar sé sin liom i nGaoluinn.

"Dia is Muire dhuit" ars mise.

"Molaim" arsa sé "tá an Ghaolainn go binn agat". Bhfuil fhios agat, an mbeadh buanaidhe nó fear ceangail ag teastáil ó d'athair?"

-Bhí an fóghmhar aibidh an-luath an bliadain sin, cóicthgheas níos luaithe ná mar ba ghnátach.-

"Thá m'athair curtha" arsa mise.

"Ó go ndéine Dia trócaire air" arsa sé

"Is dóigh liom" arsa mise "go bhfuil fear ag teastáil uainn.

Tá Liam Beilbí an fear a bhí againn ar an leaba le trí seachtmhaine agus níl aoinne againn anois. Acht teighir isteach go dtí mo mham agus m'áintín Máire agus beidh a fhios agat".

"Maith a'buachaill" arsa sé " buailfidh mé isteach".

Chuadhas féin isteach i gcionn tamaill agus bhí sé in a shuidhe ag bórd na cistine ag ól té, agus bhí a leithéid de sheanchus ag m'áintín Máire agus aige féin gur dhóigh leat go raibh aithne aca ar a chéile riamh. I nGaoluinn a bhíodar ag cainnt agus brathas níos soiléire ná mar bhrathas nuair labhair sé liom ar dtúis nár mhar a chéile a chanamhain agus an chanmhain a bhí ag muinntir an Ghleanna.

Ba shin mar tháinigh Séan Mac Craith go Lios na Faille. D'fhan sé in ár bhfochair. Ní raibh a fhios agam an uair úd cad é an socrúghadh a rinneadh leis; acht cuireadh an seombra beag thuas an staighre ag binn an tighe i gcóir do agus ann a chodail sé an oidhche úd. Ar maidin i mbáireach nuair d'eirigheas bhí sé ag tarraingt speile amuigh ag doras an sciobóil. Chuaidh sé annsan ag buaint an choirce thuas ar an árdán, an pháirc ba shia suas ar thaobh an chnuic. Bhí m'áintín Máire ag ceangal in a dhiaidh rith an lae agus nuair tangas-sa abhaile ón scoil cuireadh ag tógaint studaí mé. Chaith Séan Mac Craith an chuid eile dá shaoghail in ar bhfochair,

annso i Lios na Faille. Bhí se annso dhá bhliadhain agus fiche go dtí an lá, mar is ar lá fheil Muire sa bhfoghmar a chuaidh an t-sochraid ba mhó d'fhág Gleann Charthainn riamh ó dheas leis go dtí reilig Áth-Mhéadhoin mar ar cuireadh é i bhfochair a shinnsir.

Pé moladh a dhéanfainn ar Sean MacCraith ní bheinn ag dul thar teorainn. Fear do bhéadh é i ngach slighe gur cheart d'fhear a bheith. Ní raibh poinnte lag ann. Níor airigh aoinne riamh éitheach ná cainnt shalach ná focal cúl-cainnte ag teacht as a bhéal amach ná eascaine dá luighead. Níor thuig sé droich-mheas ná masla d'aoinne riamh agus ní fhulaingeóchadh sé droch-mheas na masla ó aoinne. Beirt nó triúr a rinn' iarracht ar san a dhéanamh tar éis do teacht annseo ar dtúis ní rinneadar arís é. Ní dhéanfadh sé troid béil le h'aoinne acht bhuailfeadh sé obann do leor agus b'é a bhí abalta ar é a dhéanamh. Gheobhfá ór Déamair d'fágaint fé n-a chúram agus níor ghádh dhuit eagla da luighead a bheith ort go dtógfadh sé luach cíonóige dhe.

Fear do bhéadh é a bhí léigheanta go maith i nGaolainn agus i mBéarla. B'é a thuig mé féin isteach ar léigheamh agus ar scíobh na Gaolainne, rudaí ná muintí ar aon chor ins na scoileanna an tráth úd den saoghal. B'é a mhol dom cúpla mí tar éis teacht chúgainn fios a chur ar leabhartha Gaolainne a bhí an t-Irish Texts Society a chur amach. Chuireas fios ar an da chéad leabhar. Thugadh sé cóngnamh dom go dtí go rabhas ábalta ar an obair a dhéanamh dom féin agus réidhtígheadh sé dhom pé fadhb a bhuaileadh liom. Ní morán de dhuadh a fuaireas san obair mar bhí labhairt na teangan go maith agam cheana féin. Agus b'é a thug an chéad eolas dom ar Stair na hÉireann nuair a thug sé dhom "The Story of Ireland" le léigheamh; In aon focal amháin pé maitheas a bhí ionnam riamh mar feirmeoir agus mar fhear bíodh a bhuidheachas san ar Sheán MacCraith.

D'réir mar d'airíghinn go minic ag m'áintín Máire agus mo mham bhocht ba ró-mhaith an ceart do mhuinntir Lios

na Faille annso a bheith buidheach de, mar do b'é a dtuairm gurab é a choimeád sa tigh sinn. Ó'n am a chuireadh mo shean-athair bhíomar ag brath ar fearhaibh oibre chun gnótha na feirme a dhéanamh; agus tá a fhios ag an saoghal nach aon móran suime a chuireann a leithéidí id ghnó acht a bpadh lae a thuilleamh chomh bog agus is feidir leo. Nil annsan acht an rud is dual do'n duine. Dhéanfaimís féin an rud céadna is dócha dá mbeimis in a mbróga; dá shon san nílim ag cur aon mhílleán ortha. Bhíomar maith go leor an fhaid agus bhí Liam Beibí ábalta ar an ngnó a dhéanamh. Bhí sé ag obair sa tigh seo ó bhí sé in gharsún agus a athair roimis, acht bhíodh an oiread de chúram air thimcheall nd h-áite agus dá mba leis féin é. Acht ní raibh aon mhaith ann ar aonach ná ar mhargadh. Tar éis báis mo shean-athar chaith m'aintín Máire an díol agus an ceannach a dhéanamh agus níor cáinte chuige í d'réir mar d'airighinn; acht ní gnáthai bean a bheith dána deas-chainnteach go leor chun a bheith ábalta ar ceann cuinge a choiméad le aicme ma na jobéirí agus ceanntuígheoirí a bhíonn ar aontaí.

B'é Dia a sheol chugainn Seán Mac Craith mar fear as an gcéad do b'eadh é. Ní raibh aon ghnó a bhain le feirmeoireacht dall air. Buanaidhe thar bárr do b'eadh é, agus ní raibh a leithéid de threabhadóir sa nGleann riamh. Bhí sé abalta ar chruach agus stáca a dhéanamh. Tá cladhthacha annso sa bhfeirm a thóg sé agus táid ina seasamh fós chomh maith agud bhíodar an chéad lá. Agus ba bheag a bhí dall air maidir le dochtúireacht beithídheach; n raibh sé i bhfad annso gur chuaidh a cháil amach agus an fhad a mhair sé ní raibh cráin tinn ar Bhanbhaí ná lair tinn ar shiorrach, ná coilic ar bhó ná glaodhtaí air nuair a bhíodh conntabhairt ann. Níor thuig sé an t-eiteach riamh d'aoinne pé uair den oidhe a ghlaodhfaí air ná níor ghlac sé pingin ruadh riamh mar chúiteamh ar a shaothar.

Ní bheadh níos mó de sceim ar m'athair bocht thimcheall na h-áite, dá mairfeadh sé, ná mar bhíodh air. Agus má tá eolas maith agam-sa ar ghnó feirme bíodh a buidheachas agam ar Sheán Mac Craith.

Mhúin sé dhom cionnus gach rud a déanamh go ceart, agus mhol sé dhom iarracht a déannamh ar gach aon rud a bhain feirmeoir a thuigsint agus a thabhairt fé ndear agus fáth agus bunadhas gach ruda a dhéanamh amach dá mba féidir é. In aon fhocal amháin rinne sé fear tuigsionach díom agus dá shon san ní raibh bádh agam riamh le aoinne a bhain liom comh mór leis an mbádh a bhí agam leis; agus an fhaid agus beidh aoinne desna Búrcaigh annso i Lios na Faille beidh a chuimhne buan ann.

An t-Earrach tar éis do teacht chúgainn bhris sé Páirc na naoi n-Acra ,an pháirc is sia síos de'n bhfeirm agus an pháirc is fear. Rinne sé iomairí innte le h-aghaidh prataí. Chuireamar féin trí acra agus cuireadh an chuid eile ar chíos. Ní raibh m'áintín Máire ró-shásta san a dhéanamh d'réir deallraimh; dubhairt sí na rinneadh a leithéid an fhaid agus bhí na bBurcaigh i lios na faille. Acht ní raibh stoc ár ndaethin againn ar an talamh ná a luach, agus b'é cómhairle an Ghraithigh an pháirc go léir a bhriseadh agus an chuid is mó dhi a chur ar chíos. Bhí an tadh linn mar bhí praghas maith ar phrataí an bhliadhain sin agus bhí barra an- mhaith againn, agus rinneamar i bhfad níos mó ná mar shíleamar roimh ré; agus bhí an bharra coirce sa pháirc go léir an bhlidhain ina dhiaidh san. Ní gádh dhom a luadh ná cuimhníghim- se ar na rudaí seo acht ba mhinic d'airiginn mo mháthair agus m'áintín ag cur síos ortha. Is beag an trioblóid a bhíonn rudaí den t-sórt san a dhéanamh d'ógánach dhá bhliadhain déag d'aois.

Níl aon treabhadh is deacraidhe ná iomairí a dhéanamh i bpáirt bháin i gcomhair prataí. Chaitheadh iad a dhéanamh le céachta gan rotha, mar ní raibh aon rotha ar chéachtaí san am úd de'n saogal, agus ba "tharraingt amach" nua gach iomaire. Tá céachtaí ann sa lé tá indium ann agus tá a leithéid de trealmha ag gabhail leo go bhfuigheadh buachaill scoile treabhadh a dhéanamh leo nuair bheidís gabtha go ceart.

Nuair a bhí na h-iomairí déanta ina na Naoi n-Arca ag Seán MacCraith ba bheag ná gur tháinigh gach aon fhear sa nGleann ag féachaint ortha, bhíodar déanta chomh slachtmhar san. Ní

cuimhin liom féin acht an méid daoine a bhíodh ag saorthúghadh na talmhan a bhí curtha ar chíos, rith na bliadna san agus na meithleacha a bhíodh 'ghá mbaint.

Fear ann féin do b'eadh Seán MacCraith. Ní bhíodh morán cur isteach ná amach aige ar na comharsain. B'an-annamh a théigheadh sé ag cuardhaigheacht san oidhche. D'fhanadh sé istigh ag seanchus lem mham agus lem' áintín, nó ag léigheamh. Gheibheadh sé an “Shamrock” gach aon t-seachtmhain agus leigheadh ós árd dúinn eachtraí “Mhick M'Quaid”. Bhí sé go an-mhaith chun léigtheoireachta agus ba iomdha gáire a bhain sé asainn ag cur síos ar ghníomhartha Mhic agus ar an triúr rascail a bhíodh ag claoidh leis “Joe Doolan” agus “Terry Geraghty” agus “Kit Culkin”. Bhíodh sé ag deisiúghadh bróg leis, nó culaith an chapaill agus bhí sé chomh maith chuige agus dá mba gréasaidheacht a chéird bheatha. Bhí ceist na talmhan an-the san am úd, agus chuireadh sé an-shuim innte agus ba bheag san áit a bheadh ábalta ar ceann cuinge a choimeád leis maidir le ceisteanna poilitíochta na h-uaire sin; acht ó rudaí d'airigheasa uaidh anois agus arís cheapas gur mó an meas a bhí aige mar a bhí aige ar na Fíníní agus ar a chuireadar rompa a dhéanamh ná mar a bhí aige ar obair obair na bhFeisirí i bPárlimint Shasana. Dheireadh sé ná cuirfimís na Sasanaigh as Éirinn go deo le cainnt.

Nuair a tháinig sé go Lios na Faille ar dtúis bhíodh muinntir an Ghleanna 'ghá chur trí na chéile eatorra féin cá'r b'as é nó cad é an fáth gur fhág sé a dhúthaigh féin. D'réir deallraimh b'a iomdha réidhteach a rinneadh ar an gceist, agus gan aon réidhteach aca ceart. Ní chuimhin liom-sa na rudaí seo dar ndóigh; ní raibh ionnam acht ógánach dhá bliadhain déag d'aois, agus is ró-bheag an suim a chuir mo leithéid riamh i rudaí mar sin. Acht d'réir mar bhí an t-am ag imtheacht rinn' muinntir an Ghleanna dearmhad ar na rudai seo agus ghlacadar leis mar duine díobh féin. Baile fearainn ar phort na h-Abhann Móire i bhfoigseacht radhairc na farraige agus roinnt mhaith miltí taobh theas desna sléibhte b'áit dúthchais do Sheán MacCraith, agus ó'n lá a tháinigh sé go Lios na Faille níor chuaidh sé thar nais ann. Agus ní easba ceana ar

áit dúthchais ba chionntach gan é a dhul thar nais ann riamh. Níorbh eadh go deimhin, mar is dócha nár mhair fear riamh a raibh a leithéid de bhádh aige leis an áit in ar rugadh agus tógadh é agus bhí ag Seán bocht. “Dúthaigh na Glóire” a thugadh sé air. Ní raibh áit ar thalamh an domhain, dar leis, ba dheise ná é. Ní raibh daoine in aon áit eile ar thalamh na h-Éireann a bhí chomh lághach chomh nádúrtha ná chomh maith i ngach aon t-slighe leis an sean-mhuinntir a bhí ag áitreamh ann. Ní raibh aon rud i nGleann Chárthainn i ngaobhar chomh maith agus bhíodar “theas againne” mar dheireadh sé. Ní rinn' fear gaisce dá méid é, ná níor fhás barra i ngort dá bhreághthacht é, ná feaca sé féin gaisce níos fearr agus barra níos breaghtha “theas againne”. B'a shin é an t-aon luigeacht amháin a bhí le cur in a leith; acht is dócha nár chruthaigh Dia riamh aoinne de'n chine daona gan locht éigin.

Bhíodh “theas againne” mar leas-ainm air, agus mar nath, ag lucht magaidh an bhaile; acht má bhí is taobh thiar de dhruim Sheáin a bhíodh sé aca, mar fear do b'eadh ná leomhthadh aoinne magadh a dhéanamh fé in a láthair.

Agus cad in a thaobh ar fhág sé a theaghlach agus a bhaile dúthchais agus a leithéid sin de chion aige ortha? Bhí sé roinnt mhaith bliadhanta annso sa nGleann nuair a thug sé bun-rúta an scéil dom fé rún. Níor leigeas an rún san le h-aoinne go dtí gur bhreachas annso é, acht le h-aoinne amháin, lem chéile Sibéal, acht an rud ba rún agam-sa ba rún aici sin é.

B'é an uair d'innis sé an scéal dom ná an uair a tharla an rud céadna a tharla do san, do'n duine muinteara ba mhó a bhí agam. D'iarradh mo bhrón-sa i dtaobh íde mo charad a mhaolúghadh a bhí sé nuair d'innis sé an scéal dom. Inntinn ghuagach mná a loit iad araon.

Shid é brigh an scéil d'innis Seán MacCraith dhom:

Bhí feirm dheas aige, thimcheall cúig acra fichead de talamh an-mhaith taobh leis an Abhainn Móir. Ní raibh de mhuinntir aige acht a mháthair agus deirbhshiúr a bhí níos óige ná é. Bhí sé féin agus cailín sa chomharsanacht mór lena chéile ó bhíodar ag dul ar scoil, agus bhí sé ag cách go mbeidís 'ghá bpósadh lá éigin. Ní raibh

'ghá chur ar cúl acht nár mhaith leis bean a thabhairt isteach go mbeadh socrughadh déanta ar a dheirbhsiúr. Fuair a mháthair bás agus fuair a dheirbhsiur a cuid féin as an bhfeirm, agus bliadhain in a dhiaidh san bhí gach aon rud isteach is amach le bheith socair le h-aghaidh an phósta nuair a tharla an tubaiste a chur Seán MacCraith dá threoir agus a chuir ar fán é.

Ráithe roimhe sin tháinigh fear abhaile o Mheirice agus thóg sé feirm mhór thalmhan a chuireadh suas ar cheaint sa chomharsanacht. Bhí tigh breágh ag gabhail leis an bhfeirm agus bhí sé ar an taobh eile de bhóthar i bhfuigseacht cúpla céad slat de thigh na nGrathach. Dhá mhíle púnt a chosain an fheirm. Bhí carn airgid ag an “Yank” gan aon amhras mar cheannuigh sé cuid mhór stuic agus bhí ceárdaithe aige ar feadh i bhfad ag cur an tighe i gcóir. Bhí sé meadhon-aosta, é liath agus platainn air agus lán béil d'fhiacla óir aige. D'réir Sheáin féin cailín canta do b'eadh Anna Barún an cailín a raibh sé mór léithe chomh fada san, agus ní dúbhairt sé focal in a coinne agus é ag innsint an scéil dom. Ó'n chéad lá a leag an “Yank” súil uirri bhí sé in a diaidh de ló agus d'oidhche. Ba bheag oidhche ná bíodh sé ar theinteán a máthar. Baintreabhach do b'eadh a máthair, mar máthair Sheáin féin, agus b'í an t-aon duine amháin clainne a bhí aici. Níor rith aon rud dá luighead le Seán i dtaobh an t-slighe a bhíodh an “Yank” i ndiaidh Anna, agus nuair a bhíodh sí ag trácht leis air, b'amlaidh a bhíodh sí ag deanamh magaidh dá fhiacla óir agus ag déanamh aithris ar a chanamhaint shrónghamhail.

Thuit amach ná feacaigh Seán Anna ar feadh dó nó trí laetheanta agus annsan bhí sé ar fuaid an bhaile go raibh Anna Barún 'ghá pósadh leis an “Yank”, go raibh gach aon rud socair agus go mbeidís 'ghá bpósadh taobh istig de sheachtmhain. Chuaidh Seán chun an tighe féachaint an raibh aon fhírinne sa scéal. Chonnaic sé Anna tríd an bhfuinneoig agus é ag dul isteach; bhí sí sa chistin i bhfochair a máthar, acht nuair chuaidh sé isteach ní raibh sí ann. B'amlaidh, d'réir deallraimh, bhí sí imthighthe i bhfolach uaidh. Bheannuigh sé dá máthair agus dúbhairt sé gur theastuigh uaidh cúpla focal a labhairt le Anna, acht leis

doicheall a bhí in a gnúis sin, bhí a fhios aige go raibh rud éigin bun os cionn. Dúbhairt sí leis ná beadh Anna le feicsint aige an lá san ná aon lá eile. Agus ná cuirfeadh sí féin a h-inghean isteach I stéigín feirme mar feirm na nGrathach, raibh sí ag dul in áit i bhfad níos fearr. D'iarr sé uirri cead a thabhairt do labhairt leis an gcailín féin, acht b'amhlaidh d'órduigh sé do a tigh d'fhágaint, agus phlab sí an doras in a dhiaidh.

Phósadh Anna agus an “Yank” ceithre lá in a dhiaidh san agus d'imthigheadar go cathair Chorcaighe ar mhí na meala. Is fuiris a thuigsint go raibh a chroidhe dá reabadh in a chliabh ag Seán bocht. Bhí sé ag goilleamhaint air agus é ag innsint an scéil domh-sa bliadhanta in a diaidh san, cé go ndúbharas-sa gur mhaith a scar sé gan a leithéid a phósadh, agus nár bhfiú í fear maith a bheith 'ghá chiapadh féin mar gheall uirri. Acht b'ar sainnt a máthar chun a t-saibhris a bhí an milleán ar fad ag Seán.

Dúbhairt sé ná fuigheadh sé an fód a sheasamh ag féachaint uirrí gach aon lá ag gabhail thar béal an dorais mar chéile ag fear eile. Dá bhfanfadh sé ann ní bheadh aon mhuinghin aige as féin ná déanfadh sé murdar – go mharbhochadh sé an “Yank” an chéad uair a thangbhóchadh sé air. B'é a rinn' sé ná dul isteach go Eochaill go dtí 'turnae agus an fheirm agus a raibh uirri a dhéanamh suas ar a dheirbhshiúr. Dúbhairt sé leis an 'túrnae na cáipéisí a chur chuiche agus an scéal a mhíniughadh dhi. Níor chas sé abhaile acht thug sé an bealach ó thuaidh thar na sléibhte air féin, agus Lios na Faille i nGleann Chárthainn ba cheann conaire do taréis mórán coisideachta thar árd agus íseal.

Ar lá fheil' Muire sa hFóghmhar a tháinig sé annso, agus an fhaid agus mhair sé níor tháinigh aon lá 'fheil' Muire, muna mbeadh doineann ann, ná teigheadh sé amach an sliabh go barra na Maoile Móire, taréis a dhinnéir, áit a mbíodh radharc aige ó dheas chomh fada leis an bhfarraige. Chaitheadh sé an lá annsan go tráth luighe gréine ag baint lán a shúl as “Dhúthaigh na Glóire”.

Baile na h-Abhann

Mar is soiléir ó'n a ainm tá Baile na h-Abhann suidhte ar phort na h-abhann. Tá sé trí mhíle ó thuaidh díreach ó Bhaile an Droichid. Is ann atá an séipéal agus dá shon san tá thimcheall chúig mhíle slighe le taistil ag muinntir an Gleanna annso, chun dul go dtí an t-aifreann gach aon Domhnach agus lá saoire. Tá dhá shéipéal sa pharóiste; tá an séipéal eile i nGleann na bhFiubhar sé mhíle soir ó Bhaile na h-Abhann.

Nuair bhíos-sa ag eirighe suas bhí siopa, agus dhá thigh tabhairne agus cúpla siopa beag hucstaera i mBaile na h-Abhann. Bhí gach aon sórt earraidhe a bheadh ag teastáil ó mhuinntir na tuaithe le fághail sa siopa. Le Peaid Mór Ó Séagha an tigh tabhairne is fearr a bhí ann; bhí tigín tabhairne cúmang dorcha ag Peig Paor ag cúinne gheárd an t-séipéil. Bhí bearraic na “bPílears” ann dar ndóigh chun smacht a choimeád orrainn do Sheán Buidhe, agus bhí bácús agus ceárdta sa sráid-bhaile leis.

D'réir mar d'airigheas go minic an-áit óil b'eadh Baile na h-Abhann sa sean-shaoghal. Cé go bhfuil an talamh ar fheabhas sa dúthaigh mór thimcheall, briseadh cuid desna feirmeoirí ba mhó a bhí ann de bharr an óil. Bhídís sa tigh tabhairne agus an Foghmhar ag spealladh ortha. Ní raibh aon dlighe an uair úd ag cur cosc le ól ar an Domhnach, agus bhí cuid mhór fear sa pharóiste ag thagadh go dtí an chéad aifreann agus d'fanadh ag ól sa tigh tábhairne go gcuirtí amach iad ar a deich nó a h-aon uair déag san oidhche. Bhí tigh tábhairne Pheig Paol ag cúinne gheárd an t-séipéil mar dúbhras cheana, agus is i seombra ináirde staighre ann d'eistigheadh cuid desna drunncaerí an t-aifreann mar bhí radharc uaidh ar dhoras an t-séipéil. Nuair chidís na daoine ag an doras ag dul ar a nglúine, theighidís ar a nglúine thimcheall an bhúird, agus nuair d'eirighidís in a sheasamh d'eirighidís sin agus bhíodh deoch aca. Bhí Peig Paor cionntach iad d'fhágaint ann le linn an aifrinn. D'réir mar d'airighinn ní raibh mórán de'n rath uirri. D'imigh leaghadh a chúbhair ar a raibh aici agus sa phoorhouse a fuair sí bás. Tá sliocht Pheaid Mhóir sa tigh

tábhairne fós.

Bhí scoil Bhaile na h-Abhann thimcheall ceáthrugadh mhíle ó'n sráid-bhaile, ar árd an t-Sean-Phóna. Bhí beirt fhear agus beirt bhan ag múineadh ann nuair bhíos-sa ag eirighe suas. Tá an scoil ann fós acht tá na buachaillí agus na gearrchailí meascta le chéile anois agus níl acht beirt mhúinnteoirí ag múineadh ann, fear agus bean. Is mór an meath atá tagaithe ar lucht áitreabh na dúthaighe seo ó bhíos-sa im gharsún.

Is i séipéal baile na h-Abhann a baisteadh mé agus a ghlachas mo chéad-chomaoine agus a chuadhas fé láimh easbuig agus a pósadh mé. Is cuimhin liom an chéad uair a chuadhas chun an aifrinn, agus ba mhó ar fad an t-suim a chuireas sa mbuachaill beag a bhí ag lasadh na gcoinneal ná aon rud eile a chonnacas. B'iongantach liom an t-slait a bhí aige agus an bhuaicis ar lasadh ar a barra. Cúpla lá in a dhiaidh san bhí Peigí bheag agus m'áintín Máire ag gearradh sciolthán amuigh sa scioból. Nuair a bhí gach aon rud léirighthe taréis an dinnéir ag mo mham chuaidh sí amach ag tabhairt congnaimh dhóibh agus ní raibh aoinne istig acht mé féin. Fuaireas an dhá choinnleor práis a bhí ar chlár an mhantail sa phárlús agus chuireas coinnle ionnta a fuaireas sa chupard, agus chuireas ar sheilp an driosúra iad. Bhí slat fhada agam agus cheangaluigheas píosa de páipéar casta ar a barra mar bhuaicis. Lasas an páipéar sa teine agus bhíos d'iarradh na coinnle ag lasadh mar chonnacas an buachaill 'ghá dhéanamh sa séipéal. Tháinigh mo mháthair isteach i gan fhios dom agus ní raibh fios dada agam gur scairt sí amach ag gáire taobh thiar díom.

"In ainm Dé a leinbh" ar sise "'de r'd é seo atá tú a dhéanamh?"

Níor thugas aon fhreagra uirri mar bhí náire orm.

Nuair d'innis sí an scéal dom áintín agus do Pheigí bheag nuair thángadar isteach chun an tae, dúbhairt Peigí go mbeinn im shagart fós.

"B'fhéidir le Dia san" arsa mo mháthair.

Acht fáidheoireacht bhréige a rinn' Peigí bheag. Níor bh'fiú mé an ghairm chun na sagartóireachta d'fhághail. Níorbh é toil Dé é.

Ba mhinic a bhíodh cluiche peile idir scoláirí na scoile i mBaile na h-Abhann agus scoláirí Bhaile an Droichid. “Peil” a ghlaodhtar anois ar an liathróid a bhíonn 'ghá ciceáil aca, acht níor airigheas riamh uirri fad ó acht “caid”. B'ait an rud é, cé go mbíodh na scoláirí ag iomáint ar an mbóthar le spaiceanna, ná deineadh na buachaillí aon chleachta ar an gcluiche ná ní bhíodh aon chluiche iomána idir na scoileanna. D'airigheas mo shean-athair 'ghá rádh na bíodh aon chluiche eile acht an iomáint ag na fearaibh roimh aimsir na gorta nuair dhúbhaigh na prátaí, acht i ndiaidh na gorta ná feacaidh sé aon iomáint sa taobh so de dúthaigh riamh ó shoin, acht ag buachaillí na scoile.

Ins na cluicí peile idir an dá scoil, cé go raibh a dhá oiread scoláirí ag dul go scoil Bhaile na h-Abhann agus a bhí ag dul go scoil Bhaile an Droichid, bhuadhmair-ne an lá níos minicí ná buadhadh orrainn. Is cuimhin bliadhain agus d'imirigheamar fé dhó gan an buadh a bheith ag aon taobh, agus bhí an-chorruighe ar óg is aosta i mBaile na h-Abhann agus annso sa nGleann dá bharra. Is é a tháinigh as so ná go raibh cluiche idir na buachaillí fásta ó gach taobh. D'eirigh bruighean agus achrann eatorra sa chluiche agus labhair an sagart de'n oltóir in a thaobh. Ní raibh aon chluiche peile idir a dá taobh go cionn bliadhanta in a dhiaidh san. Ní bhiodh aon riaghalacha aca an uair úd agus is ag imearascáil agus a strachadh a chéile ba mhó a bhídís. B'é a bhíodh gach taobh d'iarradh a dhéanamh ná a liathróid a thabhairt abhaile leo; ó chlaidhe go claidhe d'imirigheadh na scoláirí.

Bhí “tigh mór” Sheoirse Leainglí, an tighearna talmhan nó an “maighistir” mar ghlaodhtaí air, bhí sé leath-mhíle soir ó shráid Baile na h-Abhann. Bhí an tigh tógaithe ar árdán ar taobh na h-abhann agus garrán tiugh giuise thimcheall air. Bhí bearranna iarrainn ins na fuinneoga a bhí chomh ramhar le bata rámhainne agus gan acht timcheall sé órlach eatorra, agus líneáil iarrainn taobh tiar desna dóirse agus de chomhlaí na bhfuinneog. Ba gheall le príosún é. Níl ann de anois acht fothrach folamh gan cheann

Is ar éigin is cuimhin liom Seoirse Leainglí. Bhíodh sé ag gabhail thimcheall in a charréiste é féin agus a inghean. Bhí féasog ghairid liath air agus caipín dhá bheann a bhíodh air i gcomhnuidhe. Bhí ciscéim bhacaighe ann d'réir mar d'airighinn mar ní cuimhin go b'fheacaigheas riamh é ag siubhal. “Leainglí na coise” a thugtai air taobh thiar dá dhrom. De shliocht duine desna na Gaill a fuair talamh na nGaedheal ó Chromaill b'eadh muinntir Leainglí Bhaile na h-Abhann. Tíoránaigh gan truagh gan taise b'eadh gach glún de'n treibh sin, agus bhí Seoirse Leainglí ar cheann desna daoine ba mheasa dhíobh. Choimeádadh sé a leithéid sin de smacht ar na treóntaithe agus ná leómhfadh aoinne aca páirc bháin a bhriseadh ná tor sceithe a ghearradh gan a chead. Dá bhfeicfeadh sé aon deiseacht curtha ar a áit nó ar a thigh ag aoinne desna treóntaithe ba leor san de chúis aige an cíos d'ardacht air. D'airighinn ag na sean-daoine go bhfeaca bean Leainglí bean feirmeora sa mbaile mór lá agus bonnet agus cába nua uirri, agus go ndúbhairt sí lena fear, ar a casadh abhaile dhi, ná cuirfeadh sí féin suas le éadaighe chomh maith agus bhí uirri féin a bheith ar aon bhean le aoinne desna treontaithe. Cuireadh chúig scillinge an t-acra sa mbreis ar chíos fir na mná sin. Nuair a bhíodh na treontaithe ag díol an chíosa ag an tigh mór, chaithidís fuireach amuigh fé pé síon a bheadh ann go dtiocfadh a n-uain. Dheirtí go ndeineadh sé moill d'aon gnó nuair bhíodh doineann ann. Bhí duine desna treontaithe ar an leaba lá an chíosa, agus chuir sé a mhac leis an airgead go dtí an tigh mór. D'fhiafruigh Leainglí dhe cá raibh a athair. Dubhairt an mac go raibh sé tinn agus go raibh sé ar an leaba.

“Is dócha gur ag ól a bhí sé aréir” arsa Leainglí “beir leat abhaile an t-airgead san agus abair led' athair go gcaithfidh sé féin teacht ag díol an chíosa.”

D'eirigh an fear tinn amach as a leaba le neart eagla agus chuaidh sé go dtí an tigh mór leis an gcíos. Seachtmhain ó'n lá san bhí sé 'ghá chur.

Aoinne a bhíodh ar deire leis an gcíos ní mórán trócaire a gheibheadh sé acht é a chaitheamh amach. Is cuimhin liom nuair bhíos an-bheag go bhfeacaigheas, agus sinn ag dul chun an aifrinn go

Baile na h-Abhann, troscán agus leapacha agus cathaoireacha caitthe ar thaobh an bhóthair taobh ismuigh de thigh i gcúil na Gréine taobh thuaidh de Bhaile an Droichid. D'réir mar d'airigheas in a dhiaidh san chuaidh muinntir an tighe sin go léir thar sáile. Acht is iomdha muinntir tighe a chuir Leainglí ar fán chomh maith leo, mar bhí riaghail aige, nuair gheobhadh fear tighe bás go gcaithfeadh an bhaintreabhac an fheirm d'fhágaint. Ba chuma an cíos a bheith aici nó gan a bheith agus ba chuma 'dé'n muirear a bheadh uirri caitheadh amach í.

Agus bhí cuid desna treontaithe ná raibh ró-ionnraic, mar ba bheag feirmeacha a ndeineadh sé na daoine a chaitheamh amach asta ná bhíodh daoine le fághail chun glacadh leis an talamh. D'réir mar d'airigheas go minic bhí cuis aca sa pharóiste agus nuair chidís duine desna comharsain ag tuitim sa saoghal bhídís d'iarradh dul taobh istigh dá chéile ag lorg geallamhna ar a chuid talmhan ó Leainglí. Ní raibh aon trácht ar “Bhycotting” san am úd, ná go ceann tamaill mhaith in a dhiaidh san. Is é mo thuairm daingean gur mar sin a fuair urmhór sean-aithreacha na bhfeirmeoirí mór ata sa cheanntar, an talamh atá aca.

Ba mhinic ó shoin a bhíos ag cuimhneamh gur b'iongantach ná rinneadh aon iarracht riamh ar Leainglí a chur dá chois, mar a rinneadh le cuid mhaith dá leithéidí ar fuaid na tíre, agus go mór-mhór sa chonntae seo.

Roimh teacht na “bpílears” go Baile na h-Abhann thagadh Leainglí anoir go dtí an t-sráid gach aon tráthnóna lae saoire agus chuireadh sé an ruaig ar a mbíodh ag ól ins na tighthe tábhairne; agus ní leigfeadh an eagla d'aoinne focal a rádh in a choinne. Níor ghádh dho dul acht go aon tigh amháin mar nuair chídtí ag teacht é bhídís imthighthe as an tigh eile dá ndeoin fein. Ní fhanaidís amhain le deire a chur leis an deoch a bhíodh in a ndorn aca. B'fhéidir nárbh olc an gníomh iad a ruagadh as na tighthe tábhairne mar bhí na daoine san am úd an-thabhartha do'n ól, acht taisbeáineann sé an smacht a bhí ag Leainglí ortha. Ní raibh ionnta acht moghraidhe a bhí fé chomh mór de dhaor-smacht agus bhíodh na fir ghorma i Meirice.

Ní raibh an Gleann annso ag gabhail le eastát Leainglí. Barúnaigh a bhí in a gcomhnuidhe in Eochaill a bhí in a dtighearnaí talmhan orrainn, agus Risteard Barún an duine deireannach díobh. Dhíol sé sin an t-eastát leis na treontaithe nuair cuireadh an chéad acht ceannuigthe talmhan i bhfeidhm

acht d'fhágad an “géim” aige, agus bhíodh na Barúnaigh ag lámhach annso so nGleann go dtí go bhfuair an duine deireannach díobh bás thimcheall deich mbliadhna ó shoin. Catoilicigh b'eadh na Barúnaigh. Is dócha nár bhfiu le Cromaill an gleann sléibhe a bhaint díobh.

Ba mhinic d'airigheas ag na sean-daoine gurab é an t-Athair Tomás Ó Floinn an chéad duine a chuir Leainglí síos. Ní cuimhin liom-sa é bheith in a shagart paróiste annso mar fuair sé bás an bliadhain céadna a rugadh mé. Bhíodh ochtar nó deicneabhar fear ag obair ag Leainglí i gcomhnuidhe mar bhí sé ag feirmeoireacht thimcheall céad acra talmhan i límistéireacht Baile na h-Abhann. Chaitheadh na fir seo a bheith ag obair gach aon lá saoire eaglaise. Ní fheadar mé a dtugadh sé uain dóibh dul go dtí aon aifreann; is deallramhach ná tugadh mar d'aon gnó bhíodh obair éigin ar siubhal aige gairid do'n séipéal le linn aifrinn gach aon lá saoire.

An chéad uair a tháinig an t-Athair Tomás Ó Floinn ag rádh aifrinn go Baile na h-Abhann, lá saoire d'beadh é. Tháinig sé chun an dara aifreann a rádh. Bhí Leainglí ag maoirsígheacht ar scata fear a bhí ag leagaint sean-fhalla os coinne geata an t-séipéil amach. Nuair a shrois an sagart paróiste an geata agus chonnaic sé cad a bhí ar siúbhal, léim sé anuas dá chapall agus thug sé an srian do'n duine ba ghiorra dho. Anonn leis go dtí Leainglí. Sheasuigh sé os a choinne amach agus d'féach sé idir an dá shúil air ar feadh nómaint.

“A Leainglí” ar seisean agus faobhar in a ghlór “ná feicim-se aon rud mar seo ar siúbhal agat-sa an fhaid agus bheidh mise sa pharóiste seo nó cuirfead mairc ort a bheidh níos measa ná do chos bhacach”.

Ní dúbhairt sé a thuille acht iompódh ar a sháil agus isteach an geata. Níor labhair Leainglí focal. Nuair a tháinig an pobal amach ó'n aifreann bhí sé féin agus a chuid fear imthighthe, agus ní bhíodh aon obair ar siúbhal aige aon lá saoire as san amach acht pé obair a bheadh riactanach. Ní cuimhin liom-sa an scéal so i dtaobh an Athar Tomás Ó Floinn agus Leainglí dar ndóigh acht d'airigheas é céad uair ag na sean-daoine. Innistear fós sa nGleann annso é. D'réir deallraimh ní raibh an bhinb ná an

mustaracht céadna i Seoirse Leainglí as san amach.

Nuair d'éag sé roinnt bliadhanta in a dhiaidh san bhí an t-eastát ag a ingean an t-aon duine cloinne amháin a bhí aige. Níor phós sí sin riamh. Bean chárthannach do b'eadh í ná bíodh cruaidh ar na treontaithe. Thugadh sí gach aon seans dóibh maidir le díol an chíosa agus níor chuir sí aoinne as seilbh an fhaid a mhair sí. Riaradh sí éadaighe agus phlainncéidí agus té agus siuicre ar dhaoine bochta an pharóiste gach aon Nodlaig. Is cuimhin liom go maith í ag tiomáint thimcheall in a carréiste oscailte mar a bhíodh sí féin agus a h-athair roimhe sin. “Miss Tessy” a thugadh na daoine uirri agus bhí árd-mheas aca uirri dá olcas an an chine as a shíolraigh sí.

Taréis a báis díoladh an t-eastát leis na treontaithe fe'n Acht Ceannuighthe Talmhan. Acht d'fágadh an Tigh Mór agus thimcheall céad acra talmhan ag gaol i bhfad amach do Leainglí. B'annamh a thagadh sé sin ann, acht bhíodh maor aige i bhfeidhil na feirme. Dógadh an Tigh Mór le linn cogadh na “mBlack and Tans” agus níl ann anois acht fothrach fuar folamh. Fuair Coimisiún na Talmhan seilbh ar an bhfeirm agus riaradh í ar treontaithe nua agus tógadh tighthe nua dhóibh. Ba mhór é cúmhacht Leainglí sa pharóiste seo lá dá raibh. Ba neamh- thróraireach an tíoranach é. Tá sé anois in a luighe annsúd ag binn an t-sean-theampuil agus ráil árd iarainn thimcheall air agus gan dada le feicsint ann acht driseóga agus neanntóga agus feochadáin; agus is dócha ó'n lá cuireadh ann é nár cuireadh guidhe lena anam. Ba bheag a shíl sé nuair bhí sé i réim agus i rachmas nár bfhada uaidh a bhí an lá nuair ná beadh de chuideachta in a chúirt mhaiseach acht na cinn-chait san oidhche agus na fainleoga sa ló. Acht bionn an roth ag casadh i gcomnuidhe.

Ag Scoil Bhaile an Droichid.

Ta Baile an Droichid isteach is amach le dhá mhíle slighe ó Lios na Faille. Tá droichead aon t-súil amháin thar an Tonnóigh ann, agus uaidh sin a fuair sé a ainm. Bhí an scoil agus siopa hucstaera Mháire an tSuíbhnigh ar an taobh i bhus de'n droichead, agus tigh thábhairne 'Léan Mhairtí agus ceárdta Jim a' Ghabha ar an taobh thall de. Sin a raibh ann acht sean-aillí a bhí tiar de'n scoil. Tá siopa beag fós mar a raibh siopa Mháire an t-Suíbhnigh agus tá an ceárdta ann. Tá scoil nua ar an taobh thall de'n mbóthar os coinne ionaid na sean-scoile, acht níl rian na sean-scoile ná an tighe tábhairne fágtha, agus cuireadh na clocha bhí sa sean- aillí amach ar an mbóthar bliadhanta ó shin.

B'iad na bliadhanta a thugas ag dul ar scoil go Baile an Droichid na bliadhanta b'aoibhinne agus ba shuairce de'm saoghal, cé nár thuigeas san, an uair úd. Ní thuigeann an duine áilneacht agus aoibhneas na h-óige go dtí go mbuaileann sé le buaidhirt agus trioblóidí an t-saoghal. B'shin é mo dháltha-sa so h-áirmhithe agus is dócha dáltha gach aoinne de'n chine daona.

Nuair a bhíonn an óige ag duine ní bhíonn aon easba caithimh aimsire air. Baineann sé sult as gach aon rud. Na rudaí is suarthaighe is adhbhar suilt agus magaidh do iad. B'shin mar a bhí agam-sa agus ag na buachaillí comhnaois liom a bhí ag dul ar scoil go Baile an Droichid. Dá bhfaghainn cuímhneamh ar iomlán na n-eachtraí a thárla in ár measc bheadh lán leabhair ionnta gan a thuille a chur leo. B'iomdha cluiche agus cleas d'imirigheamar agus b'iomda círéip a rinneamar, mar bhí áithleoirí ag dul ar scoil lem linn-se agus maidir le cleasaidheacht agus círéipeacht ba dheachair buadhchaint ortha.

Bhíodh cluichí againn d'réir an t-saosúin. Bhímís ag iomáint ar an mbóthar le spaiceanna sa nGeimhreadh. Cnapán adhmaid thimcheall chomh mór led dhorn a bhíodh mar liathróid againn. “Cat” a ghlaodhtaí air. Ní raibh an focal “sliotar” againn annso sa nGleann. Spaic aitinn an spaic is fearr agus is sia a sheasochadh.

Thagadh “seo” beag taistil go Baile na h-Abhann ar feadh seachtmhaine gach aon Geimhreadh, agus bhíodh cluiche aca ag caitheamh

liathróidí adhmuid le firíní agus biníní bréige. Bhíodh seisear aca in a seasamh ar phlannc ar chúl an chábáin. Thimcheall deich slata uatha chaithfeá seasamh. Gheobtha trí liathróid ar phinginn agus bheadh pinginn nó trí urchar eile le fághail agat ar gach ceann a leagfá. Acht ba dheacair iad a leagaint mar bhíodar trom in a mbun agus ní bhíodh sa cuid eile aca acht mar a bheadh clumh agus bior caol iarainn suas tríd, agus muna mbuailtheá díreach an bior iarainn ní thuitfidís. Acht is é an chúis a bhfuilim ag trácht ortha annso, ná go ndeineadh na garsúin mhóra, a bhíodh ag teacht go dtí an scoil, seift ar chúpla ceann desna liathróidí adhmuid a ghoid le h-agaidh iomána gach aon uair a thagadh an “seo” go Baile na h-Abhann.

Agus ba chontabhartach na liathroidí iad, mar nuair buailtí poc maith ar cheann aca bhíodh gluaiseacht piléir ann ag imtheacht. Chuireadh ceann aca isteach trí fhuinneog Mháire an tSuibhnigh lá, agus chomh maith le pána a bhriseadh sa bhfuinneoig briseadh pláta ar an driosúr a bhí os comhair na fuinneoige isteach. Bhí cogadh sa scoil in a thaobh agus chuir an Paorach cuid mhór ceisteanna orrainn go léir acht níor eirigh leis pé duine a bhí cionntach d'fághail amach. B'é an deire a bhí leis an scéal na gur cuireadh cosc leis an iomáint ar feadh an chuid eile de'n saosún san.

Bhíodh liathróid coise – nó “caid” mar ghlaodhadh na sean-daoine uirri – againn uaireanta; acht ba dheachair páirc d'fhághail. Leigtí isteach a bpáirc coinnligh sinn nó páirc bháin a bhídhtí chun a bhriseadh; acht b'annamh a bhíodh páirc oireamhnach gairid go leor do'n scoil. Ar an Domhnach ba mhó a bhíodh an “caid” againn. Cuireann a liathróid adhmuid agus an iomáint scéal greannmhar i gcuimhne dhom. Bhíomar ag iomáint le ceann aca ar mbóthar, nuair bhíomar amuigh ag sugradh um eadarach lá, agus buaileadh garsún dárb' ainm Peaitsín Ó Briain sa srón agus bhí fuil in a gaisí leis. Chuir an Paorach in a luighe é ar fleasc a dhroma ar an mbóthar agus cuir sé leac bheag cloiche le baic a mhuiníl taobh istigh de bhóna a léine, acht níor stad so an fhuil.

Bhíodh sean-bhean ag gabhail thimcheall an uair úd ar a nglaodhtaí Nóra mhór nó Nóra na ceirthe. Bean mhór ramhar do b'eadh í. Bhí giorra anála uirri agus bhíodh sí ag cneadaigh agus ag séideadh i

gcomhnuidhe. Bhíodh bróga fir uirri, agus bhí rud éigin ar chois léithe agus bhíodh cheirt casta ar a lurgain i gcomhnuidhe. B'shin é an chúis ar tugadh Nóra na ceirte uirri. Ghabh sí thar brághaid agus Peaitsín caitthe ar an mbóthar ag tabhairt fola. D'fhéach sí air. “Cuiridh c - muice leis” ar síse agus d'imthigh sí léithe.

Dúbhras cheana nár thuig an Paorach aon Ghaoluinn. Bhí triúr nó ceathrar againn láithreach a thuig cad dúbhairt Nóra agus rinneamar gáire.

“Cad dúbhairt sí?” arsa an Paorach i mBéarla.

Níor labhair aoinne againn mar bheadh náire orrainn a rádh leis cad dúbhairt sí.
“Cad dúbhairt sí?” arsa sé arís go feargach.

Acht i massa bhí garsún darb' ainm Seán Ó Gráda ó'n nGleann annso ann agus mhínigh do'n bPaorach cad dúbhairt Nóra i slighe gur bhfuiris a thuigsint. Níor labhair an Paorach focail eile acht d'imthigh sé leis uainn suas fé dhéin na scoile. Bhí fuil sróna Pheaitsín stadaithe um an dtaca so agus thugamar linn go dtí an sruth é agus nígheamar é agus luigheamar isteach ar an iomáint arís. Bhíodh leigheas Nóra Mhór ar an bhfuil sróna ag bleagárdaí an Ghleanna mar nath ar fead i bhfad in a dhiaidh san. Bhímís ag imirt cnaipí scaitheamh eile de'n mbliadhain, agus bhíodh árd chomórtas eadrainn féachaint cé aige a bheadh an chuid is mó dhíobh. Is cuimhin liom go raibh os cionn céad cnaipe ar chórda agam féin uair. Ní raibh cnaipe in aon sean-bhalcais sa tigh ná raibh fuadaighthe agam. B'é an cleas céadna ag na scoláirí go léir é. Ba mhinic a chonnacas garsún ag stracadh na gcnaipí as a chasóig nó as a bhríste le h-aghaidh iad d'imirt nuair a bhíodh a raibh aige caillte aige. Bhíodh fo-gharsún ann a dhíolfadh cnaipí leat. Fiche cnaipe agus “gilt” ar leath-phinginn an praghas coicianta a bhíodh ortha. Acht ní ró-mhinic a cheannuigheadh aoinne iad mar ní bhíodh leath-phinginí ró-fhairsing ag scoláirí scoile san am úd de'n saoghal. B'é an rud an “gilt” ná cnaipe práis a mbíodh luiseag ann. Cnaipe mar sin do b'fhearr chun é a chaitheamh leis an “mbob” mar bheadh meádhchant ann. Is cuimhin liom na cnaipí práis sin d'fheicsint ar an mbríste glún córda an ríogh a bhíodh

ar Bhil Learaí agus Liam Buithléar. Lean an bheirt sin de'n mbríste glún gur cailleadh iad. Bhíodh ceithre cinn desna gilteanna ar an taobh ismuigh de gach glún.

Ar an chéad lá de Mhárta ní bhíodh garsún sa scoil ná bhíodh “top” aige, acht amháin na garsúiníní óga ná beadh ábalta ar é a chur ag rinnce. Gheobtha “top” a cheannach ar phinginn siopa Mháire an t-Shuibhnigh. Bhíodh péint uaithne nó dearg ortha acht ní cheannuigheadh aoinne an sórt san “top” acht na garsúin bheaga. Ní bhíodh aon-mheas ag na garsúin mhóra ortha. An saghas “top” a bhíodh ag na garsúin mhóra, cheannocthá an ceann ar phinginn agus chaithfá spíce d'faghail ó'n ngabha. Is iomdha barra-cimilte a goideadh chun na spící seo a dhéanamh mar bheadh an chruaidh cheart ann. Dheineadh cuid desna scoláirí an ceann sa mbaile acht ní bhíodh sé chomh slím deag-chumtha leis an gceann a cheannóchthá.

B'iomdha ciapadh a thugamar do Jim a' Ghabha ag bladar leis spící a dhéanamh dúinn. Cleasaidhe do b'eadh Jim macánta, mar ba mhinic a dheineadh sé spíce, agus chaitheadh sé amach chúghainn é taobh ismuig de dhoras na ceárdtan agus é nach beag dearg, agus nuair dhóigimís ar méaracha d'iarradh breith air bhíodh sé ag briseadh a chroidhe ag gáire. Bhí scil ag gabhail leis an t-slighe a chuirfá an spíce sa cheann, mar muna mbeadh sé curtha isteach go díreach ní raghadh an “top” a “codladh” agus é ag rinnce, ná ní bheadh sé “éadtrom” nuair a thógfá ar do bhais é. “Gleoisín” a ghlaodhtaí ar “top” a raghadh a “chodladh” sa t-slighe gur dhóigh leat ná beadh sé ag corruighe. “Gigiléir” a thugtaí ar “top” a bheadh ag rinnce mi-chomhthromach de bharra an spíce a bheith curtha isteach cam ann. Adhmuid crainn a ubhall fiadhain no “crab” an t-adhmud do b'fhearr le h-aghaidh “top” mar níor bhfuiris é a scoltadh. Ceann “carb” agus spíce cruaidhe, ba shin togha agus rogha na “dtop”.

Bhímís ag imirt liathróide i gcoinne binne na scoile, agus leanadh cuid desna garsúin mhóra de seo ar feadh an chuid is iomdha de'n mbliadhain. Bhíodh a gcluichí féin ag na gearrchailí; acht ní h-é ar an leath-uair a bhímís agus iad féin ag sugradh; dá shon san ní chuimhníghim ró-soiléir ar na cluichí a bhíodh aca.

Mar is dual do scoláirí scoile ba iomdha cleas agus círéip d'imirimís ar a chéile agus ar daoine eile. Bhí garsúin ag dul

go Scail Baile an Droichid im fhochair agus ní bheadh an diabhal suas leo maidir le cleasanna a cheapadh agus a imirt ar aoinne gurb dhóigh leo go mbeadh paiste gleo aca air. B'é Donnchadh Pheigí an t-áithleoir ba críochnuighthe dhíobh go léir, agus ba dhóigh leat le féachaint air ná raibh buachailliín níos mánla, níos simplídhe ná é sa pharóiste. Bíodh a shúile gorma agus a bhéal agus a gnúis go léir ag gáire i bhfochair a chéile ba dhóigh leat, agus bhí mothal fionn cas gruaige air ionnus go ndéarfadh aoinne gur naoimhín a bhí ann. Acht an t-é a mheasfadh gur naoimhín Donnchadh macánta b'air sin a bheadh an breall.

Rinneas tagairt cheana do siopa Máire an t-Suíbhnigh; siopa beag hucstaora do bheadh é, ar an taobh thall de'n mbóthar as coinne na scoile. Bhí Máire pósta le Seáinín Ó Deágh, fear beag foirbhthe maol-chluasach. Níor ró-aoibhinn beatha do Seáinín bocht é, bhí a leithéid sin de smacht ag a bhean air. Bhí sí mór mustarach agus glór garbh aici agus b'í an maighistir istigh is amuigh í. Is dócha gurab' é sin an chúis nár glaodhadh riamh ar an mbheirt mhac a bhí aca, acht Seán Mháire agus Micil Mháire. Níor cuireadh Seáinín bocht 'san áireamh ar don chor. Ní mórán earraí bhíodh sa siopa aca agus b'ar na scoláirí a dheinidís pé pinginí tairbhte a bhíodh aca. Milseáin agus briceanna aráin, ubhla agus plumaí nauir a bhíodh an saosún ann, tobac agus píopaí cailce agus iallacha bróg agus rudaí beaga mar sin a bhíodh 'gha ndíol aca.

B'an-fhiuris ar fad Seáinín bocht d'árdacht agus dar ndóigh ní iarrfadh bleagardaí na scoile aon rud níos fearr ná a bheith ag plé air agus 'ghá chur ins na craobhacha nuair gheibhidís an chaoi chuige. Bhí maidrín beag bán aige agus gruaig an-fáda air agus chaith Donncadh Pheigí isteach i gcamra na scoile é agus tharraing sé amach arís é. Seo an maidrín isteach sa siopa agus é 'ghá crothadh féin. Chaith Seáinín é a thabhairt síos go dtí an sruth istigh i sciath chun é a nighe. Ghearán sé na scoláirí leis an maighistir agus cuireadh cuid mhór ceisteanna orrainn acht dar ndóigh ní raibh fios ag aoinne cé rinne an choir. Bhí lindéir ag dul insteach sa chamra agus thiomáin Donnchadh Pheígí líne lachan óg a bhí ag Máire an tSuibhnigh isteach ann lá. Bhí cogadh mar gheall air seo

leis, acht níor dhíol aoinne as. Máire féin a tháinig chun na scoile ag déanamh gearáin leis an maighistir, acht ní ró- mhuinnteara bhíodh sé léithe, ag is dócha dá shon san, ní ró-dhian a chuaidh sé ar na scoláirí chun an cuirpteora d'fhágail amach.

Bhíodh cuid mhaith eallaig ag Máire an t-Suíbhnig. Bhíodh lachain is cearca is turcaithe aici. Ní cuimhin liom géana a bheith aici. Bhídís ag faire ar na scoláirí nuair a thagaidís amach ag sugradh ag trúth le greamanna aráin. Bhíodh am an t-sosa aimsighthe aca chomh cruinn agus bhíodh againn féin. Bhíodh na préacháin féin bailighthe ar na crainn thimcheall na scoile ag faire go dtiocfadh na scoláirí amach. Agus nach iongantach an rud é ná thagaidís aon lá ná bíodh an scoil ar siúbhal. Ba mhinic d'airigheas Jim a' Ghabha 'ghá rádh ná bailigheadh na préacháin ann aon Domhnach ná Satharn ná nuair bhíodh laetheana saoire ag na scoláirí. Is dócha go mbíonn a chiall féin ag gach aon rud beo.

Is é a chuir eallaigh Mháire an t-Suibhnigh im cheann ná an cleas d'imirígheadh Donnchadh Pheigí ar na lachain. Gheibheadh sé píosa de chórda cúpla troigh ar fhaid agus cheangalaigheadh sé blúire de chrústa aráin ar an dhá cheann agus chaitheadh sé chun na lachan é. Is eol do chách an t-slighe alpann lachain biadh. Ní luaithe bhíodh an dá phíosa aráin ar an dtalamh ná seo sa mullach ortha na lachain agus iad sloigithe ag dhá cheann aca. Bhíodh an dá lacha annsan ag tarraingt an córda ó'n a chéile go dtí go dtarraingheadh ceann aca an píosa aráin aníos as scornaigh an chinn eile; acht ní luaithe aníos é ná bhíodh sé sloighthe ag lacha eile agus siúd an tarraingt ar siubhal arís. Muna mbeadh agat acht an t-aon gháire amháin chathfá é a dhéanamh ag féachaint ortha ag stathadh an chórda ó'n a chéile.

Acht ba dhobair go ngoillfeadh cleas an chórda orrainn go léir. Bhí Donnchadh 'gá imirt ar na turcaighthe lá agus shloig coileach turcaighe an dá píosa aráin agus bhí an cárda casta ar a sceolbhach agus bhí sé i riocht a bheith tachthaighthe nuair a chonnaic Máire é. Díreach taréis dúinn a bheith glaodhaite isteach, seo Seáinín Ó Deágh isteach in ár ndiaidh agus spranng aige agus é ag fógairt cad ná déanfadh sé le bleagárdaí na scoile, agus

ag cáineadh an mhaighistir i dtaobh gan smacht níos fearr a choimeád ortha. Níor labhair an Paorach focal acht chuaidh sé anonn agus rug sé ar ghualainn ar Seáinín agus chuir sé tarbh ismuigh den doras é agus dhún sé an doras. Ní raibh a fhios aige cad in a thaobh a tháinigh Seáinín isteach agus níor chuir sé aon ceist orrainne. Acht an lá in a diaidh san d'fhógair sé dhúinn deire a chur le cleas an chórda nó ba dhanaoid dúinn é.

Is cuimhin liom cleas eile d'imirigeadh ar Sheáinín bocht. Bíodh sé ag tarraignt móna ó Mhóin a' Bhráca sa taobh thoir theas de'n nGleann annso le miuil dhubh a bhí aige. Bhí an mhiuil an-theasbach. Bhí sí ceangailte taobh ismuigh de gheata an macha aige lá nuiar a thángamar amach ag sugradh. Ghlaodhaigh Donnchadh Pheigí ar bheirt nó triúr i leith chuige. Bhaineadar na cipíní as na súilíní agus dhruideadar an trucaill amach go dtí go raibh na súilíní ar an taobh tosaigh den' chrann (as) iomphuir. Nuair a bhí a dhinnéar ithte ag Seáinín tháinigh sé amach agus scaoil sé an mhiuil agus shuidh sé ináirde. Ba bhéas ag an mhiuil imtheacht de phreib nuair chuirtí chun bóthair í. Ní luaithe chuir sí an phreab aiste ná d'fhág sí na rotha as a diaidh, agus nuair d'airigh sí an fothramh neamh-choitchianta a bhí na sáilíní a dhéanamh ar an mbóthar as go bráth léithe ar chosa ináirde agus b'é dícheall Sheáinín í a stopadh. Ní fheadar mé ar thuigh sé ar aon chor cad ba chúis do'n tranglam, mar níor dhuine ró-fhaidcheannac é. Níor ghearán sé leis an maighistir sinn in a thaobh go h-áirmithe.

B'iomdha cleas eile d'imirigeamar ar daoine eile agus ar a chéile nuair a bhíos ag dul ar scoil go Baile an Droichidh, agus b'iomdha círeíp a rinneamar, acht ní ró-chruinn a chuimíghim ortha taréis na mbliadhanta go go léir atá imthighthe ó shoin. Acht tá na cleasanna d'imir Donnchadh Pheigí ar Sheáinín Ó Deágha bocht chomh soiléir im chuimhne agus dá mb'é indé a thárluigheadar.

Na Bánaigh

Níl aoinne in a bheatha i nGleann Chártainn anois, ach Dic Ó Siadhaile siuinéir, agus mé féin, gur cuimhin leis na Bánaigh a bheith in a gcomhnuidhe amuigh i nGleann na Faille. Tá Gleann na Faille ag rith ó Gleann Chártainn siar isteach idir na sléibhte ar feadh thimcheall trí mhíle slíghe. Gleann caol uaigneach iseadh é, na sléibhte go h-árd ar gach taobh de, agus sruth tréan ag rith in a lár, dá radadh féin le iomad torainn agus cúbhair agus eas thar na gcarraigeacha. Tá an fhaill ar an taobh thuaidh de chomh díreach le falla, í árd i mbéal an ghleanna agus ag dul in ísleacht d'réir mar bheitheá ag druidim suas an gleann go dtí ná raibh innte sa deire acht mar bheadh port leis an sruth. Bhí coill ar shleasa an chnuic ar an taobh eile den sruth nuair bhíos-sa óg. Áit uaigneach, an-diamhar,do b'eadh é. Ins an áit ar phaiste leibhéalta idir an choill agus an sruth bhí tigh na mBánach. Ba dóigh leat ná cuirfeadh aoinne roimis maireachtain in áit chomh iargcúlta leis. Ár dtigh-ne an tigh ba ghiorra dho agus tá os cionn trí mhíle fhada eatarra. Ní raibh acht bóthar garbh sléibhe ag dul isteach ann. Bhí an bóthar ar thaobh an t-srutha. Rinneadh feabasugadh ar an mbóthar chun an t-adhmuid do tharraingt nuair gearradh an choill le linn an chogaidh, acht ní raibh tuairisc na mBánach ann le bliadanta roimhe sin. Tá cliathán an chnuic, mar a raibh an choill, mar sean-chearc fhollta anois, gan acht crann beag suarach leath-fheoidhte, agus ithte ag gabhair annso agus annsúd ann. Níl fágaithe d'áit comnuighthe na mBánach acht na cladhacháin thimcheall na bpáircíní a bhí saortuighthe aca, agus bun fallaí an tighe agus na cloche caithte annso agus annsúd ar gach taobh. Le clocha fuara a bhí fallaí an tighe déanta agus fraoch a bhíodh mar dhíon air. Tá an fraoch agus an t-aiteann Gaedhealach agus an raithneach taréis seilbh a glachadh ar na páircíní arís, cé gur cuimhin liom-sa prátaí agus seagal a bheith ag fás ionnta.

Is cuimhin liom Tomás agus Martan agus Seán Bán agus Cáit Mhór a máthair. Ní cuimhin liom an sean-Bhánach an t-athair; bhí sé sin taréis bháis roimh mo linn-se. Is cuimhin liom go maith leis an chéad lá riamh a chonnacas a dtigh amuigh i nGleann na Faille. Bhí Cáit Mhor ina seasamh sa doras agus shíleas gurab í

an bhean b'aoirde a chonnacas riamh í. Níorbh' aon leas-ainm Cáit Mhór a thabhairt uirri. Bhí a gruaig chomh dubh le daol, a craiceann odhar agus í chomh díreach le fuip.

B'amhlaidh bhíos i bhfochair Sheáin Mhic Craith ag lorg reithe a bhí imithighthe uainn, cúpla seachtmhain taréis do teacht go Lios na Faille. Nuair bhíomar ag gabháil thar an dtigh bheannuigh Seán di, agus ba dhúr mí-mhuinnteardha do fhreagair sí é. Níor chuir sé aon cheist uirrí i dtaobh an reithe agus nuair a bhíomar gabhtha thar an dtigh bí sé im cheistiuchán in a taobh. Dúbhairt sé gur ghabh sé thar an dtigh an lá a thainigh sé treasna na sléibhte acht ná feaca sé aoinne. Thugas-sa pé cúntas a bhí agam do uirthe féin agus ar a triúr mac, acht ní raibh agam-sa acht pé rud d'airighinn-sa 'ghá chur trí na chéile thimcheall ortha ag baile.

Bhí an triúr mac an-dheallránach lena máthair. Bhí an triúr aca os cionn sé troighthe ar aoirde, iad buidhe agus folt dhubh ortha. Ní rabhadar d'réir na leas-ainme a bhí ortha, go h-áirmhithe; acht ba mhinic d'airigheas go raibh a n-athair -Tomás Bán Ó h-Ifearnain - an-fhionn ar fad. Lena máthair a chuaidh an triúr mac.

Daoine ionnta féin do b'eadh iad. Ní chuiridís isteach ná amach ar aoinne, ná ní dhéinidís aon mhuinntearas le h-aoinne de mhuinntir an ghleanna, thar dul go tórramh nó sochraid, agus dheinidís é sin i gcomhnuidhe. Bhíodh cuid mhór caorach ar an sliabh aca, agus b'é a ngnó a bheith 'ghá n-aoidheareacht agus ag saortughadh an phaiste beag talmhan thimcheall an tighe. Is cuimhin liom an triúr aca d'fheicsint ag gabháil síos thar an ngeata agus paca mór olainne ar a mhuin ag gach duine aca 'ghá thabhairt síos go Baile na h-Abhann, nuair a bhíodh mangaire ó Chluainmeala ag ceannach olainne ann. Bíodh coin aca agus bhídís ag fiadhach na ngirrfidhte leo, agus d'airighinn go mbíodh gunnaí aca leis agus go ndéanaidís an-íosbairt ar na cearca fraoigh ar an sliabh agus ar na creabhair sa choill. Shíl an tighearna talmhan gur leis an géim iad a chur as an áit ar fad, acht bhí léas aca nár bhféidir a bhriseadh agus theip air iad a chorruighe. D'airigheas ag sean-Risteard Ó Siadhaile gurabh é sean-athair Thomáis Bháin a chuir fé ann ar

dtúis. Bhí sé ortha leis nuair a theastuigheadh caoir-fheoil uatha nárbh' é
a gcaoirigh fein a mharbhuighdís i gcónuidhe. Acht níor promhthadh so ina gcoinne riamh cé go mbíodh an droch-amhras ortha, agus is é mo thuairim-se ná raibh aon fhirinne sa scéal.

Ba an-annamh a theigheadh aoinne aca go dtí aon aifreann taobh amuigh de Lá Nodlag agus Domhnach Cásca. Is dócha gur dheacair aon mhilleán a bheith ortha ina thaobh so, mar beadh isteach is amach le deich míle le siubhal aca ó'n a dtigh go Baile na h-Abhann. Acht ba bheag Domhnach na lá saoire ná buaileadh an triúr mac anuas Bóthar na Faille agus síos an bóithrín thar ár dtigh-ne; iad scriosta bearrtha agus a gcuid éadaighe maithe ortha, ag dul síos ag ól go tigh tabhairne 'Léan Mhairtí. Go déanach um thráthnóna a ghabhaidís síos agus nuair a chídeadh m'áintín Máire iad ag gabhail thar
an ngeata agus fios aici ná rabhadar ag an aifreann, ba mhinic a dubhairt sí gur olc an críoch a bheadh ortha. Bean diadhanta b' eadh m'áintín Máire agus bhíodh buile uirri iad d'fheiscint ag imtheacht mar sin ag tabhairt droich-mheas don Domhnach mar dheireadh sí. Bhí an ceart ar fad aici nuair dheireadh sí go raibh droich-críoch i ndán dóibh; acht chun míniúghadh a dhéanamh ar an scéal, caithfeadh a innsint ar dtúis mar fuair Seán Báróid agus Dic Ó Siadhaile agus mé féin amach an uaigh isteach fé'n eas ag Poll an Easa.

An sruth atá ag rith andeas sa nGleann Láir agus an sruth atá ag rith aniar trí Gleann na Faille, tangbhuigheann siad ar a chéile thimcheall leath-mhíle siar ó ár dtigh-ne. Is mó sruth Gleann na i bhfad ná an sruth eile. Cómhgar an Dá Gleanna a tugtar ar
an áit a dtangbhuigheann siad le chéile. Is amhlaidh a thuiteann sruth Gleann na Faille anuas de sheilp cloiche thimcheall ocht dtroighthe ar aoirde, isteach sa sruth eile. Ins an áit a dtuiteann sé isteach atá poll leathan ar a nglaodhthar Poll an Easa. Gach aon samhradh thagadh cuid mhaith des na garsúin sa chomharsanacht ag snámh ann. Ní raibh an t-uisce sa pholl thar trí nó ceathair de throighte i ndoimhineacht agus bhíodh spórt aca d'iarraidh seasamh istigh fe'n eas. Is dócha nár chuaidh aon triúr eile san áit níos minicídhe ag snámh ann na Seán Baróid agus Dic Ó Siadhaile agus mé féin.
Sa samhradh tirm bhí an t-uisce an-íseal sa dá shruth, agus ní

raibh acht mar bheadh scannán uisce ag tuitim anuas de'n charraigh. Níorbh aon duadh seasamh fé'n eas an lá só, nuair bhí an triúr againn ag snámh ann. Chuadhas féin isteach taobh thiar de'n eas agus pé súil-fhéachaint a thugas, shíleas go bhfeacaigheas mar a bheadh splinnc soluis thiar istigh i bpoll a bhí sa charraigh. Bhí an poll leath-dhúnta le cúnach a bhí ar liobarna anuas thairis. Bhí an poll ag dul isteach fiar-scéobhach sa charraigh, agus nuair dhruideas an cúnach ar leath-taobh lem láimh, chonnachas ná rabhas ag déanamh aon dearmhaid; bhí gileacht éigin sa taobh istig de'n pholl. Ghlaodhas ar an mbeirt eile agus thangadar agus sheasuigheadar lem taobh thiar de'n eas. Nuair chonnacadar an solus istig sa pholl bhí iongantas ortha mar bhí orm féin. Bhíomar ag cur an gnó trí na chéile ar feadh cúpla nómant.

“Teighimís isteach féachaint 'de'r'd é” arsa Seán Baróid. Níor theip an misneach ar Sheán bocht aon lá riamh. Chuaidh sé isteach sa pholl I dtosach agus sinne ag strapadóireacht in a diaidh ar ár gceithre cruibh. Bhí an poll i bhfad níos mó ná mar d'fhéach sé ó'n taobh ismuigh leis an gcúnach a bhí ar liobarna anuas lena bhéal. Ní raibh tar cúpla slat curtha dínn againn nuair chuir Seán liugh as.

“Dar fia! A bhuachaillí” arsa sé, agus sheasuigh sé suas. Thángas féin agus Dic mar a raibh sé agus sheasuigheamar chomh maith, agus leis an iongantas a bhí orrainn níor labhairt aoinne againn ar feadh nómaint. Bhíomar istigh in uaigh fé thalamh a bhí thimcheall chomh mór leis an gcistin annso, acht í a bheith i bhfad níos aoirde ná an chistin. Agus rud b'iongantaídhe ná san ní raibh sé dorcha istigh innte. Bhí solus na gréine ag teacht isteach trí a cheathair nó a cúig de scoilteanna a bhí thuas ar bharra na taoibhe a bhí leis an bhfaill amuigh. Gath de sholus na gréine a bhí ag síneadh treasna na h-uaighe a chonnacas-sa ó'n taobh ismuigh. Agus bhí rud iongantach eile ann. Bhí neadracha ag na fáinleoga ar bharra taobh na h-uaighe agus bhíodar isteach is amach trí na scoilteanna. Ba mhinic a chonnacamar na fainleoga agh dul isteach ins na scoilteanna a bhí ar thaobh faille, acht ní rith sé le aoinne acht gur scoilteanna sa charraig iad agus go raibh neadracha ag

fáinleoga istig ionnta. Bhí úrlár na h-uaighe foilighthe le gairbhéal agus mion-chlocha agus bhí leach mhór cloice thimcheall chomh le bórd na cistine in a lár. Bhí poll dubh ar leibhéal an úrláir os coinne an phoill in ar thángamar isteach acht ní rinneamar aon chuardacht ann an lá san. Ba bheag a labhair aoinne againn ar feadh an cúpla nómant d'fhanamar istig san uaigh leis an iongantas a bhí orainn. Is cuimhin liom gur chuir Dic Ó Siadhaile eascaine as. “T'anam 'n Diabhal cé dhéarfadh go raibh a leithéid ann?”

Bhíomar in ár gcroiceann agus bhí sé fuar istig san uaigh. Bhí creathán ag teacht orrainn agus dúbhramar gur bhfearr dul amach arís. B'aoibhinn teas agus solus na gréine amuigh seachas mar bhí sé istigh sa pholl leath-dhorcha úd.

Shocruigheamar eadrainn féin ná 'neósfaimís d'aoinne i dtaobh na h-uaighe fé'n eas. Ba mhinic a bhíomar istig innte ar feadh cúpla seachtmhain in a dhiaidh san. Thugamar isteach coinneall linn chun an poll úd i gcúinne na h-uaighe a fhéachaint, acht bhí sé stopaithe go barr le gairbhéal thimcheall cúpla slat isteach ó n-a bhéal.

Ba mhinic a bhíodh Risteard Ó Siadhaile, athair Dhic ag cur síos ar Uaigh na Caorach Glaise, agus bhíodh Liam Beilbí leis, ag innsint an scéil ar cionnus a fuair sí an ainm sin. Bhíos thíos innte bliadhanta in a dhiaidh san, mé féin agus Seán Baróid i bhfochair Liam Tóibín an maighistir scoile; acht tá sé le rádh agam dá mhéid í, agus dá ionghantaidhe iad a bhfuil le feicsint innte, nár chuir sí leis an oiread de chorruighe im chroidhe agus do chuir an uaigh fe'n eas an chéad uair a chuadmar isteach innte.

Dá mhéid de rún a bhí eadrainn gan a innsint d'aoinne beo i dtaobh na h-uaighe fé'n eas, ní ró-fhada in a dhiaidh san gur scéitheadh an rún agus is mise a rinn' é. Seo mar tharla:

Lá i ndeire an Fhoghmhair, cúpla seachtmhain nó trí taréis dhúinn an uaigh d'fhághail fé'n eas rith ráfla ar fuaid an Ghleanna go raibh na Bánaigh gabhtha. Seán MacCraith a thug an scéal chúgainn annso ó cheárdtain Micil Dhuinn sa Chill Dhubh. Gabhadh an oidhche roimhe sin iad in a dtigh féin thuas I nGleann na Faille. Ghabhadar leo síos an bóithrín taobh le n-ár dtigh-ne - ní raibh aon t-slighe eile le dul aca – acht níor airigheamar iad,

cé go ndúbhairt m'áintín Máire go raibh na madraí ag sceamhghail thimcheall a dó a chlog. Níor airigheas-sa madra ná aon rud eile.

Acht ni bhfuair na “pílears” greim acht ar bheirt aca, Mártan agus Tomás. Bhí Seán Bán as baile in áit éigin agus níor thángadar suas leis ar aon chor. Thugadh an bheirt go príosún Chluain meala. Agus cad a bhí déanta as an t-slighe aca? Airgead bréige, píosa scillinge a thug duine aca do 'léan Mhairtí sa tigh tábhairne i mBaile an Droichid. Bhí droch-amhras ag 'léan i dtaobh na scillinge agus thaisbeáin sí do dhuine desna “pílears” í a bhíodh go minic sa tigh thábhairne. Thángadar i lár na h-oidhche agus cuardaigheadar an tigh agus fuaireadar roinnt eile píosaí scillinge bréige, agus an múnla chun a ndéanta, sághaite sa dion.

Ar feadh coicthíghis in a dhiaidh san bhí na “pílears” de ló agus d'oidhche ag cuardach na h-áite mór-thimcheall, idir chnoc is talamh réidh d'iarradh teacht suas le Seán Bán. Is dóigh liom gur chuardaigheadh gach aon tigh sa nGleann oidhche éigin i rith an choicthighís sin. Chuardaigheadh ar dtigh-ne annso trí h-uaire, i dtaobh gurabh é an tigh ba ghiorra do thigh na mBánach é is dócha. Acht ní bhfuair na “pílears” a thásc ná a thuairisc in aon áit. Bhí sé imthighthe mar shloigfeadh an talamh é. Má bhí a fhios ag aoinne cá mbíodh sé choimeád sé a bhéal dúnta. Agus dá mhéid a bhíodh na comharsain ag teacht anuas ar na Bánaigh roimhe seo, anois nuair bhíodar i bpponnc truagh a bhí ag urmhór na ndaoine dhóibh. Dá mb'í m'áintín Máire féin, d'airigheas í ag cáineadh 'léan Mhairtí go mór i dtaobh an rud do rinn' sí, dá mhéid dá gcuid a chaitheadar in a tigh.

Bhí sean-chaora dubh a bhí againn imthighthe ó'n gcuid eile in áit éigin agus chuir Seán MacCraith mise suas bóthar an t-sléibhe féachaint an bhfeicfinn í. Chuadhas suas an bóthar ar feadh mile nó mar sin agus ní fheacas in aon áit í. Chasas thar n'ais annsan agus anuas port a t-srutha a thángas. Thugas fé ndear fear in a sheasamh ar bharr an chnuic, ar an taobh thoir thuaidh d'ár dtigh-ne – an Cnoc Dubh. Bhí deallramh aige le “pílear” acht bhí sé ró fhada uaim chun a beith deimhinneach de. Rud eile ní mórán suime a chuireas ann, mar bhíomar i dtaithighe ar a bheith 'ghá bfheicsint chomh minic sin le cúpla seachtmhain; dá son sí chuirfeadh sé aon

iongantas orm “pílear” a bheith ar Bharra an Chnuic. Thángas anuas port an t-srutha go dtí go rabhas thimcheall céad slat taobh thuas de Pholl an Easa. Tá an gleann ag dul i ndoimhinneacht d'réir mar théigheann sé síos agus san áit a rabhas anois bhí na puirt ar gach taobh fiche troigh ar a luigheadh ináirde ó leibhéal an uisce, agus bhí aiteann gallda agus driseóga ag fás go flúirseach ar gach taobh, agus ináirde ar na puirt féin, ionnus ná raibh le feicsint ó leibhéal an t-srutha acht an spéir agus dhá cliathán an ghleanna chaoil. Bhí sméara dúbha go flúirseach ar na driseóga agus bhíos 'ghá bpiocadh agus 'ghá n-ithe ar mo shuaimhneas agus mé ag infiúchadh gach ceann a phiocainn ar eagla go mbeadh cnuimheoga ann. Dá mbeadh an áit ag bun na sméire, a bhíonn ceangailte ar an driseog, geal, níor ghádh duit aon eagla a bheith ort an sméar sin d'ithe. Ba shin comhartha ná raibh aon chnuimheóg innte.

Bhíos mar sin tamall maith ag piocadh na sméar agus 'ghá n-ithe agus mé ag druidim liom anuas port an t-srutha, nuair d'airigheas rud éigin ag briseadh im threo anuas tríd an aiteann agus na driseoga. Stadas agus d'féachas suas. Bhris fear amach tríd an aiteann cúpla slat uaim. Seán Bán a bhí ann agus leis an deallramh a bhí air, agus eile, baineadh geit asam. Bhí sé dubh le h-allus. Bhí a bhéal ar leathadh agus coipe cúbhair ar a phuis agus b'ar éigin a bhí sé ábalta ar a anáil a tharraingt. Ó'n lá úd go dtí an lá tá indiu ann, agus is iomdha bliadhain fhada ó shoin, ní fheacas a leithéid de dhuadhain ar dhuine ná ar bheithidheach agus do bhí air. “ F.. F.. Féach cá'il siad?” arsa sé liom, agus shín sé a lámh suas i dtreo barra an phuirt. Thuigeas láithreach dad do a bhí sé ag tagairt, agus suas liom tríd an aiteann agus na driseoga go rabhas ar fiora an gleanntáin. Chuireas mo cheann amach idir dhá thor aitinn agus d'fheacas mór-thimcheall. Bhí triúr “pílears” ag teacht anuas bóthar an t-sléibhe ag sodar. Bhíodar thimcheall leath-mhíle suas uaim. Thugas fé ndear go raibh an fear ar an gCnoc Dubh san áit chéadna in ar chonnacas ar dtús é, áit a raibh radharc aige ar an dúthaigh go léir thíos fé; acht ar an nómant díreach san thosnuigh sé ag siubhal anuas le fána an-mhear ag déanamh díreach, a mheasas, ar an áit in a rabhas.

Dúbharas liom féin go raibh Seán Bán bocht i bponnc. Ní raibh

dul as aige. Gheobhadh sé leanamhaint air síos cois an t-srutha ar feadh cúpla céad slat eile, acht as san síos tá an talamh ar gach taobh leibhéalta, agus níl aiteann ná driseoga ag fás ar a phuirt; agus ní bheadh aon mhaith do fuireach mar a raibh sé mar chuardóchadh na “pílears” an áit go mion.

Stadas. “Dar fiadh!” arsa mé liom féin, “an uaigh fé'n eas.” Anuas liom chuige. Bhí sé in a luighe ar an dtalamh ar a lámha agus ar a aghaidh agus bhí sé chomh traochta san gur chuma leis ba dhóigh liom, cad a bhainfeadh do. Chuireas mo lámh ar a ghualainn.

“Corruigh go mear” arsa mise “Tá siad ag teacht. Tá poll thíos annso, istig fé'n eas agus ní bhfuighid ann go deo thú.” D'féach sé suas orm. Dheallramhaigh air nár thuig sé cad a bhíos ag rádh. Chaitheas é a rádh arís leis. D'eirigh sé annsan agus lean sé mé. Thaisbeánas an poll do taobh thiar de'n eas agus dúbharas leis dul isteach ann. Isteach leis agus thar n'ais liom go dtí an áit mar a rabhas agus thosnuigheas ag piocadh agus ag ithe na sméar arís.

Ba ghairid a bhíos ann nuair a sheasuigh “pílear” os cionn mo cheann ináirde ar an bport.
“A bhuachaillín” ar sé sin “an bhfeaca tú aoinne ag gabhail anuas port an t-srutha tamall beag ó shoin?”
“Gabh duine éigin anuas ann ó chiana” arsa mise.
“Cár ghaibh sé?” arsa an pílear.
“Ní fheadar mé” arsa mise “d'airigheas duine éigin ag briseadh anuas tríd an aiteann agus chuadhas i bhfolach. Gaibh sé síos tharm annsan acht ní fheacaigheas ar aon chor é. Bhí eagla orm féachaint cé bhí ann.”

Chreid sé me d'réir deallraimh. An fhaid agus bhí sé ag cainnt liom, tháinigh dhá phílear eile os mo chionn ináirde ar an bport eile. D'innis sé dhóibh cad dúbharas. Síos leo, beirt aca ar phort an t-srutha acht d'fhan an tríomhadh fear ináirde agus lean sé síos iad. Shíleadar gan amhras go raibh leo. Ní bhfuigheadh Seán Bán a chosa a bhreith uatha an babhta so. Níor fhágadar tor aitinn ná dos driseóg nár chuardaigheadar chomh mion le tobac. D'fhanadar ar

fuaid na h-áite go dtí crónúghadh na h-oidhche, acht chaitheadar tabhairt suas sa deire agus imtheacht leo.

Nuair bhí na “pílears” imthighthe síos uaim sa chuardach, d'ealuigheas féin abhaile, agus nuair fuaireas an chaoi chuige d'inniseas an scéal go léir do Sheán Mac Craith i dtaobh na h-uaighe fé'n eas is eile. Bhí iongantas an domhain air, acht dúbhairt sé go gcaithfimís fuascailt éigin a dhéanamh ar Sheán Bán. Nuair bhíomar deimhinneach gho raibh na “pílears” imthighthe agus nuair a bhí an oidhche tuitithe thug sé leis cúpla plainncéad agus roinnt aráin agus ime agus buidéal leamnachta agus d'imthigh an bheirt againn fé dhein an easa. Bhí coinneal agus bosca cipíní fillte i bpáipéar agam féin. Bhí Seán MacCraith taréis an scéil go léir d'innsint dom mham agus dom áintín Máire, agus b'iad a chuir na rudaí i gcóir do. Thaisbeánas an slighe isteach do, agus chuadhmar isteach. Bhí mise i dtosach agus lasas an choinneal. Bhí an Bánach bocht in a luighe ar an lic cloiche agus é in a shuan mharbh codlata. B'an-dheacair é a dhúiseacht. Chroth Seán MacCraith anonn is anall é agus d'oscail sé a shúile a shúile sa deire agus d'fhéach sé suas orrainn le h-iongantas. D'aithin sé mise annsan agus rug sé greim docht ar mo dhá láimh.

“Mac d'athar” ar sé sin liom.
D'fhéach sé ar an nGrathach annsan “Tusa Seán MacCraith” arsa sé “ní raibh mé ag cainnt leat riamh.”
“Is mé” arsa Seán MacCraith “seo ith greim agus ól é seo. Tá sé deallramach go dteastuigheann siad uait.”
D'ól sé leath an bhuidéil bainne acht níor ith sé aon rud. Thug Seán MacCraith na plainncéid do agus d'fhágamar an choinneal agus na cipíní aige agus chasamar abhaile. Sár d'fhágamar é dúbhairt Seán leis go dtiocfadh sé thar nais chuige ar maidin.
B'ar éigin a chodailígheas néal an oidhche sin bhí a leithéid sin de chorruighe ar mo chroide. B'iongantach an scéal a bheadh agam do Sheán Báróid agus Dic Ó Siadhaile nuair a thangbóchainn ortha.
Thug Seán Bán ocht lá istig san uaigh fé'n eas agus i rith an ama san bhí “pílears” ag cuardach poll agus póirse i rith an lae agus ag eolódh cois na gcladhthacha san oidhche ag eisteacht agus ag faire. Cheistigheadar mé féin trí h-uaire i dtaobh cad a thárla an lá úd acht

chlaoidheas go beacht leis an chéad scéal d'inniseas dóibh. Chaitheadar tabhairt suas sa deire. Nior bhféidir leo a thuigsint cionnus d'imthigh sé gan a thuairisc. D'réir mar bhí ag na comharsain tháinig na "pílears" i dtreo thigh na mBánach an lá san ón taobh thiar agus chonaiceadar Seán uaithe. Chuireadar ós na sléibhte é agus leanadar síos an gleann é. Bhíodar deimhinneach go raibh leo agus beadh leis múna mbeadh go bhfuair Seán Baróid agus Dic O Siadhaile agus mé féin, amach an uaigh fén eas cúpla seachtmhain roimhe sin.

Seán Mac Craith a theigheadh isteach san uaigh chuige agus chaith sé a beith an-aireach ar fad mar ni bheadh a fhios agat cá mbeadh "pílear" sáighte i bhfolach. Cheannuigh sé éadaige agus bróga agus pé rud eile a bhi uaidh dhó. Fuair sé an t-airgead ó Cháit Mhór, mar chuaidh sé cuice ar órdughadh a mic, agus d'innis sé an scéal go léir di.

B'é deire an scéil é gur éirigh le Seán Bán a chosa a thabhairt saor leis amach as Ghleann Chártainn le congnamh a Ghrathaigh. Chuaidh sé ó dheas treasna na sléibhte gur ráinigh sé ag cuan Eochaille, agus le congnamh duine muinntearda le Seán Mac Craith, a bhi in a chomhnuide sa mbaile mór, chuaidh sé anonn go sean-Shasana i
Luing guail. Mi in a dhiadh san chuireadh Mártan agus Tomás Bán ar a dtriail i gCluainmeala. Daoradh iad, dar ndóigh agus rinneadh "transporting" ar feadh seacht mbliadhan. Nuair a bhí Cáit Mhór ag teacht abhaile an lá i ndiadh lá na cúirte, agus í ag gahbáil thar tigh tábhairne 'Léan Mhairtí chuaidh sí síos ar a dhá glúin i lár an bhóthair agus thug sí a seacht míle mallacht do Leán agus do gach aoinne dá síolradh. Cioca thuit an mallacht ar Leán Mhairtí nó nár thuit ní raibh uirri, agus níl aoinne a bhaineann léithe i mBaile an Droichid anois, ná nil rian de'n tigh tábhairne ann.

Scathaimh in a dhiadh san dhíol Cáit Mhór a raibh de caoirigh ar an sliabh aca. Cheannuigheamar-ne cuid aca agus thug si caora mar fhéirín domh-sa. D'fhág sí Gleann na Faille annsan. Bhi si taréis leitir d'fhághail ó Sheán a mac ó Shean-Shasana. Tháinig an leitir fé chlúdach go dti Seán Mac Craith ach ni raibh aon scéala do féin innte.

D'imigh na bliadhanta leo mar is gnáthach, agus d'imthigh cuimhne

na mBánach agus ní aireochá aon trácht ortha acht b'fhéidir le linn cuardaigheachta. Bhíos féin eirighthe suas im fhear agus mo chionn féin de thrioblóidí an t-saoghail orm. Deich mbliadna, go dtí an lá nach beag ón lá a thaisbeánas an uaigh fé'n eas do Sheán Bán tháinigh pacáiste beag chugam tríd an bpost annso go Lios na Faille. Chonnacas ó sna marcanna puist a bhí air gur ó Astraoile a tháinigh sé. D'oscailigheas é. 'Sé a bhí istig ann ná dhá uaireadóir óir agus slabhraí óir dá réir – dhá uaireadóir áluinne. Bhí m'ainm-se scribhte ar an bpáipéar a bhí thimcheall ar cheann aca agus ainm an Ghrathaigh ar an gceann eile; ní raibh focal eile ann. Bhí Seán sa scioból nuair a thugas an pacáiste amach chuige, agus thaisbeánas an dá uaireadóir do. Bhi a fhios againn gur ó Sheán Bán a thángadar agus ba mhóide ár meas air gur chuimhnig sé taréis deich mbliadhan fhada ar chúiteamh a dhéanamh as an gcongnamh a thugamar do nuair bhí sé i gcruadh-chás. Bhí an braon maith ann pé lochtaí eile a bhí air. Tá an t-uaireadóir sin im phóca anois agus mé ag scríobh na bhfocal so, agus chuireas uaireadóir Seáin go dtí mac a dheirbhsaeir taréis a bháis. B'é sin d'árduigh sé féin dom a chéad uair a buaileadh tinn é.

Roinnt bliadhanta ina dhiaidh san tháinig ráflaí go dtí an Gleann annso go raibh na Bánaigh an-mhaith as saoghal in Astraoile, go raibh na céadta acra talmhan aca agus na mílte caorach aca. Ní cuimhin cé uaidh a tháinig an ráfla so. As san amach níor airigheas focal in a dtaobh.

Briseadh an Phaoraig

Fear an-obann an-theasaidhe do b'eadh an sagart parósie a tháinig go baile na h-abhainn nuair fuair an t-Athair Tomás Ó Floinn bás. B'an-fhuiris fearg a chur air agus bhíodh eagla ar gach aoinne, é a chros in aon t-slighe. Is cuimhin liom féin é ar an altóir ag Aifreann an Domhnaigh, agus chuireadh sé eagla orm chomh feargach agus bhíodh sé ag caint, i dtaobh rud éigin, nár taithnigh leis, a thárla sa pharóiste. Labharadh sé i nGaoluinn nó Béarla d'réir mar d'oirfeadh, agus bhíodar araon ar a thoil aige. Is cuimin liom é nuair bhíodh sé ag léigheamh soiscéil an Domhnaigh, d'iompuigeadh sé amach agus leabhar an aifrinn in a lámha aige agus léigheadh sé an soiscéal as i nGaolainn nó i mBéarla agus é ag aistriughadh na Laidne go Gaoluinn nó Béarla gan moill dá luigheadh a dhéanamh. Bhí sé de cháil air go raibh se an-charthannach agus nár léig sé aoinne bocht ó n'-a dhoras riamh gan déirc a thabhairt do. Nuair fuair sé bás ní raibh an oiread aige agua chuirfeadh é.

Is iomdha sagart a bhí sa pharóiste lem linn. Fir bhreághtha diadhanta do b'eadh iad go léir. B'fhéidir go raibh a locht féin ar fo-dhuine aca; acht dar ndóigh ní dheineann an chasóg dhubh áthrúghadh ar dhéanamh ar dhúthchas agus meon an duine. Acht ní raibh aoinne aca chomh h-obann chomh thabhartha chun feirge leis an bhfear a bhfuilim ag tagairt do. Is iomdha scéal a bhíodh ag muintir an pharóiste i dtaobh na tréithe mí-raosunta so a bhí ann. Seo ceann aca:

Bhí baintrabhac in a comhnuide i mBóithrín n Cille thimcheall leath-míle síos ó'n gcrosaire. Tá an tigh ann fós agus a sliocht ag áitreamh ann go dti an lá tá indiu ann. Fuair deirbhsiúir leite bás thall i Sean-Shasana agus thóg sí an t-aon mhac amháin a bhí aici, cé go raibh triúr clainne dá cuid féin aici agus gan aon fhlúirse mhór de mhaoin a t-saoghail aici. Nuair d'eirigh an buachaill so suas d'iompauigh sé amach droch-shláinteach. An eitinn, nó an "Dicé", mar ghlaodhtar annso sa nGleann ar an ngalar tubaisteac san, a bí ag gabhail do'n mbuachaill bocht. Thárla tar éis eadaraigh, an Domhnach so gur Chaith sé suas cuid mhór fola, agus shíl a áintín go raibh sé i riocht a bháis. Chuireadh fios ar an sagart agus dúbhradh leis an teachtaire deithneas

a chur leis. An sagart paróiste a dúbhairt an dá aifreann i mBaile na hAbhann an Domhnach san, agus bhí sé imthigthe abhaile nuair thainigh an teachtaire, agus chaith sé dul go tigh an t-sagairt go dtí an taobh eile de'n pharóiste. Thárla go raibh an sagart óg imthighthe ar ghlaodhach ola agus chaith an sagart paróiste casadh thar n-ais go dtí Gleann Charthainn thimcheall ocht míle slighe ó n-a thigh. Nuair a shrois sé tigh na baintreabhaighe cad a chídfeadh sé acht an buachaill, a dúbhrad leis a bhí i ríocht a bháís, in a shuidhe sa chúinne cois na teine agus luisne an t-sláinte in a leacain, dar leis. Tháinig ruaim feirge ar an sagart agus níor thug sé uain do'n mbaintrabhaig bhoicht an scéal a mhíniúghadh dhó acht tabhairt fúithe. Ní fios cad dúbhairt sé léithe.

"An fheoirling" ar sé sin léithe "gheobhainn de'n fhuip ort" agus amach an doras leis.

Bhí sé ag na comharsain gurab é an focal deireannach a dúbhairt sé ag gabhail amach an macha dhó ná: "Mo mhallacht orraibh".

Is an-dheacair a chreideáil go ndéarfadh sé aon rud dá shórt. Ní chreidim-se go ndúbhairt sé riamh na focail sin. Acht bhí sé ag an mbeirt no triúr desna comharsain a bhí láithreach go ndúbhairt, agus innistear an scéal fós annso sa nGleann. Ní raibh aon rud sa saoghal so ba uathbhásaige le muinntir na tuaithe annso in Éirinn ná mallacht sagairt.

Ní raibh an sagart leath-slighe ar a bhóthar abhaile do nuair chaith an buachaill bocht suas fuil a chroidhe agus taobh istig de uair an cloig d'éág sé gan óla gan faoisdín. Bhí an sagart go mór trí n-a chéile nuair d'airaigh sé i dtaobh a bháis agus ní ghlachfadh sé pinginn ó'n mbaintreabhaig ar pé Aifrinntí a dúbhradh dho.

Bhí tigh ar an taobh thall de'n mbóithrín ó thigh na baintreabhaighe. Sclábhuidhe a bhí in a chómhnuidhe ann é féin is a bhean agus a gceathrar clainne. Bhí gearrachaille beag aca thimcheall cúig bliadhna d'aois, agus d'réir mar a d'airighínn ní bheitheá chortha ó bheith ag féachaint uirri bhí sí chomh deas san. Tráthnóna lae sochraide an bhuachalla ceangal bleagárd éigin sean-ghalún stáin d'earball miúlach an t-siunéara. Rith an mhiuil síos bóithrín na Cille ar chosa ináirde agus í ag baint teine chreasa as na clocha , agus gan aon radharc in a súile. Thárla gur rith an gearrcaille beag amach an geata

díreach agus an mhiuil ag gabhail thar bhrághaid. Chuaidh an miuil sa mullach uirri is mharbhuigheadh ar an láthair í.

Bhí tigh Mhichil Mhártain thimcheall dhá chéad slat síos an bóithrín ó thig na baintreabhaighe. Ní raibh sa tigh acht Micil agus a bhean Cití. Triúr inghean a bhí aca agus bhíodar i Meirice. Tigh beag deas chinn tuighe a bhí aca. Bhí an t-sean lánamha go compórdamhail mar chuireadh na h-ingeanacha go leor airgid chúcha. Ar an oidhche tar éis sochraide an ghearrachaille bhig, bhí Peaid Philib ó Chúil na mBroc, sa taobh thoir de'n nGleann, bhí sé ag dul abhaile síos an bóithrín thimcheall uair an mheadhon-oidhche. D'fhan sé ag ól i mBaile na h-Abhann taréis na sochraide, agus duine an-leadránach do b'eadh é. Ba maith an gnó do Mhicil Mhártan agus do Chiti gur fhan sé chomh déanach san, mar nuair bhí sé ag gabháil tar an dtigh bhí sé trí theine. Bhí na lasracha ag briseadh amach tríd an díon, mar a bheadh coinnle, san taobh de'n tigh a bhí leis an mbóthar, agus bhí gach aon liuigh as Mhicil agus as Chití istig. An chistin a bhí trí theine agus bhí Micil agus Cití sa seombra agus ní rabhadar ábalta ar dhul fé dhein an dorais leis an datach. Thug Peaid Philib fé'n doras lena ghualainn d'iarradh é a bhriseadh isteach agus níor b'fhuiris do é mar bhí an bata builg leis agus an tairsing árd amuigh. Acht leis an tríomhadh ruathar a thug sé fé bhris sé an bata builg agus chuir sé an doras isteach, agus strach sé amach an t-sean lánamha. Ba dhóbair dóibh mar is ar éigin a bhíodar amuigh nuair bhí an seombra in a chaor lasracha chomh maith leis an gcistin. Bhí roinnt desna comharsain bailighthe um an dtaca so, acht níor shábháladh aon rud acht roinnt desna clúdaighe leapthan a tógadh amach tríd an bhfuinneoig le píce.

Ní chuirfeadh aon rud in a luighe ar mhuinntir na h-áite acht gurabh é mallacht an t-sagairt a thuit ortha, go mór mór ó's rud é go raibh bean Mhicil Mhártain agus máthair an ghearrachaille bhig i dtigh na baintreabhaighe an lá a tháinig an sagart , agus a bhí an ruaim feirge air. Chuaidh cuid desna comharsain go dtí an sagairt agus ní bheidis sásta gan an sagart a theacht agus an mallacht a thógaint de'n áit. Agus nach iongantach an rud é gur tháinigh

sé agus thug sé leath-uair a chloig ag léigheamh síos agus suas an bóithrín. Táim ag innsint an scéil díreach mar d'airigheas go minic é; agus tá sé beo sa ngleann fós, agus tá daoine ann a chreideann gurabh é mallacht an t-sagairt ba cionntach leis an dá theipigint a thárla san áit. Is deachair liom-sa a chreideáil go bhfuil aon bhunadhas leis sin.

Mar tá curtha síos cheanna agam, b'é an sagart so a chuir deire le pátrún Baile na hAbhann agus rinne sé an ceart sa méid sin mar ní raibh ann sa deire acht ócáid óil is achrainn. Is cuimhin liom go maith deire a bheith curtha leis an bpátrún acht níl dóghadh tighe Micil Mhártain agus marbúghadh an ghearrachaille bhig im cuimhne acht mar a bheadh taidhbhreamh agus is dócha, muna mbeadh chomh minic agus d'airígheas trácht ortha, go mbeidís imthighthe as mo chuimhne fad ó.

An bhliadhain deirneannach a bhíos-sa ag dul ar scoil go Baile an Droichid bhí sé tabhartha fé ndear againn ná raibh an maighistir agus an sagart paróiste ró-mhuinnteardha le n-a chéile. Ba mhinic a bhíodh na garsúin mhóra 'ga chur trí n-a chéile eatorra féin. Nuair a thagadh an sagart paróiste isteach sa scoil b'ar éigin a bheannuigheadh sé do'n maighisitr ná an maighistir do san, agus sa deire ní labharaidís aon fhocal ar aon chor le n-a chéile. Is cuimhin an sagart paróiste cúpla uair ag tógaint an ranga a bhíodh an maighistir ag muineadh, gan cead amháin d'iarradh air, chun ceisteanna chur ortha sa teagasc Críostaidhe. Bhídhtí ag múineadh na bpaidreacha agus an teagasc Críostaidhe sa séipéal i mBaile na hAbhann idir an dá aifreann gach aon Domhnach, Bhíodh na múinteoirí as an dá scoil ann. Bhíodh an sagart paróiste an-dhian ortha súd ná beadh láithreach. Níór bhfuiris dul ann ó'n nGleann annso os cionn ceithre mhíle slighe, acht ní thógfaidhe aon leith-scéal, bhís ann nó ní rabhais sin a mbíodh ann. Thagadh sé chun na scoile gach aon t-seachtmhain gan teip agus cheistigheadh sé na scoláirí féachaint an rabhadhar ag na paidreadha an Domhnach roimhe sin. Bhíodh fuip ghairid aige agus snaidhm ar bharra na h-éile a bhíódh uirri agus aoinne na bíodh ag na paidreadcha gheibheadh sé cúpla lascad den fhuip sé ar a dheárnain. Chasadh an iall thimcheall do láimhe agus ar dhrom do láimhe thagadh an t-snaidhm. Ba iomdha aindeiseoir a raibh cnapán ar

dhrom a láimhe in a diaidh.

Bhí Seán Ó Gráda ag dul amach lá nuair a tháinigh an sagart paróiste go dtí an scoil ar mhuin capaill mar ba gnáthach leis. Chuir sé Seán i bhfeidhil an chapaill agus chuaidh sé isteach. Ní raibh sé i bhfad istig nuair d'airigh Seán an fhuip dá cur abhaile agus an liuirigh. Ní raibh sé féin ag na paidreacha an Domhnac roimhe sin, acht an oiread, agus le neart eagla scaoil sé uaidh an capall agus as go bráth leis. Bhain sé leath-uair an chloig de'n sagart breith ar an gcapall arís agus chaitheamar go léir dul ag chongnamh leis. Is dóigh liom leis an bhfeirg a bhí air an lá úd dá bhfuigheadh sé greim ar Sheán Ó Gráda go mbainfeadh sé an croiceann de. Acht d'réir deallraimh níor chuimhnigh sé I bhfad air. Níor bhain dada do Sheán i dtaobh an rud a rinne sé ná ní dúbhairt an Maighistir focal leis mar gheall air.

Is cuimhin chomh soiléir agus da mb'e indé a thuit sé amach, an lá chuireadh an Paorach as an scoil. Ní rabhamar thar n-ais ar scoil taréis laetheanta saoire an Fhóghmhair acht cúpla lá. Bhí scata againn a bhí bailighthe ag an scoil sár a tháinigh an maighistir agus bhíomar ag imirt liathróide i gcoinne binne na scoile. Is cuimhin liom nuair a tháinigh sé gur labhair sé go séimhialta linn, rud nár ghnáthach leis. Is deallramhach ná raibh aon amhras aige ar cad a bhí i ndán do. D'oscail sé an doras agus chuadhmar isteach, agus ní rabhamar i bhfad istig nuair seo isteach an sagart paróiste agus faobhar air. Níor bheannuigh sé do'n maighistir.

“Tabhair dhom annso eochair na scoile a Phaoraigh” arsa sé le binb “ní mhúinfidh tusa lá eile sa scoil seo go bráth.”

D'orduigh sé dúinne dul abhaile, agus theicheamar amach an doras agus uamhan orrainn, agus ní fheacamar ná níor airigheamar a thuille. Bhí a fhios againn go raibh rud éigin uathbhásach ar bun acht ní mórán a thuigeamar i dtaobh an scéil. D'imthigheamar linn abhaile agus is dócha, pé rud ba chor do'n maighistir, go raibh áthas orrainn lá saoire a bheith againn ón scoil. Bhí sé ar fuaid an pharóiste roimh oidhche go raibh an Paorach agus a bhean curtha as an scoil ag an sagart paróiste agus bhí a shocrúghadh féin ag gach aoinne ar an scéal. Baineann sé le deallramh ná raibh

aoinne deimhinneach i dtaobh cad a chuireadh i leith an maighistir a thuill do é a bhriseadh as a phost, taréis a bheith os cionn fiche bliadhain sa pharóiste. Ar feadh bliadhanta in a dhiaidh san bhíodh an scéal 'ghá chur trí n-a chéile, agus ba iomdha réidhtheach d'airigheas air. Dheirtí ná raibh ó'n sagart acht go n-iarrfadh an Paorach a phárdún air, agus sin a mbeadh ann, acht ná déanfadh an Paorach é sin. Ní bhfuaireas amach riamh go cruinn, cad in a thaobh a n-iarrfadh an Paorach a phárdún ar an sagart paróiste, ná cad a bhí déanta as an t-slíghe aige.

Fear neamh-spleádhach stuacach b'eadh an Paorach. Bhí sé crosta mar mhúinteoir scoile, acht ba gnáthach múinteoirí scoile a bheith mar sin san am úd de'n saoghal. Rinn' sé scoláirí maithe, agus chuaidh cuid mhaith aca chun cinn go maith sa saoghal. Mar dúbharas bhí sé díreach neamh-spleadhach agus gan beann aige ar aoinne, acht ní thuillfeadh na tréithe sin do é a chaitheamh amach as a shlighe mhaireachtana taréis a bheith os cionn fiche bliadhain ag múineadh sa pharóiste. Ní raibh dada le rádh ag aoinne i dtaobh a mhná acht gach aon rud dá fheabhas, acht chuireadh as an scoil í sin chomh maith le n-a fear.

B'olc mí-charthannach an gníomh é agus b'olc an dlíghe pioca dlighe eaglaise nó dlighe riaghaltais a lamhail é. Níor chloiseas riamh aoinne ag tógaint páirt an t-sagairt sa rud a rinn' sé leis an bPaorach agus a bhean, acht nár lag-sprideach meathta iad muinntir an pharóiste, agus é a bheith le rádh in a dtaobh ná raibh fear in a measc, a raibh de mhisneach aige, dul go dtí an sagart paróiste ar son na beirte a bhí ag múineadh leanbhaí an pharóiste ar feadh níos mó ná fiche bliadhain.

Chuaidh an Paorach agus a bhean agus cúigear clainne go Meirice, agus d'réir na gcúntaisí a tháinig in a dtaobh d'eirigh leo go h-iongantac. Tháinigh ingean leo ar chuaird thimcheall na h-áite bliadhanta in a dhiaidh san. Bhíos féin ag cainnt léithe, bean bhreagh dhathamhail do b'ead í agus gan acht beagán de'n chanamhain Meiriceánach aici. B'í an duine b'óige de'n gclainn í; ní raibh sí acht sé bliadhna nuair d'fhágadar an áit, acht bhí uaithe an scoil in a raibh a h-athair agus a máthair agh múineadh d'feicsint.

B'é an lá a briseadh an Paorach an lá deireannach agam i Scoil Bhaile an Droichid. Bhíos ceithre bliadhana déag agus bhí gnó sa mbaile dhíom.

Lios na Faille

Tá an fheirm seo againne ag bun cliatháin an chnuic. Tá an cúpla páirc is sia sios leibheálta go leor, acht tá an fána chomh mór san sa pháirc is sia suas go gcaithtear í a treabhadh anuas leis an bhfána agus dul suas díomhaoin. Tá thimcheall céad acra sa bhfeirm go léir acht tá os cionn deich n-acra fichead in a réidh nár saorthuigheadh le cuimhne aoinne beo. Acht saortuigheadh an réidh seo uair éigin fad ó, mar cé ná fuil ag fás innte anois acht aiteann Gaedhealach agus fraoch, tá rian iomairí le feicsint go soiléir ar a fuaid. Tá an talamh atá saorthuighthe, go maith, go mór-mhór na páirceanna is sia síos, agus deirtear gurabh í Páirc na naoi n-Acra an pháirc is fearr sa nGleann ar fad. Tá an fána ó dheas leis an bhfeirm agus deineann an Cnoc Dubh foscadh di ar an ngaoth anuaidh; dá son san bíonn an Foghmhar aibidh againn chomh luath agus bíonn sé isteach sa tuath.

Nuair stadas ó'n scoil, nuair briseadh an maighistir, luigheas isteach ag tabhairt congnaimh do Sheán MacCraith sa bhfeirm. Bhí feabhas mór curtha ar an áit aige ar feadh an cúpla bliadhain a bhí sé in ár bhfochair. Bhí na cladhthacha curtha i dtreo aige agus na sceacha ortha geárrtha agus sínte; theastuigh so go deimhin, mar is beag a rinneadh leo ó'n am a fuair m'athair bás, agus bhí na sceacha a bhí ag fás ortha imtighthe fiadhain.

Ceann slinne a bhí ar an dtigh muinntire, agus ar an scioból ó dóghadh é nuair bhíos im leanbh; cinn tuighe a bhí ar an gcuid eile desna tighthe sa macha. Chuir sé cinn iarrainn ortha go léir acht ar an “dairy” - an t-iarrann feacach agus soinc air a bhí tagaithe amach – agus chuir sé síleáil clár istig leo. Bhíodh sean-Risteard Ó Siadhaile aige anois is arís ag tabhairt congnaimh dho acht do b'é féin a rinn' an chuid is mó de'n obair.

Gheibhmís an t-uisce i gcomhair an tíghe i dTobar na Foinse thuas sa réidh, thimcheall ceáthrughadh míle suas ó'n dtigh. Rinn' sé léata anuas cois an chlaidhe ó'n tdobar go dtí an macha agus chuir sé an t-uisce ag teacht amach as phíosa de phíopa iarrainn i gclaidhe an mhacha in a spouta. Acra mór dúinn b'eadh an t-uisce a

sa maca againn mar chaithimís barraille dhe a thabhairt ó'n dtobar cúpla uair sa t-seachtmhain.

B'fhearr liom féin a bheith ag leanamhaint na gcapall ná aon sórt eile oibre, agus sa nGeimhreadh taréis dom a bheith stadaithe ó'n scoil chuir Seán mé ag treabhadh an choinnligh, agus nach mé bhí go mór ionnam féin ina thaobh. D'fhan sé im' fhocair ar feadh cúpla uair agus d'fhág sé fúm féin annsan mé. Tháinig sé bog chúgam céachta a láimhseáil agus seisreach a leanamhaint agus i gceann cúpla bliadhain, dá óige a bhíos, bhíos im threabhadóir cuibheasach maith, agus is mé a deineadh an chuid is mo den treabhadh, acht go dtarraingníodh Seán amach dom é nuair a bhínn ag treabhadh báin. Acht ar feadh i bhfad do b'é féin a rinneadh iomairí báin i gcomhair prátaí i gcomhnuidhe,mar ní h-é gach aon treabhadóir a bhíodh ábalta ar iad a dhéanamh go slachtmhar. Tá an obair sin imthigthe ar ceal anois agus níor 'rinn aoinne aon iomairí báin sa nGleann annso leis na cianta.

Nuair ná bínn ag leanamhaint na gcapall chrúdhainn na ba i b'fhocair m'áintín Máire agus mo mham, ar maidin agus um thráthnóna. Is mé a thiomáineadh isteach is amach iad i gcomhnuidhe nach beag, agus a cheangalíodh iad sa chró agus a thugadh féar nó tuighe doibh nuair bhídís istig san oidhche. Nuair stadas ó'n scoil bhí deich gcinn de bhá bainne againn, cé nach raibh acht sé cinn againn nuair tháinig Seán Mac Craith chúgainn. Dheineadh m'áintín Máire cuigeann gach aon Aoine agus chuireadh sí an t-im i bhfeircín, agus teighimís leis go Cluainmeala gach aon dara Satharn. Bhíodh margadh mór ime i gCluainmeala gach aon Satharn an uair úd in san “Weigh-house” mar glaodtaí air, tigh mór agus áirse agus geata iarrainn ag dul isteach ann. Tá an tigh úd ann fós, díreach mar bhí sé, acht is iomdha bliadhain ó cheannuigheadh aon im ann. Bhíodh fear ag gabháil thimcheall ann agus sort tarrachair aige agus dheineadh sé poll síos go tóin an fhircín, tríd an im agus blaiseadh sé agus bholathuigheadh sé an t-im a tagadh aníos leis. Bhíodh cuid mhór fircíní ime ann agus cuid mhór ban agus baiscéidí aca agus meascáin ime ionnta. Bhíodh fear eile ag blaiseadh agus ag bolatughadh an ime ins na meascáin. Bhíodh rí-rá mór ann. Is dóigh liom gur thimcheall deich bpingne an púnt a gheibhtí ar an im.

Mise a bhíodh ag tiomáint an chapaill dom' áintín, nuair a bhíos stadaithe ó'n scoil, agus b'é sin mo ghnó gach aon dara Satharn rith an t-Samhraidh agus an Fhóghmhair. Ní theigheadh Seán Mac Craith mar chairréire léithe ach nuair bheadh gnó ar leithle ag féin sa mbaile mór. Acht théadh sé ann go minic san Earrach le ualach prátaí mar ní bheadh mórán muinighine aca asam-sa chun iad a dhíol.

Bhíodh thimcheall céad caora againn. Caoirigh sléibhe a bhíodh againn agus bhíodh siad ar an gcnoc an chuid is mo de'n mbliadhain. Nuair a bhíos féin eirighthe suas is mé a theigheadh féachaint ortha cúpla uair sa t-seachtmhain. Sin rud eile a mhúin Seán Mac Craith dhom -deimheas d'oibriúghadh - agus taobh istig de chúpla bliadhain taréís dom a bheith stadaithe ó'n scoil bhínn ag tabhairt congnaimh do ag bearradh na gcaorach. Dhíolaimís an olann i gCluainmeala. Dheinntí olann a shníomh chun bréidín agus flainnín a dhéanamh i dó nó trí theaghlacha sa nGleann le linn m'óige, agus cé ná deineadh m'áintín nó mo mháthair aon sníomh bhí roth na túrna a bhí ag mo shean-mháthair ar crochadh sa scioból ar feadh i bhfad in a diaidh san go dtí gur thuit sí as a chéile le sean-aois. Bhíodh fígheadóirí i gCloichín an Mhargaidh san am úd agus chuirtí an snáth chúcha agus dheinidís bréidín nó flainnín dhe. Dheintí i bhfad níos mó de'n bhflainnín ná dhe'n mbréidín. Chaitheadh gach aoinne, nach beag na bheastanna bána flainnín an uair úd annso sa nGleann acht ní fheicfá culaidh bhréidín acht chuid des na sean-daoine. Níor caith aoinne óg ná aosta aon bhréidín ná aon bheast bán i Gleann Cárthainn ná in aon áit eile in a límistéaracht le fada 'n lá.

Shníomhadh Máirghréad an t-siúinéara olann cé go gcaitheadh sí í a cheannach mar ní raibh acht paiste beag talmhan aca agus ní bhiodh aon caoirigh dá gcuid féin aca. Uainne a gheibheadh sí pé lomaraí olainne a bhíodh uaithe. Ní bhíodh aon airgead sa ngnó, dheineadh sean-Risteard obair dúinn mar chúiteamh ar luach na h-olainne. Is minic a bhínn ag féachaint uirri ag sníomh. Bhíodh ceirtlíní snáith aici a bhíodh chomh mor le liathróid peile. Is minic a chonnacas í ag cárdáil na h-olainne leis; Bhíodh lán bodhráin aici de rollaí nuair a thosnuigheadh sí ag sníomh. Chuireadh si na ceirtlíní snáith go dtí an figheadóir chun flainnín a dhéanamh; ní chuireadh sí aon bhréidín dhá

déanamh. Dheineadh sí stocaí de a thuille eile de'n snáith agus dhíoladh sí iad sa siopa i mBaile na h-Abhann. Deich bpingne an peidhre a gheibheadh si ortha, agus dhíoltaí sa siopa iad ar scilling. Bhíodh an-éileamh an uair úd ar stocaí glas-caorach – stocaí déanta de'n olainn a bheadh ar chaora dhuibh. Bhíodh dó no trí de chaoirigh dhubha againn i gcomnuidhe agus geibheadh Máirghréad a gcuid olainne de ghnáth. Scrathacha a bhaintí ar an gcnoc agus an sceach gheal a ghearrtaí desna cladhthaca a bhíodh mar adhbhar teine againn. Bhaintí na scrathacha le ramhainn leathan ar a nglaodhtaí “baisín” agus shábháltaí iad mar shabháltaí na fóid mhóna a bhaintí sa phortach; acht ón am a bhí a raibh de mhóin i Móin an Bhráca Bainte, scrathacha ó'n gcnoc a bhíodh ag muinntir an Ghleanna go léir mar adhbhar teine acht ag Seán Mór Breathnach amháin. Tharraingítí na scrathacha ó'n gcnoc le reithleán. Nuair a bhíodh an fraoch a bhíodh ar na scrathacha feoidhte agus iad tirm, dheinidís spóirseach teine, acht cúpla bloc adhmuid a bheith ina bhfocair. Ní chuireadh na Bharúnaigh, na tighearnaí talmhan a bhí ar Gleann Chárthainn, aon chosc leis na treontaithe scrathacha a bhaint ar an sliabh, acht gan an sliabh a chur trí theine. Acht ní leigfeadh Lainglí, Bhaile na h-Abhann d,aoinne dá threontaithe féin scraith ná scothán fraoigh a bhaint ar an gcnoc, agus dá shon san theigheadh sé an-dhian ar na daoine bochta ar an eastát adhbhar teine do sholáthar.

I límistéireacht Bhaile na h-Abhann dhóigheadh na feirmeoirí go léir gual. Gheibhidís an chuid is mó de'n ghual a dhóighidís i nDúngarbhán. Bhíodh sé le fághail ar an árthach ar chúig scillinge déag an tonna nó mar sin, agus beadh isteach is amach le n-a dha oiread air i gCluainmeala. Dheineadh na feirmeoirí cabharaigheacht len a chéile ag tarraingt an ghuail. Bhíodh “carréiste capall”, mar ghlaodhtaí air, ag gach feirmeoir ag tarraingt a ghuail féin, 'sé sin, bhíodh cúigear nó seisear des na comharsain len a gcapaill ina fhocair ag dul fé dhéin an ghuail. Bhiodh “bosca colmais” ar gach trucail agus bhíodh ó thonna go chúig céad agus fichei ngach ualach. An-chapall a thabharfadh tonna go leith leis. An tarraingt fhada, ar feadh os cionn trí mhíle i gcoinne an cnuic, ó'n b”Pike” go dtí barra Choilleagáin a mharbhuigeadh na capaill. D'fhágaidís an tigh thimcheall a h-ocht a chlog san oidhche agus

bhídís ag an “Half-way” idir a h-aon déag agus a dó déag. Tigh tabhairne iseadh an “Half-way house” atá leath-slighe idir Chluainmeala agus Dúngarbhán. Stadadh na cairréirí go léir ann chun leigint dosna capaill a reast a dhéanamh agus chun go mbeadh deoch aca féin. Thugaidís siúd a bhíodh ag dul fé dhein an ghuail deoch “Bran” dosna capaill agus d'fhanaidís ann ar feadh cúpla uair a chloig. Ba mhinic amhráin agus gleo ann, d'réir na cuideachta a bheadh ann. D'imthighidís leo annsan go breagh socair agus bhídís i nDúngarbhán thimcheall a sé ar maidin. Dheineadh cuid aca greas codlata ar an mbóthar mar bhíodh féar ins na trucaillí aca agus luighidís air. Uaireanta theigheadh beirt nó triúr isteach in aon trucaill amháin agus leigidís dá gcapaill imtheacht leo gan aoinne 'ghá gcairréireacht, acht ní bhíodh aon baoghal ann mar leanfadh na capaill a chéile. Dhéinidís é ar ghrádh na chuideachtan. B'é an chéad rud a dhéinidís nuair shroisidís Dúngarbhán ná cúpla colmóir a cheannach ó sna h-iascairí ag an gcé, a bheadh aca lena mbreacfast. Bhíodh an-dhúil ag muinntir na tuaithe 'san iasc friseáilte mar is annamh a gheibhidís é ag baile. Bheirbhití na colmóirí dhóibh i dtigh an bhídh. Gheobhthá colmóir breágh ar raol an uair úd. Theighidís annsan agus líonaidís na h-ualaighe, agus nuair bhíodh so déanta scuiridís na capaill agus thugaidís biadh agus deoch dóibh. Bhídís thimcheall an Bhaile Mhóir, nó ag ól ins na tighthe tábhairne go dtí a dó a chlog nó mar sin nuair chuiridís chun bóthair arís. Dheinidís moill fhada ag an “Half-way” agus thugaidís deoch agus roinnt coirce do sna capaill agus bhíodh sé idir a naoi is a dheich nuair bhídís sa mbaile. Bhaineadh na buachaillí óga an oiread pleisiúra as na turusanna so go Dúngarbhán fé dhein an ghuail, agus dá mba go dtí na ráiseanna a bheidís ag dul. Ní bhíodh thar dó no trí scillinge le caitheamh aca acht bhí gach aon rud saor an uair úd. Gheobhthá leath-ghalúin pórtair ar raol agus do bhreacfast ar ocht bpingine. Thugadh an fear gur leis an gual costaisí an bhóthair do gach cairréirí. Mar dúbhras ní gheibhidís thar dó nó trí scillinge; fear flaitheamhail a thabharfadh na ceithre scillinge dhóibh. Thugadh Seán Mór Breathnach coróinn an duine gach tiomhánaidhe capaill a bhíodh ar “carréiste

guail” do. Tá eolas cruinn agam ar an ngnó mar ba mhinic a bhíos féin ar an mbóthar ar charréiste guail do'n ngabha fiú amháin nuair ná rabhas acht ins na déagracha, mar sin rud ná rinne Seán MacCraith riamh, dul ar “chairréiste capall” go Dún Garbhán fé dhein guail. Is é mo thuairm-se é go mbíodh eagla air go dtangbhóchadh sé ar aoinne ann a aithineochadh é.

Chuirimís cruithneacht anois is arís ins an dá pháirc ba shia síos de'n bhfeirm acht coirce is mó a bhíodh againn. Bhaineadh Seán MacCraith an t-arbhar go léir le speal, agus cheangaluigheadh m'áintín Máire é, acht thugainn-se congnamh di nuair d'eirigheas suas. Aon bliadhain a mbíodh breis arbhair againn bhíodh duine nó beirt ar a bpádh againn ag déanamh an cheangail in ár bhfochair. Bhuaileadh Seán an t-arbhar sa scioból le súist, acht ba mhinic a bhíodh Peaid na Brídighe aige nuair a bhíodh deithneas air, agus bhíodh sult againn an fhaid agus bhíodh Peaid in ár bhfocair. Dheinimís cuid de'n coirce a “scuitseáil” agus an tuighe a thabhairt dosna ba. B'é an rud an “scuitseáil” ná ceann na punainne a bhualadh ar bhloc adhmuid nó ar bharraille a bheadh caithte ar a chliathán. Ní bhaineadh an “scuitseáil” an grán go léir as na léasracha agus dá son san bhíodh an tuighe, agus pé fo-ghráinne a bheadh fágtha ann, ar fóghnamh mar bhiadh do sna ba. Seán Mór Breathnach a fuair an chéad mheaisín buainte agus an chéad meaisín buailte sa nGleann. Leigeadh sé an mheaisín buailte amach ar pádh do mhuinntir an Ghleanna agus Micil Ó Néill 'ghá leanamhaint agus in áit a chéile chaitheadh an t-súist ar leath-taobh mar ghléas buailte arbhair agus gheibheadh gach aoinne an mheaisín. Is ar éigin a gheobhthá súist sa nGleann ar fad sa lá tá indiu ann. Dhíolaimís an t-arbhar i gCluainmeala. Ba mhinic a chuadhas ann le ualach de agus b'aoibhinn liom a bheith im shuidhe ináirde ar mo naoi mhála arbhair – ba shin ualach capaill – ar an mbóthar go Cluainmeala maidhean bhreágh Fóghmhair.

Bhíodh cuid maith eallaigh againn. Is dócha go mbíodh os cionn céad cearc againn gan trácht ar lachain agus géana. D'ithimís na géana go léir. Bhíodh gé againn gach aon Domhnach ó lá' l' Mhichíl amach. Acht an fhaid agus mhair mo shean-athair is le n-ár gcuid a bhíodh an ghé againn. D'réir deallraimh sean-nós do b'eadh é sin ná leigfeadh

sé ar ceal; acht tar éis a bháis chaitheamar uainn é mar nós agus le n-ár ndinnéar a bhíodh an ghé againn as san amach. Bhí sean-nós eile a chaithfidhe a leanamhaint do, 'sé sin gé no coileach a mharbhughadh oidhche lae 'l' Mártain agus cros a dhéanamh leis an bhfuil ar chúl an dorais, agus ní leigfeadh sé d'aoinne aon obair lá 'l' Mártain le aon rud a mbeadh roth ann. Ní cuimhin liom na rudaí seo ro-soiléir mar bhíos óg nuair cailleadh é, acht ba mhinic a bhíodh mo mháthair agus m'Áintín Máire ag trácht ortha.

Go aonach Cluainmeala nó aonach Leasa Móir a theighimís le pé stoc a bhíodh le díol againn, agus thimcheall an fhaid céadna tá an dá áit uainn. An mhaidean a bheimís ag dul chun an aonaigh bheimís ag fágaint an tighe idir a dó is a trí a chlog. Ba bhreágh liom féin a bheith ag dul chun an aonaighi bhfochair Sheáin cé go mbínn cortha nuair sroisinn ceann connaire. Acht ní chaithimís siubhal abhaile muna dtuitfeadh amach ná díolfaimís, mar leanadh m'áintín Máire sinn leis an gcapall agus an trucaill. Chaithimís pé caoirigh a bheadh le díol againn a thabhairt chun an aonaigh sa ráil leis an gcapall mar bhí an bóthar ró-fhada chun iad a thiomáint ann.

In iomairí a chuireadh gach aoinne sa nGleann prátaí nuair bhíos-sa og; le rámhainn a bhaintí iad agus le sluasad a chuirtí an chéad cré agus an aith-chré ortha. Ba ghnáthach na clasa a bhogadh le céachta gan clár le aon chapall amháin; dheineadh na daoine bochta ná beadh beithidheach aca iad a bhogadh le ramhainn. “Drills” a dheineann gach aoinne anois agus le céachtaí a dhéintear an saorthúghadh go léir. D'airighinn gurabh é Domhnall Ó Lonnargáin sa Mhóin Bhuidhe an chéad duine sa nGleann a bhaineadh na prátai le céachta. Bhíodh na comharsain ag déanamh magaidh dhe, agus scabláil a ghlaodhaidís ar an obair. Acht is mór idir an t-am úd agus an lá tá indiu ann. Ní dheineann aoinne úsáid le ramhainn anois ag baint phrátai acht amháin nuair bheidís ag baint méile de sna prátaí nua. An-thalamh prátaí iseadh Lios na Faille. Bhíodh árd-bharrai dhíobh againn agus dheinimís pingin mhaith airgid dhíobh gach aon bhliadhain, cé ná bhíodh thar raol an chloch ortha

agus ba mhinic ná bhíodh san féin ortha. Is cumhin liom iad do dhíol ar trí pingine aon bliadain amháin.

Bhí m'áintín Máire an-thabhartha ar a bheith ag gabhail do mhuca. Bhídís againn i gcomhnuidhe. B'annamh sinn gan cráin agu ál agus seacht no h-ocht de shlipí ghá ramhrughadh. Bhí an mhin bhuide saor an uair úd agus bhíodh chuid mhaith prátaí miona againn agus níorbh aon chostas mór iad a fhriotháladh.

Mharbhuighmís muc i ndeire an Fhógmhair gach aon bhliadhain. Sórt lá saoire dhúinn b'eadh an lá a bheimís ag marbhúghadh na muice. Sár a tháinig Seán Mac Craith chúgainn Risteard Ó Siadhaile an siuinéir a mharbhuigeadh an mhuc dhúinn i gcomhnuidhe. Thagadh sé aníos chúgainn tar éis eadaraigh agus gheibheadh sé taoscán maith fuiscí ó sna mná sár a thosnuigheadh sé. Bhíodh bórd mór na cistine amuigh sa maca. Bhuaileadh Risteard an muc san éadan le cúl na tuaighe; annsan chuirtí ináirde ar an mbórd í agus ghearradh sé a scórnach agus leigtí don bhfuil rith isteach i mbuicéid. Nuair a bhíodh a cuid fola go léir tabhartha aici deintí í a scalladh le h-usice fiuchta agus bearradh sé rón di le scian an-ghéar a bhíodh aige. In a mhalairt de shlíge a dheineadh Sean Mac Craith an gnó. Bhíodh sean-Risteard ann i gcomhnuidhe ag tabhairt congnaimh do acht níor chás leis d'réir deallraimh Seán a thógaint an bhúisteireacht ar féin mar bhí sé ag dul in aois. Is cuimhin liom go maith an chéad mhuc a mharbhuigh Seán dúinn. Chroch sé puillín nó rothán tógala ar an mbaimbéal sa scioból. Thomáineadar an mhuc isteach agus cuir sé – agus ní gan duadh agus screachadh a rinn' sé é – chuir sé lúib córda ar chosa deiridh na muice agus tharraing sé ináirde os cionn talmhan í leis an bpuillín. Sáithigh sé annsan í sa muinéal agus bhí sí marbh i leath-nómant. Ní réidhteóchadh sé in aon chor í a bualadh leis an tuaigh, mar dúbhairt sé go loiteann sé an ceann. Ná ní le scian a bhearraigh sé í. Fuair sé lampa a bhíodh ag an siúinéir ag baint péint d'adhmud agus dhóigh sé an rón di agus nuair bhí deire aige leis an obair agus an mhuc scalltha ní raibh rian ribe uirri. Líonadh m'aintín agus mo mham na putóga. Bhíodh Peigí bheag acu i gcomhnuidhe ag tabhairt congnaimh dóibh san obair seo. An fhaid a mhair sí

féin agus Risteard Ó Siadhaile ní cuimhin lion, sinn a marbhughadh muice, i Lios an Failte, gan an bheirt aca a bheith ann. I bfochair a pádh lae – leath-coróinn, d'réir mo chuimhne – gheibheadh sí cíúpla putóg agus roinnt gríscíní. Istaidhce ar na bháireach taréis i a mharbhugadh chuirtí an mhuic-fheoil ar salann. Bhíodh sean-Risteard ann an oidche sin leis agus nuair a bhíodh taoscán fuiscí ólta aige bhíodh an-fhonn deas chainnte agus grinn air. Bhíodh an salann leathta ar bhórd na cistine agus chimilití é go maith isteach i ngach píosa feola. Chuirtí an fheoil sa stanna annsan agus picil uirri. Taréis trí seachtmhaine sa stanna crochtaí an feoil ar na crúcaí a bhíodh ar loctha na cistine agus d'fhágtaí ann í go dtí go mbíodh sí go léir ithte. An oidche a bhímís a cur na feola ar salann bíodh té agus gríscíní againn go léir nuair bhíodh deire leis an obair. Chuireadh mo mham mise síos go dtí Máirghréad, bean an t-siuinéara, le roinnt putóg agus gríscíní ar na bháireadh.

Ba shin mar bhíodh am saoghal againn annso i Lios na Failte nuair bhíos-sa ag eirighe suas. Ní rabhamar saidhbhir acht bhíodh ár ndaethen againn, agus bhíomar sásta leis an saoghal mar bhí sé san am úd, mar ní raibh eolas againn ar a mhalairt. Is mór ar fad an t-áthrughadh atá tagaithe ar an saoghal ó shoin. Ní bheadh aon mheas ag aos óg an lae indiu ar an t-slighe bheatha a shásuigh sinne; acht nílim féin ro-dheimhinneach gur ag dul i bhfeabhas atá an saoghal i mórán slighte.

Eachtraí ag baint le Póitséiréacht

Cúimhneochad go deo ar an lá úd fad ó riamh nuair d'iompuigeamar an sruth isteach i móinfhéar na mBúrcach sa Móin Bhuidhe. Dic Ó Siadhaile, Seán Baróid, Tomáisín agus Séamus an Bhúrcaig agus mé féin a bhí ann. Bhí an sruth ag rith treasna cliathánach leis an móinfhéar ar an taobh thiar de agus bhí claidhe cré cuibheasach leathan, agus sceacha agus driseóga agus aiteann ag fás air, idir an sruth agus an pháirc. Dic Ó Siadhaile a thug fé ndear go raibh an pháirc taobh istig de'n chlaidhe rud beag níos isle ná leaba an t-srotha. Bhíodh sé 'ghá rabh linn da mbeadh poll déanta trí bhun an claidhe go bhféadfaimís cora a chur leis an sruth agus é a d'iompodh isteach sa pháirc agus go mbeadh árd-mharbhúgadh ar na bric againn nuair bheadh an t-uisce tráighte. I ndeire na dála, tar éis chuid mhór cur trí na chéile, shocruigheamar ar tabhairt fén ngnó lá aonaigh na bealtaine. Thuit an t-aonach ar an Satharn an bliadhain sin. Sean-aonach do b'eadh Aonach na Bealtaine i gCluainmeala agus bhíodh ar an cúigeadh lá de'n mí i gcomhnuidhe. Bhí an lá oireamhnach dár ngnó; ni beadh aon scoil ann agus bheadh Tomás de Búrc imihigthe chun an aonaigh agus ní bheadh aoinne le cur isteach orrainn.

Bhí rámhan agus sluasad againn a thug Séamus agus Tomáisín leo ó'n a dtigh féin. Bhíomar go léir ar an láthair tar éis ár ndinnéir. Shocruigheamar ar cá ndéanfaimís an poll tríd an gclaidhe agus thosnuigheamar ar an obair, agus deirim-se leat narbh obair gan duadh an poll úd tríd an gclaidhe a dhéanamh; acht rinneamar é sa deire agus chuireamar cora leis an sruth agus d'iompuigheamar isteach tríd an bpoll é, acht an fíor beagán a bhí ag súghadh fé sna fóid 'sa chorainn.

D'fanamar annsan ar feadh scaithimh ag déanamh ár reast tar éis ár saothair, agus ag leigint do'n uisce trághchaint síos faid an t-srotha. B'shin é órdughadh Dhic agus Sheáin, agus thuigeadar san an gnó i bhfad níos fearr ná thuigeas-sa é, mar ní feachas a leithéid riamh roimhe sin.

Ní fada go bhfeacamar breac ag léimrig annso agus annsúd agus iad ag plobarnghail ins na locháin bheaga uisce a bhí fágtha, agus

siúd sinn sa mullach ortha agus scéidiminí orainn. Bhí puill uisce i leaba an tsrotha ná raibh tráighte, agus thaoscamar iad leis an sluasad agus fuaireamar bric ionnta go léir. Chonnacamar eascú annso agus annsúd acht níor bhacamar leo acht amháin ceann mór a rinne Dic Ó Siadhail dhá leath di leis an sluasad. Bhí cailleacha ruadha agus eascúin deamhain annso agus annsúd leis acht níor bhacamar leo san acht an oiread. Dúbhairt Seán Baróid linn gan na bric bheaga bhídeacha a mharbhúgadh, nárbh fhiú iad a mharbhúgadh agus go mbeidís mór lá éigin. Leanamar linn síos go thángamar go poll mór a raibh cúpla troigh uisce ann. Poll Pheig Ailean a ghlaodhtar ar an bpoll so. Níor eirigh liom riamh a dhéanamh amach cérbh í Peig Ailean, ná cad in a thaobh a thugadh a h-ainm ar pholl uisce i sruth a bhí ag rith trí sna páiceanna. Bhí an iomarca uisce sa pholl so chun é a thaoscadh leis an sluasad, agus chuireamar Séamus de Búrc abhaile fé dhéin buicéid. Bhain Dic a bhróga agus a stocaí dhe agus thrusáil sé a bhríste suas thar a ghlúine agus chuaidh sé isteach `san uisce. Bhain sé timcheall leath-uaire dhe an t-uisce go léir a chaitheamh amach. Nuair bhí an poll gairid do a bheith traighte aige bhí an t-uisce a bhí fágtha mar a bheadh sé ag fiucadh bhí an oiread san breac ann. Fuaireamar naoi gcinn déag de bhric ann gan trácht ar na cinn bheaga nár bhacamar leo, agus bhí ceann aca fé dhó comh mór le scadán. B`é an breac ba mhó é, a chonnacas-sa riamh roimhe sin. Ní raibh aon mhaith dhúinn leanamhaint orainn níos sia sias mar bhí sruthán eile ag rith isteach cúpla slat ar an taobh thíos de pholl Pheig Ailean agus bhí an iomarca uisce ann.

Chasamar thar nais go dtí an chora chun scaoileadh leis an uisce arís. Acht baineadh geit asainn nuair d`fhéacamar isteach sa móinfhéar, bhí leath-acra de linn uisce i lár na páirce. Nuair a chonnaic Séamus cionnus mar bhí an pháirc chrom sé ag gol, agus dúbhairt sé go marbhóchadh a athair é, agus ba dheacair dúinn suaimhneas a chur air. Bhí Tomáisín ró-óg agus níor thuig sé an diomailt a bhí déanta ; ba mhó go mór an tsuim a bhí `ghá chur aige

ins na bric a chuir Seán Báróid ar shlait sailighe dhó, ná mar bhí sé ag cur sa móinféar báidhte. Roinneamar na bric ; bhí os cionn leath-chéad ceann againn. Thugamar an breac mór do Shéamus d`iarradh é a shásamh. Dhúnamar an poll sa chlaidhe agus thugamar ar mbóthar abhaile orainn, acht dá fheabhas a eirigh linn san iascaireacht ní rabhamar ró-shásta linn féin i dtaobh an t-slighe a bhí an móinfhéar.

Bhí Tomás na Mónach Buidhe ar dearg-buile nuair a chas sé ó`n aonach agus chonnaic sé an móinfhéar agus linn mhór uisce in a lár. Cheistigh sé Séamus agus Tomáisín in a thaobh agus d`inniseadar an fhírinne dhó. Fuair Séamus cúpla clabhta boise uaidh acht níor bhain dada do Thomáisín. Bhí Tomás d`iarradh teacht suas leis an triúir againn ar feadh seachtmhaine acht choiméadamar as a shlighe. Thráigh an t-uisce tar éis cúpla lá agus is dócha gur mhaoluigh ar an mbuile a bhí ar Thomás mar nuair do thangbhuigh sé orm féin agus ar Dhic Ó Siadhaile ag teacht ó`n aifreann an dara Domhnach in a dhiaidh san ní rinne sé acht a dhorn a bhagairt orrainn agus é ag gáire. Ní rinn` an t-uisce, d`réir deallraimh, aon díoghbhail do`n móinfhear mar d'airigeas in a dhiaidh san gur bhfeárr an féar a bhí sa cuid de`n pháirc a bhí fé uisce ná bhí sa chuid eile dhi.

Bíodh muinntir an Ghleanna ag gabhail do`n iasc i gcomhnuidhe. Níorbh aon iongnadh é sin mar bhíodh iasc i ngach sruth agus sruthán a bhí ann, go mór-mhór sa nGeimhreadh nuair a thagadh na bradáin agus na bric aníos ó`n abhainn ag clasúghadh. Thagadh bradáin aníos comh fada le Poll an Easa acht níor bh`féidir leo dul níos sia mar bhí an t-eas ró-árd. Ba minic a bhíodh isteach is amach le fiche bradán bailighthe sa pholl agus ba iomdha ceann aca a tharraingíodh amach le gafa. Bhíodh bric sa sruth taobh thuas de`n eas agus cionnus a chuadhar suas ann ba cheist a bhínn a chur trí n-a chéile go minic. Nuair a thrághadh an tuile – mar ba le linn tuile a thagadh na bric agus na bradáin aníos – is ar éigin a bhíodh uisce a ndaethen ins na sruthanna chun na bradáin d`fhailighiughadh níor bh`féidir leo snámh a dhéanamh acht iad ag léimrigh agus ag pliastaráil.

Mharbhuightí iad le bataí nó le clocha. Ní thagadh na bradáin a mbeadh an méad ionnta thar an Tonnóig agus dheinidís clasa ins na h-áthanna nó aon áit a mbeadh gairbhéal agus rith leis an uisce. Mharbhuightí iad san oidhche le traighe agus sop. B`é an rud an sop – punann fhada tuighe a bhíodh aca mar adhbhar soluis ; acht nuair a rinn` na daoine taithighe ar lampaí ola, b`é a dheineadh na póitseirí nár sean-mhála a thiormughadh go maith agus é a cheangal ar bharr timcheall sé troighthe de bhata agus é a thomadh san ola. Thugadh sé solus i bhfad níos fearr ná an phunann tuighe. Bhí sé i gcoinne an dlighe breac ná bradán a mharbhughadh mar sin ; bhí sé i gcoinne an dlighe iad a mharbhúghadh in aon t-slighe nuair a bhídís ag clasughadh, agus aoinne a mbéarfaí air 'ghá dhéanamh dhíolfadh sé as go dóighte. Acht dá mhéid de chonntabhairt a bhí ann, bhíodh cuid mhaith de sna buachaillí sa dúthaigh seo, ag tabhairt fé na bradáin nuair a thagadh an saosún chuige. Is é mo thuairm nach é tairbhe ná mbradán ar fad , a bhíodh `ghá bpriocadh acht ar ghrádh bheith ag dul i mbaoghal , agus bob a bhualadh ar na “pílears”agus ar na báillí.

An gabha a dheineadh an traighe ; bhíodh sí ar dhéantús sprainnge acht na beanna bheith díreach agus feachráin a bheith ortha. Bhíodh seacht gcinn de bheanna uirri agus iad thimcheall dhá orlach go leith ó n-a chéile. Bhiodh an chos curtha sa traighe i gcró mar cró sluaiste. Bhíodh an “sop” ag duine agus an traighe ag duine eile, nó b`fhéidir go mbeadh beirt nó triúr traigheanna aca. Nuair a bhíodh an tuile tuitithe san abhainn bhíodh na bradáin tugtha fé ndear rith an lae agus bhíodh súil thimcheall ar eagla go mbeadh na baillí nó na “pílears” sa chomharsanacht. Comh luath díreach agus a bheadh sé dorcha an t-am ba luighead baoghal chun dul amach , mar ní beadh uain ag an namhaid a bheith tagaithe i gan fhios.

Ba mhinic a tugadh Tomás Dhonnchaidh an báille isteach i dtigh tabhairne `léan Mhairtí agus thugadh a dhaethen le n-ól do, chun caoi a thabhairt do gcuid eile dul i dtóir na mbradan. Acht is deachair a chreideáil nár thuig Tomas macánta cionnus mar bhíodh an scéal ; acht bhí dúil san ól aige agus ba mhó leis ól

d'fhághail gan díol as, ná claoidhe go dlúth le n-a dhualgas mar bháille.

B'iad Séimín Céitinn agus a mhac Jim an bheirt ba mhó cáil sa dúthaigh maidir le marbhúghadh na mbradán. Dheirtí go mbíodh stannaí díobh saillte aca agus go ndíolfaidís bradán le aoinne a cheannochadh é. Níorbh de mhuinntir an Ghleanna annso iad chun an ceart a rádh mar bhí a dtigh ar phort na h-abhann ceathrúghadh mhíle ar an taobh tuaidh de Bhaile an Droichid; acht is dóigh liom gur fiú iad, cuir síos ar chuid de sna eachtraí, a innistear fós ina dtaobh, ar fuaid ar pharóiste. Bhí a fhios ag na “pílears” go maith go mbídís ag marbhughadh na mbradán agus nuair bhíodh na bradán san abhainn bhídís ag déanamh aireachais ortha, agus cé gur d'óbair dóibh anois agus arís níor bhfuaireadh greim ortha sa choir.

Bhí Séimín ag dul a chodla oidhche nuair buaileadh cnag ar an doras. Bhí bradán marbh ar bórd na cistine.

“Cé tá annsan?” ar seisean

“Póilíní” arsa an guth amuig “oscail go mear”.

“Fan go gcuirfead mo bhríste orm. Bhí mé taréis dul a chodla” arsa Séimín. Bhí a bhríste air acht bhí uaidh uain d'fhághail chun an bradán do cur i bhfolach dá mb'fhéidir é. Bhí corcán leath-lán de phrátaí nighte i gcomhair an bhreacfaist gairid do'n driosúr. Dhoirt Séimín na prátaí amach as agus chuir sé an bradán isteach sa chorcán agus na prátaí anuas air. Bhí na “pílears” ag síor bhualadh an dorais amuigh. Nuair bhí gach aon rud réidh aige d'oscail sé an doras agus leig sé isteach iad. Chuarduigheadhar an tigh chomh mion le tobac acht ní bhfuaireadar faic. Ní raibh aon droch-amhras aca ar an gcorcán lán de phrátaí nighte, acht bhí droch-amhras aca ar pheidhre bróg fliuch a bhí istig fé'n leaba. Acht cad a bhí le déanamh aca, níl sé i gcoinne aon dlighe bróga duine a bheith fliuch.

Bhí Jim oidhche agus bhí bradán marbh aige nuair a chonnaic beirt de sna “pílears” é. Leanadar é agus as go bráth leis uaithe, acht ní fé dhéin a thighe féin a rith sé. Bhí ceann de sna “pílears” a raibh rith maith ann agus bhí sé ag breith suas ar Jim, agus nuair bhí sé ag strapadóireacht thar claidhe árd rug an “pílear” ar chois air. Acht d'iompuigh Jim agus bhuail sé le

leangair de'n mbradán treasna an leath-chinn é agus leag sé é. Thug sé a chosa leis uatha agus an bradán chomh maith leis sin. Pé amhras a bhí ag na “pílears” bhí sé ró-dhorcha agus ní bhfaighdís dearbhúghadh air.

Acht rugadh ar Jim sa deire. Baineann sé le deallramh go raibh cúig nó sé de bhradáin ag déanamh clas in Áth Peaidí Jur taréis na tuile. Tá an áth so Ii bhfuigseacht aon pháirc amháin de thigh na gCéitinneach. Cheap an sáirsint seift. Bhí scailp mhór aitinn agus sceacha gairid do'n áth ar phort na h-abhann, agus tháinigh an sáirsint agus ceann de sna fearaibh roimh lá maidean agus chuadar i bhfolach sa scailp agus d'fhanadar ann rith an lae go léir. Díreach tar éis tuitim na h-oidche chuaidh Séimín agus Jim chun na h-átha agus lasadar an solus agus amach leo. Bhí bradán sáighte ag Jim nuair léim an bheirt amach as an scailp chúcha. Léim an “pílear” amach san uisce agus rug sé ar Jim agus choimeád sé é, acht sar ar eirigh leis an sáirsint breith ar Shéimín bhí an solus múchta f'é'n uisce aige agus é féin imthighthe fé'n uisce chomh maith. Shnámh sé leis an sruth cúpla céad slat agus annsan tháinigh sé amach ar an bport. Bhí a fhios ag an sáirsint gurab é Séimín a bhí ann acht ní bhfuigeadh sé é a dhearbhúghadh mar is deachair duine d'aithint le solus tóirse san oidhche, mar bíonn an lasair ag léimrigh agus cuireann sí dreach neamh-choitchianta ar dhuine. Rud eile bhí hainciosúirí treasna a n-aghaidh ag an mbeirt aca agus gan le feicsint acht a súile.

Rith an sáirsint láithreach fé dhéin tighe Shéimín agus d'fhan sé sa scáth taobh ismuigh de'n ngeata chun greim a bhreith air nuair a chasfadh sé. Acht bhí Séimín ró-ghlic do. Bhí amhras maith aige cad a dhéanfadh an sáirsint, agus bhí a fhios aige dá bhfaighfí greim air agus a chuid éadaighe go léir fliuch go mbeadh sé crochta. Bhí an sáirsint ag faire taobh ismuigh de'n ngeata ar feadh i bhfad, agus é fliuch báidhte agus leathta leis an bhfuacht, sar a tháinig Séimín. Rug an Sáirsint air acht bhí a raibh ináirde air chomh tirim le piobar agus ní raibh dada le déanamh aige acht é a scaoileadh uaidh. Bhí Séimín tar éis dul suas go dtí Jim a' Ghabha agus éadaighe tiorma d'fhághail uaidh. Thimcheall

comh mhéad b'eadh é féin agus an gabha, agus dá shon san níor fágadh aon chaoi ag an sáirsint deimhin a dhéanamh dá amhras. Fuair Jim d'á mhí príosúin agus nuair a tháinigh sé amach chuaidh sé go Meirice agus níor chas sé riamh ó shoin. As san go lá a bháis níor chuaidh séimín san abhainn ar thóir bradáin.

Bhíodh Donnchadh Pheigí ag gabhail do gach aon sórt póitséarachta leis, acht ní theigheadh sé i bhfocair aoinne eile acht leis féin i gcomhnuidhe. Bradáin, bric, péasúin, girrfidhthe, coiníní, cearca fraoigh, bhíodh sé ag gabhail dóibh go léir nuair gheibheadh sé an chaoi chuige agus an tráth oireamnach ann; agus ní raibh seift ná cleas riamh ann a bhain le céird na póitséarachta ná raibh aige. Bhíodh Seán na Coille, fear feidhle an ghéim do'n mBarúnach, an tighearna talmhan, ar a thóir i gcomhnuidhe, mar bhíod sé ag cur suas ainnleóg roimh na gcoiníní agus na ngirrfidhthe, acht níor eirigh leis riamh greim d'fhághail air sa ngníomh. Bhí sé lá amuigh ar an sliabh agus girrfiadh marbh aige a bhí sé tar éis a bhaint as ainnleoig, nuair a chonnaic sé Seán ag teacht in a threo thar ghualainn an chnuic thimcheall leath mhíle uaidh. Siúd le Seán in a dhiaidh nuair chonnaic sé é agus as go bráth le Donnchadh chomh mear agus bhí in a chosa gur tháinigh sé go faghair chuibheasach doimhinn, in a raibh sruth láidir ag rith anuas cliathán an chnuic. Bhí sé as radharc Sheáin ag dul treasna na faighreach ar feadh cúpla nómant. Chuir sé an girrfiadh i bhfolach fé charraigh san uisce agus bhain sé de bróg agus stoca leis. Chuir sé a bhróg air arís gan aon stoca, agus siúd chun siubhail arís é agus an stoca ar liobarnadh as a láimh aige. In áit a chéile bhain sé siar dhá shiubhal gur tháinigh Seán na Coille suas leis. Nuair a chonnaic Seán cad a bhí in a láimh aige bhí a fhios aige go raibh bob buailte air.

“Cad é an deithneas mór atá ort a Sheáin?” arsa Donnchadh

“Cá'l an girrfiadh a bhí agat?” arsa Seán.

“De'n girrfiadh?” arsa Donnchadh. “Tá do radharc ag teip ort is baoghal liom. Bhí mo bhróg ag luighe ar mo lúidín agus chaith mé mo stoca bhaint díom. Is dócha gurab é an stoca so an girrfhiadh a chonnaic tu?”

“Beidh an t-áirbhseoir ar chongnamh dhuit-se nó gheobhad-sa greim

ort fós.” arsa Seán ag casadh ar a sháil.

Chuardaigh sé an fhaghair san áit ar gabh Donnchadh treasna acht ní bhfuair sé dada. Níor rith sé leis an t-uisce a chuardach. D'airigheas a innsint féin ar an scéal ó Dhonnchadh agus ó Sheán na Coille; sin é an fáth é a bheith chomh beacht san agam.

Bhuail Donnchadh bob eile ar Sheán na Coille in a dhiaidh san. Bhí páircín bháin idir tigh Sheáin agus an choill agus bhíodh na girrfidhthe ag teacht isteach innte ag inbhear. Bhí fios ar seo ag Donnchadh agus rinn' sé a ghnó de, bualadh thar brághaid ann lá a raibh a fhios aige ná raibh Seán ag baile. Chuir sé suas ainnleóg ar chasán girrfhiaidh a fuair sé ag dul isteach thar chlaidhe na páirce. Ar maidin ar na bháireach nuair bhuail Seán amach cad a chídhfeadh sé acht girrfiadh tachtaithe ar crochad ar thaobh an chlaidhe i bhfuigseacht céad slat de'n tigh. Ní ghádh dhom a rádh go raibh buile air. Bhí a fhios aige cé bhi cionntac acht cad a bhí le déanamh aige. An oidhche a bhí sé ag innsint an scéil seo dhúinn thíos i dtigh Siadhaile thug sé mionn agus móide go mbeadh sé suas le Donnchadh Pheigí cam nó díreach. Bhí fios an scéil cheana agam-sa ó Dhonnchadh. Níor eirigh le Seán riamh breith ar Dhonnchadh dá mhéid an faire a rinne sé air.

An sáirsint a bhí ar na “pílears” i mBaile na h-Abhann 'san am so bhíodh sé ar thóir lucht marbhuighthe na mbradán de ló agus d'oidhche. Níorbh é seo an fear a rug ar Jim Céitinn roinnt bliadhanta roimhe sin. An t-oifigeach a bhí ar na “pílears” sa cheanntar so árd-fear iascaireachta le slait do b'eadh é, agus bhíodh sé ag síor- ghríosadh na “bpílears” go léir an phóitsearacht a chur síos, agus gheall sé céim suas d'aon fhear a n-eireochadh leis breith ar aoinne de sna póitseirí sa ngníomh.

Annso sa nGleann agus i límistéireact Bhaile an Droichid agus Bhaile na h-Abhann a bhí na póitséirí ba críochnuighthe a bhí sa chonntae go léir, agus dá shon san bhíodh an t-oifigeach sa mullach ar an sáirsint i mBaile na h-Abhann i dtaobh gan é a bheith ábalta ar bhreith ar aoinne aca. Acht níor eirigh leis aoinne a thabhairt chun na cúirte, acht triúr buachaillí scoile a bhí ag caitheamh cloc le bradáin i gclais ó shlait an droichid i mBaile an Droichid. Níor rinneadh dada leo

acht rabhadh a thabhairt dóibh gan é a dhéanamh arís.

An lá i ndiaidh an lae a raibh na buachaillí scoile sa chúirt lá saoire do b'eadh é. Nuair d'oscail na “pílears” doras na bearraice ar maidin bhí ceann bradáin ar gach ceann de'n dá pholla iarrainn a bhí leis an ngeaitín a bhí sa ráil ós coinne an dorais amach. Chonnaic pobal an aifrinn iad agus bhí an scéal in a ádhacht magaidh ar fuaid an pharóiste. Ar Dhonnchadh Pheigí a bhí a mhilleán acht ní raibh aoinne deimhneach de, mar ní dhéarfadh sé féin so ná súd in a thaobh.

Acht d'imir Donnchadh cleas níos measa ná san ar an sáirsint agus bhí a fhios ag cách mar gheall air. Maidean Domhnaigh le linn an dara aifrinn chonnaic sé Donnchadh ag siúbhal port na h-abhann agus bradán ar earball aige, dar leis. Siúd in a dhiaidh é agus siúd Donnchadh fé dhein na sráide, mar a raibh an pobal díreach ag teacht amach tar éis an aifrinn. Mhaoluigh Donnchadh ar a rith agus tháinigh an sáirsint suas leis i lár na sráide imeasc na ndaoine, agus rug se ar ghualainn air.

“Tá tú agam sa deire” ar seisean.

“Cad é an diabhal atá ort?” arsa Donnchadh “nó an ag cailleamhaint do chéile atá tú? 'Sin colmóir a cheannaigh mé ó Sheán an éisc tar éis an chéad aifrinn agus chuir mo mháthair thar nais arís leis mé, mar deir sí ná fuil sé friseáilte.

” Níor thuig an sáirsint fé ndear go dtí san nach bradán a bhí ag Donnchadh acht colmóir.

Thagadh Seán an éisc, agus a bhean Máire, go Baile na h-Abhann, anois agus arís maidean Domhnaigh, le ualach éisc ó Dhúngarbhán, áit a mbíodh an-glaodhach air. Bhíodh colmóirí agus scadáin agus spruit aige agus dhíoladh sé iad go léir. Is uaidh a cheannuigh Donnchadh an colmóir. Bhí sé ag dul abhaile leis nuair chonnaic sé an sáirsint ar an mbóthar agus cheap sé an cleas san chun magadh a dhéanamh fé. Ní raibh sa scéal, ná raibh an colmóir friseáilte, acht áithbhéis. B'adhbhar grinn, eachtra an cholmóra ar fuaid an pharóiste. D'réir deallraimh

d'airigh an t-oifigeach in a thaobh mar d'aistrigheadh an sáirsint go dtí an taobh thuaidh ar fad de'n chonntae tamall in a dhiaidh san. D'réir mar d'airighinn fear díreach macánta do b'eadh é

acht ghoill póitséirí na mbradán air mar b'iad ba chionntach é a ruagadh ó Bhaile na h-Abhann áit a raibh se pósta agus tigh dá chuid féin aige.

Lean Donnchadh Pheigí de gach aon sórt póitséarachta an fhaid agus bhí sé sa nGleann, agus ni rugadh air riamh. B'annamh a deineadh sé aon obair acht le linn a Fhóghmhar nó ag baint na bprátaí nó ócáid éigin eile mar sin a mbeadh breis páidh le fághail. Nuair fuair a mháthair bás chuaidh se go Meirice. Chuaidh sé ins na póilíní i mBoston agus d'eirigh se go go dtí go raibh sé in a sáirsint ins na bleachtairí. B'ait an gnó é Donnchadh a bheith ar a dtóir súd a bhíodh ag briseadh na dlighe, agus é féin 'ghá briseadh rith a shaoghail go dtí san; acht is dócha gurab é an gadaidhe an fear is oilte chun a chuir ar thóir gadaidhe eile. Bhí gliocas agus meabhair cinn thar an gcoitciantacht ag Donnchadh Pheigí agus níor aon iongna é a dhul chun cinn in aon gnó a thógfadh se idir lámha.

Theigeadh cuid mhaith díobh súd a chuaidh go Meire ó'n nGleann go Boston; sin é a chúis eolas a bheith chomh beacht san againn ar chúrsaí Donnchadh Pheigí.

Cluichí agus Cleasa Lúith.

Tar éis briseadh an Phaoraigh fear dár b'ainm Proinnsias Ó Riain a tháinigh mar mhúinnteoir go scoil Bhaile an Droichid. Fear beag do b'eadh é, thimcheall deich mbliadhna fichead d'aois; duine uasailín a bhíodh an-dhéanta suas i gcomhnuidhe, agus é go mín deagh-bhéasach in a chainnt agus in a iomchar. D'réir mar d'airighimís ba an-aoibhinn beatha dho, d'iarradh smacht a choimeád ar an ngraithin bleagárd a bhí ag dul go Scoil Bhaile an Droichid san am úd, cé go raibh an t-é ba mheasa aca - - Donnchadh Pheigi – stadaithe chomh maith liom féin. Bhíodh sé ar lóistín i mBaile na h-Abhann agus shiúbhaladh sé na trí mhíle go Baile an Droichid gach maidean agus thar n'ais gach tráthnóna. Ba bheag a chuireadh sé isteach ná amach ar aoinne, acht ag siúbhal leis féin i gcomhnuidhe agus leabhar in a láimh nó 'ghá léigheamh aige. Bhí sé i mBaile an Droichid isteach is amach le trí bliadhna nuair fuair sé scoil in a dhúthaigh féin gairid do Dhúrlas, agus ní dhéarfainn go raibh aon chás mór air i dtaobh a bheith ag imtheacht uainn, mar ba mhinic a fuair an firín bocht ciapadh.

Acht tháinigh a mhalart ar fad d'fhear go scoil Bhaile an Droichid in a dhiaidh. Liam Tóibín dho b'ainm agus sloinne dho agus b'é a chéad phost é tar éis teacht amach as an gcoláiste dho. Ní raibh sé thar cúpla bliadhain is fiche nuair a tháinigh sé ar dtúis. Bhí sé lúthmhar, láidir agus ceann gruaige finne air agus é timcheall na sé troighthe ar aoirde. Bhí sé lághach séimhialta agus cé gur annamh a bheartuigheadh sé an t-slait raghadh na scoláirí isteach i bpoll torrachair uaidh. Bhí sé ar lóistín i mBaile na h-Abhann 'san áit céadna in a mbíodh an maighistir O'Riain, ar feadh ráithe nó mar sin; acht annsan tháinigh se chúgainn annso sa nGleann go tigh na mBáróideach áit ar chaith se an chuid eile da shaoghal. Bhí a bhaile dúthchais i bhfuigseacht chúig míle do'n Tulach Mór.

Chuireadh sé árd spéis i gcleasa lúith agus sa chluiche peile. B'é a chuir ar bun an fhuireann peile a bhí i bparóiste Bhaile na h-Abhann, agus mhúin se dóibh cionnus an cluiche d'imirt d'réir na riaghalacha nua a bhi leagaithe amach. Bhailigh sé airgead agus cheannuigh se ionair, rudaí ná feaca aoinne sa dúthaigh seo

riamh roimhe sin. Gach le síog bán agus gorm an dath a bhí ortha, agus ba bhreagh an radharc fear agus fiche agus na h-ionair seo ortha ag siúbhal amach ar fhaithche na h-imeartha. I gcabhail a léine bhíodh na h-imirtheoirí go dtí san. I gceann cúpla bliadhain

b'í fuireann peile Baile na h-Abhann an fhuireann peile is fearr a bhí sa taobh so de'n chonntae, agus ar feadh roinnt bliadhanta b'annamh a buadhadh ortha. An fhaid agus bhíodar i réim, Seán Báróid a bhí mar chaptaen ortha, agus b'é an fear is fearr a bhí ortha é, cé ná raibh sé acht ins na déagracha nuair chuireadh an fhuireann ar bun. Theastuigh uainn captaen a dhéanamh de'n dTóibíneach acht ni ghlacfadh sé é, ná ní imirigheadh se féin acht nuair thuigeadh se go mbíodh gádh dhe, acht leigint do bhuachaill eile triail a bhaint as féin.

Chuireadh sé an-spéis in imirt liathróide láimhe leis. Bhí sean-aillí ag Baile an Droichid gairid do'n scoil, acht níor imirígheadh aon chluiche liathróide innte le bliadhanta roimhe sin. Ghríosuigh se ná buachaillí óga an t-úrlár a ghlanadh agus a leibhéaladh, agus na beárnaí a bhí ins na taobh-fallaí a dhainginiughadh agus a

phlástráil. Bhídís ag gabhail do'n obair ar feadh cúpla mí gach aon tráthnóna tar éis obair an lae. As san amach bhídís ag imirt liathróide san aillí gach Domhnach agus tráthnóna nach beag i rith an t-Samhraidh agus bhíodh na garsúin mhóra ag imirt innte gach aon lá nuair leigtí amach ag sugradh ó'n scoil iad.

As san amach ar feadh i bhfad in a dhiaidh san bhíodh comórtas gach aon Samhradh idir na h-imirtheoirí, a bhiodh ag imirt liathróide ag aillí Bhaile an Droichid, agus na h-imirtheoirí, a bhíodh ag imirt ag an ailli sa Chill Dhubh. Thagadh imirtheoirí Bhaile an Droichid anuaidh go dtí an Chill Dhubh Domhnach agus theighidís sin ó tuaidh go Baile an Droichid Domhnach eile. Bhíodh sluagh mór bailighthe le linn na gcomórtas so. Is beag na bíodh gach aon fhear bean agus páiste sa nGleann ag an aillí an Domhnach a bheadh an cluiche ar siúbhal. Thagadh sluagh eile anuaidh ó Bhaile an Droichid agus bhíodh gach taobh ag moladh a n-imirtheoirí féin, agus ag luirigh nuair dheintí aon gaisge ar leithile. B'é an cleas céadna

é an Domhnach a bheadh an comórtas i mBaile an Droichid; Bhíodh an luirigh agus an moladh ar siúbhal arís. Chúig chluiche, aon agus fiche, d'imirightí agus bheadh an bhuadh ag an taobh a déanach tri cluiche.

Acht ba bheag a bhíodh idir an dá thaobh i ndeire na scríbe, mar is beag ná bhuadhadh gach taobh aca in a n-aillí féin i gcomhnuidhe. Bhí imirtheoirí maithe ar gach taobh. Bhí Dic Ó Siadhaile agus Seán Báróid go maith acht bhuadhfadh Micil Ó Néill ar aoinne aca, acht is dá aindeoin a theigheadh Micil ag imirt; b'fhearr leis a bheith ag féachaint ortha. Seán Ó Fógarta ó'n taobh thuaidh de Baile an Droichid an fear is fearr a bhí ar an dá thaobh. Acht bhí “pílear” i mBaile na h-Abhann ar feadh ceathair nó cúig de bhliadhanta agus b'é an t-imirtheoir liathróide is fearr a chonnaic aoinne sa taobh so dhúthaigh riamh. Ó Chiarraide do b'eadh é agus Cárthac ba shloinne dho. Ní raibh aon bheirt sa pharóiste ná bhuadhfadh sé ortha. Agus ní amháin chun liathróide d'imirt a bhí sé go maith; ba bheag fear sa pharóiste a bhí maith a dhaethen do in aon triail gaisce. Is cuimhin liom go raibh scata againn ag rith agus ag léimrigh in innse an Bhreathnaigh tráthnóna Shamraidh, mar bhímís go minic ó tháinigh an maighistir Tóibín go Baile an Droichid, nuair bhuail an Cárthach agus pílear eile isteach chúgainn. Bhí triúr nó ceathrar ag caitheamh sean-iarann smúdála, a bhí thimcheall ceithre púint meádhcaint nó mar sin. Dúbhraidh leis an gCárthach caitheamh a bhaint as. Shuidh sé síos ar an dtalamh taobh thiar de'n marc agus chuir sé an t-iarann smúdála sé troighthe thar an bhfear is fearr a bhí ann, agus é in a shuidhe síos. D'iarradar air annsan iarracht a bhaint as in a sheasamh acht ní dhéanfadh sé é sin cé gur chuadhar an-dhian air. Bhí Micil Ó Néill 'ghá rádh linn gur bhuail sé isteach in iothlainn an Bhreathnaigh tráthnóna agus iad ag cur an mheaisín i gcóir chun a bheith ag bualadh ar na bháireach. Bhí sean-mhol rotha trucaille capaill aca agus aon spóca amháin ann, cun na stocáin a bhí ag coimeád an mheaisín daingean, a thiomáint sa talamh. Rug an Cárthach ar an spóca, agus dúbhairt sé le Micil féachaint an raibh aoinne ar an taobh thall de'n scioból; annsan bhain sé cúpla casadh as an mol thimcheall a chinn agus chaith sé thar an scioból é.

Acht fear mar Micil Ó Néill féin do b'eadh é, sa t-slighe ná raibh aon chur i ndiaidh, a ainm a bheith ináirde mar ghaisgideach, aige; agus ní theigheadh riamh mar iomathóir go dtí aon chomórtaisí cleas lúith.

Ó'n am a tháinigh Liam Tóibín ar lóistín go tigh na mBaróideach bhímís

go minic thíos in innse Sheáin Móir ag rith agus ag léimrigh.

Seán Mór féin a dúbhairt linn dul ann, agus bhíodh sé in ar bhfochair ann go minic. Ba bheag a bhíodh ann a bhuadhfadh air ag caitheamh an leach-chéad-sean leath-chéad a bhí caiththe sa macha annso a chuir Micil Dhuinn an gabha fáinne ann dúinn-. D'ollmhuigh Dic Ó Siadhaile bataí agus treasnán i gcomhair na léime áirde, agus fuaireamar crann larch oireamhnach ó Sheán na Coille a chuir Dic i gcóir le h-aghaidh léim na cuaille. Bhí cúrsa marcálta timcheall na h-innse againn mar a mbímís ag rith ráiseanna.

B'é Seán Báróid an buachaill do b'fhearr dhínn go léir. Chuaidh sé ar aghaidh go h-iongantach maidir le rith agus léim agus níor cháinte chun crústa a bhaint as meádhcant. Bhíodh Liam Tóibín ag múineadh dhúinn an t-slighe chun léim a thabhairt agus meádhcant a chaitheamh, acht b'é Seán an t-é is fearr dhínn go léir a chuir an múineadh i bhfeidhm.

Thugadh an Tóibíneach leis é go dtí na comórtaisí lúith a bhíodh in aon áit i bhfuigseacht deich nó dhá mhíle dhéag dhúinn, agus is iomdha duais a bhuadar. Cé ná raibh Seán Báróid acht ins na déagracha nuair thosnuigh sé b'annamh riamh a bhuadhadh air sa rás céad slat no dhá chéad agus fiche; agus aon uair nár eirigh leis, an bhuntáiste a bhí tabhartha do'n chuid eile, a bhuaidh air. Bhí sé ábalta ar dhá throigh fichead, nó isteach is amach leis a ghlanadh sa léim reatha, agus aon uair amháin san oileán i gCluainmeala ghlan sé sé troighthe agus órlach sa léim árd. Rásanna fada, leath-mhíle nó míle, a ritheadh an Tóibíneac agus is iomdha dhuais a bhuaidhidh sé. Nuair a theigheadh an Tóibíneach agus Seán go dtí na comórtaisí ba mhinic a bhínn in a bhfochair, acht ní bhíodh le déanamh agam acht a beith i bfheidhil a gcuid éadaighe nuair bhíodh na comortaisí ar siúbhal.

Sar a chuirfead deire leis an eachtra so dtaobh na gcluichí agus na cleasa lúith innseófad scéal ait a bhfuil baint aige leo: bhí comórtaisí i gCathair Corcaighe bliadhain ar lá l'Muire – lá pátrúin Bhaile na h-Abhann, cé ná raibh aon phátrún ann an bliadhain sin ná ar feadh roinnt bliadanta roimhe sin ó chuir an sagart cosc leis. Chuaidh a Tóibíneach agus Seán ann. Níor chuadhas-sa in a bhfochair ar

aon chor an lá san, agus ní cuimhin liom cad in a thaobh nár chuadhas. Chuadar ódheas go Ceapach Chuinn ar chapall agus truchaill Sheáin, agus is ann d'eisteadar aifreann. Chuadar ar an traen as san go Corcaigh. D'eirigh leo go maith cé go raibh na gaiscíghigh do b'fhearr i gCúige Múmhan in a gcoinne: bhuaidh an maighistir sa rás míle agus fuair sé an dara duais sa leath-mhíle. Bhuaidh Seán Báróid sa rás céad slat agus sa léim reatha agus fuair sé an dara duais sa léim árd. Tá toradh na gcomórtaisí úd agam go beacht mar tá an páipéar a thug cúntas ortha agam fós, chomh maith leis an bpáipéar ag tabhairt cúntais ar gach comórtas in a rabhadar ag iomaidh riamh, agus in a bhfochair sin na páipéir ag tabhairt cúntais ar gach cluiche d'imir fuireann peile Bhaile na h-Abhann; agus anois is arís nuair a bhímh ag cuimhneamh ar am fadó tarrainghím chúgam iad agus léighim arís iad. Acht caithfead casadh ar mo scéal. Bhí sé idir a naoi is a deich nuair a shroiseadar Ceapach Chuinn ar a slighe abhaile dhóibh. Ghabhadar an capall agus chuireadar chun bóthair. Bhí tigh tabhairne an uair úd ar a nglaodhtaí “An Corcóg Bheach” dhá mhíle nó mar sin ar an taobh so de Cheapach Chuinn. Stadadar ann agus chuadar isteach chun cúpla deoch d'ól mar bhíodar suaidhte tuirseach taréis an lae, cé gur beag an t-suim a chuir aoinne aca riamh san ól. Bhí triúr fear rompa sa tigh tábhairne nuair chuadar isteach. Gabha na h-áite ba dhuine aca, fear a bhí an-thughta do bhruigheann agus achrann agus árd mhuinighín aige as féin, fear mór cumasach garbh mi-shéimhialta d'réir a dheallraimh. Ghlaodhaigh an maighistir ar dheoch dóibh nuair bhí sé ag glaodhach do Sheán agus do féin. Ní ró-sheimhialta a bhí an gabha leo agus rith sé leo gur fonn troda a bhí air, mar ba mhinic d'airígheadar trácht air; dá shon san níor óladar acht an t-aon deoch amháin agus chuireadar chun bóthair arís.

Tá casadh mór sa mbóthar ó “An Chorcóg Bheach” go bun “Árd na Circe.” Tá an bóthar os cionn míle acht níl an t-aith-ghearr treasna na bpáirceanna acht thimcheall a thrian san. Nuair a thángadar go bun an aoird léim an Tóibíneach anuas de'n trucaill acht d'fhan Seán in a shuidheináirde. Ní fada eile a bhíodar imthighthe nuair, cé léimfead amach an strapa ar an mbothar rompa acht an gabha agus an bheirt a bhí in a fhochair ag an

tigh tábhairne. Thosnuigh an gabha láithreach ag bagairt catha, agus ag maoidheamh nár rugadh ná nár tógadh riamh ar an taobh thall de'n sliabh aon fhear a bheadh ábalta ar sheasamh ós a choinne féin. Bhí sé ag brúghadh isteach leis an dTóibíneach agus ag bagairt cad ná déanfadh sé leis, nó le aon earball eile ná seasóchadh amach mar dhéanfadh fear. Bhí an bheirt eile ag cur focail molta isteach anois is arís. Rinn' Liam Tóibín iarracht ar shuaimhneas a chur air, acht nuair a chonnaic an gabha ná raibh aon fhonn troda ar an bhfear eile, chuir san fonn catha agus coscartha thar teorainn air féin. Chuir sé liuigh as “Caithfidh tú seasamh amach os mo choinne” ar seisean agus thosnuigh sé ag baint de a chasóige. Leigh Liam do go dtí go raibh a dhá láimh tarrainghte leath-slighe as na muinirtlí aige agus bhuail sé fé bhun na cluaise é agus chuir se ar mhullach a chinn sa digh é. Rinn' an bheirt eile ar Liam annsan acht léim Seán Báróid anuas de'n trucaill agus chuaidh sé sa chath agus an greadadh is fearr a fuair aon triúr riamh thugadar dóibh é.

Céad slán leis an sean-aimsir. Is mór an t-áthrughadh atá tagaithe ar an saoghal ó tharla a bhfuil curtha síos san eachtra so agam. Níor imirthígheadh cluiche liathróide sa sean-aillí sa Chill Dhubh leis na cianta, agus tá an falla mar a mbití ag imirt clúdaithe le feidhneán. Tá feochadáin agus neanntóga agus cupóga ruadha ag fás in úrláir na h-aillí a bhí i mBaile an Droichid. Níl rian desna fallaí ann, agus is fad ó a briseadh na clocha a bhí ionnta agus cuireadh amach ar an mbóthar iad. Níor ritheadh rás ná níor tugadh léim in innse an Breathnaigh i gcuimhne urmhór muinntire an Gleanna, agus tá na buachaillí bríoghmhara lúthmhara úd a bhíodh ag rith agus ag léimrigh agus ag imirt na liathróide, tá siad go léir go fann san úir i mbaile nó i gcéin. Níl fágtha de'n dream úd acht mé féin agus Dic Ó Siadhaile agus leis an aois mhóir atá againn ní féidir gur ró-fhada ar fad a bheimíd in a ndiaidh.

Caitheamh Aimsire

Cuardaidheacht agus cártaí, an dá caitheamh aimsire ba ghnáthaidhe sa nGleann annso i rith oidhcheannta fada an Gheimhridh. An-áit cuardaidheachta do b'eadh tigh Shiadhaile. Seanchus agus scéalta agus bhféidir deas-chainnt a bhíodh ar siúbhal gach aon oidhche acht amháin istoidche Dé Domhnaigh. Cluiche cúig is fiche ba ghnáthach ar an oidhche sin. Sean-andúirí sa chomharsanacht ba mhó a bhíodh i dtigh Shiadhaile. Ní bhíodh aon ógánaigh ann acht amháin Dic agus mé féin; acht ní theighinn-se ann acht anois is arís. I dtigh Pheigí bheag, thíos i mBóithrín na Cille, a bhíodh urmhór na mbuachaillí óg bailighthe. Bhídís ag imirt chártai nó ag imirt cleas ann gach aon oidhche de'n t-seachtmhain i rith an Gheimhridh, agus d'réir deallraimh ba ráideach an cluiche agus na cleasa a bhíodh aca. Bhí Peigí bhocht ró-bhog chun smacht a chur ortha agus ba mhó d'áithleoir a mac féin ná aoinne eile a bhíodh ann.

Thagadh na cearrabhaigh is fearr a bhí sa mbaile go tigh an t-siúinéara gach aon oidhche Domhnaigh. Aoinne a mbeadh gnó aige de'n siuinéir ba gnáthach leis teacht chuige istoidhche Dé Domhnaigh ar ghrádh a bheith ann ar an gcluiche cártaí, 'sé sin iad súd a mbíodh dúil aca ins na cártai, mar bhí daoine eile sa nGleann agus ní leigfidís paca cártaí isteach fé fhraghaca an tighe; b'é a dtuairm go raibh baint éigin an an sean-bhuachaill leo.

Bhí sé tabhartha suas do Dic Ó Siadhaile gurabh é an cearrabach a b'fhearr sa nGleann é. Cearrabhach maith do b'eadh Seán Mór Breathnach leis. Ní thagadh sé sin acht ar oidhche Domhnaigh, mar cé go raibh an-dhúil aige ins na cártaí ní raibh mórán measa aige ar aon sórt seanchuis acht seanchus ar thalamh agus barraí agus beithídhigh agus gnótha feirme. Bhíodh sé an-dháiriribh ar fad ag imirt na gcártaí agus dá gcaillfeadh a pháirtidhe aon chúig le sithléigeacht nó dá leigfeadh aoinne an cluiche amach nuair a bheadh a sheasamh aige, thabharfadh sé íde na muc is na madraí air. Ba mhaith leis a bheith ag breith, acht chun an ceart do rádh ní sainnt chun an airgid a bhíodh air acht ar grádh an lámh uachtarach do bheith aige, mar ba mhinic a thug sé an “rubber” go léir dá pháirtidhe taréis é a bhreith, 'sé sin dá mba fear oibre a beadh ag imirt in a fhochair.

Chuireadh bean an tighe peidhre sicíní suas chun iad d'imirt cúpla uair i rith an Gheimhridh. Cluiche naonbhar a bhíodh ortha again i gcomhnuidhe agus raol an duine an táille. Bhíodh árd shainnt ar Sheán Mór d'iarradh na sicíní a bhreith. Ba dhóigh leat gur capall a bheadh aige an oidhche a bheadh peidhre aca ag dul abhaile aige. B'fhearr leis peidhre sicíní a bhreith ná púnt airgid.

Dá fhaid ó thuit sé amach, déinim gáire nuair chuimnighím ar an oidhche a bhuail Donnchadh Pheigí isteach chúgainn. Ní cuimhin liom cad a thug go tigh Shiadhaile é an oidhche úd mar ní thagadh aoinne de'naos óg ag cuardaidheacht ná ag imirt chártaí ann acht amháin mé féin. Ní teigheadh Dic in aon áit taobh ismuigh dá thigh féin.

Bhí imirtheoir in easnamh ortha an oidhche sin agus d'iarradh ar Dhonnchadh a bheith sa chluiche. Peidhre sicíní a bhíodh [bhítheas] ag imirt. Ar chaitheamh na gcuireat thuit Dic Ó Siadhaile agus Donnchadh mar pháirtidhthe le Seán Mór Breatnach. Cearrabhach maith do b'eadh Donnchadh acht an-chuid de'n chíréipeacht a bheith ann. Cheillfeadh sé dá mba dhóigh leis ná tabharfaidhe fé ndear é; acht bhí a fhios aige ná beadh aon maith dho rud mar sin a dhéanamh i dtigh Shiadhaile mar bhí na h-imirtheoirí a bhíodh ann ró ghéar, ró-oilte, chun leigint le aoinne bob mar sin a bhualadh ortha. Chúig cluiche a bhí ar na sicíní mar ba ghnáthach. Bhí an imirt an-chothrom; bhí Seán Mór agus a pháirtidhthe ceithre cluiche agus an dá thriúr eile trí cluiche. Dhá chúig déag agus fiche b'eadh an t-éileamh agus bhí Seán Mór agus a bheirt pháirtidhthe ar cheann de sna cúig-déaga. Donnchadh Pheigí a rinn' na cártaí agus d'iompuigh sé rí hart. Tugadh an mádh agus d'imir Seán Mór an cuireat hart. Ní raibh an t-aon ag aoinne go dtí gur tháinigh sé chomh fada le Donnchadh.

“Fáinne óir ort a bhuachaill” arsa Seán Mór agus áthas in a ghlór mar shíl sé ní nach iongna nuair ná raibh an t-aon ag aoinne eile go raibh sé ag Donnchadh, agus go raibh an cluiche aca nuair ná raibh an cíonádh ag an triúr a bhí fiche.

“An diabhal aon agam-sa” arsa Donnchadh “acht is amhlaidh ná fuil a fhios agam cé'r leis an cuireat hart san; agus nuair ná fuil a fhios agam cé'r leis é is fearr é a bhualadh.” Agus bhuail sé pleannc ar an gcuireat leis gcionádh.

“Dar so súd a bhreillice 'madáin, nár liom-sa cuireat hart” arsa Seán Mór ag chuir sé raiste cainnte as ag aoradh Dhonnchaidh. Nuair stad sé chaith Donnchadh amach bainríoghan hart an cháirt is fearr a bhí ag imirt agus bhí an cluiche aige. Bhí a fhios aige go maith cé'r leis cuireat hart, agus bhí a fhios aige go raibh an cluiche in a láimh aige agus bhuail sé an cuireat leis an gcíonádh chun árdacht a bhaint as Sheán Mór. Ní raibh focal as Sheán ar feadh an chuid eile de'n chluiche, agus mar bhárr ar an donas rug Donnchadh na sicíní cé go raibh Seán i bhfuigseacht cúig díobh fe dhó.

Bhíodh Micil Dhuinn an gabha a bhí annso sa nGleann go minic 'san imirt leis. Ba bhéas le Micil a bheith ag pleannchadh an búird nuair a dheineadh se cúig, agus go mór-mhór nuair a bhíodh an cháirt is fearr aige i ndeire na h-imeartha. Bhris sé méar le Dic Ó Siadhaile aon oidhche amháin. Bhí an cluiche imeartha go dtí an chúig dheireannach agus bhí bainríoghan muilleat mar dhrámh ag Dic agus dá mb'í an cháirt is fearr í bheadh an cluiche aige, mar bhí sé taréis na ceithre chúig eile a déanamh as a láimh féin.

“Cé bhuailfidh í seo” ar seisean ag leagaint na cáirte ar an mbórd. Sar a raibh uain aige ar a lámh a thógaint, tharraing Micil liúdar ar an mbórt le rígh muilleat agus bhuail sé méar Dhic agus bhris sé í. Bhí Dic bocht ag éagcaoin leis an bpian acht is baoghal liom gur mó d'fonn gáire a bhí orrainn ná mar bhí de thruagh againn do. Bhí an rud chomh ait chomh éagsúla agus ná faighimís ár sult a choimeád istig. Chaith Dic dul ó deas go Cill uachtar maighe go fear cnámh a bhi ann chun a méar a chur le chéile.

Tar éis eadartha gach aon Domhnach nuair bhíodh an aimsear breagh agus an lá fada bhíodh scata mor de mhuinntir an Gleanna idir óg is aosta bailighthe ag Crosaire na Cille. Ba mhinic daoine andeas thar na sléibhte nó anuaidh ó Baile an Droichid ann. Bhíodh clár rinnce ann agus Cruthúirín píobaire ag imirt dóibh agus é in a shuidhe ar shuidheachán a bhí déanta ar bharr an claidhe fé thor sceiche. Bhíodh dream eile ag imirt liathróide i gcoinne binne an t-sean theampuill agus a thuille ag imirt chártaí ar thaobh na díghe nó ag imirt pinginí ar an mbóthar.

Bhí binn an t-sean-theampuill leis an mbóthar acht i a bheith thimcheall fiche slat isteach ó thaobh an bhóthair. Rinneadh an falla a phlástráil chúig troighthe déag suas, nó mar sin, agus cuireadh taobh fallaí gairide ar gach taobh, agus leibhéaladh an t-úrlár. Aillí cuibheasach maith do b'eadh í, acht bhí an feidhneán ag fás go tiugh ar bhárr na binne agus ba iomdha liathróid a chuaidh in acrann ann agus a chailleadh. Liathróid chruaidh a bhíodh aca i i gcomhnuidhe agus triúr ar gach taobh ba mhinicidhe a bhíodh san imirt. Iad féin a dheineadh na liathróidí agus do b'é Dic Ó Siadhaile an fear do b'fhearr sa nGleann chun iad a dhéanamh. Chuirtí píosa de chorc, a dhóigfidhe tamaillín sa teine chun na cúinní a bhaint de, isteach i lár na liathróide. De shnáth a scaoiltí as sean-stoca a dhéintí an chuid eile de'n liathróid agus bhí céird ag gabhail leis an slighe cheart chun é a thochrais ionnus ná beadh sí ró-bhog ná ró-chruaidh. Clúdach croiceann capaill a bhíodh ar an taobh ismuigh de'n liathróid agus chaithfí é a ghearradh an-dheas sa slighe ná beadh aon fheach ann taréis é d'fhuaghail. Ba mhinic liathróidí déanta de shnáth olainne ag buachaillí scoile acht gan aon chludach a bheith ortha.

Thimcheall an chláir rinnce a bhíodh an chuid is mó de sna buachaillí agus na gcearrchaillí. Ni theigheadh lagadh ortha acht ag rinnce go dti am crúidhe na mbó nuair d'imthighídís go léir abhaile. Bhíodh Cruthúirín píobaire ináirde ar a shuidheachán fé'n dtor sceiche agus é ag séideadh dóibh ar a dhíthcheall. Bhí Cruthúirín bocht dall, acht bhi sé ábalta ar an bparóiste go léir a shiúbhal gan giolla agus a slighe a dhéanamh isteach in aon tigh a beadh uaidh dul ann. Agus da gcloisfeadh sé guth duine aon uair amháin d'aithneóchadh sé an duine sin ó'n a guth as san amach. Ba bheag daoine sa chomharsanacht ná h-aithneochadh sé a siúbhal agus bheannóchadh sé dóibh as a n-ainm sár a labharfaidís ar aon chor leis. Ni raibh de shlighe maireachtna aige acht an phíb uilleann. Bhí sé féin agus a dheirbhshiúr Siobháinín in a gcomhnuidhe i dtig chinn tuighe gairid do droichid na cille. Sa nGeimhreadh nuair ná bíodh aon rinnce ar an gclár ag an gcrosaire bhíodh rinnce beag aige in a thigh féin acht ní aon mhórán desna buachaillí agus na cailíní a theigheadh ann. Bhíodh corcán ar an

úrlár le h-ais an fhalla taobh istigh de'n doras agus an clúdach iompuighthe síos suas ar a bhéal. Chaitheadh gach aoinne a theigheadh isteach pingin – b'é sin an táille – ar chlúdach an chorcáin. Mhair Cruthúirín go dtí go raibh aos mór aige. Sa “phoor-house” a fuair an fear bocht bás, acht thug na comharsain abhaile é agus tá sé curtha sa Chill Dhubh. Tá a phíb i dtigh Búrcach na Mónach Buidhe fós, cé gur fada an lá ó imthirigheadh aon phort uirthe. Tá an nath “Ceol a Chruthúirín” ag muinntir an Gleanna go dtí an lá tá indiu ann.

Aon uair a ghabhaim thar crosaire agus droichead na cille deirim liom féin “Céad slán leis an sean-aimsir” nuair a fhéachaim ar an áit mar a raibh an tor sceiche agus suidheachán an phíobaire fé, agus nuair a chuimhiníghim ar an méid a bhíodh bailighthe thimcheall an chláir rinnce, ar na tráthnóntaí Domhnaigh úd fad ó. Is mór an scaipeadh a rinneadh ar na buachaillí bríoghmhara agus na cailíní canta a bhíodh bailighthe ann. D'imigh cuid mhaith aca thar sáile agus níor cas acht fo-dhuine aca thar n-ais, agus fuair cuid aca bás i mbláth na h-óige; acht cioca thall nó i bhus iad, is deimhineach gur ró-bheag díobh ná fuil san úir anois. Agus pé cúis é, an ghlún a tháinigh in a ndiaidh leigeadar an rinnce ag an gcrosaire agus imirt na liathróide agus na sean-nósanna eile a cleachtaimís le linn m'óige, leigeadar ar ceal iad in áit a chéile.

Bhuaileas isteach sa sean-fhothrach sa Chill Dhubh an lá fé dheire, mar is gnáthach liom a dhéanamh nuair ghabhaim tar brághaid, chun paidir a radh ar uaigh mo chine, agus go mór-mhór do Shibéal bocht mo chéile. Ar mo shiubhal thimcheall dom bhíos ag féachaint ar an dá shean-thuamba atá le cliathán an fhalla ar an taobh teas – dhá thuamba a bhfuil leac mhór cloiche mar bórd cistine, ar bharr gach ceann aca agus iad thimcheall trí troighthe ar aoirde. Tá an dá thuamba le cliathán a chéile agus thimcheall dhá shlat eatorra. Ba ghníomh gaisce ag muinntir an Gleanna seasamh ar fhiora a tuamba ba ghiorra do'n fhalla ag léim thar an gceann eile. Thimcheall ocht dtroighthe a beadh sa léim ó fhiora go fiora an dá thuamba, acht chaithfá isteach is amach le naoi dtroighthe a ghlanadh nó bhuailfá do chromán ar fhiora na lice sar a bheitheá ar an dtalamh. Dá shon san léim chonntabhartach do b'eadh í agus ni mórán a thug í riamh. Ní fheacas féin acht beirt

'ghá tabhairt – Seán Báróid agus Micil Ó Néill. D'réir mar d'airighinn thug Risteard Ó Siadhaile agus Seán Mór Breathnach í nuair bhíodar óg. Níor thug Micil Ó Néill an léim acht aon uair amháin, agus is dá aindheoin a chuireamhar d'fhiachail air triail a bhaint aiste. Thug sé an léim gan mórán dhuaidh. Níor dhada le Seán Báróid an léim úd, agus thabharfad se í nach beag, aon uair d'iarrfaí air é.

Is maith is cuimhin liom an Domhnach úd fad ó a ghoirtigheadh Tomás Condún ó'n Leacain thuaidh. Bhí roinnt de'n ngaisgidheacht ag gabhail le Tomás agus cé ná teigheadh sé ag iomadh ins na gcomórtaisí lúith bhí léim agus crústa de cloich nirt ann thar an gcoitchiantacht, acht bhí a leithéid sin de mhuinighin aige as féin gur shíl sé ná faigheadh aoinne a bheith níos fearr ná é. D'airigh sé i dtaobh Sheáin Bháróid agus na léime thar an tuamba agus tháinigh se anuaidh go dtí an Chill Dhubh an Domhnach so chun triail a bhaint as. Bhailigh a raibh ag an rinnce agus ag imirt na liathróide isteach i bhfotrach an teampuill ag féachaint ortha. Thug Seán Báróid an léim gan a dhéanamh acht cnaipí a chasóige a dhúnadh. Bhí a leithéid sin de goithí ag an gCondúnach 'ghá chur féin i gcóir gur dhóigh leat go raibh geall cead púnt thíos aca. Bhain se dhe a chasóg agus a bheast agus chuir sé crois aniar thairis, agus fuair sé dhá chloich timcheall cúpla púnt meádhchaint an ceann. Níor bhfuiris é a shásamh ins na clocha so mar thug sé deich nómant 'ghá dtoghadh go bhfuair sé dhá cheann a shásuigh é. Sheasuigh sé ar fhiora an tuamba agus bhí sé ag luascadh a dhá láimh agus na clocha ionnta ar feadh nómaint; thug sé an léim annsan agus chaith sé an dhá chloich siar uaidh. Ghlan sé an dtara tuamba acht níor chuaidh sé fada go leor thairis agus bhuail sé a chromán ar fhiora na lice. Ghoirtigheadh go maith é, agus chuir Seán Mór Breathnach Micil Ó Néill abhaile leis agus e sinthe i bpota an chapaill ar chúpla gabhail féir. Níor fhan dada air, acht tug se suas a bheith ag cleachtadh cleas gaisce as san amach.

Rud eile bhíodh 'ghá cleachtadh ag lucht gaisce an Gleanna fad ó - dul de léim ó philéar geata go dtí an piléar eile. Ni bhíodh an leithead idir dhá philéar geata acht thimcheall ocht dtroighthe nó mar sin, mar bhíodh na geatai cúmhang fadó, acht leim chontabhartach do

b'eadh í go mór-mhór nuair a bheadh an geata dúnta, mar is fuiris a thuigsint. Ba mhinic d'airigheas an scéal so dtaobh Risteird an siúnéir. Bhí sé féin agus athair Micil Uí Néill ag teacht abhaile ó aonach Chluain Meala nuair bhí sé óg agus é ar leath-mheisce agus leim sé gach aon pheidhre piléar a bhi ar thaobh an bhóthair ó Dhroichead Áth' na Scairbighe go baile an Droichid. Theigheadh sé ináirde ar cheann de sna piléir agus bhaineadh se dhe a bhróga. Leimeadh sé anonn go dtí an piléar eile in a bhaimpéisí agus bróg i ngach láimh leis. Chuireadh sé a bhróga air ináirde ar an bpiléar eile agus léimeadh sé anuas, agus d'imthigheadh sé leis an bóthar go dtí go dtangbhochadh sé le peidhre eile agus dheineadh sé an cleas céadna.

Bhí fear de mhuinntir Mhórdha in a chomhnuidhe thuaidh i Ros an Aitinn cúpla míle soir ó dheas ó Bhaile na h-Abhann. Fear an-neamh-spleádhach do b'eadh é, agus bhí ainm seibhris air. Is cuimhin liom é in a shean-fhear árd scrubanta agus croimbéal mór liath air, le linn mé a bheith ag dul ar scoil; mar nuair bhíodh sé ag dul abhaile ó'n aifreann gheibheadh sé luach dó nó trí scillinge de phinginí ó chléireach an t-séipéil agus chaitheadh se suas mar ghrub iad imeasc an scata garsún a bhíodh bailighthe ag cúinne an bachúis ag fuireach leis. B'iongantach an stracadh agus an tranglam a bhíodh aca d'iarradh teacht ar na pinginí agus bhíodh sé ag briseadh a chroidhe ag gáire ag féachaint ortha. An lá bhí a inghean 'ghá pósadh chaith sé suas luach dó nó trí púint d'airgead geal, acht bhí níos mó ná na buachaillí scoile sa tranglam an lá san. Níor ghlaodhaigh muinntir an pharóiste seo aon ainm riamh air acht “Mister Willie”.

D'réir na cáile a bhí air an-fhear do b'eadh é maidir le cleas lútha agus gaisce nuair bhí sé óg. Bhí sé ábalta ar dhul de léim thar seisreach sa dearg; bhí an-neart ann in a fochair sin agus ní raibh fear sa pharóiste a bhuadhfadh air ag caitheamh meádhchaint. Bhíodh sean-Risteard Ó Siadhaile 'ghá rádh gur minic d'airigh sé go raibh Liam Ó Mórda ábalta ar a ainm a scríob ar dhoras an sciobóil le

píosa cailce agus leath-chéad meádhchaint ar crochadh ar a lúidín aige. Rud eile bhíodh Risteard a rádh a dheineadh sé – luighe ar an úrlár sa scioból ar a lámha is ar a aghaidh agus mála fiche cloch chruithneachta a leagaint treasna a ghuailne -agus eirighe in a sheasamh fé.

Bhí béas ait eile aige mar fhear da shórt. Dá mbeadh meitheal ag baint phrátaí nó ag caitheamh chlas, nó ag déanamh aon rud mar sin sa chomharsanacht theigheadh sé chúcha agus a ramhan nó a sluasad aige agus luigheadh sé isteach san obair in a bhfochair. Ba mhinic a chaith sé leath-lá ag obair mar sin, agus anois is arís nuair bhíodh sé chun imtheacht thugadh sé a dhubh-shlán fé'n meitheal é d'fhágaint ar deire as san go dtí an cinnfearann. Nuair bhíodh sé ag imtheacht thugadh sé, bhféidir, coróinn do'n captaen chun deoch a thabhairt do'n meitheal.

Bhuail Peaid na Brídighe bob air uair amháin, cé ná raibh Peaid ach ocht mbliadna déag san am chéadna; acht áithleoir do b'eadh é ó chosain a bhróga tistiún. Bhí sé ag baint chlas do áintín leis a raibh paiste beag talman aici gairid do thigh na Mórdhach i Ros an Aitinn. Bhuail Liam Ó Mórdha chuige agus luigh sé isteach ag baint na gclas in a fhochair agus thosnuigh sé ag luighe ar Pheaid. Acht bhí Peaid ró-ghlic do, mar ní raibh sé acht ag deargaint lár na claise agus gan aon bhaint 'ghá dhéanamh aige le sna cliatháin. Bhí an Mórdhach ag déanamh na h-oibre go ceart agus níor thug sé fé ndear scéiméireacht Pheaid, agus chuir sé go cnámh a dhichill é coimeád suas leis. Thug sé píosa dhá scilling do Pheaid agus dúbhairt sé leis gur árd-bhuachaill é. Chaith Peaid dar ndóigh, na clasa, a bhain sé féin sa chomórtas, a ath-bhaint. Níor chuireadh Liam Ó Mórdha an rámhan ná an sluasad ar a ghualainn choidhche acht a dhá láimh taobh tiar dá dhrom aige agus greim aige ar bharr bata rámhainne nó na sluaiste agus é 'ghá strachadh in a dhiaidh. Ní fheaca-sa riamh é 'ghá dhéanamh acht ba minic d'airigheas na sean-daoine ag cur síos air.

Leanadh sé an fiadhach agus an-mharcach do b'eadh é, agus ní bhíodh aon léim ró-chontabhartach do, acht bhíodh capall ar fheabhas aige i gcomhnuidhe. Bhí oifigeach airm i gCluainmeala le n-a linn agus árd-ghaisgidheach do b'eadh é. Bhí neart agus lúth éagsamhail ann – sé stanna scadán folamha a chur i rangca i ndiaidh a chéile, bhí sé ábalta ar dul de léim isteach sa chéad ceann agus as san ó cheann go ceann gan

aon stad a déanamh. Seo gníomh eile a rinne sé. Thóg se leath-chéad meádhchaint i ngach láimh leis agus shiúbhal sé ó bhearraic na saighdiuirí go barra an Bhaile Ghaedhealaig i gCluainmeala gan iad a leagaint ar an dtalamh, agus gheall sé deich bpúint airgid d'aoinne a dhéanfadh an rud céadna. Níor thug aoinne fé ó'n lá úd go dtí an lá atá indiu ann.

Acht fuair an Mórdhach an fear maith air. Bhí an t-oifigeach so agus roinnt eile uaisle ag a thigh i Ros an Aitinn tráthnóna, taréis a bheith ag foghlaereacht ar an gcnoc. Bhíodar amuigh ar an mbán os comhair dorais an halla. Bhí géag ag síneadh amach díreach as chrann daraighe, a bhí ag fás ar an mbán, a bhí isteach is amach le sé troighthe ó'n dtalamh. Thóg an t-oifigeach ruthag agus ghlan sé an ghéag, agus chuir sé dubh-shlán fé aoinne a bhí lathair an rud céadna a dhéanamh. Léim an Mórdach an ghéag gan mórán dhuaidh. Chuaidh sé isteach annsan sa scioból agus fuair sé speal. Bhain sé an crann aiste agus cheangal sé ar an ngéig í agus an faobhar ináirde. Dhruid sé siar agus thóg sé ruthag agus chuaidh sé ghlan thóirste, agus chuir sé dhubh-shlán fé'n oifigeach é a dhéanamh. Acht ghéill an t-oifigeach; ní thabharthach fé an léim a thabhairt. B'fhéidir go raibh an ceart aige. Níl acht díth-céille a beith ag tabhairt fé gníomh chomh contabhartach san mar ghaisce.

Ní raibh de chlainn ag Liam Ó Mórda Ros an Aitinn acht aon inghean amháin. Fuair a máthair bás nuair bhí sí an-óg agus níor phós sé arís. Ní raibh uaidh sloinne na Mórdhach ag leigint ar ceal i Ros an Aitinn, agus dá son san ní leigfeadh sé dhí aoinne a phósadh acht fear dá shloinne féin. Fuair sé fear de'n sloinne dhi sa deire. Ó Chonntae Chorcaighe do b'eadh é – fear breágh dathamhail. Bhí gach aon rud maith go leor an fhaid agus mhair an sean-fhear, acht nuair a fuair an cliamhain gach aon rud in a lámha féin, tar éis a bháis, bhris sé amach. Ól agus ragairne, cártaí agus ráiseanna capall – ní raibh dada eile ag déanamh tinnis do, agus chuaidh sé thar teorainn leo go léir. In aon chúig bhliadhna amháin bhí pé airgead a bhí ann, agus a raibh ar an bhfeirm ídighthe aige; annsan ghearraigh sé agus dhíol sé na sean-chrainn a bhí thimcheall an tighe – crainn ná lamhalfadh Liam Ó Mhórdha géag amháin díobh a ghearradh. Chuireadh an fheirm ar cheaint annsan agus nuair bhí na fiacha a bhí díolta ní mórán a bhí fágtha. Chuaidh a bhean mar bhean tíghis go dtí sagart paróiste, agus mar

sin a chaith sí a saoghal as san amach. Dhá bhliadhain tar éis na feirme a dhíol fuaireadh cliamhain an Mhórdhaigh caithte ar thaobh lána i gCathair Chorcaighe. Thugadh go dtí óspidéal é acht níor mhair sé acht cúpla lá. Ní raibh acht deich bpingine in a phóca nuair fuaireadh é.

Sin a tháinigh as an mórchúis a bhí i Liam Ó Mórdha maidir le n-a shloinne féin, agus an fonn mí-chuimseach a bhí air é a bhuanughadh i Ros an Aitinn. Ní raibh aon chlann ag a ingean.

Chun an ceart a luadh ní bhaineann eachtra Liam Uí Mhórda le Gleann Chárthainn cé go raibh comhnuidhe air sa pharóiste seo; acht bhí an scéal go fóir-leathan ar fuaid an Ghleanna agus tá go dtí an lá tá indiu ann.

Ag Cuardaidheacht i dTigh Shiadhaile

Taréis dom a bheith stadaithe ó'n scoil ba mhinic i rith an Gheimhridh a theighinn síos go tigh Shiadhaile ag cuardaidheacht. Theigheadh Seán Mac Craith ann anois agus arís. Ag léigheamh a chaitheadh sé na h-oidhcheanta de ghnáth. Bhí cuid mhaith leabhar aige agus is annamh a theigheadh sé go dtí an baile mór ná cheannóchadh sé ceann. Gheibheadh sé leabhartha ar iasacht ó'n dTóibíneach an maighistir scoile leis. Tá a chuid leabhar go léir annso i Lios na Faille fós agus tá cuid mhór uimhreacha de'n “Shamrock”, agus cuid gach bliadhna fuaghailte le chéile. Gheighimis an “Weekly Freeman” annso gach aon tseachtmhain; gheibheadh Dic Ó Siadhaile é nuair bhímis réidh leis, agus thugadh sé do'n ngabha é. Ní gheibheadh aoinne sa nGleann páipéar laethmheamhail san am úd agus ba ró-bheag a gheibheadh páipéar na seachtmhaine. Bhí páipéar áitiumhail - “An Chronicle” 'ghá chur amach i gCluainmeala acht ní gheibheadh aoinne sa nGleann é sin acht Seán Mór Breathnach. Bhí trí pingne an cóip air agus ní raibh acht pingin ar na páipéirí eile. Nuair bhíos im leanbh ba mhór an spéis a chuirinn ins na na pictiúirí dathaithe a thagadh sa “Weekly Freeman”. Chuireadh mo Mham ar fhalla na cistine iad. Bhíodh óráidí fada ins na paipéirí an uair úd a thugadh na M.P.s uatha i bPáirlimint Shasana, nó ag cruinnighthe ar fuaid na tíre. Léightí gach aon fhocal díobh cé gurabh e mo thuairim nár tuigeadh leath a mbhíodh ionnta.

Aon oidhche a bhínn ag cuardaidheacht i dtigh Siadhaile istigh sa chúinne a bhínn. Bhíodh Sean-Risteard ós mo choinne sa chúinne eile le h-ais an mheaisín séidthe adhmuid a rinn' sé féin. Bhí poll san iarta I láimh leis agus é lán de phíosaí páipéir casta chun a phíopa a dheargaint, díreach mar bhíodh annso ag mo shean-athair. Chuireadh an chuid eile a bhíodh ann spréidh as an teine ar a bpíopaí, acht ba leis na buacaisí seo páipéir a lasadh Risteard a phíopa i gcomhnuidhe. Bhíodh bosca mór cipíní ag Seán Mór. Taobh ismuigh dhíomsa sa chúinne a shuigheadh Seán na Coille i gcomhnaidhe ar an stól fada a bhí i gcoinne an fhalla ann fe'n gclabhan. i lár an teinteáin a shuigheadh Seán Mór aon oidhche a bhíodh sé ann, acht ba an-annamh a thagadh sé acht ar oidhche Domhnaigh, mar bhí i bhfad níos mó de dhúil aige i

gcluiche cártaí ná mar a bhí aige i seanchas agus scéalta - Micil Mhártain agus Micil Gabha an bheirt eile ba choitcianta a bhíodh ann. Thagadh an gabha gach aon oidhche nach beag, cé go mbíodh sé déanach nuair a thagadh sé go minic, mar d'fhanadh sé ag obair sa cheárdtain dá mbeadh aon “job” idir lámha aige a mbeadh deithneas leis. Ní thagadh Micil Mhártain aon oidhche a bheadh ró-dhorcha mar ní raibh an radharc ró-mhaith san oidhche aige. Bhíodh Tomás De Búrc na Mónach Buidhe go minic leis agus beirt nó triúr eile a thagadh anois is arís. Bhí Micil Ó Néill ar dhuine aca san.

B'iomdha rud a chuirtí trí n-a chéile ann. Cúrsaí an bhaile, cúrsaí an tsaoghail mhóir, agus ceist na talmhan a bhí ag eirighe an-achrannach an uair úd - bhídhtí ag gabháil dóibh go léir; acht b'annamh a bhidhtí ró-fhada ag pléidhe aon cheist d'áiríribh; ba mhó a bhíodar tugtha do ghreann agus do scéalta agus do dheas-chainnt. Ní gádh dhom acht mo shúile a dhúnadh anois agus chidhfinn arís iad os cómhair súl mo chuimhne. Sean-Risteard os mo choinne thall ag deargaint a phíopa lena bhuaicis páipéir agus an clúdach ar liobarnadh anuas leis ar a shlaibhrín práis, Seán na Coille ar mo dheis agus a “Leggings” craiceann muca air agus Seán Mór go mustarach i lár an teinteáin, ionnas gur dhóigh leat gur leis féin an tigh ar fad, agus an chuid eile in a n-ionad féin thimcheall na spóirsighe teine a bhíodh ann i gcomhnuidhe.

Bhíodh Seán na Coille i bhfeidhil an “ghéim” do'n “maighistir”, mar a ghlaoghaití ar an tighearna talmhan. Is uaidh a gheibheadh Seán na coisbhearta iongantacha úd, nuair a thagadh se amach ag foghalaereacht. Bhídís dúnta le cnaipí suas ar a dtosach agus ni bhíodh a leithéidí ar aoinne eile sa pharóiste, agus dá shon san bhíodh Seán an-thaidhbhseach díobh. Ní cuimhin go bhfeacuigheas riamh aon áit, ag an aifreann, sa mbaile mór, nó amuigh ar an sliabh ná bídís air. Bhíodh gunna, barraille singil, aige leis a fuair sé ó'n maighistir chun na seabhach agus na meaigeanna agus aon namhaid eile a bheadh a déanamh diomailte ar na cearca fraoigh agus ar na péasáin, a lamhach. Acht d'réir deallraimh ní ró-mhór an íosbhairt a dheineadh Seán leis an gunna, mar bhíodh sé ag cách go mbíodh eagla air roimis agus go ndúnadh sé a shúile nuair bhíodh sé ag tarraingt an triocair. Bhíodh an gunna aige

i ngach aon áit; ba bheag ná go dtugadh sé leis go dtí an t-aifreann é, cé gur annamh a lámhaigh sé urchar as, ná a lódáil sé é. Ba mhinic a chonnachas an gunna aige ag teacht ag cuardaideacht go tigh Siadhaile, agus chuireadh sé in a sheasamh é taobh istig díom-sa sa chúinne agus thugadh se radhadh dhom gan bhaint leis. Bhíodh sé an-
mhórchúiseach i dtaobh an ghunna agus dá mbeadh sé ag cur síos ar aon áit in a raibh sé nó aon rud a chonnaic sé bhíodh “Agus bhí an gunna agam” aige i dtosach an scéil aige i gcomhnuidhe, sa t-slíghe go raibh “Agus bhí an gunna agam” mar nath ag lucht mhagaidh an bhaile. Bhídís ag magadh faoi Sheán in a thaobh leis. B'fhéidir go mbeadh
Seán ag innsint faoi rud éigin a chonnaic sé ar an aonach, agus déarfadh áithleoir “Agus an raibh an gunna agat?”

“Dhéra ní raibh a mhic ó” a dheireadh Seán, agus ba dhóigh leat air nár thuig sé go mbídhtí ag magadh fé. Acht is é mo thuairm féin gur mar adhbhar suilt a bhíodh sé ag trácht, mar bhíodh sé, ar an ngunna – gur d'aon gnó a dheineadh sé é. Mar fear faid-cheannach b'eadh Seán na Coille acht é bheith an-thabhartha do áithbheis agus do bhaoth-chainnt agus do mhagadh. Bhí aiteas éigin ag gabhail leis: níor chaith sé riamh aon rud ar a cheann acht caipín dhá bheann. Ní fheacaígheas riamh caipín dá shórt acht ar féin agus ar shean-Leainglí Baile na h-Abhann. Agus nuair bhíodh an aimsear fuar sa ngeimhreadh agus an dá chluasán ceangailte fé n-a smeig aige, chuirfeadh sé na muca ag gáire an deallramh aisteach a bhíodh air.

Dhíoltaí an cíos fé dhó sa mbliadhain – ar an Satharn taréis aonaigh na Bealtaine agus taréis aonaigh na Samhna. Cé go mbíodh a fhios ag na treóntaithe go maith, caithin a bhíodh lá an chíosa, bhí sé de dhualgas ar Sheán rabhadh a thabhairt do gach treóntaídhe ar an eastát roimh ré. Sa mbaile mór a nglacthaí an cíos. Bhí oifig ag an “agent” ann, agus bhíodh Seán na Coille an-ghnóthach ann ag glaodthach isteach ar gach aoinne nuair a thagadh a uain. Bhíodh sé scriosta beárrtha agus a éadaighe Domhnaigh air, agus gan dearmad na coisbhearta donna agus snas ortha ionnus go bhfeiceochá tú féin ionnta; acht bhíodh an caipín d'á beann curtha ar leath-taobh agus bhíodh sé in a mhaol.

Bhí Seán an-dháiríribh an-dhílis maidir le n-a dhualgas. Bhíodh

sé ar an gcnoc agus ar an gcoill, doich agus déanach, fliuch agus tirm ag déanamh aireachais ar an ngéim; acht má bhíodh féin ba bheag riamh a chur sé an dlighe ortha mar gheall ar phóitséireacht. Nuair bheireadh sé ar aoinne ag fiadhach thugadh sé scalladh béil dóibh: cad ná déanfadh sé leo; bheidís sa chúirt aige chomh siúralta
agus bhí an gunna ina láimh aige. Acht sin a mbíodh ann. Leigfeadh sé do dhaoine áirmhithe lá fiadaigh a bheith aca acht gaoth an fhocail a thabhairt dó agus bheadh sé ar iarradh an la san. Ba mhinic a thugas féin agus Seán Báróid agus an Tóibíneach, an maighistir scoile lá ar an gcnoc ag fiadhach na ngirrfidhthe. Bhí cú ag Seán Báróid agus ceann eile ag an dTóibíneach agus bhíodh árd iomdhaidheacht eatarra i dtaobh cioca a b'fhearr. Bhímís amuigh ar an Maoil le h-eirighe gréine agus d'fhanaimís ag fiadhach go
dtí am dinnéir, agus deirim leat go mbíodh an goile go maith againn nuair thagaimís abhaile. Bhíodh na girrfidthe go fairsing ar an sliabh san am úd rud ná fuilid anois. Is cuimhin liom go mbíodh girrfiadh mór ar cliathán na Maoile agus ar feadh cúpla saosúr;
d'fhiachamar é ceathair nó cúig d'uaireanta; acht ní raibh na coin ábalta ar iompódh amháin a bhaint as; d'imthigheadh sé uatha lom díreach. Ní fheacamar as san amach é, agus is baoghalach gur tachtadh in ainnleog é mar bhí triúr nó ceathrar sa ngleann
annso a dheineadh taithighe ar a bheith ag cur suas ainnleog roimh na girrfidhthe agus na coiníní. Gheibhthí ó scilling go trí raolacha ar ghirrfiadh sa mbaile mór. Bhí an ghráin mharbh ag Seán na Coille ar lucht na n-ainnleog, agus thugadh sé mionn agus móide
dá n-eireochadh leis breith ar aoinne aca go raghadh sé faid a dhichill leo maidir leis an dlighe. Acht bhíodar ró-glic dó, agus ní dóigh liom gur rug sé riamh ar aoinne de na póitséirí críochnaighthe a bhíodh ag gabháil do'n obair. B'é Donnchadh Pheigí an t-é b'oilte agus ba ghlice dhíobh go léir. Bhí a fhios san ag Seán go maith acht níor eirigh riam breith air sa choir. Chun an ceart a rádh is suarach an rud ainnleog a chur
i gcasán ghirrfhiaidh. Níl ag an ngirrfhiadh bocht acht lúth a chos chun é a thabhairt saor ó'n namhaid. Ní thugann an annleog aon t-seans ar aon chor dó, acht é a thachtadh ar an láthair gan

truagh gan taise.

Acht b'é an 12adh lá de Mhí Lúghnasa an lá ba mhó sa mbliadhain dar le Seán na Coille, mar b'é an chéad lá chun na gcearc fraoigh do lámhach. Thagadh an maighistir, Risteard Barún, agus beirt nó triúr eile uaisle eile in a fhochair an lá roimhe sin agus chuiridís suas cabán anairte ar Réidh an Tobair, gairid do'n tobar breágh fíor-uisce a bhí ann; agus thugaidís ó seachtmhain go coicthigheas ann ag lámhach ar an sliabh gach aon lá. Bhíodh duine éigin eile ag Seán i gcomhnuidhe chun na dtraidíní a bhreith leis in a fhochair féin – málaí an ghéim, lón dinnéir agus eile. Bhíodh fuiscí go flúirseach ag na foghlaerí agus bhíodh árdshaoghal ag Seán an fhaid agus bhídís ann. Thagadh “Master Richard”, mar ghlaodhach Seán air amach ag lámhach go minic as san go Nodlaig, nuair bhíodh an aimsear breágh. Bhíodh sé ag lámhach na naoscach sa Móin Ghallda agus na creabhair sa choill d'réir an t-saosúir. Gheibheadh Seán síntiús maith uaidh, acht b'fhiú san é, mar ní bhíodh líne cearc fraoigh ná péasún ná creabhar ná bhíodh a fhios aige cá ba ghnáthach leo a bheith, agus an tslighe is fearr chun teacht ortha.

Is dócha gur luigh an méid fliuchadh a fuair Seán ar an sliabh, gur luigh sé air sa deire, mar nuair tháinig an aos air bhí sé crampáltha ag na dathacha. Ní fheadar aoinne cad a ghabh sé tríd ar feadh roinnt bliadhanta sar fuair sé bás. Acht dhá mhéid a ghabh sé tríd níor chaill sé a dhúil san áithbhéis gur tharraing sé an anáil. Is cuimhin liom gur bhuaileas isteach 'ghá fhéachaint thimcheall ráithe roimh a bhás. Bhí sé in a shuidhe ar chathaoir uilleann sa chúinne. Ní raibh ann seasamh agus bhí a mhéaracha casta crapaithe agus na h-ailt ataithe agus a dhá láimh ina gcroibhíní leath-dhúnta.

''Cionnus táir a Sheáin?'' arsa mise.

“Mhaise dar so súd a Sheámuis” ar seisean ''ní gádh dhuit acht féachaint orm''.

“Bhfuil aon phian” ort arsa mise.

“Pian” ar sé sin “ “dar cnísc! Bím uaireanta agus is dóigh liom go mbíonn an smior ag fiuchadh istigh im chnámha.

Bhí mé im shuidhe annso aréir, agus bhuail raiste de'n phian mé. Bhí sé chomh millteach san go raibh mé imthighthe suas an siminé de bheannóig m'reac gur rug Siobhán ar sciorta mo chasóige”

Níor bfhéidir liom dá mhéid de thruagh a bhí agam do, gan scairt gháire a chur asam.

“Ó dar brígh an bhata” ar séisean “nílim ag innsint focal bréige. Fiafruigh de Shiobhán annsan é.”

Acht bhí an iomarca taithighe ag Siobhán in a chuid baoth-chainnt agus ní dubhairt sí dada acht a shúil a bhagairt orm-sa.

Tá Seán bocht, agus Siobhán chomh maith leis imthighthe ar shlighe na fírinne le fada de bhliadhanta, go ndéine Dia trócaire ortha. Is é an feall fear mar Seán na Coille bás a fhághail choidhche, mar maoghuileann a leithéid buaidhirt agus trioblóidí an t-saoghail do gach aoinne a bhíonn in a chomhluadar.

Is baoghal liom go bhfuilim imthighthe i bhfad ar seachrán im scéal, ó thosnuigheas ag cur síos ar chuardaideacht i dtigh Shiadhaile. Caithfead casadh thar nais ann.

B'iongantach ar fad sean-Risteard Ó Siadhaile mar scéalaighe. Ní fios 'dé mhéid scéal agus eachtra a bhí istig in a cheann. Ní raibh aon teora le a raibh de shean-ramháin, agus paidreacha agus sean-fhocail agus fadhbanna aige. Is cúrsaí bróin dom anois nár bhreacas síos a bheag nó a mhór díobh nuair a bhí an caoi agam, acht níor thuigeas a bhfiúntas an uair úd ná go dtí i bhfad in a dhiaidh san.

Scéalta ag cur síos ar sprideanna na scéalta do b'fhearr le Risteard a bheith ag innsint. Bhí carn díobh aige. Thabharfadh sé an oidhche ag cur síos ar 'Phetticoat Loose', ar sprid Scairt na Bheárnan agus sprid Gheata na Staighridhe nó ar na “daoine maithe” agus an sluagh. Ba mhinic a bhíos ag teacht abhaile aníos an bóithrín tar éis a bheith ag eisteacht le na drithirníní i gcnámh mo dhroma leis an eagla.

Dheineadh Seán Mór spur-spar d'eachtraí den t-sórt san aon oidhche a bhíodh sé ann.

“Cionnus a deirim” a dheireadh sé “gur ag teacht abhaile ó'n tigh tábhairne a chidheann gach aoinne na sprideanna agus ná feiceann aoinne iad ag dul ann? Is é mo thuairm-se gur meisce agus uirbheasa

misnigh is cionntach leis na sprideanna go léir”.

Ba mhinic d'airgheas m'áintín Máire ag rádh an rud céanna.
“Ná fuil a fhios ag cách” arsa sé oidhche “gur meisce ba chionntach, nuair briseadh cos Mhicil Mhártain annso ag Geata na Staighridhe, agus nach sprid a bhris í”.

Ní réireochadh Micil leis an míniúghadh so ar an scéal ar aon chor.

Bhí ainm aérach ar Gheata na Staighridhe agus ba mhinic d'airgiheas trácht ar an sprid a chídhtí ann. Bhí Micil Mhártain ag teacht abhaile ó'n aonach roinnt bliadhanta roimhe sin agus an mhiúil aige. Bhí an ráil ar an trucail mar bhí dhá chaora ag an aonach aige. Bhí sé ar meisce gan amhras, mar gach aon uair a théigheadh sé go dtí an baile mór d'óladh sé a dhaethen. Nuair bhi sé ag ghabhail thar Gheata na Staighridhe d'fhógair sé cath ar an sprid. Bhí sé in a sheasamh istig sa ráil agus d'réir a chuntais féin ní raibh an focal as a bhéal nuair thugadh seabhalsa dhó agus caitheadh é féin agus taobh na rálach anuas ar an mbóthar. Briseadh cnámh a cheátramhan agus bhí sé bacach go lá a bháis. Ní chuirfeadh aon rud in luigh ar urmhór na sean daoine sa nGleann annso ná gur b'í an sprid ba chionntach le cos Mhicil Mhártain a bhriseadh. “Chonnaic mise sprid ag Geata na Staighridhe” arsa Seán na Coille agus “is ag dul go Cluainmeala a bhí mé, agus ní raibh aon bhraon ólta agam. Agus rud eile nár thuig mé riamh ó shoin 'd'én sort draoideachta a bhí orm an oidhche chéadhna; acht inneosadh an scéal go léir dhíbh: Tá os cionn fiche bliadhain ó thuit na rudaí atáim chun a innisint díbh amach. Bhí mé im fear óg lúthmhar láidir an uair úd agus ba bheag an beann a bhí agam ar aoinne ná ar aon rud. Bhí mé ag dul go Cluainmeala de shiúbhal mo chos, chun peidhre bróg do cheannach, thimcheall cóicthigheas roimh Nodlaig. Is i dtigh fáin a bhíodh clog an uair úd, agus d'eirigh mé le glaodh an choiligh, agus d'ith me greim agus chuir mé chun bóthair. Nuair bhí mé ag gabhail síos trí Bhaile an Droichid chonnaic mé solus i gceann de sna tighthe amuigh ag tigh tábháirne Mhairtí. Dúbhairt mé liom féin go lasfainn an píopa agus bhuail mé isteach mar a raibh an solus. Bhí sean-Mhairtí ina bheatha an uair úd agus b'é a bhí ann, agus é i bhfeidil cránach a bhí

tinn ar bhanbhaí. Dhearg mé mo phíopa leis an gcoinneal.
D'fhiafraigh Mairtí dhíom cad a chuir chun bóthair chomh luath san ar maidin mé. D'innis mé dhó cá raibh mo thriail agus díreach ar an nómant san bhuail an clog istig sa siopa a dó.

"Ná fuil sé acht a dhó a chlog fós" arsa mise.

"Níl" arsa Mairtí.

Thuig mé annsan gur bhuail an coileach bob orm, acht ní raibh le déanamh agam acht leanamhaint orm, agus tar éis scathamh a chaitheamh ag cainnt le Mairtí, bhog mé chun bóthair arís go breágh socair dhom féin. Nuair a bhí mé ag gabhail thar an droichead mór ag Baile na h-Abhann cé bheadh in a seasamh i lár an droichid acht beirt de na "pílears". Bheannuigh mé dhóibh agus bheannuigeadhar san dhom. Sheasuigh mé agus d'iarr mé cipín soluis ortha. Lasamar an triúr againn na píopaí agus bhí mé féin agus an
sáirsint ag cainnt ar feadh tamaill, mar bhí sean-aithne agam air, fear de sna Carrthaigh ó Connta Chiarraighe a raibh Gaoluinn bhreágh aige.

"An mbeadh aon díoghbháil ann a fhiafruighe dhíot cá'il do thriall an
t-am so d'oidhche" ar seisean liom sa deire.

D'inniseas dó cá raibh mé ag dul agus d'fhiafruigh mé dhe 'd'é t-am a bhí sé.

Tharraing sé a "watch" amach as faba a bhríste agus las sé cipín.

"Tá sé a dó a chlog díreach" ar seisean.

Baineadh geit asam nídh nach iongna, acht níor leig mé dada orm
acht dúbhairt mé leo cionnus mar chuir an coileach amugha mé. D'fhág mé slán aca agus bhuail mé liom go breágh socair gan aon deithneas ar domhan orm. Ní raibh an rae na suidhe acht ní raibh sé dorcha mar bhí mianach seaca ann agus bhí an spéir lán de réithilíní. Tá casán ar thaobh an bhóthair ag gabhail thar Gheata na Staighrídhe agus bhí me ag siubhal ar an gcasán agus an falla ar mo láimh clé. Nuair a bhí mé ag druidim gairid do'n ngeata chonnaic mé fear ag teacht im choinne ar an gcasán thimcheall céad slat uaim. Dhruid mé isteach leis an bhfalla chun a taobh amuigh a thabhairt do. Bhí mé ag cimilt leis an bhfalla nach beag mar bhi sé buailte liom, acht ghabhsé idir mé agus an falla agus nior airigh mé é

ag baint liom in aon t-slighe. Níor labhair sé ná níor labhair mise. D'fhéach mé in a dhiaidh thar mo ghualainn agus bhí sé níos mó ná céad slat síos an casán uaim. Shíl mé ná faigheadh trí chiscéim a bheith tógaithe aige nuair d'fhéach mé in a dhiaidh. Tháinig eagla orm nídh nach iongna agus fuar allus amach tríom, mar bhí a fhios agam
nach duine saoghalta a bhí ann.

D'imthigh mé liom agus mé ag rádh mo phaidrín agus eagla mo daethen orm, go mór-mhór nuair bhí mé ag gabhail fé sna crainn sa doircheadas ar an taobh so de Dhroichead Áth na Scairbhighe.

Nuair bhí mé ag gabhail thar “Tigh na dtrí Dhoras”, chonnaic mé go raibh an doras láir oscailte agus solus ins na fuinneoga ar gach taobh de. Bhuail mé suas chun an dorais agus chuaidh mé isteach. Labhair mé le beirt nó triúr buachaillí a bhí in a seasamh taobh istigh de'n doras. Sean-Liam Aindréis a bhí 'ghá thórramh agus bhí cuid mhaith daoine bailighthe sa chistin. Chuaidh mé go doras seombra an tórraimh agus dúbhairt mé paidir. Chonnaic mé buachaill de sna Ceinnéidigh ó Bhaile an Droichid a bhí in aimsir ag Briannaigh Chill na Mac, agus dhruid mé anonn gairid do. Rinn' sé slighe dhom ar an stól agus shuigh mé sios taobh leis. Bhí aithne mhaith againn ar a chéile agus d'réir deallraimh bhí iongantas air mé ag fheiscint, agus d'fhiafruigh sé dhíom cad a sheol chun an tórraimh mé. D'innis mé dhó cá raibh mé ag dul agus cionnus mar chuir an coileach amugha mé

“.'D'é'n t-am é anois?” arsa mise.

Bhí clog sa chistin acht bhí sé ina stad mar is gnáthach nuair gheibheann duine bás. Chuaidh an Ceinnéideach anonn go dtí fear a bhí ina shuidhe ag an teine a raibh slabhra airigid treasna ar a bhrollach, agus d'fhiafruigh sé dhé 'd'é t-am é. Tharraing an fear a “watch” amach as a phóca.

“Tá sé a dó a chlog díreach” ar seisean.
Baineadh a leithéid sin de gheit asam agus ná raibh ionnam labhairt. Bhí mé 'ghá fhiafruighe dhíom féin 'd'e'n sórt mearathal a bhí orm nó an fé dhraoidheacht a bhí mé. D'fhan mé scathamh fada ag an tórramh agus chaith mé té d'ól; annsan bhog mé liom soir Bóthar na Coille. B'uaigneach an turus é, mar mar is fios díbh go léir, níl acht aon

tigh amháin ar cheithre mhile de'n mbóthar uaigneach tríd an gcoill. Bhí áthas orm nuair rangaidh mé ag “Méar an Eolais”, mar bhí a fhios agam go raibh mé i bhfuigseacht míle do'n mbaile mór. Shiubhal mé liom go breagh socair dom fein go dtí go raibh mé istig fé'n nGeata Mór. Ní raibh duine nó daonaidhe le feicsint, agus ní raibh splinnc soluis in aon dtig. Dhearg mé mo phíopa le ceann de sna cipíní a thug an sáirsint dom ar droichead Baile na h-Abhann agus bhí mé ag caitheamh liom ag milleadh na h-aimsire go dtí go mbeadh an lá ann. I gceann leath-uaire nó mar sin d'airigh mé an “Watchman” ag gabhail anois chugam i lár na sráide agus é ag glaodhach amach in ard a ghutha:

“Two o'clock and all is well”.

Sin é mo scéal dhíbh agus níl focal bréige ann”.

Níor labhair aoinne againn ar feadh nómaint. Sa t-slighe d'innis Seán na Coille an scéal, is dóigh liom gur chreid a raibh ag éisteacht leis gach aon focal de acht Seán Mór Breathnach amháin. B'é an chéad duine a labhair agus magadh a rinn' sé dhe.

“Dar so siúd a Sheáin” ar séisean “ is tú an t-éiteadóir is críochnaigthe dar airigheas riam. An dóigh leat gur breallsúin ar fad sinn, agus bheith d'iarradh a chur na luighe orrainn gur thuit na rudaí so amach, agus nach amach as do bholg féin a ceapais iad?”

“Dar brigh an bhata” arsa Seán agus é ag cur spréidhe ar a phíopa “níl focal bréige ann”.

“Is iomdha duine a chuireadh mearathal mar sin air”arsa Tomás de Búrc. Bhí mé féin lá i gCluainmeala le h-ualach coirce. An fhaid a bhíodar ag cur an choirce isteach i stór Ghrubb chuaidh mé isteach i dtigh tábhairne Shlatharaigh ag an gcúinne agus d'ól mé aon leath-ghloine amháin fuiscí. Nuair a tháinig mé amach chuaidh mé isteach sa oifig agus díoladh mé as an gcoirce agus tháinigh mé amach agus shuidh mé ináirde chun teacht aníos an t-sráid, mar shíl mé, agus an capall a scur i ngeárd Ghraham. Ní fheadar mé d'é'n' fhaid a bhí mé ar bhóthar nuair tháinigh mo chiall cugam; chonnaic

mé fear ag briseadh chloch ar thaobh an bhóthair agus d'fhiafruigh mé dhe cá raibh mé.

“Tá tú i bhfuigseacht míle de Cill Chais” ar seisean.

“Droch-bhraon a fuairis” arsa sean-Risteard

“Sa diabhal do” arsa Tomás “Ba dhóigh leat ná fuigheadh aon leath-ghloine amháin mórán mearathail a chur ar dhuine pé olcas a bheadh ann”.

“Is iomdha duine a chuireadh amúgha mar sin arsa Micil Mhártain “go mór mhór 'san oidhche”. Bhí Dáth Mór ag teacht abhaile ó Bhaile na h-Abhann oidhche dhorcha – oidhche Lá an Chinn – agus is dócha go raibh braon ólta aige mar ba ghnáthach. In áit gabhail thimcheall an bóithrín ó'n mbóthar mór isteach chun a thighe féin, ghabh sé an t-aithghearr. Ní raibh acht leithead de pháirc le gabhail aige acht cuireadh de'n chasán é. Bhí sé ag siúbhal anonn is anall, soir is siar sa t-slighe ná raibh a fhios aige cá raibh sa deire. Chuimhnigh se annsan gur airigh sé go minic dá n-iompóchadh duine a chasóg in a leithéid de phonnc go dtiocfadh a mheabhair chuige arís. Bhain sé dhe a chasóg agus pé lapadáil 'bhí aige 'ghá h-iompódh, an taobh istigh amach, thuit sé uaidh ar dtalamh agus ní bhfuigheadh se d'fhághail arís pé cuardach a dhéanfadh sé.

Sa deire, nuair a bhí se traochta ó bheith ag strapadóireacht thar cladthacha agus stracaithe scríobtha ag na craobhacha shuidh se síos. Bhí sé fuar aindheiseach agus níor bhféidir leis gal tobac féin a bheith aige mar bhí a phíopa i bpóca a chasóige. Fuair sé a chasóg ar na bháireach taobh thiar de thor aitinn thimcheall fiche slat ó'n áit ar shuidh sé síos”.

“Ní deirim” arsa Seán Mór “nach fiar iad na scéalta d'innis Micil agus Tomás dúinn acht táim deimhneach gurab é Seán féin a cheap an scéal d'innis sé agus ná fuil focal d'en bhfirinne ann”.

Shíleas féin go raibh Seán na Coille ag innsint na fírinne i dtaobh cad a tharla do an oidhche úd ar an mbóthar go Cluainmeala, bhí sé chomh dáiríribh sin agus thug sé leithéid sin de mion-thuairisc dhúinn ar gach aon rud a thuit amach; acht in a dhiaidh san nuair thosnaigheas ag cuimhneamh ar eachtraí eile áibhéiseacha d'airigheas uaidh ó am go h-am, dheirinn liom féin go raibh an ceart ag Seán Mór ina thaobh.

Bhí athair Sheán na Coille i bhfeighil an ghéim don tighearna talmhan, cé nach cuimhin liomsa é, agus bhí Seán ar feadh ceathair nó cúig de bhliadhanta in aimsir

ag muinntir Bheirn i mBaile an Phléamonn taobh thuaidh de Bhaile na h-Abhann. D'réir mar bhíodh sé ag innsint dúinn i dtigh Siadhaile ní fios 'd'é mhéid iongantaisí a chonnaic sé ann. Pé rud a chonnaic aoinne annso sa nGleann bhuadhfadh sé ortha le rud a chonnaic sé féin i mBaile an Phléamonn. Bhí sé níos measa ná Seán Mac Craith féin nuair bhíodh sé ag cur síos ar cad a bhíodh “theas againne”; eachtraí dáiríribh a bhíodh ag Seán Mac Crait i gcomhnuidhe, acht na rudaí a bhíodh Seán na Coille ag cur síos in a dtaobh ba dheacair iad a chreideáil bhí siad chomh- éagsamhail sin. Ní cuimhin liom acht beagán de sna h-eachtraí seo anois mar is iomdha bliadhain fhada ó d'airígheas iad.

Bhíodar ag trácht ar bharraí maithe arbhair oidhche, agus dubhairt Seán go raibh pháirc chruithneachta ag Séamus Beag Ó Beirn nuair bhí sé fein in aimsir aige, agus thosnuigheadar ag tarlódh gur chaitheadar an capall a chúlúghadh isteach an geata chun an chéad ualach a líonadh. Bhí na staca chomh tiugh sin agus chomh gairid do n-a chéile agus ná faighidís an capall d'iompódh istig sa pháirc. Oidhche eile tharraing duine éigin anuas turnaip mhóra. Dubhairt Seán go raibh sé ag tarraingt isteach turnap bliadhain nuair bhí sé ag obair i mBaile an Phléamonn agus go gcuireadh sé go cnamh a dhíthchill é ceann aca a chur ináirde ar phota an chapaill. Bhí sé ag gearradh feochadán lá i bpáirc na ndeich n-acra agus bhí a deich nó a dó déag de shlipí ag soláthar ar fuaid na páirce. Chuireadar suas coinín thimcheall lár na páirce agus arsa
Seán “Ní raibh an t-aindeiseoir leath slighe go dtí an claidhe nuair bhí sé stracaithe as a chéile aca”. Bhí sé ag innsint oidhche dhúinn i dtaobh na feirme a bhí ag dearbráthair le Séamus beag amuigh in iarthar Chanada. Bhíodh fiche seisreach ag treabhadh aige. D'fhágaidís comhgaracht an tighe ar maidin ar a sé a chlog agus bhídís thar
n'ais ar an dara fód le linn dinnéir. Ní bhíodh acht dhá fhód eile treabhtha ag gach seisreach as san go h-oidhche.

Níorbh aon iongna nuair chuimnigheas ar na h-eachtraí áibhéiseacha so go rabhas amhrasach i dtaobh íirinne an scéil i dtaobh mhearathail Sheáin na Coille.

Micil Dhuinn an gabha an chéad duine eile a labhair “Níl aon dabht”

ar seisean ná go bhfeictear uaireanta, rudaí ná baineann leis an saoghal so. Seo scéal a bhíodh mo mháthair bhocht, go ndéine Dia trócaire uirri, ag innsint go minic, agus ní ag teacht ó aon tigh tábhairne a bhí sí nuair a thuit se amach. Nuair a bhí sí thimcheall sé bliadhna d'aois chuireadh an aimsir í go dtí muinntear Dhaltún thíos ag an Sean-phóna. Bhí bó tinn ar laogh oidhche agus chuireadh í le deithneas faoi dhéin Sheáinín Mhuiris dochtúir beitheadhach a bhí ina chomhnuighe thimcheall ceáthrúghadh mhíle ar an taobh thoir de Baile na h-Abhann. Bhí an uair mharbh de'n oidhche ann agus í ag
fágaint an tí acht bhí sé chomh geal le lár an lae mar bhí an rae lán. Le gileacht na h-oidhche agus leis an deithneas a bhí uirri ní raibh aon phioc eagla uirri dá dhéanaighe agus a bhi sé. Thimcheall céad slat ar an taobh thoir den sean-reilig chonnaic sí sagart ag siúbhal an bhóthair go réidh ina coinne. Bhí sé ag léaghamh leabhair agus níor fhéach sé uirri. Thug sí faoi ndear an caipín trí chúinneach a bhí ar a cheann agus
chasog dhubh síos go talamh air. Bhí sí imthighthe thairis nuair a rith sé leithe nach duine saoghalta a bhí ann. Rith sí chomh mear agus bhí in a cosa acht ní leigfeadh an eagla dhi féachaint ina diaidh gur ráinig sí ag tigh Sheáinín Mhuiris. Ní feaca si fein agus Seáinín dada ar a ngabhail thar n'ais dóibh. Go lá a báis thabharfadh sí an leabhar go bhfeaca si an sagart an oidhche úd".

"Bíonn rudaí ann" arsa sean-Risteard "gur deacair a thuigsint agus ná baineann leis an saoghal so d'réir deallraimh. Tá aithne agaibh go léir ar thig mhuinntir Domhnaill sa Móin Bhuidhe theas, acht ar airígheabhar riamh ná cuirtear glas ná bata builig le doras an tighe sin san oidhche.

"D'airigheas é" arsa Micil Mhartain acht is rud é nach maith le muintir Dhomhnaill féin trácht air".

"Is fíor" arsa Risteard "ná dainginigheatar doras an tighe sin aon oidhche; agus anois is arís, nuair a bhíonn muinntir an tighe ina suidhe thimcheall na teine 'san oidhche, airigheann siad ciscéim ag teacht thimcheall cúinne an tighe agus ináirde ar an tairsing. Annsan arduigheatar sclaimpín an dorais acht ní oscailigheatar an doras, agus sin a mbíonn ann. Nuair a tháinig an bhean tighe atá anois ann chúig bhliadhna
déag is fiche ó shoin d'inniseadh an scéal di acht is amhlaidh a rinn'
sí magadh dhe, agus i gcoinne comhairle a fir céile chuir sí an

glas agus an bolta ar an doras nuair bhíodar ag dul a chodladh. Ní rabhadar i bhfad in a gcodaldh nuair d'airigheadar an chiscéim ag teacht thimcheall cúinne an tighe chun an dorais. D'árduigheadh an sclaimpín, agus ansann buaileadh trí bhuile ar an doras a chrith an tigh. Níor chuir sí an bolta ar an doras ó shoin".

"Cé gur iomdha scéal a cur síos ar sprideanna a d'innsigheas dhíbh" arsa sean-Risteard ag leanamhaint air "ní fheacas féín aon sprid riamh ná níor tharla dom acht aon rud amháin aerach i rith mo shaoghail. Tá sé isteach is amach le dathad bliadhain ó shoin agus bhíos ag teacht abhaile ó'n Leacain thuaidh treasna an chnuic go déanach oidhche Dhomhnaigh. Bhíos ag gabháil an chasáin treasna Réidh an Tobair nuair d'airigheas fothram éigin neamh-choitchianta ag teacht im' dhiaidh. Dhruideas i leath-taobh ó'n gcasán agus chromas síos taobh thiar de thor mór aitinn. Ní fheacas dada acht ghabh mar bheadh sluagh marcach síos an casán tharm. D'airigheas mar a bheadh fothram cruidthe ar na clocha slabhraí ag gliogarnadh, diallaití ag gíoscán agus geon cainnte. Níor bhféidir liom aon focal den chaint a thuigsint; bhí sí mar bheadh cuid mhór daoine ag siosmadh i bhfochair a chéile, acht thabharfainn an leabhar gur airigheas glór uncail liom a bhí i Meirice le fada roimhe sin. D'imthigheadar tharm ó dheas an casán ar luas na gaoithe. Cúpla mí in a dhiaidh sin tháinig séala ó Mheirice go raibh m'uncail tar éis bháis agus d'réir an chúntais a fuaireamar fuair sé bás ar an Domhnach céanna d'airigheas an sluagh. Rud eile, bhí dhá bhramach, le athair Thomáis de Búrc annso i gceann de sna páirceanna ar thaobh an bhóthair, agus fuaireadh iad um thráthnóna an lae in a dhiaidh san míle ar an taobh theas de Bharra an Bhealaigh, sin trí mhíle nó geall leis ó'n áit in a rabhadar. Más mearathal a bhí orm-sa cad a chuir an ruaig ar na bramaigh?

"Ná fuil a fhios ag an saoghal go mbíodh "Petticoat Loose" 'ghá taisbeáint féin ar bhóthar béil loiche"

"Ó!" arsa Seán ag eirighe in a seasamh "Má thosnuigheann Risteard ag cur síos ar "Phetticoat Loose" beidhmíd annso go maidin".

Thárla go raibh Seán Mac Craith ag tigh Shiadhaile an oidhche sin cé gur annam a bhíodh sé ann, agus chuir sé isteach ar an gcainnt do'n chéad uair an oidhche sin.

“Is é mo thuairim-se” ar seisean “ná fuil ins an chuid is mó ar fad de sna scéalta i dtaobh sprideanna, agus púcaí agus rudaí mar sin, a chídhtear san oidhche, ná fuil ann acht díth-chéille agus uirbheasa misnigh. Táim ar aon intinn le Seán Breathnach annso, gur meisce agus meathtacht is bunadhas do'n gcuid is mó aca”.

Shuidh Seán Mór síos arís agus a bhata siubhail fé n-a smeigín aige. Lean Seán Mac Craith air.

“Ní deirim ná gur féidir go leigfeadh Dia na Glóire - céad moladh leis -
do anam teacht thar n-ais arís ar an saoghal so dá mbeadh chúis mhór eigin leis, acht ní chun a bheith ag cur eagla ar lucht óil ag teacht ó tigh an tábhairne, é. Acht seo rud a thuit amach theas againne tá thimcheall deich mbliadhna ó shoin: bhí bean feirmeóra
sa pharóiste, bean a bhí an-dhiadhanta, an-chráibhtheach. Bhí sí aosta go maith, agus pé rud ba chúis leis, d'eirigh idir í féín agus an sagart paróiste agus thuiteadar amach le n-a chéile, cé go rabhadar an-mhuinteardha roimhe sin. Sar a rinneadh an muintearras eatarra arís fuair si bás – bás cuibheasach obann, mar b'ar éigin a rug an sagart óg in a beatha uirri chun í d'ullmhughadh. Bhí ingean inghine léithe ina comhnuighe chúig no sé mhíle ó'n áit. Bhí an-chion ar fad ag an sean-bhean ar an gcailín seo. Seachtmhain tar éis a báis chonnaic an cailín seo a sean-mháthair in a seasamh ag cosa na leapthan nuair dhúisigh sí ar maidin. Maidean Samhraidh a bhí ann, bhi an ghrian in a suidhe agus solus go leor sa seombra. Tháinigh eagla ar an gcailín, ní nach iongna, agus níor labhair sí agus tar éis cúpla nómant scinn a sean-mháthair as a radharc. Thuit so amach trí mhaidean i ndiaidh a chéile. D'innis an cailín annsan an scéal dá h-athair is dá máthair, agus thugadar ó thuaidh go Mellerí í agus d'inniseadar an scéal do dhuine de sna sagairt. B'é an comhairle an t-sagairt do'n gcailín ná labhairt le n-a sean-mhathair dá bhfeicfeadh sí arís í. D'réir deallraimh chonnaic sí í agus labhair sí léithe, acht pé rud a dubhradh coimeádadh rún daingean air agus níor inniseadh d'aoinne é acht don sagart paróiste amháin. Agus an Domhnach ina dhiaidh san thug sé soiscéal agus d'innis gach aon rud a tharla díreach mar tá sé inniste agam-sa. Níor ainmnigh sé aoinne cé go raibh a fhios ag urmhór a bhí ag eisteacht cé dhó a bhí sé ag tagairt, agus dubhairt sé go raibh se ag rádh an aifrinn

d'anam duine a leigh Dia na Glóire thar n-ais ar an saoghal so ar ghnó speisialta agus d'iarr sé guidhe an phobail don anam san. Ní dúr-sé dár-sé é seo mar bhíos féin ag eisteacht leis.

“Is iongantach iad míorbhailtí Dé, moladh is buidheachas leis”, arsa sean-Risteard Ó Siadhaile.

Ní dúbhradh a thuille agus d'eirigheamar go léir agus d'imthigeamar abhaile.

Sean Nósanna

Maireann sean-nósanna in áit iargcúlta mar Gleann Chárthainn i bhfad níos sia ná mar mhaireann siad isteach sa tuaith. Bhí cuid mhór de shean-nósanna agus de phíseoga agus de rudaí mar sin go beo imeasc muinntir an ghleanna annso, nuair bhíos-sa óg; agus cé go bhfuil a urmhór imthighthe gan a dtuairisc anois, tá cuid mhaith aca buan fós imeasc na sean-daoine.

Le linn m'óige chreid gach aoinne sa mbaile gur bhféidir im a fhuadach le piseóga. Tá fo-dhuine de sna sheanóirí a chreideann fós é, acht nuair a bheidh sin imthighthe ní chreidfidh aoinne é a thuille. Bhí daoine sa nGleann annso fad ó ná tabharfadh dathúghadh an té de bhainne d'aoinne oidhche lae Bealtaine. B'iongantach na scéalta d'airigheas 'ghá gcur síos ar phiseoga an bhainne ó am go h-am i dtigh Shiadhaile, le linn m'óige nuair bhímís ag cuardaidheacht ann; agus b'iongantach leis é muna raibh aon bhunadhas éigin fírinne leo. Fuaireas eolas ó shoin go bhfuil scéalta de'n tsórt san go fór-leathan ar fuaid na h-Éireann go léir.

Bhí Risteard siuinéir 'ghá innsint dúinn oidhche go raibh fear de sna Séarthaigh ó'n Leacain ag dul go aonach Bhéal Áth' Póirín maidin lae Bealtaine. Le linn eirighe gréine bhí sé ag gabhail an bóthar cliathánach le abhainn Tearra, agus ag Áth an Mhuilinn chonnaic sé bean ar a groga ar bhruach na h-abhann agus canna agus scimín aici, agus í ag bainnt an bharra de'n uisce leis an scimín, mar bhaintear an t-uachtar de'n mbainne, agus 'ghá cur isteach sa channa. Agus í 'ghá dhéanamh so bhí sí ag féachaint mór-thimcheall ar na ba a bhí ag inbhear ins na h-innsí ar dhá thaobh na h-abhann agus “liom-sa bhfeicim” “liom-sa a bhfeicim “ aici ga rádh aici.

“Liom-sa a leath” arsa an Séarthach mar mhagadh agus d'imthigh sé leis gan a thuille suime a chur sa ngnó. Rith an t-Samhraidh sin bhí na cruacha ime aige, a trí oiread níos mó ná mar bhíodh aige de ghnáth.

Dúbhairt Tomás de Búrc na Mónach Buidhe, gur minic d'airigh sé a athair ag innsint gur chuaidh sé amach go doich ar maidin lae Bealtaine sa pháirc mar a raibh na ba bainne, agus go bhfeacha sé bean de sna chomharsain – bean a raibh ainm na bpiseóg uirri -

agus buarach ceangailte de stompa ar an gclaidhe aici, agus í 'ghá shniugadh, mar b'eadh, isteach i gcanna. Bhain sé an buarach de'n stompa agus ghabh sé uirthe léithe agus ruaig amach as an bpáirc í. Thug sé an bhuarach abhaile leis agus chaith sé isteach i sean-bharaille folamh a bhí sa scioból í. Roinnt laetheanta in a dhiaidh san bhí sé ag lorg rud éigin sa scioból agus d'fhéac sé isteach sa mbaraille; bhí sé leath-lán de mar bheadh uachtar géar nó bainne ramhar.

D'innis Seán na Coille scéal thimcheall ar fhear de sna Brianaigh ó Bhóthar na Chille a chuaidh amach ar maidin lae Bealtaine agus a chú le n-a chois. Nuair chuaidh sé isteach sa pháirc mar a raibh na ba bainne, chonnaic sé an girrfhiadh ba mhó dá bhfeaca sé riamh ag ól ceann de sna ba. Nuair chonnaic an girrfiadh é as go bráth leis, agus siúd an chú in a dhiaidh. Rinn' an girrfiadh ceann ar aghaidh fé dhéin bothán a bhí ar thaobh an bhóthair, cúpla céad slat ó'n áit, mar a mbíodh sean-bhean in a comhnuidhe in a h-aonar. Rug an girrfiadh a chosa leis go dtí gur shrois sé an bothán, agus thug sé léim isteach trid an bhfuinneoig a bhí ar oscailt. Díreach agus é ag dul isteach tríd an bhfuinneoig thug an chú fogha fé agus d'eirigh leithe breith ar cheáthramhain air, acht d'imthigh sé uaithe. Nuair a tháinigh an Brianach ar an láthair d'fhéach sé isteach sa bhfuinneoig agus chonnaic sé an t-sean-bhean caithte ar an úrlár istig agus fuil ag rith as ghearradh in a ceathramhain. Nuair d'inniseas an scéal so do Sheán MacCraith, bhí sé ag rádh gur airigh sé an scéal céadna i dtaobh sean-mhná in a pharóiste féin.

Ba mhinic d'airigheas i dtaobh daoine ná fuigeadh cuigean a dhéanamh dá bhfanaidís ag gabhail dhi ar feadh an lae go léir. Bhídhtí dheimhinneach in ocáid dá shórt gurab amhlaidh a bhíodh an t-im fuadaighthe ag lucht piseóg. Aoinne a raghadh isteach i dtigh mar a mbeadh cuigean 'ghá déanamh ba cheart dho breith ar an loinithe agus cúpla buile a bhualadh agus “Bail ó Dhia ar an obair” a rádh.

Dheineadh Seán Mór Breathnach neamh-nidh desna rudaí seo aon oidhche a bhíodh sé in ár bhfochair, acht is dóigh liom gur i ngrádh a bheith ar malairt tuairme leis an gcuid eile againn

a dheineadh sé é, mar tharla rudaí in a dhiaidh san a chuir in iuil go raibh iarsmaí de sna piseóga i bhfad isteach ann féin. Acht dúbhairt sé rud faid-cheannach aon oidhche amháin a chuir ag machtnamh mé. Bhíodar ag trácht ar fhuadach ime le piseóga agus dúbhairt sé, cad in a taobh ná fuadaigheann siad an t-im as an uachtarlainn nua a bhí curtha ar bun i mBaile na h-Abhann, áit a mbeadh carn de le fághail aca, agus gan a bheith ag fiadhach ar stracairí feirmeoirí bochta.

Sean nós eile b'eadh uisce na Cásca a chrothadh i gcúinní gach goirt agus garraidhe oidhche Bealtaine; agus bhíodh daoine ann a shághadh géigíní cárthainn, i bhfuirm croise, i ngach cúinne goirt chomh maith leis an t-uisce Casca a chrothadh ann. Iarsma de'n bpágantacht b'eadh na géigíní cárthainn gan aon agó, acht ní raibh a fhios san aca súd a chuireadh i gcúinní na ngort iad. Is cuimhin liom nuair bhíos im gharsún, go mbíodh crann cárthainn a bhíodh ag fás ag an gcúinne, 'san áit a theigheann an bóithrín ó'n dtigh seo amach ar an mbóthar mór, go mbíodh sé gach aon mhaidean lae Bealtaine mar cearc fholtha, bhíodh an oiread san de sna géigíní beaga staithte dhe. Níl aoinne sa nGleann anois a chuireann na géigíní cárthainn i gcúinní na ngort oidhche Bealtaine, agus níl acht duine fáin a chrothann an t-uisce beannuighthe ortha. Táim féin ar dhuine aca san mar is é mo thuairm gur nós é nár cheart a leigint ar ceal – beannacht Dé d'iarradh ar thoradh na talmhan.

Chreid na sean-daoine leis dá dtabharfaí uisce isteach oidhche Bealtaine agus é a chur i mbuidéal go bhfanfadh sé friseáilte rith na bliadhna ar fad.

Lá mór b'eadh lá Bealtaine nuair a bhí an Pagántacht i réim in Éirinn, agus is dócha gurab é sin an chúis go bhfuil an oiread san sean-phiseóg ag baint leis go dtí an lá tá indiu ann.

Nuair a bhíos ag eirighe suas im fhear bhíodh sean-fhear dar b'ainm do Pól Dhómhnaill in a chomhnuighe thuas ar cliathán an chnuic sa taobh thoir theas de'n nGleann. Bhí cheithre chinn de pháircíní thimcheall an tighe. Bhíodh an tigín a bhí ag Pól agus a bhean Cáit geal le h-aol i gcomhnuidhe, agus ba dheas an radharc an tigín geal agus na páircíní glasa imeasc an fhraoigh ar taobh an chnuic. Níl aon uair a fhéacaim suas

ar an gnoc ná tagann na pictiuir úd thar n-ais os comhair mo chuimhne agus chím arís dar liom na páircíní glasa imeasc an Fhraoich agus an tigín aolmhar suidhte in a lár, mar mo bhrón níl rian an tighe ann anois agus tá seilb glachtha arís ar na páirceanna ag an bhfraoch agus ag an aiteann.

Fear luíbheanna agus arthanna do b'eadh Pól. Bíodh sé ag leigheas capall a mbíodh "farcy" artha. Bhí artha na fola agus artha na gcnám aige agus bíodh sé ag bailiughadh luibheanna agus déanamh suas buidéal do dhaoine a bhíodh droich-shláinteach. Bhailigheadh sé na luibheanna tar éis luighe gréine oidche bealtaine agus nuair bhíodh sé 'gá mbailiúghadh ní labharfad sé le h-aoinne. Chonnacas féin é ag lorg luibhe éigin ar phort na h-abhann uair agus bhí a hata in a láimh aige. Dheirtí leis go bhfeiceadh sé na daoine ar an saoghal eile agus go bhféadfadh sé iad a 'spáint duit.

Is cuimhin liom tráthnóna Domhnaigh nuair bhíos im gharsún, bí cuígear nó seisear againn bailighthe ar an mbóthar gairid do tigh Shiadhaile. Bhí Micil Ó Neíll agus Peard na Brídighe ann. Bhuail Pól Dhómhnaill anuas an bothar agus sheasuigh sé ag cainnt le Micil agus le Peard.

"A Póil" arsa Peard "An fíor go bhféadfá an saoghal eile a 'spáint so dhuine?"

"Táid thimcheall orrainn anois" arsa Pól go solamhnta" dúbadh na gncoc is na mbánta dhíobh".

"'Spáin dom iad" arsa Peard.

"Seasuigh ar bhrághaid mo choise agus féach thar mo ghualainn clé" arsa Pól . "Acth tá an méid seo ann, beidh tú i mbaoghal radharc súile, nó lúth coise nó láimhe leat a chailleamhaint."

"Is cuma liom sa diabhal" arsa Peard "beidh sé agam le rádh go b'feaca mé an saoghal eile.

"Ní bheidh do mhilleán orm" arsa Pól agus d'imthigh sé leis síos an bothar.

Is baoghalach ná raibh ann acth sort "buaileann Sciath" Pól a bheith ag leigint air go bhfeiceadh sé an saoghal eile, cé go raibh mórán sa nGleann a chréid é, agus a chreid é amháin, tar éis a thárla idir é féin agus Peaid na Brídighe.

Seachtmhadh mac an seachtmhadh mic b'eadh Pól Dhomhnaill d'réir na sean-daoine, agus uaidh sin a tháinigh an cúmhacht a bhí aige. Chreid na daoine leis go bhfuigheadh sé dhá leath a dhéanamh dé aon sórt péiste acht amháin a anáil a shéideadh uirthe.

Dheireadh sé go raibh sé d'oibliogáid air gan aon airgead a ghlacadh mar chúiteamh ar a shaothar, ach ghlacfadh sé tobac nó leath-phiúnta fuiscí nó rud éigin mar sin. Ní bheadh aon mhaith dhuit a bheith d'iarradh a shuidheamhnugadh ar mhuinntir an Ghleanna ná raibh Pól Dhomhnaill ábalta ar fuil a stad le artha na fola.

Bhíodh na sagairt in a dhiaidh i dtaobh na n-arthaí agus eile, acht níorbh aon mhorán maithe dhóibh é, mar bhí muinighin ag na daoine as. D'airigheas scéal uair go raibh an sagart óg a bhí sa pharóiste seo ag marcaigheacht a chapaill ar an mbóthar gairid do Bhaile an Droichid. Bhí sé gabhail díg an bhóthair agus chuaidh stopadán suas i rúitín an chapaill agus bhí ag tabhairt fola. Bhí an gabha agus beirt nó triúr eile thimcheall ar an gcapall d'iarradh an fuil a stad acht ní raibh ag eirighe leo. Ché geobhadh thar brághaid acht Pól Dhomhnaill agus d'iarr duine de sna fearaibh air an fhuil a stad. D'fhéach Pól ar an sagart acht dúbhairt an sagart “déin” ná “ná déin”. Bhain Pól a hata dhe agus chuir sé an artha agus stad an fhuil láithreach. Ba mhinic a chloiseas an scéal san, acht nílim ag dearbhughadh go bhfuil an fhírinne ar fad ann. Tá a fhios agam go maith go bhfuil mian láidir ionnainn go léir slacht a chur ar scéal, agus ní dhéarfainn ná gur cuireadh slacht ar an scéal so.

Bhíodh Cáit, bean Phóil ag tógaint cléitíhíní do dhaoine a mbídís ar lár aca. Fuair sí bás nuair bhíos im gharsún agus bhí Pól ag maireachtain leis féin as san amach, go bhfuair sé féin bás isteach is amach le fiche bliadhain in a dhiaidh san. Daoine a mbíodh cléithíní ar lár aca ní bhíodh neart ná fuinneamh ionnta, acht iad anonn is anall, lá go maith agus lá go h-olc. 'Sé dheineadh Cáit Phóil ná an t-othar a chur in a luighe ar cnámh a chúil ar an mbórd agus a ucht do nochtadh. Gheibheadh sí gloine leath-phiúnta, nó “tiumbléir” mar ghlaodtaí air agus leagadh sí béal fé é anuas ar an lag atá fé bhun cnámh an uchta, agus thimcheall órlach de shnab coinnle istig fé, agus é ar lasadh. Theigheadh an choinneal as i gceann tamaill agus d'eirigheadh an fheoil

suas istig sa ngloine. Nuair a bhíodh sí ag tógaint an ghloine dhe, níorbh ró-fhuirist é a dhéanamh mar bhíodh greim daingean air. Ní fheacas-sa riamh í 'ghá dhéanamh acht ba mhinic d'airigheas trácht air. Shíltí gur sórt míorbhailt an fheoil d'eirighe suas sa ngloine. Le fada riamh níor airigheas trácht ar chléithíní a bheith ar lár ag aoinne sa chomharsanacht so, cé gur minic d'airighinn trácht ortha le linn m'óige. Deir na dochtúirí ná raibh a leithéid de ghalar – más galar is ceart a glaodhach air – ná raibh a leithéid ann riam, agus is dócha go bhfuil an ceart aca.

Thangbhuigheas ar Phól Domhnaill ar an gcnoc Domhnach sa Samhradh nuair a bhíos ag eirighe suas im fhear. Bhí sé an-aosta an uair sin acht bhí sé an-bhríoghmhar fós. Shuidheamar síos agus bhíomar ag seanchus fhaid agus bhí sé ag líonadh a phíopa agus ag caitheamh seach de. Tharraingheas féin anuas na h-arthaí a bhí aige agus dúbhairt sé liom ná raibh ionnta acht paidreacha chun an cheart do rádh agus dúbhairt sé dom artha na fola:

"Doinnín a chaith an chleith a scoil Criost. Cad a tháinigh?

Fuil, fíon, agus fioruisce – Stop an fuil atá ag teacht ró-thréan." Na focail seo a rádh trí h-uaire agus "In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naomh" do rádh rompa agus in a ndiaidh.

Scríobhas na focail seo síos díreach mar dúbhairt Pól iad. In a dhiaidh san nuair mhéaduigh ar m'eolas thuigeas go rabhadar truaillighthe gan amhras. "Loingín" ba cheart in áit "Doinnín" agus "t-sleágh" in áit "cleith".

Dúbhairt sé liom ná bheadh aon chomhacht ins na focail dá ndéarfainn-se iad – go gcaithfead fear iad d'fhoghluim ó bhean, agus bean ó fhear. D'fhiafruigheas de dá mba paidir an artha, 'd'é an deifríocht a dhéanfadh sé cionnus d'fhoghluimeóchadh duine iad, acht ní raibh sé ábalta ar an fhadhb san a réidhteach dom. Ní raibh aige acht mar d'airigh sé féin.

Tá Pól Dhomhnaill san úir leis na cianta, acht tá trácht air fós sa nGleann annso, agus más fíor na rudaí a innistear in a thaobh bhí cómhacht éigin neamh-choitcianta aige. Sean-Risteard siúinéir b'mhó d'airigheas ag cur síos air. Bhí sé ag innist

go raibh Pól istig i dtig tábhairne Mhairtí ag Baile an Droichid lá fad ó. Bhí fear anuaidh ó'n Leacain ann d'ár b'ainm Micil an Giolla agus thosnuigh sé ag deanamh magaidh de Phól agus dá chuid piseóg. Tháinig buile ar Pól agus dúbhairt se le Micil a bhéal a dhúnadh nó go gcuirfeadh sé mairc air a leanfadh de go lá a bháis. B'amhlaidh a rinn' Micil ábhacht magaidh ar fad de, ar chloisint na cainnte seo. Bhain Pól de a hata agus dubhairt sé rud éigin ós íseal agus nuair bhí sé ráidhte aige d'imthigh sé as an áit. Acht b'amhlaidh a rinn' Micil magadh agus cúrsaí gáire de'n ngnó go léir; acht ba ghairid go raibh a mhalairt de phort 'ghá sheimint aige, mar, nuair dhúisigh sé ar maidin ar na bháireach, bhí gach aon fhiacail a bhí in a cheann tuitithe amach ar an bpeilliúr, agus taobh istig de seachtmhain níor fhan ribe gruaige ar a cheann. Dúbhairt Risteard go bhfeaca sé Micil an Giolla go minic in a dhiaidh san agus ní raibh ribe amháin gruaige ná feasóige air, go lá a bháis.

Seo scéal eile d'innis Risteard duinn thimcheall ar Phól Domhnaill:

Bhí buachaill de mhuinntir Mhurchadha o Bhaile an Phléamonn a bhris cnámh a lorgan ag sleamhnughadh ar an leacach oidhir. Thugadh aníos go dtí Pól Domhnaill é. Bhí an buachaill ar thocht clúmh i dtrucaill an chapaill, agus ghlaodhar súd a bhí thimcheall air, ag tigh an t-siuinéara ag lorg eolais an t-slighe. Bhí sé in a oidhche dhubh, agus bhí an slighe suas go tigh Póil achrannach go leor; dá shon san dúbhairt Risteard go raghadh sé féin leo. Nuair rangadar ag tigh Phóil dúbhairt sé leo an buachaill a thabhairt isteach agus é a chur in a luighe ar an mbórd sa chistin. Chuaidh sé féin amach agus thug sé isteach thimcheall troigh go leith de shlait sceach mhadra. Bain sé na deilginí de'n t-slait le n-a scian agus annsan scoilt sé í síos trí a lár mar bheitheá ag déanamh scoilb. Thug sé leath na slaite do Risteard agus an leath do dhuine de'n bheirt fhear a bhí i bhfochair an bhuachalla agus dúbhairt sé leo breith ar dhá ceann gach slaite agus iad a lúbadh isteach chúcha mar bhogha agus seasamh os coinne a chéile amach agus lár an dá bhogha a chur gairid da chéile, acht gan leigint dóibh baint dá chéile. Chuir sé an artha annsan agus chuaidh thimcheall dhá órlach de'n dá leath le chéile arís ionnus gur dhóigh leat nár scoilteadh riam an chuid sin de'n t-slait. Ghearraigh sé amach an piosa san a chuaidh le chéile agus cuir

sé é sa chliath a chuir sé leis an gcnámh briste. Taobh istig de mhí bhí an buachaill ábalta ar siúbhal chomh maith agus bhí sé riamh. Bhí an buachaill san in a shagart in a dhiaidh san.

Bhíodh Nóra bean Chruthúir Garbh ag leigheas salachar béil, galar is gnáthach ar pháistí óga. Bhíodh comhacht an galar sin a leigheas ag aoinne a rugadh tar éis báis a athar. Chaithfeadh sé – nó sí – a bheith ar céalacan agus trí phuth dá anáil a shéideadh isteach i mbéal an pháiste, agus é a dhéanamh trí mhaidean i ndiaidh a chéile. Is cuimhin liom Nóra Chruthúir go maith, angairéis mhór mhná agus í an-chromtha. Ba an-aoibhinn beatha ag an mbean bhocht mar bhí fear agus triúr mac aici a bhí óltach, scléipeach thar na bearta.

Creideadh fad ó go raibh cómhacht ag aoinne de shloinne Caithil “teine Dia” a leigheas. “Fuil Chaithil” a chimilt do sna cloig a beadh ar chabhail an duine a mbeadh an galar san air, b'é sin an leigheas; agus chreid gach aoinne, nach beag, go raibh éifeacht ann. Is cuimhin liom féin na cloig sin a beith ar mo chliathán nuair bhíos thimcheall deich mbliadna d'aois. Bhíodar an-thinn agus pian ionnta mar beadh rud éigin im dhóghadh. Thug Liam Beilbí ó thuaidh go dtí Páidín 'ac Caithil sa Leacain mé. Is cuimhin liom ná géillfeadh m'áintín Máire go raibh aon éifeacht i bhfuil Chaithil seachas aon fhuil eile, acht ní bheadh mo mháthair sásta, mar dúbhairt sí dá ndúnfadh na cloig timcheall mo chablach go bhfuighinn bás. Chas Páidín córda ar mhéar leis agus phroic sé le biorán í, agus annsan chimil sé an fhuil do sna cloig a bhí ar mo chliathán. Bhí “teine Dia” leigheasta i gcionn trí nó ceathair de laetheannta pé rud a leigheas í; acht cé go raibh, ní ghéillfeadh m'áintín Máire gurab í “fuil Chaithil” a leigheas í. Dúbhairt sí go mbeinn leigheasta muna dteighinn go dtí Páidín 'ac Caithil ar an chor.

Bhíodh leigheasanna aisteacha ag na sean-daoine ar an triuch, leigheasanna ná h-airigheochá aon trácht anois ortha. Fuigheallac feiréid an leigheas ba ghnáthaidhe díobh – níos mó bainne a thabhairt do fheiréad ná a bheadh sé ábalta ar a ól, agus an fuigheallach a thabhairt do'n leanbh; leigheas eile b'eadh an leanbh a chur treasna fé bholg asail trí h-uaire; nó a fhiafruighe de fhear a bheadh ag gabhail thar brághaidh le capall bán

cad a leigheasfadh an triuch – pé rud a dhéarfadh sé, bainne beirbhte, nó práta róstaithe, nó té gan siuicre cuir i gcás, bheadh an leigheas ann.

D'innistí scéal sa nGleann i dtaobh mná, a raibh an triuch ar a leanbh, a chonnaic fear ag gabhail an bóthar le capall bán. “A fhir an chapaill bháin” ar sise “cad a leigheasfadh an triuch?” D'réir deallraimh bhí searbhas ag an bhfear uirri, mar is é an freagra a thug sé ar a ceist ná - “Dúngarbhán beirbhte ar mheadhg agus treighid air chomh maith leis an triuch.”

Bhíodh an iomad sórt leigheas ar rudaí beaga 'ghá gcleachtadh ag na gnáth dhaoine sa sean-shaoghal. Nead dubháin fhalla ba choichianta a chur le gearradh chun an fhuil do stopadh. Chuirtí billeóga slán-luis le gearradh chun é a chneasúghadh. Dheintí na billeoga a chogaint nó a bhrúghadh istig i gceirt idir dhá cloich. Chuirtí billeóga cupóg ruadh le geaddadh leis. Bhíodh leigheas ag Cití Cuirrín, bean Mhicil Mhártain, ar dhóghadh nó scalladh le uisce fiuchta. Chuireadh sí súghlach luibheanna éigin trí bhlanog gé; ní cuimhin liom acht billeoga labhrais de sna luibheanna a bhíodh aici, cé gur airigheas iad mar ní dheineadh Cití aon rún de'n leigheas a bhí aici. D'réir deallraimh bhí éifeacht ann mar thagadh daoine ó'n bparóiste go léir chúiche.

Bhíodh leigheasanna piseógacha ann ar fháithinní – póirín cloiche in aghaidh gach faithinne a chur isteach i gceirt nó páipéar fillte suas, agus é a leagaint ar an mbóthar. An chéad duine d'oscaileóchadh an cheirt nó an páipéar bheadh na fáithinní air sin agus iad imthighthe dén t-é a chuir na póiríní ar an mbóthar. Leigheas eile do b'eadh seilthide a chimilt de 'sna fáithinní agus é a chrochadh ar dhealg sceiche – d'réir mar bheadh an seilthide ag leigheadh bheadh na fáithinní ag feoghadh. Dheintí fáithinní a nighe san uisce a bheadh i bpoll i gcloich, nó seile céalacain a chimilt ortha naoi mhaidhean i ndiaidh a chéile.

Bhí carraig cloiche ar phort na h-abhann in innse Sheáin Mhóir. Bhí trí cinn de phuill gairid dhá chéile sa charraig; bhíodar chomh mór le cupán acht iad a bheith thimcheall fé dhó chomh doimhinn. Bhíodh uisce ins na puill seo de ghnáth, agus chreid na sean-daoine go raibh leigheas ar shúile tinne san uisce so. Chaithfá dul naoi mhaidean i ndiaidh a cheile roimh eirighe gréine agus do shúile a nighe san uisce seo.

Níor bhain aoinne triail as an leigheas sin leis na cianta. Tá an charraig ann fós agus na puill innte, acht an uair dheireannach a ghabhas an t-slighe bhí na puill lionta le cré agus féar ag fás ionnta.

Ghlaodhtaí “boinn-leach” ar eascóid chaoch a thagadh ar bhonn coise garsúin nó gearrchaille a bheadh ag imtheacht cos-nochtaithe. Dá ndeineadh buachaill nead fáinleoige do chreach dheirtí leis go dtiocfadh boinn-leach ar a chois de bharr a dhroich-ghnímh. B'ait san mar dheireadh na daoine fad ó go bhfuil trí bhraon d'fhuil an diabhail i ngach fháinleog.

Bhíodh “gearradh drúichtín” mar ainm ar gearradh nó gág a bheadh istig idir méaracha coise duine. Is amhlaidh d'imthigheadh an croiceann de'n áit agus bhíodh sé an-thinn. Sa Samhradh nuair bheadh na cosa ag allus ba ghnáthaidhe na gearraí seo. Cúpla snáithe olainne a chur idir an dá mhéir an leigheas a bhíodh ortha.

Ghlaodhtaí “poc aosáin” ar thinneas a bhuaileadh duine go an-obann. Bhriseadh an phuis amac agus bhíodh sé an-the agus ag cur alluis go mór. Ní leanadh sé de dhuine thar dó nó trí laethanta, acht chaithfeadh sé dul ar an leaba agus deochanna teo d'ól, mar puins nó bainne beirbhthe agus piobar air.

Tochas ar bhoinn coise duine - “míol ceárdtan” a thugtaí air. Ar an aos óg ba ghnáthaidhe an rud so a bheith. B'é an leigheas a bhí air ná dul go dtí an cheárdta agus na cosa do thomadh 'san umar uisce a bhíonn ag an ngabha chun na h-iarrannaí teo d'fhuaradh. Bhí galar eile a bhíodh ag goilleamhaint ar leanbhaí óga a raibh leigheas ag an ngabha. “Aos teannta” a thugtaí air. Luigeacht a bhíodh i gcnámhna na gcos. Chaithfí an leanbh a thabhairt chun na ceárdhtan trí mhaidean i ndiaidh a chéile, roimh eirighe gréine. Chuireadh an gabha an leanbh in a shuidhe ar an inneoin; acht cad eile a dheineadh sé, nó an raibh artha ag gabhail leis an leigheas, nó an raibh comhacht ag gach aon gabha an galar a leigheas, ní cuimhin liom gur airigheas riamh é, nó má d'airigheas tá sé imthighthe glan as mo chuimhne.

Is cuimhin liom Liam Beilbí, ag cur síos nuair bhíos im gharsún ar leigheas ar an “ngalar mór” - slan gach áit in a innistear é -

Leigheas uathbhásach. Agus b'éan leigheas é ná an chré a bheadh istigh I gcloigeann a chaithfidhe aníos as uaigh a thabhairt do'n duine a mbeadh an galar air, i gan fhios do imbiadh nó deoch.

Leigheas eile ar an ngalar so b'eadh an duine a thabhairt go dtí an sagart a bhaist é chun fíoghar na croise a bhaint de.

Thugtaí pórtar a mbeadh billeoga giolcaighe beirbthe an do leanbh, a mbeadh an bhruitíneach air,chun í a chur amach tríd.

Chreid na sean-daoine gurh an-sláinteamhail an rud cúpla purgóid d'ól le linn an earraig gach aon bhliadhain; rud sláinteamhail eile dar leo,b'eadh deoch fíoruisce d'ól ar cealacan gach aon mhaidean.

Bhíodh an-bhuadh, d'réir na sean daoine,in arán coirce d'aoinne a bheadh 'ghá chur féin gcóir cunh rás do rith nó aon ghaisce eile mar sin,go mór-mhór nuair d'ithtí le "sadhdar" é. Acht is iomdha bliadhain anois ó bácáladh aon arán coirce I nGleann Chárthainn,cé go bhluil an greideal ar a mbácáltaí é i fo-thigh fós.

Bhíos ag rádh go mbíodh Pól Dhomhaill ag leigheas "farcy" a bíodh ar chapaill.Bhí fear da b'ainm do Bil Phiarais, in a chomhnuidhe ag ceann an bhóithrín a bhí ag dul suas go tigh Phóil.Tráthnóna le crónúgadh na h-oidhche tháinigh strainnséir agus capall aige isteach i maca Bhil, agus d'fhiafraig sé cá raibh Pól Dhomhnaill,an fear a bhíodh ag leigheas an"farcy",in a chomhnuidhe annso.
"Mise an fear" arsa Bil.
D'innis an fear do annsan i dtaobh an chapaill agus d'fhiafruigh sé dhe an mbeadh sé ábalta ar é a leigheas. Dúbhairt Bil leis go mbeadh gan morán trioblóide. hain sé a hata dhe agus bhí sé ag déanamh mar chonnaic sé Pól Dhómhnaill a dhéanamh in a leithéid d'ócáid go minic, ag cogar isteach i gcluais an chapaill agus ag ceangailt a chluaise le córda agus mar sin. Nuair a bhi an gnó déanta aige d'fhiafruigh an fear de cad a bhéadh sé a thabhairt do.
"Aon rud is maith leat" arsa Bil.

Shín an fear deich scillinge chuige,agus mar dúbhairt Bil, nuair a bhí sé ag innsint in a thaobh in a dhiaidh sin, bhi sé an-dian air gan scartadh amach ag gáire. Bhí árd lá ag Bil ag ól na deich scillinge i dtig tábhairne 'Leán Mhairtí an lá saoire a bhí ann

cúpla lá in a dhiadh san,agus é ag innsint do chách an bob a bhuail sé ar fhear an chapaill.Thangbhuigh Bil ar an bhfear ag aonach Leasa Móir thimcheall mí in a a dhiaidh san. Nuair a chonnaic Bil é is amhlaidh bhí sé d'iarradh é a sheachaint,acht lean an fear é agus chuirfeadh sé ól isteach na bhróga, bhí sé chomh buidheach san de. Bhí an capall, dúbhairt sé chomh maith agus bhí sé riamh i gcionn cúpla lá.

Áitheoir agus cleasaidhe do bheadh Bil Phiarais . D'imir sé cleas de'n sort céadna, d'imir sé ar fhear an capaill,ar Mhicil Mhártain. Bhí Micil uair agus ní b'fhuigeadh sé dada a choimeád ar a ghoile. Aon rud d'itheadh sé ní túisge bhíodh sé thíos ná bhíodh sé aníos arís. Bhí sé ar feadh roinnt seachtmhainí agus is dheochanna a bhi sé ag maireachtain, agus sa deire is ar éigin a bhí ann siúbhal. Bhí bean an uair thiar i nGort an Chuilinn a raibh sé ráidhte go raibh leigheas ar an ngalar so aici. Clann na beirte deirbhsaer do b'ead Micil agus Bil, agus thug Micil deich scillinge do Bhil chun dul go dtí an bhean so fé dhéin buidéil do'n ngalar a bhí air, - coróinn do'n mbean agus an churóinn eil do féin. Ar a shlighe do thangbhuigh Bil ar Pheaid na Brídighe agu d'fan an bheirt aca an lá ar fad ag ól na deich scillinge sa tigh tábhairne ag Baile an Droichid. Fuaireadar buidéal cáirt annsan agus rinneadar suas síoróip iongantach do Mhicil Mhártain bocht. Chuireadar súgha agus salann agus piobar dearg agus buailtreach bó agus dríodar pórtair isteach sa mbuidéal agus líonadar é leis an uisce a bhí ag beirbhiughadh na bprátaí. Thug Bil go dtí Micil é. Dúbhairt sé leis gur árduigh an bhean leighis do leath-ghloine dhe d'ól gach aon mhaidean ar céalacan agus leath-ghloine eile nuair a beadh sé ag dul a chodladh. Nuair a bhlais Micil an meascán a bhí sa mbuidéal dúbhairt sé nár bhlais sé riamh in a shaoghal aon rud chomh gránna leis; acht dar le Micil ba shin rogha teistiméarachta air, mar ní raibh aon mhuinghin riamh ag muinntir na tuaithe as aon phurgóid nó buidéal leighis ná beadh blas searbh grána air. Dá sheirbhe bíodh sé iseadh do b'éifeachtaidhe a bhíodh sé dar leo. Má bhí cómhact sa mbuidéal a rinni Bil Phiarais agus Peaid na Bridighe suas do Mhicil Mhártain do réir an blais gránna a bhí air, íoc leighis iongantach do b'eadh é gan aon dabht.

Agus bhí éifeact ann mar dúbhairt Micil go bhfuigheadh sé píosa

de chapall d’ithe sar a raibh an buideal ídighte aige. Nuair a dheineann duine machtnamh ar leigheas an chapaill agus ar leigheas Mhicil Mhártain ní féidir leis gan a rádh leis féin go bhfuil mórán sa saoghal gur deacair a thuigsint; agus táim ag deimhniughadh annso gur thuit an dá rud so amach díreach mar táid curtha síos annso agam.

Sean – Nósanna ag Baint leis an mBás

Ba mhór ar fad an méid sean-nós ag baint leis an mbás a bhí go beo nuair bhíos-sa óg. Tá fo-cheann de sna sean-nósanna so beo fós acht tá an chuid is mó dhíobh imthighthe ar ceal agus dearmhadaithe. Chreid gach aoinne an uair úd go mbíodh an bhadhb ann, agus go mbiodh sí ag leanamhaint cineacha áirmhithe, agus ag caoineadh nuair a bhíodh aoinne aca ag tarraingt ar an t-síoruidheacht. Bhíodh sé ráidhte go gcloistí í i gcomhnuidhe nuair a bhíodh aoinne de mhuinntir Néill, nó de mhuinntir Dhomhnaill, nó de sna Búrcaigh, ag fághail bháis. Is cuimhin liom nuair a bhíos im gharsún Liam Beilbí a theacht isteach oidhche agus a rádh lem aintín Máire:

"Tá deire le Micil."
"Cá b'fhios duit?" arsa máintín.
"Ó d'fhág mé an bóthar mór d'airigh mé an bhadhb ag caoineadh síos treasna na réidhte fé dhein tigh Dhomhnaill."

Micil Ó Dómhnaill ó'n Móin Bhuidhe a bhí ar an leaba gan aon bhail air. Cailleadh é an oidhche sin.

D'eireadh m'áintín Máire gur airigh sí féin an bhadhb tráthnóna Samhraidh díreach taréis luighe gréine, nuair a fuair Séamus de Búrc na Mónach buidhe bás; agus bean fhaidcheannach do b'eadh í ná tugadh mórán geille do rudaí mar sin. Níor aigígheas féin an bhadhb riamh, acht is deachair a rádh ná raibh aon bhunadhas firinne leis na scéalta go léir a innistear in a taobh. Is cuimhin liom Seán MacCraith 'ghá rádh gurab iad na badhba ná mná a bhiodh ag caoineadh ar a bpádh fad , agus go bhfuil sé d'oibliogáid ortha leanamhant de'n obair ar an saoghal eile go dtí go mbeidh cúiteamh déanta aca as a bhfuaireadar. Ní fheadar 'd'é mhéid firinne atá sa tuairm seo.

Nuair a bhíodh na coilig ag glaodhac thar an gcoitciantacht ba comhartha é sin d'réir na sean-daoine go raibh duine éigin sa chomharsanach gairid do'n mbás. Thugtaí an-ghéilleadh do so fad ó, agus tá daoine sa nGleann a thugann géilleadh do fós.

Is cuimhin liom go raibh Cití Cuirrín, bean Mhicil Mártain go an-dhona uair. Bhí sí tabhartha suas ag gach aoinne a chonnaic í; bhí an ola curtha uirri agus bhídís suas thimcheall uirri gach aon oidhche

Chuadhas féin agus Dic Ó Siadhaile agus Seán Mac Craith síos oidhche chun fuirreach in a bhfochair go maidin. Thimcheall an meadhon oidhche fuair sí seannseáil agus shíl a raibh ann go raibh sí ag fághail bháis. Bhí Seán MacCraith ag léigheamh na liodáin uirri. Díreach nuair bhí críochnuigthe aige ghlaodhaigh an coileach amuigh sa mbothán. Ghlaodhaigh sé arís agus arís eile. Gan amhras ba dhiamhar an uain í, an bhean ar an leaba ag iomradh leis an mbás, an coileach ag glaodhach amuigh, agus sinne agus gan cniug as aoinne againn. Baineadh geit asainn agus d'féachamar ar a chéile.

"Tá sí imthighthe" arsa Micil; rith an smaoineamh sin linn go léir cé nár labhair aoinne ar feadh roinnt nómantaí.

Acht ní bhfuair Cití bás an oidhche úd, ná go dtí thimcheall thrí bliadhna in a dhiaidh san. Ní raibh an muinghín céadna agam as a gcoileach riamh ó shoin.

Chreid na sean-daoine nach ceart baint leis an gcorp, ná é a thanachadh, ná aon chaoineadh a dhéanamh os a chionn go ceann trí ceáthramhna uaire taréis a bháis. Dar leo bhíodh madraí an diabhail ag faire, chun an t-anam a leanamhaint nuair scarfadh sé leis an gcorp, agus níor cheart aon rud a dhéanamh a thabharfadh eolas doibh go mbeadh an duine tar éis báis, agus a chuirfeadh ar thóir a anma iad.

An t-uisce a bheadh ag tanachadh cuirp ba cheart é a chaitheamh ar chlaidhe teorann, agus an rásúr a bheadh 'ghá bhearradh níor cheart í a choimeád sa tigh, acht í a bhronnadh ar dhuine éigin. Dá bhfágfadh duine an tigh in a mbeadh tórramh ann níor cheart do casadh thar n-ais ann, nó ba bhaoghalach go bhfeicfeadh sé rud éigin na beadh ar fóghnamh. Nuair a tangbhóchadh duine ar shochraid ar an mbóthar, ba cheart do seasamh go mbeadh an t-sochraid gabhtha thairis agus annsan trí chiscéim a shiubhal in a diaidh - "trí chiscéim na trócaire" a ghlaodtaí ortha.

D'airigheas ag na sean daoine go mbiodh cleasanna 'ghá n-imirt agus amhráin 'ghá gcanadh ag torraimhíonta fad ó, acht tá rudaí de'n t-sórt san imthighthe ar ceal le fada de bhliadhanta. Bhí na h-iarsmaí deireannacha dhíobh ann nuair bhíos-sa im ógánach.

Na h-éadaighe a bhí ag duine a bheadh tar éis bháis ba gnáthach iad a thabhairt do dhuine éigin sa chomharsanacht a mbeadh

gabhadh aige leo. Bhíodh sé d'oibliogáid ar an duine sin iad “a thabhairt go dtí aifreann” anois is arís; agus gan iad a chur sa “phán.” Dar leis na sean-daoine ba rud uathbhásach é sin a dhéanamh; bheadh an t-é gur leis na h-éadaighe, ar an saoghal eile agus gan luid ináirde air. Is cuimhin liom nuair fuair Tomás Mhicil bás, gur chuir a bhean culaith nua 'ghá déanamh do, agus annsan thug sí do Mhicil Mhártain í. Dúbhairt sí ná raibh aon éadaighe deallramhla aige nuair chailleadh é.

An duine ba dhéanaidhe a chuireadh sa reilig bhíodh air, nó uirri, an t-uisce a tharraingt chun a raibh curtha innte go dtí go gcuirtí an chéad duine eile. “Ní raibh tarraingt an uisce i bhfad air” a dheirtí i dtaobh duine ná raibh curtha acht cúpla lá nuair chuireadh duine éigin eile sa reilig. Nuair a bhíodh dhá shochraid ag déanamh ar an reilig, ó dhá áird, dheirtí go mbídís ag rith le n-a chéile, féachaint cioca a bheadh ag an reilig ar dtúis, chun tarraingt an uisce a chur ar an duine eile.

Nuair a thugtaí an corp isteach sa reilig thugtaí thimcheall na reilige deiseal é go dtí an uaigh. Bhítí an-aireach an coifín a bheith díreach san uaigh. Is cuimhin liom go mbíodh Micil Mhártain agus a bhata i dtaca leis ag ceann gach uaighe a rinneadh sa Chill Dhubh le n-a linn, nuair a thagadh an t-sochraid, agus chaithtí an coifín a dhruidim ó dheas nó ó thuaidh, órlach b'fhéidir, mar dar leis ní bhíodh sé díreach. Sar a chaithtí síos an chré dheintí na scriúanna a bhíodh a coimeád an chlúdaigh a bhogadh – cúpla casadh tuathal a bhaint asta. Is annamh a dheintear é sin anois, agus bíonn daoine ann, a mbíonn níos mó leighte aca ná a thuigeadar, ag déanamh magadh de'n nós so. D'airigheas sagart féin 'ghá rádh ná raibh ann acht díth-céille. Acht an t-é a dheineann doimhin-machtnamh ar an scéal chídhfidh sé gur samhaltas ar ais-eirighe na colna é.

Chreid na sean-daoine nár cheart tosnúghadh ar uaigh a dhéanamh ar an Luain, agus dá dtuitfeadh amach go gcaithtí uaigh a dhéanamh ar an Luain dheintí ionad na h-uaighe a “deargaint” - an fód a bhaint de – uair éigin roimh an mheadhon oidhche istoidhche Dia Domhnaigh. Cé gur deachair a thuigsint cad é an chiall atá leis an nós so, is ceann de sna

sean-nósanna é atá beo fós; agus ní dóigh liom go bhfuil duine sa nGleann annso, sa lá tá indiu ann, a thosnóchad ar uaigh a dhéanamh ar an Luan. Fadó ní bheárrfadh aoinne a cheann ná a aghaidh ar an Luan – “bearradh Luain ní bhiónn sé buan” – a dheirtí in a thaobh; acht tá an chuid seo denh sean-nós imthighthe ar ceal anois; mar is dócha go bhfuil baint éigin ag an dá nós le n-a chéile.

Nuair a dheintí uaigh in áit bun os cionn ba cheart ceart píosa de chuaille a chur síos innte sar a dhúnfaidhe arís í.

Sa sean-sahohgal bhíodar go mór i gcoinne aoinne, a thabharfadh an-bhás do féin, a chur i reilig bheannuighthe. Chreideadar dá gcuirtí i reilig é go n-iompóchadh a raibh sa reilig roimis ar a lámha is ar a n-agahidh. Is cuimhin liom fad ó nuair a bhíos ag dul ar scoil gur ghearraig Peats Thomáisín a scórnach, agus gur tógadh os cionn talmhan fé dhó é. Chuireadh sa Chill Dhubh é ar dcúis i bhfocair a mhuinntire féin acht ar maidin i mbáireach bhí an coifín leagaithe taobh ismuigh de fhalla na reilige. Chuireadh annsan i ngeárd an t-séipéil i mbaile na h-abhann é acht tógadh os cionn talmhan arís é. Chaitheadh é a chur sa deire i reilig na mbocht sa Cloichín.

Labhair an sagart de'n altóir i mbaile na h-abhann in a thaobh, agus tháinig sé an-dhian ortha súd a thóg an corp as an uaigh. Ní dóigh liom gur thugadh mórán toraidh air, agus go ndéanfaí an rud céadna arís ar a leithéid céadna d’ocáid, bhí an sean-nós úd chomh daingean san in aigne chách san am úd de'n saoghal. Acht nuair a bhádhaidh Philib Ó Muirgheasa é féin sa Pholl Fhada roinnt bliadahnta in a dhiaidh san ní dúbhairt aoinne i gcoinne ó chur sa Chill Dhubh i bhfochair a chine féin. Bhí an tsean-ghlún imthighthe agus an sean-nós úd imthighthe leo.

Chuirtí páistí a gheibheadh bás gan baiste sa taobh tuaidh de'n reilig – áit ná cuirtí aoinne eile fad ó. Acht sin nós eile atá imtighthe ar ceal anois. Ba mhinic d'airigheas go gcuirtí paistí gan baiste i gcúinne páirce leis na Séarthaigh ar an taobh tuaidh de Baile an Droichid. Glaodhtar “An Cillíneach” ar an gcuínne sin fós agus tá sé clúdaighthe le sceacha agus driseóga. Ní saorthuigheadh riamh é.

Nuair a gheibheadh duine bás fad ó ní dheineadh aoinne sa

chomharsanacht aon obair go mbíodh an t-sochraid imthighthe. Ní leantar de'n nós sin anois agus ní fhanann aoinne díomhaoin acht gaolea an duine mhairbh féin.

Ní thugtaí sochraid an bothar ba ghiorra chun na reilige, acht an timcheall i gcomhnuidhe, agus ba mhinic bothar áirmhithe ag dul go dtí an reilig ar a dteightí le sochraidí, agus nár ghnáthach le daoine dul an bothar san aon uair eile.

An tabac agus an snaoisín a riartaí ag tórramh bheadh sé ceart iad a bheith ídighte roimh imtheacht na sochraide, ní bheadh aon mhaith ionnta in a dhiaidh san.

Niór cheart lair a chur fé thrucaill a bheadh ag iomchur cuirp chun na reilige, mar ní bheadh siorrach aici in a dhiaidh san acht siorrach a bhéarfaí marbh.

“Pilib an Chleite” an fear a mbíonn ainm gach aoinne a bhí riamh ar an saoghal in a leabhar aige. Is é a ghlaodhann duine chun bháis nuair a bhíonn a lá tabhartha agus a uain tagaithe.

Duine a bheadh ag féachaint go h-olc agus creat an bháis air dheirtí go raibh “decree” ag Pilib air, nó “decree” ag an bhfiach dubh air.

D’airíghinn ag Risteard Ó Siadhaile go bhfuil trí chuid sa duine, an t-anamh, an cholann agus an cló. B'é an rud an cló ná scáth nó deilbh an duine, gan aon t-substaint ann; chídtí é uaireanta in áit eile seachas an áit in a mbeadh an duine féin. Comhartha do b’eadh é go raibh bás i ndán dohn duine sin go luath.

Ba mhinic a bhíodh m’áintín Máire ag innsint an scéil seo, agus bean do b’eadh í a raibh tuigsint aici agus ná tugadh mórán géilleadh do phiseoga na sprideanna ná aon nídh mar sin. Bhí sí ag dul go baile na h-abhann maidean bhreagh Shamhraidh, thimhceall a deich a chlog. Nuair a ghabh sí amach ar an mbóthar mór as an mbóithrín, chonnaic sí Billí Liam Bháin, an fear a raibh coimeád agus deisiúghadh an bhóthair air, agus é in a shuidhe ar charn cloch thimcheall fiche slat suas uaithe. Bhí a drom léithe acht bhí sí deimhneach gurab é a bhí ann. Bheannuigh sí dho, acht niór leig sé air gur airigh sé í. D’iompuigh sí ar a sáil agus d’imthigh sí léithe agus í ‘ghá rádh léithe féin ‘dé'n tormas a bhí ar Bhillí. Bhí sí leath mhíle síos an bothar, nuair cé chídhfeadh

sí acht Billí Liam Bháin ag teacht aníos in a coinne agus órd agus casúr briste cloch aige.

“Dar fiadh a Bhillí” ar sise leis “is gairid domh-sa nó duit-se an bás”. – agus d’innis sí do, cad a chonnaic sí

“Tá slighe ár ndaethen again go léir sa Chill Dhubh” ar seisean léithe agus ní ró-shéimhialtha a labhair sé

Seachtmhain agus an lá san bhí Billí bocht ‘ghá chur sa Chill Dhubh.

Ba mhinic a thugtaí corp ar ghuallne fear trí nó ceathair de mhílte go dtí an reilig fad ó. Deirtí ná bíodh troimeacht nó éadh-troimeacht an chuirp d’réir an meádchaint a bhí sa duine nuair bhí sé in a bheatha. Nuair a bhíodh an corp éadthrom ba chomhartha é ná raibh aon ualach peacaí ar an duine marbh. D’innistí scéalta i dtaobh droich-thighearnaí talmhan agus droich-dhaoine eile mar iad, ná bíodh ins na capaill a gcuirp a tharraingt.

Tá Leanglí Baile na h-Abhann agus a bhean agus a ingean curtha ag bin an t-sean- theampuill i mBaile na h-Abann. Nuair fuair a bhean bás ghlac sé seilbh ar phíosa de'n – sean-reilig gan cead d'iarradh are aoinne, agus chuir sé ann í. Chuir sé ráil árd iarrainn thimcheall na h-áite. Ba mhinic d’airigheas, an lá bhí sé féin 'ghá chur go raibh an dá chapall a bhí ‘ghá tharraingt bán le cúbhar alluis, nuair rangadar ag an reilig, cé ná raibh acht leath-mhíle de bhóthar a bhí chomh leibhéalta le úrlár tighe, ón tigh mór go dtí an reilig.

Tórramh Chití Currín

Bhíos thimcheall ocht mbliadna déag nuair chailleadh Cití Cuirrín, bean Mhicil Mhártain. -Sin nós atá again sa nGleann a sloinneadh féin a ghlaodhach go mini ar bhean phósta-. Chuadhas i bhfocair an Ghrathaigh go dtí an tórramh, agus táim ag cur síos cúntas air annso mar chonnacas cuid de sna sean-nósanna ann, a chleachtaí ag
tórraimoíeanta sa sean-shaoghal, nósanna atá imthighthe as cuimhne na ndaoine le fada ‘bhliadhanta. D’réir mar d’airigheas go minic ag na sean-daoine ba ghnáthach cleasaidheacht agus amhráin agus scéalta fiannaidheachta ag gach aon tórramh fad ó; Acht le linn m’óige-se bhí na sean-nósanna so ag dul ar ceal. Ní dheintí a bheag ná a mhór de sna rudaí seo atá luaidhte agam ag tórramh aoinne gur creach é, nó í; ná ag tórramh aoinne a tógadh i mbláth na h-óige; agus ní ró-fhada gur éagadar ar fad.Níl aoinne is dóigh liom in a bheatha i nGleann Chárthainn anois a chonnaic a bheag ná a mhór díobh acht mé féin agus Dic Ó Siadhaile. Is dócha gur iarsmaí de sna “cluicí caointe” a chleachtaí imeasc Gaedheal san analloíd, le linn baís righe nó taoisigh, na cleasa agus eile a bhíodh ar siúbhal ag tórraíonta anuas go dtí mo linn féin nach beag.

Ba mhinic gur amuigh sa scioból a dheintí daoine a thórramh fad ó; is dócha chun slighe a ndaethen a bheith aca, mar ba ghnáthach cóimhthionól mór ag tórramh sa sean-shaoghal. Sa seombra mar a fuair sí bás a rinneadh bean Mhicil Mhártain a thórramh agus í leagaithe amach ar a leaba féin. Sa seombra so a bhí na mná agus na cailíní agus na fir idir óg is aosta sa chistin.

Nuair a rangaidh Seán Mac Craith agus mé féin ag an tigh ní raibh mórán ann mar bhí sé luath ‘san oidhche, acht bhíodar ag teacht as san amach, go dtí go raibh an tigh lán thimcheall a deich a chlog. Theigheadh gach aoinne go doras an t-seombra mar a raibh an corp chun paidir a rádh. D’fhanadh na mná thuas sa seombra acht thagadh na fir thar n-ais sa chistin arís. Chaith cuid mhaith aca fuireach in a seasamh, mar cé go raibh formaí agus cathaoireacha ann, a thugadh ó thighthe na gcomharsan, ní raibh a ndaethen díobh ann chun suidheachán a bheith ag gach aoinne. Bhí spóirseach

mhór teine ann agus iad brúighte ar a chéile thimcheall uirri; agus magadh agus sult agus deas-chainnt ar siúbhal aca, sa t-slighe gur dhóigh leat gur pósadh a bhí ann in ionad tórraimh. Thimcheall a deich a chlog riaradh píopaí cailce lán de thobac ar a raibh sa chistin idir óg is aosta, agus ba ghairid gur ar éigin a bhíomar ábalta ar a chéile a fheicsint leis an datach. Bí pláta snaoisín ar an mbórd sa seombra do sna mná, agus chuirtí thimcheall chúcha é anois is arís.

Is cuimhin liom buachaill thimcheall mo cómhaois féin a bheith in a shuidhe ar bhórd na cistine agus áithleoirí thimcheall air ag cur geall leis, mar b'eadh, ná fuigheadh sé fiche puth a tharraingt as an bpíopa a fuair sé. Bhí duine aca ag cóimhreamh agus an t-amadán bocht ag tarraingt ar a dhícheall. Nuair a bhí an sémhadh puth déag tarrainghthe aige thuit sé anuas de'n mbórd ar mhullach a chinn ar an úrlár. Thugadh taobh imuigh de dhoras é agus d'aiseag sé a raibh ar a ghoile. Nuair a tháinigh sé isteach arís bhí driuch an bháis air. Ní cuimhin liom ce'r bh'é, ná cé h-iad a bhí ag gabhail do. Bhí truagh agam do mar chuir sé i gcuimhne dom an uair a rinn' píopa mé féin tinn ag tórramh mo shean-athar.

Thimcheall an t-aon uair déag thosnuigheadh ar an gcoróinn Mhuire a rádh thuas sa seombra agus chuaidh a raibh sa chistin ar a nglúine. Muiris na bpaidríní a thosnuigh í, agus d'aireochá amuigh sa macha é. Bhíodh sé ag gach aon tórramh, a bhíodh sa dá pharóiste, agus is sa seombra mar a mbíodh na mná ba ghnáthach leis a bheith. Tá a fhios agam dá mbeadh sé in a measc súd a bhí sa chistin go gciapfaí an t-anam as an bhfear bocht.

Thimcheall an mheadhon-oidhche do riaradh fuiscí ar a raibh ag an tórramh. Bhí beirt i mbun na h-oibre seo. Seán Mac Craith a bhí 'ghá riaradh agus Dic Ó Siadhaile agus coinneal aige ag tabhairt soluis do. Mar ba gnáthach chuireadh gach aoinne guidhe le anam an t-é a bhí imthighthe sar a chaitheadh sé siar a bhraon.

Bhain sé le deallramh gur chuir an braon spleódar i gcuid de sna fearaibh mar thosnuigh Peaid na Brídighe ag crónán amhráin istig sa chúinne.

“Árduigh é a Pheaid” arsa duine éigin.

“Ná déin” arsa Sean-Risteard Ó Siadhaile “níor mhaith le Micil é.” Rinn' Peaid a chomhairle. B'é sin an uair dheireannach d'airigheas tagairt amháin d'amhráin ag tórramh.

Thosnuigheadh ag cur an té i gcóir annsan. M'aintín Máire agus roinnt cailíní o'n chomharsanacht a bhí in a bhun. Chaitheadar súd a bhí brúighte thimcheall na teine druidim soir agus siar chun leigint dóibh na ciotail a bheirbhiughadh agus an t-é a chur ar tarraingt. D'óladh an té ar bhórd na cistine agus fuair a raibh ann a ndaethen de arán geal agus im le n-ithe agus an méid cupán té ba mhaith leo d'ól.

Ní raibh mórán sa saoghal ag Micil Mhártain bocht. Ní raibh acht paiste beag talmhan aige agus ní raibh an talamh acht leath-chuibheasach. Bhí triúr ingean aige agus bhí an triúr aca amuigh i Meirice le fada. Ní cuimhin liomsa acht an duine deireannach díobh d'imthigh, agus bhí sí sin imthighthe níos mó ná deich mbliadna roimh bás a máthar. Bhíodar go maith do'n sean-leanamha, agus nuair fuaireadar scéala go raibh a máthair i mbaoghal a báis chuireadar chúig phúint agus fiche go dtí Micil agus órdúghadh a máthair a chur go galánta dá bhfuigheadh sí bás, agus rinn' Micil san. Is é an chúis go bhfuil an oiread san eolais agam ar a ngnó ná gurabh í m'áintín Máire a scríobhadh na leitreacha chúcha do Mhicil.

An siúinéir a dheineadh na coifíní d'urmhór na ndaoine san am úd de'n saoghal, acht bhí coifín ó'n mbaile mór ar Chití Cuirrín, agus theastuigh ó Mhicil “hearse” a bheith ann chun í a thabhairt chun na reilige, cé ná raibh an reilig acht thimcheall leath-mhíle ó'n dtig; acht chuir Seán MacCraith agus Séamus na Mónach Buidhe in a luighe air ná beadh annsan acht díth-céille, agus gur mhó d'onóir í a thabhairt chun na reilige ar ghuailne na gcomharsan ná í a thabhairt ar “hearse.” Gheill Micil dóibh agus d'réir deallraimh ba leasc leis san a dhéanamh, agus is ar guailne na bhfear a thugadh Cití Cuirrín go dtí an Chill Dhubh, taréis dhá aifreann a bheith léighte uirri in a tigh féin. Bhíos-sa ag an dá aifreann. Seán MacCraith a chuir gach aon rud i gcóir agus a fhriotháil iad, agus m'áintín Máire a fuair an breacfast do sna sagairt.

Nuair a bhí an té ólta agus léiriughadh déanta in a dhiaidh

agus na mná ná raibh imthighthe abhaile, tar éis dul suas sa seombra arís thosnuigh an t-aos óg ag imirt cleas sa chistin. Donnchadh Pheigí, dar ndóigh a chuir tús leis an obair. “Bróg about” a thugtaí ar an chéad cluiche a bhí ar siúbhal aca. Chuir Donnchadh thimcheall ochtar nó naonbhar buachaillí in a suidhe ar an úrlár i bhfáinne agus a gcosa iompuighthe isteach agus a nglúine crapaithe suas. Chuir sé buachaill eile ar a ghroga i lár an fháinne. Bhí sean-bhróg aca 'gá cur ó dhuine go duine taobh thiar dá ndrom agus “bróg about!” “bróg about!” ghá rádh aca. Bhí ar an duine a bhí ar a ghroga i lár an fháinne breith ar an mbuachaill a mbeadh an bhróg aige. Dá n-eireóchadh leis, chaitheadh an t-é a rugadh air dul ar a ghroga i lár an fháinne in a ionad. Níor bhfuiris teacht ar an t-é a mbíodh an bhróg aige, agus b'fhéidir nuair shíleadh sé go mbíodh aige b'amhlaidh gheibheadh sé liúdar de'n sean-bhróg idir an dá shlinneán ó dhuine éigin sa bhfáinne taobh thiar de, agus nuair d'iompuigheadh sé thimcheall bhíodh an bhróg imthighthe as a radharc arís agus b'fhéidir liúdar eile faighte aige. Bhí a raibh sa chistin ins na trithíbh ag gáire aca, acht thuigeadar cortha dhe'n chluiche sa deire.

Thosnuigheadar annsan ar chleas ar a dtugtar “An chorcóg beach”. Chuireadh Maitiú Liam in a shuidhe ar chathaoir i lár an úrláir mar rígh na mbeach. Chaith sé a hata a bhaint de, agus ní raibh ribe gruaige ar a bhathas; agus is dócha gur i dtaobh é a bheith in a phláitineach a rinneadar righ na mbeach de, mar chídfear ar ball. Bhí na “beacha” go léir ag siúbhal indiaidh a chéile i bhfáinne thimcheall air, agus a mbéil dúnta aca agus iad ag crónán agus úm.....úm....úm... aca ag déanamh aithris ar bheacha. Annsan d'imthigheadar go léir I ndiaidh a chéile amach an doras “ag bailiughadh meala” mar b'eadh. Thángadar isteach arís i gceann tamaill agus a mbéil dúnta aca agus an crónán ar siúbhal aca i gcomhnuidhe agus thosnuigheadar ag siúbhal thimcheall ar an “rígh” arís, agus é sin ag briseadh a chroidhe ag gáire ag féachaint ortha. Annsan go h-obann chaitheadar go léir i bhfochair a chéile lán a mbéil d'uisce anuas sa phlatainn ar Mhaitiú. B'shin í an “mhil” a chuadar amach ag soláthar. Léim Maitiú de'n chathaoir agus chuir sé béic as. Ba bheag nár thuit a raibh sa chistin leis an ngáire. Fear cneasta bog-chroidheach do b'eadh Maitiú Liam,

ná feaca aoinne fearg air riamh. Ní dúbhairt sé acht “Ní bhuadhfadh an diabhal orraibh” agus é 'ghá thiormúghadh féin leis an hainceasúir mór dearg a bhí istig in a hata aige, agus annsan scairt sé féin amach ag gáire. Ní h-é gach aoinne a thóghfadh mar sin an cleas dhimirigheadh air.

Ar Shéainín Ó Deágha Bhaile an Droichid, d’imir Donnchadh Pheigí an chéad chleas eile. Chuir sé an tlúgh thimcheall ar a mhuinéal féin, agus dúbhairt sé le Seáinín dul taobh ismuigh de'n doras agus fuireach ann go nglaoghfaí isteach air, agus muna mbeadh an siminé lán de phutóga muiche bheadh cead aige é a thachtadh leis an tlúgh. Nuair bhí Seaínín imthighthe amach chuir Donnchadh cosa an tlúgh sa teine agus nuair a bhí sé té go maith gan a bheith dearg, ghlaodhadh isteach ar Sheáinín. Nuair tháinigh Séáinín isteach d’fhéach sé suas sa simine. Ní raibh putóga muice ná aon rud eile ann, dar ndóigh.

“Hut! a bhleagáird” ar seisean le Donnchadh, agus rug sé ar chosa an tlúgh chun tachtadh a thabhairt do. Acht má rug is mear a scaoil sé uaidh arís iad agus chuir sé béic as, agus thosnuigh sé ag bualadh a dhá bhais ar a cheathramhna agus ‘ghá gcimilt ar a ghruaig. Rinn’ a raibh láithreach gáire. Amach an doras le Seáinín agus é ag eascaine ar Dhonnchadh go fíochmhar. Niór fhad sé le paidir a rádh; mar ba nós ag gach aoinne paidir a rádh i seombra an tórraimh nuair bhídís chun dul abhaile, díreach mar dheirdiís nuair thagaidís isteach.

Dá mhéid gliocacht a bhí i sean-Risteard an siuinéir, bhuail Peaid na Brídighe bob air. Leag Peaid an píopa nua cailce a fuair sé, ar lic an teinteáin agus dúbhairt sé le Risteard go gcuirfeadh sé ar lic an teinteáin agus dúbhairt sé le Risteard go gcuirfeadh sé bata isteach in a dhá láimh agus go gcuirfeadh sé raol leis ná fuigheadh sé an píopa a bhriseadh leis.

“Cad in a thaobh ná fuighinn?” arsa Risteard.

“Cuir síos an raol” arsa Peaid.

“Agus cuirfidh uí bata isteach im dhá láimh?” arsa Risteard.

“Cuirdidh mé isteach id dhá láimh é” arsa Peaid.

“Bíodh in a gheall” arsa Risteard, agus sín sé raol go dtí Micil Ó Néill a bhí in a shuidhe istig sa chúinne. Shín Peaid raol eile chuige.

“Cá’il an bata?” arsa Risteard.
Thug Peaid leis suas é go doras an t-seombra, agus chuir sé a dhá láimh thimcheall ar ursain an dorais.
“Sin bata idir do dhá láimh agat” ar séisean “ag bris an píopa leis”. Gháir a raibh ann, agus gáir Risteardh féin i gceann nómaint.

“Tabhair an scilling do a Mhicil ar séisean, “ní bhainfeadh an diabhal an bheárna dhe. Ní raibh ionnam acht sean-‘mhadán agus dul in iomadh leis”.

Thosnuig cuid de sna buachaillí a bhí thimcheall na teine ag imirt cleasa ar a nglaodhtar “Ceana briain”. Seo mar dhéantaí an cleas san: Piósa de chipín a shághadh sa teine go mbeadh a bharra dearg; annsan é a thógaint amach agus a bheith ‘ghá chasadh thimcheall sa t-slighe gur dóigh leat gur fáinne teine a bhí san aer, an fhaid agus bheitheá ag rádh na bhfocal so:
“Ceana, ceana, briain. ‘dé'n sort fear é briain?
Fear fada caol árd is mhair sé dachad bliadhain”.
Annsan an cipín a tabhairt don té ba ghiorra dhuit, agus bhíodh air sin a bheith ‘ghá chasadh thimcheall an fhaid agus bheadh sé ag rádh na bhfocal, agus annsan é a thabhairt do'n duine ba giorra do san agus mar sin i ndiaidh a chéile. An t-é go n-éagfadh an spréach dhearg ar an gcipín aige, bhaintí miotóg as, nó gheibheadh sé clabhta baise.

Nuair a bhíodar cortha de'n chleas so, thosnuigheadar ag réidhteach fadbhanna. Bhí urmór na bhfadhb simplidhe agus ba mhinic roimhe sin d'airigheas iad acht bhí cuid aca deacair go leor; acht ós rud é ná baineann na fadhbhanna so le aon áit ar leithle, go bhfuil na fadhbanna céadna ar fuaid na tire go léir, ní dhéarfad a thuille in a dtaobh. Rud eile na fadhbanna atá im chuimhne anois ní bhfuiginn a bheith deimhinneach caithin d’airigheas iad.

Thimcheall a dó a chlog cé bhuailfeadh isteach ná Séan na Coille. Ba shin béas a bhí aige. Theigheadh sé go dtí gach aon tórramh a bhíodh sa nGleann, acht theigheadh sé a chodladh mar theigheadh sé gach aon oidhche, agus nuair a bhíodh greas maith codailte aige d’eirigheadh sé agus theigeadh sé go dtí an tórramh agus d’fhanadh sé go maidin. Deireadh sé gur ahmlaidh a bhíonn an iomarca ag gach tórramh i dtosach na

h-oidhche, agus ná fanann go maidin acht an beagán; agus bhí an ceart aige sa méid sin.

Tar éis a dó thosnuigh na daoine ag imtheacht abhaile, taréis paidir a radh ag doras seombra an tórraimh, agus i gceann leath-uaire ba bheag denh cóimhtionól a bhí ann i dtosach na h-oidhche a bhí fágtha. Riaradh fuiscí agus rinneadh té arís. Ní raibh acht ceathrar nó cúigear ban agus Muiris na bPaidríní i seombra an tórraimh, agus ochtar nó naonbhar fear agus buachaillí in a suidhe thimcheall na teine, agus Risteard Ó Siadhaile istig sa chúinne ag cur síos ar na sprideanna dhóibh mar ba ghnáthach. Bhíos féin istig sa chúinne os a choinne thall agus chuirfeadh sé do ghruaig in a seasamh ar do cheann ag innsint i dtaobh “An cóiste gan ceann” agus “Sluag Modeilge” agus eacthraí eile de'n t-sort san; agus nuair bhíos féin agus Séan Mac Craith ag dul abhaile taréis a ceathair, muna mbeadh go raibh sé im fhochair, thuitfeadh an t-anam asam le h-eagla ag teacht aníos an bóithrín; mar leis an gcodladh is eile ritheadh sé liom gur sprid gach aon tor a bhí ar an gclaidhe.

Ní cuimhin liom go bhfeacuigheas aon chleasaidheacht ag aon tórrámh in a dhiaidh san; acht bíonn na scéalta de gach aon t-sórt ar siúbhal go dtí an lá tá indiu ann. Acht ní raibh aoinne sa nGleann in a dhiaidh a bhí ábalta ar shlacht a chur ar scéal mar sean-Risteard Ó Siadhaile – solus na bhFlathas dá anam mar is iomda bliadhain san úir é.

Is mór ar fad an t-áthrúghadh atá tagaithe ar an saoghal ó'n oidhche úd a bhí Cití Cuirrín ‘ghá tórramh. Bhíos-sa im buachaill óg agus an saoghal romham an oidhche úd. Táim anois im séanóir gan lúth ag fuireach leis an nglaodh orm féin. Ní féidir go bhfuil an oidhche ró-fáda ar fad uainn nuair a bheidh cóithionól de muinntir an Ghleanna bailighthe ag mo thórramh féin annso i Lios na Faille. Nílim ag iarradh ar Dhia acht an uain chóir a thabhairt dom.

Marbhna ar an sean-shaoghal

Is mór an meath atá tagaithe ar Ghleann Chárthainn, maidir le líon na ndaoine atá ag áitreamh ann, ó bhíos-sa im gharsún ag dul go scoil Bhaile an Droichid. Tá a fhios agam go bhfuil luigheadúghadh ag dul ar an méid daoine sa tír go léir ó am na gorta anuas, acht tá, d'réir mo thuairm-se, i bhfad níos mó desna daoine imthighthe as Gleann Chárthainn lem chuimhne-se, ná mar atha imthighthe as aon dúthaigh de'n achar céadna sa taobh so de'n chonntae.

Bhíos ag marbhnadh ar seo an oidhche fé dheire agus ag cur, an méid teaglach a bhí sa nGleann nuair a bhíos ag dul ar scoil, i gcomparáid leis an méid atá anois ann. Tá trí theaghlach agus fiche ann anois; nuair bhíos im gharsún i cuimhin liom teaghlach agus dachad a bheith ann. Is mór an scrios é sin.

Níl aon leath-mhíle a shiúbhalfá ná feiceochá ar thaobh an bhóthair, nó ar thaobh bóithrín, cómhartha éigin a chuirfeadh in iuil duit go raibh tigh cómhnuighthe ar an ionad san lá dá raibh – píosa de shean-fhalla, dhá shean-philéar geata, clais mar a raibh macha, crann aonair i gcúinne páirce, sean-bhinn tighe b'fhéidir – agus gach aon ceann aca ag cur i gcuimhne dhuit go raibh teinteán té ar an áit sin fad ó. Is minic nuair chídhim, ceann de sna iarsmaí seo atá luaidhte agam, a bhím ag machtnamh ar an am atá imthighthe, nuair a bhí daoine in a gcomhnuidhe ins na tighthe a bhí tógaithe ar na láithreacha so. Bhí teinteáin teo, muinntearas agus grádh, comhradh agus ceol agus amhráin, pósadh agus baiste agus tórramh, aoibhneas agus buaidhirt, anródh agus fairsinge, agus gach aon rud eile a bhaineann le gnáth-saoghal an duine, bhíodar go léir annsúd, agus gan fágaithe anois chun a chur in iuil duit go rabhadar, acht sean-bhinn tighe nó píosa de sean-fhalla ar thaobh an bhóthair.

Agus, arsa tusa, cá bhfuilid siúd go léir a bhí in a gcomhnuidhe ins na tighthe seo nuair bhíodar in a seasamh? Tá an chuid is mó ar fad dhíobh ar an t-siorruídheacht is dócha, beannacht na ngrás leo; tá a gclann agus clann a gclainne scaipithe soir, siar agus imthighthe thar farraige; agus níl cuimhne amháin ortha. Is ait an saoghal é agus is truaighméileach í íde an duine go ró-mhinic.

Thimcheall leath-slighe idir Bhaile an Droichid agus Beárna an Mhadra tá dhá shean-philéar geata ar an taobh thoir de'n mbóthar. Níl aon gheata ann anois acht claidhe fuar cloch tóigithe eatorra. Taobh istig de'n chlaidhe, sa chúinne, tá crann mór cárthainn ag fás, crann áluinn, gur bhreágh leat féachaint air nuair bhíonn sé lán-bhláth i dtosach an tSamhraidh agus i ndeire an Fhóghmhair, nuair bhíonn sé clúdaighthe go tiugh le caora dearga. Is cuimhin liom-sa an tigín ba dheise agus ba ghleoite a chonnaic aoinne riamh a bheith san áit sin. Tigh chinn tuighe do b'eadh é. Bhíodh órnáidí déanta le sna scoilb in a bhuaic, agus ní bhíodh brobh in aimhréidh ann aon lá sa mbliadhain. Bhíodh péint dhearg ar an doras agus ar an ngeata agus péint bhán ar fhrámaí na bhfuinneoigíní. Bhíodh na fallaí chomh geal le lítis i gcomhnuidhe, agus dá mb'é an siminé féin é chuirtí aol air; agus bhíodh síog dubh tearra, thimcheall troigh ar aoirde, mór thimcheall an tighe ar bhun an fhalla. Bhíodh an síog chéadna acht gan é a bheith acht a leath chomh-árd mór-thimcheall na cistine istig. Bhíodh an phéint dhearg ar an driosúr leis, agus bhíodh bórd na cistine chomh–sciúráltha le “freestone” go mbíodh sé chomh geal le sneachta. Agus bhíodh na plátaí ar an driosúr agus na trí mhias peátair a bhíodh ar an seilp b'aoirde dhe ag drithle le solus na teine, bhíodh a leithéid sin de shnas ortha i gcomhnuidhe. Is cuimhin liom leis an sean-chlog, le n-a chuid meádhchantaí agus slabhraí a bhíodh ar crochadh ar an bhfalla os comhair an dorais isteach, agus an tromán ag luascadh anonn is anall agus tic, teaic, tic, teaic aige.

Peaidí Condún agus a bhean Ailí a bhí in a gcomhnuidhe sa tigín sin. Díonadóir do b'eadh Peaidí. B'é an díonadóir do b'fearr sa dá pharóiste é, agus ba mhinic daoine ag fuireach ar feadh leath-bhliadna leis sár a gheobhaidís aon díonadóir eile. Bhí sé an-dheaslámhach i ngach aon t-slighe. Dheineadh sé sciatha le h-aghaidh piocadh na bprátaí, agus bhíodh sé ag déanamh corcóg bheach agus árdachtaí le cur fútha, de thuighe; agus na fó-dhaoine sa pharóiste a mbíodh beacha aca, is chuige a thagaidís go léir fé n-a ndéin. Bhíodh sé ag bailiúghadh scolb agus 'ghá ngéarúghadh agus bhídís ceangailte i gcéadta ag le gad sailige. Bhíodh sé ag gabhail do sna

scoilb, agus na sciatha agus no corcóga ins na h-oidhcheanta fada sa nGeimhreadh agus aon lá a bheadh ró-fliuch chun a bheith ináirde ar thigh.

Bhí an gáirdín ar chomh-dheiseacht leis an tigh. Bhí fál sceiche gile thimcheall air agus bhíodh sé beárrtha go néata i gcomhnuidhe. Bhí crann úbhall agus crann plumaí sa dá chúinne thoir de agus rangca tor spriúnán, agus ranga tor cuirriní síos trí n-a lár agus casán pabháltha eatorra. Bhíodh ceathair nó cúig de chorcóga ag bun an fháil ar an taobh thuaidh. Ailí a bhíodh thimcheall ar na beacha, agus ba minic, le linn saithe a bheith curtha amach ag ceann de sna corcóga, d'airigheas í, agus í ag bualadh piúnta stáin le spunóg ag “go chraobh!, go chraobh!” aici in árd a gutha. Chrothadh sí an saithe isteach sa chorcóig nua, gan dada ar a lámha ná ar a h-aghaidh, agus gan hainciosúr amháin ar a ceann, agus cé go mbíodh na beacha in achrann in a cuid gruaige agus iad ag crónán, ní chuiridís cealg innte coidhche.

Thugas fé ndear í cúpla uair ag cur corcóige nua i gcóir do'n saithe. Chimíligheadh sí leamhnacht nó óg-uachtar ar an taobh istigh de chorcóig le dorn billeog sailighe, agus chuirfeadh sí cheithre cinn de scoilb isteach tríd an gcorcóig ó thaobh go taobh ar dhéantús dá chrois os cionn a chéile. Tacaí chun na cíoracha do chrochadh ortha na scoilb seo.

Dhíoladh trí nó ceathair de sna corcóga gach aon bliadhain i ndeire an Fhóghmhair. Mhúchadh sí na beacha ar dtúis. Seo mar chonnacas í 'ghá dhéanamh: leaghaidh sí ruibh i sean-scilléidín, agus thom sí píosaí fada caola de cheirt thirm sa ruibh leaigthe, agus chas sí thimcheall ar bharr scoilb gach píosa díobh, agus d'fhág sí ar leath-taobh iad go dtí go raibh an ruibh cruaidh. Rinne sí poll do gach corcóig a bhí sí a mhúchadh sa ngáirdín thimcheall troigh nó mar sin i ndoimhneacht agus gan é a bheith chomh leathan ar fad le béal na corcóige. Annsan le crónúghadh na h-oidhche nuair bhí na beacha go léir bailighthe isteach ins na corcóga chuir sí dhá cheann desna coinnle ruibhe in a seasamh i ngach poll agus las sí iad; agus chuir sí corcóg anuas ar gach poll. Mhúchadh datach na ruibhe na beacha go léir agus thuitidís síos sa pholl. Nuair meas sí go

rabhadar go léir múchtha thóg sí na corcóga agus chaith sí cré isteach ins na puill.

Nuair chonnacas Ailí Condún 'ghá dhéanamh so, bhíos ag cuimhneamh im aigne gurab olc an cúiteamh ar a saothar, ag bailiughadh meala rith an tSamhraidh, an íde sin a bheith i ndán dósna beacha bochta. Acht is dócha, nuair a dhéanfá marbhnadh ar an ngnó, ná fuil mórán de dheifir idir na beacha a mhúchadh agus uan a mharbhúghadh agus a ithe.

Ba mhinic a thugadh Ailí bhocht píosa de chíor mheala dom agus is baoghal liom nuair bhínn 'ghá ithe ná bíodh dún-mharbhúghadh na mbeach a bhailigh an mhil, ag déanamh buadhartha ar domhan dom.

Nuair bhímís ag teacht abhaile ó'n scoil bhímís ag féachaint isteach sa ngáirdín ar na spriúnáin agus na cuirínní nuair bídís aibidh; agus cé ná bhíodh aoinne istig go minic ní leigfeadh an eagla dhúinn dul isteach mar gheall ar na beacha, dá mhéid an dúil a bhíodh againn ionnta. Is cuimhin liom aon tráthnóna amháin gur thug Dic Ó Siadhaile fé dul isteach. Bhí cúigear nó séisear againn ag an ngeata amuigh ar an mbóthar ag féachaint air. Acht ní fada bhí sé istig nuair seo amach arís é chomh mear agus bhí in a chosa, agus as go bráth linn go léir suas an bóthar. Lean na beacha sinn acht níor bhain aon rud d'aoinne againn acht do Dhic; chuireadh cealg ann fé bhun súile leis agus bhí sí ataithe, dúnta, taobh istig de chúig nómant. Bhí súilín dhubh air ar feadh níos mó ná seachtmhain.

I bhfochair a gnótha tighe a déanamh, bhíodh Ailí ag bailiughadh ubh. Thugadh sí cúpla púnt nó trí i bhfochair a chéile do mhná tighe sa nGleann agus sa dúthaigh taobh thuaidh de Bhaile an Droicid; agus annsan gach Aoine ghabhadh sí thimcheall leis an sean-mhiúil bhán, agus boscaí sa trucaill aici, ag bailiughadh na n-ubh. Bhíodh ualach ubh aici ar an Satharn ag dul go Cluainmeala. Ní raibh aon léigheann ar Ailí agus bhí slighe dá cuid féin aici chun a cúntaisí a choimeád. Mharcáladh sí ar chliathán an driosúra luach na n-ubh a geibheadh sí sa tigh sin – stróc fada – pingin, stróc gairid – leath-phingin, fainne beag – scilling, fáinne mór agus cros air – coróinn. Cnapán mór cailce a bhíodh aici, agus is cuimhin gur thugas fé ndear nárbh'é an sórt céadna cailce a bhíodh aici agus na cánaí cailce a bhíodh ag an maighistir sa scoil. Is cuimhin liom leis, nuair

bhíodh sí ag cóimhreamh na n-ubh go dtógadh sí trí cinn i ngach láimh agus cé go ndeireadh sí a h-aon, a dó agus mar sin ós íseal, ní bhíodh aon stad ar a cuid cainnte, ag cur síos ar rud éigin lem Mham agus lem Áintín Máire.

Bhíodh ualach maith ubh aici ag dul go dtí an baile mór, agus ba mhinic d'airigheas nuair d'neofaí an praghas a bheadh ar na h-uibhe dhi, go mbíodh luach an ualaigh déanta suas aici in a ceann níos luaithe ná mar bheadh sé déanta suas ag an gcléireach.le n-a pháipéar agus a pheann; agus thuit amach uair nó dhó nuair ná réidhtigh an dá iomlán le n'a chéile gur aige Ailí a bhí an ceart.

Bhíodh Ailí ag déanamh cuilteanna leis. Is cuimhin liom an fráma a bhíodh aici a fheicsint sa chistin. Bhí sé mar bórd mór cistine gan aon bhileog air. Dheineadh sí na cuilteanna de fhlainnín, flainnín bán ar an taobh thíos, agus flainnín gorm nó dearg ar an taobh thuas. Chuireadh sí olann isteach eatorra agus annsan dheineadh sí iad a chuilteáil ar a chéile le snáthad mhór agus snáth olainne – gorm nó dearg d'réir mar d'oirfeadh. Dheineadh sí an fuaghail go greanta; bhíodh fáinní taobh istig dá
chéile, stuagh-línte agus línte díreacha agus mar sin, tarraingthe amach aici le n-a snáthad ar an taobh thuas de'n chuilt. Tharraingíodh sí na h-órnáidí amach ar an bhflainnín le píosa caile sar a thosnuigheadh sí an chuilteáil.

Aon bhean tighe a mbeadh cuilt uaithe thugadh sí an flainnín agus an olann agus an snáth olainne d'Ailí. Bhí cúpla ceann de sna cuilteanna so annso ar feadh bliadhanta. Bheidís ann fós acht níor oireadar do'n dream óg mar sheasocaidís faid saoghail duine, acht bhí an donas ortha bhíodar chomh trom san. Dá mbeadh ceann aca anuas ort oidhche seaca féin, ní theastóchadh mórán eile de chlúdaighe leapthan uait.

Beannacht na ngrás le Ailí bhocht. Is dóigh liom go bhfeicim os mo comhair annso í – binín bheag thanaidhe, í chomh bríoghmhar bíodhgamhail le beach, caipín bán ar a ceann agus feacanna sa lás a bhí in a tosach, agus na ribíní a bhí as ceangailte fé n-a smeig le snaidhm mór lúibe, agus gan barr cleite isteach ná bun cleite isteach ar a

mbíodh ináirde uirri; bróga leaistic uirri i gcomhnuidhe agus snas mar sciathán prompalláin ortha gach aon lá sa mbliadhain, agus gan spota ar a h-aprún seic ná air a cóta gorm.

Ba mhinic a chonnacas í ag cur na bhfeacanna i lás a caipín. Bhí iarrann beag aici a bhí thimcheall chomh tiugh led mear. “Teailí Iron” a ghlaodhach sí air fiú amháin nuair a bhíodh sí ag labhairt Gaoluinne, rud a dheineadh sí nach beag i gcomhnuidhe cé go raibh an Bhéarla go cuibheasach maith aici. Ní fhéacuigheas riamh ó shoin aon
bhean a bhíodh chomh piocaithe léithe, ná chomh chruinn agus do bhíodh sí mar sin
ní amháin ar an Domhnach acht gach aon lá sa t-seachtmhain. Clóca dubh-ghorm síos go talamh a bíodh uirri ag dul go dtí an t-aifreann agus go dtí an baile mór, acht seál dubh a bhíodh uirri ag dul ag bhailiúghadh na n-ubh.

An-iascaire le slait b’ead Peaidí Condún. Ba lúgha leis ná an diabhal na póitséirí a bhíodh ag marbughadh na mbradán le traighe nó gafa agus bhíodh sé ’ghá síor-cháineadh. É féin a dheineadh an t-slait agus na cuile a bhíodh aige. B’é a dheineadh na cuile do urmhór iascairí slaite na dúthaighe, agus bhí sé de cháil ortha go rabhadar
i bhfad níos fearr ná na cinn a cheannuightí sa mbaile mór. Leigfeadh sé do sna ingní ar a dhá ordóg agus a dhá mhéar tosaigh fás an-fhada, mar acra chun na gcuil iascaireachta do cheangal. Dheineadh sé píopaí adhmuid do féin leis; bhíodh órnáideacht ortha déanta le sráng caol práis agus an clúdach ceangailte le slabhráin práis.

B’iad Peaidí agus a bhean Ailí an lánamha ba chruinne agus ba chompórdamhla dá raibh sa pharóiste ar fad. Ní raibh easnamh dada ortha agus ní rabhadar sprionnluighthe ná gortach acht a mhalairt sin ar fad. Chomh luath agus beitheá taobh istig de’n doras beadh an ciotal crochta ar an teine ag Ailí agus chaithfá té d’ól. Is cuimhin liom go ndeineadh sí cácaí ubhall iongantacha; ba mhinic a chuireas póit orm féin leo. Acht deineadh sí an té ró-láidir ar fad. “’D’é mhaith uisce” a dheireadh sí.

Bhí an bheirt aca aosta nuair a bhíos-sa ag eirighe suas im fhear. Bhí mac agus ingean leo i Meirice acht ní cuimhin liom go bhfeacaigheas riamh aoinne aca. Bhíodar imchighthe thar sáile sar a chuadas ar scoil do’n céad uair go Baile an Droichid. Bhídís féin

agus muinntir Lios na Faille annso an-mhuinnteara i gcomhnuidhe. Fuair Peaidí bás agus chuir an chlann fios ar Ailí agus chuaidh sí anonn chúcha go Meirice cé go raibh sí deich mbliadna agus trí fichid. Ba mhinic d'airighinn ag na comharsan gur gabh bean feasa an t-slighe chúig bhliadna roimhe sin agus go ndúbhairt sí le Ailí go raghadh sí thar farraige agus go bhfaghadh sí bás i dtír iasachta.

Ba ghairid a sheasuigh an tigín gleoite úd tar éis do Ailí a imtheacht as. Ní fada buan tigh gan teinteán te ann. Thuit an ceann isteach sa deire. Leagadh na fallaí agus claidhe an gháirdín agus gearradh an crann ubhall agus an crann plumaí agus strachad as an talamh pnéaca na dtoir spriúnán agus na dtoir cuirríní. Tá an gáirdín in a bhán anois agus níl rian an teaglaigh cluthmhair úd ann acht an dá shean-philéar agus an crann mór cárthainn ag fás i gcúinne na páirce le h-ais an bhóthair.

Agus seo cúntas ar a mhalairt de theaglach gur chuimhin liom:

I bhfuigseacht céad slat nó mar sin do chrosaire na Cille tá píosa de shean-fhalla le feisint i gclaidhe an bhóthair. Bhí bothán annsan nuair bhíos-sa im gharsún scoile, agus sean-fhear in a chomhnuidhe ann leis féin. Bil Learaí an ainm a bhí air. Ní cuimhin liom a shloinne cé gur cuimhin liom é féin go maith – fear caol árd scrubanta agus droing air. Bríste glún córda an ríogh, agus trí chinn de cnaipí práis ar gach glún de, a bhíodh air i gcomhnuidhe, stocaí fada glas-caorach agus bróga íseala. Bhíodh casóg bhréidín air a bhíodh síos go dtí a ioscaidí agus hata leath-charoilín. B'é sin an faision a bhí ann nuair bhí sé óg, agus b'é féin agus Liam Buithléar an t-aon bheirt amháin a chlaoidh leis go lá a mbáis. Ní raibh aoinne sa saoghal aige a bhain leis. Bhí a bhean agus a chlann curtha i bhfad roimh mo linn-se. Bhí sé ag na daoine go raibh roinnt airgid aige; ní fheadar an fíor nó bréag é seo; ní raibh mórán dá dheallramh air go h-áirmhithe. Bhí thimcheall fiche acra talmhan aige acht nuair fuair an mac deireannach a bhí aige, bás dhíol sé an talamh agus níor choimeád sé acht an gáirdín. Bhíodh prátaí agus gabáiste agus inniúin sa ngáirdín aige, acht ní raibh de stoc aige acht dhá ghabhar, agus dosaen cearc, a bhíodh ináirde ar fhoradh os cionn dorais an botháin

ar an taobh istig. Bhí dhá sheombra agus cistin sa tigh ar dtúis, acht ní cuimhin liom acht ceann a bheith ar an gcistin agus an dá sheombra in a bhfothracha. Bhí an t-sean-leaba chinn a bhí aige, sa chistin ós comhair an teinteáin.

Ní fheachuígheas riamh im shaoghal aon fhear a bhí chomh crosta, chomh fuiris a árdacht le Bil Learaí, agus dá shon san bhíodh bleagárdaí an bhaile ag gabhail so i gcomhnuidhe, agus ag imirt chleas air. Leathadar sean-mhála ar bharra an t-siminé uair, agus ba bheag nár múchadh é ag an datach sar a fuair sé amach cad a bhí bun os cionn. Bhíodh na garsúin óga ag imirt liathróide i gcoinne binn an tighe, a bhí leis an mbóthar, acht cuir Tomás Bhríghid' in a luighe air go marbhóchadh bualadh na liathróide i gcoinne an fhalla na sicíní ins na h-uibhe a bhí fé chearc ghoir i gcúinne na cistine le h-ais na binne. Dá shon san bhíodh sé ag fiadhach na ngarsún a bhíodh ag imirt na liathróide. Theighdís annsan taobh thiar de'n chlaidhe ar an taobh eile de'n mbóthar agus bhídís ag crustáil chloch leis an bhfalla agus bhíodh Bil ag imtheacht ins na craobhacha le buile, agus nuair a ritheadh sé amach agus é ag eascaine, ní fheicheadh sé aoinne, agus is ar éigin a bhíodh sé istig nuair gheibheadh an falla cúpla rúscadh eile.

Bhí Siobhán Thomáisín, an bhean fuaghaladh, ag cuardaidheacht oidhche Samhraidh i dtigh na mBúrcach sa Móin Bhuidhe. Bhí sé thimcheall crónúghadh na h-oidhche agus í ag gabhail thar tigh Bhil Learaí. Bhí sí imthighthe thairis thimcheall fiche slat nuair bhuaileadh binn an tighe le cloich, a chaith bleagárd éigin a bhí taobh istig de'n chlaidhe. Bhí Bil taréis dul a codladh, acht seo amach é agus goin dada air acht a léine agus sean shluasadh aige, a bhíodh in a seasamh i gcomhnuidhe taobh thiar de'n doras. Ní fheaca sé aoinne acht Siobhán. Chaith sé mallacht léithe agus seo in a diaidh é, suas an bóthar, agus é ag bagairt go scoilteadh sé leis an sluasad í nuair thiocfadh sé suas léithe. Bhí sí 'ghá rádh in a dhiaidh san gur bhaoghal di, acht nár bhféidir leis rith ró-mhaith a dhéanamh, cosnochtaithe ar an mbóthar gharbh; ag thug sí a cosa uaidh.

Bhíodh buachaillí an bhaile idir bheag agus mhór bailighthe ag an gcrosaire taréis eadaraigh gach aon Domhnach nuair bhítí ag imirt

liathróide ag an aillí. Bhíodh cuid aca ag imirt chártaí sa díg, agus a thuille aca ag imirt pinginí ar an mbóthar. Chuaidh Tomás Bhrighid' isteach go dtí Bil Domhnach agus nuair bhí sé ag dul isteach chuir sé dó nó trí clocha beaga in a phóca. Bhí Bil ag beirbiúghadh rud éigin i scilléad a bhí crochta os cionn na teine aige, agus nuair fuair Tomás an chaoi chaith sé ceann de sna clocha a bhí in a phóca suas sa siminé i gan fhios do. Thuit an chloch anuas sa teine.

“Nach mór na bleagárdaí iad agus a bheith ag caitheamh chloch síos sa siminé?” arsa Tomás.

I gcionn roinnt nómantaí nuair fuair Tomás caoi arís chaith sé cloch eile suas sa siminé agus thuit sí anuas ar chlúdach an scilléid. Chuir Bil eascaine as agus siúd fé dhéin na sluaiste é agus amach leis agus Tomás in a dhiaidh, mar tháinigh eagla air go márbhocadh Bil duine éigin leis an sluasad. Bhí Dic Ó Siadhaile in a sheasamh ag an scríb agus é cromtha síos ag caitheamh a phingine leis an “mbab” nuair, gan cuimhne ar domhan bhuaileadh idir an dá shlinneán é agus chuireadh ar mullach a chinn ar an mbóthar é. Ba mhaith an bhail air nach le faobhar na sluaiste a bhuail Bil é. Bhí na buachaillí chun Bil a chaitheamh isteach sa abhainn muna mbeadh gur chosain Tomás Brighid' é.

Theigheadh Bil suas i leaca an Coimínis fé dhéin raithinighe le cur sa macha. Bhí cuid de'n chasán mar staighre bhí an fána chomh mór san. Rinn' Donnchadh Pheigí poll sa chasán nuair a bhí Bil imthighthe suas fé dein beart raithinighe lá. Chuir sé cipíní treasna an phuill agus féar feoithe anuas ortha, agus chuaidh sé i bhfolach san aiteann gairid do'n áit. Bhí Bil ag teacht anuas an casán agus ualach de bheart ar a mhuin aige nuair a chuir sé a chos sa pholl sa casán. Leagadh é nídh nach iongna, agus chuaidh sé féin agus an beart ag roithleáil síos leis an bhfána ar feadh fiche slat. Bhí Donnchadh 'ghá rádh in a dhiaidh san gur shíl sé go gcuirfeadh sé an t-aiteann trí teine thimcheall air leis an nguidheadoireacht a bhí aige. Ba shuarach an cleas é chun an ceart a rádh. Acht d'imir Donnchadh cleas ní ba shuaraighe ná san air.

Theigheadh Bil go tig na mBúrcach sa Móin Buidhe uair nó dhó sa t-seachtmhain fé déin galúinín bainne le h-aghaidh na leiceann,

rith an Geimhridh nuair a bhíodh na gabhair i ndísc. Chuaidh sé ann oidhche, agus mar ba ghnáthach, d'fhan sé ag cuardhaidheacht go dtí thimcheall a deich. Bhí sioc cruaidh ann an oidhche chéadna, agus chaith Donnchadh Pheigí, agus cuid de'n aicme a bhíodh ag gabhail leis, trí nó ceathair de bhuicéidí uisce taobh ismuigh de gheata an bóithrín, áit a raibh fána amach go dtí an bóthar mór. Ní fada go raibh an t-uisce in a leacach oighir, agus nuair a bhí Bil bocht ag teacht amach d'imthigh a dhá chois uaidh ag thuit sé agus doirteadh an galúinín bainne; agus ní gádh dom a rádh gur chuir sé cainnt lasánta as, agus na h-aithleoiri taobh istig de'n chlaidhe ag eisteacht leis.

Fuair Bil bás i dtigh na mbocht sa Cloichín, agus chuaidh gasra d'fhearaibh an Bhaile, agus is dócha cuid díobh súd a bhíodh 'ghá árdacht, chuadar le capaill agus trucaillí agus thugadar abhaile é agus chuireadar é i bhfocair a chine sa Chill Dhubh. Go ndéine Dia trócaire ar an aindeiseoir bocht agus go maithe sé dhóibh siúd a bhíodh 'ghá chiapadh.

Thimcheall ceáthrughadh mhíle síos ó'n gcrosaire i mbóithrín na Cille cídhfidh tú dhá shean-philéar geata ar thaobh do láimhe clé ag gabhail soir. Mar is gnáthach tá claidhe déanta de chlocha fuara tógaithe idir an dá philéar, agus tá sean-bhóithrín ann ag dul isteach faid páirce ó'n dá philéar, agus é dúnta suas le sceacha agus driseóga, agus neanntóga agus gach aon shórt fiadhaile, is gnáthach a bheith ag fás in a leithéid d'áit. Níor rinneadh aon úsáid de'n mbóithrín sin leis na bliadhanta.

Is cuimhin liomsa tigh breágh chinn tuighe, agus leath-acra d'abhallghoirt taobh thiar de, a bheith istig ag ceann an bhóithrín sin; agus an dá fhál sceiche gile a bhí ar gach taobh de a bheith beárrtha go néata, agus órnáidí déanta de sna sceacha i ngach aon deich slata díobh – rudaí mar coilig, madraí, corcóga beach agus mar sin. B'adhbhar iongantais dom, agus mé im gharsún, cionnas a rinneadh iad.

Domhnallaigh a bhí in a gcomhnuidhe annsan fad ó. Is cuimhin liom an t-sean-lánamha agus triúr mac agus ingean a bheith ann. Fir bhreágtha dathamhla b'eadh an triúr mac agus

cailín chomh canta agus do lonnraigh grian riamh uirri a bhí 'san inghean. Bhí duine de'n triúr mac, Liam, ná raibh ró-staidéartha, agus dheirtí go dtagadh ráig buile air le linn an rae a bheith lán i gcomhnuidhe, acht go mbíodh a lán-chiall aige an chuid eile de'n mí. Is cuimhin go rithimís nuair chídhímis ag teacht é; bhíodh eagla orrainn roimis; agus is cuimhin liom gur chuir sé an eagla, ba mhó orm a cuireadh riamh orm.

Chuadhas féin agus Dic Ó Siadhaile agus Seán Baróid agus Séamus na Mónach Buidhe isteach san abhallghóirt oidhche ag goid úbhall. Ní raibh ann acht paiste círéipeachta mar bhí úbhla dár gcuid féin againn go léir acht ag Dic Ó Siadhaile. Bhí Dic Ó Siadhaile ináirde ar chrann, acht chonnaic an madra an hata tuighe a bhí air le solus na gealaighe agus thosnuigh sé ag sceamhghail suas air. Theicheamar go léir nídh nach iongna. Bhí páirc choirce, in a studaí, taobh ismuigh de'n abhallghóirt, agus b'é a rinneas-sa ná dul isteach fé cheann de sna studaí. Rith an triúr eile suas an pháirc fé dhéin an chlaidhe. Ní rabhas féin nómant fé'n studa nuair seo tharm i bhfuighseacht chúig slata díom Liam Ó Domhnaill agus píce aige, agus é ag eascaine go milltheach. Ba bheag ná gur thuit an t-anam asam. Ba mhaith an bhail orm gur lean an madra an triúr eile, mar dá bhfeiceadh Liam mé agus an ráig a bhí air táim deimhinneach go ropfadh sé leis an bpíce mé.

Ba bhrónach an íde d'imthigh ar mhuinntir an tíghe úd, agus d'réir teistiméaracht na gcomharsan níorbh é a ndroich-gníomhartha a tharraing ortha í, mar daoine diadhanta macánta b'eadh iad nár chleacht cúl-chainnt ná éitheach ná aon caimeacht eile; acht i bhfeidhil a ngnótha féin i gcomhnuidhe, agus gan cur isteach ná amach aca ar aoinne, muna ndéanfaidís le linn práinne é. Níor fhág fear ná bean taistil doras a dtighe riamh gan déirc a fághail, agus b'iomdha duine de'n dream san a fuair lóistín na h-oidhche uatha sa scioból; agus in a fhochair sin bhíodar go léir dilís do gach aon rud a bhain leis an gcreideamh. Acht dar ndóigh tá sé ráidhte gurab iad súd a ghrádann Dia a chuireann sé an crann ortha.

Bhí an eitinne, nó an “decay” mar 'glaodhann muinntir an

Gleanna ar an ngalar tubaisteach san ins na Domhnallaigh óga ó mhuinntir a mháthar. Seán an mac ba shine a bhuaileadh ar dtúis, agus bhí sé ag meath ar feadh bliadhna nó mar sin sar a chailleadh é; agus ar feadh ceithre bliadhna i ndiaidh a chéile bhí sochraid ó'n dtigh go dtí an Chill Dhubh gach aon bhliadhain. Eibhlín, plúr cailíní an Gleanna an duine deireannach a chuireadh agus d'fhágadh an tsean-lánamha go brónach croidhe-bhriste leo féin.

Bhíos gairid dá máthair sa reilig an lá a bhí Eibhlín 'ghá cur, agus cuimhneóchadh go deo ar an fhéachaint a bhí in a gnúis. Ní raibh deor léithe agus bhí a h-aghaidh ar dhath an mharmair, agus ba dhóigh leat uirri nár mhothuigh sí aon phioc de a raibh 'ghá dhéanamh os comhair a súl. Is dócha nuair a theigheann duine trí an iomarca de'n mbuaidhirt agus de'n mbrón go dteigheann na deora i ndísc, agus ná bíonn an fhuascailt sin féin ag an t-é a luigheann an crann ró throm air. Ní fada a mhair sí i ndiaidh a h-ingíne, agus cé go raibh sé ag na comharsain gur ó n-a muinntir sin a fuair na Domhnallaig an eitinne, ní de'n ngalar tubaisteach san a chailleadh í, acht d'réir deallraimh a croidhe a bheith briste. Taobh istig de bhliadhain bhí sí sa Chill Dhubh i bhfochair a ceathrar clainne – ba shin chúig sochraid as an t-aon tigh amháin taobh istig dhe chúig bhliadna.

Dhíol an sean-fhear an fheirm agus a raibh uirri leis na Lonnargánaigh a bhí in a gcomhnuidhe taobh leis, agus chuaidh sé isteach sa mbaile mór. Thóg sé lóistín gairid do shéipéal na mBráthar agus ba sa séipéal san a chaith sé an chuid is mó de gach aon lá as san amach. Trí bliadhna go leith a mhair sé. Tá sé anois sa Chill Dhubh i bhfochair a chéile is a chlainne, agus a dtrioblóidí ar an saoghal so thórsta.

Dá 'neósfainn scéal gach sean-fhothraigh agus gach iarsma ó'n sean-shaoghal atá sa nGleann, ní bheadh deire go deo lem eachtraí; dá shon san caithfidh an léightheoir a bhí sásta le a bhfuil curtha síos annso agam.

Bacaigh agus Lucht Taistil sa sean-saoghal.

Nuair bhíos-sa óg ní bhíodh lucht taistil agus déirce ag imtheacht in a scuainí mar atáid sa lá tá indiu ann. Sean-mhná agus sean-fhir ag imtheacht in a n-aonar, an lucht déirce ba iomdha a bhíodh ag gabhail thimcheall sa dúthaigh seo fad ó. Bhíodh a chuaird féin ag gach aoinne aca, agus tigh áirmhithe annso agus annsúd in a bhfuigheadh sé lóistín na h-oidhche. Agus bhíodh fáilte rompa mar bhíodh nuadhacht an cheanntair go léir aca, agus iad ábalta ar slacht a chur ar scéal. Ghabhadh scata tuinncéirí an bóthar uaireanta i bhfad ó n-a chéile, acht ní bhíodh na botháin bóthair ar rotha aca, mat atá aca anois. Chodailídís i ndíg an bhóthair ar easair tuighe fé sna trucaillí nuair a bhíodh an aimsear tirm, agus theighdís ag lorg lóistín i scioból feirmeora nuair a bhíodh doineann ann. Rud eile tuinncéirí dlisteanacha a bhíodh ag ghabhail thimcheall fad ó; bhíodh céird aca agus dhéinidís piúntaí, agus galúin, agus stráinníní, agus ruda mar sin de stán, do mhná tighe na tuaithe; agus bhíod cuid aca ag múnláil miotail agus dhéinidís rudaí a bhíodh ag teastáil ó sna feirmeoirí do mheaisiní. Ba mhinic a chonnacas iad agus mé ar mo shlighe chun na scoile nó ag teacht abhaile, agus teine mhór ghuail aca ar thaobh an bhóthair agus bolg mór aca 'ghá séideadh ag rith an mhiotal. Bhíodh múnlaí déanta aca i ngainnimh agus ritheadh an miotal leaigthe isteach ionnta mar rithfeadh uisce. Adbhar iongantais dom do b'eadh an gnó so, agus ba mhinic d'fhanas uair a' chloig ag féachaint ortha.

Níl sa chuid is mó de sna tuinncéirí atá ag gabhail na mbóthar anois acht geócaig gan náire. Ní gnáthach céird ná dada dá sórt aca, acht iad ag baint amach déirce, go minic ar éigean, nuair ná bheadh istig acht mná an tighe; agus ag jobéireacht ar shean-asail agus sean-chapaill, agus goid agus broid 'ghá gcleachtadh aca in a fhochair sin.

Dream de sna Cárthaigh a bhíodh ag cleachta céirde an stáin sa cheanntar so nuair a bhíos-sa óg. Bhídís ag troid eatorra féin ag pátrún Baile na h-abhann go an – mhinic. Chonnacas féin iad do nó trí uaireanta nuair bhíos im gharsún. Dómhnaill mór an

fear a bhí mar cheann ortha. Fear árd, díreach, dathamhail a bhí ann; gruaig chas dhubh-ruadh air, agus deallramh air go raibh lúth agus neart ann thar an gcoitchiantacht. Is cuimhin liom go maith é a bheith romham amach ag an aifreann i séipéal Bhaile na h-Abhann uair, abus bhí a ghruaig bearrtha gairid, agus ní raibh órlach dá bhathas ná raibh geadainn ann; iarsmaí catha gan amhras. Acht cé ná raibh i nDomhnall mór acht tuinncéir taistil, bhí meas ag na daoine air. Ní raibh gadaidheacht ná aon chaimeacht eile ann, agus pé argóint nó bruigheann a bhíodh ag a mhuinntir, eatorra féin a bhíodh sé; ní chuiridís isteach ná amach ar aoinne eile, ná ní lamhalfadh Domhnall mór doibh san a dhéanamh. Is dócha ná teigheadh aon bhliadhain thairis gan tamall éigin a chaitheamh sa phríosún. 'San am úd de'n saoghal nuair b'iad na iúistísí Gallda a bhíodh ag riaradh na dlighe, ba bheag an truagh a bhíodh aca do thuinncéirí ná lucht taistil. An rud is lúgha a dhéanfaidís i bhfuirm achrainn nó troda ar aonach nó ar mhargadh “dachad scilling” nó mí príosún an pionús ba lúgha a chuirtí ortha. Agus ó's rud é go dteigheann sé bun os cionn le dúthchas tuinncéara fineáil a dhíol, go dtí an príosún a theighdís i gcomhnuidhe. D'iarraidís uain chun na fíneála do dhíol, mar b'eadh, mar ní bhíodh aon fhonn ar aon chor ortha san a dhéanamh, acht dheinidís seift an téarma príosúin a bhíodh gheárrtha ortha a chur isteach le linn an Gheimhridh nuair beadh an droch-aimsear ann.

Bhí mí príosúin geárrtha ar Dhomhnall Mór uair. Bhí sé ag siúbhal leis síos an bóthar ó'n nGleann go Baile an Droichid, agus nuair a bhí sé ag gabhail thimcheall an chúinne ag Beárna an Mhadra cé bheadh ag teacht in a choinne agus i bhfuigseacht fiche slat do acht beirt de sna “pílears”. Seo fé n-a dhéin iad acht léim Domhnall Mór thar an gclaidhe uatha. Nuair fuair sé an chaoi caith sé de a bhróga agus a raibh air acht amháin a léine agus a bhríste. Lean na “pílears” é, isteach is amach le míle treasna na bpáirceanna, gur chuaidh sé treasna Páirc na naoi n-acra le Seán Mór Breathnach. Bhí an Pháirc sin treabhtha agus thug na “pílears” suas de'n bhfiach. Fuair Domhnall Mór sean-bhalcaisí éadaigh agus sean-bhróga ó Shéamus na Mónach

Bhuidhe agus bhí sé i gcóir chun taistil arís. Bhí daoine 'ghá rádh in a dhiaidh san gur mar adhbhar spóirt a lean na pílears é, mar bhí a fhios aca go maith go dtabharfadh Domhnaill Mór suas é féin ag an mBearraic nuair d'oirfeadh sé dho.

Bhí sé lá eile ag an bPátrún i mBaile na h-Abhann agus bhí bharántas in a choinne. Bhí “pílear” óg ann ná raibh i bhfad san áit, agus nuair chonnaic sé Domhnall Mór leag sé a lámh ar a ghualainn chun é a ghabhailt, acht thug Domhnall seabhalsa d'ó a chuir chúig slata uaidh é, agus d'imthigh sé as an t-sráid treasna an Droichid Mhóir annsan. Chuaidh an pílear go dtí an bhearraic agus rinne sé a ghearán, agus d'réir deallraimh ní ró-bhuidheach de a bhí an sean-sháirsint, mar bhíodh sórt sos-cogaidh ann, maidir le rudaí mar sin, lá'n phátrúin. Lean an sáirsint Domhnall agus ní fada gur tháinig sé suas leis, mar ní rinn' sé aon iarracht ar theicheadh uaidh. Dúbhairt sé leis gur bfhearra dho casadh agus é féin a thabhairt suas, nó bheadh mí sa mbreis air sa phríosún i dtaobh a rinn' sé leis an bhpílear, acht dá dtiocfadh sé thar n'ais leis féin ná beadh a thuille mar gheall ar a méid sin de'n ghnó.

“Raghad leat” arsa Domhnall Mor “acht ná leag lámh orm.”

Shiúbhal sé thar n'ais cos ar chois leis an sáirsint agus suas tríd a raibh ar an t-sráid go dtí an bhearraic, agus chuireadh go príosún Phortláirge ar na bháireach é.

Bhí scata tuinncéirí ag aonach na Cathrach lá agus bhíodar ag pleanncadh a chéile ag cúinne na ceárnóige, agus Domhnall Mór in a measc. Bhí bainisteoir sa mbeainnc ann dár ba sloinne Cárrthach, agus chuir sé mac leis, garsún thimcheall dá bhliadhain déag d'aois, ar teachtaireach. Chaith sé gabhail thar an gcúinne mar a raibh an cibeal ar siúbhal, agus nuair tháinigh sé gairid do'n chúinne sheasuigh sé agus ní leigfeadh an eagla dho dul níos sia. Thug Domhnall Mór fé ndear é, i lár an clampair. Chuir sé liugh as.

“Stadaigh a fheara ar feadh nómaint agus leigidh do'n ngarsún gabhail síos. Dar ndóigh is duine dhínn féin é sin.”

Stad an bualadh láithreach an fhaid agus bhí an Cárrthach óg ag dul

thar an gcúinne, agus siúd fé n'a chéile arís iad.

Bhí feirmeoir gairid ó Bhaile na h-Abhann nuair bhíos-sa ag eirighe suas dar b'ainm do Éamonn Paor. An “Bully” ba mhinicídhe a ghlaodtaí air mar bhí sé an-thabharta do throid, agus d'achrann. Bhí árd mhuinghín aige as féin mar ghaiscigheach agus raghadh sé fiche míle chun triail a bhaint as fhear maith eile ag imreascáil nó ar na dóirne, ba chuma leis cioca. Bhí sé ag aonach Chluainmeala lá, agus ar a theacht abhaile do, chuaidh sé isteach go tigh tábhairne ag ceann an Bhaile Gaedhealaigh, chun an deoch dheireannach d'ól. Bhí Micí Báróid, fear a bhíodh ag briseadh capall, in a fhochair. Chlois an Paorach sa tigh tabhairne go raibh Domhnall Mór MacCárrthaigh, an tuinncéir, agus a threibh curtha fútha ag tobar na Foinse, thimcheall leath-mhíle suas an bhóthar. Bhíodh sé ag rádh go minic gur mhaith leis triail a bhaint as Domhnall Mór. Bhí an chaoi chuige aige anois. Thug sé Micí Baróid leis siar go dti camtha na dtuinncéirí agus d'fóghair sé cath ar Dhomhnall. Shocruigheadar ar dhul ar na dóirne. Chaitheadar díobh, agus siúd fé n-a chéile iad. Cómh-mhaith a bhíodar, agus taréis a bheith i bhfad ag tabhairt fé n-a chéile ní raibh a bhuaidh aige aoinne aca agus chaitheadar stad. Nuair a bhí deireadh leis an gcath agus taréis a chéile a mholadh thar barr chuaidh an Paorach thar n-ais go dtí an tigh tábhairne agus thug sé leis leath-bharaille pórtair go dtí camtha na dtuinncéirí agus d'fhan sé féin agus Micí Báróid in a bhfocair thimcheall na teine go raibh sé ólta aca.

Acht ba mhí-ádhmharach an íde a bhí i ndán do'n m”Bully” bocht. Leis an ól agus an imtheacht a bhíodh aige bhíodh a ghnó ar deire agus ní raibh sé ábalta ar an cíos a choimeád díolta agus chaith Lainglí amach é. B'aige a bhí an fheirm do b'fhearr a bhí san eastát; ba i gcúil Bhaile na h-Abhann, a bhí an talamh do b'fhearr a bhí sa chonntae go léir, d'réir na sean-daoine. D'imthigh Éamonn de Paor go Meirice agus d'réir na gcúntas a chuireadh abhaile in a thaobh ní ró-mhaith d'eirigh leis ann.

Is beag de sna h-aonaráin a bhíodh ag gabhail thimcheall nuair a bhíos óg gur cuimhin liom 'd'é'n sloinneadh a bhí ortha. Bhíodh leas-ainmneacha ag na daoine ortha go léir, agus ní chuimhníghim acht ar na leas-ainmneacha so. Seo annso síos cúntas ar chuid aca.

Rinneas tagairt cheana féin do Nóra mhór nó Nóra na ceirte, agus an t-slighe 'a bhí aici chun fuil do stad. Bhí sí ag gabhail thimcheall sa dúthaigh seo ar feadh bliadhanta, agus le n-a giorra anála agus a cois bhacach bhainfeadh sé uair an chloig dí leath mhíle do siúbhal. Bhíodh bata aici a bhí chomh ramhar le bata rámhainne agus is amhlaidh bhíodh sí ag stracadh a cosa in a diaidh; bróga láidre fir a bhíodh uirri agus ní bhídís dúnta choidhche aici, ná aon iallacha ionta chun iad do dhúnadh. Bhí fó-ribí féasóige ag fás ar a h-aghaidh agus bhíodar chomh láidir, garbh, leis an rón a bheadh ar shean-chráin mhuice. Acht ní raibh a meoin d'réir a deallraimh, mar bean mhacánta deag-chroidheac do b'eadh í agus bhíodh fáilte roimpe i ngach aon áit.

A mhalairt ar fad de bhean do b'eadh Cáitín Ní Shúilleabháin – is cuimhin liom a sloinneadh sin – nó “Cáitín Bun” mar ba ghnáthach a ghlaodhach uirri. Ní dhéarfainn go raibh sí órlach ós cionn ceithre troighthe ar aoirde agus bhí sí nach beag chomh leathan agus bhí sí árd.

Bhíodh glór guil in a cainnt, agus bhíodh sí clamhsánach, gearránach, i gcomhnuidhe. “Cad in thaobh ná pósann tú a Cháitín?” a dhéarfadh duine éigin leithe.

“Mhaise Dia linnín” a dhéarfadh Cáitín, agus ba dhóigh leat gur ag pusaighil ghuil a bheadh sí, “thá mise ró-bheag d'aon fhear.”

Is dócha go gcuirtí an cheist sin uirri mar mhagadh fiche uair sa ló agus bhíodh an freagra céadna sa t-slighe chéadna aici i gcomhnuidhe.

Fear ait do b'eadh “An Coisidhe Mear”. Ní raibh iomlán a chéille aige agus bhí sé an-thaidhbhseach i dtaobh a fheabhas mar choisidhe. Bhíodh bata siúbhail aige a bhíodh chomh mór leis féin agus greim aige air gairid dá lár. Bheadh sé ag siúbhal leis an bóthar go breágh socair, go b'feiceochadh se duine éigin eile ar an mbóthar roimis nó in a dhiaidh. Ba shúd leis annsan é ag siúbhal chomh mear agus bhíodh in a chosa, agus choimeádadh sé suas an imtheacht san an fhaid agus bheadh an duine eile in a radharc. Shiúbhaladh sé leis go socair annsan arís go dtí go

b'fhuigheadh sé radharc ar dhuine éigin eile, ag ba shúd chun siúbhail arís é. Ba shin mar chuireadh sé an bóthar thairis, scathamh ar a shocharacht agus scathamh i leath-shodar. Bhíodh sé thimcheall an pharóiste seo go minic. Dheineadh sé roinnt oibre anois is arís ag piocadh phrátaí nó ag snagadh turnap, nó obair éigin mar sin. Níor thaithnigh obair throm mar baint phrátai nó ceangal arbhair leis.

Bhíodh sé ag cur síos ó mhaidin go h-oidhche le aoinne a bheadh ag obair in a fhochar ar na h-aistreacha a shiúbhal sé. Bheadh sé ag obair ar a shuaimhneas agus d'réir deallraimh go sásta ag feirmeoir ar feadh roinnt laetheanta; agus annsan maidin éigin bheadh sé ar iarradh agus ní fheicfidhe sa taobh san de dhúthaigh arís é go ceann ráithe. Agus ní iarrfadh sé go deo pé airgead a bheadh tuillte aige sar d'imtheochadh sé. Ghlacfadh sé é nuair a thugtaí do é agus ní dhéarfadh sé dada. Choimeádadh sé a rasúr i dtigh éigin gairid do Crosaire Bhéaraí, agus pé áit a mbeadh sé rith na seachtmhaine, theigheadh sé go dtí an tigh sin um thráthnóna Dia Sathairn chun é féin a bhearradh agus thagadh sé tar n-ais arís. Tá Crosaire Béara os cionn deich míle ó Bhaile na h-Abhann. Nuair fhiafruigheadh aoinne de'n Choisidhe Mear 'd'é'n deichneas a bhíodh air nó cá raibh a thriaill, dheireadh sé "Caithfidh mé dul ó dheas go Crosaire Bhéaraí chun mé féin a bhearradh," agus ba dóigh leat air sa t-slighe deireadh sé é ná bíodh de shuim aige sa turus san acht mar beadh aige i siúbhal treasna páirce.

Bacaichín Sheáin Seáthrúin duine eile de lucht taistil na ród nach cuimhin liom a ainm ná a shloinne. Nuair a bhíodh sé annso sa nGleann is i dtigh Sheáin Sheathrúin ag bun an bhealaigh a bhíodh sé ar lóistín i gcomhnuidhe. Bhíodh Seán go an-mhaith dho, agus bhíodh fáilte roimis i gcomhnuidhe. Is cuimhin liom é go maith. Fear beag téagarthach a bhí ann, agus féasóg dhubh air a bhí chomh tiugh le tor aitinn, agus a aghaidh ar fad foilighthe aici, sa t-slighe ná raibh le feicsint acht a dhá shúil agus a éadan. Fear beag ciúin do b'eadh é. B'ar éigean d'aireochá ag cainnt é labharadh sé chomh íseal san. Ní bhíodh aon mhála aige, greim le n-ithe agus pingin nó leath-pingin a bhíodh sé ag lorg. Bhí sé ag tórramh Shéainín Ó Deágha i mBaile an Droichid agus pé braon fuiscí a fuair

sé d'eirigh sé in a cheann agus bhi se ma chodladh amuigh i stabla na miúlach. Bhi Donnchadh Pheigí agus áithleoiri eile ann agus bhearradar a fhéasóg ar aon taobh amháin isteach go croicheann le meaisín beárrtha a fuaireadar sa stábla, agus d'fhágadar a leath eile air. Chuirfheadh sé na cait ag gáire an crot a bhí air. Agus níor tháinig fearg ná buile air nuair dhúisigh sé, agus nuair thug duine éigin go dti an scathán é b'amhlaidh bhí sé ag briseadh a chroidhe ag gáire nuair a chonnaic sé é féin. Níor bhearraigh sé an taobh eile dá aghaidh; d'fhág sé mar bhí sé é. Bhí sé ag gabhail thimcheall ar feadh ráithe sár a raibh an dá thaobh dá chuid féasóige ar chomh-fhaid arís, agus b'iomdha gáire a bhain sé asta súd a chonnaic é.

Bean saighdiúra do b'eadh "Mary the Sojer". Fuair a fear bás 'san India. Bhí sí fein ‘san India leis agus is dócha gur luigh an ghrian ar a h-inchinn mar ar uaireanta ní bhíodh sí ró-staidéartha. D'óladh sí braon nuair a bhíodh a luach aici, agus bhíodh sí ag amhrán agus í go sár-mhaith chuige. Bhíodh buachail!í na scoile ag gabhail di, agus ag crústáil fód léithe. Thugadh sí íde na muc is na madraí ortha agus ar a seacht sinnsir rompa. B'iongantach an flúirseacht cainnte a bhí aici i mBéarla, cé go raibh an Ghaoluinn aici go cuibheasach maith leis. Bhíodh sí go glan piocaithe i gcomhnuidhe agus b'fhuiris aithinte uirri go bhfeaca sí laetheanta maithe i dtúis a saoghail. Thógfadh sí pingin nó ubh acht ní bhíodh aon mhála aici mar ba ghnáthach ag bacaigh san am úd. Bhíodh na daoine go maith dhi, mar chun an ceart a rádh bhí sí go deallramhail deagh-labhartha go dtí go mbíodh an braon ólta aici. Is cuimhin liom go dtagadh sí go dti an scoil i mBaile an Droichid agus bhíodh seanchus mór aici féin agus ag an Phaorach. Chonnachas é ag tabhairt raolach dí cúpla uair.
B’é “haitín" an t-é ba contráltha de'n lucht taistil a bhíodh ag gabhail thimcheall nuair bhíos im gharsún. Chun an ceart do rádh níorbh fhear déirce é ar aon chor, mar ní loirgigheadh sé dada, acht b’fhéidir méile bídh; bhíodh sé ag obair ar feadh scaithimh annso is annsúd. Acht má thosnóchadh bleagárdaí 'ghá árdacht d'imthigheadh sé agus d'fhágadh sé an obair annsan pé gléirtheán a bheadh ar an t-é

a híreáil é. Ní fhanadh sé amháin le pé pinginí airgid a bheadh tuillte aige d'fhághail. Pé cúis a bhí leis dá nglaodhfadh aoinne "haitín" air leanfadh sé é an fhaid agus b'eadh ciscéim in a chosa, ag crústáil leis agus ag eascainídhe air. Dá shon san bhí sé in a cheap magaidh ag bleagárdaí an bhaile. Is cuimhin liom nuair bhíos ag dul ar scoil go mbímís ag glaodach "haitín" air acht thugaimís aireachas go mbímís gairid do'n chlaidhe sar a thosnuíghmís. Chaitheadh sé a mbíodh de phúróga ar an mbóthar linn; agus annsan theigheadh sé síos ar a ghlúine ar an mbóthar agus bhaineadh se dhe a hata agus chuirfeadh sé eagla ort leis na mionna lasánta a bhíodh sé ag caitheamh linn. Bhíodh sé ag iarradh ar Dhia ár gcosa agus ár lámha a bhriseadh agus radharc na súl a bhaint dínn, agus stalca a dhéanamh d'ár dteangain istigh in ár mbéal; agus ag iarraidh ar an diabhal sin a bhreith leis síos go dti an t-ionad ba shia síos agus ba teo atá in ifreann. B'uathbhásach eisteacht leis, agus ba mhinic in a dhiaidh san, nuair a dhéininn machtnamh air an scéal, a bhínn ag rádh liom féin gur mhór an peaca dhúinn a bheith ag cur a leithéid de ráig air. Acht dar ndóigh ní chuiminigheann ógánaigh ar rudaí mar sin. Ni iarrfaidís aon rud níos feárr ná a bheith ag árdacht a leithéid

Bhí sé sa deire agus níor ghádh dhuit acht aithris a dhéanamh ar an bhfocal "haitín" le fead agus chuirfeadh sé ins na craobhacha é. D'innistí scéal go raibh sé ag gabhail thar an séipéal i mBaile na h-Abhann maidean agus bhí smólach ag feadaighil ináirde ar chrann i ngeárd an t-séipéil. Rith sé leis an 'madán bocht gur "haitín" a bhí sí ag rádh. "Dar do chroidhe dearg 'on diabhal ináirde" ar seisean ag bagairt a dhoirn suas uirri "nach luath ar maidin thá do phort agat."

Bhíodh fear ag gabhail thimcheall sa dúthaigh seo fad ó agus b'é a ghlaodhadh sé air féin ná "High King." Dheireadh sé gurab é féin ba cheart a bheith mar righ ar Éirinn; acht go deimhin ba ró-bheag de thréithe ríogamhla a bí ag gabhail leis. Bhí sé an- aosta nuair a chonnachas é agus mé ag dul ar scoil, agus ní cuimhin liom go bhfeacuigheas é acht an t-aon uair amháin sin, acht ba mhinic

d'airígheas trácht air. Bhí feasóg fhada bhán air agus gruaig fhada anuas ar a ghuailne. Bhí sé árd díreach agus a ghnúis mar gnúis naoimh a chídfea i bpictiur. Ní bhíodh bróg ná stoca air aon lá sa mbliadhain acht a bhríste ceangailte le córda thimcheall ar chaoil a chos. "Bristí" ba cheart dom a rádh mar bhíodh dhá ceann de gach ball éadaigh air i gcomhnuidhe – dhá bríste dhá chasóig, dhá bheast agus dhá léine - cioca fuar nó te a bhíodh an aimsear. Sean-charoilín a bhíodh air agus leis an méid gruaige a bhíodh air ní bhíodh sé acht leagaithe ar mhullach a chinn .Bhaineadh áithleoirí a hataí dhíobh nuair a thangbhuidís air agus dheinidís úmlúghadh do'n righ mar b'eadh. Bhaineadh sé sin an sean-charoilín de agus shléachtadh sé go talamh, agus ní labharadh aoinne focal. Ní ghlacadh sé aon déirc acht méile bídh nó sean-bhall éadaig. Ní thagadh sé thimcheall annso sa nGleann acht uair nó dhó sa mbliadhain, agus go tigh Sheáin Mhóir a théigheadh sé ag lorg lóistín i gcombnuide. Ni fhanadh sé acht aon oidhche amháin agus d'imthigheadh sé arís ar maidin. D'réir mar d'airighinn shiubhaladh sé an Mhúmhain go léir. Nuair a bhíodh sé ag fágaint slán ag Seán Mó ghealladh sé dho go n-íocfadh sé féin leis go fial as a rinne sé dho nuair a bheadh sé i gcoróinn. D'airigheas Seán Mór féin 'ghá rádh gur thairig sé píosa airgid do cúpla uair acht ní ghlacfadh sé uaidh é.

Fear beag scrubanta b'eadh Micilín Dhomhnaill. Ní theigheadh sé taobh ismuigh de'n pharóiste agus chaitheadh sé cuid mhaith dá shaoghal ag gabhail ó tigh go tigh annso sa nGleann. Dheineadh sé cúpla seachtmhain oibre anois is arís ag piocadh na bprátaí nó ag tógaint studaí sa bhFogmhar. Bhí cainnt ar a thoil aige agus féith na filíochta ann. Bhí árd-dhúil aige i dtobac. B'fhearr leis gal tobac ná a dhinnéar. Bhíodh an rann seo aige i gcomhnuidhe:

"Ní truagh Micilín Dhomhnaill gan bó ná caora.
Ná ní truagh Micilín Dhomhnaill gan bean 'san oidhche.
Acht is truagh Micilih Dhomhnaill gan gal in a phíopa."

Arsa duine éigin leis uair:

"A Mhicilin Dhomhnaill is foirbthe an duine tu."

Arsa Micilí 'ghá fhreagairt:

"Is mithid dom a mhic ó mar is fad ó riamh a rinneadh mé."

Bhí Pádraig Ó Domhnall ró-mhaith dho uair. Thanbuigheadar ar a chéile ag Droichead na Cille Domhnach, agus bhíodar ag cainnt ar feadh scaithimh. Arsa Micilín i gceann tamaill:

“A fharaire groidhe de shíol na bhfearaibh ab' fhearr,
Ó chasadh mé id líon cuir an pípín bog dearg im láimh”
Arsa Pádraig 'ghá freagairt:
“A dhuine gan tuigsint, an dtuigeann tú cúrsaí an t-saoghail
“Acht nuair ná tuigir, ní miste dhuit fáth mo scéil,
'Sé sin, cuireadh gan duine 'gainn teine ar a phípín fhéin”
Tá an dream úd go léir, agus a thuille dá sórt ná rinneas aon tagairt dóibh, imthighthe ar slighe na firinne le fada de bhliadhanta. D'imthigheadar in a nduine is in a nduine in áit a chéile. Sa “phoorhouse” a chailleadh an chuid is mó aca. Chaitheadar dul ann, cé gur leasc leo é, nuair chailleadar lúth a ngéag. Fuair duine nó dhó aca bás sa pharóiste, agus beirt nó triúr aca d'imthigh agus nár chas, agus nach fios cad é an críoch a bhí ortha.

Mar gach aon rud eile a bhíonn ann le linn óige an duine, bhí sórt rómansaidheachta ag gabhail leis na bacaig féin a bhí ann nuair bhíos óg, dar liom. Sin í an chúis is dócha go bhfuilid im chuimhne chomh soiléir sin, tar éis na mbliadanta go léir. Sean-fhocal iseadh é, gur iomdha sórt duine a chruthaigh Dia. Cuir i gcás na h-aindeiseoirí aite úd a bhfuil cur síos déanta agam ortha; cé gur minic an-aoibhinn beatha dhóibh le gorta agus annródh, is dócha go raibh an oiread céadna de dhúil aca sa saoghal agus an leisce céadna roimh an mbás, agus a bhíonn ag an duine is fearr as. Acht sin é dúthchas an duine. Sin mar cruthaigh Dia é.

Bhímís ag magadh futha agus ag déanamh adhbhar suilt agus áibhéise dhíobh agus b'féidir níos mó de mheas ag Dia na glóire ortha ná mar bhí Aige ar an t-é do b'fhearr againne. Bhíodar súd ag cur a bPurgadóireacht thórsta ar an saoghal so rud ná rabhamair-ne a dhéanamh.

Is dóigh liom go bhfuil áthrúghadh mór tagaithe ar bhacaigh agus lucht taistil sa lá tá indiu ann seachas mar bhíodar le linn m’óige. Ta bacaigh agus geocaigh agus tuinnceirí ag taisteal na

ród anois, mar bhídís nuair bhíos im gharsún, agus is dócha go mbeidh a leithéidí ann i gcomhnuidhe; acht ní mar a chéile iad agus an sean-dhream. Gliocacht cham, gadaidheacht agus cleasaidheacht na tréithe is mó atá ag gabhail le lucht taistil anois. Is annamh amadán ná óinseach ortha agus deiim-se leat ná leigfeadh aoinne aca, do aon áithleoir ceap magaidh a dhéanamh dhe. Céad slán leis an sean-dream úd. Go raibh Dia na nGlóire go maith dhóibh, mar b'aoibhinne an saoghal le linn m'óige a leithéidí a bheith ann, agus ní bheidh a leithéidí ann arís go bráth na breithe.

Cúrsaí an tsean-shaoghail

Nuair a theighim siar ar mo smaointe go dtí an t-am nuair bhíos ag dul ar scoil go Baile an Droichid agus nuair a chuirim an tslighe bheatha a bhí ann sa sean-shaoghal i gcomparáid le slighe bheatha an lae indiu deirim liom féin gur mór ar fad an t-áthrughadh atá tagaithe ar an saoghal lem linn. In áit iargcúla mar an Gleann annso is gnáthach claoidhe le sean-nósanna i bhfad níos sia ná mar deintear isteach sa tír. Cé go bhfuil so fíor agus go bhfuil roinnt mhaith d'iarsmaí an t-sean-shaoghail le feicsint in ár measc fós is mór an t-áthrughadh atá taréis teacht ar shlighe bheatha na ndaoine ó aimsir mo shean-athar go dtí an lá tá indiu ann

Cuir i gcás bia. Bhí an té 'ghá ól sa ngleann go coitchianta go leor nuair bhíos-sa im pháiste, acht ba mhinic d'airighinn mo shean-athair agus Liam Beilbí ag cur síos ar an am nuair ná bíodh sé acht i dtigh fáin. Bíodh Risteard Ó Siadhaile ag cur síos ar seo leis, sa t-slíghe ná fuilim ró-dheimhinneach cár airígheas a bhfuilim ag cur síos annso in a thaobh. Bhíodh an té ag urmhór na dteaghlach Lá Nodlag agus bhídis 'ghá fhiafhruighe dá chéile ag dul chun an aifrinn maidean Lá Nodlag "'dé mhéid cupán dh'ól tú?" díreach mar bhídis 'ghá fhiafruighe maidean Domhnach Cásca " dé mhéid ubh dh'ith tu?"

D'innistí scéalta greannmhara i dtaobh an té nuair a thosnuigheadh 'ghá ól ar dtúis. Bhíodh mná 'ghá dhéanamh agus 'ghá ól i gan fhios dá gcuid fear, agus bhailigheadh ceathrar nó cúigear díobh i dtigh duine acu chun té "party" a bheith aca. Dheirtí nuair d'óladh daoine é do'n chéad uair go gcuireadh sé ar meisce iad. D'réir deallraimh dheintí an-láidir é; "chomh láidir agus go seasóchadh cearc air", agus cuirtí cuid mhaith siuicre air, mar d'réir an t-seanfhocail "'Sé an té é an siuicre". Agus teist ar bhean-tighe fhlaitheamhail b'eadh go "líonfadh sí an mhéisín chomh maith leis an gcupán dhuit".

Bhí bean-tighe annso sa nGleann san am úd, agus nuair d'airigh sí trácht ar an té, cheannaigh sé leath-phúnt de chun é a bheith aici

do'n sagart nuair a thiocfadh sé ar an “station.” B'amhlaidh bheirbhigh sí an leath-phúnt té go léir i sáspan agus scag sí é agus cuir sí na billeóga ar phláta agus siuicre agus óg-uachtar ortha, agus thug sí do'n sagart iad. Ní dheirtear cad dúbhairt an sagart nuair leagadh an t-soghluiste neamh-choitchianta so os a chomhair.

Bhí lánamha annso sa nGleann 'san am úd agus bhí leath-'mhadán de mhac aca. Ba bheag tigh a mbíodh clog ann an uair úd agus ar ghlaodh an choiligh a bhídís ag brath chun eirighe i dtráth ar maidin. Ba ghnáthach na cearca a bheith ar fhoradh os cionn an dorais sa chistin. Bhí an oiread san tnútháin ag an mbuachaill seo leis an té oidhche Nodlag gur cheangal sé córda ar chois an choiligh agus thug sé an córda leis isteach in a leaba sa “settle”; agus i gceann cúpla uaire thug sé staithe do'n chórda agus thosnuigh an coileach ag glaodhach. D'eirigh a raibh sa tigh mar shíleadar go raibh sé in a mhaidin agus rinneadh an té; agus is dócha gur íoc an 'madán a shainnt air. “Dia go deo leat a choilicín bheannuigthe” ar sé sin nuair a chuir an coileach an chéad ghlaodh as.

B'heirbhití scilléad ubh maidean Domhnach Cásca i ngach aon tigh agus d'itheadh gach aoinne de sna daoine fásta suas le leath-dosaen díobh. Is cuimhin liom féin chúig cinn d'uibhe d'itheadh nuair bhíos thimcheall dhá bhliadhain déag. Gaisce bhíos a dhéanamh is dócha, acht dhíolas as, mar bhí mo ghoile trí n-a chéile ar feadh trí nó ceathair de laetheanta, agus ní bhfhuighinn féachaint amháin ar ubh go ceann ráithe in a dhiaidh san. Bhí sé amuigh ar Chruthúr Garbh gur ith sé naoi ubh is fiche aon Cháise amháin agus go raibh ubh gé ar cheann aca. Ní fheadar an fíor nó bréag an scéal so; b'fhéidir gur chuireadh leis, acht má bhí fear sa pharóiste a bheadh ábalta ar an méid sin ubh d'ithe in aon mhéile amháin b'é Cruthúr Garbh an fear san. D'réir mar bhíodh ag cách bhí goile uathbhásach aige, agus nuair a bheadh deire aige le leath-cheann muice ní bheadh fágaithe acht na cnámha.

Bhí an t-arán seagail agus an t-arán coirce imthighthe as úsáid roimh mo linn-se cé gur minic d'airighinn na sean-daoine ag trácht ortha. D'ith mo shean-athair agus Liam Beilbí agus gach aoinne de'n nglúin sin an t-arán so nuair bhíodar óg. Is iomdha tigh sa chomharsanacht gur chonnacas an greideal ann, ar a mbacaltaí an

t-arán so. Bhí dhá cheann aca, greideal mór agus greideal beag, annso i Lios na Faille. Agus b'é a ndeire gur cuireadh suas leis an iarta taobh thiar de'n teine iad, agus dhóighidh an teine in áit a chéile iad. D'réir deallraimh, bhíodh an t-arán coirce agus an t-arán seaghail chomh cruaidh le lic cloiche nach beag, agus teastóchadh na fiacla a bheith go maith ag duine cun é a mheilt. Ba bheag an iongna na fiacla a bheith go maith aca súd a bhíodh ag cogaint an aráin sin; agus is é mo thuairm-sé gurab é an chúis is mó fiacla na ndaoine sa lá tá indiu ann a bheith chomh h-olc agus táid, ná an biadh a bheith ró-bhog. I ngach aon chloigeann nach beag a chídhfá caithte aníos as uaigh bíonn an cíor-fhiacal slán folláin, agus is dócha ná fuil cúigear sa chéad d'aos óg an lae indiu a bhfuil a gcuid fiacal go léir aca ar sroisint fiche bliadhain dóibh.

Nuair a tháinigh an t-arán geal, nó an t-arán plúir mar ghlaodhtaí air, amach ar dtúis bhíodh sé ag na daoine mar bhíonn “báirghín breac” anois; agus b'iongantach an t-sóghluiste d’o gharsún nó gearrchaile scoile caidthe tur de.

Bhíodh biadh eile aca sa sean-shaoghal ar a nglaodtaí gráinseachán. B'é an rud é ná cruithneacht do bheirbhiúghadh i gcorcán go dtí go mbíodh na gráinneacha an-bhog agus é d'itheadh le bainne mar ithtear leite. Chaitheadh an chruithneacht a bheith os cionn na teine ó mhaidin go h-oidhche chun i a dhéanamh bog go leor. Níor itheas riamh gráinseachán, acht d'réir mar d'airighínn bhíodh sé go blasta.

Nuair a bhíos-sa ag eirighe suas im gharsún, bhí fo-theighleach annso sa nGleann a mbíodh prátaí aca le n-a mbreacfast, cé go mbíodh té aca in a ndiaidh; acht bhídís ag gach aoinne nach beag le n-a gcuid. Scadáin ghuirt, nó leadhb éisc, nó “dripping” a bhíodh mar annlann leo, d'réir mar lamhalfadh a ngustal dóibh. Sa chuid is iomdha ar fad de sna tighthe ní bhíodh greim feola aca acht amháin ar an Domhnach, agus feoil ghuirt a bhíodh aca i gcomhnuidhe. Ní cheannuigheadh acht duine fáin aon fheoil fhriseáilte acht amháin le linn na Nodlag. Bhíodh stéig mairtfheola le n-a mbreacfast ag urmhór na ndaoine ar maidin lá Nodlag. Cheannuightí iasc guirt i leadhbanna agus crochtaí sa siminé iad; chrochtaí

scadáin ghuirt sa siminé leis. Ba mhaith an t-annlann an t-iasc agus na scadáin acht bhíodh an donas ortha le guirteacht. Aon fheirmeoir a mbíodh aon strus cuíbheasach air mharbhuígheadh sé muc i ndeire a fhóghmhair. Bhíodh an fheoil crochta ar chrúcaí i lochta na cistine. Chídfá na crúcaí san i gcuid maith tighthe feirmeora fós, cé gur annamh a chídhfá aon fheoil crochta ortha anois, mar ní mór an meas a bhíonn ag aos óg an lae indiu ar bhagún méith.

D'airighínn ag na sean-daoine ná h-itheadh aoinne aon ghreim feola i rith an Chairghis ar fad sa t-sean-shaoghal. Bhíodh feoil le n-a gcuid ag gach aoinne oidhche Inide agus an greim a bheadh fágaithe sháthaidhtí ar scolb sa díon é. “Spóilín méith na h-Inide” a ghlaodhtaí air, agus nuair a bhíodh an teine lasta ag bean an tighe ar maidin Domhnach Cásca chuireadh sí an “spóilín” sa teine.

Leite a bhíodh aca nuair bhíodh na sean-phrátaí ídighthe; as san go mbíodh na prátaí nua ann. Bainne géar ba gnáthach leis an leite acht ba mhinic a chaitheadh daoine bochta í d'ithe tur, nó b'fhéidir gráinne siuicre nó caifí a bheith aca léithe mar annlann. Leite mhin bhuidhe ba mhinicídhe a bhíodh ag na daoine bochta. Ba mhinic a mheasctaí min choirce agus min bhuidhe, leath má leath, ag déanamh leitean. Mheas na sean-daoine fad ó gurab é July an mí ba ocrach sa mbliadhain, mar bhíodh an sean-bhiadh ídighthe agus ní bhíodh an bia nua tagaithe isteach. “July an ghabáiste” a ghlaodhaidís air.

Theigheadh sclábhuighthe ó'n taobh so siar i límistéireacht Cloichín an Mhargaidh agus Bhéal áth' Póirín ag baint na bprátaí nuair a bhíodh an saosún ann. Gheibhidís obair mí nó chúig seachtmhaine ann agus bhíodh ó a dó déag go chúig scillinge déag sa t-seachtmhain dóibh, agus shílidís gur an-phádh é seachas an scilling sa ló – nó b'fhéidir níos lugha na san sa nGeimhreadh, - a bhíodh aca sa mbaile. Le rámhainní a bhaintí na prátaí go léir san am úd, agus cé go mbíodh an pádh cuíbheasach maith bhíodh an obair dian agus an biadh go h-olc. Ní bhiodh sa chuid is mó de sna tighthe acht prátaí agus bainne géar trí h-uaire sa ló. Mheasaidís gur tigh

an-mhaith an tigh in a gheibhidís scadán guirt nó blúire de leadhb éisc le n-a ndinnéar. Bhíodh na fir bhochta ag obair ó dhubh go dubh, agus ba mhinic iad in a seasamh ar an gcinn-fhearann ag fuireach leis an solus. Bhíodh buachaill aimsire i ngach tigh agus is é a bhíodh i dtosach, agus bhíodh sé de oibliogáid air an obair a bhaint as an mheitheal. Ní bhíodh de shos aca acht an fhaid a bheidís ag siúbhal treasna an gharraidhe nuair a bheadh an iomaire bainte aca. Agus ba ghnáthach fear an tighe a bheith in a sheasamh os a gcomhair amach rith an lae go léir ag féachaint ná beadh aoinne ag fágaint na bprátaí fé'n bhfód. Agus d'réir d'airigheas go minic, bhíodh na leapacha codlata a bhíodh aca d'réir an bhídh le donacht.

In iomairí leathana – leithead trí sciolthán – a chuirtí na prátaí go léir sa t-sean-aimsir, agus ba le ramhainn agus sluasad a dheintí an chuid is mó de'n saorthúghadh ortha. I bpáirc bháin ba ghnáthaidhe prátaí a chur san am úd de'n saoghal; agus nuair a bhíodh na h-iomairí déanta dheintí iad a leibhéaladh nó a “socrúghadh” le grafán. Chuirtí na sciolthái i bpuill déanta san iomaire le rámhainn. Bhíodh na sciolthái i sórt máilín a bhíodh crochta thar ghualainn an t-é a bhíodh 'ghá gcur, agus sean-abhacainn ráinne a bhíodh aici – mná ba ghnáthach ag cur sciolthán – agus bhí céird ag gabhail leis an obair seo, mar ní h-é gach aoinne a bhíodh ábalta ar an poll d'aimsiúghadh gan lúbadh. Dhúntaí na puill annsan le raca gan fiacala; garsúin ba mhó a dhéineadh an obair seo. Ba mhinic a thugas féin lá ag racáil. Leathtuí an t-aoileach ar na h-iomairí agus bhogtaí na clasa le céachta gan clár, agus bhristí na cnapáin le leac cloiche a tharrainghíodh an capall ortha. Thugtaí thimcheall ceirthre chuaird de'n céachta i ngach clais d'réir buigeacht na cré. Chuirtí an chré ináirde ar na h-iomairí le sluasad; agus nuair a bhíodh na “crainn” thimcheall sé órlach ar aoirde chuirtí cré leo arís – an chéad chré agus an aith chré a ghlaodhtaí ortha, agus “ag caitheamh clas” a ghlaodtaí ar an obair sin.

Daoine ná bhíodh aon bheitidheach aca dheinidís na h-iomairí, agus bhainidís na clasa le ramhainn; acht an t-é a mbeadh talamh do phrátaí ar chíos aige bhogadh an feirmeoir na clasa dho, leis an gcapall, nach beag i gcomhnuidhe. Chuireadh daoine an t-arbhar féin le ramhainn agus sluasad fad ó. Dheinidís leapacha leathana éadroma agus dheinidís an grán d'fhoiliughadh leis an gcré as an gclais.

Deintear an obair sin go léir le capaill le fada, agus sa t-slighe atá an saoghal ag dul chun cinn is dócha go dtiocfaidh an t-am agus ní bheidh na capaill féin ag déanamh na h-oibre seo. Déanfar é go léir le meaisíní.

Is cuimhin liom go maith an chéad fear a thosnuigh ar na prátaí a bhaint amach le céachta. Bhíodh na comharsain go léir 'ghá rádh ná raibh in obair de'n t-sórt san acht scabláil. Acht in áit a chéile rinn' gach aoinne aithris air, agus ní dheintear úsáid de ramhainn anois chun prátaí a bhaint, acht nuair bheithfí ag baint na bprátaí nua i dtosach an t-saosúin, agus annsan féin spranng ba mhinicídhe a bhíonn mar uirlis aca.

Baineadh na spailpíní fad ó taibhse as ramhan, nó speal nó corrán maith a bheith aca. Bhíodh gabha dárbh sloinne do Ó h-Allaidhe in a chomhnuidhe i Ros an Aitinn ar an taobh thoir de Bhaile na h-abhann agus bhí a ainm ináirde sa dúthaigh le feabhas na rámhainní a dheineadh sé. Bhíodh “H” gearrtha ar bhrollach gach rámhainne a dheineadh sé, agus ní fheiceothá aon ramhan annso sa nGleann le linn m'óige gan an H sin a bheith geárrtha uirri. Thagadh Ó h-Allaidhe, an gabha, cúpla Domhnach roimh saosún na bprátaí a bhaint, le ualach asail de ramainní, go Baile na h-Abhann, le linn an aifrinn. Deich bpingine an ceann a bhíodh ortha, agus b'annamh a chaitheadh sé aon cheann aca a thabhairt abhaile leis gan diol. Aoinne a bhíodh chun rámhann a cheannach, bhíodh crann óg “Larch” ar na baimbéil aige ar feadh ráithe roimhe sin 'ghá fhagairt. Chuireadh an siuinéir a bata sa ramhainn agus 'sé gheibheadh sé de ghnáth mar chúiteamh ar a shaothar na dhá únsa tobac; cé nár glac Dic Ó Siadhaile na a athair roimis aon rud ó aon sclábhuidhe i dtaobh bata a

chur i rámhainn do.

Bhíodh chuid mhaith de sna sclábhuidhthe fad ó an-oilte ar fad maidir le obair rámhainne nó sluaiste. Agus níor gnáthach gurabh iad na fir mhóra cumasacha do b'fhearr chun na oibre seo. Bhíodh ainm sclábhuidhe thar barr, i mbéal na ndaoine fad ó, díreach mar bhíonn ainm gaiscidhigh a bheadh go maith chun léim a thabhairt nó meádhchant a chaitheamh nó rás a rith sa lá tá indiu ann. Bhí fear in a chomhnuidhe ar an taobh so de Bheárna an Mhadra fad ó agus bhí sé tabhartha suas do a fheabhas agus bhí sé ar obair le rámhainn nó sluasad nó speal. Dáith beag Condún do b'ainm do agus cé ná raibh sé acht thimcheall deich gclocha meádhchaint agus órlach nó dhó os cionn chúig troighthe ar aoirde, ní raibh fear sa dhá pharóiste a bhuadhfadh air ag baint phrátaí nó ag buaint.

B'iomdha captaen meithle, a bhíodh d'iarradh gaisce a dhéanamh, ar bhain Dáith an teaspach as. Bhí sé ag baint phrátaí bliadhain i bhfochair feirmeora gairid do'n Chúirt Dóighte. Bhí buachaill aimsire sa tigh agus gaiscidheach a bhí ann, agus mar is béas dá leithéid, ní luaithe bhíodar luighte isteach 'san obair ar maidin Dia Luain ná thosnuigh sé ag luighe ar an meitheal. Bhí buachaill cliathánach le Dáith beag agus bhí sé ag dul thar a acfuinn coimeád suas. Dúbhairt Dáith leis an gcaptaen cúpla uair é thógaint réidh, acht is amhlaidh a luigh sé níos déine ortha ar chloisint na cainnte seo. Acht i bhfocair a iomaire féin a bhaint bhaineadh Dáith an dá fhód cliathánach de iomaire an bhuachalla, agus bhí an bheirt aca chúig slata roimh an gcaptaen ag an gcinn fearann. Agus chun neamh nídh ar fad a dhéanamh de'n ngaiscidheach buachaill aimsire, níor bhain Dáith dhe a chótamór bréidín; mar bhí an mhaidean fuar agus d'fhág sé air í nuair bhíodar ag tosnúgadh. In fhochair sin thug sé scalladh teangan do nár dhearmhad sé ar feadh tamaill. Bhí an meitheal leath-dhíomhaoin an chuid eile de'n t-seachtmhain.

Is cuimhin liom-sa triúr sean-fhear a bheith in a mbeatha sa pharóiste seo nuair bhíos im gharsún, agus ba mhinic d'airigheas go mbídís ag obair, ag déanamh an bhóthar iarainn idir Chluainmeala

agus an Chathair. Theighdís de shiubhal a gcos go dtí an obair gach maidean agus thar n'ais gach aon oidhche, agus bhíodh os cionn seacht míle fháda i ngach turus. Trí agus raol sa t-seachtmhain a bhíodh dóibh gan bhiadh, agus d'réir mar d'airighinn ag na seandaoine bhíodh fir dhíamhaoine in a seasamh ag an obair, le súil go dtuifeadh fear amach, chun dul isteach in a ionad. Agus d'réir deallraim thuiteadh fear amach anois is arís, i dtaobh gan a bheith ábalta ar leanamhaint air; an t-ocras ba chionntach leis sin gan aon dabht. Ba chruaidh an saoghal é nuair chaith fir bochta rudaí mar sin a dhéanamh chun maireachtain a bhaint amach. Bhíodh sclábuighthe annso sa nGleann le linn m'óige a bhíodh ag baint féir rith an lae ar a bpádh, agus amuigh i Móin an Bhráca ar feadh leath na h-oidhche ag baint mhóna dhóibh féin. B'iongantach an seasamh amach a chaithfeadh a bheith i bhfear chun rud mar sin a fhulang.

Thagadh spailpíní ó Chiarraighe ag obair go dtí feirmeoirí isteach sa tuaith fad ó, agus thuiteadh amach duine nó bheirt aca a bheith ag teacht go dtí an tigh céadna ar feadh bliadhanta le linn an Fhóghmhair agus baint na bprátaí. Ní thagaidís go dtí an Gleann d'réir mar d'airighínn, agus is é mo thuairm go rabhadar stadaithe ó a bheith ag teacht nuair bhíos-sa im gharsún. Sclábhuighthe maithe do b'eadh iad d'réir deallraimh, agus bhíodar glic deas – chainnteach agus níor bhfuiris bob a bualadh ortha. D'innistí an-chuid scéalta in a dtaobh.

Tháinigh Ciarraigheach ag obair go dtí feirmeoir sa Leacain uair agus ní raibh snáithe de sna bróga air. Bhí an feirmeoir ag an aonach i lár na seachtmhaine agus cheannuigh sé peidhre nua dho. Chuir an Ciarraigheach air na bróga agus bhí sé ag siúbhal síos suas sa chistin agus é ag féachaint siar ar a shála.

"Is bhaogal liom go raghad siar ortha" ar séisean.

"Dhera ní raghaidh tú" arsa an feirmeoir "tá na bróga san ar fheabhas".

"Ní fheadar mé" arsa an Ciarraigheach 'sé mo thuairm go raghad siar ortha".

Ba fhíor do. Nuair a tháinigh an mhaidean ní raibh sé le

fághail, bhí sé imithighthe siar ar na bróga, siar go Ciarraighe,agus gan leath a luaigh tuillte aige.

Is cuimhin liom gur airigheas Risteard Ó Siadhaile ‘ghá rádh go bhfeaca sé trí fichid buanaidhe ag buaint chruitneachta i bpáirc leis na Dalthúnaig thuaidh sa sean-phóna. Le corráin a bhíodar ag buaint, agus trí pingine déag sa ló agus a ndinnéar a bhíodh dhóibh. Ba gnáthach bean ag ceangal i ndiaidh gach beirt bhuanaidhe. Bhíodh “gaoth is thirteen” mar nath ag buanaidhthe ‘sa sean-shaoghal; mar nuair a bheadh gaoth ann agus an t-arbhar aibidh b’fhuiris obair d’fhághail mar bheadh eagla ar na feirmeoirí go speallfadh sé. An Daltúnach úd a raibh na trí fichid buanaidhe aige, bhí sé lá agus scata fear ag buaint le corráin aige nuair a bhuail spailpín agus speal aige isteach sa pháirc chútha. D’iarr sé obair ar an Daltúnach agus dúbhairt sé sin leis cúpla buille a ghearradh go bhfeiceochadh sé é. Ní raibh an dara buille geárrtha aige nuair chuir an Daltúnach liuigh as:

“Stad! stad!” ar seisean “dhéanfá leath an arbhair a spealladh”

B’é siúd an chéad uair aige, fear a fheicsint ag buaint le speil, agus d’réir deallraimh mheas sé gur obair amallach í.

Nach mór an t-athrúghadh atá tagaithe ar an saoghal ó shoin. Tá an corrán agus an speal agus an t-súist imthighthe gan a dtuairisc nach beag; tá an corrán agus an t-súist imthighthe sa tslighe gur beag daoine sa nGleann a chonnaic ceann aca riamh; deintear úsáid de speal anois is arís fós chun na cinnfhearainn a ghlanadh don meaisín agus chun buaint a dhéanamh i ngort ar taobh an cnuic in a mbeadh fána ró-mhór ann don mheaisín. Agus is dócha go n-imtheochaid an meaisín capall leis mar an corrán agus an speal, agus go dtiocfaidh na gléasanna atá aca amuigh i Meirce isteach, gléasanna a gheárrfaidh agus a buailfidh an t-arbhar sa ngort

Bhíodh gabha theas ag an nGeata Dearg a raibh árd-cháil air chun corráin buainte a dhéanamh, agus is chuighe a thagadh urmhór na mbuanaidhthe a bhí i bhfuigseacht fiche mhíle dho, a mbíodh corráin nua uatha. Acht dar ndóigh dhéanfadh corrán buainte duine rith a shaoghail. Ní feachas aoinne ag buaint le corrán riamh, ná ní dóigh liom go ndéinead aoinne buaint le corrán sa nGleann lem linn, acht ba mhinic d'airigheas na sean-daoine ag cur síos ar an obair sin; agus is cuimhin liom dhá shean-chorrán mheirgacha a bheith sáighte sa díon fé rachta, i mbothán na bprátaí nuair bíos im gharsún.

Obair siúiste obair eile atá imthighthe, cé go mbíodh daoine ag bualadh arbhair le súist sa nGleann annso im chuimhne féin. Acht is fada an lá ó rinne aoinne aon bhualadh le súist sa dúthaigh seo. Ar feadh roinnt bliadhanta roimh an gcogadh mór bíodh ceannach ar shíol tráithníní; bíodh ó trí scillinge go seacht is raol an chloch air, agus ba fhóghmhar do sna daoine bochta é. Ní chuireadh na feirmeoirí i gcoinne aoinne na tráithníní "a phiocadh"- mar dheirtí- in a chuid talmhan. Ghearrtaí iad le corrán beag, i bhfad níos lugha ná na sean-chorráin buainte, agus bhuailtí le súist iad. 'Sé bualadh na dtráithníní an bualadh deireannac le súist a chonnacas.

Bhíodh na buailtheáin i gcomhair súiste bainte, agus curtha suas ar chúl an t-siminé, chun iad a thiormughadh agus a chruadhadh, ar feadh leath-bliadhna roimh ré. Stropa de chroiceann capaill a bhíodh mar gad aca, agus ní gach aoinne a bhí ábalta ar an ngadh a fhighe go ceart agus an buailtheán a chur isteach. Fad ó riamh d'réir deallraimh dheintí an gad le shlait sailighe, acht ní fheachas-sa gad den t-sórt san riamh. Beirt a bhíodh ag bualadh i bhfochair a chéile de ghnáth, agus ba dheas a bheith ag féachaint ortha, agus an t-slighe a bhídís ag bualadh gach le buille go tomhaiste, agus mar d'aistríghidís a lámha ó dheis go clé agus ó chlé go deis ar an gcolpa gan aon stad ná baint siar ar an mbuille. Bhíodh triúr ag bualadh i bhfochair a chéile leis d'réir mar dhairíghinn fad ó, cé nár chonnacas riamh é ná ni fheadar mé cionnus a dhéinidís é, agus d'réir deallraimh ní gach aon triúr a bhí in iuil

ar é a dhéanamh.

Is cuimhin liom mná a fheicsint ag cáthadh le criathar lá gaoithe, rud ná rinn' aoinne sa mbaile seo anois leis na cianta. Ní ag gach aon bhean a bhíodh an "cur criathar" chun a lóchán agus an salachar a chur go barra sa chriathar.

B'iongantach an méid cainnte a bhí in a thaobh nuair cheannuigh Seán Mór Breatnach an chéad mheaisín buailte a chonnacadh riamh sa nGleann. Ceithre chapall a bhíodh 'ghá casadh agus an chéad lá bhí sé ag bualadh leis an meaisín tháinigh urmhór na bhfear sa mbaile ag féachaint air. Ar feadh i bhfad ba dheacair aoinne d'fhághail chun an meaisín a fhriotháladh acht Micil Ó Néill amháin. Leigeadh Seán Mór an meaisín ar phádh ag bualadh an arbhair do sna comharsain agus Micil a bhíodh in a dhiaidh. Maidir leis na capaill chun é a chasadh dheinidís comharaigheacht le n-a chéile. Bhíodh leath-bharaille pórtair i ngach tigh feirmeora i gcomhair an bhualadh agus bhíodh rinnce ag buachaillí agus na cailíní na h-áite ar feadh leath na h-oidhche. Ní deintear aon bualadh le meaisín capall anois. Táid imthighthe mar an t-súist agus an corrán agus an criathar.

Leath mhíle síos ó Bhaile an Droichid tá fothrach sean-thighe ag cúinne an bhóthair ar do dheis ag dul síos. Fear ar a nglaodhtaí Peaidí Séibhín a bhí in a chomhnuidhe annsan fad ó. Siuinéir do b'eadh é acht ní dheineadh sé aon obair eile acht a déanamh meaisíní cáithte agus meaisíní adhmuid chun teine a shéideadh. Dheineadh sé na meaisíní seo do'n cheanntar ar fad. Bhí ceann de sna sean-mheaisíní cáithte a rinn' sé sa scioból againne ar feadh bliadhanta, agus ba iomdha uair a chloig a chaitheas 'ghá casadh nuair bhímís ag cáitheadh an arbhair nuair bhíos im gharsún. Rinn' Peaidí Séibhín an meaisín seo dhúinn taréis do'n ceann a bhí again roimhe sin a dhóghadh, nuair chuir m'áintín Máire an scioból trí teine.

Acht chomh maith leis an roilleán agus an criathar tá an meaisín cáithte imthighthe gan a thuairisc anois; b'fhéidir go mbuailtheá le ceann dá shean-iarrannaí imeasc na neanntóg

Ag claidhe na h-iothlann. Na gléiseanna atá aca anois buaileann said agus cáitheann said an t-arbhar i bhfochair a chéile. Is fíor go bhfuil an saoghal ag dul chun cinn gach aon lá, acht I slíghe éigin is dóigh liom go raibh sé ní ba shocara agus ní ba shimplídhe nuair bhíos-sa óg, sar a cheapadh na treallamha so go léir chun obair feirme a dhéanamh.

Tá fothraigh ceithre cinn de sean-thornóga annso sa nGleann in a mbítí ag dóghadh aoil fad ó, cé ná fuil aon chloch-aoil le fághail I bhfuigseacht cheithre mile dhúinn, mar is cloch-ghainímhe ar fad atá fé Ghleann Chárthainn. Thugtaí an chloch-aoil aníos ó'n gcoiréal atá thimcheall mile go leith ó thuaidh ó Bhaile an Droichid. Chuirtí cuid mhór aoil ar an dtalamh le h-aghaidh cruithneachta sa tsean-aimsir.

Rud eile a dheinidís an uair úd ná deintear anois – fóid a threabhadh i gcinnfearann na páirce agus iad a thiormúghadh agus a dhóghadh agus an luaith a leathadh ar an bpáirc; nó bhaintí screath éadrom de'n pháirc ar fad agus iad a dhóghadh agus an luaith a chur amach mar leasúghadh. "Béiteáil" a ghlaodhtaí ar an obair seo, agus is do chruithneacht a dheintí é I gcomhnuidhe. Tá páirc linne annso i Lios na Faille agus tá "An bhéiteáil" fós mar ainm uirri, agus tá an ainm chéadna ar pháirc le Búrcaigh na Mónach Buidhe.

Prócaí Óir

Is iongantach an méid scéalta a bhíodh aca fad ó thimcheall ar dhaoine a fuair prócaí óir fé thalamh. Nuair bhíos im gharsún ba iomdha scéal d'airígheas ag Liam Beilbí annso ar ár dteinteán féin, ag cur síos ortha, agus d'réir na scéalta úd níorbh obair gan duadh ceann de sna prócaí úd d'fhághail. Ar an gcéad dhul síos chaithfá taidhbhreamh a dhéanamh trí oidhche i ndiaidh a chéile; annsan nuair rahgfá go dtí an áit, a thaidhbhruíghis go raibh an t-ór curtha sa talamh; ní dóichíghe nó go mbeadh sprid ag tabhairt aireachais do; mar an t-é do chuir an t-ór i bhfolach, ba ghnáthach leis duine eile a chur fé mionna agus fé mhóide aireachas a thabhairt do beo agus marbh. Mar sin a bhíodh sé ag na sean-daoine go h-áirmhithe. Agus bhí deacracht eile sa ngnó is ins an oidhche chaithfá dul 'ghá chuardach.

Tá páirc le Seán Mór Breathnach a bhfuil lios i gcúinne dhi agus is é ainm atá ar an lios ná Lios an Óir. Bhí sé ráidhte i gcomhnuidhe, agus tá daoine sa nGleann fós a chreideann é, go bhfuil ór curtha i bhfolach sa lios san. Bhí scéal ag Liam Beilbí agus ag a thuille de sna sean-daoine fad ó, gur chuaidh triúr fear go dtí an lios oidhche ar lorg an óir. Bhí sagart, a bhí as éide sa nGleann an uair úd, agus thugadar leo é. Bhí soillse aca agus thosnuigheadar ag tochailt sa lios agus an sagart láimh leo agus é ag léigheamh. Ba ghairid gur aireaghadar mar a bheadh tarbh ag déanamh ortha treasna na páirce agus é ag búithreadh, agus chonnacadar mar bheadh conairt de ghadhair mhóra dhubha mór-thimcheall ortha agus lasair in a súile, agus iad go léir ag drannghail. Theitheadar le n-a n-anam. Ghlaodhaigh an sagart ortha an fód do sheasamh, nár bhaoghal dóibh, acht níorbh aon mhaith dho. Níor chuaidh aoinne riamh ó shoin ag lorg an óir go dtí an Lios.

Ba mhinic d'airigheas fad ó go raibh cuid mhór óir i bhfolach in áit éigin sa Chnoc Dubh. Na “Danes” a chuir i bhfolach é, roimh dul sa chogadh dhóibh. Níor chas aoinne beo aca, agus tá an

t-ór ann fós. Fé charraig dhuibh a bhí an t-ór d'réir na sean-daoine. Nuair a bhínn féin ag fiadhach coiníní nó ag lorg caorach ar an gcnoc bhíodh mo shúil ináirde agam ag féachaint a bhfeiceóchainn an charraig dhubh úd. Acht mo léan! Níor eirigh liom riamh.

Tá scéalta i dtaobh ropairí nó “Highway men”, a chuir ór i bhfolach, le clos ar fuaid Éireann go léir. Bhíodar annso sa nGleann leis. Bhíodh an rud céadna ins na scéalta go léir – an ropaire ar an gcroich ag tabhairt gaoth an fhocail dóibh siúd a bhíodh láithreach cá raibh an t-ór, a robáil sé, i bhfolach.

Bhí ropaire 'ghá chrochadh i gCathair Chorcaighe, agus sar a crochadh é d'iarr sé de'n chóithionól a bhí bailighthe ann, an raibh aoinne láithreach ó Dhúthaigh Déise. Ní raibh aoinne acht an crochadóir, agus ní raibh uaidh cúntas cruinn a thabhairt do san; acht dúbhairt sé “Ta buatais lán d'ór i Réidh na nGabhar, agus bosca lán d'órnáidí óir is airgid i nGleann na Faille.” Tá Gleann na Faille gairid dúinn annso, agus tá réidh linne a nglaodhtar Réidh na nGabhar uirri fós. Bhí Liam Beilbí deimhinneach gur do'n dá áit sin sa chomharsanacht so a bhí an ropaire ag tagart; acht dá mb'eadh féin, bheadh sé fuar ag duine na folacháin úd d'aimsiughadh gan eolas níos cruinne ar cá rabhadar curtha i bhfolach. Is dóigh liom go mbíodh Liam ag tnúth go dtaidhbhreóchadh sé oidhche éigin cá raibh an t-ór agus na h-órnáidí úd. Bhíodh m'áintín Máire ag magadh fé, agus dheireadh sí gur bhaoghalach ná raibh an t-ór chomh fairsing san aca fad ó is go mbídís 'ghá chur i bprócaí sa talamh. Ní rabhas acht im gharsún ag dul ar scoil nuair d'airigheas na h-eachtraí seo ag Liam Beilbí. Bhí sé chomh tabhartha do a bheith ag cur síos ar phrócaí óir agus bhí Risteard Ó Siadhaile do a bheith innsint scéalta i dtaobh sprideanna. Bhíodh sé ag tnúth leis, go bhfaigheadh sé greim ar chluthracán uair éigin, agus go gcuirfeadh sé d'fiachaibh air “sparán na scillinge” a thabhairt do. Bhí draoidheacht ar an sparán so agus gach aon uair d'oscaileochá é bheadh scilling istig ann. Acht níor eirigh riamh le Liam bocht taidhbhreamh a dhéanamh ar cá raibh an t-ór, ná greim d'fághail ar chlutharacán. Aon scilling a bhí aige i rith a saoghail tuill sé go cruaidh í.

Bhí tor mór sceithe ag fás i réidh na nGabhar, a bhí ann d'réir deallraimh leis na cianta. Is cuimhin liom maidean nuair chuadhas féin agus Seán MacCraith amach sa réidh fé dhéin ualach easrach, go raibh an talamh ar feadh cúpla slat ar leithead mór-thimcheall na sceithe romhartha. Bhí na fóid agus an chré curtha thar n-ais arís, acht d'réir deallraimh rinneadh poll mór, agus bhí níos mó ná aoinne amháin ag gabhail do'n obair.

Níor fhuaireamar amach riamh cé a rinn' an tochailt, ná cad a fuaireadar, mar is deimhinneach gur ag lorg an óir sa mbuatais a bhíodar. Níor thugamar fé ndear aon deallramh mór-shaidhbhris ar aoinne sa chomharsanacht; dá son san is ró – dheallramhach gur saothar in aistear a bhí aca súd a rinn' an tochailt ag an sean-thor sceiche i Réidh na nGabhar.

Oidhche agus cuid againn ag cuardaidheacht i dtigh Shiadhaile d'innis sean-Risteard scéal i dtaobh muinntir Dhomhnaill Chrosaire na Cille. Dúbhairt sé gur ag a athair d'airigh sé an scéal fad ó. Bhí na Domhnallaigh in a gcomhnuidhe ar dtúis i Leaca na Raithiníghe ar taobh an chnuic thuas. Ní raibh an talamh acht leath-chuíbheasach le h-aghaidh barraí mar bhí sé ró-fhada suas ar chliathán an t-sléibhe, acht bhíodh cuid mhór caorach ar an sliabh aca, agus is asta a dheinidís a maireachtain.

Bhíodh sé ag na daoine san am úd go raibh ropaire 'ghá chrochadh thíos i gCathair Phortláirge agus gur labhair sé ó'n gcroich leis na daoine a bhí bailighthe ann, agus dúbhairt sé leo go raibh cuid mhór airgid i bhfolach ar shléibhte Shliabh gCua le h-ais carraige a raibh crúdh capaill geárrtha amach uirri.

Bhí garsún óg in aimsir ag muinntir Dhomhnaill agus bhíodh sé ag aoraidheacht na gcaorach ar an sliabh gach aon lá. An lá so agus é ag ithe a dhinnéir dúbhairt sé go raibh sé in a shuidhe ar charraig ar an gcnoc agus gur thug sé fé ndear mar a bheadh crúdh capaill geárrtha amach ar a cliathán. Níor leig pé de sna Domhnallaigh a bhí láithreach dada ortha, mar d'réir deallraimh níor airigh an garsún riamh i dtaobh

cad dúbhairt an ropaire mar gheall ar airgead a bheith i bhfolach in aice carriage dá leithéid. Ar na bháireach bhí an buachaill ag aoraidheacht ná gcaorach mar ba ghnáthach amuigh ar an sliabh; bhuail fear an tighe chuige agus bhíodar ag cainnt ar feadh tamaill nuair d'fiarfruig sé de'n mbuachaill, dáltha chuma leis, cá raibh an charraig a raibh an crúdh capaill gearrtha amach uirri. 'Sbáin an buachaill an charraig do. Leath-bliadhain in a dhiaidh san thug an Domhnallach an oiread airgid do'n mbuachaill agus a thug go Meirice é, agus gairid in a dhiaidh san cheannuigh na Domhnallaigh an fheirm ag Crosaire na Cille. Ní fheadar cioca fíor nó bréag an scéal so, acht más fíor é agus gur rinneadh leathchuma ar an ngarsún ní raibh mórán de'n rath ar na Domhnallaigh dá bharra, mar níor bhuan a sliocht sa bhfeirm a cheannuigheadar. D'imthigh leigheadh an chúbhair ortha agus níl aoinne a bhain leo sa nGleann le fada de bhliadhanta.

Bhíodh “Highwaymen” ag robáil ar an mbóthar uaigneach thar na sléibhte taobh theas de Bharra an Bhealaigh fad ó. Sin í an chúis gur tógadh an bhearraic do sna “pílears” ag bun an Bhealaigh. Ba chuimhin lem sean-athair na “pílears” a bheith ann. Bhí Cruthúr Garbh agus a bhean in a gcomhnuidhe sa sean-bhearraic le linn m'óige agus tá an fothrach ann fós. D'airigheas an scéal so go minic i dtaobh rud éagsamhail a thárla i límisteireacht na h-áite sin fad ó . Bhí fear de mhuinntir Ghráda a raibh feirm bheag talmhan aige in a chomhnuidhe thíos gairid do'n sean-phóna agus ní raibh sé acht ag stracadh leis an saoghal. Bhí “decree” air i dtaobh gan an t-sraith a dhíol, agus fuair sé “gaoth an fhocail” go raibh an sirriam ag teacht an lá so chun aon rud a gheobhadh sé ar an talamh a thógaint i ngeall ar pé méid a bhí in a choinne. Ní raibh aige acht bó agus sean-chapaill. Chuir sé an bhó ar thalamh duine de sna comharsain agus chuaidh sé amach go Móin an Bhráca leis an gcapall fé dhein ualach móna. Tá Móin an Bhráca ar an taobh thoir de'n mbóthar ag barra an Bhealaigh. Bhí an mhóin sábháltha aige agus déanta suas i gcorcóga aige, acht nuair rangaidh sé ag an bportach cad a chídhfadh sé acht na corcóga leagaithe agus na fóid móna

scaipithe soir siar ar an dtalamh. Ní raibh in a seasamh acht dhá ceann de sna corcóga go léir.

“Is dóch'” ar seisean leis féin “ an t-é a mbíonn an mí-ádh ar maidin air bíonn sé 'air um thráthnóna”.

Ní bhfaghadh sé a thuigsint cad in a thaobh a leagfadh aoinne na corcóga móna air, mar ní raibh a fhios aige gur thug sé cúis riamh d'aoinne a bheith in a choinne. Bhí fearthainn throm ann an oidhche roimhe sin agus bhí an mhóin a bhí scaipithe fliuch. Dá son san chuaidh sé ag líonadh an ualaigh as ceann de'n dá chorcóig a bhí in a seasamh. Ní raibh mórán fód curtha ináirde aige nuair fuair sé sean-stoca mná agus rud éigin trom istig ann. Is é a bhí istig sa sean-stoca ná ceithre fichid sobhran óir. Ní raibh lá bocht aige as san amach. Is deallramhach go robálaidhe éigin a chuir an t-airgead i bhfolach i gceann de sna corcóga móna, agus nuair chuaidh sé fé n-a dhéin in a dhiaidh san ní raibh sé ábalta ar an gcorcóg cheart d'aimsiúghadh i ndoircheadas na h-oidhche. Níor thug sé fé ndear an dá cheann d'fhág sé in a dhiaidh.

Is cuimhin liom go raibh Micil Mhártain 'ghá innsint dúinn i dtigh Shiadhaile oidhche, nuair bhíodar ag cur síos a phrócaí óir agus rudaí mar sin, go raibh sé féin ag leagaint sean-chlaidhe a bhí leis an ngáirdín bliadhanta roimhe sin agus go bhfuair sé scilléidín iarrainn lán de phlaoscáin seilthidhe istig i lár an chlaidhe ag a bhun. Dhoirt sé amach na plaoscáin agus chaith sé an scilléidín ar leath-taobh mar bhí sé lán de mheirg agus mheas sé ná raibh aon mhaith ann. Acht nuair chuaidh sé amach ar maidin ar na bháireach chun leanamhaint de'n obair ní raibh rian de'n scilléad ná de sna plaoscáin le feicsint in aon áit. Dúbhairt Risteard le Micil ghur chaill sé a sheans, gur ór fé dhraoidheacht a bhí sa scilléad agus dá dtabharfadh sé isteach fé fhrathacha an tighe é go ndéanfadh ór dílis de sna plaoscáin seilthide.

An bhliadhain a phósas bhíos ag treabhadh i bPáirc a Leasa agus chonnachas ar an bhfód agus é 'ghá iompódh dhá fhainne

bheaga. Stadas na capaill agus phiocas suas iad. Bhí an dhá fháinne thimcheall trí ceáthramhna órlaigh treasna, agus thimcheall chomh tiugh le cois pinn. Ní raibh na fáinní dúnta go dlúth isteach le chéile; bhí thimcheall leithead dubh d'iongan de bheárna i ngach ceann aca. Nuair a chimiligheas iad shíleas gur prás a bhí ionnta; acht nuair a 'sbáineas do Sheán MacCraith iad b'é a thuairm gur ór iad leis an meádhchant a bhí ionnta. Bhí sé ag cúr a uaireadóir 'ghá dheisiughadh tamall in a dhiaidh agus thug sé an dá fháinne leis go dtí an Baile mór agus 'sbáin sé do'n seodóir iad. Thriail sé sin iad agus dúbhairt sé gur ór glan a bhí ionnta agus gur bhfiú thimcheall chúig phúint an dá cheann aca. Bhíos ag innsint in a dtaobh do Liam Tóibín an maighistir scoile tamall in a dhiaidh san, agus dúbhairt sé gurabh é tuairm lucht eolais maidir le rudaí mar sin, gurabh é an rud fáinní de'n t-sórt san ná an t-airgead a bhíodh aca in Éirinn trí mhíle bliadhain roimh Críost. Dúbhairt se leis gur dóchaíghe é go raibh a thuille aca san áit a fuaireas an dá cheann, mar go bhfuaireadh folacáin díobh annso is annsúd ar fuaid na h-Éireann. Má tá folachán de'n t-sórt san i bpáirc an Leasa ní bhfuaireas riamh ó shoin é, cé go mbíodh mo shúil go géar ar an bhfód aon uair i rith na mbliadhanta a bhínn ag treabhadh san áit a cheapas a fuaireas an dá fháinne. Thugas ceann aca do Liam Tóibín agus chuir an seódóir biorán sa cheann eile dhom mar “bhróits” do Shibéal. Tá sé agam fós sa mbosca thíos ins an seombra.

Bhádhadh Sheáin de Barra

Bhíomar thíos in innse an Bhreathnaigh tráthnóna áluinn Domhnaigh sa Meitheamh. Bhí scata de bhuachaillí an bhaile ann agus cúigear nó seisear ó'n taobh thuaidh de bhaile an droichid. Bhí an maighistir Tóibín ann in ar bhfochair agus é ár gcur ag rith rásanna agus ag cleachtadh cleasa gaisce mar ba gnáthach. Thuiteamar cortha de'n rith agus de'n léimrigh is eile, agus dúbhairt duine éigin nár bhreagh an rud dul ag snamh sa Pholl Fhada. D'fhan triúr nó ceathrar garsún ag gabhal ag léim an cuaille agus d'imthig an chuid eile againn suas port na h-abhann go dtí an Poll Fada, sa taobh thuas de'n dara innse leis an mBreathnach. Sa Pholl Fhada nó i bPoll na Culmhónach ba gnáthach leis na buachaillí fásta dul ag snámh. Theigheadh na garsún scoile ag snámh i bPoll an Easa gairid d'ár dtigh-ne annso, de ghrádh a bheith ag seasamh fé'n eas is dócha, agus i dtaobh gan an poll a bheith doimhin. Ní bhíodh cheithre troighthe uisce san áit ba dhoimhne dhe.

Tá an Poll Fada timcheall tri fichid slat i bhfaid. Sa taobh thuas de tá an port thimcheall sé troighthe os cionn leithbhéal an uisce agus é síos díreach, ach ísligheann sé dréir mar theigheann sé síos leis an sruth go dtí ná fuil sé sa taobh thíos de'n pholl, ach thimcheall cúpla troigh os cionn an uisce. Tá os cionn deich troighthe uisce sa leath thuas de'n pholl, acht as san síos is féidir seasamh ann. Tá rith maith leis an uisce ann, agus aoinne a léimfeadh amach sa cheann thuas de'n pholl dá mbéadh aon bhuille snámha ar aon chor aige thabharfadh an t-uisce leis síos é go dtí an áit gur bhféidir leis seasamh. Dá shon san ba bhreágh an áit é chun snámh d'fhoghluim. Ni bhéadh uait acht é a bheith de mhisneach agat léim a thabhairt amach san uisce; níor ghádh duit an beartán feileastrom fé'd bhrollach ná go dtabharfadh aoinne géilín duit. Bhíodh na buachaillí móra ag gríosadh na mbuachaillí beaga léim isteach; bhíodh cuid aca a dheineadh é agus a thuille dteipeadh ar a misneach. Tá a bhuidheachas san agam-sa ar an bPoll Fada

snámh chomh maith san a bheith agam, mar b'ann a d'fhoghluimígheas é ar dtúis.
Chaithfá snámh a dhéanamh sa Pholl Fhada acht gheabhthá a bheith ag dul amach i bPoll an Easa go deo gan buille snamha d'fhoghluim, mar bheadh agat seasamh i ngach aon phioc de.

Bhí snámh maith ag urmhór buachaillí an Ghleanna agus snámhaidhthe an-mhaith do b'eadh an Tóibíneach agus Seán Báróid; agus b'é an t-aon rud amháin go rabhas go maith chuige, cé ná rabhas riamh chomh maith leis an mbeirt atá ainmithe agam.

Shiúbhalmar linn suas port na h-abhann agus nuair a rangamar ag an bPoll Fada shuidheamar síos ar an bport agus thosnuigheamar ag baint dínn. Ní bhíodh aon chulaith snámha againn an uair úd; theighimís amach mar rugadh sinn, agus taréis teacht isteacht dhúinn rithimís thimcheall na h-innse chun sinn fein a thiormughadh. Ní bhíodh aon tuaillí againn.

Bhí beirt nó triúr tar eis léim amach agus bhios féin im shuidhe ar an bport agus gan orm acht mo bhríste. Bhí Seán de Barra ó'n gCúil Cluthmhair ag baint de, taobh liom, agus nuair bhí sé réidh bhain se fíoghar na croise de féin agus thóg se cúpla ciscéim de ruthag agus síos leis fúm ar mhullach a chinn. Bhíos ag féachaint air ag dul síos fé uisce go tóin puill. B'ait liom an fhaid a bhí sé ag fuireach fé uisce acht níor rith dada liom. D'imthigh nómant nó mar sin ag ní raibh sé ag déanamh aon iarracht ar eirighe aníos. Liúghas ar Sheán Tóibín go raibh Seán de Barra thíos i dtóin puill gan cor as agus chaitheas díom mo bhríste agus síos liom féin. Bhíos ag cur mo lámha
fé chun é d'árdacht nuair tháinig an Tóibíneach ar an taobh eile dhe ar chongnamh dhom. Tógamar aníos é eadrainn agus thugamar síos é go dti an áit mar a raibh an port íseal agus thóg na buachaillí a bhí ar an bport uainn é. Cé ná raibh sé trí nómant fé'n uisce bhí sé sínte annsúd gan méam ann agus gach deallramh air go raibh sé caillte.
Bhí eolas ag an maighistir Tóibín cionnus duina a bheith leath-bháidhte a thabhairt chuige féin, acht cé gur fhan an obair air ar fead isteach is amach le uair an choig níorbh aon mhaith d'o é. Bhí fios curtha ar an sagart agus ar an dochtúir agus ar

athair Sheáin. An dochtúir is túisce a tháinigh agus taréis é a fhéachaint dúbhairt sé ná beadh dada le déanamh aige féin do dá mbeadh sé ann láithreach bonn, mar nach amhlaidh bádhadh ar aon chor é ; bhí sé ró-the nuair léim sé isteach san uisce fuar, agus leis an turraing a fuair sé stad a chroidhe. Nuair tháinig an sagart chuir sé an ola air; agus bhí truagh againn go léir dá athair nuair a tháinigh sé agus chonnaic sé a mhac sínte annsúd fuar marbh.

Thugadh an corp ar dhoras suas go scioból Sheáin Mhór. Ba shin nós a bhí ann fad ó, aoinne a gheibheadh bás taobh ismuigh dá thigh féin ní thugtaí isteach in a thigh féin é chun é a thórramh. Bhí coiste air ar na bháireach agus b'é Seán Mór Breathnach an fear tosaigh a bhí ortha. Chaitheamar go léir fínnéidheacht a dhéanamh i dtaobh cad a thuit amach. B'é tuairm an choiste ná raibh ann ach teipigint agus ná raibh aon mhilleán le cur ar aoinne. Mholadar Liam Tóibín agus mé féin i dtaobh a rinneamar d'iarraidh é a shábháil.

Buachaill breagh dathamhail do b'eadh Seán de Barra, buachaill ná raibh dada le rádh ag aoinne in a thaobh acht gach aon rud dá feabhas. Ní raibh sé ar éigin fiche bliadhain nuair bádhadh é, cúpla bliadhain níos sine ná mé féin. B'é a rinn' an scéal níos brónaighe ná gurab é an t-aon mhac a bhí ag a athair, cé go raibh cúigear ingean aige. D'réir d'airighínn ag na daoine ba mhian le Seán a bheith in a shagart, acht ní bhéadh a athair sásta leis sin, ó ná raibh aon mhac eile aige. Dúbhairt sé ná faigheadh sé déanamh gan é, acht chaith sé déanamh gan é anois.

Ar feadh i bhfad in a dhiaidh san ní bhfaghainn bás Sheáin de Barra a chur as mo cheann. Bhíos óg gan mórán eolais agam ar thubaistí an t-saoghail; b'é an chéad uair agam bás obann d'fheicsint agus bhain sé an-fheannc asam. Ba dheacair é thuigsint, buachaill breagh groidhe, lán de spleodar agus de mhisneach a bheith curtha de'n saoghal in a lán neart taobh istigh de chúpla nómant, agus a bheith caithte annsúd in a chorp gan anam, agus chomh gairid sin d'aimsir ó bhí sé an t-é ba shultmhara dínn go léir.

Is neamh-bhuan gan aon agó léas an duine ar an saoghal so.

De’n ochtar a bhí ag an bPoll Fada an tráthnóna úd fad ó níl duine beo fágtha acht mé féin. B’é Seán de Barra an chéad duine dínn a ghlaodaigh Dia air. D’imthigh an chuid eile in a nduine is in a nduine i rith na mbliadhanta, agus nuair dhéanfá machtnamh air, ní fiú biorán, seachas an t-síorraidheacht, an seal aimsire idir imtheacht an chéad duine agus an duine deireannach – ‘sé sin mé féin pé fhaid a mhairfead.

Ní dóigh liom gur chuaidh aoinne ag snámh sa Pholl Fada riamh ó shoin, mar roinnt bliadhanta i ndiaidh na bliadhna san ar bádhadh Seán de Barra, bádhaidh Pilib Ó Muirgheasa é féin san áit chéadna. Is fuiris a thuigsint nár mhaith le aoinne dul ag snámh ann as san amach.

Peaid na Brídíghe

Is dócha go bhfuil daoine aite le fághail i ngach aon áit. Bhí daoine aite sa nGleann annso le linn m'óige agus tá daoine aite le fághail ann fós, agus is dócha go mbeidh le fághail ann go deo. Agus ní sa t-slighe chéadna a bhíonn aon bheirt aca ait acht “gach aoinne agus a shlighe bheag bhréan fhéin aige” mar dheireadh Peaid na Brídighe; agus b'é Peaid féin an mac seo ba ghreannmhara dhíobh go léir, agus dá ndearfainn é, an duine ba ghreannmhara a bhí riamh sa cheanntar. Dá bhfaighinn cuímhneamh agus cuir síos a dhéanamh ar iomlán na n-eachtraí d'airigheas in a thaobh, bheadh lán leabhair agam gan aon rud eile a chur leis.

Ní raibh tigh ná tígheas ná duine beo a bhain leis, ag Peaid bocht. Bhí sé in a fhear lúthmhar láidir dathamhail agus cé go raibh an aois ag luighe air nuair is cuimhin liom-sa é, bhí sé chomh díreach le fuip, agus ní bhrisfeadh sé ubh fé n-a chosa bhí a shiúbhal chomh éadtrom san. Nuair ba thoil leis é, bhí ann lá oibre a dhéanamh le ramhainn nó sluasad chomh maith le aon fhear sa pharóiste, acht ní raibh aon sprioc ann, maidir le dul chun cinn sa saoghal. An fhaid agus bheadh cuid an lae indiu aige de lón agus de shult, ba chuma leis sa donas mar gheall ar an lá i mbáireach. Ní raibh dada eile sa saoghal ag déanamh tinnis do acht gleo agus caitheamh aimsire. Aon áit i bhfuigseacht deich míle dho a mbeadh cóithionól bailighthe, ba chuma 'd'e'n chúis, é, beadh sé ann. Raghadh sé chúig mhíle slighe go rinnce nó tórramh.

Fad ó nuair bhíodh daoine ag dul go Meirice ba ghnáthach rinnce sa tigh go maidin. Bhíodh leath-bharaille pórtair ann agus té agus tabhairt amach, agus b'fhéidir an costas ag teastáil go géar i slighe éigin eile. “American Wake” a ghlaodhad na Béarlóirí ortha, agus go deimhin ba brónaighe ná aon tórramh iad go minic, nuair a bhíodh an deóraidhe ag fagáint slán ag a mbíodh ann ar theacht na maidne; agus ba ró-mhinic gur imtheacht gan casadh a bhí i ndán do'n deóraidhe céadna.

Ní bhíodh “American Wake” sa dá pharóiste ná bhíodh Peaid na Brídighe ann, agus bhíodh fáilte roimis i gcomhnuidhe, mar ní raibh dul de, chun

babhta rinnce a dhéanamh, nó amhrán a rádh i nGaoluinn nó i mBéarla; agus bhíodh sé ag imirt cheoil do sna rinnceoirí, mar píobaire agus bheidhleadóir thar barr do b'eadh é. Ní bhíodh aon úirlis ceoil dá chuid féin aige acht feadóg mhór- agus ba bhreágh an ceol a bhaineadh sé aiste- mar ní raibh luach píbe na bheidhlinne dá chuid féin, riamh aige. Dheirtí go gceapadh sé céimeanna nua rinnce; agus cheangaluigheadh sé cloigíní, mar na cloigíní is gnáthach ar [culait] gléas capaill a bhéadh fé cairréiste, cheangaluigheadh sé ceann aca ar gach sáil leis, nuair a bhíodh sé ag rinnce mar adhbhar áibhéise agus magaidh.

Is cuimhin liom maidean agus mé ag dul ar scoil, nuair a thángas amach ar an mbóthair mór thíos ag ceann an bhóithrín, chonnacas Peáid na Brídighe ag siúbhal síos an bóthar romham agus é ag imirt ''Ó Domhnaill Abú'' ar an bhfeadóig- ar a naoi a chlog ar maidin!

Bhi sé ag baint phrátaí bliadhain ag Dómhnall Ó Lonnargáin na Mónach Buidhe, é féin agus beirt nó triúr eile. Fear an-dhiadhanta do b'eadh Dómhnall agus taréis a gcoda istoidhche Dia Luain chaith a raibh sa tigh, an meitheal is eile, dul ar a nglúine agus an choróinn Muire a rádh. An lá in a dhiaidh sin san nuair bhí an dinnéar ithte arsa Peaid:

"A Dhomhnaill ó tháimíd go léir annso i bhfochair a chéile ná fuil sé chomh maith dhúinn an 'Rosary' ag rádh anois agus gan a bheith in ár gcoimeád anocht.''

Acht ní raibh Dómhnall toilthinneach glacadh leis an réidhteach so ar an scéal, mar chuirfeadh sé isteach ar bhaint na bprátaí. Níor fhan Peaid leis an gCoróinn Mhuire aon oidhche eile.

Chuaidh sé go Meirice trí h-uaire. B'fuiris dul ann an uair úd mar bhí an phasáisteacht an-shaor, cúpla púnt nó mar sin. Ní thugadh sé fios d'aoinne go mbíodh sé ag imtheacht acht éalódh leis i ngan fhios, gan faic acht a mbíodh ináirde air. Chasadh sé arís sa t-slighe chéadna agus ní mórán de fheabhas ná de shlacht a bhíodh air tar éis a aistir. D'réir na gcúntaisí a thagadh anall, ní mórán oibre a dheineadh sé thall acht ag imirt cheoil agus ag déanamh spóirt díreach mar bhíodh sé ag baile.

An uair dheireannach a bhí sé i Meirice, chuir áithleoir éigin cúntas abhaile go raibh sé tar éis bháis. Chuireadh fé ghuidhe an phobal é i

séipéal Bhaile na h-Abhann.

Bhí sé féin agus Micil O Néill an-mhuinnteardha le n-a chéile. Chaith Micil a shaoghal i dtigh Sheáin Mhór Breathnach agus bhí seombra codlata aige ar an lochta a bhí ar an scioból. Ba mhinic a chodailigheadh Peaid i bhfochair Mhicil ann. Cúpla seachtmhain nó trí tar éis cúntas bháis Pheaid a teacht ó Mheirice, bhí Micil O Néill ag teacht abhaile thimcheall uair an mheadhon oidhche. Lá saoire a bhí ann agus d'fhan sé déanach i dtig thábhairne Mhairtí ag Baile an Droichid. Nuair a tháinig sé isteach sa macha chlois sé an ceolináirde sa seombra codlata, ceol feadóige, agus d'aithin seo ó'n bport agus ó'n tslighe a bhíodh [bhítheas] 'ghá imirt gurab é Peaid na Bridíghe a bhí ann. Fear misneamhail do b'eadh Micil agus ní bheadh eagla air roimh a dhuine muinnteardha cioca beo nó marbh do. Nuair chuaidh sé leath-slighe suas an dreimire go dtí an seombra labhair sé:

'B'é Peaid athá ann?' ar seisean.

"Maiste! 'sé a Mhicil" arsa an fear istigh.

"Beo nó marbh a Pheaid" arsa Micil.

"Maiste! beo a mhic ó" arsa Peaid.

Ba bhreágh le Peaid éadaighe éagsamhla a bheith air fiú amháin nuair bhí sé aosta. Thugadh Liam Tóibín, an maighistir scoile, brístí glún agus stocaí fada agus bróga íseala dho a bhíodh caithte ar leath-taobh aige féin. Thimcheall comh-aoirde a bhíodar agus d'oireadh ná rudaí seo go maith do Pheaid; agus pé áit a thagadh sé suas leo bhíodh bheastanna cabhlach dearga nó uaithne, nó de dhath éigin neamh-choitchianta mar sin, air i gcomhnuidhe, agus cnaipí greanta dá réir ionnta. Ní fhéacuigheas riamh é gan cleite as earball péacóige fé ribín a hata aige. Bhíos féin i gCathair Phortláirge uair le muca ramhra agus chonnacas carn de shean-hataí i bhfuinneog siopa ar an gCé ar raol an ceann. Cheannuigheas leath-Charoline liath agus thugas abhaile go dtí Peaid é; bhaineadh sé ard-thaidhbhse as, ag dul go dtí an t-aifreann gach aon Domhnach.

Bhíodh fear ag teacht ag díol éisc go Baile na h-Abhann, é fein agus a bhean. Níor airigheas riamh ortha acht Seán an Éisc agus Máire an Éisc. Ní cuimhin liom 'chad é an t-sloinne a bhí ortha.

Thagaidís ó Dhúngarbhán leis an iasc agus bhídís i mBaile na h-Abhann le linn an aifrinn ar maidin Dia Domhnaigh. Fear contrálta, crosta do b'eadh Seán an Éisc agus bhíodh sé ag éad le n-a bhean-céile, agus níor mhaith leis go labharfadh sí amháin le aon fhear eile. Bhíodar Domhnach i mBaile na h-Abhann ag díol an éisc, agus roinnt daoine bailighthe thimcheall ortha, agus bhí Peaid na Bhrídighe in a measc. Thosnuigh sé ag cainnt go bladarach le Máire, agus ag déanamh suilt léithe, d'aon ghnó chun a fear d'árdacht. Bhrúghaidh Séan fé ar feadh tamaill, acht bhris ar an bhfoigne aige sa deire, agus sar a raibh uain aige ar é féin a chosaint bhí Peaid buailte aige treasna a aghaidh leis an gclár a bhíodh mar shuidheachán treasna na trucaille. Chuireadh fiaradh ar shrón Peaid, agus nuair bhí sé ag teacht abhaile ó'n aifreann chuaidh sé isteach go tigh an t-siuinéara, agus chuaidh sé go scathán, a bhí ar crochadh ar falla na cistine d'iarradh a shrón a dhíriúghadh.

''B'fhuil sí díreach anois a Risteird ?'' a dheireadh sé; agus nuair dheireadh Risteard ná bíodh sí díreach theigheadh sé go dtí an scathán arís. Bhíodar araon sásta sa deire go raibh an t-srón dirighthe arís, agus chaith Risteard an riaghail a chur léithe chun Peaid a shásamh. Acht is deallramhach nár fan sí mar sin, mar as san go lá a bháis bhí srón Pheaid rud beag fiar-sceobhach.

Ba ghnáthach leis píopaí neamh-choitcianta a bheith aige. Píopaí cailce a bhíodh ag urmhór lucht caithte tobac sa tuaith an uair úd; acht píopa adhmuid a bhíodh ag Peaid i gcomhnuidhe agus ornáidí agus giuirléidí dá chuid féin air-clúdach ait agus slabhra práis air agus mar sin. Dheineadh Peaidí Condún píopa de'n t-sórt so do go minic. Is cuimhin liom nuair bhíos ag dul ar scoil a bheith ag an aillí sa Chill Dhubh Domhnach; agus chonnacas an píopa ba ghreannmhara a chonnacas riamh ag Peaid. Ní fhéacaigheas a leithéid roimhe sin ná ó shoin. Chídhfhá go minic cos cham i bpíopa, acht iompuighthe síos a bheadh sí i gcomhnuidhe; acht an píopa so a bhí ag Peaid b'amhlaidh bhí an chos iompuighe cliathánach sa tslíghe gur fé bhun a chluaise a bhí an cloigeann. D'airigheas Micil Mhártain 'ghá fhiafruighe dhé cad in a thaobh an píopa neamh-choitcianta san a bheith aige, agus b'é an míniúghadh a thug Peaid do ná go mbíodh pian ag teacht in a chluais agus gur órduigh an dochtúir do píopa

d'en t-sórt san d'fhághail chun go mbeadh an teas gairid dá chluais; agus ná raibh acht píopa eile mar é in Éirinn agus gur ag tighearna Leasa Móir a bhí sé. Dheallramhaigh ar Mhicil gur chreid sé é. D'airigheas in a dhiaidh san gur de'n láimh cham a bhí í sean-scáth-fearthana mná, a fuair sé i dtigh an Bhreathnaigh a rinne Peaid féin an chos neamh-choitchianta úd a bhí in a phíopa.

Bhí sean-phinsinéir ''pílear" in a chomhnuidhe leis féin i dtigh beag ar an dtaobh so de Bhaile na h-Abhainn. I mBaile na h-Abhann a chuir sé deire le n-a théarma ins na ''pílears'' roinnt bliadhanta roimhe sin agus fuair sé an tigh seo ó Lainglí agus d'fhan sé ann. Seoirse Crump ab ainm do. Sasanach do b'eadh é, acht fear an-ionraic an-dheallramhail do b'eadh é. Bhí Peaid ag dul síos go Baile na h-Abhann lá an Phrátrúin uair agus thangbhuigh sé ar Chrump agus d'iarr sé cipín air chun a phíopa a dheargaint. Thug Chrump léigheacht do ar dhaoine gan áird, gan sprioc, agus dúbhairt sé leis nuair bhí sé ag ceannach a chuid tobac gur chóra dho bosca cipíní a cheannach agus gan a bheith in a bhacach ag lorg déirce mar sin; agus annsan shín sé aon chipín amháin chuige. Thóg Peaid an cipín agus bheir sé míle bhuidheacas leis agus d'imthigh sé leis. Bhí sé tar éis an mheadhon oidhche nuair a bhí Peaid agus Micil Ó Néill ag casadh aníos abhaile agus a ndaethen ólta aca. Ar ghabhail tar tigh Chrump dóibh chuaidh Peaid anonn agus bhuail sé cic ar an doras; bhuail sé arís agus arís eile gur tháinig Crump go dti an doras sa déire agus d'oscail sé é, agus gan air acht a léine.

''Cé tá annsan nó cad tá uait an t-am so d'oidhche?'' ar seisean agus é go searbh nídh nach iongnadh.

''Mise atá ann'' arsa Peaid ''tháinigh mé cugat chun do chipín soluis a thabhairt tar n'ais duit. Níor mhaith liom é a coiméad uait níos sia. Bheadh eagla orm dá bh'fhaighinn bás go mbeadh sé ar m'anam; seo dhuit é agus táim an-bhuidheach díot.''

Thóg Crump an cipín uaidh agus ní dúbhairt sé focal. Is dócha ná raibh sa bhfear bocht labhairt.

Ba mhóir an píosa bleagárdaidheact sean-fhear a chur as a leaba i lár na h-oidhche ar chúis chomh suarach san, acht is dócha go raibh ó Pheaid sásamh a bhaint de i dtaobh a ndúirt sé leis nuair d'iarr sé an cipín soluis air.

Nuasir a tháinig na rothair amach ar dtúis cé go raibh Peaid ag druidim isteach ins na bliadhanta bhí sé ag dul idir é féin agus codhladh na h-oidhche ceann aca a bheith aige; acht níor eirigh leis riamh luach ceann aca a chur le chéile. Bhí bácaer ag obair ag Séan an Bhácúis i mBaile na h-Abhann a raibh rothar aige agus nuair a cheannuigh sé rothar nua thug sé an sean-cheann do Pheaid mar bhíodh sé an-mhuinntearda leis i gcomhnuidhe. Ní raibh mórán deallraimh ar an sean-rothar, bhí sé trom agus boinn de'n sean-dhéanamh, gan aon ghaoth ionnta, a bhí fé sna rotha. Acht ba chuma le Peaid, bhí "capall iarainn" aige sa deire. Acht cioca olc nó maith a bhí an rothar níor eirigh le Peaid bocht é a mharcaigheacht, cé gur thug sé cúpla mí ag gabhail do ar an mbóthar agus in innse an Bhreathnaigh gach aon tráthnóna, agus na buachaillí go léir ag tabhairt congnaimh do. Chaith sé tabhairt suas de sa deire; agus cé gur iomda braon alluis a chuir sé, agus gur iomda leagaint a fuair sé, ba ró-leasc leis eirighe as. Dheireadh sé ná h-iarrfadh sé aon aoibhneas eile ar an saoghal so acht an cloigín a bhualadh taobh thiar de Micil Ó Néill agus gabhail amach tairis ag marcaigheacht ar a "chapall iarainn" – sin é a ghlaodhadh sé air i gcomnuidhe. Acht ní raibh an sásamh san aige.

Bhí an pinsion ag Peaid ó'n chéad lá a bronnadh ar na sean-daoine é. Bhí sé neamh-spleadhach as san amach, agus cé go raibh brígh agus fuinneamh ann fós ní bhíodh sé ag obair go coitcianta acht le linn an Fhóghmhair agus nuair bhítí ag baint na bprátaí. Bhí leaba codlata aige i bhfocair Mhicil Uí Néill aige aon uair ba mhaith leis agus a chuid bídh le fághail aige i dtigh Shéain Mhór cioca é a bheith ag obair nó gan a bheith.

Nuair a bhris an cogadh mór amach chuir Peaid in a luighe ar Shéainín Ó Deagha – sean-phinsinéir eile – go gcuirfí na pinsinéirí go léir amach

ar pháirc an bhuailte roimh na saighdiuirí, chun na piléir a stopadh. Bhí scannradh i gcroidhe Sheánín aige; agus nár thug sé amach ar an gCnoc Dubh é Domhnach agus chaitheadar ó eadarach go tuitim na h-oiche féachaint a bhfuighdís poll nó uaigh a raghaidís i bhfolach isteach ann nuair bheithfí ag teacht ar a dtóir. Fuair Seáinín bás sár a raibh an cogadh i bhfad ar siúbhal, agus is é mo thuairm nárbh aon chongnamh do, in a iomradh leis an mbás, an scannradh a chuir Peaid in a chroidhe le n-a chuid aibhéise.

Bhíodh Peaid ag cur suas inneal chun breith ar na madraí uisce sa Tonnóig. Ní dheineadh sé aon sórt eile póitsrachta acht san. Gheibheadh sé ó choróinn go deich scillinge an ceann na croicne ó duine éigin i gCluainmeala. Bhí inneal curtha suas aige uair i sruth Thobar na Carraige díreach san áit atá sé ag rith isteach sa Tonnóig. Bhí an t-inneal fé'n mbiolar agus ní bhféidir é d'feicsint. Tar éis a dinnéir Domhnach shiubhal Micil Mhártain leis síos port na h-abhann. Nuair rangaidh sé ag an sruth luigh sé síos ar an bport chun deoch de'n bhfíor-uisce d'ól. Chuir sé lámh leis ar chloich amuigh san uisce, agus shleamhnuigh a lámh de'n chloich agus cár chuaidh sí acht isteach san inneal. Dhún an t-inneal ar a láimh agus bhí sé chómh láidir san agus nár bhféidir leis é d'oscailt. Caith an fear bocht siúbhal aníos chomh fada le Droichead na Cille, agus an t-inneal ar a láimh, le n-a chiscéim bhacaighe is eile, áit ar fhuasgail na buachaillí,a bhí bailighthe, ann é. Bhí lámh thinn ag Micil ar feadh roinnt seachtmhainí in a dhiaidh san.

Nuair d'airigh Peaid cad a thuit amach ba mhó a bhí sé ag cáineadh Mhicil Mhártain mar gheall ar a bhreallsúntacht ná mar bhí sé ag déanamh truaighe dhe, i dtaobh a lámh a bheith goirtighthe. Thug sé Micil Ó Néill síos chun an t-srutha agus 'sbáin sé dho an áit a raibh an t-inneal aige.

"Féach a Mhicil" ar seisean "bhí an áit sin aige, agus an áit sin aige, agus fiche áit eile chun deoch d'ól, acht ní shásóchadh aon áit an breilliche 'madáin acht a lapa ag shághadh isteach sa trap."

Cé go dteigheadh Peaid na Brídighe go aifreann an Domhnaigh de ghnáth is baogholach gur bog a thógadh sé na dualgaisí eile a bhain leis an gcreideamh. Chodailigheadh sé, mar dúbharas, go minic i bhfochair Mhicil Uí Néill agus d'fhiafruigheadh Micil de cad in a thaobh ná déarfadh sé a phaidreacha ar a dul a chodladh do, b'é an freagra thugadh Peaid air ná go raibh a fhios ag Dia go raibh a phaidreacha aige, agus ná bheadh ann acht obair gan ghádh a bheith 'ghá rádh.

Acht tar éis na scléipe agus an t-suilt go léir chaith Peaid bocht é féin a chur i gcóir chun imthighthe. Mar dheireadh sé féin i dtaobh aoinne a bhíodh ag tarraingt ar an mbás bhí "decree" ag Pilib air. Pilib an Chleite an t-é atá i bhfeidhil rolla an chine daona, ag a ghlaodhann gach duine as an saoghal so nuair a bhíonn a théarma caithte aige. Bhí d'réir deallraimh glaoidhte ar Pheaid. Thuit sé tinn i dtigh a Bhreathnaigh agus chuireadh go dtí an t-óspidéal sa Chloichín é. Tháinigh sé chuige rud beag san óspidéal ar feadh tamaill. Nuair a tháinigh an sagart chun é d'ullmhúghadh chun báis ní gan dhuadh d'eirigh leis é a dhéanamh, mar nuair dúbhairt sé le Peaid a pheachaidhe d'innsint do, 'sé an freagra a thug Peaid air ná ná rinn' sé aon rud as an tslighe riamh – nár bhuail sé, ná nár mharbhuigh sé aoinne, ná nár goid sé luach feoirlinge ó aoinne, ná raibh uaidh rith a saoghail acht sult agus greann agus caitheamh aimsire. Acht réidhtigheadh an cás idir é féin agus an sagart sa dheire, agus chuireadh i gcóir chun an bhóthair é. D'inniseadh sé do sna mná riaghalta agus do gach aoinne a thagadh dá fhéachaint i dtaobh cad dúbhairt sé leis an sagart, agus bhíodh a raibh sa seombra in a fochair ins na trithíbh aige na rudaí greannmhara a dheireadh sé.

Arsa an bhean riaghalta, a bhíodh mar bhanarthla thimcheall air, lá –

"A Phádraig, nuair raghaidh tú suas ins na flaithis ná dearmhad paidir a rádh ar mo shon."

"A mháthair" arsa Peaid "caithfidh tú mo leith-scéal a gabhail ar feadh na chéad seachtmhaine. Caithfidh mé cuaird a thabhairt ar mo dhaoine muinnteardha go léir agus ní beidh uain agam a bheith ag paidreoireacht. Acht geallaim duit ná déanfaidh mé

dearmad ort as san amach."

Níor mhair sé 'san óspidéal acht dhá mí. Bhí fear sa leaba taobh leis ag fághail bháis agus bhíodar ag léigheamh na liodán air. Nuair a bhí deire aca bhagair Peaid i leith ar dhuine de sna mná riaghalta.

"Thá sé chomh maith agaibh" ar seisean léithe "aon "job" amháin a dhéanamh de. Ní bheith mise i bhfad in a dhiaidh."

B'fhíor do bhí sé caillte roimh mhaidin agus is dócha ná raibh Dia na Glóire ró-dhian ar an áithleoir bocht mar pé locht eile a bhí air bhí croidhe bhog nádúrtha aige gach aon lá riamh. Thug na comharsain abhaile leo é agus chuireadh sa Chill Dhubh é. Beannacht na ngrás le n-a anam acht b'iongantach an mac seo é. Is é an feall go bhfaigheadh a leithéid bás choíche.

An Gealt.

In a mhalairt ar fad de shlighe, seachas Peaid na Brídighe, a bhí “An Gealt” ait. Is amhlaidh d'eirigh an diadhantacht in a cheann agus ní raibh aon rud eile ar thalamh an domhain ag déanamh tinnis do acht gach aon rud a bhain leis an gcreideamh. Muiris Ó Gormáin ab ainm agus sloinne do, acht b’annamh a ghlaodhtaí aon rud acht “Muiris an Mácaidhe” nó “Muiris na bPaidiríní” nó “An Gealt”; agus b'é “an Gealt” ainm ba gnáthaidhe ag gach aoinne sa nGleann air.

Chun an fhírinne a luadh níor dhuinne de mhuinntir an Ghleanna ar aon chor é, ná níorbh é an paróiste seo a pharóiste dhúchais; acht bhí sé chomh fada san ag gabhail thímcheall sa dúthaigh seo, agus bhí sé chomh ait sin gur dhóigh liom ná beadh mo scéal iomlán gan cur síos air.

Nuair a bhíodh sé sa pharóiste seo, bhíodh sé ag an dá aifreann i mBaile na h-Abhann gach aon Domhnach, agus ghlacadh sé Comaoin gach aon Domhnach agus lá saoire. D'fhanach sé ar céalacan go dtí tar éis an dara aifrinn, agus theigheadh sé annsan go dtigh éigin sa chomharsanacht fé dhéin a bhreacfaist.

Ní raibh aon léigheann air, acht aon airgead a bhíodh aige, chaitheadh sé ar leabhartha diadhanta é. D'iarrfadh sé ar dhuine éigin iad a léigheamh do; agus aon rud a leighfidhe dho, nó aon sóiscéal a chloisfeadh sé bhídís aige nach beag de ghlan mheabhair. Léigheadh Pádraig Ó Domhnaill cuid mhaith de sna leabhartha do, agus d'fhágadh sé in a thigh iad. D'airigheas go raibh os cionn fiche leabhar leis i dtigh mhuinntir Dhomhnaill nuair fuair sé bás.

Nuair bhíodh misiún in aon pharóiste mór-thimcheall an pharóiste seo bhíodh sé ag an séipéal gach aon mhaidin agus gach aon thráthnóna an fhaid agus bhíodh an misiún ar siúbhal, agus gheobhadh sé cúntas cruinn a thabhairt duit in a dhiaidh san ar gach rud a rinn' na misinéirí trácht air, go mór-mhór aon rud a dúbhradar i gcoinne rinncí nó lucht óil nó buachaillí agus cailíní a bhíodh ag suirighe, mar bhí sé an-dhian ar fad ar rudaí de'n t-sórt san.

Tháinig “An Gealt” ar an taobh so de'n dúthaigh i bhfad sar a rugadh

mise. Fear siúbhail do b'eadh a athair agus is i bhfochair a athar a tháinigh sé thimcheall annso de'n chéad uair agus gan ann acht garsún beag. Bhíodh a athair ag lorg déirce agus Muiris le n-a chois, agus nuair fuair a athair bás lean sé air ag cleachtadh céirde an bhacaigh, cé ná bíodh aon mhála aige; agus bhíodh sé ag teacht is ag imtheacht sa nGleann annso rith a shaoghail go lé

Fear árd tanaidhe crom-shlinneánach a bhí ann agus féasóg scáinneach air. Bhí dhá cois chama aige agus a dhá throigh iompuighthe nach beag soir siar, abus ba neamh-choitcianta ar fad an siúbhal a bhí aige. Bhíodh sé ag luascadh ó thaobh go thaobh le gach aon truslóg fhada a thógadh sé leis an dá spáig chama a bhí fé, agus bhíodh a dhá láimh ag luascadh ag freagairt luascadh a chos. D'aithineóchá é ó n-a shiúbhal leath-mhíle uait.

Ni feachas riamh ó shoin brogan, chomh mór leis na bróga a bhíodh air, ar aoinne. Chaitheadh sé iad a chur dá ndéanamh mar ní bhíodh bróga chomh mór leo in aon siopa. Tadhg Ó Dúbhlainn gréasaidhe a bhíodh i mBaile na h-Abhann a dheineadh na bróga dho, agus aon uair a mbíodh a fhios ag Seán Mór Breathnach go mbíodh bróga ag teastáil uaidh dhíoladh sé an gréasaidhe asta. Pé bocht a bhí ar Sheán Mór bhí an-phointí mar sin ann.

Baineann sé le deallramh ná raibh Muiris ró staidéartha riamh fiú amháin nuair bhí sé in a gharsún. D'innistí scéal go raibh sé féin agus a athair ag siúbhal an bóthair la Samhraidh. Bhí Muiris taobh thiar dá athair.

“Tá creabh ar do dhrom a dhaid” ar séisean.

“Marbhuigh é a mhic ó” arsa a athair.

Tharraing Muiris iarracht de'n mbata siúbhail a bhí aige treasna an dá shlinneán ar athair agus leag sé é. Ní raibh sé sa scéal cioca a mharbhuigh sé an creabhar nó nár mharbhuigh.

Bhíodh sé ag gach aon tórramh a bhíodh sa pharóiste agus b'é a dheireadh an Choróinn Mhuire i gcomhnuidhe agus d'aireochá leath-mhíle ó bhaile é. Sa seombra mar a mbíodh an corp i bhfochair na mban a bhíodh sé ag gach aon tórramh. Bhíodh paidrín mór aige agus bhíodh na clocha a bhí ann

chomh mór lé spriúnáin, agus in a fhochair sin bhíodh trí nó ceathair de phaidríní beaga aige. Bhíodh isteach is amac le leath-dosaen de scabail air agus taobh ismuigh dá léine bhíodh siad air i gcomhnuidhe.

Bhíodh sé ag síor-thrácht ar tharngaireachta Cholm Cille, agus 'ghá dhéanamh amach uatha go raibh deire le réim na Sasanach in Éirinn. Dheireadh sé gurabh e an sémhadh Seoirse an rí deireannach a bheadh ar Shasana.

Bhíodh maighistir scoile i mBaile na h-Abhann 'san am úd, a thug Lainglí ann, chun a leanbhaí súd, a bhain leis an eaglais Sasanach, a mhúineadh. Bhí sé ábalta ar Ghaoluinn a labhairt agus a léigheamh is a scríobh. Bhíodh sé ag aragóint le Muiris i dtaobh an chreidimh acht bhíodh Muiris ró-mhaith dho, agus sa deire bhíodh sé 'ghá sheachaint. Dheireadh Muiris leis gur d'aon gnó chun “soupers” a dhéanamh de sna daoine in iarthar na h-Éireann d'fhoghluim sé an Ghaoluinn.

Bhíodh sé 'ghá chur in a luighe ar Mhuiris go raibh an creideamh Caitliceach ró-dhian ar fad ar dhaoine; ní raibh sé ceart a bheith a chur d'fiachaibh ar dhaoine siúbhal trí mhíle slighe ar céalacan an mhaidean a bheidís ag glacadh comaoine; ná a chur d'fhiachaibh ar dhaoine a bpeacaí d'innsint do fhear eile mar iad féin; ná gan feoil d'ithe ar an Aoine.

“Ó” arsa Muiris leis “dá mba againn féin a bheadh déanamh ár gcreideamh mar a bhí agaibh-se dhéanfaimís bog go leor dúinn féin é, mar rinne sibh-se, geallaim-se dhuit.”

Ba dhoimhin an freagra é ó dhuine gan léigheann. Ní itheadh sé aon fheoil acht ar lá Nodlag amháin, agus ní óladh sé aon deoch mheisceamhail, agus d'réir deallraimh dheineadh sé é féin a sciursáil gach aon Aoine sa Charraigheas, mar chúiteamh as a pheacaidhe, mar dheineadh na Naoimh fad ó. Bhíodh scéal ar fuaid an Bhaile go raibh sé thíos i gcoiréal na mBúrcach sa Mhóin Bhuidhe agus gan air acht a bhríste agus é 'ghá sciursáil féin le píosa de théad nuair tháinigh Peaid na Brídighe i gan fhios air. “Luigh air! Luigh air!” arsa Peaid. “Tabhair domh-sa an téad agus tabharfad sciúrsáil maith dhuit. Níl deis agat-sa

é a dhéanamh.”

Acht níor leig Muiris do Pheaid é a sciúrsáil. Peaid féin a chur an scéal amach, agus ní chuirfinn thairis é nach é féin a cheap é, mar bhíodh sé ag árdacht “An Gealt” gach aon uair a gheibheadh sé an chaoi chuige i ngrádh an t-suilt.

Bhí Muiris ag thórramh Sheáin Chaitlín ag Bun an Bhealaigh, agus bhí scata áithleoirí ann ag imirt chleas mar ba ghnáthach ar a leithéid d'ócáid, agus Peaid na Brídighe in a measc. Bhí Muiris sa chistin ag ól an té agus pé cleas a bhí 'ghá imirt aca dúbhairt Peaid le Muiris go raibh comhacht aige féin chomh maith agus bhí ag an sagart. Léim Muiris ar chloisint na bhfocal so. Ní chuirfeadh sé suas le aoinne a bheadh ag tabhairt masla do'n cléir; agus dúbhairt sé le Peaid gur thug sé a dhearg-éitheach 'ghá rádh go raibh cómhacht aige chomh maith agus bheadh ag sagart

“Is fuiris an cheist sin a réiteach” arsa Peaid “suidh síos annsan ar an úrlár agus cuirfidh mé síos aon gheall, is maith leat, go gceangalochaidh mé de'n úrlár tú agus ná faighead tu eirighe.”

Chuireadar d'fiachaibh an Muiris suidhe ar an úrlár agus tharraing Peaid leabhar úrnaighthe amach as a phóca agus thosnuigh sé ag léigheamh gibris as mar dhumas gur Laidean é. Bhí an plean déanta suas aca roimh ré agus an fhaid a bhí Peaid ag léigheamh mar b'eadh, agus an rí rá ar siúbhal thimcheall ortha, spíceáladar cosáog fhada Mhuiris ar an úrlár cré. Nuair a bhí san déanta stad Peaid agus dúbhairt sé eirighe dá mb'fhéidir leis é; acht ní bhfuigheadh sé corruighe. Scairt a raibh ann amach ag gáire. Tháinigh ruaim feirge ar Mhuiris agus rinne se iarracht mhillteach ar eirighe agus d'fhág sé sciortaí a chasóige in a dhiaidh. Chaith a raibh láithreach teicheadh amach an doras nó mharbhóchadh sé duine éigin bhí a leithéid sin de bhuile air; agus ní raibh mórán naomhthachta sa chainnt a chuir sé as.

Cóta mór a bhíodh air i gcomhnuidhe in áit na casóige gairide is gnáthach ar chách. Éadaighe dúbha agus hata dubh a bhíodh air. Ní caitheadh sé aon sórt eile dá mbeadh sé in a chroiceann, mar bhíodh sé a dhéanamh amach go raibh baint éigin

aige leis an gcléir. Ó sna sagairt a gheibheadh sé na h-éadaighe dúbha so, agus is an-annamh a bhídís oireamhnach do; bhídís ró-bheag do in a bhfaid, agus ró-mhór do in a leithead mar ní h-é gach aoinne a bhíodh chomh árd agus chomh tanaidhe leis.

Bhíodh sé an-mhór i gcoinne na rinnce gallda a bhí ag teacht amach an uair úd. “Faoileáil shalach” a ghlaodhadh ar na “sets”. Dheireadh sé gurab é an diabhal a cheap iad agus gur pheaca do dhuine iad a rinnce. Bhíodh sé go mór i gcoinne an óil leis agus bhíodh sé ag fághail locht ar na “pílears” féin, nuair ná coimeádaidís smacht níos fearr ar na tighthe tábhairne. Acht dar ndóigh saothar in aistear a bhíodh aige ag gabhail do sna rudaí seo, mar b'amhlaidh bhídtí ag magadh fé agus ag déanamh adhbhar suilt de'n bhfear bocht.

Scannradh ar fad do b'eadh é nuair a thosnuigh na mná ag caitheamh na ngúnaí gairid. Dheireadh sé leis an sagart ná raibh sé ag cóimhlíonadh a dhualgais agus iad a leigint isteach sa séipéal le linn an aifrinn, agus na h-éadaighe seo ortha; mar gur d'aon gnó cathughadh a chur ar na buachaillí bhídís 'ghá gcaitheamh.

Mar luadhas cheana bhíodh Peaid na Brídighe ag gabhail do'n nGealt aon uair a gheibheadh sé an chaoi chuige. Nuair thosnuigh an cogadh mór dúbhairt sé leis gur léigh sé sa pháipéar go raibh dlighe déanta ag Páirlimint Shasana go gcaithfeadh gach aon fear singil pósadh agus clann a bheith aige, chun líon na bhfear a marbhóchaidhe sa chogadh a dhéanamh suas; agus aoinne ná déanfad pósadh roimh a leithéid sin de lá go raibh an chroch i ndán do. Bhí sé lán toilthinneach an chroch d'fulang, dúbhairt sé, sar a bhrisfeadh sé an mhóid geanmhanaidheachta a bhí tógtha aige.

Sin mar chaith an Gealt bocht a shaoghal ag gabhail thimcheall ó áit go h-áit ag craeleadh an creidimh agus in a chúrsaí suilt agus magaidh ag áithleoirí an pharóiste. Níorr iarr sé déirc riamh, acht bhíodh na mná tighe go maith do agus thugaidís a dhaethen le n-ithe dhó. Bhí an-thabhartha do'n té, d'ólfadh sé é dhá uair déag sa ló dá bhfaigheadh sé é. Ní raibh aon mheas aige ar té as chupán; “jug” mór nó cáirt stáin líona go bruach, sin é ba bhreagh leis; agus ba mhaith leis é a bheith tiugh le siuicre agus nach beag ag fiuchadh agus ba chuma

leis bainne ann nó as, ná dá mbeadh sé chomh láidir agus go seasóchadh an chearc air.

Tá Muiris Ó Gormáin san úir le bliadhanta agus is beag sa pharóiste gur cuimhin leo é. Tá sé curtha i reilig Chill Mhuire. Fuair sé bás obann ann Domhnach agus é ag teacht ó'n aifreann. Chloisfeá scéalta in a thaobh go minic sa nGleann annso fós. Cé nár thug Dia iomlán céille do, bhí sé an-fhaidcheannach i sligthe agus ní h-é gach aoinne a bheadh ábalta ar cheann cuinge a choimeád leis in aragóint.

Táim deimhinneach go raibh sé dílis maidir leis an gcreideamh, cé go ndeireadh Peaid na Brídighe i gcomhnuidhe ná raibh ann acht sliucamaeir agus “imposter”.

Go ndéine Dia trócaire air agus go maithe sé dóibh siúd a bhíodh 'ghá chiapadh.

Tadhg Mhichil – Dlígheadóir tuaithe

Iad súd a bhíodh i bponnc maidir leis an dlighe annso i nGleann Chárthainn fad ó go Tadhg Mhicil a theighdís ag lorg comhairle. Bhí níos mó de mhuinghin aca as ná mar bheadh aca as thúrnae. Bhí sé an-ghlic an fhaid-cheannach agus b'iomda duine ar bhuaidh sé a chúis do leis an gcomhairle a thug sé dho, agus ní le díreachas a bhuadhadh sé i gcomhnuidhe mar ní bheadh scrupall ar domhan air éitheach a innsint nuair d'oirfeadh sé, 'sé sin chomhairligheadh sé iad súd a theigheadh chuige éitheach d'innsint. Bhí an ghráin mharbh aige ar Shasana agus ar dhlighe Shasana, agus aoinne a bheadh ag cur i gcoinne éitheach d'innsint sa chúirt b'amhlaidh bhíodh sé ag magadh fé; dheireadh sé go raibh an dlighe cam agus nárbh' aon díoghbháil buadhchaint ar an gcaimeacht le caimeacht. Nior mhaith leis comhairle a thabhairt d'aon chomharsain a bheadh ag dul chun dlighe le comharsain eile muna mbeadh sé deimhinneach an ceart ar fad a bheith aige; b'amhlaidh a chomhairligheadh sé comharsain a bhíodh ag cur dlighe ar a chéile, ná an gnó a shocrughadh agus gan a bheith ag cur airgid i bpócaí riaghaltais Shasana.

Is cuimhin liom Tadhg Mhicil. Bí sé in a shean-fhear nuair bhíos-sa im gharsún ag dul ar scoil. Fear beag tanaídhe do b'eadh e. Bhíodh tosach a aghaidh glan-bhearrtha acht bhíodh feasóg fé n-a ghiall agus ar a mhuinéal ar gach taobh. Is cuimhin liom go raibh a shúile an-géar agus go labharadh sé an-dháiríribh, an-mhall. Cé gur iomdha bliadhain fhada atá sé 'san úir innistear fós scéalta thimcheall air sa nGleann. Déanfad mo dhícheall ar cuid de sna eachtraí seo a bhreachadh síos.

Bhí athair Ned Dhomhnaill ag teacht abhaile ó mhargadh an Cloichín mar a raibh sé ag díol slipí. Bhí an-chuid ólta aige agus mar ba ghnáthach leis nuair bhíodh sé ar meisce bhí sé ag tiomáint chomh mear ag bhí i gcosa an chapaill. Bhí bearraic an uair ud i nGort an Chuilinn agus míle ar an taobh so de'n mbearraic bhí an sáirsint ag duine desna "pílears" ag teacht in a choinne ar an mbóthar. Sheasuigheadar i lár

an bhóthair agus chuireadar a lámha ináirde ag bagairt air stad. Acht d'réir deallraimh níor thug fear an chapaill fé ndear ar aon chor iad, agus muna mbeadh gur léimeadar ar leath-taobh raghadh sé sa mullach ortha. Acht fuair na "pílears" amach cé a bhí ann agus thugadh chun na cúirte é. Chuireadh in a leith go raibh sé ag tiomáint an capaill go dáinséarach, nár stad sé do sna póilíní nuair thángadar roimis ar an mbóthar, acht gur amhlaidh a rinn' sé a dhícheall an capall a chur sa mullach ortha.

Shíl sé nach fios cad a bainfeadh do, agus chuaidh sé go dtí Tadhg Mhicil agus d'innis sé a scéal do.

Bhí cigire ar na "pílears" sa taobh theas de'n chonntae an uair úd dárb' ainm Shoveller agus bhí sé go mór i gcoinne aon ainmhithe, go mór-mhór asail, a bheith ar seacrán ar na bóithre. Bhíodh sé ag síor ghríosadh na "bpílears" a bhí fé, ar a dtóir. Bhí fios ar seo ag Tadhg Mhicil agus b'é a chomhairle do Dhomhnall Ó Lonnargáin, ná a rádh sa chúirt go raibh capall óg teasbach aige, agus nuair a bhí sé i bhfuigseacht cúpla céad slat de'n mbearraic i nGort an Chuilinn, go raibh dhá asal 'ghá roithleáil féin i lár a bhóthair agus gur gheit an capall agus do rith sé leis, agus cé gur beag nár bhris sé an srian ní raibh aon fhághail aige ar bhaint siar as.

Stad an cigige an chúis láithreach. Dúbhairt sé gur chréid sé gach a bhí an cosantóir tar éis a rádh, mar go bhfios do féin go mbíd na h-asail seo ar seachrán ar na bóithre ar fuaid an chonntae go léir agus gur contabhairt do'n phobal iad. Taobh istigh de seachtmhain bhí an sáirsint aisrighthe ó Ghort an Chuilinn go dtí an taobh eile de'n chonntae.

Bhí mac ag Seán Ó h-Allaidhe an gabha – é siúd a dheineadh na rámhainní maithe – agus liostáil sé san arm. Chuir uncail leis a bhí i Meirice a phasáisteacht chuige. Tháinigh sé abhaile ar "furlough" agus chinn sé go n-ealóchadh sé leis go Meirice i gan fhios. Acht chomhairligh a athair do sar a dhéanfadh sé aon rud dul ó dheas go Gleann Chárthainn go Tadhg Mhicil agus

a scéal d'innsint do agus a chomhairle a dhéanamh. Rinn' sé san. Dúbhairt Tadhg leis go mbíonn órdughadh ag na "pílears" súil a choimeád ar aon saighdiuir a bheadh ar "furlough" in a ndúthaigh. Dá mbraithidís imthighthe as an áit é, dhéanfaí taighdeadh ar an ngnó láithreach, agus gheobhfaí breith ar sa chuan no ar bhord luinge.

Bhí tigh an gabha ar thaobh an chnuic thimcheall leath-mhíle ó'n sráid-bhaile agus bhí radharc air ó dhoras na bearraice; agus b'é comhairle Thaidhg ná an buachaill a dhul go Meirice chomh luath agus do b'fhéidir do imtheacht, acht nuair a bheadh sé imthighthe a dheartháir a chur an jacéid dhearg air, agus scaitheamh a chaitheamh ag siúbhal na bpáirceanna gach aon lá ionnus go bhfeiceadh na pílears é. Rinneadh san agus bhíodh an deartháir ag spaisteóireacht ar fuaid na bpáirceanna agus an jacéid dhearg air go dtí go raibh an fear eile slán ar an taobh thall. Dóghadh éide an t-saighdiúra annsan i dteine na céardtan; agus nuair tháinig na "pílears" go dtí an tigh in a dhiaidh san ag lorg an t-saighdiúra, nár chuaidh tar n-nais go dtí a chath, nuair a bhí an "furlough" caithte aige, dúbhairt an gabha leo ná raibh fios dada aige féin in a thaobh, gur fhág sé an tigh nuair a bhí an mí caithte aige, agus gur shíl sé féin go raibh sé thar n-ais arís 'san arm.

Baineann an scéal so leis, le Domnall Ó Lonnargáin na Mónach Buidhe. Bhí sé ag dul go dtí an t-aonach uair le deich gcinn de bhulláin. Bhí Ned a mhac in a fhochair acht ní raibh ann acht garsún óg san am úd. Agus iad ag gabhail síos thar an sean-phóna bhí geata ag dul isteach i bpáirc chruithneachta le sean-Pheaidí Daltún oscailte, agus chuaidh na bulláin isteach ann mar is béas le n-a leithéidí a dhéanamh ar ocáid dá shórt. Sar a raibh Domhnall agus Ned ábalta ar iad a iompódh amach ar an mbóthar arís bhí cuid de'n chruithneacht pasálta go mór aca. Nuair chonnaic an sean-Dáltúnach an íde bhí ar an gcruithneacht bhí sé ar dearg buile; dúbhairt sé ná raibh an geata oscailte ar aon chor agus gur amhlaidh bhris na bulláin

isteach é. Ní dhéanfadh sé aon socrughadh le Domhnall cé go raibh sé sásta méid an damáiste d'fhágaint fé mholadh beirte agus go ndíolfadh sé é. Ní raibh ó Dhomhnall dul go dtí an chúirt, acht ní ghéillfeadh a Daltúnach aon socrughadh a dhéanamh acht socrughadh dlighe. Chuir sé próiseas chun Dhomhnaill ag éileamh leath-chéad púnt as an damáiste a rinneadh ar an gcruithneacht sa chúirt cheathramhan a bheadh i gCluainmeala an mí in a dhiaidh san. Chuaidh Domhnall anonn go dtí Tadhg Mhicil agus d'innis sé a scéal dó.

An breitheamh a bhíodh ag triail cúiseanna séibhialta sa chúirt ceathramhan, fear an-ionraic an-dhíreach do b'eadh. Bhí an ghráin mharbh aige in aon sort caimeacht. Bhí a fhios so ag Tadhg Micil go maith agus bhain sé buntáiste as.

Arsa sé le Domhnall Ó Lonnargáin:

"Abair le Séimín Céitinn bradán geal cuibheasach mór d'fághail duit. Caithfidh tú díol as go maith le Séimín acht is cuma san, tabhair chúgham-sa annso é, acht ná faghaidh é go dtí thimcheall seachtmhaine roimh a shuidfidh an chúirt."

"Agus in ainm Dé cad chuige an bradán?" arsa Domhnall.

"Is cuma duit" arsa Tadhg "acht caithfidh tú trí púint a gheallamhaint dom má bhuadhann tú sa chúirt; má chailleann tú ní iarrfad dada ort."

"Gheobhair na trí púint agus fáilte" arsa Domhnall, "acht tá buaidhte orm cad chuige an bradán, acht gheobhad duit é."

Nuair bhí an chúis dá plé thug gach aoinne fé ndear go raibh an breitheamh i slighe éigin i gcoinne an Dáltúnaigh. Ba dhóigh le duine nár chreid sé focal uaidh, agus gur chreid sé gach aon rud a dubhairt Dómhnall Ó Lonnargáin. Thug sé breith i gcoinne an Dáltúnaigh agus chuir sé costaisí na cúirte air. Dá mb'é túrnaé Dhomhnaill féin é, bhí iongantas air chomh bog agus bhuadhadar an chúis.

Chuaidh Domhnall go Tadhg Micil agus thairigh sé nóta chúig phúint do, acht ní glacfadh sé acht na trí púint a bhí sa margadh. Bhí Dómhnall an-bhuidheach, an-shásta gur

eirigh leis chomh maith san sa chúirt.

“Innis dom anois” ar seisean le Tadhg “cad chuighe an bradán úd?”

“B'amhlaidh a chuir mé go dtí an Breitheamh é mar fhéirín in ainm Pheaidí Dáltúin” arsa Tadhg.

Bhí maidrín clúmhach ag Tadhg agus thug na “pílears” “summons” do chun na cúirte i dtaobh gan an leath-choróinn a bheith díolta as aige. I mBaile na h-Abhann a bhíodh an bhun-chúirt ar an gcéad Aoine de gach mí. Chuaidh Tadhg chun na cúirte agus thug sé an maidrín leis. Lá an-fhuar do b'eadh é agus nuair tháinigh sé go dtí an droichidín i mBaile na h-Abhann, chaith sé an maidrín isteach sa sruth, agus nuair tháinigh sé amach as an uisce chaith sé isteach arís is arís eile é. Annsan chuir sé síos i bpóca a chóta móir é. Bhí a chúis dá glaodhach díreach agus é ag dul isteach doras na cúirte. Tharraing Tadhg an maidrín aníos as a phóca nuair bhí sé ináirde ar an mbinse. Níor fhéach sé chomh mór le franncach leis an bhfuacht agus an fliucadh a fuair sé.

“Dar ndóigh a uaisle” arsa Tadhg i mBéarla briste “ní amhlaidh d'iarrfadh sibh orm díol as an gcoileáinín sin?” Ghair a raibh istig sa chúirt giúistísí is eile agus scaoileadar saor Tadhg agus a choileáinín.

Bhí Tadhg lá ar an aonach i gCluainmeala agus trí nó ceathair de chaoirigh sléibhe 'ghá ndíol aige. D'eirigh idir é féin agus ceannuightheoir a bhí d'iarradh iad a cheanneach uaidh. Maidir le cainnt lasánta cáinte bhí sé ag dul dian air ceann cuinge a choimeádh leis an gceannuightheoir i mBéarla. Nuair bhí sé sáruighthe ar seisean le binbh:

“Cas ar an nGaoluinn a mhac na striapaighe agus déanfaidh mé ranns díot.”

Mar dúbhras cheana bhí an ghráin mharbh aige ar Shasana agus bhíodh sé ag déanamh fáidheadóireachta nár bhfada go ndéanfadh an Rúiseach na Sasanaigh a bhascad in san India.

Bhí cogadh na mbórach san Aifric theas ar siubhal an bhliadhain dheireannach dá shaoghal, agus bhíodh áthas agus lúthghair an domhain air nuair bhriseadh na Bóraigh ar arm Sheáin Buidhe, agus b'adhbhar mórtais do an briogáid Éireannach a bhi ag troid in a bhfochair.

Nuair bhí sé ar leaba a bháis bhí sé an-dhona oidhche; ní raibh cor as ar feadh an lae go léir agus bhíodar ag léigheamh na Liodán ar i dtosach na h-oidhche, mar shíl a raibh ann nach fada a bhí aige. Acht i gceann tamaill d'oscail sé a shúile agus bhíodhg sé suas rud beag. D'aithin sé Peaid Philib in a sheasamh ag cosa na leapthan.

“Cogar a Pheaid” ar sé sin “cionnus tá ag eirighe leis na Bóraigh?”

“Ó” arsa Peaid “rinne de Wet briseadh mór ar na Sasanaigh cúpla lá ó shoin. Mharbhuigheadh os cionn chúig mhíle díobh agus tha príosúnaigh déanta de os cionn deich míle dhíobh agus ní fios de mhéid gunnaí mór a chailleadar.”

“Bhú....ú...ú!” arsa Tadhg agus é d'iarradh a lámh d'árdacht. Ní fada in a dhiaidh san gur thuit sé i lagachar arís agus d'fhan sé ann go bhfuair sé bas ar na bháireach.

B'amhlaidh a cheap Peaid Philib an méid d'innis sé dho i dtaobh an chogaidh mar bhí a fhios aige go gcuirfeadh sé áthas air.

Tá Tadhg Micil san úir le fada 'an lá, acht déantar trácht fós air annso i nGleann Chárthainn, agus innistear na scéalta in a thaobh atá luaidhte annso agam, agus a thuille nach iad; agus tá an focal comhairle deireannach a thugadh sé d'aoinne a bhíodh ag dul go dtí an chúirt mar nath againn fós - “Ná spárálaidh an leabhar pé n-Éirinn é.”

Ar mo mharbhna ar barr sléibhe.

Ó bhíos im pháiste bhí caradas idir mé féin agus na sléibhte atá mór-thimpeall an ghleanna annso. Chuirfidís mar a dhéarfá draoidheacht orm, agus nuair a bhínn ag féachaint siar ar Chruachán ar an dá Mhaoil, agus ar Chnoc na gCnámh bhínn ag samhlúghadh dom féin go mbíodh anam agus mothughadh ionnta mar tá sa duine. Bhíodh truagh agam dóibh nuair bhíodh doineann ann, go mór-mhór nuair bhídís foilighthe le sneachta; agus bhínn 'ghá rádh liom féin gur bhreagh dhóibh é nuair bhíodh grian an t-Samhraidh ag taithneamh ortha. Bhínn d'iarradh a shamhlúghadh dhom féin cad a bhí taobh thiar díobh nó 'd'é'n sórt tír ionghantais a bhí ann. Cad ná thabharfainn ar sheasamh ar Bharra na Maoile nó ar Bharra Chruacháin agus féachaint uaim ar iongaistí na tíre rúnda úd.

D'imthigh na bliadhanta mar is gnáth leo a dhéanamh, agus d'fhásas suas agus fuaireas mo mhian agus sheasuigheas ar bharraí na mbeann úd go léir. Ní fheacuigheas Tír na n-Óg acht chonnacas cuid de sna radharcanna is breághtha dá bhfuil le feicsint i dtír na h-Éireann go léir; radharc ó'n bhfarraige deich míle fichead ar an taobh theas go Greim an Diabhail trí fichid ar an taobh thuaidh. Agus dá raghadh duine suas ar mhullach Chnoc Mhaol Donn lá geal gan aon ceo, chídhfadh sé, chomh maith leis seo, Cruachadh Dúbha Chiarraige ag Bun na spéire thiar agus An Staighre Dubh ag bun na spéire thoir – leithead na h-Éireann go léir nach beag.

B'aoibhinn liom gach aon lá riamh bualadh amach ar na sléibhte lá breágh gréine sa Samhradh nó sa bhFoghmhar. Tar éis a bheith ciapaithe le mairg agus gnótha an t-saoghail rith na seachtmhaine, ba mhinic a shiúbhlainn suas Gleann na Faille go gualainn Chruacháin tar éis mo dhinnéir Dia Domhnaigh; agus d'réir mar bhínn ag eirighe suas ar an gcnoc bhrathainn mo chuid trioblóidí 'ghá scaipeadh, mar scaipeann an ceo le solus agus teas na gréine. Agus nuair a shuidhinn annsúd sa bhfraoch ag féachaint uaim soir, siar agus ó thuaidh ar an radharc

áluinn úd leathta os comhair mo shúl, ba shuarach liom na rudaí beaga a bhíodh ag déanamh buadhartha dhom roimhe sin. Bhí carraig gairid do struicí Cruacháin ar dhéantús cathaoireach, clúdaighthe le cúnlach – tá sí ann fós is dócha acht is iomdha bliadhain fhada atá imthighthe ó shuidheas innte – acht ba mhinic a chaitheas uair nó dho im shuidhe innte ag déanamh mo mharbhnadh ar a raibh annsúd romham amach. B'aoibhinn an áit é lá Foghmhair nuair bhíodh an fraoch fé lan-bhláth agus na beacha ag crónán thimcheall orm agus ag canadh suantraighe dhom, nó lá gréine Samhraidh nuair bhíodh na fuiseoga os mo cheann ináirde ag cur ar a chéile ag canadh ceoil thuas faid mo radhairc sa spéir ghorm.

Bhí annsúd leathta os mo chomhair mar léirscáil oll-mhór ag síneadh uaim ó thuaidh go bun na spéire Magh Feimhin na scéalta fiannuidheachta – an machaire is breághtha ar clár Fodla ar fad. Bhí sé annsúd fúm mar chlár oll-mhór fidhchille, a cheárnóga iol-dathaighthe ag dul i luighead is i luighead d'réir mar bhíodar ag druidim uaim go dtí ná raibh ionnta sa deire, acht mar a bheadh ceo, ag bun na spéire; agus an pictiúir úd go léir ag crith leis an teas, agus scáth an fo-scamaill, a bhí ag gluaiseacht treasna na spéire, ag seoladh ar muir; agus b'féidir traen beag bídeach, mar na cinn a thugtar do pháistí mar fhéiríní Nodlag, sa lá atá indiu ann, ag snámh treasna ar an mbóthar iarainn isir An Chathair agus Cluainmeala agus a earbaillín dathaigh in a dhiaidh agus dar liom gan acht luas na seilthide fé.

Bhíodh áilneacht ar leithile ag gabhail le radharc an mhachaire úd d'réir an t-saosúin. Chonnacas é cúpla nuair a bhíos ag lorg caorach ar an sliabh agus machaire úd go léir foilighthe le sneachta; agus cé go raibh sé fuar, bhí deiseacht sa t-slighe a bhí na cladhtacha dubha crios-cros ar fuaid an t-sneachta. Chuirfeadh sé líon oll-mhór iascaireachta i gcuimhne dhuit. I dtosach na Bealthaine nuair bhíodh an t-arbhar in

a gheamhar agus an féar ag fás ins na bánta, bhíodh an macaire go léir, nach beag, glas; an ghlaiseacht bhog úd ná feictear acht i Mí na Bealthaine amháin. Acht is ins a bhFoghmhar nuair a bhíodh an t-arbhar ag druidim le a bheith aibidh a fhéachadh sé go h-áluinn ar fad, le buidheacht an arbhair agus glaiseacht na ngort agus na mbánta measctha trí n-a chéile.

Tá Sliabh gCrot agus Sliabh na mBan mar dhá fhathaigheach ag déanamh faire ar an machaire úd thiar agus thoir agus thuaidh faid do radhairc tá an Ghreim a bhain an Diabhal as an gcnoc le feicsint go soiléir idir tú agus léas. Tá abha mhór na Siuire ag sníomh anuaidh, nach beag trí lár an mhachaire agus ag déanamh ceann ar aghaidh badh dhóigh leat, ar an sliabh thíos fut acht i bhfuigseacht míle de bhun na gcnoc iompuigheann sí soir ar feadh cúpla míle agus annsan tar n-ais ó thuaidh ar feadh cúpla míle eile, agus soir arís ar a bealach cun farraige ag Cumar na dTrí n-uisce. Nuair a dhruideann sí anuaidh gairid duit tá sí le feicsint annso is annsúd mar locha uisce i ndiaidh a chéile. Is fuiris raon abhann Tearra a leanamhaint led shuil, mar ritheann sí comh-threorach leis na sléibhte agus i bhfuigseacht míle dhe n-a mbun, go dtí go n-iompuigheann sí soir ó thuaidh go dteigheann sí isteach sa t-Siuir ag Gob Rinne i bhfuigseacht cúpla míle dhuit.

Is beag fear a bhfuil a ainm luaidhte i stair na h-Éireann cioca i dtaobh a olcais nó a mhaitheasa, nár fhág trácht a throighe ar thalamh Mhachaire Feimhin, ó Phádraig nuair a bhaist sé Aongas i gCaiseal agus Bhriain nuair a bhris sé ar na Danair ag Sulchoid go dtí an tíoránach tíghearna talmhan deireannach a gabhadh de philéir air ann.

Buitléirig, Prendergásaig, Céitinnigh Muirgheasaigh agus eile, ghlacadar go léir seilbh ar éigeann ar thalamh mhéith an machaire úd, agus ba mhór a gcomhacht agus a réim lá dá raibh; tá fothraigh a gcaisleán mhór dhorcha le n-a bhfuinneoga caola, le feicsint fós ar thulach agus ar áth ar fuaid an mhachaire ar fad. Acht níl fágaithe anois dá mórtás agus dá gcómhacht acht a sloinne a bheith ar muinntir tighe annso is annsúd; daoine atá

gach aon phioc chomh gaedhealach le n-a gcomharsain na Riainigh, na Duibhirigh na Meachairigh agus na Maolchathaigh.

Bhíodh saigdhiuirí Chromaill go gnóthach ag gabhail thimcheall an mhachaire sin, ó'n lá a tháinig sé aniar ó Eochaill go dtí an lá a bhaineadh an gheit as ba mhó a bhaineadh as riamh, ag léagear Chluainmeala. Fuair cuid aca sin leis seilbh ar chuid mhór de'n talamh a b'fhearr a bhí ann, agus tá cuid de s-na tighte gránna a thógadar le feicsint fós annso is annsúd. Acht is beag dá sliocht atá fágaithe anois, agus an beagán díobh atá ann fós is maol-chluasach iad seachas mar bhídís nuair bhíodar i réim agus cómhacht Shasana taobh thiar díobh.

Tá Caiseal Mumhan le feicsint i lár an mhachaire; agus lé gloine faid-radhairc, agus an lá a bheith geal, is féidir na fothracha d'fhág Murchadh na dtóiteán ann d'fheicsint go soiléir. Agus An Chathair mar rinne Brian Mac Cinnéidigh dún ar charraig – oileán san abhainn, - carraig ar thóg na Buitléirig caisleán daingean uirthe in a diaidh san, caisleán a thug duine aca suas do Chromaill gan urchar a lámhach; Áirdhfionáin mar díoladh an bealach thar abhainn le Ireton, Caisleán Nua na bPrendergasach ar áth tábhachtach thar an t-Siuir agus a lán áiteanna eile nach iad, a bhfuil eachtraí in a dtaobh i seanchus na tíre – táid go léir annsúd os do chomhair mar bheidís marcálta ar léir 'scáil mhór.

Ó bharra na Maoile thimcheall leath-mhíle ó dheas ó Cruachán iseadh a geobhthá an radharc is fearr ar an taobh theas desna sléibhte. Tá an fharraige le feicsint theas ag bun na spéire, agus cuid mhór de dhúthaigh déise idir tú agus an fharraige agus thoir agus thiar chomh maith; acht ní machaire mín é mar tá ar an taobh thuaidh de sna sléibhte, acht talamh mí-chomhtrom agus cnocáin agus riasca agus coillte ar a fuaid; dá shon san níl radharc chomh fóirleathan agat air agus tá ar an machaire ar an taobh thuaidh de sna sléibhte. Acht tá Cruachán Phaoraig le feicsint thoir uait mar fear faire os cionn Dhúngarbhain, agus an Abha Mhór

ag rith ó dheas díreach nach beag ó Cheapach Chuinn go Eochaill, agus spuaic chaol Mhellerí in a seasamh ináirde imeasc na gcrann giuise agus na bpáirceanna glas, atá anois mar ná raibh acht aitheann gaedhealach agus fraoch agus clocha nuair a tháinig na manaigh fad ó go dtí Screathan ó “Lá Trappe” na Frainnce. Is míorbhailteach an feabhasughadh atá curtha aca ar an learg sléibhe úd ó thángadar ann os cionn céad bliadhain ó shoin. Tá féar, agus gach barra eile is ghnáthach ar fheirm, ag fás go flúirseach in áit ná raibh ann ar dtúis acht clocha agus carraigeacha agus gairbhéal.

Tar éis teacht ann do sna manaigh theigheadh fir oibre ó gach paróiste mór-thimcheall ag tabhairt congnaimh dóibh, ag tógaint cladthacha agus ag déanamh léataí i gcomhair an uisce agus mar sin. Ba mhinic d'airíghinn ag na sean-daoine, gur chuaidh deichneabhar agus fiche fear ó Ghleann Carthainn ó dheas ann gach aon lá ar feadh seachtmhaine; agus thugadar a gcuid bídh leo leis.

Acht mar luadhas cheana is ó bharr Chnoc Maol Donn atá an radharc is fóirleithne is dóigh liom, atá le feicsint ó aon bharr binne sléibhe in Éirinn go léir; mar dá mbeadh lá gléineach ceart ann chídhfá na Cruacha Dúbha i gCiarraighe ag bun na spéire thiar agus sléibhte Chillmhantáin agus an Staighre Dubh thoir ó thuaidh agus thoir gan trácht ar an farraige theas agus Greim an Diabhail thuaidh. Agus annsúd ag do chosa ar bharr an t-sléibhe, tá radharc éagsamhail eile – uaigh “Major Eeles” an fear aisteach úd d'fhág le h-uadhacht é féin agus a ghunna agus a dhá ghadhar a chur ar bharra Cnoc Mhaol Donn. Tá thimcheall céad go leith bliadhain ann ó tugadh andeas ó Eochaill é, mar a fuair sé bás, chun é a chur annso ar bharr an t-sléibhe.

Chonnacas na radharcanna so minic sar a rith iomlán na smaointe, atá luaidhte agam annso, im cheann; mar atá ráidhte cheana agam níor múineadh faic dúinn i dtaobh Stair na h-Éireann sa scoil, agus is nuair a bhíos ag eirighe suas im fhear a phiocas suas, in áit a chéile, an méid eolais atá agam anois ar scéal na h-Éireann, agus muna mbeadh Seán MacCraith im ghríosadh is deallramhach ná beadh an t-eolas san féin agam.

Ní rabhas níos mó ná deich mbliadhna d'aois nuair tháinig ingean dearbhthar lem mhathair abhaile ó Mheirce. Tháinig sí annso go Lios na Faille in' ár bhfhéachaint agus thug sí leabhar chúgham-sa – leabhar Béarla “A School History of the United States”, leabhar breágh agus cuid mhór peictiuirí ann. Leigheas agus d'aith-leigheas é cé nach ró-mhaith a thuigeas é ar dtúis, acht chuaidh a raibh ann i bhfeidhm orm sa t-slighe go mbeinn ábalta, dá gcuirtí chuige mé, ar uachtaráin na Stát Aontaithe d'ainmiughadh ó Washington go dtí Lincoln, agus urmhór na gcath sa dá chogadh mór d'áireamh chomh maith leo, agus ainm gach taoisigh airm a bhí sa dá chogadh a luadh. Nár mór an feall é gan leabhartha de'n t-sórt san ag cur síos ar ár dtír féin a bheith le fághail do'n aos óg, mar fanann na rudaí d'fhoghluim duine nuair bhí sé in a pháiste, i bhfad níos daingine in a cheann ná na rudaí d'fhoghluim sé in a dhiaidh san. Cé go bhfuil a lán léighte agam ó shoin maidir le leabhartha ag cur síos ar stair na h-Éireann níl an t-eolas a bhaineas asta, leath chomh beacht ná chomh soiléir im chuimhne, agus tá na h-eachtraí a bhí sa leabhar úd ag cur síos ar na “Stáit Aontuithe” a fuaireas ó Nell Ní Fhógarta fad ó riamh.

Tar éis an méid sin seachráin is mithid dom casadh arís go dtí na sléibhte, agus go dtí an áit úd ar ghualainn Cruacháin mar a bhínn ag déanamh mo mharbhnadh chomh minic sin fad ó. Agus mé im shuidhe annsúd im chathaoir cloiche bhínn ag féachaint síos uaim ar dhá charn mhór cloch, ceann aca ar a gcnoicín thíos fúm, agus an ceann eile ar an gCnoc Dubh thimcheall trí ceathramhna míle soir uaim. Tá an oiread cloch i ngach carn díobh agus a thógfadh caisleán. “Clutharacán” a ghlaodhann muinntir an Ghleanna ortha, agus b'é an scéal d'innistí in a dtaobh na gurabh amhlaidh bhailigh na “Danes” iad chun iad a dhóghadh. Fuaireadar eolas in áit éigin dá ndóghafaí na clocha go ndéanfaidís leasúghadh do'n talamh; acht nuair a bhí na clocha bailighthe aca, níor bhféidir leo iad a dhóghadh mar cloch

gainimhidhe a bhí ionnta. Níor chreidheas riamh an scéal san fiú amháin nuair bhíos im gharsún. Ní raibh na Danair in a leithéid sin de 'mhadáin ná bainfidís triail as chuid bhead de sna clocha a dhóghadh sar a bhailigheadar na mílte tonna dhíobh.

Fuaireas eolas in a dhiaidh san gur leacht na cárna cloch so, a tógadh os cionn na h-áite mar ar chuireadh Rí nó Taoiseach, agus go bhfuilid ar bharraí cnoc ar fuaid Éireann go léir. Ba mhinic, nuair a bhínn im shuidhe im chathaoir cloiche ar ghualainn Chruacháin, a bhínn ag smaoineamh ar an dá charn cloch úd. Bhínn ag samhlúghadh dhom féin sochraid an righe nó an taoisigh ag teacht aníos i gcoinne na bhfear ar a sciatha, gan comhra air acht é cóirighthe in a éide comhraic, ná mná caointe ag teacht taobh thiar de 'ghá chaoineadh agus ag moladh a thréithe is a ghaisce, agus a threibh go léir in a ndiaidh san. Annsan an teine ollmhór ar bharr an cnuic chun an chorp a dhóghadh, mar d'réir na n-úghdár atá léigheanta maidir le ársaidheacht sin mar a dheintí; na “cluichí caointe” dá gcleachtadh annsan, agus chun deire a chur le gach aon rud an treibh go léir ag cárnadh na gcloch os cionn an chillín mar cuireadh luaithreac coirp an taoisigh ainaithnid úd.

Ba ghléirtheánach glórach barra an chnuic an lá úd seachas chomh ciúin uaigneach agus bhíonn sé anois. Cé'r bh'é an taoiseach nó an rí úd? Cad iad na gníomhartha gaile agus gaisce a rinn' sé ionnus gur bhfiu é, dar le a threibh, an leacht úd a thógaint os a chionn. Ní fios d'aoinne beo aon rud dá luighead in a thaobh. D'réir súd a bhfuil doimhin-staidéar déanta aca ar na rudaí seo, tógadh na leachta so thimcheall dhá mhíle bliadhain roimh teacht Chríost. Nach ró-shuarthach neamh-bhuan seachas iad, na leachta cuimhne tógtar le daoine gur mhór le rádh iad sa lá tá indiu ann. Cá mbeidh tar éis ceithre mhíle bliadhain?

Bhínn thuaidh sa Leacain anois agus arís ag féachaint mo ghaolta ann agus is iomda uair a thángthas anduaidh thar an sliabh go déanach 'san oidhche. Bhí sean-thaithighe agam ar an gcasán agus ba bheag baoghal go gcuirfí amugha mé, an fhaid agus ná beadh ceo ann nó an oidhche a bheith ró-dhorcha ar fad; acht

dá mbeadh sí mar sin gheobhainn an timcheall ar an mbóthar. Is diamhar uaigneach a bheith ar an gcnoc leat féin i ndoircheadas na h-oidhche, go mór-mhór nuair ná beadh solus na gealaighe ann. Bhíodh an tuath thíos fúm mar scáth dircha, solinnc bheag soluis annso is annsúd gairid dom ó fhuinneoig tighe, agus scáil an t-soluis ós cionn na bailte mór i bhfad uaim mar teine ghealáin sa spéir. Uaireanta nuair a sheasuighinn ar a gcnoc i ndoircheadas na h-oidhche ag déanamh mo mharbhna – cé ná fuil ann is dócha acht díthchéille – shíllinn go mothuíghinn an chruinn agus mé féin ag casadh timcheall. Nuair d'féachainn suas ar an spéir agus ar na réalta, ritheadh liom go rabhadar in a stad agus go raibh an cnoc agus mé féin ag gluaiseacht. Agus rud eile, a bheith ar an gcnoc oidhche gheal Shamhraidh nó oidhche sheaca sa nGeimreadh nuair ná beadh scamall sa spéir, nuair d'fhéachfá ináirde os do chionn, ar na mílte réalt, beag agus mór, ag spréacarnach, agus machtnamh a dhéanamh ar a bhfeicir, munar duine oitir tú gan mothúghadh, buailfear isteach is aigne nach fada uait Dia na Glóire, míle buidheachas leis.

Thárla rud éagsamhal dom ar an sliabh fad ó. Chuadhas amach an cnoc ag siúl dom féin tar éis mo dhinnéir Domhnach sa Samhradh. Bhíos ag bualadh ó dheas Beárna an Bainbh idir an dá Mhaoil mar a bhfuil sean-bhealach treasna na sléibhte. Deineann daoine aithgheárr ann anois is arís fós, mar tá sé i bhfad níos giorra ná gabhailt an bóthar. Chonnacas uaim caora thimcheall fiche slat ar leath-taobh ó'n chasán, agus b'ait liom an t-slighe bhí sí in a seasamh gan cor aiste agus gan í ag inbhear. Rith sé liom gur tinn a bhí sí. Rinneas fiar-sceabha uirri agus nuair bhíos i bhfuigseacht leath-chéad slat di chonnacas mar a bheadh fear in a luighe ar cnámh a chúil gairid do'n chaora. Shíleas gur in a chodladh a bhí sé, acht bhí boinn a bhróg liom agus nuair dhruideas níos giorra do, bhraitheas go raibh meirg ar na tairngí. Baineadh geit asam mar thuigeas annsan gur fear marbh a bhí ann. B'eadh leis fear meadhon-aosta

Bhí ceann, de sé nó seacht slata de chórda, thimcheall ar mhuinéal na caorach, agus an ceann eile de'n chórda casta go daingean ar dhoirn an fhir mhairbh. Bhí gach a raibh ag fás taobh istig de fhaid an chórda mór timcheall ithte síos go dtí an chré ag an gcaora. Mheasas go raibh an fear caillte le seachtmhain. Thugas cead a cos do'n chaora bhocht agus chuadhas abhaile, agus cuireas cúntas go dtí na “pílears.” Chaitheas iad a thabhairt go dtí an áit mar a raibh an fear marbh. Thugamar i dtrucaill linne síos go Baile na h-Abhann é; áit a raibh coiste air. Chaitheas-sa fiadhnaise a thabhairt ag an gcoiste. Dúbhairt an dochtúir gur bás nádúrtha a fuair sé. Fear do b'eadh é a bhíodh ag tiomáint beitheadhac ó aonach go aonach do jobéirí. Bhí sé ag aonac Cheapach Cuinn agus d'réir deallraimh bhí sé ar a shlighe ó thuaidh thar na sléibhte go dtí aonac An Cloichin. Is dócha gur cheannuigh sé an caora i gCeapach Chuinn.

Thugas seachtmhain fad ó ar laetheanta saoire i bhfocair Liam Tóibín an maighistir scoile in a baile dúthchais féin, gairid do'n Tulach Mór. Tá an talamh go léir annsúd chomh leibhéaltha leis an mbórd go bun na spéire ar gach taobh díot. Dhúnadh mo chroidhe ann, agus bhíodh uaigneas orm i ndiaidh na shléibhte thimcheall an Ghleanna annso. Bhrathainn mé féin mar duine a bheadh i lár na farraige móire i mbáidín, agus gan thimcheall ar i ngach áird acht spéir is uisce.

An laoch nó an cuirptheach a chaitheann teicheadh nuair a bhíonn an tóir in a dhiaidh deineann sé ar na sléibhte mar is in a measc is fusa dídean d'fhághail; agus bheidh sé in a bhfad níos lúgha de bhaoghal ann na mar beadh sé ar an dtalamh íseal. Tá neamh-spleáchas ag gabhail le sléibhteánaigh i gcomhnuidhe, agus ní fuiris le tíoránaigh iad a choimeád fé smacht. Is é mo thuairm leis go luigheann an eolchair i bhfad níos mó ar dheoraidhe sléibhteánach ná mar luigheann sí ar an duine gurab áit dúthchais do na máighne agus na machairí. Bíonn dhá uaigneas air, uaigneas i ndiaidh a chine agus uaigneas i ndiaidh na sléibhte.

Lucht Droich-thréithe sa nGleann

Bhí isteach is amach le dha chéad duine ag áitreamh i nGleann Chárthainn nuair bhíos-sa ag eirighe suas im' fhear. Is ar éigin atá leath an méid sin ann anois. I measc an líon beag san de dhaoine bhí a bheag nó a mhór de sna tréithe céadna le feicsint, agus a bheadh le feicsint i measc na mílte a bheadh in a gcomhnuidhe i mbaile mór nó i gcathair. Is dócha gur fíor é gurabé an nádúir agus an mheon céadna tá sa duine cioca tuath nó cathair is áit comhnuidhte dho. Thugas fé ndear sa nGleann beag iargcúlta so, soluídí de gach tréith, olc agus maith, a bhaineann le saoghal agus beatha an gnáth-dhuine. Gan aon agó bhí an t-urmhór mór de mhuinntir Gleann Chárthainn in a gcríostaidhte cráibhtheacha nádúrtha acht bhíodh soluídí fáin de sna tréithe is measa a bhíonn sa duine le feicsint leis. Éitheach agus caimeacht agus gadaidheacht, bualadh agus gortúghadh agus goineadh agus an-bhás, éad agus formad agus doicheall sprionnlóireact agus dá mb'é an murdar féin é, chonnacas i rith mo shaoghail a bheag nó a mhór díobh go léir taobh istigh de limistéireacht an Ghleanna annso.

Bhí firín beag foirbhthe dar b'ainm Liaimín Búrc, nó Liaimín na n-ubh mar ba ghnáthaidhe a ghlaodhtaí air. Bhí sé in a comhnuidhe i dtigín chinn thuighe dhá pháirc isteach ó bhóithrín na cille ar an toabh thoir. Bhí sé os cionn deich mbliadna agus trí ficid, agus bhí sé ag maireachtain leis féin gan duine beo sa saoghal a bhain leis. Ní raibh de thalamh aige acht thimcheall ceáthramhadh acra de gháirdín. Bhíodh planndaí gabáiste agus oinniuin sa ngáirdín aige agus dhíoladh sé leis na comharsain iad. Bhíodh se ag bailiughadh ubh leis. Thabharfadh cúpla púnt airgid do bhean-tighe agus annnsan theigheadh sé thimcheall le n-a asailín dubh agus a bhoscadh gach aon Aoine ag bailiughadh na n-ubh mar chúiteamh ar an airgead. Thugadh sé na h-uibhe go dtí an baile mór gach aon Satharn. Bhí an t-slighe chéadna maireachtana aige agus bhí

aige Ailí Condúin acht ní dheineadh Liaimín trian an oiread agus dheineadh sí sin.

Fear beag lághach geal-gháireach b'eadh Liaimín. Bhíodh focal suilt nó scéal grinn aige, do gach aoinne a thangbhuigheadh leis agus bhíodh fáilte ó chroidhe roimis i ngach dtigh a dteigheadh sé isteach ann. Ní dhéarfadh aoinne go raibh namhaid sa saoghal aige, agus féach go raibh, agus namhaid annspianta.

Bhi Micil Ó Néill ag fiadhach coiníní Domhnach taréis a dhinneir. Ar ghabháil thar tigh Liaimín do bhuail sé isteach mar ba ghnáthach leis. Nuair d'oscail sé an doras chonnaic sé Liaimín boct caithte ar an úrlár ar a lámha agus ar a aghaidh, agus é fuar marbh, agus sean-thuagh, agus fuil thirm agus gruaig ar a cúl caithte taobh leis. Bhí rí-rá ar fuaid an bhaile láithreach. Tháinigh na “pílears” agus cheistigheadar gach aoinne sa chomharsanacht.

Nuair a theigheadh Liaimín amach agus chuireadh sé an glas ar an doras, chuireadh sé an eochair isteach i bpoll faoi leac na tairsinge. B'é tuairm na “bpiléars” go bhfuair an murdraér an eochair agus gur chuaidh sé isteach agus nuair d'oscail Liaimín an doras taréis teacht ó'n mbaile mor gur thug sé buille marbhthach do i gcúl an cinn le cúl na tuaighe. Dúbhairt an dochtúir gur briseadh a phlaosc agus gur marbhuigheadh ar an spota é. Bhí a rian ar an dtig gur cuarduigheadh é chomh mion le tobac. D'athchuarduigh na “piléars é agus ní fuaireadh pingin ruadh faoi fhraghthaca an tighe. Dá mb'é an sparán mór cnafáis, agus srang reatha ar a bhéal, a bhíodh ag Liaimín taobh istig dá bheast cabhlach, bhí sé caithte ar an úrlár taobh leis agus gan faic ann; agus pé rudaí a thug sé leis ó'n mbaile mór, té agus siuicre agus arán agus eile i gcomhair na seachtmhaine ní raibh a rian ann. Tógadh iad san leis.

Níor chuireadh i leith aoinne riamh ó shoin an choir uathbhásach úd. Cé go ndúbhairt an sagart de'n oltóir leis an bpobal, aoinne a raibh aon eolas aige a bhain le marbhúghadh Liaimín Búrc, go raibh sé de oibliogáid air an t-eolas san do thabhairt do lucht

na dlighe; ní raibh aon mhaith ann. Má bhí aon droch-amhras ag aoinne ar aoinne eile choimeád sé chuige féin é. D'réir mar d'airigheas go minic ó shoin bhí droch-amhras láidir ar fhear áirmithe sa chomharsanacht, acht choimeádadar súd a raibh an droch-amhras aca a mbéal dúnta. Ní maith le muinntir na tuaithe in Éirinn an ainm “Informer” a bheith le casadh leo; cé go mbeadh an chroch nó an príosún tuillte go ró-mhaith ag an t-é go mbeadh an t-amhras air. Is dócha gurab í dlighe na nGall, a bhíodh cam ní ba mhinicidhe ná a bhíodh díreach is cionntach le a bheag nó a mhór de'n tréith sin a bheith ionnainn go léir, nach mian linn congnamh a thabhairt do'n dlighe. Acht b'fhéidir go raibh cúis eile leis, mar luadhfad ar a ball, nár thug aoinne leid do sna “pílears”.

Pé cuirptheoir a chuir Liaimín bocht dá chois, tá sé taréis freagairt i láthair breitheamhan i bhfad níos aoirde ná aon bhreitheamh ar an saoghal so. Go leige Dia go bhfuair sé uain áithrighe níos sia ná mar thug sé féin do Liaimín Búrc.

Seo scéal eile ag cur síos ar dhún-mharbhughadh uathbhásach eile a rinneadh annso sa nGleann le linn na gorta, an bhliadhain a tháinig an meath ar na prátaí. Táim 'ghá innsint annso cé gur thuit se amach i bhfad sar a rugadh mé, mar tá a chuimhne beo fós imeasc na ndaoine.

Tá bóithrín cúmang ag rith ó Bhóithrín na Cille siar ó dheas go dtagann sé amach ar an mbóthar mór ar an taobh so de bhun an Bhealaigh, gairid do'n sean-bhearraic, mar a mbíodh Cruthúr Garbh ina chomhnuidhe fad ó. An Bóithrín Dorcha a ghlaodhtar ar an mbóithrín sin; agus ní aon leas-ainm é mar tá an chuid is mó de thíos fé leibhéal na talmhan, agus na sceacha agus an t-aiteann ata ag fás ar gach taobh de ag tangbháil le na chéile os a chionn.

Is annamh a ghabhann aoinne an bóithrín sin anois.

Thimcheall leath-mhíle isteach sa mbóithrín tá iompódh géar ann, agus is é an ainm a ghlaodhtar ar an iompódh san ná Cúinne

na Mine; agus sidh é an fáth a ghlaodhtar an ainm aisteach san air. An bhliadhain úd fad ó sa droch-shaoghal, nuair dhubhaidh na prátaí agus bhí na daoine bochta ag fághail bháis leis an ocras bhí fear bocht agus a bhean agus a gcúigear clainne in a gcomhnuidhe i mbothán gairid do'n chúinne sa mbóithrín. Níl rian aon tigh anois ann. Bhí an chlann óg agus bhí an t-ocras ag goilleamhaint ortha. Thug feirmeoir sa chomharsanacht órdúghadh do shiopadóir i mBaile na h-Abhann céad mine a thabhairt do'n bhfear bocht. Bhí sé ag teacht abhaile le crónúghadh na h-oidhche agus an céad mine ar mhuin asail aige, nuair thángadh roimhe sa mbóithrín ag an gcúinne agus mharbhuigheadh agus thógadh an mhin. Bhí a bhean ag fuireach leis agus nuair ná raibh se ag teacht chuaidh sí síos an bóithrín in a choinne agus fuair sí ag an gcúinne agus é marbh. D'réir mar bhíodh an scéal ag na sean-daoine beirt dearbhthár ó'n gcomharsanacht a mharbhuigh é.

Baineann sé le deallraimh nár chuir lucht na dlighe aon duadh mór ortha féin ag teacht suas leo súd a rinn' an marbhúghadh. Bhí na céadta ag fágbhail bháis leis an ocras agus leis an bhfiabhras, agus ní mórán suime a chuireadh i nduine sa mbreis a chur de'n saoghal, cé gur le dún-mharbhúghadh féin a rinneadh é. Nílim ag luadh a shloinne súd a raibh milleán an mhurdair ortha, cé ná fuil aoinne dá sliocht beo i nGleann Chárthainn anois. D'réir mar airigheas go minic d'imthigh leigheadh an chúbhair ortha. Mallacht na baintrighe a thuit ortha d'réir na sean-daoine; agus an fhaid a bhí aoinne dá sliocht sa mbaile, aon uair d'eireochadh aigneas idir iad féin agus aoinne de sna comharsain ba mhear a chasfaí síolrach ropairí na mine leo.

Ba mhinic i rith mo shaoghail a rinneas machtnamh ar an droich-ghníomh uathbhásach úd. Ba chéasta an uain í do'n bhaintrigh mhí-ádhmharaigh nuair a fuair sí a céile caithte annsúd gan cor as, agus annsan nuair chonnaic si go raibh se marbh, agus nuair liuigh sí agus bhéic sí chomh árd a cinn is a gutha, ba bhrónach croidhe-bhriste an sceal é. Níor tháinigh sé anuas

chugainn cad é an íde a bhí uirri féin is ar a clainn. Ba dheacair do dhuine, sa saoghal atá indiu ann, buaidhirt agus cúmha an scéil úd a shamhlúghadh do féin.

Ní féidir gan a mheas go raibh bás righin an ghaid tuillte go maith aca súd a rinn' an gníomh fealltach úd; acht nuair a dheineann duine doimhin-mhachtnamh ar an scéal is féidir truagh a bheith aige dóibh leis. Bhí seilbh glacaithe ag an áirseoir ortha an oiche úd gan amhras. Ni raibh de Chríostaidheacht ag gabháil leo acht a bheadh i leon allta nuair léimeann sé sa mullach ar an eilit mhaol, nó seabhach nuair a chuireann sé a chrúcaí i spideoig; agus mar an leon agus an seabhach ocras agus uireasbhaidh bídh ba chionntach leis.

Is minic a léightear i dtaobh daoine a rinneadh raic ar a luing agus a bhí ar seachrán ar an bhfarraige i mbád beag ar feadh i bhfad gan biadh ná uisce; is minic a léightear gur itheadar a chéile. Is deacair d'aoinne ná fuair ocras mar sin breith chóir a tabhairt ortha súd a dhéanfadh rud mí-Chríostamhail mar sin. Níl a fhios againn cad a dhéanfaimís féin dá mbeimís in a mbróga. Tá mórán daoine a fhulaingeodh bás fiche uair sár a dhéanfaidís rud mar sin, acht ní bhíonn gach aoinne mar iad. Ní raibh an bheirt a rinn' an murdar mí-thrócaireach úd mar iad go h-áirmhithe.

Is ar éigin is cuimhin liom Seán 'ac Cathail. Chailleadh é nuair a bhíos ag dul ar scoil, acht ba mhinic ina dhiaidh sa d'airígheas Risteard an Siúinéir ag cur síos air, nuair a theighinn ag cuardaideach go tigh Shiadhaile. Dheireadh sean-Risteard gurab' é Seán 'ac Cathail an fear b'annspianta agus ba nimhnighe dár chasadh riamh air, agus nár bfhearr dhe an talamh a shiubhalfadh se air. Dheireadh sé leis ná fuigheadh sé a bheith go maith ó dhúthcas, mar go raibh an droch bhraon ann. Bhíodh a sean-athair ag marbhughadh daoine ar a phádh sa droch-saoghal fad ó. Chúig phúint agus buidéal fuiscí a bhíodh uaidh chun duine a chur dá chois. Dúbhairt Risteard go

Minic d'airigh sé gur mharbhuigh sé fear aon uair amháin, agus annsan gur rinn sé suidhiste dá chorp an fhaid agus bhí sé ag ól an bhuidéil fuiscí. Céird eile a bhí aige a bheith ag goid na gcorp a bheithfí taréis a chur, as an reilig chun iad a dhíol leis na dochtúirí.

Chaith Seán 'ac Cathail roinnt bliadhanta i Meirice agus nuair tháinigh sé abhaile bhí pé creideamh a bhí aige ag imtheacht ann, caillte aige, agus níor chuaidh go dtí aon aifreann ná níor fheac sé a ghlúin ós comhair sagairt as san amach. Bhíodh sé ag déanamh magaidh de daoine a bhíodh, mar dheireadh sé “ag innsint a bpeacaí do mhac feirmeora”. Cé go mbeadh sé leath-dhiomaoin gach aon lá i rith na seachtmhaine, d'aon ghnó bhíodh rud éigin le déanamh aige amuig sa ngort ar an Domhnach, agus pé lá eile bheadh sé gan feoil, bhíodh sí aige Dé h-Aoine. Bhíodh sé, mar a dhéarfá, ag cur dubh-shlán fe'n gcreideamh. Bhíodh sé in a chomhnuidhe i bhfocair mac deirbhshéar leis -fear deallramhail macánta - a raibh feirm thalmhan aige ar an bport thoir de'n Tonnóig; b'fearr leis, d'réir mar bhíodh ag na comharsain, gan a uncail a bheith i bhfuigeacht deich míle dho agus ní leigfeadh an eagla do é a chaitheamh amach.

Cé go raibh Seán 'ac Cathail aosta go maith nuair marbhuigheadh Liaimín Búrc bhí amhras air ag na comharsain gurbh é a bhí cionntach, acht ní leigfeadh an eagla d'aoinne gaoth an fhocail a thabhairt do lucht na dlighe, mar bhíodar deimhinneach, dá bhfaigheadh sé amach é, go ndóghfadh sé an tigh os a gcionn, rud a dhéanfadh sé d'réir deallraimh gan scrupall ar domhan. Dhóghadh cúpla iothlann le na linn sa nGleann, agus cé gur air a bhi an milleán, níor bhféidir é a chruthúghadh gurabh é a rinn' an choir. Bhí an droch-amhras air, mar bhí droch-aigne aige dóibh siúd a dhóghadh a gcuid féir agus tuighe. Níor dhada leis, duine a mbeadh aon rud aige ina choinne, a bhualadh le cloich thar an gclaidhe. Bhuaileadh Cruthúr Garbh mar sin agus é ag teacht abhaile ó'n dtigh tabhairne i mBaile an Droichid oidhche Sathairn, agus bhí sé caithte ar an mbóthar

go dtí go raibh na daoine ag dul do'n chéad aifreann ar maidin Dé Domhnaigh. Thug Cruthúr mí ar an leaba dá dheasca. Bhí gach aoinne deimhinneach gurab é Seán 'ac Caithil a bhuail é, mar pé aragóint a bhí ag Cruthúr agus aige féin sa tigh tabhairne ghlaodaigh Cruthúr “mac mic Sheáin na gcorp” air; agus ní raibh le déanamh aige acht brúghadh fé, mar stracfadh Cruthúr as a chéile é gan mórán duaidh. D'fhág sé an tigh roimis agus d'fhan sé leis go bhfuair sé an chaoi ar e a bhualadh thar an gclaidhe le garbhóig cloiche. Dheireadh Risteard leis gur minic ag gearradh na h-eirbaill de bheithidhigh sa pháirc agus thugadh nimh do mhadraí; agus na daoine a bhain na rudaí seo dhóibh bhíodh rud éigin ag Seán 'ac Caithil ina gcoinne. Bhíodh an droch-amhras air acht ní fheacaigh aoinne é agus ní bhíodh dada le déanamh. Dá mbeadh aon rud dá luighead aige i gcoinne aoinne raghadh sé chomh fada agus a bhí ina chómhacht chun díoghbháil a dhéanamh do. Is cuimhin liom go mbíodh sé ag féachaint an-dhúr i gcomhnuide, agus amach fé a fhabhraí a fhéachfadh sé ort.

An tráthnóna úd a marbhuigheadh Liaimín na n-ubh bhí bheirt buachaillí ag cur suas ainleóg gairid dá tigh. Chonnacadar an fear ag teacht ina dtreo agus chuadar i bhfolach, mar síleadar gurab é Seán na Coille a bhí ann. Bhí crónughadh na h-oidhche ann agus gabh an fear thórsta i bhfuigseacht deich slata dhíobh. Seán 'ac Caithil a bhí ann agus bhí traidín fé n-ascail aige agus é ag geam-shodar. Cé gur mí-mhisneamhail lag-sprideach an gníomh é, ní leigfeadh a muinntir do'n dá bhuachaill focal a rádh le h-aoinne beo i thaobh a chonnacadar; acht nuair chídhtear 'd'én sórt duine Seán 'ac Cathail agus an ghráin a bhí ag na Gaedhil gach aon lá riamh ar án “Informer” is dócha gur deacair milleán a bheith ortha. D’réir deallraimh níor scéitheadh an rún go dtí tar éis bháis Sheáin ‘ic Caithil.

Shrois Seán féin deire na scríbe taobh istig de bhliadhain i ndiaidh murdair Liaimín Búrc. Is iomdha lá fada

ó d'airgheas Risteard siuinéir ag innsint i dtaobh a bháis do'n chéad uair, mar ba mhinic in a dhiaidh san d'airigheas é ag trácht air. Bhí gnó éigin aige de Thomás Ó Floinn mac dearbhsaér Sheáin 'ic Cathail , agus bhuail sé soir chuige an Domhnach so tar éis a dhinnéir. Nuair chuaidh sé isteach d'innis Tomás do ná ná raibh a uncail ar fóghnamh ó'n oidhche roimhe sin go raibh sé i lagachar ó shoin gan mothúghadh gan úrlabhra. Chuaigh Risteard isteach sa seombra, agus bhí sé caithte annsúd ar an leaba ar chnámh a chúil agus gan cor as. Bhí seordán air agus bhí duain air d'iarradh a anáil a tharraingt. Ar an chéad fhéachaint a thug Risteard air bhí a fhios aige go raibh deire leis, agus chomhairligh sé do Thomás fios a chur ar an sagart láithreach. Chuaidh Tomás féin fé dhéin an tsagairt agus d'fhan Risteard sa seombra i bhfochair Sheáin gur chas sé agus an sagart in a fhochair. Rinn' an sagart pé rud a bhi le déanamh aige, acht dar ndóigh ní raibh aon rud a gheobhadh sé a dhéanamh acht an ola a chur air mar bhi sé caithte annsúd gan aithne gan chainnt.

Le titim na h-oidhche mhéaduigh ar an seordán agus ar an duadhain anála a bhí air, agus léigh buachaill de mhuinntir Néill a tháinigh isteach na liodáin air, mar is gnáthach a dhéanamh in a leithéid d'ócáid. Bhí Risteard agus an choinneal bheannuighthe aige agus é 'ghá coimeád in a dhoirn; agus dúbhairt sé pé súil-fhéachaint a thug sé, go bhfeacaidh sé istig fé'n leaba mar a bheadh madra mór dubh agus lasair ag teacht as a dhá shúil. Go lá a bháis bhí Risteard Ó Siadhaile deimhinneach de seo, agus is dócha gur airigheas é fiche h-uair ag cur síos air. Deireadh sé go dtabharfadh sé an leabhar, dá mbeadh sé ag dul i láthair Dé ar an nómant san go bhfeacaidh sé an madra uathbhásach úd istig fé'n leaba. Bhí sé ag an tórramh agus thimcheall an mheadhon-oidhche tháinigh sidhe gaoithe agus shíl a raibh aon go scuabfí an tigh chun siúbhail. Chuaidh Risteard agus duine nó beirt eile amach sa maca am éigin i rith na h-oidhche agus shíleadar go raibh cnocán a bhí taobh thiar de'n tigh dubh le daoine. Oidhche spéir-ghealaighe a bhí ann, agus

ní rabhadar ábalta ar a thabhairt fé ndear 'dé'n sórt iad na daoine acht thabharfaidís an leabhar iad a bheith ann. Chonnaic a thuille de a raibh ag an tórramh iad chomh maith le Risteard, agus iad súd a bhí in a fochair.

An oidche tar éis na sochraide bhí beirt mhac Thomáis Uí Fhloinn in a gcodladh i bhfochair a chéile, agus am éigin i lár na h-oidhche rith an t-é ba shine aca isteach sa seombra mar a raibh a athair is a mháthair in a gcodladh, agus é ag scréachadh. Dúbhairt sé gur tháinig Seán 'ac Caithil isteach sa seombra chúca agus drannadh uathbhásach air agus mar a bheadh solus gorm thimcheall air. Nuair chuaidh Tomás agus a bhean isteach i seombra na ngarsún bhí an dara mac i lagachar sa leaba, agus nuair tháinig sé chuige féin bhí an scéal céadna aige. Bhí aifreann sa tigh aca cúpla lá in a dhiaidh san agus ní fhéacuigheadh aon rud ann as san amach.

Is cuimhin liomsa triúr fear sa nGleann a thabhairt an-bhás dóibh féin. Bhíos ag dul ar scoil nuair ghearraigh Peats Thomáisín a scórnach. Níor tharla a leithéid sa pharóiste leis na cianta roimhe sin agus bhí cuid mhór cainnte agus cur tr n-a chéile in a thaobh, mar tógadh a chopr os cionn talmhan faoi dhó. Dhíol Peats dhá muc ramhra i gCluainmeala agus ar a theacht abhaile agus a dhaethein óltha aige, chuaidh sé isteach i dtig tábhairne Chit Chaoimh i mBaile na h-Abhann agus d'ól sé a thuille ann. Bhí ingean leis im aimsir sa tigh tábhairne agus bhí sé chomh mór ar meisce gur chuir sí d'fhiacaibh air an t-airgead a thabhairt di, 'ar eagla go gcaillfeadh sé é nó go robálfaidhe é ar a shlighe abhaile dho. Nuair d'eirigh sé ar maidin agus chuardaigh sé a phócaí ní raibh aige acht dó nó trí scillinge; níor chuimhnigh sé ar aon chor gur thug sé an t-airgead dá inghean. Theastuigh an t-airgead uaidh chun an cíos a dhíol. Dúbhairt a bhean go raibh sé an trí n-a chéile ar fad, agus bhí sé ag síor rádh cionnus a raghadh sé i láthair Lainglí agus gan an cíos aige. Chuaidh sé isteach sa seombra agus taréis thamaill mhaith nuair ná raibh sé ag teacht amach d'oscail a bhean doras

an t-seombra agus chonnaic sí caithte ar an úrlár é i linn fola.

B'é Pilib Ó Muirgheasa an t-é ba dhéanaidhe de'n dtriúr a chuir deire leis féin. Bhádhaidh sé é féin sa Pholl Fhada. Anuaidh ó Baile an Phléamonn a tháinigh sé agus chuaidh sé mar cliamhain isteach go dtí bean de sna Bhálaigh a raibh feirm maith talmhan aici ar an taobh toir de'n abhainn. Bhí sí ag druidim leis an dachad nuair phós sí agus bhí Pilib os cionn deich mbliadna níos óige ná í. Bhí a máthair in a beatha fós agus ní raibh sa tigh acht an bheirt bhan. Bhí ainm na Báirseoireachta ar an mbeirt aca, go mór-mhór ar an sean-bhean. Bhí sé tugaithe suas di sin ná raibh a leithéid eile sa pharóiste go léir. Nuair d'imthigh na bliadhanta agus ná raibh aon chlann aca, ar Philib a bhíodh a mhilleán ag an sean-bhean, agus ní theigheadh suidhe shosa ar a teangain acht 'ghá chealgadh, agus in áit baint siar aiste ba minic gur a cabhrúghadh léithe bhíodh a h-inghean. Acht tháinig an lá agus bhí deire na foidhne caithte ag Pilib bocht. Chuaidh sé amach maidean chun na ba a thiomáint isteach, agus nuair ná raibh sé ag casadh leo chuadhadh 'ghá lorg. Fuaireadh a bhata sáighte sa talamh thimcheall fiche slat isteach ó phort na h-abhann ag an bPoll Fada, agus a hata ináirde air. D'réir deallraimh shaighidh sé a bhata sa talamh agus chroch sé a hata air agus thóg sé ruthag agus léim sé isteach san áit ba doimhinne sa pholl; fuaireadh a rian ó'n mbata go dtí an port. Cuarduigheadh an poll acht ní raibh aon mhaith ann; ní fuaireadh é gur tháinig sé os cionn uisce tar éis naoi lá.

Thug Tomás Ó Donnchadha an-bháis do féin cúpla bliadhain roimh a bhádhaidh Pilib O Muirgheasa é féin. Bhíodh Tomás in a Bháille I bhfeidhil na h-abhann, agus ní raibh sé ró-cheart riamh, mar thug sé cúpla seal i dTigh na nGealt. Thugadh fé ndear é ar feadh tamaill go mbíodh sé ag imtheacht cois na gcladhtacha agus ag cainnt leis féin. An lá so fuair sé an rasúr agus bhí sé 'há stropáil. Bhí droch-amhras ag a bhean air agus rith sí féin agus a h-inghean

go dtí an tigh comharsan ba ghiorra dóibh agus d'inniseadar a scéal. Tháinig fear an tighe agus a bheirt mhac thar n-ais leo. Nuair rangadar ag an tigh bhí an doras dúnta aige agus an glas air. D'fhéachadar isteach sa bhfuinneoig. Bhí Tomás in a sheasamh i lár an úrláir an rásúr in a láimh dheas agus é ag scamhadh na feola de méaracha a láimhe clé agus é ag briseadh a chroidhe ag gáire. Thug an triúr amuigh fe'n doras agus chuireadar isteach é; acht ní túisce istig iad agus sár a raibh uain aca é a chosc ná tharraing sé an rásúr treasna a scórnaighe. Ní raibh aon mhilleán ar Thomás bocht i dtaobh a rinn' sé leis féin mar ní raibh léas céille aige.

Is ait an galar an t-éad. Is gnáthach a bheith ag déanamh cúrsaí magaidh is áibhéise dhíobh súd a mbíonn an galar san ortha, acht ní dóigh liom gur ceart é sin mar ní bhíonn aon neart ag an chuid is mó aca ar a mbreallsúntacht. Bhí cúigear nó seisear fear annso sa nGleann im chuimhne-se agus bhí sé amuigh ortha go mbídís ag éad le n-a mná-céile. Cuirfead cúntas annso síos ar na rudaí d'airigheas i dtaobh na beirte ba mheasa dhíobh.

Sclábhuidhe b'eadh Séimín Ó Néill. Clann na beirte dearbhthár do b'eadh é féin agus Micil Ó Néill, a chaith a shaoghal i dtigh Sheáin Mór Breathnach. Níor maith le Séimín go bfhéachadh aon fhear eile díreach ar a bhean-céile, cé go raibh cúigear clainne aca. Agus b'é a rinn' an scéal ní ba ghreannmhara ar fad, ná go raibh Séimín in a fhear dathamhail cumasach, agus go raibh a bhean beag, buidhe agus geanncach; acht cé ná raibh sí sciamhach in a pearsain bean deagh-chroidheach lághach, nádúrtha do b'eadh í agus bhí meas ag na comharsain go léir uirthe. Níor leag Séimín barr méire riamh uirri, acht munar leag sé féin b'an-aoibhinn a bheatha aige sa t-slighe bhíodh sé ag aireachas uirthe. Níor leag Séimín barr méire riamh uirri, acht munar leag féin b’an-aoibhinn a beatha aige sa t-slighe bhíodh sé ag aireachas uirthe. Cuir i gcás dá mbeadh sí taobh ismuigh de'n tigh agus é a bheith láithreach, dá bhfeicfeadh sé aon fhear, dá mba bacach féin é, ag teacht fé dhéin an tighe, thugadh sé órdúghadh dhi dul isteach, agus dheineadh sí é i gcomhnuidhe i ngrádh an

t-suaimhnis. Theigheadh sé isteach sa tuaith ag obair le linn an Fhoghmhair agus nuair bhídtí ag baint na bprátaí. Thagadh sé abhaile gach aon oidhche Sathairn agus d'imthigheadh sé arís um thráthnóna Dé Domhnaigh. Acht ba mhinic a thagadh sé i gan fhios oidhche i lár na seachtmhaine agus d'fanadh sé ag eisteacht ar feadh leath-uaire an chloig taobh ismuig de fhuinneoig an t-seombra mar a mbíodh a bhean in a codladh, agus annsan d'éaluigheadh sé leis arís. Bhí a fhios ag na comharsain go mbíodh sé 'ghá dhéanamh agus bhídís a déanamh magaidh de'n scéal. Acht níorbh aon mhagadh do Shéimín bocht cúig nó sé de mhíltí, nó b'fhéidir níos mó, a shiúbhal go dtí a thigh féin, ó'n áit a mbíodh sé ag obair agus an fhaid céadhna a shiúbhal thar n'ais.

Bhí Peaid na Brídighe agus Micil Ó Néill ag teacht ó'n dtigh tábhairne an-dhéanach oidhche agus chonnacadar Séimín ag éalúghadh fé dhein a thighe féin. Leanadar é agus bhíodar ag aireachas air ag éisteacht ag an bhfuinneoig. Bhí ó Micil breith air agus pleanncadh a thabhairt do acht ní leigfeadh Peaid do é a dhéanamh. B'amhlaidh a chrústáladar le fóid é agus theith sé. Is deimhinneach ná raibh Séimín cionntach i dtaobh an t-slighe a bhí sé, mar nuair bhí sé ar leaba a bháis chaith a bhean lámh agus focal a thabhairt do ná pósfadh sí arís. Bhí sí sé bliadna agus trí fichid an uair sin.

Bhí Seán Ó Donncachadha in a chomhnuidhe le h-ais Bóithrín na Cille os comhair tige Sheáin Mhór Breathnach ar an taobh eile de'n mbóthar. Bhí sé pósta ag bean de sna Fógartaigh anuaidh ó'n Leachain a raibh gaol gairid aice lem mháthair. Bean bhreágh dhathamhail do b'eadh í, ná raibh dada le rádh ag aoinne de sna comharsain in a taobh acht gach aon rud d'á fheabhas. Bhí sí féin agus Seán Ó Donnchadha pósta ceathair nó cúig de bhliadanta agus ní raibh aon chlann aca. Bhí sé ag éad léithe agus b'ar éigin a leigfeadh sé as a radharc í. Nuair a bhíodh sé ag obair amuigh ins na páirceanna, ba mhinic a ritheadh sé isteach agus chuarduigheadh sé gach aon seombra sa tigh, agus na tighthe sa macha chomh maith leis. Bhíodh madra millteach aige agus bhíodh sé ag gríosadh an mhadra fé aon

strainséar a chídhfeadh sé ag teacht i dtreo an tighe. Nuair a théigheadh go aonach nó margadh chaitheadh a bhean dul in a fhochair i gcomhnuidhe. Bhí sé an-thabhartha do chluiche cártaí, agus roimh a phós sé ní raibh áit sa mbaile a mbeadh cluiche cártaí ná bhíodh sé ann. Acht anois ní imtheochadh sé ó n-a bhean agus thugadh sé cuireadh do triúr nó ceathrar sean-chearrbhach sa chomharsanacht teacht chun an tighe gach aon oidhche Domhnaigh rith an Geimhridh chun go mbeadh cluiche aca. Ní raibh aon bhaoghal go dtabharfadh sé cuireadh chun a thíghe d'aon fhear óg. Thuigeadar súd, a thagadh ag imirt na gcártaí, go maith cionnus mar bhí an scéal, agus nuair bhíodh an cáineadh agus an lochtúghadh ar siúbhal bhíodh sí ag tabhairt sunnc dá glúin fé'n mbórd do'n mbeirt a bhíodh ar gach taobh di.

Acht chuaidh Seán macánta ró-fhada leis an scéal sa deire agus tharraing sé tubaiste mhór air féin dá dheascadh. Bhí sé féin agus a bhean ag teacht ó aonach Chluainmeala lá. Bosca colmais a bhí aca agus bhí ualach trom aca – málaí mine is eile, - agus ní raibh an capall ábalta ar dhul thar an siúbhal. D'iompuigh an lá amach an-fhliuch agus ag teacht amach Bóthar na Coille tháinigh Seán Mór Breathnach suas leo agus capall agus “side-car” aige. Ní raibh Seán pósta an uair úd agus fear breágh cumasach a bhí ann. Ag ghabhail tar Sheán Ó Donnchadha agus a bhean do, dúbhairt sé go dtabharfadh sé í sin leis sa “side-car” agus go mbeadh sí ag baile i bhfad níos luaithe ná mar bheadh sí le n-a gcapall féin. D'imthigh sí leis agus í go buidheach. Is ar éigin a bhíodar imthighthe as radharc nuair scur Seán Ó Donnchadha an capall; bhain sé an chulaith dhe agus d'fhág sé an chulaith agus an trucaill agus a raibh innte ar thaobh an bhóthair, agus chuaidh sé ar mhuin an chapaill agus as go bráth leis in a ndiaidh. Ghabh sé amach thórsta gairid do

Baile na h-Abhann, agus níor fhéach sé ortha. Bhí an capall bán le cúbhar alluis, thiomáin sé chomh mear san é. Leig Seán Mór, bean Uí Donncadha anuas ag a geata féin, acht nuair chuaidh sí go dtí an doras bhí an glas air agus ní raibh an eochair sa poll fé bhonn na fuinneoige, san áit a chuir sí í ar maidin nuair bhíodar ag fágaint an tighe. Bhí a fhios aici go raibh a fear tar éis teacht mar bhí an capall in a sheasamh taobh ismuigh de dhoras an stábla agus an ceannrach air. Ghlaodhaigh sí agus ghlaodhaigh sí arís is arís eile acht níor tugadh aon fhreagra uirri. Chaith sí an oidhche i dtigh duine de sna comharsain, agus ar na bháireach chuaidh sí fé dhein an tighe arís acht bhí an ghlas ar an doras fós agus ní fheaca sí aoinne. Ghlaodhaigh sí ar a fear arís, acht sin a raibh de mhaith dhi. D'fhéach sí isteach sa stábla; bhí an capall caithte istig ann agus é fuar marbh. Chuaidh sí suas annsan go dtí Seán Mór agus d'iarr sí air í a thiomáint abhaile go dtí an Leachain, taréis a scéal d'innsint do.

Ar na bháireach tháinig beirt scriosamhnach dearbthar léithe isteach sa macha agus dá bhuinneán fuinnseoige aca. Bhí Seán Ó Donnchadha sa maca agus níor labharadar focal acht thosnuigheadar ag gabhail air leis an dá bhuinneán sa t-slighe 'nar fhágadar mar dheireadh Peaid na Brídighe, “órlach dár leag míol gob air” dá chabhail gan buile a bhualadh air. Nuair d'eirigheadar de bhí sé dubh agus gorm ó bhun go bathas, agus thugadar mionn agus móide an chéad uair eile a dhéanfadh sé aon rud mar sin le n-a bhean go dtiocfaidís agus go mbrisfidís gach aon cnámh a bhí in a chorp. Thugadar órdúghadh do dul agus a bhean a thabhairt thar nais seachtmhain ó'n lá san, agus muna ndéanfadh sé san go dtiocfaidís arís.

Bliadhain in a dhiaidh san d'fhág uncail athar le bean Uí Donnchadha tigh agus trí fichid acra talmhan aici le h-uadhacht. Díoladar an fheirm sa nGleann agus chuadhar ó thuaidh go dtí an Leacain. Bhí triúr clainne aca in a dhiaidh san agus d'réir deallraimh leigheas seasmhach ar an éad b'eadh leigheas seasmhach ar an éad b’eadh leigheas na mbuinneán fuinnseoige, maidir le Seán Ó Donnchadha go h-áirmhithe.

Na “Soupers.”

Is fada anois ó bhí mórán trácht ar na “Soupers” sa dúthaigh seo, acht nuair a bhíos-sa ag eirighe suas fad ó ba mhinic a bhídhtí ag cur síos ortha le linn cuardaidheachta nó ócaid eile dá shórt. Is cuimhin liom go maith iad ag trácht ortha i dtigh Siadhaile agus ar na rudaí a chaitheadh duine a dhéanamh chun a bheith páirteach leo, agus d’réir mo chuimhne ní ró-chruinn an t-eolas a bhí aca ar an ghnó. Bhídís ag rádh go gcaithfá seile a chaitheamh ar phictiuir Na Maighdine Muire, agus ní raibh sé ceaduighthe dhuit do hata d’ardacht ag gabhail thar na reilige ná thar an séipéal. Is dóigh liom ná raibh ann go léir acht sórt dúr-sé dár sé gan mórán de bhunadhas leis.

Is cuimhin liom dá mhuinntir tighe annso sa nGleann go raibh ainm an t-“súip” ortha, mar dheireadh na daoine, agus le linn achrainn idir iad féin agus na comharsain ba mhinic a chastaí leo é. Bhí fear breagh dathamhail díobh a raibh feirm mhaith talmhan aige agus é go maith as sa saoghal, agus ní bhfuigheadh sé bean sa trí pharóiste a phósfadh é. Chaith sé dul fiche míle ó bhaile fé dhéin mná; agus chaith beirt deirbhsaer leis dul go Meirice nar ní bhfuighidís fear sa mbaile go deo. Agus ní raibh aon rud ar domhan in a gcoinne acht ainm an t-“súip”a bheith ar a sinnsear. Acht tá na rudaí seo go léir dearmhadtha fad ó, agus ní chloisfá focal in a dtaobh anois ó aoinne, fiú amháin ó sna seanóirí féin.

B’ait an rud é, acht d’réir mar d’airigheas go minic, aoinne sa tuaith a chuireadh suim i léigheamh agus scríobh na Gaoluinne go mbíodh droch-amhras air go mbíodh bainnt éigin aige leis na “soupers.”

D’réir deallraimh bhíodh maighistrí scoile, a bhain leis an eaglais Sasanach, ghá gcur ag foghluim na Gaoluinne d’aon ghnó, chun caoi níos fearr a bheith aca, ar mhuinntear {iarthar} na h-Eireann, ná raibh aon Bearla aca, d’iompódh le linn

aimsire na gorta, nuair a bhí na daoine ag fághail bháis leis an ocras. Bhí [Cramp] ar dhuine de sna maighistrí scoile úd. Thug Lainglí go Baile na h-Abhann é, ag múineadh a gclainne súd ar an eastát a bhain leis an eaglais Sasanach. Bhí eolas maith aige ar an nGaoluinn agus ba mhinic a chas an Gealt leis cad chuige d'foghluim sé í.

Rinneadh cuid mhór de'n sort san oibre imeasc na ndaoine bocht san iarthar, acht is dócha gur rinneadh iarracht ar a beag nó a mhór de a dhéanamh i ngach aon, in a raibh uireasbhaidh. Agus b'é cuimhne na droch-oibre úd ba chúis le amhras a bheith ar aoinne a beadh ábalta an nGaoluinn a léigheamh is a scríobh.

Ní raibh sa nGleann [lem linn-se] acht aon fhear amháin de mhuinntir an t-sean-saoghail a bhí ábalta ar Ghaoluinn a léigheamh is a scríobh, agus d'réir deallraimh níor chuaidh sé slán ó'n droch-amhras. Is cuimhin liom go maith é; Pádraig Ó Domhnaill do b'ainm is sloinne dho. Bhí sé aosta go maith nuair is cuimhin liom-sa é – fear bréagh lághach, stuamba, agus féasóg fhada liath air, a chuireadh i gcuimhne dhom peictiúir Naomh Ióseb a bhí i séipéal Baile na h-Abhann. D'airigheas Risteard Ó Siadhaile 'ghá rádh, agus ní uair nó dhó é, ná raibh sa scéal go raibh baint aige leis na "soupers" acht cúl-chainnt annspiantach lucht scéalaidheachta, ná raibh caimeacht ná éitheach ag gabhail le Pádraig Ó Domhnaill ná le aoinne a bhain leis.

D'réir deallraimh chuireadh sé árd-suim i ngach aon rud a bhain leis an sean-shaoghal. Dheireadh sé gurab iad na Domhnallaigh agus na Niallaigh a chuir fútha ar dtúis i nGleann Chárthainn nuair ná raibh ann acht fásach. Saighdiúirí do b'eadh iad a bhí ar a dteicheadh ó bhriseadh Chionn Sáile. Níor chasadar chaoidhce go Cúige Uladh acht d'fhanadar sa nGleann agus thosnuigeadar 'ghá shaorthúghadh.

D'airigheas leis go raibh lán bosca móir de leabhartha aige agus scríbhinne Gaoluinne, scríbhinne gur bhfiú mórán iad b'fhéidir dá mbeidís again anois; acht tar éis a bháis

dhóghaidh a bhean gach aon leabhar agus scríbhinn a bhí aige. Bhí coip de “Chuirt an Meadon-oidhche” i dtigh na mBúrcach sa Móin Bhuidhe agus tá a ainm léithe. Is dócha gurab é féin scríobhaidh amach í do shean-Shéamus de Búrc athair Thomáis, a bhí ábalta an an nGaoluinn a léigheamh. Tá an scríbhinn sin agam annso i Lios na Faille anois. Is fad ó riamh a thug Tomás dom í. Go ndéine Dia trócaire air féin agus ar Phádraig O Domhnaill.

Bean an-otair an-mhí-thuigseanach do b’eadh Méin Bhillí bean-chéile Phádraig Uí Dhomhnaill; dá shon san is dócha ná beadh mórán maitheasa ann a bheith ‘ghá lochtúghadh i dtaobh na leabhartha agus na scríbhinne a dhóghadh mar is dócha gur rith sé léithe go raibh baint éigin aca leis na “Soupers.”

D’airighinn trácht ar bheirt nó triúr sa pharóiste seo d’iompuig a gcóta fad ó. Ar feadh roinnt bliadhanta bhí scoil ag fear dar b’ainm Greagóir Ó Duinnshléibhe ag Crosaire an tSean-Phóna. Bhí sé ar leath-láimh. Bhí a lámh clé geárrtha dhe ó-n-a uillinn. Chuaidh mo shean-athair agus cuid mhaith de lucht a chomh-aimsire ar scoil chuige. Is cuimhin liom mo shean-athair a bheith ‘ghá innsint dúinn fad ó cionnas mar ghearradh sé na pinn as cleití gé. Chuireadh sé an cleite isteach fé stumpa na láimhe clé a bhí aige agus bhí sé ábalta ar an bpeanna a gearradh amach ar fheabhas leis an láimh eile. “Gliugaraí” a thugadh na scoláirí air.

Nuair a chuireadh a scoil náisiúnta ar bun i mBaile na h-Abhann, dheirtí gur chuaidh sé ar a ghlúine ag iarradh ar an sagart paróiste post a thabhairt do mar chongantóir. Bhí murar mór air agus iad an-óg, agus bhí a fhios aige go mbeadh deire le n-a scoil féin nuair a bheadh an scoil nua ar bun; agua ná beadh dada le déanamh aige chun a chlann a thógaint acht dul ag iarradh déirce mar ní raibh sé ábalta ar aon obair a dhéanamh. Acht i dtaobh é a bheith ar leath-láimh ní thabharfadh an sagart paróiste aon phost do sa scoil, cé go raibh sé, d’réir na ndaoine, i bhfad níos oilte ná aoinne de’n mbeirt a chuireadh sa scoil.

D'iompuigh sé féin agus a bhean agus chuadar go séipéal Lainglí sa "Tigh Mór" as san amach. Thagadh an ministéir ann gach aon tráthnóna Domhnaigh nach beag; agus aon Domhnach ná fuigheadh sé teacht dheineadh Lainglí féin an gnó. D'iompuigh a bhean amach an-nimhneach i gcoinne an t-sagairt agus an chreidimh Chaitlicigh. Muna mbeadh greim feola le n-ithe aici rith na seachtmhaine bheadh blúire éigin aici chun é a chur sa teine Dia h-Aoine chun bolaithe meith a chur ar fuaid an chrosaire mar dhubh-shlán fé sna comharsain.

Thug Lainglí post do Ghreagóir Ó Duinnshleibhe ag suirbhéireacht. Chuireadh sé fear in a fhochair chun an slabhra a choiméad do. Thomhas sé gach aon fheirm agus gach aon pháirc ar an eastát agus rinne sé mapa de'n eastát agus de gach feirm a bhí ann. D'réir mar do bhí an chlann ag eirighe suas fuair Lainglí obair dóibh. Bhí cuid mhaith sa pharóiste a raibh truaigh aca dho, i dtaobh mar chaill sé a slighe bheata sa scoil, agus dheiridís go raibh sé ceart ag an sagart post a thabhairt do sa scoil nua. Bhí a thuille ann agus nuair d'iompuig sé dheiridís ná fuigheadh sé a bheith go maith-síolrach Mháire Ní Dhuinnsleibhe – í siúd a dhearbhuigh sa mbréig ar an sagart Nióclas Ó Síthigh a chrochadh sa bhfeall i gCluainmeala os cionn céad bliadhain ó shoin.

Bhí sé ag na comharsain, nuair a bhí Greagóir ag fághail bháis go raibh sé ag lorg an t-sagairt acht ná h-eistéochadh a bhean leis. D'iompuigh an beirt ba sine dá chlainn thar n'ais in a dhiaidh san. D'airigheas mo shean-athair leis ghá rádh go raibh a bhean féin ag lorg an tsagairt ar leaba a báis agus gur chuir sí an ruaig ar an ministéir, acht mar sin féin nár thugadh an sagart cúiche. Is dócha ná cuimhnéochainn ar scéalta so mo shean-athar i dtaob Ghreagóir O Duinnshléibhe acht gur airigheas mo mháthair agus m'áintín Máire dá n-innsint go minic in a dhiaidh san.

Níl aoinne de shliocht Ghreagóir Uí Duinnshléibhe i mBaile na h-Abhann le fada'n lá. Tar éis báis na sean-lánamha níor chas aoinne dá gclainn go dtí a n-áit dúbhchais go bráth arís.

Bhíodh Peaid na Brídighe 'ghá rádh nár bhféidir leis riamh a

dhéanamh amach cionnas a raghadh duine ins na “soupers” agus cad a bheadh le fághail aige dá bharra. Dá mbeadh airgead le fághail dheireadh sé ná beadh scrupall ar domhan air é a ghlacadh, dá mbeadh an oiread san de’n amadántacht ionnta agus é a thabhairt do. Acht ba bhéas ag Peaid macánta cúrsaí magaidh a dhéanamh de gach aon rud; dá shon san ní chreideadh aoinne go mbíodh sé dáiríre nuair a bhíodh sé ag rádh go raghadh sé ins na “soupers” dá mbeadh a fhios aige cionnus.

Bhí sé lá ag an margadh sa Cloichín, i bhfochair Sheáin Mhór agus Mhicil Uí Néill, le trí ualach muc ramhar. Nuair a bhí a daethen olta aige chuaidh sé suas go tigh an mhinistéara. “Parson Palmer” a ghlaodhadh gach aoinne ar an ministéir. Fear ionraic díreach do b’eadh é agus bhí meas ag cách air cioca ar de n-a chreideam féin iad nó nár b’eadh.

Bhuail Peaid ar an doras agus tháinig an ministéir amach.

“Cad tá uait a fhir mhaith?” ar sé sin le Peaid.

“Ba mhaith liom” arsa Peaid “dul ins na “soupers.”

“Cé dúbhairt leat teacht annso?” arsa an ministéir. “Bíonn said ag rádh” arsa Peaid “go dtugann sibh airgead d’aoinne d’iompóchadh libh, agus d’iompóchainn-se aon t-slighe ba maith libh acht mo dhaethen airgid a thabhairt dom.”

“Tabhair do bhóthar ort a rascail” arsan ministéir “agus d’réir an bholaithe atá ó d’anáil is beag an meas a beadh agat-sa ar “súp” mar dheoch.”

Dheineadh Peaid árd-scéal magaidh, de ar a thárla idir é féin agus an ministéir, agus ní uair ná dhó d’airigheas é ‘ghá innsint.

Ní cuimhin cathain d’airigheas aoinne sa nGleann annseo ag trácht ar na “soupers”. Táid imthighthe as cuimhne na ngnáth-dhaoine, mar cuid mhór de sna rudaí eile a bhíodh mar cúrsaí seanchuis aca sa sean-shaoghal.

Seán Mór Breathnach

Is iomdha tagairt atá im eachtraí agam ar Sheán Mór Breathnach. B'é an fear é ba mhó gustail i nGleann Chárthainn: bhí isteach is amach le céad acra talmhan aige agus an abhainn ag rith cliathánach leis an bhfeirm. Bhí a thigh ar thaobh Bóithrín na Cille, ceann de sna tighthe móra gránna úd atá le feicsint annso is annsúd ar fuaid na tíre ar fad. Acht ní raibh tigh an Breathnaigh ag féachaint gránna nuair bhíos-sa óg mar bhí gach aon órlach dá fhallaí clúdaighthe le feidhneán, agus choimeádtaí an feidhneán beárrtha go néata i gcomhnuidhe. Tá an tigh in a sheasamh fós acht ní tigh muinntire anois é acht scioból. Thimcheall fiche bliadhain ó shoin thóg an fear gur leis é – Seán Breathnach eile - tigh nua do fein, agus bhain sé na fallaí treasna as an sean- tigh agus rinne sé scioból de – an scioból is mó sa cheanntar is dócha. Tá doras mór dúbalta agus áirse ag dul isteach ann geobhfhaí ualach arbhair a thabhairt isteach fé. Scriosadh an feidhneán de sna fallaí leis, agus ní aon leas-ainm tigh mór gránna a tabhairt anois air. Bhí Breathnaigh Bhóithrin na Cille sa nGleann leis na cianta agus bhíodar go maith as sa saoghal, nuair ná raibh mórán ag aoinne. Daoine flathamhla do b'ead iad i ngach glúin agus ba mhinic d'airigheas nach fios cad a chaith sean-athair Sheáin Mór ag riaradh bídh ar dhaoine a bhí i bpráinn in aimsir na gorta, nuair dhúbhaigh na prátaí. Bhíodh beirt fhear oibre ag Seán Mór chomh maith le Micil Ó Néill agus is cuimhin Liam Beilbí 'ghá rá go raibh a n-atharacha agus a sean-atharacha ag obair i bhfocair na mBreathnach rompa. Bhí Seán Mór an-mhaith dá lucht oibre maidir le biadh, an rud céadna a bhíodh aige féin, bhíodh sé aca san agus d'itheadh sé féin an dinnéar in a bhfocair i gcomhnuidhe. Thugadh sé féirín maith do gach aoinne a bhíodh ag obair sa tigh, um Nodlaig; agus bhíodh cúpla cóta-mór fearthanna ar crochadh sa scioból i gcomhnuidhe do sna fearaibh, má ba ghádh dhóibh dul amach fé an fhearthainn. Ba mhór an deifir a bhí idir an t-slíghe a bhíodh sé le n-a gcuid fear agus mar bhídtí do fhearaibh

in urmhór na dtighthe móra feirmeora eile sa dúthaigh. Bhí an rian air, aoinne a chuaigh ag obair do sna Breathnaigh d'fhan sé in a bhfhocair rith a saoghail.

Fear mór mustarach dáiríre b'eadh Seán Mór Breathnach d'réir mar is cuimhin liom-sa é. Ba mhaith leis a shlighe féin a bheith aige i gcomhnuidhe agus ní thugadh sé aon ghéilleadh do mhagadh, ná sult ná aon sórt aibhéise. Ní cuimhin liom go bhfeacaigheas riamh é ag gáire, 'sé sin ag déanamh gáire ceart ó n-a chroidhe; dheineadh sé mion-gháire beag fuar, nuair a bheadh a chuid eile againn insna trithíbh ag gáire i dtaobh rud éigin greannmhar i dtigh Siadhaile.

D'réir deallraimh ní raibh sé mar sin i gcomhnuidhe, agus b'é bás a mhná nuair ná rabhadar pósta acht dhá bhliadhain a áthraigh a mheon. Fuair si bás ar Eilís an t-aon duine clainne amháin a bhi aige. Luigh a bás air chomh mór san air agus nárbh' é an fear céadna é as san amach. Ar feadh bliadhanta in a dhiaidh san bhíodh se ag obair gach aon lá ó dhubh go dubh; agus is cinnte gur d'iarradh maolúghadh a dhéanamh ar a bhrón a bhíodh sé, mar ní raibh aon uirbheasa airgid nó maoine saoghalta air; ~~ná ortha súd a bhí roimis mar bhí na Breathnaigh go maith as i gcomhnuidhe~~. Bhí sé in a fhear óg nuair cailleadh a bhean, agus d'réir mar d'airigheas níor chuimhnigh sé amháin ar phósadh arís, agus aoinne a tharraingeochadh pósadh anuas chuige ceoca mar mhagadh nó i ndáiríre ní bhuidheach de a bheadh sé, agus ní ró-shéimhialta a dhéarfadh sé leis a a bhéal a dhúnadh. Gan aon <u>ago</u> , bhí grádh aige thar na beartaibh ar a bhean chéile, mar gach aon Domhnach, an fhaid a bhí sé ábalta air, muna mbeadh doineann ann, theigheadh sé suas go dtí an Reilig sa Chill Dhubh tar éis a dhinnéir, agus theigheadh sé go uaigh a mná, agus thugadh sé scathamh ag guidhe os a cionn. Is dócha gur fhás an t-sainnt úd a bhí ann chun gnó agus oibre, gur fhás sí ann sa t-slighe nárbh fhéidir leis í a chur ar leath-taobh sa deire. Dá son san ni bhíodh de adhbhar cainnte aige acht curadóireacht agus barraí agus ba agus caoirigh agus

praghasanna agus rudaí mar sin. B'annamh a thráchtadh sé ar aon rud eile. Dá fhaidcheannach a bhí Seán Mór b'fuiris 'madán a dhéanamh de i slighte. Chreideadh sé gach aon rud d'innistí dho. Ní 'neosfadh sé féin bréag dá luighead agus shíl sé ná ‘neosfadh aoinne eile bréag acht an oiread.

Ba mhinic d'airigheas Micil Ó Néill 'ghá rádh go raibh Seán Mór an-scléipeach agus an-thabharta do chleasaideacht agus do mhagadh roimh bás a mhná. Ní fheacaígheas-sa riamh mar sin é agus ba dheacair dom a shamhlúghadh dhom féin é ag innsint scéil grinn nó ag imirt cleasa ar aoinne, agus chuir an scéal so a leanas i n–iuil dom gur mhór an t-áthrughadh meoin a bhí tagaithe air ó bhí sé in a fhear óg. Micil Ó Néill d'innis dúinn é oidhche i dtigh Shiadhaile agus sinn ag cuardaidheacht ann.

Bhí sé féin agus Micil Ó Néill sa Chloichín lá le dhá ualach muc ramhar, thimcheall bliadhain roimh a phós sé. Bhí na muca díolta aca agus iad tógtha uatha agus bhíodar tar éis na capaill a scur istig i ngeárd an Bhrúnaigh. Nuair bhí na capaill curtha sa stábla ag Micil bhí sé ag siubhal síos, suas mar ba bhéas leis, mar fear b'eadh ná fuigheadh a shuaimhneas a cheapadh ina shuidhe síos. Ní raibh sé an uair úd acht cúpla bliadhain agus fiche, agus d'réir mar d'airigheas go minic bhí sé in a fhear lúthmhar láidir nuair bhí sé óg, agus a deallramh san air. Bhí Seán Breathnach agus an fear a cheannuigh na muca in a suidhe ar bhloc adhmuid le h-ais an fhalla, agus bhí an ceannuightheoir ag cóimhreamh an airgid chun é a thabhairt dó. Bhí sé ag tabhairt Micil fé ndear agus é ag siúbhal síos agus suas.

“Is bríoghmhar an deallramh atá ar an mbuachaill sin agat” ar seisean I mBéarla lr Seán.
“Ní miste duit a rádh go bhfuil sé bríoghmhar” arsa Seán

“An bhfeiceann tú an geata san? Raghadh sé de léim thairis, agus ní chuirfeadh sé chun a dhíchill é.”

Bhí an geata ag dul amach ar an t-sráid, geata mór cláir, agus bhí sé isteach is amach le ocht troighthe ar aoirde.

“Díthchéille” arsa an ceannuightheoir “Ní sheasuigheann fear ar talamh an domhain a léimfeadh an geata san”.

“Cuirfidh mé luach na muc leat go léimfidh sé é” arsa Seán “acht níl focal Béarla aige agus caithfidh mé a innsint i nGaoluinn do cad tá ar bun againn”. Bhí a fhios ag Seán Mór ná raibh focal Gaoluinne ag an gceannuightheoir agus do mhínigh sé go Mhicil cad a bhí ar siúbhal aca, agus dúbhairt sé leis a bheith ag cur gothaidhe air féin, agus dhúmas go raibh sé 'ghá chur féin i gcoir chun an léim a thabhairt.

Thuig Micil ar an spota cionnus mar bhí an scéal, agus 'rinn sé gníómh dá réir. Raid sé a hata ar an dtalamh; chaith sé de a chasóg agus a bheast cabhlach agus raid é ar an dtalamh iad agus ba chuma leis cár thuiteadar; chuir sé a ghealasaí aniar thairis; chaith sé dhe a bhróga agus chuir sé a stocaí taobh ismuigh dá bhríste agus thosnuigh sé ag boc-léimrigh ar fuaid an gheáird ina bhaimpéisí, ag bogadh a réitheacha mar 'b'eadh.

Ní chuirfeadh an ceannuightheoir síos an t-airgead, cé go raibh Seán Mór 'ghá ghríosadh agus a chuid féin airgid leagaithe ar an mbloc aige. Acht ní raibh aon mhaith do bheith leis. Nuair a chonaic an ceannuightheoir goithidhe agus geáitsi Mhicil chaill ar a mhisneach.

Annsan dúbhairt Seán go n-iarrfadh sé ar Mhicil an léim a thabhairt agus 'sbáint don gceannaightheoir cad a bhí sé ábalta ar a dhéanamh, acht ní raibh aon mhaith dho a bheith le Micil, mar 'b'eadh, ní thabharfadh sé an léim gan an t-airgead a chur síos agus chuir sé uime a chuid éadaighe arís. Chuireadar dalla-phúicín ar an gceannuightheoir agus dúbhairt Micil go iomda gáire a rinne Seán Mór mar gheall air ina dhiaidh san.

Seo cúpla scéal a 'sbáineann chomh simplidhe agus bhí sé i slighte agus chomh fuiris is bhí sé 'madán a dhéanamh dhe. Bhí sé sa cheárdtain lá agus bhí tinneas fiacal millteach air agus dúbhairt Micil Dhuinn, an gabha, leis nuair

a raghadh sé abhaile snáithe cnáibe a cheangal thimcheall na fiacaille, agus an ceann eile den snáithe a cheangal de sclaimpín an dorais agus go n-imeochadh an pian. Nuair a tháinig Micil Ó Néill isteach chun a choda um thráthnóna cad a chídhfeadh se acht Seán Mór in a shuidhe chois na teine agus snáithe fada as a bhéal treasna na cistine agus é ceangailte ar sclaimpín an dorais.

"In ainm Dé" arsa Micil leis "an as do chiall atá tú?" D'innis Seán Mór i dtaobh an leighis a thug Micil Dhuinn do, agus gur léigheas éifeachtach é, mar go raibh an pian imthighthe.

B'ar éigin ar a raibh Micil ábalta ar a chuid d'ithe le gáire; agus an oidhche d'airigheas é ag innsint an scéil i dtigh Shiadhaile bhí sé ins na trithíb, cé gur fad ó roimhe sin a thuit sé amach.

Bhíodh rinnce ag Crosaire na Cille gach aon tráthnóna Domhnaigh i rith an tSamhraidh. Bhí talamh an Bhreathnaigh ag teacht go dtí an Crosaire agus is ann a bhíodh na ba bainne i gcomhnuidhe. Thuit amach bliadhain go raibh marbh-laoigh ag cúig nó sé de sna ba, agus bhí Seán Mór trí na chéille mar gheall ortha, nídh nach iongna. Bhí sé ag trácht ortha le triúr nó ceathrar eile, maidean Domhnaigh agus iad ag fuireach leis an aifreann. Bhí Tomás Bhríghid' an t-áithleoir ar dhuine aca.

"Is fuiris a thuigsint cad is cionntach leis" arsa Tomás agus bhagair sé a shúil ar an gcuid eile.

"Agus cad is cionntach leis?" arsa Seán Mór go searbh.

"An ceol, cad eile" arsa Tomás. Ná fuil fhios ag gach aoinne é sin. D'airigheas míle uair é."

Chuir an chuid eile le Tomás agus chuireadar na luighe ar Sheán gurab é an ceol, gach aon Domhnach, ba chionntach le marbh- laoigh a bheith ag na ba; agus dá mbeadh an ceol ann gach aon lá go mbeadh marbh-laogh ag gach aon bhó a bhí aige. Bhí sé ag imtheacht in sna craobhacha, d'iarradh stad a chur leis an rinnce agus chuaidh sé go dtí an sagart féin mar gheall air. Rinn' an sagart magadh de'n scéal, acht má rinn' féin

ní raibh Seán Mór ró-shiúráilte ná go raibh an ceart ag Tomás Bhríghid, mar d'aistrigh sé na ba bainne ó'n dtaobh san de'n bhfeirm agus ní bhídís ann as san amach nuair a bhí an rinnce ar siubhal.

Rinnce agus Grádh

Máighistir rinnce do b'ea Liam Beighlidhe. Bhíodh sé ag múineadh rinnce sa dúthaigh seo nuair bhíos ag eirighe suas im fhear. Corcaígheach do b'ea é féin agus bhí Gaoluinn agus Béarla ar a thoil aige, agus canamhain Chorcaighe go láidir ar a theangain. Is cuimhin liom go maith é, fear teann téagarthach, gan a bheith ró- árd, é glan-bheárrtha agus fo ribí liatha tríd an mothall cas, dubh a bhí air. Bríste glún a bhíodh air i gcomhnuidhe, agus cé go raibh sé trom, bhí sé an-éadrom ar a chosa nuair bhíodh sé ag rinnce. Thagadh se thimcheall annso ins na bliadhanta tar éis dom bheith stadaithe ó'n scoil. Bhíódh sé ag múineadh rinnce i scioból na mBúrcach sa Mhóin Bhuidhe dhá oidhche sa tseactmhain; bhíodh sé dhá oidhche i mBaile na h-Abhann acht ní cuimhin liom anois cá mbíodh sé na h-oidhcheannta eile. Thugaidís isteach sa scioból an clár rinnce a bhíodh ag Crosaire na Cille rith an t-Samhraidh agus dheineadh sé láthair breagh do Bheiglidhe chun a bheith ag múineadh an rinnce. Bhíodh Cruthúirín Píobaire mar cheoltóir aige; bíodh beidhlinn aige féin agus bhí sé ábalta ar phort d'imirt agus a rinnce, agus órduighthe a thabhairt do sna rinnceoirí gan nóta de'n cheol, ná buille de'n rinnce a leigint ar lár. Nuair a bhíodh sé ag múineadh rinnce i mBaile na h-Abhann ní bhíodh aon cheoltóir aige acht é féin.

Is dóigh liom, gur mar ghrádh Dia bhíodh Cruthúirín aige annso sa nGleann. Thugadh sé leath-choróin sa t-seachtmhain do. Nuair a bhíodh Beiglidhe ag rádh le Cruthúirín an ceol d'imirt dheireadh sé “Ceol, a Chruthúirín”; agus riamh ó shoin go dtí an lá tá indiu ann tá “Ceol a Chruthúirín” mar nath ag muinntir an Ghleanna annso.

Trí pingne an duine gach aon oidhche a bhíodh le díol ag gach aoinne a bhíodh ag foghluim an rinnce agus bhíodh os cionn deichniúr is fiche idir bhuachaillí agus cailíní ann. Acht pé méid a dheineadh Beiglidhe bocht chaitheadh sé go bog é ar ól agus scléip. Sa deire theip ar lúth a ghéag agus ní bhíodh ann gabháil thimcheall, ná an rinnce a mhúineadh. D'fhág sé an dúthaigh seo annsan, agus d'réir mar bhí ag na daoine, chuaidh

sé thar n'ais go Conntae Chorcaighe. Ní fheadar mé cad ba chor do in a dhiaidh san.

Bhíos thimcheall ocht mbliadna déag nuair chuas do'n chéad uair ag foghluim rinnce i scioból na mBúrcach. Seán Mac Craith ba chionntach lem' dhul ann agus chuaidh sé féin im' fhocair an chéad oidhche úd. Chuireadh sé árd-shuim i rinncí agus ceol Gaedhealach agus spreag sé mise chun dul ag foghluim an rinnce, díreach mar spreag sé mé chun tabhairt fé an Ghaoluinn a léigheamh agus a scríobh. Rinnceoir breágh do b'eadh Seán féin; dhéarfainn go raibh sé chomh maith le Beiglidhe féin chun port dúbalta no cornphíp a rinnce. Is cuimhin liom oidhche nuair bhí an múineadh ar leath-taobh gur rinnceadar araon “An lon dubh” gach le céim agus dóigh liom go rabhadar ag rinne nach beag leath-uair an chloig gan aon chéim a ath-rinnce. Is cuimhin liom gur croth Beiglidhe lámh le Seán nuair bhí deire aca, agus dúbhairt sé ná feacaigh sé riamh babhta rinnce níos fearr. Ní raibh aon phioc de'n doicheall ná d'en éad ag gabháil le Liam Beiglidhe bocht.

Ceathrar clainne a bhí ag Tomás de Búrc na Mónach Buidhe; Séamas an duine ba shine, Sibéal agus Máire annsan agus Tomás an duine b'óige. Thimcheall comhnaois do b'eadh Séamus agus mé féin; agus cé go rabhas féin agus é féin agus Tomás Óg go muinnteardha le n-a chéile mar is gnáthach ag buachaillí scoile, ní rabhas riamh istig in a dtigh, ná istig sa maca amháin, gur chuadhas ag foghluim an rinnce sa scioból ann. Ní bhíodh aon chur isteach ná amach againne – Búrcaigh Lios na Faille ar Bhúrcaigh na Mónach Buidhe. Thuigeas é sin go maith ó bhíos im gharsún óg, acht ní raibh aon eolas cruinn agam riamh ar cad ba chúis do'n mí-mhuintearras i dtosach, ná go dtí i bhfad in a dhiaidh san. Acht bead ag cur síos ar sin nuair thiocfaidh an uain chóir chuige.

Ní gnáthach le buachaillí scoile aon mhórán cur isteach na amach a dhéanamh ar chailíní scoile. Ní

bhíonn mórán measa aca ortha mar ní bhíonn aon mhaith ionnta chun na cluichí a bhíonn na buachaillí d'imirt. Ní bhíonn aon mhaith ionnta chun crústáladh, ná chun cic a bhualadh ar chaid, ná chun camán a láimhseáil. Bhíodh a gcluichí fein ag na gearrchaillí, acht dar leis na buachaillí ní bhíodh ionnta acht cluichí leanbhaidhe gan éifeacht. Ag teacht abhaile ó'n scoil ní fheicfeá na cailíní agus na buachaillí ag siúbhal i bhfocair a chéile, acht na buachaillí leo fein agus na cailíní (mar an gcéadna). Ní fheadar mé féin an mar sin a bhídís i ngach aon scoile eile; ba mhar sin i bhídís i scoil Bhaile an Droichid.

Dá shon san, cé go raibh Sibéal de Búrc ag dul ar scoil roinnt bliadhanta nuair a bhíos-sa ag dul ar scoil ba ró-bheag an t-suim a chuireas innte. Chídhinn í ar an mbóthar ag dul go dtí an scoil ar maidin, nó ag teacht abhaile um thráthnóna, sin a mbíodh ann. Is dócha nár labhras fiche focal leithe i rith na mbliadhanta san ar fad.

Ag rinnce Bheiglidhe i scioból a h-athar a chuireas aithne ceart uirri ar dtúis. Bhíodh sí féin agus a deirbhshiúr agus a beirt dearthár ag foghluim an rinnce. Is cuimhin liom go maith an chéad oidhche a chuadhas go dtí an rinnce. Muna mbeadh Seán Mac Craith ní raghainn ann choidhche; is ar mhaithe leis a chuadhas ann. Bhíos ag dul go rinnce Bheiglidhe ar feadh dhá shaosún agus d'fhoghluimigheas cionnus port dúbalta agus ríl a rinnce cuibheasach maith, acht ní rabhas riamh i ngaobhar chomh maith de rinnceoir le Seán Báróid ná Seán Mac Craith. Níor chuir Dic Ó Siadhaile aon t-suim i rinnce riamh.

I bhfocair na rinncí síos díreach, agus rinncí treasa Geadhealacha, mar an cor ceathrar, agus an cor ochtar, agus an rinnce fada, mhúineadh Beiglidhe na “sets”. Bhí an sórt san rinncí Gallda ag teacht i bhfaision an uair úd, agus bhíodh na buachaillí agus na cailíní agus cíocras ortha chun iad d'fhoghluim. Tháinig an t-am agus ba bheag nach iad na rinncí sin a bhíodh 'ghá gcleachtadh ag rinncí an Domhnaigh, agus ag póstaí agus

ócáidí eile mar sin, agus ní bhíodh acht duine annso agus annsúd a bhíodh ábalta ar bhabhta a rinnce síos díreach, ar fheabhas. Is mar sin atá an scéal sa nGleann anois agus le fada de bhliadhanta.

Is cuimhin liom go maith an scáth agus an náire a bhí orm ag dul ag rinnce le cailín do'n chéad uair. Beiglídhe féin a d'ainmnigh gach beirt agus mise agus Sibéal de Búrc a bhí i bhfochair a chéile. Ba mhór an t-áthrughadh a bhí tar éis teacht uirri le cúpla bliadhain ó stad sí ó'n scoil. Bhí sí go deas geal-gháireach liom im threorúghadh* tríd an (*'carrearacht' scríofa ós a chionn) rinnce, agus ní obair gan duadh a bhí aici, mar ba mise a bhí go amallach agus go mall-chosach. Bhíos insan am úd idir mé a bheith im gharsún agus im fhear. Bhíos caol, árd - bhíos leath-orlach os cionn na sé troighthe nuair bhíos fásta suas. “Caol an Iarainn” - a thugadh m'áintín Maire mar leas-ainm orm. Cailín cuibheasach árd do b'ea Sibéal. Bhí sí ar chomh-aoirde lem' ghualainn, agus í seang, díreach agus an-éadtrom ar a cosa. Bhí a súile dubh-ghorm agus folt a cinn ar dhath an chnó-chapaill agus é déanta ina phléata ramhar a bhí síos go dtí a bhásta. Bhí sé mar fhaision ag na mná óga, san am úd de'n saoghal, an ghruaig ar thosach a gcinn a ghearradh, sa t-slighe go mbíodh frinnse ortha anuas nach beag go dtí a súile. Chuireadh an frinnse féachaint an-dhána ar gnúis na gcailíní, go mór mhór aoinne aca a mbíodh geannc uirri. Níor lean Sibéal an faision san riamh. Bhí an ceart ar fad aici, mar badh pheaca aon chuid de'n bhfolt áluinn a bhí uirri a ghearradh.

Bhíos féin agus Sibéal ag rinnce i bhfochair a chéíle go minic rith an Gheimhridh sin, ag rinnce Bheiglidhe. Bhíomar ag dul i ndánaidheacht ar a chéile; nó ba cheart dom a rádh go rabhas-sa ag dul i ndánaidheacht uirthe sin, mar bhíos-sa cúthail, náireach ó dhúthchas, rud ná raibh sí sin. Ní h-é sin a rádh go raibh sí dána mí-bhanamhail, rud ná raibh sí. D'imthigh an Geimhreadh tharrainn agus bhog Beiglidhe chun bóthair

uainn. Aon uair in a dhiaidh san nuair a thangbhuighmís ar a chéile bhíodh seanchus beag agam féin agus ag Sibéal, acht sin a bhíodh ann. Níor rith aon rud liomsa agus níor chuimhnuigheas ar aon rud mar grádh, agus b'é an scéal céadna aici sin é, d'réir deallraimh.

Bhí an Samhradh ann – Lá 'l' Peadair is Póil, lá áluinn gan scamall sa spéir acht an ghrian ag lonnradh le n-a lán neart; nach maith is cuimhin liom é. Tá sé chomh soiléir os mo chomhair, dar liom, agus dá mba indé é agus beidh go dteigheadh san iúr. Tar éis mo dhinnéir do shiúbhalas treasna na bpáirceanna i dtreo na Faghrach Glaise. Ní bhíodh acht seiltheán beag uisce ag rith sa bhFaghair sa Samhradh acht, le linn tuile, tar éis cúpla lá fearthanna, ba mhinic neart uathbhásach uisce ag gabháil innte. Tá an fhaghair doimhinn go leor acht níl an fána síos ar gach taobh di an-mhór. Ní cuimhin liom cad a sheol an treo san mé an lá úd, mar níor ghnáthach liom mar áit spaisdeóireachta* (*balcairacht) é; acht ba bhéas liom a bheith ag siúbhal agus ag marbhnadh, sa tslí ionnus, uaireanta gur chuma liom cá dtabharfadh mo chosa mé. Bhíos ag siúbhal liom an casán a bhí trí nó ceathair de shlata isteach ó bhruach na faghrach, agus mé ag crónán amhráin, cé nár ró-bhinn chuige mé, nuair d'airigheas guth mná ag glaodhach m'ainm. “Haí! Haí! A Shéamuis! Annso!” Síos sa bhFaghair a bhí an guth thimcheall leath-chéad slat suas uaim. Ritheas suas bruach na faghrach acht cad a chídhfhinn acht Sibéal de Búrc in a suidhe thíos fúm ar phort an t-srutháin agus bróg léithe bainte dhi aici.

“In ainm Dé a Shibéal” arsa mé “cad a bain dhuit?” agus ritheas síos chuiche. Bhí a fhios agam ar a h-aghaidh a bhí an-bhán, an-tharrainge go raibh sí i bpian, acht bhí sí d'iarradh brúghadh fúithe, agus a leigint uirri ná raibh.

Do fhreagair sí mé agus ní raibh aon chritheán ná aon áthrughadh ar a glór.

“Bhí mé ag dul treasna na faghrach, agus rith mé anuas leis an bhfánadh. Sheasuigh mé ar chloich agus d'iompuigh mo chos fúm;

is baoghal liom go bhfuil sí goirtighthe go maith. Tá mé annso le leath-uair a' chluig agus bhí mé díreach chun seift a dhéanamh ar mé féin a stracadh suas ar bhruach na faghrach, nuair d'airigh mé tú ag amhrán. Ní bhfuighinn mo chos a chur fúm dá bhfaghainn an saoghal go léir."

Bhí a bróg bainte dhi aici agus bhí brághaid a coise ataithe go mór, ionnus go raibh an stoca fáiscithe isteach le n-a croiceann.

"Cad a dhéanfad?" arsa mise "nó an raghad anonn go dtí an tigh fé dhéin congnaimh?"

"Níl aon mhaith dhuit dul ann" ar síse "mar tá m'athair agus na garsúin agus Máire imthighthe go dtí Ceapach Chuinn go dtí a "Regatta", agus níl ag baile acht mo mháthair, agus ní bheadh aon maith innte sin."

"Cad tá le déanamh againn mar sin?"arsa mise.

"Ná beitheá-sa ábalta ar mé a thabhairt go dtí an tigh id bhaclainn? Tá tú mór go leor chun bheith ábalta ar mé a breith leat. Níl mé chomh trom san" agus rinne sí gáire beag tríd an bpian a bhi uirri, mar chonaic si m'aghaidh ag lasadh suas le náire. "Dar ndóigh níl ann acht leithead dhá pháirc. Níl dada eile le déanamh muna bhfuil uait mé d'fhágaint annso go h-oidhche. Seo, cuir an bhróg san id' phóca agus tabhair congnamh dom ar eirighe im' sheasamh ar mo leath-chois."

Rugas uirri fé n-a dá ascaill agus chuireas in a seasamh í, acht chaithfeas greim a choimeád uirri nó thuitfeadh sí. Chromas síos annsan agus rugas uirri thimcheall a dhá glúin agus d'árduigheas de'n dtalamh í agus chuir sí a dá láimh thimcheall ar mo mhuineál. Nuair mhothuigheas im bhaclainn í agus bolaithe a gruaige im shrón bhrathas mar a bheadh saighead ag dul trím chroidhe. Níor bhrathas aon mheádhchant innte acht an oiread agus ná bheadh innte acht bunóc. Cé go raibh sí ag caint liom ní cuimhin liom cad a bhí sí ag rádh, ná cioca ar thugas freagra uirri nó nár thugas. Ba ghairid a bhíos ag gabháil treasna an dhá pháirc léithe, acht b'amhlaidh a b'fhearr liom go mbeadh orm

i d'iomchur míle slighe.

Baineadh geit as a mathair nuair a chonnaic sí sinn ag teacht isteach sa macha.

“In ainm Dé is Mhuire a Shibéal” ar sí sin “Cad a bhain duit?”

D'innis Sibéal di cad ba chor di ó thús go deire. Chaith a máthair an stoca a ghearradh dhi leis an siosúr, bhí brághaid a coise chomh ataithe sin, agus b'é a tuairm go raibh an t-alt as ionad. B'é an chéad uair riamh agam é a bheith istig i dtigh na mBúrcach, agus bhí bean an tighe an-dheas liom agus chuaidh sí an-dhian orm fuireach agus té a bheith agam acht ní fhanfainn. Bheir Sibéal a buidheachas dhom agus d'iarr sí orm, idir mhagadh agus dháiríre, gan a bheith i bhfad gan teacht dá féachaint, agus cé go raibh sí d'iarradh bheith sultmhar agus í ag cainnt, bhí a fhios agam ar a h-aghaidh go raibh an-phian uirthe. D'fhágas slán aca agus bhogas liom abhaile.

Bhí eirighe éigin ar mo chroidhe, thar mar a mhothuigheas riamh im shaoghal, ar mo shlighe abhaile dhom. Ní bhfaghainn Sibéal a chur as mo cheann. Dar liom bhí a h-aghaidh os comhair mo súl agus bolaithe a gruaige im shrón agus bhrathas a meádhchant im bhaclainn, díreach mar bhí nuair bhíos 'ghá h-iompar ó'n Fhaghair Ghlas go dtí a tigh féin. Níor thuigeas riamh roimhe sin aon rud ag baint leis an ngrádh, ná ní rabhas ró-dheimhinneach an uair úd féin cad ba chúis leis an trí n-a chéile a bhí orm. Shíleas go raibh mar a bheadh briocht sídhe ar gach aon rud thimcheall orm. Shíleas ná feacuigheas riamh go dtí san aon lá b'áilne ná an lá gréine Samhraidh úd. Na sceacha, cé go raibh an bláth imtighthe díobh, an t-aiteann, an féar glas fem chosa - shíleas go raibh áilneacht agus deiseacht ortha an lá úd, nár thugas fe ndear riamh roimhe sin; agus cuach a bhí ag glaodhach sa nGleann thíos fúm, cé go raibh briseadh ar a guth, mar is gnáthach an t-am san de'n mbliadhain, rith sé liom nár airígheas riamh roimhe sin cuach ba bhinne ná í; agus nuair dhruideas gairid dom thigh féin agus chonnacas na fáinleoga éasca ag eitilt go h-árd sa spéir chuireadar

aoibhneas ar mo chroidhe. Nuair a chuadhas isteach shíleas ná faigheadh mo mháthair ná m'áintín Máire gan mé a thabhairt fé ndear agus na sciatháin a bhí ar mo chroidhe, acht d'réir deallraimh níor bhrathadar dada orm thar an gcoitchiantacht.

Um thráthnóna an lae in a diaidh thangbhuigheas ar Sheamas agus d'innis sé dhom gur thug a athair Sibéal ó dheas go dtí an fear cnámh i gCeapach Chuinn. Bhí a h-alt as ionad; chuir sé an t-alt isteach agus chuir sé baindeal ar a cois. Chaitheadh sí a cos d'ionnladh le fíor uisce ar feadh roinnt laetheanta chun an t-at a chur siar; agus ní bheadh sí ábalta ar a cois a chur fúithe go ceann trí seachtmhaine ar a luighead.

Níor chuadhas ag féachaint Shibéal an fhaid agus bhí a cos tinn. Bhíos idir dhá inntinn, ba mhaith liom dul chun lán mo shúl a bhaint aiste, acht theip ar mo mhisneach, mar shíleas dá raghainn 'ghá féachaint go scéithfinn orm féin agus go mbeadh fhios mo rúin ag cách. Bhí sé os cionn mí sar a raibh sí ábalta ar a cois a chur fúithe arís. An céad uair a thángbhuigheas uirri ag Droichead na Cille bhí bata siúbhail aici agus bhí ciscéim bheag bhacaighe innte. Thángas uirri gan cuimhne ag cúinne an droichid agus síleas go raibh mo ghuth caillte agam, mar ní raibh ionnam focal a rádh ar feadh nómaint, agus brathas mo aghaidh ag lasadh suas. Brathas gur tháinig luisne in a h-aghaidh sin leis, acht labhair sí liom go geal-gháireach.

“Táim ar buile leat a Shéamuis” ar síse “nuair nár tháinigh tú 'm' fhéachaint, tar éis a gheallamaint dhom go dtiocfá, acht is dócha gur beag an tinneas a bhí mé a thabhairt duit”.

Ní cuimhin liom ro-shoiléir cad é an leith-scéal a cheapas, acht b'í sin a bhí ag déanamh urmhór na cainnte a bhí againn, agus sinn ag siúbhal go mall cos ar chois anoir an bóthar go dtí a geata féin. Bhíomar ag cainnt ag an ngeata ar feadh tamaill ar so agus súd, agus bhí uaithe go raghainn isteach léithe go dtí an té, rud ná beadh de mhisneach

agam a dhéanamh dá bhfaghainn a raibh d'or a bhí ag Déamar. Thuigeas anois go rabhas i ngrádh léithe, acht bhíos deimhinneach ná raibh aon chuimhne aici sin orm-sa, acht an oiread a bhí aici ar aon bhuachaill eile sa chomharsanacht. Chuir an smaoineamh san leanndubh im chroidhe, agus anois in áit an saoghal thimcheall orm a bheith ró- aluinn ró-iongantach mar bhí sé an tráthnóna úd a thugas abhaile im bhaclainn í, b'amhlaidh a bhí mar bheadh scamaill dhorcha ar gach aon rud, ar mo chroidhe agus ar m'aigne agus gan amach romham sa saoghal acht trioblóid agus buaidhirt.

Thangbhuighmís ar a chéile anois agus arís as san amach, acht ní rinneamar aon rud mar ionad coinne le n-a chéile. Bhíodh sí go geal liom i gcomhnuidhe, agus ritheadh sé liom uaireanta gur mhaith léithe a bheith im chuideachta, agus annsan arís dheirinn liom féin ná raibh sa tuairm sin acht díth-ceille; acht pé rud a bhíodh im aigne bhínn aireach i gcomhnuidhe ionnus ná sleamhanóchadh aon fhocal uaim a nochftadh mo rún léithe. Bhí suidheachán i séipéal Baile na h-Abhann ag Búrcaigh na Mónach Buidhe ináirde ar an áiléar agus bhí suidheachán mo mhuinntire-se ar an áiléar thall os a chomhair. Nuair d'eirígheas féin suas ba an-annamh a theighinn ináirde ar an áiléar, acht isteach i lár an t-séipéil i bhfocair mo chomrádaithe féin; acht anois thosnuigheas ag dul suas ar an áiléar arís, d'aon ghnó acht chun bhfaghainn a bheith ag baint lán mo shúl as Shibéal de Búrc, os mo choinne thall, i gan fhios d'aoinne. Agus an Domhnach a thuitfeadh amach ná beadh sí ag an aifreann céadna agus a bhíos-sa dhúnadh mo chroidhe istig im cliabh agus bhínn go dúbhach an chuid eile de'n lá.

Ba mhinic a thugas uair an chloig im shui ar an strapa os coinne an gheata annso, agus mé ag féachaint síos uaim ar an tigh, díreach mar bhínn ag féachaint ar na Búrcaigh óga ag súgradh, nuair bhíos im leanbh; acht bhí malairt smaointe im chroidhe agus im aigne anois seachas mar bhíodh san am úd fad ó.

Shleamhnuigh Samhradh na bliadhna san leis agus an Foghmhar in a dhiaidh agus tháinig an Geimhreadh, agus tháinigh Liam Beiglidhe

agus thosnuigheadh ar an rinnce i scioból na mBúrcach sa Móin Bhuidhe. Chuas ag foghlaim an rinnce acht is dóigh liom ná raghainn acht fios a bheith agam nár mhaith le Seán Mac Craith é. B'é ba bhreágh liom shíleas, ná a bheith amuigh agus a bheith ag féachaint isteach ortha i gan fhios – go mór-mhór a bheith ag féachaint ar Shibéal, Bhíodh sí go deas liom mar ba ghnáthach léithe, acht níorbh aon sólás mór domh-sa é sin, mar bhíodh sí go deas muinnteardha leis na buachaillí go léir; agus in áit a bheith ag dul i ndánaidheacht uirthe b'amhlaidh a bhíos ag eirighe níos cuthaile agus níos náirighe nuair bhínn in a cuideachta.

Rith na bliadhna san ní raibh an dúil céadna agam, agus a bhíodh agam, i ngleo agus spórt, ná i gcuideachtain mo dhá chomrádaidhe Dic Ó Siadhaile agus Seán Báróid. B'fhearr liom a bheith ag spaisdeóireacht im aonar ar fuaid na bpáirceanna nó ar an sliabh. Thugadar san fé ndear an t-áthrúghadh a bhí tar éis teacht orm agus bhídís 'ghá fhiafrughadh dhiom cad a bhí ag goilleamhaint orm. Ní leiginn-se dada orm acht magadh a dhéanamh de'n scéal, agus a rádh gur dócha go raibh ciall ag teacht dhom, nó rud éigin mar sin. Is deallramhach nár rith sé le aoinne cionnus mar bhí an scéal agam, mar níor airigheas focal in a thaobh ag aoinne; agus ba shin béas a bhi againn annso sa nGleann, aon bheirt a thugtaí fé ndear a bheith ag déanamh a bheag nó a mhór de suirighe, é a chasadh leo nuair gheibhtí an caoi oireamhnach chuige.

D'imthigh an bhliadhain sin ag tháinigh an bliadhain nua, agus an Inid agus pósadh Ned Dhómhnaill, agus lúthgháir agus trioblóid romham-sa i bhfochair a chéile.

Pósadh Ned Dhómhnaill.

Phósadh Éamonn Ó Londaragáin um Inid. Níor ghlaodhmar riamh air sa nGleann acht Ned Dhómhnaill, mar Dómhnaill ab ainm dá athair. Bhíodh sé ag na sean-daoine ná raibh aoinne gur sloinne dho Londaragáin riamh, gan leas-ainm air. Acht ba ghnáthach linn annso i nGleann Chárthainn leas-ainmneacha a ghlaodhach ar dhaoine seachas na Londaragánaigh; is beag ná go raibh leas-ainm againn ar gach aoinne. Bhí feirm mhaith talmhan ag muinntir Londaragáin ar an taobh theas de'n Móin Bhuidhe. Daoine do b'eadh iad a bhí thar barr chun maireachtana, agus bhídís i bhfeidhil a ngnótha doich is déanach. Acht ní raibh sprionnlóireacht ag gabhail leo; agus dá chomhartha ná raibh, fuair an Gleann go léir cuireadh chun an phósta. B'iomdha pósadh a chonnacas i rith mo shaoghail, acht dhéarfainn gurab é pósadh Ned Dhomhnaill an pósadh do b'fearr dhíobh go léir; acht b'féidir go raibh cúis ar leithle leis an tuairm sin a bheith agam-sa.

Le cailín de sna Paoraigh gairid do Bhaile na h-Abhann a phósadh Ned. Cailín breagh dathamhail do b'eadh í. Fear breágh cumasach do b'eadh Ned féin, cé nár chuir sé mórán suime riamh i gcluichí spóirt, ná i gcleasa gaisce eile mar sin.

Is mór ar fad an deifir atá idir phóstaí an lae indiu agus póstaí sa t-sean-aimsir. Pósadh Ned Dhomhnaill agus Nell Paor i mBaile na h-Abhann thimcheall a trí a chlog um thráthnóna. Bhí cóiste nó “covered car” ann, a tháinigh ó Chluainmeala, do'n lánamha nua-phósta agus an bheirt a sheasuigh leo; agus ba shin rud ná feacuigheadh sa nGleann riamh roimhe sin. Bhí dhá “side-car” ann, ceann aca ag seán Mór Breathnach agus a inghean, agus an ceann eile ag muinntir na mná. Capaill agus trucaillí a bhí ag an gcuid eile, agus bhí thimcheall dhá dhuine dhéag ann ar mhuin capaill.

Bhíos féin agus m'áintín Máire agus Seán MacCraith ag an phósadh agus an capall agus an trucaill a bhí againn. Bhí m'áintín in a suidhe i lár na trucaille ar mhála tuighe, agus bhíos fein agus Seán in ár suidhe ar an tosach, agus é sin ag tiomáint an chapaill. Is cuimhin liom go raibh scata bacach agus tuinncéirí bailighthe ag geata an t-séipéil, agus nuair a bhí Ned ag teacht amach

chaith sé ladhar mion-airgid suas in a measc mar ghrub. B'iongantach an stracadh agus an tranglam a bhí aca d'iarradh teacht ar an airgead. Ba bheag nár eirigheadar ag pleanncadh a chéile, agus is dóigh liom go ndéanfaidís, muna mbeadh go raibh beirt de sna “pílears” láithreach.

Nuair d'fhágadar an séipéal thiomáineadar chomh mear agus bhí i gcosa na gcapall gur shroiseadar (rangadar ag) Baile an Droichid. Chaitheadar a suaimhneas a cheapadh annsan an fhaid agus bhíodar ag dul i gcoinne an chnuic trí Bheárna an Mhadra; agus nuair bhíodar ar an leibhéal arís ba sheo chun bóthair iad as san go dtí an Mhóin bhuidhe. Nuair ghabhadar thar Droichead na Cille bhris na marcaig thar claidhe, treasna an Réidh Dhóighte, díreach fé dhéin an tighe agus gach aon liuigh asta. Leagadh beirt nó triúr ag dul thar na cladhthaca. Bhí Micil Ó Néill imeasc na marcach, agus capall le Seán Mór aige, agus leagadh é féin agus an capall isteach i ndígh lán d'uisce. Bhí sé fliuch salach ag an draoib a bhí sa díg agus chaith Domhnaill, athair Ned, tamall de shean-chulaith éadaigh a thabhairt do.

Ba gheall le Aonach Bheárna Gaoithe é nuair rangamar ag an dtigh. Bhí an macha agus an iothlann lán de chapaill agus de thrucaillí. B'amhlaidh a rinn' gach aoinne a chapall féin a scur agus a cheangal de'n trucaill agus sop féir as an gcruaich a thabhairt do; ní raibh aon fhághail ar stáblaí dhóibh go léir.

B'é an chéad rud a rinneadh annsan ná dul ag ithe. Bhí seisear nó móir-sheisear de mhná agus cailíní ó'n gcomharsanacht ag ullamhúghadh bídh agus ag cur gach aon rud i gcóir, ó mhaidin ann. Ní aon soghlaistí neamh-choitcianta a chuireadh ar bhórd, acht feoil agus prátaí – cáirne dhíobh bhí cheithre sórt feola ann – mairtfheoil, caoirfeoil, bagún agus géana róstaithe. Bhí trí cinn de bhúird cistine curtha i ndiaidh a chéile sa scioból agus bhí bórd eile sa chistin, agus leis an méid sin go léir, ní raibh slighe do a raibh ann, agus chaith cuid aca fuireach go raibh an chéad chuid réidh. Bhí sult agus áibheís agus deas cainnt aca agus

iad ag ithe, mar bhí urmhór na bhfear “maith go leor”. Bhíodar ag ól i mBaile na h-Abhann an fhaid agus bhíodar ag fuireach leis an sagart.

Nuair a bhí gach aoinne sásta léirigheadh an scioból le h-aghaidh rinnce. Thógadh amach dhá cheann de sna búird agus chuireadh an ceann eile i gcúinne an sciobóil agus Cruthúirín píobaire agus beirt bheidhleadóirí ar chathaoireacha ináirde air, agus chuireadh na suidheacháin mór-thimcheall leis an bhfalla. Thosnuigh na bheidhleadóirí ag cur na bheidhlinní i dtiúin leis an bpíb, agus nuair bhí san déanta shéideadar suas port agus b'shúd amach ar an úrlár na rinnceoirí. Bhí trí bharraaille pórtair ann agus Tomás de Búrc – athair Shibéal agus Seán MacCraith in a mbun; b'é a ngnó san an deoch a riaradh go comhtrom agus gan leathchuma a bheith déanta ar aoinne. Thugaidís an pórtar isteach sa scioból i mbuicéidí agus bhíodh piúntaí stáin aca 'ghá riaradh ar chách. Bhí an chuid is mó de sna daoine aosta istig sa chistin, agus braon de'n stuif cruaidh 'ghá chaitheamh aca thimcheall na teine, agus greann agus caitheamh aimsire dá gcuid féin aca.

Thimcheall an mheadhon-oidhche cuireadh an té i gcóir, istigh sa tigh muinntire, d'aoinne ar mhaith leis é. Acht ba bheag a chuaidh 'ghá ól acht na mná, agus fo-dhuine de sna fearaibh ná raibh ag ól. B'fhearr leis an gcuid eile an pórtar ná é.

Nuair a thángamar isteach sa macha bhí isteach is amach le fiche duine idir “buachaillí bréige” agus bacaigh bailighthe thimcheall an doruis. Bhí na “buachaillí bréige” agus sean-bhalcaisí agus aighthe-fidil ortha agus féasóga bréige ar a thuille aca. D'aithnígheas Peaid na Brídighe in a measc. Bhí féasóg fhada air a bhí déanta de rón capaill ruaidh agus caipín ar a cheann a bhí déanta de hata cruaidh ar baineadh an bhileog de, agus bhí dhá adhairc gabhair ceangailte ar dhá thaobh an chaipín agus iad in a seasamh ináirde agus péint dhearg ortha. Ní féacaigh aoinne riamh oidhre ar a sean-bhuachaill acht é. Bhí dhá cloigín ceangailte ar shála a bhróg aige agus iad ag gliogarnadh le gach ciscéim

a thugadh sé. D'réir mar d'airígheas fuair Peaid cuireadh chun an phósta, acht i ngrádh na scléipe chuaidh sé ann in a “bhuachaill bréige”. Níorbh é an chéad uair ag Peaid, ná an uair dheireannach acht an oiread, é sin a dhéanamh. Chuireadh buicéidí pórtair agus a ndaethen le n-ithe amach chúcha. Roimh mhaidin bhí na buachaillí óga a bhí ortha istig sa scioból ag rinnce agus a gcuid balcaisí caithte dhíobh aca.

Ní raibh mórán de'n oidhche caithte nuair d'eirigh, pé braonta a thugadh do Chruthúirín, in a cheann, agus thuit sé de'n chathaoir agus muna mbeadh go raibh duine éigin gairid do a rug greim air, thuitfeadh anuas de'n mbórd ar an úrlár. Chaitheadh é a chur in a luighe ar shop tuighe i mbothán na bprátaí agus rud éigin anuas air, áit ar fhan sé go h-eadarach ar na bháireach. Acht fuair Peaid na Brídighe an phíb agus d'imir do sna rinnceoirí in a ionad; agus chuirfeadh sé na cait ag gáire ináirde ar an mbórd ag imirt agus na h-adharca dearga air; mar cé gur chaith sé dhe an fhéasóg ruadh, d'fhág sé an caipín adharcach air.

Ba bheag ná gur “sets” ar fad a bhíodar ag rinnce rith na h-oidhche. Rinnceadh dó nó trí bhabhtaí síos díreach, agus ba bheag nár baineadh an ceann de'n scioból leis an liuirigh nuair rinnc Peaid na Bridighe “An Staicín Eornan” ináirde ar an mbórd agus an caipín adharcach air agus na cloiginí ar a shála. Nuair bhídís cortha de'n rinnce bhíodh amhrán aca anois is aris an fhaid agus bhídhtí ag riaradh na díghe.

Cé gur rinnceoir maith m'áintín Máire níor rinne sí acht rud beag i dtosach na h-oidhche. As san amach bhí sí ag tabhairt congnaimh dóibh siúd a bhí ag cur an té i gcóir, agus ag glaodhach ar na cailíní isteach ó'n scioból chuige. Bhí Dic Ó siadhaile an ghnóthach leis ag tabhairt isteach móna agus uisce agus ag féachaint I ndiaidh na lampaí a bhí ar crochadh ar fhallaí an sciobóil.

I lár na h-oidhche chuaidh Seán MacCraith agus Tomás na Mónach Buidhe le pláta ag bailiúghadh airgid do sna ceoltóirí. Fuaireadar cuid mhaith mar ní raibh

duine láithreach nár chaith raol nó scilling ar an bpláta. Bhíos-sa sa chistin ag ól an té, Sibéal de Búrc agus mé féin agus ceathrar nó cúigear de bhuachaillí agus cailíní eile, nuair thángadar isteach. Bhí Seán Mór taobh thiar díom in a shuidhe i lár an teinteáin, agus chonnacas é ag caitheamh dhá leath-coróinn ar an bpláta. Chaithfeadh sé a bheith níos fearr ná aoinne; ba shin tréith a bhí ag gabhail leis; acht chun an ceart a rádh bhí sé flathamhail ó chroidhe. D'airigheas gur theastuigh ó Sheán MacCraith agus Tomás de Búrc scar de'n airgead a bhailigheadar a thabhairt do Pheaid na Brídighe acht ní ghlacfadh sé pingin de. Bhí sé tuillte aige mar bhí sé ag imirt na píbe an chuid is mó de'n oidhche, acht ní raibh aon mhaith a bheith leis, dúbhairt sé leo pé méid a bhíodar chun a thabhairt do féin é a thabhairt do Chruthúrín sa mbreis, gur uaidh is mó a theastuigh sé. Dhéanfadh Peaid bocht an rud céadna dá mba rud é, ná beadh pingin ruadh in a phóca fein an uair sin.

Ba mhaith an gno gur fhan Seán Mór sa chistin, mar má's sa scioból a bheadh sé ní beadh an oidhche chomh suairc ag a inghean Eilís agus ag Seán Báróid agus do bhí. Bhíodar i gcomhluadar a chéile rith na h-oidhche go léir, agus d'réir deallraimh ba chuma leo fios a bheith ag cách go rabhadar mór le n-a chéile. Is maith an gnó dhúinn go gcoimeádann Dia na Glóire dall sinn ar cad a bhíonn i ndán dúinn, mar dá mbeadh a fhios ag Eilís Bhreathnach agus Seán Báróid cad a bhí rompa, ba bheag an sult a bhainfidís as an oidhche úd.

Agus anois déanfad tagairt dom féin agus Sibéal. Bhíomar ag rinnce le n-a chéile an chuid is mó de'n oidhche. Níor rinnceas féin le aoinne eile, acht léithe rith na h-oidhche go léir; agus nuair bhíodh sí sin ag rinnce le aoinne eile sheasuighinn suas leis an bhfalla ag féachaint uirri. Thug cuid de sna buachaillí fé ndear mé agus bhíodar ag magadh fúm, acht ba chuma liom; mar i slíghe éigin, cé nár labhradh focal gráidh eadrainn, bhí sé buailte isteach im aigne go raibh cion ag Sibéal orm. B'é an chéad uair é a rith aon rud dá shórt liom, agus dá son san bhí áthas agus sásamh im chroidhe

Taréis a ceathair a clog nuair bhí “sets” críochnuighthe againn d'iarr Sibéal orm an dnéanfainn í a thionnlacann chomh fada le n-a geata féin, go raibh uaithe dul abhaile. Dúbhras go ndéanfainn dar ndóigh, acht d'fhiafhruigheas di cad in a thaobh go raibh sí ag dul abhaile chomh luath san.

“Sin rún” ar síse, ag déanamh gáire beag “a 'neósfaidh mé dhuit uair éigin, b'féidir.”

Fuair sí a clóca agus d'éaluigheamar linn amach agus síos an bóithrín go dtí an bóthar mór. Bhí an ré lán agus bhí sé chomh geal le lár an lae agus nadúir seaca ann. Do shiúbhalamar cos ar chois ó thuaidh an bóthar agus is dócha go raibh dhá chéad slat curtha dínn againn gan focal as aoinne againn.

“D'é cúis ná fuil tú ag cainnt a Shéamuis?” arsa Sibéal sa deire.

“Mhaise, níl dada le rádh agam” arsa mise.

“Ná fuil dada le rádh agat liom-sa?” ar síse.

Níor thugas aon freagra uirri. Bhí a fhios agam im chroidhe istig cad do a bhí sí ag tagairt, ach theip ar fad ar mo mhisneach.

Sheasuigh sí ar an mbóthar os mo choinne amach agus d'fhéach sí díreach orm.

“A Shéamuis” ar síse “níl ionnat fós acht páiste. Tá tusa i ngrádh liom-sa agus níl sé de mhisneach agat é a rádh liom. Ná fuil an ceart agam?”

Tug an t-slíghe a labhair sí misneach dom acht ní gan duadh a thugas freagra uirri.

“Tá an ceart agat a Shibéal” arsa mise “ó'n lá úd anuraidh a thugas abhaile im bhaclainn tú, ní féidir liom tú a chur as mo cheann de ló ná d'oidhche. Níor labhras leat in a thaobh mar go dtí an oidhche anocht ag an bpósadh, níor rith sé amháin liom go raibh aon chuimhneamh agat orm-sa seachas aon bhuachaill eile.”

“A Shéamuis a chroidhe” ar síse a leagaint lámh leithe ar gach gualainn liom agus ag féachaint síos ar an dtalamh “An gcuirfeadh sé iongantas ort dá ndéarfainn gurab é an scéal céadna

agam féin é. O'n lá úd tá tú im aigne de ló agus d'oidhche."

Chuir sí a ceann ar m'ucht agus í ag rádh na bhfocal so. D'faisc mé isteach liom í, a h-aghaidh ar m'ucht agus m'aghaidh féin ar fholt cúmhra a cinn. Níor labhras focal léithe. Ní raibh ionnam focal a labhairt. Bhí tocht orm agus ba ghairid dom' shúile na deora, agus nuair d'árduig síse a ceann agus d'fhéach sí suas orm bhrathas na deora drithle in a súile le solus na gealaighe.

Shiúbhalamar linn cos ar chois agus mo lámh aniar thar a com agam agus ceol im chroidhe agus níor labharmar go dtí gur rangamar ag an ngeata.

"Ní gádh dhuit teacht níos sia a chroidhe" ar síse "Teighir thar n-ais go dtí an rinnce."

"Cionnus a gheobhainn dul thar n-ais go dtí an rinnce anois?" arsa mise "Tá mo chroidhe im chliabh ag léimrigh le h-áthas, agus tá trioblóid im aigne in a fhochair sin. Cad is cor dúinn san am atá romhainn a Shibéal? Tá a fhios agat nach áil led mhuinntir-se ná lem mhuinntir féin go mbeadh cháidreamh idir an bheirt againne."

"Seo mo lámh is m'focal duit" ar síse, agus cé gur beag nach i gcogar a dúbhairt sí é, bhí seasmacht neamh-choitchianta sa t-slighe a labhair sí "Seo mo lámh agus m'focal duit ná beidh aoinne eile agam go deo acht tusa, agus, má tá tusa ar aon intinn liom, is cuma liom cad a dhéarfaidh ná cad a dhéanfaidh ár muinntir."

Ag cloisint na bhfocal so dhom óm ghrádh léim mo chroidhe le lúghgháir agus do mhéaduig mo mhisneach.

"A Shibéal" arsa mise "annso i láthair Dé bheirim-se mo lámh agus m'focal duit-se ná beidh aoinne eile agam go deo acht tusa."

Ba shiúd mar thugamar geallamhaint dá chéile agus sinn in ár seasamh annsúd ag an ngeata i solus na gealaighe ar a cúig a chlog ar maidin.

"Caithfidh mé a bheith ag imtheacht a chroidhe" arsa Sibéal agus chuir sí a dhá láimh aniar thar mo mhuinéal agus tharraing sí mo cheann anuas cuiche agus phóg sí mo bhéal; agus annsan rith sí

isteach an geata agus suas an bóithrín fé dhéin an tighe.

I rith na mbliadhanta go léir, ó shoin go dtí an lá tá indiu ann, níor gabhas tar an geata san riamh, nár chuadhas siar ar mo smaointe go dtí cad a thárla an mhaidean ghealaighe úd fad ó.

Ní bhfuighinn cur síos ar an trí n-a chéile a bhí im aigne ar mo shlighe abhaile dom. Bhí lúthgháir agus imshníomh orm i bhfocair a chéile, agus gach le seal aca ag breith buaidh ar a chéile. Cad a bhí i ndán dom féin agus do Shibéal? Cad é an réidhteach a bheadh ar ár gcás?

Shiúbhlas liom abhaile go ríghin réidh, agus ghuidheas chun Dé gan a leigint dúinn a bheith scartha le n-a chéile. Bhíos ag déanamh ar an ngeata nuair a tháinigh m'áintín agus Seán MacCraith suas liom leis an gcapall.

“Car imthíghis?” arsa Seán “bhíos id lorg agus ní raibh a fhios ag aoinne cathain d'fhágais an rinnce. Cad in a thaobh gur fhágais chomh luath san é? Ní stadfaidh siad súd go mbeidh sé in a lá gheal.”

“D'eirigheas cortha dhe” arsa mise “agus bhogas liom abhaile.” Ní dúbhairt m'áintín Máire seadh ná ní h-eadh. Agus rith sé liom i slighe éigin go raibh a fhios aici cionnus mar bhí an scéal. Bhí a fhios agam comh géar agus bhí sí, agus gur beag rud a ghe'obhadh thóirste gan é a thabhairt fé ndear. Dá shon san ba bhaoghal liom go raibh achrann agus trioblóid romham. Roimhe seo raghainn aon fhaid chun achrann agus trioblóid a sheachaint; ní raibh uaim riamh acht an ciúineas, agus an t-síothcháin. Anois ba chuma liom ó bhíos deimhneach Sibéal a bheith dílis dhom. Níor bhfiú biorán aon rud eile.

An lá ar na bháireach taréis an dinnéir bhí Seán MacCraith imthighthe amach agus bhíos-sa im shuidhe i gcúinne an teinteáin agus mo cheann fúm. Bhí tuirse orm tar éis na h-oidhche aréir agus bhí an ceol im chluasa fós. Bhí mo mháthair agus m'áintín Máire ag léiriughadh ar fuaid an tighe. Ní raibh focal as m'áintín, rud nár ghnáthach léithe, agus rith sé liom gur ghairid dom rud éigin acht sheasuigheas an fód, mar dúbhras

liom féin dá luaithe a bhainfidhe an ceann de'n scéal gur mar sin do b'fhearr é. Sa deire sheasuigh sí gairid dom agus labhair sí.

“A Shéamuis” ar síse “ná raibh aon chailín eile le fághail agat-sa ag an bpósadh aréir, chun 'madáinín a dhéanamh dhíot féin mar gheall uirri, acht inghean Thomáis na Mónach Buidhe?”
Baineadh geit asam, acht chuir an t-slighe a labhair sí i dtaobh Shibéal fearg orm. D'eirigheas im sheasamh agus d'féachas idir an dá shúil uirri.

“Níl dada le rádh ag aoinne i dtaobh Shibéal de Búrc acht gach aon rud dá fheabhas” arsa mise, agus ní ró-shéimhialta a labhras.

Stad m'áintín ar feadh nómaintín gan freagra thabhairt orm. Is dóigh liom gur chuir sé iongantas uirthe an t-slighe a labhras léithe, rud nár rinneas riamh roimhe sin.

“B'fhéidir san” ar síse go mall “acht ná fuil a fhios agat-sa cionnus mar tá idir mhuinntir na Mónach Buidhe agus sinne?”

“Tá a fhios agam ná fuilimíd ró-mhuinnteardha le n-a chéile” arsa mise “acht níl eolas cruinn agam ar cad is cúis leis. Acht pé cúis a bhí leis níl ann acht sean-scéal gur mithid e a dhearmhad.”

“An faid agus bhead-sa annso” ar sise agus tháinigh lasadh in a h-aghaidh le buile “ní leagfaidh aoinne de shíolrach Shéimín na Mónach Buidhe cos ar an úrlár so.”

Sar a raibh uain agam freagairt a thabhairt uirri labhair mo mháthair: “Mhaise a Mháire” ar síse “ná fuil siad araon ró-óg chun a bheith ag cainnt mar sin in a dtaobh. Dár ndóigh is ag Dia féin atá a fhios cad a bhíonn i ndán do dhaoine. B'féidir go mbeadh a mhalairt de mheon ar an mbeirt aca san taobh istig de ráithe.”

“A mham agus a áintín” arsa mise “seo m'focal díbh, ná tiocfaidh aon áthrúghadh meoin orm-sa ná ar Shibéal dá chéile. Is dócha go bhfuil a muinntir sin sa t-slighe chéadna léithe sin agus tá sibh-se liom-sa. Acht má leanann ár ndá muinntir in ár gcoinne, fágfaimíd é go léir aca agus déanfaimíd seift ar ár maireachtain a bhaint amach in áit éigin eile.”

Nuair a bhí deire agam thug m'áintín féachaint an-ghéar orm

acht ní dúbhairt sí a thuille. Rith sé liom, gur móide a meas orm, i dtaobh an t-slighe a labhras.

Ní dúbharadh a thuille agus d'imthigheas amach i bhfeidil mo ghnótha.

Thangbhuigheas ar Shibéal cúpla tráthnóna in a dhiaidh san, agus d'inniseas an scéal dí ó thús go deire. Ní dúbhairt aoinne da muinntir aon rud léithe, acht Séamus a deartháir, agus b'amhlaidh bhí sé sin ag magadh fúithe im chasadh-sa léithe. Bhí an scéal i dtaobh mé féin agus Sibéal a bheith chomh mór le n-a chéile ag an bpósadh, ar fuaid an bhaile fé dheire na seachtmhaine. Ní bhíonn ó lucht tuaithe acht gaoth an fhocail i dtaobh aon rud mar sin chun é a chraeleadh go fóirleathan. Má airigh athair agus máthair Shibéal é, ní dúbhradar focal léithe mar gheall air, ná níor thagair m'áintín do'n scéal liom-sa níos mó.

Chuireas féin romham annsan iarracht a dhéanamh ar bun-rúta an mí-mhuinntearais a bhí idir sinn féin agus Búrcaigh na Mónach Buidhe d'fhághail amach. Cheistigheas Seán MacCraith in a thaobh, acht ní raibh aon eolas cruinn aige sin ar an scéal, acht gur airigh sé gur achrann éigin mar gheall ar thalamh ba thosach leis. Chuimhnigheas annsan ar sean-Risteard Ó Siadhaile agus dúbhras liom féin muna raibh eolas aige sin ar an scéal ná raibh sé ag aoinne, mar ní raibh duine sa nGleann a chuir níos mó suime i sean-eachtraí ná é. Bhuaileas síos chuige an Domhnach a bhí in ár gceann. Chonnachas é istig sa tigh in a mbídís ag obair agus é ag déanamh cloiginn píopa adhmuid. Dheineadh sé na píopaí a chaitheadh sé féin i gcomhnuidhe. Chuadhas isteach chuige agus tar éis tamaill a chaitheamh ag trácht ar so agus súd chuireas mo cheist air. Dúbhairt sé liom gur minic d'airigh sé an scéal ag na sean-daoine fad ó agus go 'neosfadh sé dhom é chomh maith agus do bhféidir leis cuimhneamh air. Chuirfeadh m'innsint féin air mar bheadh an t-slighe d'innis Risteard an scéal ró-leadránach ar fad.

Ar an taobh theas de'n mbóithrín atá ó ár dtigh-ne annso go dtí an bóthar mór, tá ceithre páirc gur le Búrcaigh na Mónach Buidhe iad, dhá

cheann aca ar gach taobh de'n Faghair Ghlas. Le muinntir Néill b'eadh na páirceanna san fad ó, agus Pilib Ó Néill an duine deireannach díobh a bhí in a chomhnuidhe i dtigh a bhí ag an iompódh sa mbóithrín. Níl rian an tighe anois ann; acht tá crann feorais ag fás ar chlaidhe a bhóithrín, atá ann, is dócha, ó bhí an tigh ann. Tá os cionn dhá acra déag ins na cheirthe pháirc agus tá an Fhaghair ghlas ag déanamh dhá leath de'n fheirm bheag. Ní raibh ann acht Pilib Ó Néill agus a bhean, bhí beirt mhac agus inghean leo i Meirice; agus bhíodar ag déanamh go maith d'réir deallraimh mar nuair fuair an mháthair bás chuireadar a phasáisteacht go dtí an t-athair, agus cuireadh teacht amach chúcha. Mo shin-shean-athair-se agus sin-sean-athair Shibéal a bhí i Lios na Faille agus sa Mhóin Bhuidhe an uair úd, agus clann na beirte dearthár do b'eadh iad. Lios na Faille do b'eadh áit dúthchais na mBúrcach go léir fad ó, agus athair Shéimín de Bhúrc – an fear ba chionntach leis an gclampar go léir – a fuair an Mhóin Bhuidhe le uadhacht ó uncail leis, Muiris Ó Domhnaill deartháir a mháthar.

Chuaidh Pilib Ó Néill go dtí an dá Bhúrcach féachaint an gceannóchaidís an talamh uaidh, agus tar éis cur trí na chéile, shocruigheadar eatorra go gceannóchadh gach duine aca an dá pháirc a bhí ar a thaobh féin de'n Fhaghair Ghlas. Bhí gach aon rud socair agus cáipéisí is eile tarrainghthe agus ní raibh le déanamh acht ainm a chur leo, agus an t-airgead a dhíol; acht nuair chuaidh Búrcach an Leasa go dtí an 'túrnae, chun é sin a dhéanamh, d'inniseadh do go raibh an fheirm go léir ceannuighthe agus díolta aiste ó'n lá roimhe sin ag Séimín de Búrc na Mónach Buidhe, agus gur thug sé fiche púnt níos mó ná an praghas a bhí socair cheana ag an mbeirt aca, dó Philib Ó Néill.

Tháinigh fear an Leasa abhaile agus é ag imtheacht ins na craobhacha le buile. Chuaidh sé chun sásamh a bhaint as Philib Ó Néill ar dtúis, acht bhí sé imthighthe gan a thuairisc agus ní fheacaidh aoinne sa nGleann riamh ó shoin é. Chuaidh sé annsan go dtí an Mhóin Bhuidhe chun sásamh a bhaint as Séimín. Bhain sé sásamh as go cinnte mar gabh sé air le buinneán fuinseoige istig

sa macha. Chuir Séimín dlighe air agus ó ba rud aindleaghthach duine a bhualadh agus a ghoineadh istig in a mhacha féin gearradh dhá mhí priosúin ar fhear an Leasa agus chaith sé deich bpúint a dhíol le Séimín in a fhochair sin, chomh maith le costaisí na cúirte.

As san go lá a mbáis bhí nimhneacht eatorra, agus ní bhfuigheadh caora ná bó le duine aca dul ag bradhghail thar teorainn i gcuid an duine eile ná biodh sé in a dlighe. Is iomdha púnt a rinneadh go cruaidh a thug an bheirt aca do 'thúrnaithe i rith na mbliadanta. Cé ná raibh aon dlighe, ná aon rud mar sin idir a gclann nuair bhíodar imthighthe bhí an droch-aigne aca le n-a chéile i gcomhnuidhe. Bhí sé go mór-mhór i muinntir an Leasa mar b'ortha san a rinneadh an éagcóir i dtosach, agus b'aca a bhí an chuid ba measa de'n margadh.

B'iomdha rud d'airigheas agus do leigheas rith mo shaoghail i dtaobh na gcortha uathbhásach a rinneadh annso in Éirinn mar geall ar sheilbh talmhan. Is dócha go raibh cúis leo, cé gur deacair dúinne, sa lá tá indiu ann, meon agus aigne na ndaoine a rinn' na cortha úd a thuigsint. Acht ní raibh aon t-slighe eile fágtha chun maireachtana ag na Gaedhil san am úd acht an talamh. Dá shon san bás nó beatha b'eadh é a bheith uatha nó aca, agus b'iomdha murdar agus éagcóir a rinneadh mar geall air. Agus anuas go dtí an lá tá indiu ann tá an oiread san cíocrais talmhan i gcuid de lucht na tuaithe, agus go ndéanfaidís aon chaimeacht dá shuaraighe chun é a bheith aca. I gcomparáid leis na fill seo, a bhfuil tagairt déanta agam dóibh, níor bhfiú biorán a raibh idir mhuinntir an Leasa agus muinntir na Mónach Buidhe.

An chéad uair eile a thangbuigh Sibéal agus mé féin le n-a chéile d'inniseas é seo go léir dhi.

“A Shéamuis” ar síse “b'féidir gurab é toil Dé é an bheirt againn-ne a thabhairt le chéile chun deire a chur leis an sean-fhala so.”

“Go leige Dia go bhfuil an ceart agat” arsa mise “acht beidh sé an-dheacair m'áintín Máire a mhaolúghadh. Tá sí sin an-sheasmach fós in a thaobh, cé ná déarfainn go mbeadh aon droch-aigne

aici d'aoinne.”

Déaluigh na laetheannta agus na seachtmhainí leo mar is gnáthach, agus cioca olc nó maith a bhíonn an saoghal againn, agus ba ghairid go rabhamar i dtosach an tSamhraidh, an Samhradh ba bhreághtha agus ba ghrianmhaire dár chonnachas rith mo shaoghail go léir, agus an Samhradh a thug leis an t-uathbhás ba mhó a bhuail Gleann Cárthainn riamh.

Galar agus Uathbhás sa nGleann

I ndeire mí Lúghnasa na bliadna san b'eadh a bhuaileadh breoite an chead duine leis an bhfiabhras breac – slán gach áit a innistear é – inghean le Liam Ó Ceinnéide sa taobh thoir de'n nGleann. Fé dheire na seachtmhaine bhí Liam féin agus a mhac agus a inghean buailte síos. Ní raibh ag Liam de chlann acht mac agus ingean. Bhí an inghean Bríghidín thimcheall ocht mbliadna déag – ceann de sna cailíní ba chanta a bhí sa pharóiste – bhí an mac cúpla bliadhain níos óige ná í. Níor rith sé amháin leis na comharsain gur aon ghalar dainséartha a bhí ar mhuinntir Cheinnéide, gur tháinigh an dochtúir ó Bhaile na h-Abhann. Dúbhairt sé gurab' é an fiabhras breac a bhí ortha, gur galar an-dhainséartha é agus gur an-fhuiris é a thógaint. Rinn' sé dóibh, a raibh in a chómhacht a dhéanamh acht i gcionn naoi lá fuair an t-athair agus a inghean bás i bhfuigseacht roinnt uaireanta dá chéile. Ar an Satharn a fuaireadar bás agus ar na bháireach do chrael an sagart de'n oltóir gurabh é órdúghadh an dhochtúra gan aoinne a dhul go dtí aon tórramh, ná ag féachaint aoinne a bhí breoite, agus go mór-mhór gan dada d'ithe ná d'ól in aon tigh a mbeadh an galar ann, agus gan aon uisce d'ól gan é a fhiuchadh. I gceann cúpla lá bhí triúr nó ceathrar eile sa nGleann síos leis an ngalar. Bhí scannradh agus uathbhás ar gach aoinne. Níor thuig na daoine mórán i dtaobh galar mar an fiabhras breac an uair úd, ná ní raibh mórán eolais ag na dochtúirí air, seachas mar tá anois. Rud eile ní raibh ó aoinne dul go dtí óspidéal. Ní chuirtí aoinne go dtí óspidéal acht daoine bochta na bíodh aoinne aca a tabharfadh aireachas dóibh. Ba chúrsaí náire agus cómhartha bochtanais, dar le na gnáth-daoine, aoinne a bhain leo a chur isteach san óspidéal. Bh'fearr le aoinne aca bás d'fhághail in a thigh féin ná é sin a dhéanamh leis.

Muna mbeadh m'áintín Máire agus Seán MacCraith is ar éigin a gheobhfaí aoinne eile chun Liam Ó Cennéide agus a

ingean a tonachadh; agus chuaidh an réic bocht Peaid na Brídighe ar chongnamh dóibh mar dhéanfadh fear. Lá na sochraide ba bheag a tháinigh isteach sa macha féin; bhí an iomarca scannradh ar chách roimh an galar. Agus ba bhrónach go deimhin an uain í do'n Bhaintrigh bhoicht, a h-inghean agus a fear céile imthighthe amach uaithe i bhfochair a chéile, agus gan í deimhinneach go mbeadh a mac in a beatha nuair chasfadh sí ó'n t-sochraid. D'fhan m'áintín i bhfeidhil a mic gur chas a mháthair ó'n t-sochraid. Acht tháinigh an mac slán agus níor thóg an mháthair an galar ar aon chor.

Taobh istig de choicthigheas bhí isteach is amach le fiche duine ar an leaba leis an ngalar. B'é tuairm an dochtúra gurab é an t-uisce ba chionntach leis an bhfiabhras, agus mar dúbhras cheana, thug sé órdughadh láidir gan aon uisce d'ól gan é a fhiuchadh ar dtúis; acht in a choinne sin, ní san áit chéadna a bhíodar súd a thóg an galar ag fághail an uisce. Bhí an t-uisce an-íseal ins na sruthanna agus ins na tobracha de bharr an Shamhradh a bheith chomh tirm. Bhféidir go raibh baint éigin ag sin leis an ngalar. Ba dheacair an scéal a thuigsint. Ní raibh an galar in aon ionad amháin acht scaipithe annso agus annsúd ar fuaid an ghleanna ar fad. Bheadh an galar i dtigh agus ní thógadh comharsain béal dorais é. Bhí trí nó ceathair de theaghlaigh agus thóg gach aoinne an galar i ndiaidh a chéile, agus bhí teaghlaigh in ar thóg duine nó beirt é agus chuaidh an chuid eile saor uaidh. Bhí Máire Báróid ar dhuine díobh súd ba thúisce a buaileadh acht níor thóg a máthair ná Seán é ar aon chor. Níor thóg aoinne de mhuinntir Shiadhaile é cé gur chuaidh Dic agus a athair go dtí gach tórraimh a bhí sa nGleann i gcoinne órdúghadh an dochtúra; ná níor tháinig an ghalar chúgainn annso i Lios na Faille – míle buidheachas le Dia – cé ná raibh aon bheirt eile is mó a chuaidh sa chontabhairt ná m'áintín Máire agus Seán MacCraith.

Maidin Domhnaig ag an aifreann d'airigheamar go raibh Tomás de Búrc na Mónach Buidhe ar an leaba agus fé dheire na seachtmhaine bhí sé ag gach aoinne, go raibh an galar ar na Búrcaig go léir acht amháin Tomás óg.

Bhíos sa macha ag déanamh rud éigin an lá so agus mé go dúbhach

dubhrónach ag cuimhneach sr Sibéal ar lár leis an ngalar uathbhásach úd, agus gan aici chun aon rud a dhéanamh dhi acht Tomás a deartháir, agus gan ann acht garsún óg, gan mórán éifeachta, in ócáid dá shórt. Bhí a leithéid sin de scannradh ar mhuinntir an Gleanna roimh an galar gur beag duine a raghadh i ngaobhar aon tighe in a raibh sé, gan trácht ar dhul ar chabhair ortha súd a bhí tinn. Bhí na rudaí seo go léir ag rith trím cheann nuair chonnachas an sagart paróiste ag teacht isteach an geata in a chapall agus ceárr. Bheannaigh sé dhom agus dúbhairt sé liom glaodhach amach ar m'áintín go raibh gnó aige dhi. D'iarras air dul isteach agus go bhfanfainn-se i bhfeidhil an chapaill, acht dúbhairt sé ná raghadh, go mbeadh baoghal ann do mhuinntir an tighe, mar go raibh sé tar éis cuaird a thabhairt ar gach aon tigh in a raibh an fiabhras. Dúbhras-sa nach féidir aon bhaoghal mar sin a bheith ann mar go raibh m'áintín ins an chuid is mó de sna tighthe, in a raibh an galar, agus nár thug sí chúgainn é. Acht ní raghadh sé isteach, agus ar an nómant san tháinigh m'áintín Máire go dtí an doras.

Chuir sí fáilte roimh an sagart agus d'iarr sí air teacht isteach, acht thug sé an leithscéal céadna dhi a thug sé dhom-sa.

“Táim chun athchuinge a iarradh ort a Mháire” ar sé “sin athchuinge ar ghrádh Dia.”

Bhíos féin ag druidim liom uatha acht labhair an sagart liom.

“Ní gádh dhuit imtheacht a Shéamuis” ar sé sin “mar b'féidir, d'réir mar d'airighím, go mbaineann cad táim chun a rádh led' áintín, leat-sa i slighe éigin.”

D'iompuigh sé ar m'áintín arís agus labhair sé go h-an-dháiríre ar fad léithe: “A leithéid seo a Mháire” ar sé sin, “tá cúigear de mhuinntir na Mónach Buidhe ar an leaba leis an bhfiabhras – Dia idir sinn agus é – agus níl duine beo aca a thabharfadh deoch dóibh acht an garsún is óige, garsún ná fuil acht ceithre bliadna déag d'aois, mar sin é an t-aon duine amháin atá ar a chosa. Ba ghrádh Dia dhuit dul i gcabhair dóibh. Ní leigfeadh an eagla d'aoinne de sna comharsain dul i ngaobhar an tighe. Tá a fhios agam ar a bhfuil déanta cheana agat

agus cúiteochaidh Dia do chárthannacht leat; acht is í seo an phráinn is mó dhíobh go léir. Tá contabhairt mór ann, acht caithfidh duine éigin dul sa mbaoghal, agus tá a fhios agam ná teipigh ar do mhisneach."

D'fhéach m'áintín ar an sagart agus faghairt in a súile.
"Mise," ar sise "mise a sheasamh ar úrlár mhuinntir na Mónach Buidhe, ná fuil a fhios agat a athair-"
Chuir an sagart suas a lámh sar a raibh uain aici a thuille a rádh.
"Tá fios cruinn agam ar cionnus tá idir sibh-se annso agus muinntir na Mónach Buidhe. Ná fuil sé in am an tsean-fhala san a dhearmhad? Ba cheart í a bheith dearmhadhaite fad ó riamh. Agus is baoghal liom a Mháire gur tusa an duine, is mó fuinn í a choimeád beo, de'n dá mhuinntir. Sin é an t-aon locht beag amháin atá agam ort, mar ní mar phlámás a deirim leat gur bean iongantach tú. Cuir fé'd chois anois na rudaí beaga suaracha san agus tar síos go dtí an Mhóin Bhuidhe liom-sa, agus déin an gníomh is uaisle dá bhfuil déanta fós agat. Cúitheóchaidh Dia na glóire do shaothar leat go h-iomlán."

Bhí sí ag féachaint síos ar an dtalamh an fhaid agus bhí an sagart ag cainnt, agus nuair bhí deire aige lean sí uirri ar feadh cúpla nómant eile gan a ceann d'árdacht. D'árduigh sí a ceann annsan agus d'fhéach sí air.

"Raghad leat" ar síse "agus sin an dá fhocal ba dheacra a tháinigh orm a rádh, ná aon rud a rinneas rith mo shaoghail go léir."

Molaim tú a Mháire de Búrc" arsa an sagart "bean isead tú".

"Fan nómant" ar síse agus chuaidh sí isteach. Tháinigh sí amach arís i gceann chúig nómant agus mealbhóg aici.

"Má "Má theighim leat" ar síse "fanfad an-fhaid agus beidh gádh liom. Seo rudaí a beadh ag teastáil uaim."

Shuidh sí ináirde agus d'imthigh sí leis an sagart amach an geata. Ní raibh a leithéid d'iongantas orm ó'n lá a rugadh mé agus bhí orm, agus bhí áthas ó chroidhe orm in a fhochair sin. Bheadh gach aon rud go ceart le cóngnamh Dé. Beadh gach aon rud go ceart maidir le Sibéal go h-áirmhithe, mar bheadh m'áintín ann chun aire mhaith a tabhairt di, agus do'n chuid eile leis, agus bhí seans maith nuair thiocfadh an t-am chóir chuige go ndéanfaí réidhteach ar ár

gceist. Nuair chuadhas isteach ag d'inniseas dom mháthair cad a thárla bhí iongantas tar na bearta uirri sin leis.

"Míorbhail ó Dia" ar síse "Máire Lios na Faille ag dul mar bhanaltra go dtí Búrcaigh na Mónach Buidhe. Acht is dócha gur mar sin is fearr é. Go gcoimeáda Dia saor ó'n ngalar í agus sinn go léir."

Nuair a tháinigh Seán MacCraith isteach ó'n ngort um thráthnóna agus d'inniseas gach aon rud do, bhí iongantas an t-saoghail air sin leis.

"Sin é an sórt gnímh a dhéanfadh d'áintín" ar seisean. "Bean iseadh í gur dheacair a leithéid eile d'fhághail. Tá a fhios agam gur bheag ná gur bhfusa dhi bás d'fhághail ná an rud d'iarr an sagart uirri a dhéanamh; acht rinn' sí é mar mheas sí gurbh é an ceart é. Agus an bhfuil a fhios agat, ní chuirfinn thar an sagart paróiste é, ná go raibh sé ag cuimhneamh ar dhá rud nuair d'iarr sé ar d'áintín dul i bhfeidhil muinntir na Mónach Buidhe – aireachas a thabhairt don dream a bhí tinn agus deire a chur leis an sean-fhala atá chomh fada san idir an dá mhuinntir. D'réir an rud a dúbhairt sé leat-sa tá a fhios aige i dtaobh tusa agus Sibéal leis, mar faghann sé amach gach aon rud."

Ba mhinic a bhíos ag cuimhneamh ar cad iad na smaointe a bhí ag rith trí aigne Thomáis na Mónach Buidhe agus a bhean-céile nuair chonnacadar m'áintín Máire ag teacht isteach chúcha; acht is dócha aoinne a bheadh chomh tinn agus bhíodar gur beag an t-suim a bheidís ábalta ar a chur i rudaí mar sin.

Níor luig an galar ró-throm ar Thomás an t-athair ná ar Máire ná ar Shibéal, acht bhí an mháthair agus Séamus an-dhona ar fad. Ní raibh mórán muinighine ag an dochtúir as an mháthair, agus dúbhairt sé gur ar m'áintín ba cheart dhi a buidheachas a bheith go raibh sí in a beatha. Chuaidh Tomás óg saor ó'n ngalar.

An fhaid agus bhí m'áintín Máire thíos i bhfeidhil na mBúrcach sa Mhóin Buidhe theigheadh Seán Mac Craith síos ann gach aon mhaidean

agus tráthnóna agus dheineadh sé aon rud a bhíodh le déanamh maidir leis na ba a crúdh agus mar sin, acht na muca a gheibheadh an cuid is mó de'n mbainne, mar ní dheineadh m'áintín acht an méid ime agus bheadh uatha – féin; mar is fuiris a thuigsint ná ceannóchadh, ná ná h-íosfadh aoinne an t-im a thiocfadh as tigh in a raibh an galar chomh dona ann.

I dtaobh go mbíodh Seán MacCraith imthighthe uainn an oiread san, agus m'áintín imthighthe uainn ar fad, bhí ár ndá ndaethen le déanamh ag mo mháthair agus agam féin. Maidir liom féin ba mhaith an gnó é mar ní bhíodh uain agam a bheith ag smaoineamh is ag marbhnadh ar gach aon rud, go mór mhór ar Shibéal, agus ní bhrathainn na laetheanta ag imtheacht tharm agus codailighinn an oidhche leis mar bhínn tuirseach tar éis an lae.

Buidheachas le Dia níor tháinigh an galar annso chúgainn go Lios na Faille, agus dá mhéid a chuir m'áintín Máire agus Seán MacCraith agus Peaid na Brídighe iad féin i mbaoghal tháinigh an triúr aca slán. Ar an méid fuiscí d'ól sé a bhíodh a bhuidheachas ag Peaid nár thóg sé an galar, mar b'é a dhein gach aoinne a fuair bás a thonachadh. Dheireadh sé in a dhiadh san ná raibh a leithéid de shaoghal riamh aige agus bhí aige an fhaid agus bhí an galar sa nGleann.

Chun scéal gairid a dhéanamh dhe thóg triúr agus fiche sa nGleann a fiabhras breac agus fuair cúigear bás dá dheascadh, agus fir óga láidre b'eadh an ceathrar fear a cailleadh. Níor cailleadh acht an t-aon bhean amháin Siobhán Ní Cheinnéide.

Nuair a bhíodh duine taréis an aoitheodh sa bhfiabhras, b'é órdúghadh an dochtúra gan acht deochanna a thabhairt dhó, ar feadh an oiread san laetheanta, go mba baoghal báis do aon sórt bídh a thabhairt do. Thóg Séamuisín Risteird, a bhí in a chomhnuidhe ar an taobh so de Bheárna an Mhadra, an fiabhras. Bhí sé curtha thairis aige agus é as bhaoghal, acht bhí órdúghadh ag a bhean-céile gan aon bhíadh a thabhairt do go dtí a leithéid seo de lá, pé dúil a chuirfeadh sé ann. Tháinigh máthair a chéile anuaidh ó'n Leacain 'ghá féachaint. Bhíodar ag ithe a ndinnéir sa chistin. An Domhnach a bhí ann agus bhí leath-cheann

muice agus gabáiste aca. Nuair fuair an fear sa leaba bolaithe na feola agus an ghabáiste tháinigh dúil mhalluighthe aige ionnta agus bhí sé 'ghá iarradh ortha, ar son Dia, greim a thabhairt do, acht ní thabharfadh a bhean do é mar bhí sí ag claoidh le órdúghadh an dochtúra. Bean mí-thuigsionach b'eadh máthair céile Risteird.

“Sa diabhal a bheirim-se an dochtúir” ar sí sin “ní bheinn-se ag féachaint ar aoinne agus ocras air.”

Thug sí suas chuige píosa feola agus roinnt gabáiste agus cúpla práta, agus ní raibh aon mhaith dá h-inghean beith d'iarradh í a chosc. D'ith sé a bhfuair sé agus cíocras air. Roimh an oidhche bhí an fiabhras chomh dona agus bhí sé i dtosach, agus an oidhche in a dhiaidh san, d'eirigh sé amach as an leaba ag speallraoid d'aindeon a mná agus chuaidh sé amach sa pháirc taobh thiar de'n tigh ag cóimhreamh na gcaorach, mar b'eadh, agus gan dada air acht a léine, agus bhí sé ag cur seaca an oidhche chéadna. Agus níor cailleadh é dá dheascadh. Mhair sé go raibh sé os cionn ceithre fichid bliadhain agus ní raibh ann acht aindeiseoir scrubanta gan ann acht an cnámh is an croiceann.

Bhí os cionn ráithe ó thóg muinntir Cheinnéide an galar go dtí go raibh an duine deireannach a thóg é, as baoghal – ráithe lán de imshníomh agus de mí-shuaimhneas aigne do mhuinntir an Ghleanna, mar ní raibh a fhios ag aoinne ó lá go lá ná gurbh é féin a chéad duine é a bhuailfí síos. Acht moladh le Dia do thrághaidh an galar in áit a chéile le teacht an Gheimhridh agus bhí gach aon rud mar a bhíodh sé, acht amháin aca súd ar cailleadh a nduine. Ní aon iongna go dtráchtar fós i nGleann Chárthainn ar an mbliadhain a bhí “An Taom” sa nGleann.

B'adhbhar áthais agus iongna dhom-sa m'áintín Máire a dhul ar chabhair ar mhuinntir na Mónach Buidhe, acht leis an imshníomh a bhí orm i dtaobh Shibéal níor thuigeas éifeacht an scéil ar fad ná ní rinneas mórán machtnaimh air. Acht nuair d'airigheas ó Sheán Mac Craith go raibh sí in a suidhe ba chuma liom mar gheall ar aon rud eile bhíos chomh lúthgháireach san. Agus nuair a tháinigh m'áintín abhaile nuair a bhí a

gnó déanta aici, agus nuair a mhol sí Sibéal mar chailín ciallmhar, gan goithidhe ná geáitsí, bhos i riocht léim a thabhairt thar an tigh le h-áthas.

Chuir Sibéal cúntas scribhte chúgam le Seán MacCraith go mbeadh sí sa bhFaghair Ghlas ag an áit a bhí ar m'eolas tar éis eadartha an Domhnach a bhí chúghainn, go mbeadh cead siúbhal amach aici an lá san. Bhíos ag cómhaireamh na nómantaí ó'n Diardaoin, nuair a fuaireas scéala uaithe, go dtí gur tháinigh an Domhnach. B'ar éigin d'itheas greim dem' dhinnéar bhí a leithéid sin de chorruighe ar mo chroidhe, agus dá luaithe a bhíos ag an ionad coinne, bhí sí ann romham. Nuair thángas go bruach na faghrach bhí sí annsúd in a suidhe 'san áit chéadna a bhí sí in a suidhe an lá a ghoirtigh sí a cos, ar phort an t-srutháinín. Nuair chonnaic sí mé d'eirigh sí in a seasamh agus bhrathas go raibh sí an-bhán an-thanaidhe. Ritheas síos an fána cuiche agus níor labhair aoinne againn focal acht barróg dhlúth a bhreith ar a chéile. D'fhanamar mar sin ar feadh i bhfad agus Sibéal ag cur tocht ghoil dá croidhe, agus chaitheas féin brúghadh fúm nó bheinn chomh dona léithe. Cuimhneóchad go dteighead san úir ar an áthas agus an grádh agus an fhuascailt a bhí im chroidhe i bhfochair a chéile. Tháinigh suaimhneas uirthe i gceann tamaill agus thóg sí a h-aghaidh dem ucht agus d'féach sí suas orm. Cad a rinneamar agus dubhramar annsan is rún linn féin é ná fuilim chun a nochtadh.

Nuair a bhí an galar éagaithe agus gach aoinne a thóg é ag teacht chúcha féin arís, labhair an sagart in a thaobh ag an aifreann i mBaile na h-Abhann. Tar éis mórán a rádh i dtaobh an ghalair dhainséarach a bhuail Gleann Chárthainn mhol sé thar na bearta an beagán daoine misneamhla a chuir iad féin i mbaoghal báis chun dul i gcabhair dóibh siúd a thuit an crann ortha. Dúbhairt sé go gcúiteochadh Dia a saothar leo ar neamh agus ar talamh.

Mar dúbhras cheana tá cuímhne bliadhna an fhiabhrais go beo sa nGleann annso fós, cé gur beag atá in a mbeatha anois gur cuimhin leo é. B'uathbhásach an ócáid í gan amhras, agus bhí daoine a dheireadh go mallacht a thuit orrainn. Is ag Rí na Glóire – moladh is

buidheachas leis – atá fios fátha na rudaí seo. Céasann sé an duine ar an saoghal so ar mhaithe leis féin, acht is minic ná tuigtear mar sin é. Gan dabht b'é an taom a bhuail sinn annso sa nGleann, agus a dtáinigh as, a chuir deire leis an bhfala a bhí idir Búrcaigh Lios na Faille agus Búrcaigh na Mónach Buidhe, agus a rinn' ceangal dlúth eatorra, agus a rinn' aon mhuinntir díobh; acht is deacair a rádh go ndéanfadh an tighearna a leithéid sin de crann a leagaint ar an mbaile go léir chun san a thabhairt chun chinn.

Tháinigh an Nodlaig, an Nodlaig b'aoibhinne dár caitheas rith mo shaoghal go dtí san. Bhíos féin agus seán MacCraith agus m'áintín Máire ar cuaird so Móin Buidhe istoidhche lá 'l' Stiofáin agus bhí oidhche shuairc againn ann. Fuair mo mháthair cuireadh leis acht níor b'féidir í a bhogadh chun dul ann, b'fhearr léithe fuireach sa mbaile. Bhí na Búrcaig óga agus Dic Ó Siadhaile annso i Lios na Faille istoidhche lá an Chinn. Bhí árd gleo agus sult againn agus leig na Búrcaig leo féin nuair bhíodar ó smacht a n-athar agus a máthar. Acht b'é ba mhó de adhbhar áthais a bhí agam féin ná a bheith ag baint lán mo shúl as Shibéal i gan fhios, agus 'ghá shamhlughadh dhomh féin nuair a bheadh sí annso againn i gcomhnuidhe.

Tháinigh an bhliadhain nua, agus cé ná raibh aon rud ag teacht idir Sibéal agus mé féin, thug an bliadhain sin léithe buaidhirt agus trioblóid, a luigh nach beag chomh mór orm, agus a luigh an trioblóid a bhí orm an bhliadhain roimhe, sin nuair a bhí an fiabhras sa ngleann agus Sibéal ar an leaba leis; mar ba um Inid na bliadhna san a rinneadh an cleamhnas tubaisteach úd idir Eilís, inghean Sheáin Mhór, agis Seán beag Breathnach.

Seán Báróid agus Eilís Bhreathnach.

Ní raibh de chlainn ag Seán Mór Breathnach acht an t-aon inghean amháin Eilís. Bhí sí thimcheall mo chomhnaois féin, duine de sna cailíní ba dheise agus ba ghleoite in a meon is in a pearsain dár lonnraigh grian uirri. Bhí sí árd-gan a bheith ro-árd-i seang agus éadtrom ar a cosaibh, gruaig fhionn chraobhach uirri, agus a súile dubh-ghorm agus aoibh an gháire ar a gnúis i gcomhnuidhe. D'réir mar d'airighinn bhí sí an-dheallramhach le n-a máthair, agus dar le n-a h-athair ba ghrian agus gealach agus neamh ar talamh í. Acht nach ait é an duine, mar dá mhéid é a chion uirthe, b'é féin ba chionntach a croidhe a bhriseadh agus í a chur san úir i mbláth a h-óige. Acht chun bun-rúta an scéil seo a thuigsint caithfead dul siar tamall.

Thráchtas go minic go dtí so ar Sheán Báróid, agus ar an muinntearas a bhí idir mé féin agus é féin agus Dic Ó Siadhaile, ó'n chéad lá a chuadhas go scoil Bhaile an Droichid. Buachaill breágh dathamhail b'eadh Seán nuair d'eirigh sé suas; bhí lúth agus fuinneamh ann agus níor gádh dho a chúl a chasadh ar aon fhear maidir le aon chleas iomaidheachta nó iarracht gaisce ba gnáthach le óig-fhear a chleachtadh.

Bhí tigh Sheáin i mbóithrín na Cille, leath-mhíle taobh thíos de thigh an Bhreathnaigh. Ní raibh ann acht a mháthair agus a dheirbhsiúr Máire agus é féin. Bhí thimcheall chúig acra fichead de thalamh maith aca, agus bhíodar compórdamhail go leor, mar dá mhéid a bhí Seán tabhartha do'n imtheacht agus do spórt, d'oibrigheadh sé doich is déanach nuair bhíodh gádh leis agus ní raibh se caithteach.

Bhí sé féin agus Eilís Bhreathnach an-mhuinteardha le n-a chéile ó bhíodar stadaithe ó'n scoil. Bhí an bheirt aca an-thabhartha do léigheamh agus bhídís ag malartúghadh leabhar i gcomhnuidhe agus diospóireacht i dtaobh úghdár agus leabhar agus rudaí mar sin. B'é an deire a bhí leis seo go léir ná gur thuiteadar i ngrádh le n-a chéile i gan fhios dóibh féin, agus bhí a fhios ag muinntir an bhaile is dóigh liom cionnus a bhi an scéal eatorra i bhfad níos luaithe ná mar a thuigeadar féin é. Ní fheadar mé ar chlois Seán Mór aon

rud in a thaobh; acht da gcloisfeadh féin is amhlaidh dhéanfadh sé magadh dhe, mar ní thaidhreamhóchadh sé amháin leigint dá inghean fear a phósadh a raibh chomh beag sa saoghal aige agus bhí ag Seán Báróid. Lean an scéal mar sin eatorra ar feadh roinnt bliadhanta. Bhí an cáidreamh eatorra i gcomhnuidhe agus gan mórán de thrioblóidí an t-saoghail ag cur isteach ortha. Thuigeadar anois cionnus mar bhí an scéal, agus cé ná raibh aon rud mar geall pósta eatorra bhíodar sásta a suaimhneas a cheapadh ag tnúth go ndéanfadh imtheacht na h-aimsire an fhadhb a réidhteach doibh, agus go mbeadh ar a gcúmas pósadh lá éigin. Ba mhinic le déanaidhe a tharraing Seán an scéal anuas chúgam, agus ó am go h-am, d'innis sé é go léir dhom ó thús go deire. Acht mo bhrón ní raibh aon réidhteach ar a gcruadhcás agam-sa acht an oiread a bhí agam ar mo chruadhchás féin mar ba bheag ná gurab é an scéal céadna againn araon é.

Bhí fear de sna Breathnaigh, gaol i bhfad amach do Seán Mór féin, a raibh feirm trí fichid acra aige taobh le n-a theorainn. Seán Breathnach do b'ainm agus sloinne do san leis, acht b'é bhí ag gach aoinne air ná Seáinín Breathnach nó Seán beag. Bhí sé os cionn dachad bliadhain d'aois an uair úd, agus ní raibh aoinne eile sa tigh aige acht a mháthair. Bhí níos mó de shainnt chun an t-saoghail air ná mar bhí i Seán Mór féin, acht ba bheag an meas a bhí ag aoinne air, mar bhí ainm caimeacht agus suarchais agus sprionnlóireachta amuigh air, agus bhí a dheallramh san air.

Um Inid na bliadhna úd na tubaiste, rith ráfla ar fuaid an Ghleanna go raibh Seán beag d'iarradh cleamhnas a dhéanamh le Eilís Bhreathnach. Níor chuir so aon iongna mhór ar urmhór na gcomharsan mar bhí a fhios aca 'd'én sórt iad Seán Beag agus Seán Mór; agus maidir le gustal agus maoin ba dheacair é a shárúghadh mar chleamhnas, mar nuair d'imtheóchadh Seán Mór bheadh an dhá fheirm, agus iad cliathánach le n-a chéile, ag Seán Beag agus ag Eilís – céad agus trí fichid acra – gabháltas thar barr, gan aon agó. Is baoghalach gur beag a chuir mian Eilís

féin san áireamh, ná a chuimhnigh amháin go mbeadh aon bhaint ag Seán Báróid bocht leis an ghnó. Ní raibh sa ngrádh dar le na sean-daoine acht caitheamh aimsire, a bhaineann leis an óige, agus ní aon chaitheamh aimsire pósadh. Bhí so go maith, agus b'é an chéad rud eile d'airigheamar ná go raibh gach aon rud socair, go raibh an dá Sheán i bhfochair an 'túrnae agus go raibh culaith phósta Eilis curtha 'ghá déanamh i gCluainmeala.

Bhínn féin agus Dic Ó Siadhaile ag cainnt le Seán Báróid gach aon mhaidean Domhnaigh, nach beag, ag an chéad aifreann i mBaile na h-Abhann. Ní fheacuigheas é an Domhnach so, ná ní rabhas taobh ismuigh de'n tigh in aon áit an t-seachtmhain in a dhiaidh san, mar bhí Sibéal imthighthe ar cuaird ó thuaidh go dtí a sean-mháthair go dtí an Chúil Chluthmair. Um thráthnóna dé Sathairn, le crónúghadh na h-oidhche, bhuail Seán Báróid isteach agus d'iarr sé orm siúbhal síos an bóithrín in a fhochair go raibh gnó aige dhíom. Chuadhas leis agus d'innis sé dhom i dtaobh an chleamhnais idir Eilís agus Seán beag agus go raibh gach aon rud socair. Acht bhí níos mó ná san sa scéal. Tar éis eadaraigh ar an Domhnach roimhe sin, bhuail sé aníos an bóithrín thar tigh Sheáin Mhór. Bhí a chroidhe ciapaithe ag na ráflaí a bhí ar fuaid an bhaile agus bhí sé ag tnúth le Eilís féin d'fheicsint, b'fhéidir, agus fírinne iomlán a scéil d'fhághail uaithe ó-n a béal féin; mar ní fheacaigh sé teimheal dí le coicthígheas roimhe sin, cé gur ghabh sé thar an ngeata gach aon tráthnóna. Nuair bhí sé ag gabhail thar an tigh Dé Domhnaigh, bhí Seán Mór agus Seán Beag in a seasamh taobh ismuigh de'n ngeata. Bheannuigh sé dhóibh agus bheannuigh Seán Mór do acht ní ró-shéimhialta a rinn' sé é, acht thug sé fé ndear draid mhagaidh ar an bhfear eile, acht níor labhair sé sin ar aon chor. Bhí sé imthighthe chúig slata thórsta nuair ghlaodhaigh Seán Mór in a dhiaidh:

“A Bháróidigh, a leithéid seo.”

“An liom-sa atáir” ar seisean, ag iompódh ar a sháil.

“Is leat” arsa Seán Mór “Táim taréis a chloisint go mbítheá

ag rith i ndiaidh m'ingine. Ná cloisim arís é. Táim 'ghá chur ar t-eolas go mbeidh sí 'ghá pósadh le Seán annso Máirt Inide. Ba mhór an t-eirigheináirde do d'leithéidse de “raimbléir” led stéigín feirme, a bheith ag cuimhneamh ar dhéanamh suas lem ingin-sa, a deirim.”

Bhí fearg Seáin ag eirighe ar chloisint na tarcuisne seo, agus go mór-mhór ó thug sé fé ndear sméide gáire agus clith-mhagaidh ar ghnúis an fhir eile. Bhí fonn air é sin a phleannchadh acht bhrúgaidh sé fé, agus b'ar éigin é.

“Ní chreidfinn” ar sé sin “go bpósfadh sí an t-iarsma sprionnluighthe, ocrach san muna gcloisfinn ó n-a béal féin é”.

“Cloisfidh tú láithreach bonn é” arsa Seán Mór “acht fan annsan nómant.”
Isteach fé dhein an tighe leis agus i gceann cúpla nómant bhí sé thar n'ais agus Eilís le n-a chois. Thug Seán Báróid fé ndear go raibh a h-aghaidh chomh bán le cailc, acht bhí lasair in a dhá súil agus a beola fáiscithe go dlúth ar a chéile aici.
“A Eilís” arsa Seán “an fíor a bhfuil d'athair tar éis a rádh liom? go bhfuilir chun Seáinín cam a phósadh?”

“Is fíor” ar sí sin “níl uaim súil ag leagaint orth-sa go bráth arís, mar níl ionnat ach mealltóir gan náire. Tusa a rádh aoinne a bheith cam! Cé tá níos caime ná tú féin?” Agus gan uain a thabhairt do focail eile a labhairt d'iompuigh sí ar a sáil agus chuaidh sí isteach an geata, agus a ceann san aer aici.

Ní raibh le déanamh ag Seán acht a bhóthar a gabhail go maol-chluasach. D'airigh sé Seán Beag ag déanamh gáire, agus chuir sé go cnámh a dhíchill é an fhearg a bhí air a bhrúghadh fé. Dúbhairt sé nár bhféidir leis a thuigsint an t-slighe bhí Eilís leis. Thuigfeadh sé í a bheith 'ghá pósadh le Seán Beag ar chomhairle a h-athar; acht cad ba bhúnadhas leis an mbuile a bhí uirthe agus cad chuige a rádh go raibh sé cam, agus mealltóir a thabhairt air. Níor bhféidir leis réidhteach a dhéanamh ar an gceist ná liom-sa acht an oiread

leis.

Dúbhairt sé liom annsan go raibh sé ceapaithe aige an áit d'fhágaint go deo, go mbrisfeadh sé a chroidhe í d'fheicsint mar bhean-céile ag fear eile. Dúbhairt sé go raghadh sé go Meirice, agus chuir sé d'oibliogáid orm labhairt le n-a mháthair is le n-a dheirbhsiúr agus an scéal go léir a mhíniúghadh dóibh. B'é mo chomhairle-sa do a shuaimhneas do cheapadh agus a thrioblóid a bhrúghadh fé agus gan é a thabhairt le rádh do Eilís Bhreathnach go n-imtheochadh sé agus go dtréigfeadh sé a mháthair agus a deirbhsiúr mar gheall uirthe, nár bhfiú an méid sin í, go mór-mhór tar éis a dúbhairt sí leis. Thugas uair an chluig ag áiteamh mar seo leis acht ní raibh aon mhaith dhom a bheith leis, bhí socraithe aige in a aigne ná fanfadh sé thimcheall na h-áite agus pé rud a dhéarfainn leis níor bhféidir liom é a bhogadh. D'fhiafruigheas caithin a bhí sé ag imtheacht acht ní thabharfadh sé aon chúntas chruinn dom, caithin a bhí sé ag imtheacht ná 'dé'n t-slighe a bhí sé ag imtheacht. D'iarras air scríobh chúgam acht ní thabharfadh sé aon gheallamhaint dom go ndéanfadh sé san acht an oiread. D'fhág sé slán agam agus é d'iarradh an tocht a bhí air a bhrúghadh fé. B'é na focail dheireannach a dúbhairt sé na “A Shéamuis, seo mo lámh duit air, casfad arís lá éigin nuair a bheidh an trioblóid agus an cathúghadh so curtha tharm agam, beo nó marbh a Shéamuis, casfad arís.”

Ba bhrónach cráidhte a bhí mo chroidhe ag casadh aníos an bóithrín. Bhí Seán Mac Craith in a shuidhe sa chúinne ag léigheamh, agus an lampa ar an iarta aige, cé go raibh sé ag druidim leis an meadhon-oidhche. Thug sé fé ndear go rabhas i dtrioblóid éigin agus d'fhiafruigh sé dhíom cad a bhí orm, agus d'inniseas an scéal go léir ó thús go dheire dho. B'annsan a nocht sé a rún féin liom. Tá a scéal curtha síos cheana agam agus ní dhéarfad a thuille in a thaobh annso. Luigheann an saoghal go trom agus go tubaisteach ar dhaoine áirmhithe gan aon agó; agus ní ar dhaoine a bhíonn cionntach a dheineann sé é i gcomhnuidhe. Ba shin beirt a bhí chomh maith d'fhearaib agus a shiúbhal an mhóin riamh

agus a saoghal loitithe de bharr beirt bhan ghuagach neamh-sheasmhach.

Bhí bean ar an mbaile seo, Máirghréad ní Bhriain, a bhí in a comhnuide i mBóithrín na Cille síos tamall ó'n droichead. Is minicídhe a ghlaodhtaoi Peigí Bheag uirthe ná an ainm a baisteadh uirthe. Binín bheag íseal b'eadh í. Bhí aon mac amháin de chlainn aici agus níor thugadh riamh air acht Donnchadh Pheigí. Ní raibh Peigí bocht pósta riamh agus rinne sí seift ar a mac a tógaint ag obair do sna comharsain, lá annso agus lá annsúd. Bhíodh sí ag déanamh nígheacháin nó ag gearradh sciolthán nó ag cur i gcóir do sna “stations” do chuid de mná – tighe an bhaile. Bhíodh gnó eile idir lámha aici, ar feadh roinnt seachtmhainí i ndeire an tSamhraidh, rud ná feacuigheas aoinne eile ag gabhail do riamh ó shoin. Bhíodh sí ag bailiughadh síol-aitinn. Bhíodh slat ramhar casta ar a chéile i bhfáinne curtha i mbéal leath mála aici chun é a choimeád oscailte, agus buaileadh sí na féithleóga de sna toir aitinn isteach ann le bata. Bogha a ghlaodhach sí ar an ngléas so. Nuair a bhíodh an oiread sa mbogha, agus go mbíodh sé ró-throm dá láimh, chuireadh sí isteach i mála, a bhíodh aici, é; agus nuair bhíodh an mála lán bheireadh sí léithe abhaile é. Leathadh sí na féithleoga ar bhairlíní móra, déanta de mhálaí, fé theas na gréine chun iad a scoltadh. D'airigheochá, dá mbeitheá ag gabhail tar an tigh, na féithleoga ag cnagadh leis an teas, agus muna mbeadh a fhios agat cad ba chúis leis an gcnagarnach b'ait leat cad a beadh 'ghá dhéanamh. Bhuaileadh sí na féithleoga annsan le slis cun na cinn ná beadh scoiltithe ag an ngréin a scolta. Ghlanadh sí an síol annsan le criathar agus gheibheadh sí scilling an cháirt air ó fhear síl a bhíodh i gCluainmeala.

Bhí Peigí an-mhaith an-mhacánta maidir le n-a cuid oibre acht bhí aon locht amháin uirthe, bhí sí an-thabhartha ar a bheith ag breith scéalta ó thigh go tigh; agus leis an slighe bheatha a bhí aici bhí an chaoi aici chuige. Dá shon san bhí mná tighe sa mbaile ná leigfeadh isteach thar an tairsing í, acht, mar is fuiris a thuigsint, bhí a thuille aca agus is dóigh liom go dtabharfaidís obair di d'aon ghnó

chun a cuid cúl-chainnte a cloisint. Ní raibh aon a thuit amach in aon tigh sa nGleann ná raibh eolas beacht aici air, agus ní raibh uaithe aon lá riamh acht duine a dhéanfadh eisteacht léithe, ag cur síos ar rudaí mar sin. Ní dóigh liom go gcuireadh sí aon díoghbháil mhór sa chúl-chaint seo acht ba mhinic d'adhann a teanga achrann.

Bhí sé ar fuaid an Baile i gcionn cúpla lá go raibh Seán Báróid tar éis imtheacht gan a thuairisc, agus fáth a imtheachta 'ghá chur trí n-a chéile ag cách. Sar a raibh sé de mhisneach agam dul, agus a raibh d'eolas ar an scéal, d'innisint dá mháthair agus dá dheirbhsiúr, bhí Máire aníos chúgam féachaint an raibh aon fhios agam cá raibh Seán imthighthe. D'inniseas di an méid eolais a bhí agam. Dúbhairt sí go raibh sé imthighthe nuair dheirigheadar ar maidin Dé Luain agus an chulaith is fearr a bhí aige, air. Bhí Máire bocht go brónach croidhe-bhriste agus d'réir deallraimh bhí a máthair níos measa na í, agus ba mheasa ná san iad nuair d'inniseas dóibh cad a rinne Eilís Bhreathnach le Seán. Nuair d'inniseas an scéal go léir do Shibéal tháinigh tocht ghuil uirthe, agus cháin sí Eilís go mór, agus dúbhairt sí ná chreidfeadh sí ó aoinne eile go mbeadh innte a leithéid a dhéanamh.

I ndeire na seachtmhaine sin bhíos ag dul síos go tigh Shiadhaile le crónughadh na h-oidhche, agus mé go dúbhach ag cur gach aon rud trí n-a cheile im aigne. Cé bhuailfeadh liom ag cúinne an bhóithrín ná Peigí bheag. Bheannuigheas di agus d'fhiafruigheas di cá raibh a triall. B'é an freagra a thug sí orm ná:

"A Shéamuis de Búrc eist liom nómant"
"Cad tá ort anois?" arsa mise.
"O cad tá déanta agam? Cad tá déanta agam?" ar síse agus gol in a glór.
"Agus cad tá déanta agat?" arsa mise.
"Ó a leithéid seo a Shéamuis - " agus d'innis sí dhom idir gol agus caoineadh, gur thug Seán Beag Breathnach púnt di acht a innsint do Eilís, dáltha chuma léithe, an chéad uair eile a bheadh sí ag obair sa tigh, go raibh sí ag teacht abhaile ó Bhaile na h-Abhann tráthnóna, agus go bhfeaca sí Seán

Báróid agus Caitlín nic Gearailt, inghean an mhaighistir scoile, in a suidhe istig fé'n tor mór sceiche ag an Sean-phóna, agus go raibh a dhá lámh aniar thóirste aige agus é 'ghá pógadh. Bhí a fhios ag cách go mbíodh Caitlín nic Gearailt ag rith i ndiaidh Sheáin Báróid agus 'gá leanamhaint go dtí sna cluichí peile agus na comórtaisí cleas lútha agus mar sin, acht bhí a fhios agam-sa ná raibh suim dá luighead aige innte agus gurabh amhlaidh bhíodh sé d'iarradh í a sheachaint.

Thuigeas láithreach cad ba bhunadhas le Eilís a bheith toilthinneac Seán Beag a phósadh agus leis an slighe bhí sí le Seán Báróid nuair a ghlaodhaigh a h-athair amach chuige í. Tháinigh racht feirge orm, rugas ar Peigí agus bhaineas crothadh aiste mar a bhainfeadh madra ar fhranncach, agus dá gcuirfinn mo mhian i ngníomh thachtfainn ar an láthair í.
“A dhiabhail i gclodh duine” arsa mise “imireóchadh m'anam leat”.
Liuigh sí agus bhéich sí agus chaith sí í féin ar a dhá glúin ag gabhail mo phárdún.
“Párdún” arsa mise “ní thabharfaidh Dia féin párdún duit sa rud atá déanta agat – an fear is fearr dár sheasuigh an Baile seo, agus an cailín is canta, agus a saoghal is a mbeatha loitithe agat ar aon phúnt bheag shuarach amháin. Ná fuil an chroch tuillte agat dá bhfaigtheá luach do shaothair.”
“Ó tá a fhios agam go bhfuil” ar sí sin “acht níor thuig mé go raibh aon dioghbháil ann. Shíl mé ná raibh ann acht cleas magaidh.”

“Eist liom-sa anois” arsa mise “Imthigh leat láithreach bonn síos go tigh an Bhreathnaigh agus innis do Eilís an rud atá inniste dhomh-sa agat. Innis an fhírinne ghlan dhi, nó chomh siúráilte is tá Dia os mo chionn bhrisfeadh do mhuinéal an chéad uair eile a thanghbhochad ort. Bhí annso ar a seacht a chlog ar maidin i mbáireach agus innis dhom-sa cad a tharla.”

Níor chodailigheas néall an oidhche sin, bhí m'aigne chomh suaidhte sin, agus ní raibh suidhe shosa istigh ná amuigh orm tar éis eirighe dom gur chuadhas síos an bóithrín i gcoinne Pheigí. Bhí sí

annsúd romham agus scéal éagsamhail aici.

Chuaidh sí síos díreach go tigh an Bhreathnaigh taréis scaramhaint liom-sa an oidhche roimhe sin. Nuair d'oscail sí an doras bhí Seán Mór agus Eilís agus Seán Beag in a suidhe ag spóirseach teine sa chistin. Bhí an bheirt fhear ag cainnt agus bhí Eilís in a suidhe agus lámh fé n-a giall aici agus í ag féachaint isteach sa teine, agus d'réir deallraimh ní mórán suime bhí sí ag cur in a gcuid cainnte. Bheannuigh Peigí dhóibh agus bheannuigheadar di agus dúbhradar leithe suidhe aníos go dtí an teine. Dúbhairt sí le Eilís teacht taobh ismuigh de'n doras ar feadh cúpla nómant go raibh gnó aici di. Chuadar amach agus d'innis Peigí dhí an scéal díreach mar d'innis sí domh-sa é. Nuair a bhí deire aici, níor labhair Eilís an oiread is aon fhocal amháin, acht casadh isteach arís. D'fhág sí an doras oscailte agus bhí Peigí, agus iongantas uirthe, féachaint cad a bhí sí chun a dhéanamh. Suas in a seombra féin taobh thiar de'n teinteán a chuaidh sí agus thug sí anuas léithe bosca mór páipéar cárta agus leag sí ar bhórd na cistine é. Fuair sí scian i dtarracán an bhúird agus ghearruigh sí an córda a bhí 'ghá cheangal agus d'oscail sí an bosca agus thóg sí amach as gúna áluinn.

“An amhlaidh a theastuigh ó Pheigí do ghúna pósta d'fheicsint?” arsa a h-athair.

Níor thug sí aon fhreagra air, acht an gúna d'filleadh suas in a liathróid agus dul anonn agus é a shághadh isteach i gcorp lár na teine agus é a bhrúghadh síos le n-a cois. Léim an bheirt fhear in a seasamh agus luígheadar uirthe cad a bhí sí a dhéanamh. Níor labhair sí, acht rug sí ar an tlúgh de'n teinteán, agus d'árduigh sí os cionn Sheáinín é, agus lasair in a súile agus í chomh bán leis an bhfalla:

“Fág an tigh seo a bhitheamhnaigh” ar sise leis “nó scoiltead do phlaosc.”

Rug a h-athair ar a guailne uirthe, agus bhí sé 'ghá fhiafruighe dí cad a bhí uirthe nó an as a ciall a bhí sí; acht ní rinn' Seán Beag acht eirighe agus imtheacht amach an doras gan focal a rádh. D'imthigh Peigí bheag annsan agus ní feacaidh sí a thuille.

An dara lá in a dhiaidh san bhí sé ar fuaid an bhaile

go raibh an cleamhnas briste. Bhí a socrúghadh féin ag gach aoinne ar an scéal, acht ní raibh iomlán cirt an scéil ag aoinne; dá shon san ní dóigh liom gur ó Pheigí a tháinigh sé pé duine a chuir amach é.

An Domhnach in a dhiaidh san chuadhas ag siúbhal síos port na h-abhann tar éis mo dhinnéir. Bhíos suaithe tri n-a chéile i dtaobh Sheáin Baróid agus an t-slighe bhí sé imthighe agus gan fios ag aoinne cár chuaidh sé ná cad ba chor do. Bhíos-sa agus é féin agus Dic Ó Siadhaile an-mhuinnteardha le n-a chéile ó'n chéad lá a chuadhas ar scoil, dá shon san luigh an gnó go léir go mór orm, agus ní bhfuighinn gan a bheith ag cuimhneamh is ag marbhnadh air, gach aon uair a bhínn liom féin. Bhíos nach beag deimhinneach ná casfadh sé choidhche muna bhfuigeadh sé ceart an scéil, mar bhí sé an-sheasmhach ar fad, agus an rud a bheadh beartuighthe aige, níor bhféidir é a chur de. Shuidheas síos ar phort na h-abhann ag féachaint amach ar an uisce agus na smaointe seo go léir ag rith in a meascra trím aigne. Bhíos mar sin ar feadh i bhfad gur airigheas ciscéim taobh thiar díom agus bhiodhgas suas agus d'féacas siar thar mo ghualainn. Cé bheadh ann acht Eilís Bhreathnach. Ní fheacaigh sí mé gur eirigheas im sheasamh, mar bhí tor aitinn idir mé agus í. Stad sí agus dheallramhaigh uirthe go raibh iongantas uirthe, agus gur shíl sí ná raibh aoinne ar phort na h-abhann acht í féin. Níor labharas agus d’fhanas ag féachaint uirthe, agus ní le muinntearas é, mar bhí mo chroidhe go dubh léithe i dtaobh a rinn' sí le Seán Báróid. Bhí sí ag feachaint an-bhán an-thrí n-a cheile agus fáinní dubha fé a súile. Dheallramhaigh sí mar duine nár chodail néall le seachtmhain. Thuig sí gan amhras cad a bhí ar m'aigne-sa, mar b'é a rud a rinn' sí ná rith chúgham agus a dá láimh a chur ar mo ghuailne agus a ceann ar m'ucht agus tocht guil 'ghá chur di aici. Níor labhair sí focal. Bhí sí mar sin ar feadh cúig nómant agus a cabhail agus í féin ag crith leis an tocht a bhí uirri; agus pé droich-inntinn a bhí agam leithe roimhe sin, scéithidh

sé agus is amhlaidh a tháinigh truagh dhom di.

“A Shéamuis” ar sí sin sa deire “is dócha go bhfuil tú go mór im choinne i dtaobh cad a rinn' mé le Seán bocht? Acht níl leath an oiread de mhilleán agat orm, agus tá agam féin orm féin. Tá mo chroidhe briste.”

“Tá a Eilís” arsa mise “agus tá croidhe, an fhir do b'fheárr a bhí riamh sa mbaile seo, briste leis, agus é imthighthe ar fán an t-saoghail.”

“Ó a Shéamuis” ar síse – agus bhí a leithéid sin de chúmha agus de bhrón in a glór agus a leithéid d'féachaint croidhe-bhriste in a gnúis gur líon na deora im shúile - “a Shéamuis méid mó ghrádha do ba chionntach leis. Nuair d'innis Peigí bheag a scéal éithigh, dom tháinigh éad malluighthe orm leis, agus ba chúma liom cad a dhéanfainn. Ní raibh uaim acht a thaisbeáint do an luigheadh suime a bhí agam ann mar b'eadh; acht a Shéamuis táim cinnte ná faghainn Seán Beag a phósadh i ndeire na scríbe.”

“A Eilís” arsa mise “tá truagh agam duit, acht bhí aithne an fhaid sin agat-sa ar Sheán gur chóir go mbeadh a fhios agat ná raibh caimeacht dá luighead ann. Ba scian tríd an gcroidhe dho nuair ghlaodhais “mealltóir” air agus nuair dúbhrais go raibh sé “cam.” Dhaorais é gan caoi a thabhairt do ar fhocal a rádh do féin, caoi a gheibheann an gadaidhe agus an ropaire agus an murdraer féin.”

Níor thug sí aon fhreagra orm acht í féin a chaitheamh ar a béal is ar a h-aghaidh ar an mbán agus í ag cur racht guil di arís. I gceann cúpla nómant rugas ar a gualainn agus chuireas in a suidhe í agus shuidheas féin taobh léithe. Dúbhras léithe gur leor di a bheith mar sin dá mbeadh Seán tar éis bháis. Tháinigh suaimhneas uirthe sa deire agus thiormaigh sí a súile.

Thráchtamar ar an gnó go léir annsan. Shíl sí go mbeadh fhios éigin agam-sa ar cá raibh Seán imthighthe, agus nuair dúbhras léithe ná raibh d'eolas agam-sa acht go ndúbhairt sé liom go raibh sé ag dul go Meirice, agus ná casfadh sé coidhche, thuit an lug ar an lag aici. Dúbhairt sí nar thaithnigh sé le n-a

h-athair an rud a rinn' Seán Beag, acht mar sin féin gur bhearr leis go bpósfadh sí é; bhíodh sé ag síor-thrácht ar an bhfeirm bhreagh talmhan a bheadh aca nuair a bheadh sé féin imthighthe. Acht nuair a tharraing sé an scéal anuas chúiche arís indé roimhe sin, thug sí mionn agus móide dó, ná pósfadh sí Seáinín Breathnach muna mbeadh aon fhear eile ar thalamh an domhain acht é.

Shiúbhalas léithe chomh fada le n-a geata féin acht ní mórán eile a dúbhramar. Bhí ualach ar an gcroidhe ag gach duine againn. Is claoidhte an galar an grádh gan amhras. Acht bhí faoiseamh le fághail agam-sa rud ná raibh le fághail ag Eilís Breathnach; mar bhuaileas liom suas go dtí an Mhóin Bhuidhe agus d'inniseas an scéal ó thús go deire do Shibéal. Rinn' sé faoiseamh dom a bheith in a fochair acht b'adhbhar trioblóidí dhi mise a bheith chomh trí n-a chéile agus bhíos.

Shleamhnuig na laetheanta leo, agus mar gach aon iongantas eile ní mórán trácht a bhíodh i dtaobh Seáin Báróid agus Eilís Bhreathnach sa nGleann. Acht bhí sé tabhartha fé ndear go raibh síse ag imtheacht ar an ánbhruith gach aon lá. Ní fheictí í acht ag an aifreann gach aon Domhnach, agus ní chuireadh sí isteach ná amach ar aoinne, fiú amháin ar a daoine muinnteardha féin imeasc na gcailíní eile. Acht aon uair a thanbhuigheadh sí orm-sa b'í an chéad cheist a bhíodh aici an raibh aon chúntas agam ar Sheán, agus nuair ná bíodh ní labharadh sí focal eile acht osna a leigint aiste agus imtheacht léithe.

Bhíodh sí ag glacadh Comaoine gach aon Domhnach, agus an Domhnach so sa Meitheamh thuit sí i lagachar i lár an aifrinn. Chaitheadh í a thabhairt amach agus bhí sé i bhfad gur tháinigh sí chúiche féin. B'é sin an uair dheireannach aici ag an aifreann, mar tar éis í a thabhairt abhaile thug sí do'n leaba agus níor eirig sí aiste gur chuireadh sa chomhrainn í.

Is deacair é a chreideáil, acht baineann sé le deallraimh nár thuig a h-athair cionnus mar bhí an scéal aici go dtí an Domhnach a thuit sí i lagachar sa séipéal. Níor bhrath sé mórán bun-os-cionn léithe roimhe sin. Chuireadh fios ar an dochtúir agus pé

slíghe a chuaidh sé amach bhí a fhios ag gach aoinne i gceann cúpla lá cad dúbhairt sé in a taobh. Dúbhairt sé ná raibh galar ná aicíd uirthe, acht go raibh troiblóid mhór éigin ag luighe ar a croidhe agus muna'r bhféidir an trioblóid sin a thógaint di go mba baoghal di í.

Cúpla lá in a dhiaidh sin bhíos ag bogadh chlas i bPáirc na n-Acra. Cé bhuailfeadh chugham thimcheall a deich a chlog acht Seán Mór Breathnach. Bheannuigh sé dhomh agus gan a thuille moille a dhéanamh bhain sé an ceann de'n scéal.

"Tá Eilís i mbaoghal báis" ar seisean "agus is dócha go bhfuil a fhios agat cad in a taobh í a bheith mar tá sí."

Thugas fé ndear go raibh sé trí n-a chéile go mór acht ní raibh mórán truaighe im chroidhe do, mar bhí an milleán agam air mar gheall ar Sheán Báróid. Bodach mór-chúiseach a bhí ann dar liom, gan meas madra aige ar aoinne ná raibh flúirseacht de mhaoin saoghalta aige, agu anois nuair a bhí an bhróg ag luighe ar féin bhí sé maol-chluasach go leor.

"Cad tá uait uaim-se?" arsa mise agus ní ró-shéimhialta a labhras.

"Tá a fhios agat-sa go raibh m'inghean agus Seán Báróid i ngrádh le n-a chéile, agus tá a fhios agat cad in a taobh é sin a bheith imthighthe as an áit gan a thuairisc. Míse is cionntach leis an tubaiste go léir. Is baoghal gur mó bhíos ag cuimhneamh ar shaibhreas agus maoin an t-saoghail seo, ná mar bhí mé ag cuimhneamh ar cad ba mhian lem inghean, agus anois chaithfinn an scilling dheireannach chun an t-olc atá déanta agam a leigheas; agus maidir lem ingean tá a fhios agam ná fuil acht an t-aon rud amháin a leigheasfaidh í, Seán Báróid d'fhághail agus iad a phósadh le n-a chéile."

An fhaid agus bhí sé ag cainnt bhíos 'ghá thabhairt fé ndear. Ba mhór an t-áthrúghadh a bhí tar éis teacht air ó'n uair dheireannach a chonnachas é. In a meoin agus in a ghlór níorbh é an fear céadna ar aon chor é. Bhí an mustar agus an mhór-chúis imthighthe, agus ní raibh ann anois acht fear bocht ciapaithe cráidhte croidhe-bhriste.

“Bhí tusa agus Seán Báróid an-mhuinnteardha le n-a chéile agus b'féidir go mbeadh a fhios agat cár imthigh sé.”
“Níl d’eolas agam-sa in a thaobh” arsa mise “acht go ndúbhairt sé liom go raibh sé ag dul go Meirice.”

“Go bhféachaidh Dia orrainn” ar seisean go truaghmhéileach. Rinneas machtnamh ar feadh cúpla nómant.
“Má tá uait Seán Báróid d'fhághail” arsa mise “nárbh fhearr an gnó a thabhairt suas do 'thúrnae agus cuireadh sé fógraí ins na páipéir amuigh i Meirice. Dúbhairt sé liom gur ann a bhí sé ag dul agus níor innis se bréag riamh. Ní fheicim-se aon t-slighe eile chun a thuairisc a chur.”

“Is tuigsionach an buachaill tú” ar seisean “déanfaidh mé é sin láithreach bonn.”

D'imthigh roinnt seachtmhainí agus bhí Eilís Bhreathnach ag dul i luigeacht gach aon lá. Nuair d'innis a h-athair di cad a bhí idir lámha aige bhíodhg sí suas agus tháinigh feabhas mór uirthe; acht nuair a bhí an aimsear ag imtheacht agus gan aon chúntas ag teacht i dtaobh Sheáin, thuit sí siar arís. Bhí a h-athair imthighthe in a gheilt nach beag. Bhíodh sé isteach is amach go dtí an túrnae gach aon dara lá. Níorbh fhéidir leis a shuaimhneas a cheapadh go dtiocfadh an scéala go Baile na h-Abhann tríd an bpost.

Chuadhas cúpla uair nó trí ag féachaint Eilís acht ba réabadh croidhe do dhuine i d'feicsint agus a bheith ag éisteacht léithe ag siar-thrácht ar Sheán, agus b'í an chéad cheist aici orm-sa i gcomhnuidhe an raibh aon chúntas agam air. Nuair d'imthigh os cionn ráithe gan a bheag ná a mhór de chúntas d'fhághail, thug sí suas ar fad agus chaill sí pé misneach a bhí aici. Beadh a fhios ag aoinne le féachaint uirthe ná faigheadh sí seasamh i bhfad eile mar bhí sí ró-shnimhte amach.

Chuadhas síos 'ghá féachaint tráthnóna Domhnaigh i ndeire September. Bhí sí an-lag ar fad. Dúbhairt a h-athair liom gur shíleadar an oidhche roimhe sin go raibh sí imthighthe agus gur léigheadar na liodáin uirri agus chuireadar an choinneal bheannuighthe in a dorn, acht tháinigh sí chúiche féin arís. Tháinigh

an sagart agus thug sé comaoine dhi taréis an aifrinn agus bhí sí an-bhíodhgamhail ar feadh tamaill in a dhiaidh san. Nuair a chuadhas-sa isteach chúiche bhí sí in a codhla agus is ar éigin a bhrathfá go raibh sí ag tarraingt na h-anála.

Bhí sé ag déanamh ar an dá uair déag agus bhíos féin agus a h-athair sa seombra.; bhí beirt nó triúr de sna comharsain amuigh sa chistin. Bhí an clog sa chistin díreach ag bualadh an dá bhuille dhéag nuair d'oscail sí a súile agus d'féach sí orm-sa agus ar a h-athair; agus d'fhan sí ar feadh cúpla nómant ag féachaint i dtreo an dorais, a bhí ar oscailt, díreach mar bheadh sí ag tnúth le duine éigin a theacht isteach. Annsan shuidh sí suas sa leaba de phreib, chomh láidir agus bhí sí riamh ba dhóigh leat; shín sí a dhá láimh chun an dorais agus ghlaodhaigh sí amach in árd a gutha:

“A Sheáin! A Sheáin! A Sheáin a mhúirnín! Fan liom! Fan liom!” - agus rinn' sí iarracht ar teacht amach as an leaba. Ritheas féin agus a h-athair chúiche acht acht, thuit sí siar in a pleist agus a dhá láimh sínte amach uaithe. Bhí Eilís Bhreathnach bhocht ar an t-síorraidheacht. Cuimhneóchad go deo ar an áthas agus an grádh a bhí in a gnúis agus í ag glaodhach ainm Sheáin trí h-uaire, díreach mar bheadh sí ag cur fáilte roimh cara ionmhuin ná feacaigh sí leis na cianta roimhe sin; agus cuímhneóchad leis ar bhuaidhirt agus cúmhadh a h-athair an fhaid chéadna.

Bhí sé tamall beag roimh eirighe gréine nuair d'fhágas an tigh chun dul abhaile, agus ba bhuadhartha cráidhte im aigne mé agus mé ag siúbhal aníos bóithrin na Cille. Agus annsan a thárla an rud ba iongantaí dem eachtra; bhíos i bhfuigseacht leath-chéad slat, nó bhféidir rud beag níos lúgha, do'n chrosaire, mar a thangbhuigheann bóithrín na Cille ar an mbóthar mór, agus mé ag siúbhal liom go mall agus an codhladh agus eile ag cur orm. Bhí an ghrian go dearg os cionn barra na sléibhte thoir agus é in a lá geal aoibhinn. Chonnachas fear ag rith amach tharm agus ionar síogach bán agus gorm air, mar an ionar peile a bhíodh ar fhoireann Baile na h-Abhann. Chuimhinigheas in a dhiaidh san gurab ait an rud é nár chuir sé aon iongantas orm fear a fheicsint ar

an dul san, an t-am san ar maidin; agus chuimhinigheas leis nár airigheas é ag déanamh aon fhothram ar an mbóthar agus é ag gabhail amach tharm. Shíleas i slighe éigin gur cheart dom é d'aithint, mar chuir sé duine éigin i gcuimhne dom, acht sar a raibh réidhteach déanta ar an gceist agam, bhí sé ag gabhail thimcheall an chúinne agus d'fhéach sé siar thar a ghualainn orm. Seán Báróid a bhí ann, agus a ghnúis agus a shúile ag gáire liom mar chonnacas go minic é. Léim mo chroidhe le h-áthas agus ghlaodhas a ainm in árd mo ghutha agus ritheas in a dhiaidh. D'imthigh sé as mo radharc thimcheall an chúinne agus é ag féachaint siar orm. Ní raibh ceáthrúghadh nómaint ann go rabhas féin ag an gcúinne in a dhiaidh. Bhí an bóthar mór annsúd chomh díreach le riaghail ar feadh leath mhíle ar gach taobh díom theas agus thuaidh agus gan duine ná daonaidhe le feicsint air. Stadas agus uamhan agus uathbhás orm agus rinneas marbhna ar feadh tamaill, agus dúbhras liom féin gurab' amhlaidh a thuit néal codhlata orm, tar éis a bheith im shuidhe ar feadh na h-oidhche go léir agus gur ag taidhbhreamh a bhíos. Bhíos deimhinneach ar na bháireach, taréis greas maith codlata, gur mar sin a bhí, agus d'réir mar bhí na laetheanta ag dul tharm bhíos níos deimhinnighe ná raibh ann go léir acht taidhbreamh. Acht mí in a dhiaidh san tháinigh leitir chúgham ó shagart sa taobh thiar ar fad de Chanada i bhfuigseacht leath-chéad míle do Muir na Síothchána. Shid í í i nGaoluinn.

A Dhuine Chóir,

Is cúrsaí bróin dom é a bheith mar oibliogáid orm droich-scéala a chur chúghat 'sé sin gur éag do dhuine muinnteardha Seán Báróid annso Dé Domhnaigh an 26adh lá de September seo chaithte. Tháinigh sé annso thimcheall leath-bliadhna ó shoin agus bhí sé ag obair i meitheal atá ag leagaint crann ins an gcoill thimcheall chúig mhíle ó'n sráid-bhaile seo. Tá os cionn dhá chéad fear sa mheitheal so; gearrann siad na crainn agus bainneann siad na géaga dhíobh agus cuireann siad ar snámh ar an abhainn iad, agus tugann an abha léithe iad go dtí muileann sáibhéireachta atá thimcheall fiche míle síos ó'n áit seo.

Bíonn an meitheal i gcamtha bothán adhmuid a rinneadar sa choill, acht tagaid go léir isteach go dtí an tsráid-bhaile istoidhe Dé Sathairn agus bíonn ól agus ragairne ins na tábhairní aca go dtí istoidhe Dé Domhnaigh.

Díreach roimh am scurtha dóibh tráthnóna bhí Seán Báróid agus fear eile d'iarradh crann a bhí in achrann i bport na h-abhann a leigint leis an uisce nuair shleamhnuigh an fear eile agus thuit sé isteach 'san abhainn. Léim Seán Báróid isteach in a dhiaidh agus rug sé air. Scuab an t-uisce chun siubhail an bheirt aca, agus shíl a raibh ann go raibh deire leo, mar bhí tuile san abhainn agus rith an-mhear leis an uisce; acht d'eirigh le Seán a chomrádaidhe a thabhairt amach ar an bport leath mhíle sios ó'n áit a thuit sé isteach.

Bhí árd-mholadh ag dul do ó'n a chomrádaithe i dtaobh an ghnímh seo. Agus bhí an moladh tuillte aige gan aon agó, mar ba dheacair fear d'fhágail a dhéanfadh an rud a rinn' sé. Níor fhan puinn ar an bhfear a thuit isteach san abhainn acht an dara lá in a dhiaidh san bhí Seán Báróid an-thinn ar fad. Bíonn an t-uisce ins na h-aibhne annso an-fhuar an t-am so de bhliadhain nuair bhíonn an sneachta ag leaghadh ar na sléibhte, agus is dócha gurab é fuacht an uisce a ghoill air.

Bhí an dochtúir ba ghiorra do'n áit seo leath-chéad míle ó bhaile, acht cuireadh fios air agus gheall an meitheal aon airgead d'iarrfadh sé, go dtabharfaidís do é. Tháinigh sé agus dubhairt sé gur “pneumonia” a bhí ar Seán Báróid agus go raibh sé go dona. D'fhan sé trí lá go bhfuair sé an t-aitheo, agus go raibh sé as baoghal mar shíl sé. Acht nior thainigh Seán Báróid chuige féin mar mheas an dochtúir.

Tagaim-se go dtí an t-sráid-bhaile seo chun aifreann a rádh gach aon dara Domhnach. Thángas dhá lá tar éis do Sheán a bheith bhuailte tinn leis an “pneumonia” agus chuireas an ola air agus ghlac sé naomh-chomaoine; acht nuair thángas arís coicthigheas ó'n lá san cé go raibh an galar curtha thairis aige dheallramhaigh sé a bheith an-lagsprideach an dhúbhach ann féin. Rith sé liom o n-a meon gur chuma leis cioca bás nó beatha a bhí i ndán do.

Ó'n chead lá a tháinigh sé annso bhíos an-mhuinnteardha leis; fear an-dhúbhrachtach do'n chreideamh do b'eadh é, agus an fhaid agus bhí sé annso bhíodh sé ag friotháladh aifrinn dom agus ghlacadh sé comaoine ag an aifreann i gcomhnuidhe.

Mheasas ó'n chéad uair a bhíos in a chomhluadar go raibh buaidhirt aigne éigin air acht níor scéithidh sé a rún riamh liom; acht an chéad lá riamh a bhíos ag cainnt leis in a aonar thug sé do sheoladh-sa dhom agus d'iarr sé mar athchuinghe orm dá mbainfeadh dada do, an faid agus bheadh sé annso, scéala beacht a chur chúghat-sa in a thaobh. Sin é fáth na leitreach so chúghat.

Mar dúbhras thuas d'éag sé ar an Domhnach. Thugas naomh-comhaoine do an mhaidin sin tar éis an aifrinn agus cé go raibh sé lag ní raibh aon bhaoghal báis air, dar liom; acht thimcheall a dó a chlog an tráthnóna san d'éag sé mar mhúchfá an choinneall, gan aon chuimhne ar domhan ag aoinne againn leis.

Cé ná bíodh aon bhaint aige leis an ól agus an ragairne a bhíodh ar siúbhal gach aon deire seachtmhaine ag urmhór na meithle bhí meas ag cách ar Sheán Báróid mar fear ionnraic dílis a bhí ann, agus an fhaid agus bhí sé ar an leaba bhíodh a chomrádaithe san obair, ag dul i gcomórtas le n-a chéile féachaint cé a fhanfadh thimcheall air. Ní raibh ó'n bhfear a shabháil sé corruighe ó taobh a leapthan.

Ní gádh dhuit aon imhnidhe a bheith ort i dtaobh a anma mar tá se i Bhflathas Dé.

Mise do chara in Íosa Críost

Eoghan Mac Aoidh, Sagart.

Taréis dom an leitir seo a léigheamh is fuiris a thuigsint gur tháinigh áthrúghadh intinne orm i dtaobh cad a tharla an mhaidean úd agus mé ar mo shlighe abhaile ó thigh an Bhreathnaigh – an mhaidean a chailleadh Eilís.

Nuair a chuirtear am an chloig sa taobh thiar ar fad de Mheirice i gcomparáid le am an chloig annso in Éirinn cídhtear gur éag Seán Báróid uair nó dhó roimh an am d'éag Eilís Bhreathnach.

Agus riamh ó shoin go dtí an lá tá indiu ann, agus mé im shean-fhear caithte críona, tá sé buailte isteach im aigne go bhfeaca Eilís Seán ag doras an tseombra nuair ghlaodhaig sí a ainm trí h-uaire, agus nach ag taidhbhreamh a bhíos-sa nuair a chonnacas é ag gabhail amach tharm ag cúinne an chrosaire. D.S. Nár thug sé lámh agus focal dom go gcasfadh sé beo nó marbh, cé nach mórán suime a chuireas ins na focail seo nuair dúbhairt sé iad. Táim deimhinneach anois gur chomhlíon sé a ghealleamhaint. Is fuiris a thuigsint leis cionnus nár tháinigh aon toradh as an taighdeadh a rinne 'túrnae Sheáin Mhór Bhreathnach.

I láthair Dé, i gcomhluadar a chéile go raibh an bheirt aca, agus an sonas, ná raibh i ndán dóibh ar an saoghal so, go raibh sé aca ar an t-síorraídheacht.

Focal Deire.

Chuireas romham i dtosach na n-eachtraí seo cur síos ar an saoghal i nGleann Chárthainn le linn m'óige. Tá ceann conaire nach beag sroiste agam maidir leis an gcuspóir seo, mar níorbh é mo mhian riamh scéal mo shaoghail go léir a ríomhadh. Ní bheadh mórán thar an gcoitciantacht ann, ar bhfiú d'aithris. Mar is dual don duine ar an saoghal so, chonnacas laetheanta sona agus laetheanta dona, agus mhothuigheas lúthgháir agus brón, agus a bheag nó a mhór de gach aon rud olc agus maith atá i ndán do'n duine ar an taobh i bhfus de'n t-síorraidheacht. Acht sar a leagfad mo pheanna uaim caithfead cruinneas a chur ar críoch mo scéil.

Taobh istig de chúpla bliadhain thainigh áthrughadh mor ar ár saoghal annso i Lios na Faille. Um Nodlaig na bliadhna úd a chailleadh Seán Báróid agus Eilís Bhreathnach tháinigh deartháir le Tomás de Búrc na Mónach Buidhe abhaile ó Meirice. Séamus ab ainm do, agus bhí sé os cionn deich mbliadna níos óige ná Tomás. Bhí sé ocht mbliadna déag i Meirice agus níor chuimhin liom-sa in aon chor é, nídh nach iongna. Fear breágh lághach, geal gháireach do b'eadh é, agus bhí an-dheallramh ag Sibéal leis. Cad a dhéarfá nár rinn' sé féin agus m'áintín Máire suas le n-a chéile agus pósadh iad an Meitheamh in a dhiaidh san. Cheannuigh sé feirm trí fichid acra talmhan a raibh tigh comnuighthe agus eile uirri, i mBaile an Phléamon ar an mbóthar go Cluainmeala. Chuireadh an fheirm ar cheant ag cheannuigh sé í ar mhíle agus leath-chéad púnt, agus dúbhairt gach aoinne gur mhaith an margadh í. D'réir deallraimh bhí carn airgid aige, mar i bhfochair na feirme a cheannach agus stoc a chur uirri bhí ceárduighthe ar feadh os cionn ráithe aige ag cur slacht ar na tighthe.

Tá an tigh ar thaobh an bhóthair mhóir agus bhí cuireadh coitcianta ag gach aoinne ó Lios na Faille agus ó'n Mhóin Bhuidhe bualadh isteach nuair a bheidís ag gabhail thar brághaid, agus bhíodh fáilte agus fiche rompa. B'annamh a theigheadh aoinne de'n

dá mhuinntir go aonach nó margadh gach cuaird a thabhairt isteach ar a slíghe abhaile dhóibh.

Nuair phósadh Séamus de Búrc agus m'áintín Máire, Sibéal agus mise a sheasuigh leo. Ní raibh aon phósadh aca mar ba ghnáth san am úd, b'amhlaidh a chuadar go Corcaigh ar feadh coicthíghis. Ní raibh an tigh i mBaile an Phléamonn i gcóir agus ní raibh uatha an pósadh a bheith annso i Lios na Faille ná sa Mhóin Bhuidhe. Bhí ó Shibéal agus mé féin a bheith pósta 'san am chéadna a phósadh iad san, acht chuir an dá mhuinntir in a choinne, agus chomharligheadar dúinn fuireach bliadhain eile i dtaobh sinn a bheith chomh óg agus bhíomar.

I mí Lúghnasa na bliadhna in a dhiaidh san a phósadh sinn. Bhí árd phósadh againn – Níos fearr ná pósadh Ned Dhómhnaill féin b'feidir. Bhí an Gleann go léir ann. Bhí Peaid na Brídighe agus Cruthúirín ag imirt ceoil dúinn, agus Peaid níos tabhartha do shult is greann ná bhí sé riamh. Acht tháinigh sé in a riocht féin; ní raibh sé déanta suas mar “Bhuachaill Bréige” mar bo ghnáthach leis a bheith in a leithéid d'ocáid; acht bhí na cloigíní ar a shála aige agus rinnc sé “An Stáicín Eorna” ináirde ar bhórd mór na cistine amuigh sa scioból.

Acht dá mhéid é ár lúthgháir an oidhche úd níor bhféidir liom féin agus Sibéal gan a bheith ag cuimhneamh ar an mbeirt úd 'san úir, agus leath na cruinne eatorra, a bheadh go sona in ár bhfochair muna mbeadh an mí-ádh agus an tubaiste. Ní uair nó dhó i rith na h-oidhche a thráchtmar ortha, acht dúbhramar go raibh Seán Báróid agus Eilís Bhreathnach i gcomhluadar a chéile i bhflaithis Dé, agus ná scarfadh maoin ná uabhar an t-saoghail seo iad go bráth arís.

Níor mhair Seán Mór acht thimcheall trí bliadna i ndiaidh báis Eilis, agus i rith na h-aimsire sin níor chuaidh sé ar aonach ná ar mhargadh, ná in aon áit taobh ismuigh dá theorainn féin, acht amháin go aifreann Domhnaigh agus lae saoire, agus go minic go dtí an Chill Dhubh mar a raibh an bheirt b'ionmhaine leis ar an saoghal so curtha. Níor chuir sé aon t-suim i ngnó na feirme acht ag siúbhal cois na gcladhthacha nuair a

bhíodh an lá breágh agus in a shuidhe cois na teine sa phárlús nuair a bhíodh an doineann ann. Acht níor leigeadh dada siar maidir le gnó na feirme, mar bhí togha na bhfear aige i Micil Ó Néill. Mac deirbhsaer do ó'n Leacain agus Breathnach eile leis, a fuair a raibh eile aige taréis a bháis.

Phós Liam Tóibín, an Maighistir scoile, Máire Báróid agus chaith sé a shaoghal in ár bhfochair annso sa nGleann. Fear croidheach do b'eadh é agus bhí meas ag gach aoinne air. Bhí saoghal sona aige féin agus ag Máire. Tar éis bháis Sheáin Mhór chuaidh Micil Ó Néill ag obair chúcha agus chaith sé an chuid eile dá shaoghal in a bhfochair. Níor mhair an mháthair acht bliadhain tar éis báis Sheáin. Is cinnte gur bhris sé a croidhe an íde a bhí air.

Phós Dic Ó Siadhaile inghean le Micil Dhuinn an gabha. Mhair sean-Risteard go dtí go raibh sé i bhfuigseacht ceithre bliadna do'n chéad, agus bhí a mheabhair cinn chomh maith aige, agus bhí sé ábalta ar na scéalta d'innsint chomh maith agus bhí sé riamh, suas go dtí na laetheanta deirneacha dá shaoghal. Tar éis a dhinnéir, an lá so, dúbhairt sé le Dic fios a chur ar an sagart do, go raibh sé ag dul ar an leaba agus nár bhfada uaidh an bás. B'amhlaidh bhí Dic ag déanamh magaidh dhe ar dtúis, mar shíl sé go raibh a athair chomh maith an lá san agus bhí sé aon lá ar feadh chúig bliadhna roimhe sin, acht nuair a chonnaic sé chomh dáiríre agus bhí sé, chuir sé fios ar an sagart. Tháinigh an sagart agus d'ullamhaigh sé é, agus dúbhairt sé ná raibh aon deallramh air é a bheith gairid do'n mbás. Acht d'éag sé ar na báireach. Bhí a bhean Máirghréad curtha le deich mbliadna roimis. Trí bliadna roimh a bás chaith bean Dhic aibíd a thabhairt chúiche ó'n mBaile Mór. Chuir sí an aibíd uirri acht dúbhairt sí go raibh sí ró-mhór dhi agus chaitheadh i a thabhairt thar n'ais agus ceann eile a thabhairt chúiche. Tháinigh an dara aibíd léithe agus chaith Dic í a thabhairt go dtí an sagart chun í a bheannúghadh. Chuireadh sí an aibíd amach ar an tor, chun í d'aereadh, cúpla uair sa mí as san go bhfuair sí bás.

Nárbh iongantach an creideamh agus an muinghín as Dia a bhí ag na daoine sa sean-shaoghal. Ba bheag eagla a bhí ortha roimh an bás. Dar leo bhí sé chomh nádúrtha bás d'fhághail agus a bhí sé iad a bheith beirthe. Is baoghal liom nach mórán atá mar iad sa lá tá indiu ann, agus is beag a gheobhfá mar sean-Risteard Ó Siadhaile agus a bhean Máirghréad maidir leis an mbás.

Bás Sheáin MhicCraith an cúrsaí bróin ba mhó a bhí againn i Lios na Faille 'san am so dár saoghal. Bhí sé dhá bhliadhain is fiche i Lios na Faille agus duine dínn féin do b'eadh é. Ní raibh sé acht thimcheall deich mbliadna is dachad nuair cailleadh é agus d'réir a dheallraimh dhéarfadh aoinne go raibh saoghal fada roimis. Bhí sé amuigh 'san iothlainn ag tarraingt tuighe le h-aghaidh dín don “dairy.” Ghlaodadh isteach air chun a dhinnéir agus nuair ná raibh sé ag teacht chuadhas-sa amach féachaint cad a bhí 'ghá coimeád, agus fuaireas é caithte le h-ais na cruaiche agus gan ann eirighe. “Stróc” a fuair sé agus bhí lúth a choise agus a láimhe deise caillte aige agus scaipeadh ar a chainnt. Thugamar isteach é agus chuireadh fios ar an sagart agus an dochtúir. Thángadar agus rinneadar a raibh le déanamh aca dho. B'é tuairm an dochtúra go dtiocfadh sé as, acht ní raibh aon mhuinghín aige féin go dtiocfadh, mar dúbhairt sé gurab é an tslighe chéadna d'imthigh a athair. D'réir deallraimh ba aige an dochtúir a bhí an ceart, mar bhí sé ag dul i bhfeabhas gach aon lá, agus i gcionn mí bhí an lúth in a chois agus in a láimh chomh maith agus bhíodar riam.

Ní raibh aon rian air ná raibh sé chomh maith in a shláinte agus bhí sé riamh, acht focal fáin ná raibh sé ábalta ar a thabhairt leis go soléir. D'imthigh leath-bhliadhain agus shíleamar go raibh gach aon rud go ceart, acht an mhaidean so nuair ná raibh sé ag eirighe mar ba ghnáthach leis, chuadhas suas chuige. Bhí sé caithte annsúd ar an leaba gan aithne gan úrlabhra, agus seórdán uathbhásach air sa t-slighe gur dhóigh leat gur 'ghá thachtadh bhí sé.

D'fhan sé mar sin go dtí go bhfuair sé bás ceithre

h-uaire fichead in a dhiaidh san.

B'aige a bhí an t-sochraid ba mhó d'fhág Gleann Chárthainn riamh. Ní raibh gléas taistil sa nGleann nár raibh in a dhiaidh amach Barra an Bhealaigh agus ó dheas go dtí an Áth Mheadhon mar a raibh a shinnsear curtha. Thógas leac os cionn a uaighe bliadhain in a dhiaidh san, agus ba mhaith an ceart dom san a dhéanamh mar, mar dúbhairt m'áintín Máire go minic “muna mbeadh Seán MacCraith ní bheadh rian na mBúrcach i Lios na Faille.”

Bhíodh m'áintín Máire agus a fear ar cuaird annso go dtí an Lios agus go dtí an Mhóin Buidhe anois is arís, acht b'annamh a bhíomar ábalta ar mo mham a stracadh ó n-a teinteán féin chun dul ar chuaird chúcha. Acht nuair tháinigh leanbhaí óga chúghainn annso, tháinigh aith-bheochaint innte arís, agus as san amach ní bhíodh sí ar aon chor chomh lag-sprideach agus bhíodh sí, acht í go geal-gháireach nach beag i gcomhnuidhe rud nár cuimhin liom í a bheith riamh roimhe sin.

Nuair a bheidh deire agam lem shaothar is baoghal liom go mbeidh uaigneas orm, mar an faid agus bhíos ag cur síos ar na daoine agus ar na h-eachtraí a bhain le tús mo shaoghail, bhínn, dar liom, thar n-ais arís sa tráth úd dem bheatha, agus i gcomhluadar na ndaoine lághach úd b'ionmhain liom le linn m'óige; mar nuair leagfad mo pheann ar leath-taob bead mar a déarfá ag fágaint slán aca go deo na ndeo. Acht in a choinne sin ní bheidh sé ró-fhada, dar ndóigh, go mbead in a bhfochair ar an t-síorraidheacht, le congnamh agus Grásta Dé.

Tá obair an lae déanta agus crónúghadh na h-oidhche ann, acht sar a scurfad, táim ag iarradh athchuinge ar an leightheoir, a raibh de fhoidhneamh aige leanamhaint de'm mheascra eachtraí leadránach go dtí so, 'sé sin guidhe ar anmain an scríbhneora sean-Shéamus Lios na Faille.

Finit.

Dheirti leithi nuair a bhíodh sé chun scur “Dírigh do ghearradh nó beidh béal cam ar do pháiste”.

Nótaí ar an leithleachas a bhain leis an nGaoluinn mar labhartaí sa dúthaigh seo í.

“Thá” agus “athá” i gcomhnuí

“Nín” in áit “Níl”

An guta in “mé” agus “tú” gairid i gcomnhuí ach amháin in amhrán. Ní raibh “t” in “tú” buailte in aon tuiseal.

Aríst, fhuirist, bhímíst, dheinimísth 7c i gcomhnuí

“B'fuil?” ináit “An bhfuil?”

“Roimhig” [srónúil ar an mh] in áit “roimhe” nó “roimis” i gcomhnuí

“Te” in áit “tigh” uimh. Iol. “teitheanna”

Ní raibh “teach” aca in aon chor

“bróig”, “casóig”, “bulóig” “cois” “láimh” “bais” “cluais”

“pluic” “ordóig” gualainn Sa Tuis. Ainm.

“o” in aice “m” nó “n” mar “u”

Ní raibh “chuala” 7c ná “clois” 7c aca, ach “airigh” i gcomhnuí

Ní raibh na focail “cleamhnas” ná “cóisire” aca ná an focal “casúr” - cé go dtuigidís é – ach “hamar”. Ní raibh an fhoirm “mnaoi” aca. “mbean” sa Tuis. Tabh.

Bhí “f” i “féin” buailte ach amháin uaireanta in amhrán

Bhí an “t” buailte i: “fáilte” “caillte” “millte” “folta” “fillte” ach ní raibh an “t” buailte i “tuilte” ná “tuillte”

“Deoch n-uisce” a deirtí

Bhí an fogar “v” ar “ibh” sa dá fhocal “ceannaibh” agus “fearaibh” in áit “fir” sa Tuis. Ainm. Bhí an “r” i “fearaibh” caol.

An Uimh. Uath. i ndiaidh uimhreacha i gcomhnuí nach beag, mar: “ceithre bhó” - “sé chapall” - ocht mhála” - “cúig lá” “nao n-acra” “chúig chrann” “ceithre leabhar” 7c

Metathesis - “Iomárd”

bradán – burdán banaltra – banartla

praiseach – purseach urchar – ruchar

tuigsint – tuisgint urmhór – rumhór

feicsint – feiscint Breathnach – Biortnach

bracach – burcach [salach burcach]

brollach – burlach Buitléir – Builthéar

rinn(e) - “r” leathan. Ní raibh “dhein” aca.

ar - “r” caol

raibh - “re” roimh consan

d'fhiachaibh - “d'iachall”

“Chuir sé d'iachall air” 7c.

“cuideachta” - “mhullach” - “tuirseach” - “giorracht”

an béim-ghuta ar an gcéad siolla. “Ceanntar” mar - “ceantar”

“sean-fhear” “sean-asal” “sean- aithne” 7c

“seana-bhean” “seana-chapall” “seana-bhaile” 7c

“an-fhear” “an-obair” an-asal 7c

ana-chapall ana-bhean ana- bharra (prátaí) 7c

“madán” in áit “amadán”
“Eist a mhadáin” - “ Níl ann ach sean-mhadán”
“g” buailte 7 “ú” fada i chugam, chugat, chugainn, chugaibh
“an fear san” - “an bean so”
“an tigh sin” - “an paiste seo”

Ní bhíonn an bhéim gutha coíche ar “san” “sin” “so” “seo”

chun “Emphasis” a chur i bhfeidhm. Ar an ainm a chuirtear an bhéim i gcomhnuí.

“i chuigint” ba mhinicí in áit “ar aon chor”

“súist” “cáis” “mais” “túrthn” - an guth deire ar lár sa Tuis. Ainm.

Bhí me bhíomar

bhí tu bíobhair [ach “bhí sibh-se”]

bhí sé bhíodar

Tá me táimid bhuail mé - bhuaileamar

tá tu tá sibh bhuail tu - bhuaileadar

ta se ta siad bhuail se - bhuaileadar

[ach bhuail sibh-se]

beidh me beimíd

beidh tu beidh sibh

beidh sé beidh siad

bheinn bheimíst

bheitheá beadh sibh

bheadh sé bheidís

bhínn bhímíst

bhíthá bhíodh sibh

bíodh sé bhídís

An “n” i “an” (an t-alt) ar lár go minic nuair nach guta an chéad leitir de'n bfocal i'n a dhiaidh

taobh a' bhóthair ar an asal

ar a' mbuachaill ar an uisce

ar a' mbóthar ar an úbhal

ar a' gclaidhe ar an úrlár

ar a' gcapall

barra an bhaile

ar a' gcrann

ar a' bhfalla

leis a' mbilleog

ar a' mbórd

Scéal Sheáin na Coille i bhFogaruíocht na Gaoluinne mar Labhartaí í i nGleann Chárthainn

Chonnaic mise sprid ge geata na staighrí agus is a' dol go Cluainmeala a bhí mě agus ní reibh braon óltha 'gam. Agus thá rud eile sa sceal – níor thuig mě riabh ó choin dé'n sórt mearathal a bhí orm an oíche chéanna. Ach niúsa mě an scéal go léir dhíbh.

Thá as ceann chúig bhliana is fithe ainis ó thit a bhfuil me chun a 'nisint dhíbh amach. Bhí mě im fhear lúchmhar láidir an uair úd is ba bhe.g an beann a bhí 'gam ar aoinne ná ar ao' rud. Bhí mě a' dol go Cluainmeala de shiúl mo chos chun peire bróg a cheannach, thimpal coicíos reibh Nollag. Is i dte fáin a bhíoch clog an uair úd, agus dh'eiri' mě le glaoch an choiligh; dh'ith mě greim is chuir mě chun bóthair. Neir a bhí mě ag gabhailt síos t.rí Bhaile an Droithid chonnaic mě solus i gceann de sna teitheanna amŭ ge te tábhairne Mairtí, is dúirt mě lium fhéin go lasfhainn a' píopa is bhuail mě isteach mar a reibh a' solus. Bhí Seana-Mhairtí in a bheatha an uair úd, agus ba dhé a bhí ann is é i bhfeidhilt cránach a bhí tinn eir bhanaí. Dhearg mě an píopa leis a' gcoinneal. Dh'iarrthaig Mairtí dhíom cad a chuir chun bóthair chó luach san ar maidean me. 'Nis me dho cá reibh mo triall, agus díreach er a' númant san bhuail a' clog istig sa siopa a dó.

“Ná fuil sé ach a dó chlog fós?” arsa mise

“Nín” arsa Mairtí.

Thuig mě annsan gur chuir an coileach amú mě. Ach ní reibh le déana 'gam ach leanúint orm; agus

t.réis a bhe a' cainnt le Mairtí ar feag scaithimh bhuail mě lium síos a' bóthar go breá socair dum fhéin. Neir a bhí me ag gabhailt thar an droithead muar ge Baile na h-Abhann, cé bheach in a seasamh i lár an droithid ach beirt de sna “peelers” - an sár-jint agus duine de sna feairibh. Bheanna mě dhóibh is bheannuíadar dom. Sheasa mě agus dh'iarr me “match” ortha. Lasamair an triúr againn na píopa agus bhí me fhéin agus an sár-jint ag cainnt ar feag tamaill, mar bhí sean-aithne 'gam er – fear de sna Cárrthaig ó Chonntae Chiarruí a reibh Gaoluinn bhreá aige.

“A' mbe.ch aon díobhail é a dh'iarrthaí dhíot cá'il do thriall an tam so dh'oíche” ar sé sin lium sa deire. 'Nis me dho cá re me a' dol, agus dh'iarrtha mě dhe 'dé'n tam a bhí sé.

Tharraing sé watch amach as faba a bhríste agus las sé match.

“Thá sé a do chlog díreach” ar sé sin

Bhaineag geit asam ach níor lig me dada orm agus 'nis me dhóibh cannus mar a chuir an coilleach amú me. Dh'fhág me slán aca, agus thug an sár-jint dosaen maitseanna dhom agus dh'imi me lium go breá socair agus gan dithineas er domhan orm. Ní reibh an rae na suí, ach ní re sé dorcha, mar bhí mianach seaca ann, agus bhí an spéir lán de réilthíní. Mar is eol dhíbh thá casán er thaobh a' bhóthair ge Geata na Staighrí; bhí mé a' siúl er a gcasán er thaobh a' bhóthair agus an Falla er mo láimh chlé. Neir a bhí mě a' druidim gairid don ngeata chunnaic me fear a' teacht im choinne er a' gcasán thimpeall céad slat uaim. Dhruid me isteach leis a' bhfalla chun an taobh ismu a thabhairt do. Bhí me ag cimilt leis a' bhfalla nach beag, neir a bhí sé buailte lium ach ghoibh se

edeir me fhéin agus an falla agus níor dh'airig me é ag baint lium in aon tslí. Níor labhair sé ná níor labhair mise. Bhí sé go léir dubh agus hata muar dubh eir a bhí anuas er a aghai sa tslí gur beag di a bhí le feiscint. Dh'fhéach me 'na dhiaig thear mo ghualainn agus bhí sé níos mú ná ciad slat síos a' casán. Shíl me ná faigheach t**.**rí chiscéim a bhe tabhartha 'ge nuair a dh'fhéach mé in a dhiaig. Tháinig eagla orm ní nach iúna, agus fuar-allus amach tríom, mar bhi fhios agam nach duine saolta a bhí ann.

Dh'ime me lium agus eagla mo dhaochaint orm, go muar-mhuar neir a bhí me ag góilt fé sna crainn sa doirathadas er a' taobh so den droithead. Bhí me ag rá mo phaidirín agus thug san rud beag misnig dom. Neir a bhí me ag góilt thar te na dtrí d**.**e**.**ras connaic me go raibh an d**.**e**.**ras láir e**.**scailte agus solus 's na fuinnúga er gach taobh de. Bhuail me suas a' bóithrín chun a' dhoiris agus chua me 'steach. Labhair me le beirt bhuachaillí a bhí 'na seasamh taobh istig den d**.**e**.**ras agus 'niseadar dhom cad a bhí er bun. Seana Liam Ambróis a bhí 'ghá thórrtha. Bhí aithne ge gach aoinne er liam Ambróis mar chai sé a shaol ag obair er bhóthar na coille. Bhí cuid mhaith daoine sa chistean agus chuaig me go dtí d**.**e**.**ras seambra an tórrtha agus dúbhairt me paidir. Connaic me buachaill de sna Ceinnéidig ó Bhaile an Droithid a bhí in aimsir ag Briainig Cill na Mac agus dhruid mé anonn gairid do. Rinn' sé slí ar a' stol dhom agus shuig me sios le n'-ais. Bhí aithne mhaith 'gainn eir a chéile, agus d'réir dea'ra bhí iúntas eir me a dh'fheiscint agus dh'fhiarthui sé dhíom cad a cheol chun an thorrtha

me an t-am san d'oíche. 'Nis me dho cá reibh me a' dol agus cannas mar chuir a' coileach amú me.

“Dé'n t-am é anois” arsa mise

Bhí clog sa chistean ach bhí sé in a stad, mar is gnáthach neir a gheibheann duine bás. Chuaigh an Ceinnéideach go dtí fear a bhí in a shuí ge'n teine a reibh slabhra airgid treasna ar a bhurlach, agus dh'fhiarthui sé dhe dé'n tam é. Tharraing an fear watch amach as a phóca.

“Thá se a dó chlog díreach” ar sé sin.

Bhaineag a leithéid sin de gheit asam agus na reibh ionnam labhairt. Bhí me 'ghá dh'fhiarthú dhíom fhéin dé'n sórt mearathal a bhí orm, nú an fé dhr**.**íocht a bhí me. Dh'fhan me scaitheamh maith ge'n torrtha, agus chaith me té a dh'ól. Bhog me lium annsan soir Bóthar na Coille. B'uaigneach a' turus é mar is eol dhíbh go léir, gan ach aon te amháin ar isteach is amach le cheithre mhíle slí. Bhí áthas orm nuair a ranga me ag Miar an Eolais mar bhí fhios agam go rai' me gairid don mbaile muar. Chiúl me liom go breá socair go dtí go rai me im sheasamh istig fé'n nGeata Muar. Ní rai duine ná daonaí le feiscint in aon áit ná splinnc soluis in aon te. Líon me an píopa agus las me é agus bhí me a' caitheam lium ag mille na h.aimsire go dtí go mbeach sé in a lá. I gceann leath-uaire nú mar sin dh'airi me an Watchman ag teacht aníos lár na sráide agus é a' glaoch amach in árd a ghutha “Two clock an all iss well”

Seán Réamoinn

Bhí Seán Réamoinn in chomhnuidhe i nDún na Gaoithe sa seana-saoghal. Bhí an sagart Paróiste ag rádh aifrinn sa te' i mí na Bealtaine uair. Ba shin nós a bhí ana-choitceann fad ó i measc na bhfeirmeoirí – aifreann a bheith sa te' i mí na Bealtaine.

Taréis an aifrinn shuidheadar chun an bhreacfaist.

Arsa Máire, bean Sheáin Réamoinn:

‘‘Caitfidh tu mo leath-scéal a ghabhailt i dtaobh an ime a athair, thá sé bog le cac leis an teas.”

‘‘Is otair an bhean í sin agat a Sheáin” arsa an sagart.

‘‘Dhera! Ná cuir aon suim innte sin a athair; nín fios dada aici sin ach an oiread lem thóin.”

‘‘Dritháir do Thadg Domhnall” arsa an sagart.

An Caédach Buidhe

Bhí fear I gCoill na Carraige dar b'ainm do Pádraig hacéid, cé nár glaodadh riamh air ach “An Caédach Buidhe”, mar bhí a chroiceann an-bhuidhe. Is dócha ná raibh leath-dosaen focal Béarla aige. Bhí sé ar leaba a bháis agus cuireadh fios ar an sagart. Taréis é a ullamhughadh arsa an sagart leis -

‘‘Bhfuil aon rud eile ag déanamh trioblóide dhuit a Phadraig?”

‘‘Tha mhuise a athair.” ar sé sin

‘‘De'rad é” arsa an sagart

‘‘'Nis dom a athair, bhfuil Gaoluinn ag Dia”

‘‘Díthchéile a Phadraig” arsa an sagart, “thá gach aon teanga ag Dia moladh is buidheachas leis.”

Ach 'de chuis ar chuir tu an cheist sin orm?”

‘‘A athair” ar sé sin “mara bhfuil Gaoluinn ag Dia thá a chac fé'n Chaedach.”

Oíche Samhna

Tá na sean-nosanna go léir a bhain le Oíche Samhna imithe gan a dtuairisc le fada 'n lá. Nuair a bhí mise im gharsún bhíodh caibleidí ag gach aon muinntir tighe le n-a gcuid an oíche sin agus bhíodh an t-aos óg a d'iarradh úbhla a bhaint as dromlach uisce le n-a mbéal. Ní fheaca mé aon sean-nós eile a bhain leis an oiche sin ach an dá rud so.

Seo mar deintí an caibléidí: Dheintí na prátaí a lomairt agus a beirbhiu go maith. Nuair a bhíodh an t-uisce scagaithi díobh deintí iad a brugadh le slis, agus chuirtí inniuin gearrta gan an mhion agus salann agus piobar triotha, agus deintí iad a fhliucad le og-uachtar agus a meascadh go an-mhaith.

Chuirtí amach ar plátaí an caibleidí agus deintí poll i lar a mbeadh ar an bplata agus cuirtí ailp ime ann. Leigheadh an t-im le teas na bprátaí brúighte, agus nuair beiteá ga ithe tomfá gan lán spunoige den caibleidí san im leigthe. Bíodh se an-blasta mar bhiadh agus is cuimhin liom go gcuirinn póit orm féin 'ghá ite. Bhíodh an t-aos óg ag tnut leis an gcaibleidí ar feadh laetheanta roimh-ré.

Tugadh na feirmeoirí abhar an chaibleidí do daoine bochta i mbéal dorais na bíodh bo aca. Chuirtí me féin síos go dtí Mairead an t-siuineara le galuinin cairte d'og uachtar, agus le leat-galuin eile de agus “print” ime ag snámh ann go dtí Peigí Bheag.

Ac in ait a ceile, mar gach aon sean-nós eile chuaidh deanadh an caibleidí oiche Samhna ar ceal agus nior rinneadh in aon teaglach sa nGleann e leis na cianta.

D'réir mar d'airighinn nuair bhí me óg bhíodh cuid mhór sean-nósanna ann a bhain le Oiche Samhna fad ó. Bhíodh na buachaillí agus na cailíní bailite i dtigh éigin sa comarsanacht ag imirt na gcleas so. Bhidís d'iarradh breith ar ubhla a bheadh a snamh i ndromlach uisce le n-a mbéal. In a thaobh so b'é a glaodadhl na Bearloire ar Oiche Samhna na “Snap Apple Night.” Bhíodh na buachailli agus na cailíní a bhiodh a suirigh ag dogadh cná sa ngriosadh, cno don mbuachaill agus cno don chailín. Dá ndogfad an da cno i bhfocair a ceile ba sin comarta go raib se i ndán doibh posadh. Da bpreabfad ceann desna cno ón gceann eile ba shin comarta go scarfaí on a ceile iad.

Bhidís ag dortad luadh leigthe trí suil eocrach ar leac a teinteain. Shilidís go ndéanadh an luad ar an leac an chead leitir d'ainm an te bead i ndan doib mar ceile. Is amlaid a airig me tract ar na rudaí seo. Ni fhaca me riamh iad. Ni raibh aoinne óg in ár dtig-ne ac me féin, da son san ni nac iongna ni bhíod na cleasanna so ar siubhal ann na nior cuimhin riamh nuair bhi me im gharsun. Ni feaca me riamh an sean nos a bhaint le oiche Samhna ach deanad a “caibleidí.”